An Coimisiún um Thodhchaí na Meán
The Future of Media Commission

# Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán

An Coimisiún um Thodhchaí na Meán
The Future of Media Commission

# Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán

Foilsithe ag an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán

# Ábhar

LIOSTA ACRAINMNEACHA AGUS GIORRÚCHÁN ..... vii
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN ..... 1
BROLLACH ..... 10

**1 RÉAMHRÁ AGUS FORLÉARGAS ..... 13**
- 1.1 Réamhrá ..... 14
- 1.2 Téarmaí Tagartha ..... 15
- 1.3 Comhaltaí an Choimisiúin ..... 17
- 1.4 An modh oibre agus caidreamh leis na páirtithe leasmharat ..... 17
- 1.5 Forléargas ar na mórcheisteanna agus ar na príomhthéamaí ..... 19
- 1.6 Forléargas ar an Tuarascáil ..... 22

**2 FIÚNTAS PHOIBLÍ AGUS TIONCHAR NA MEÁN ..... 24**
- 2.1 Réamhrá ..... 25
- 2.2 Ábhar sainmhíniúcháin: Ábhar Seirbhíse Poiblí (ÁSP), Meáin Seirbhíse Poiblí (MSP), Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí (SÁSP) ..... 25
- 2.3 An bunús faoin reachtaíocht le hábhar seirbhíse poiblí ..... 26
- 2.4 Fiúntas sóisialta agus tionchar eacnamaíochta na meán ..... 28
- 2.5 Na Meáin agus an Daonlathas ..... 30
  - 2.5.1 Slata Tomhais Idirnáisiúnta maidir leis na meáin agus leis an daonlathas in Éirinn ..... 32
  - 2.5.2 Cur in aghaidh mífhaisnéise agus bréagaisnéise ..... 35
  - 2.5.3 Cúrsaí sábháilteachta agus slándála maidir le foilsitheoirí agus iriseoirí ..... 36
- 2.6 Nuacht agus Cúrsaí Reatha ..... 37
  - 2.6.1 Iriseoireacht Fiosrúcháin ..... 40
  - 2.6.2 Éire agus Covid-19: fíricí, ficsean agus fiúntas na meán ..... 40
  - 2.6.3 Seiceáil Fíricí ..... 42
  - 2.6.4 Litearthacht na Meán ..... 42
  - 2.6.5 An tSraith Lives Lost: scéalta na ndaoine seachas ábhar ceannlínte amháin ..... 42
- 2.7 Inmharthanacht an chomhshaoil agus earnáil na meán ..... 43
- 2.8 Dreamanna a cheangal le chéile ar leibhéal an phobail áitiúil ..... 44
- 2.9 Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht ..... 46
  - 2.9.1 Dearcadh an Phobail maidir le CEI sna Meáin ..... 48
  - 2.9.2 Breith an Choimisiúin maidir le CEI ..... 49
- 2.10 Conclúidí agus Moltaí ..... 52

**3 DEARCTHAÍ MAIDIR LE MEÁIN NA HÉIREANN ..... 56**
- 3.1 Réamhrá ..... 57
- 3.2 Na Meáin Chlóite ..... 58
  - 3.2.1 Léargas ginearálta ..... 58

3.2.2 Foilseacháin ... 58
3.2.3 Fostaíocht ... 59
3.2.4 Ciorclaíocht ... 59
3.3 An earnáil closamhairc ... 62
3.3.1 Ranníocaíocht eacnamaíoch na hearnála Closamhairc ... 62
3.3.2 Fostaíocht ... 62
3.3.3 Tacaíochtaí Rialtais d'earnálacha na Meán Closamhairc agus na Meán Cruthaitheac ... 63
3.4 Teilifís ... 63
3.4.1 Breathnú ar an teilifís ... 64
3.4.2 Dearcadh an phobail i leith na Teilifíse ... 67
3.4.3 Tionchar COVID ... 68
3.4.4 Modhanna aistrithe tomhaltais teilifíse ... 70
3.4.5 Físeán ar éileamh ón gcraoltóir (BVOD) ... 70
3.4.6 Físeán fógraíochta ar Éileamh (AVOD) ... 71
3.4.7 Síntiúis Teilifíse agus Síntiúis Físeán ar Éileamh (SVOD) ... 71
3.4.8 Iomaíochas agus infheistíocht i dtírdhreach na teilifís ... 72
3.5 Raidió ... 73
3.5.1 Réim agus Lucht Éisteachta ... 73
3.5.2 Léargas ginearálta ... 74
3.5.3 Dearcadh an phobail i leith an Raidió ... 75
3.5.4 Ról na teicneolaíochta agus teacht chun cinn na Fuaime Digití ... 75
3.6 Na Meáin ar líne ... 77
3.6.1 Fás i Seirbhísí Ar Líne agus Seirbhísí Ar Éileamh ... 79
3.6.2 Dúshláin Roinnte - cás Earnáil Closamhairc na hEorpa ... 81
3.6.3 Tábhacht méadaitheach Idirghabhálaithe, Sonraí agus IS ... 82
3.7 Dearcadh an phobail ar na meáin ... 83
3.7.1 Dearcthaí maidir le feidhmíocht na meán ... 83
3.7.2 Luach pearsanta agus sóisialta ábhar na seirbhíse poiblí ... 85
3.7.3 Réimsí ábhar spéise ... 88
3.8 Athbhreithnithe bliantúla ÚCÉ ar fheidhmíocht MSP ... 89
3.9 Conclúidí ... 91

**4 DEARCADH GEILLEAGRACH MAIDIR LE TODHCHAÍ NA MEÁN IN ÉIRINN ... 92**
4.1 Réamhrá ... 93
4.2 Athruithe struchtúracha sa mhargadh fógraíochta ... 94
4.2.1 Dearcthaí sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse ... 95
4.2.2 Impleachtaí ... 97
4.3 Fadhbanna inbhuanaitheachta do na meáin chlóite ... 99
4.3.1 Ioncam díolacháin agus figiúirí ciorclaíochta ... 99
4.3.2 Fógraíocht ... 99

4.3.3 An acmhainn cúitimh atá ag sruthanna ioncaim nua ... 100
4.3.4 Treoir AE maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach ... 103
4.4 Dearcadh nua Eorpach maidir le polasaithe agus tacaíochtaí na meán ... 104
4.5 Fadhbanna inbhuanaitheachta maidir leis an gceadúnas teilifíse ... 105
4.6 Conclúidí ... 108

5 MEÁIN SEIRBHÍSE POIBLÍ A MHAOINIÚ ... 110
5.1 Réamhrá ... 111
5.2 Samhail mhaoinithe na hÉireann le haghaidh na Seirbhíse Craoltóireachta Poiblí ... 111
5.2.1 Samhail Mhaoinithe Hibrid na hÉireann ... 111
5.2.2 Foinsí iomadúla maoinithe phoiblí ... 114
5.3 Tuairimí an Phobail i leith maoiniú ábhar seirbhíse poiblí ... 117
5.4 Anailís ar roghanna maoinithe sa todhchaí ... 119
5.4.1 An comhthéacs idirnáisiúnta le haghaidh maoiniú poiblí na MSP ... 120
5.4.2 Athbhreithniú a dhéanamh ar mhúnla dé-mhaoinithe tráchtála-poiblí na hÉireann le haghaidh MSP ... 121
5.4.3 An Táille Ceadúnais Teilifíse a athchóiriú ... 123
5.4.4 Tobhach Craolacháin, nó Muirear Teaghlaigh ... 125
5.4.5 Roghanna cánachas-bhunaithe maidir le maoiniú poiblí MSP ... 131
5.4.6 Measúnú ilchritéar ar shamhlacha ... 134
5.5 RTÉ ... 135
5.5.1 Ról RTÉ ... 135
5.5.2 Riachtanais cistiúcháin RTÉ ... 137
5.6 TG4 ... 141
5.7 Moltaí ... 142
5.7.1 Moltaí maidir leis na Meáin Seirbhíse Poiblí ... 142
5.7.2 Moltaí maidir le RTÉ ... 145

6 TACAÍOCHT D'ÁBHAR SEIRBHÍSE POIBLÍ AGUS D'EARNÁIL NÍOS LEITHNE NA MEÁN ... 149
6.1 Réamhrá ... 150
6.2 Tuairimí Páirtithe Leasmhara ... 152
6.2.1 Tuairimí maidir leis na meáin chraolta ... 152
6.2.2 Tuairimí maidir le hábhar clóite agus nuachtáin (lena n-áirítear foilsitheoirí ar líne) ... 153
6.2.3 Na Meáin Phobail ... 155
6.3 Tacaíochtaí reatha le haghaidh Ábhar Seirbhíse Poiblí agus soláthar ... 155
6.3.1 Cistí Inchonspóide ... 155
6.3.2 Sásraí maoinithe eile ... 156
6.3.3 An tAontas Eorpach agus maoiniú idirnáisiúnta ... 156
6.4 Rannchuidiú na n-ardán ar líne le maoiniú ábhar seirbhíse poiblí ... 157
6.4.1 Treoir ón AE maidir le Cóipcheart ... 157
6.4.2 Tionscnaimh Ollchuideachtaí Teicneolaíochta chun tacú leis na meáin ... 159

6.5 Athbhreithniú ar Chleachtas Idirnáisiúnta ..... 159
6.5.1 Athbhreithniú ar Thorthaí - Coitiantachtaí Cothrománacha ..... 160
6.5.2 Tacaíochtaí Díreacha – Neamhspleáchas Eagarthóireachta a Chinntiú ..... 163
6.5.3 Tacaíochtaí Indíreacha ..... 163
6.6 Cur in Aghaidh na Mífhaisnéise agus Tuiscint ar na Meáin a Chur Chun Cinn ..... 165
6.7 Conclúidí agus Moltaí ..... 166
6.7.1 Tacaíochtaí maoinithe ..... 168
6.7.2 Moltaí Sonracha maidir le Maoiniú ..... 170

**7 AN GHAEILGE, CULTÚR, GEILLEAGAR NA CRUTHAITHEACHTA AGUS SPÓRT ..... 178**
7.1 Réamhrá ..... 179
7.2 Dearcthaí páirtithe leasmhara agus an phobail maidir leis an nGaeilge agus na meáin ..... 179
7.3 Forléargas ar an tírdhreach tacaíochta do na Meáin Ghaeilge ..... 181
7.3.1 Tacaíocht Mhaoinithe ..... 181
7.4 Cultúr agus an Geilleagar Cruthaitheach – Dearcthaí Barrthábhachtacha – Páirtithe Leasmhara agus an Pobal ..... 182
7.4.1 Earnáil an Cheoil agus na nEalaíon – Dearcthaí Barrthábhachtacha ..... 182
7.4.2 MSP - Dearcthaí Barrthábhachtacha ..... 183
7.4.3 Craoltóirí Tráchtála agus Neamhspleácha – Dearcthaí Barrthábhachtacha ..... 184
7.4.4 An Earnáil Chlosamhairc – Dearcthaí Barrthábhachtacha ..... 185
7.5 Tírdhreach Tacaíochta d'Earnáil na Meán Cultúir agus Cruthaitheach ..... 189
7.5.1 Forléargas ..... 189
7.5.2 Tionscnaimh Bheartais Straitéiseacha don Earnáil Chlosamhairc ..... 189
7.5.3 Maoiniú do Léiriúchán Cultúrtha agus Cruthaitheach ..... 191
7.5.4 Scéimeanna an Chiste Craoltóireachta ..... 191
7.5.5 Tacaíochtaí Fís Éireann ..... 193
7.5.6 Scéim Faoisimh Cánach Alt 481 ..... 193
7.5.7 Coimisiúnú MSP ..... 195
7.5.8 Foinsí Eile Maoinithe ..... 195
7.6 Spórt – Dearcthaí Barrthábhachtacha – Páirtithe Leasmhara agus an Pobal ..... 197
7.7 Tuairimí agus Roghanna an Phobail ..... 198
7.7.1 Tuairimí agus Roghanna an Phobail - Conclúidí ..... 205
7.8 Conclúidí agus Moltaí ..... 205
7.8.1 Moltaí maidir leis an nGaeilge ..... 205
7.8.2 Moltaí i ndáil le Cultúr agus an Geilleagar Cruthaitheach ..... 208
7.8.3 Moltaí maidir le Spórt ..... 210

**8 RIALÁIL AGUS RIALACHAS ..... 213**
8.1 Réamhrá ..... 214
8.2 Achoimre Ghairid ar an Tírdhreach Rialála Reatha ..... 214
8.2.1 Forálacha reatha maidir le rialáil na meán clóite ..... 215

8.2.2 Forálacha reatha maidir le rialáil na meán craolta ... 216
8.3 Athruithe rialála atá beartaithe ... 217
8.3.1 Trasuí an TSMCA athbhreithnithe agus bogadh ón ÚCÉ go Coimisiún na Meán ... 218
8.4 Rialáil reatha na Meán Seirbhíse Poiblí agus an gá atá le hathrú ... 221
8.4.1 Measúnú Feidhmíochta agus Soláthar Maoinithe Reatha ... 221
8.4.2 Príomhchuspóirí agus Prionsabail na Meán Seirbhíse Poiblí a athshocrú ... 223
8.4.3 Neamhspleáchas an Rialtóra a Mhéadú maidir le Feidhmíocht a Mheas agus Leibhéil Maoinithe a Shocrú ... 225
8.4.4 Éifeachtúlacht, Seasmhacht Airgeadais agus Cuntasacht Éifeachtach a Mhéadú ... 226
8.4.5 Cumas Taighde agus Anailíse a Fheabhsú ... 227
8.5 Na Forálacha Rialála agus Maoinithe atá ann cheana do ÁSP agus do SÁSP Neamhspleácha agus an Gá atá le hAthrú ... 228
8.5.1 Tuairimí ar rialáil chraoltóireacht tráchtála raidió agus teilifíse ... 229
8.5.2 Forálacha Maoinithe do ÁSP agus SÁSP agus an Gá le hAthrú ... 229
8.5.3 Céard iad na hathruithe a theastaíonn a dhéanamh ar an mbonn reachtúil do Mhaoiniú Stáit ar ÁSP agus SÁSP? ... 230
8.5.4 An Leibhéal Maoinithe do ÁSP a mheas ... 233
8.6 Clúmhilleadh ... 233
8.7 Iolracht na Meán ... 234
8.8 An Spás Ar Líne a Rialáil ... 235
8.9 Cáin Dhigiteach ... 239
8.10 Moltaí ... 241
8.10.1 Athruithe ar rialáil MSP ... 241
8.10.2 Moltaí maidir le rialáil na hEarnála Neamhspleách agus maidir le Maoiniú ÁSP ... 247
8.10.3 Moltaí Leathana eile ... 249

**9 MOLTAÍ AN CHOIMISIÚIN A CHUR I BHFEIDHM ... 253**
9.1 Réamhrá ... 254
9.2 Na Socruithe Forfheidhmiúcháin a Mholtar ... 254
9.2.1 An Grúpa Forfheidhmiúcháin ... 254
9.2.2 Grúpa Comhairliúcháin na bPáirtithe Leasmhara ... 256
9.2.3 Coiste Comh-aireachta ... 257
9.3 Liosta na Moltaí ... 257

**AGUISÍN ... 259**

## Liosta acrainmneacha agus giorrúchán

| | |
|---|---|
| **ACCC** | *Australian Competition and Consumer Commission* |
| **ACE** | Aontas Craolacháin na hEorpa |
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **ÁSP** | Ábhar Seirbhíse Poiblí |
| **AVOD** | Físeán ar Éileamh bunaithe ar Fhógraíocht |
| **BVOD** | Físeán ar Éileamh ó Chraoltóir |
| **CÁN** | An Ceoláras Náisiúnta |
| **CC** | Cáin Chorparáide |
| **CCÉ** | Comhaontas Ceoil na hÉireann |
| **CCG** | Ciste Craoltóireachta Gaeilge |
| **CDF** | Craoladh Digiteach Fuaime |
| **CEI** | Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht |
| **CLA** | Coibhéis Lánaimseartha |
| **CLG** | Cumann Lúthchleas Gael |
| **CMÁ** | Cáin Maoine Áitiúil |
| **CMI** | Cearta Maoine Intleachtúla |
| **CMPF** | An Lárionad maidir le hIolrachas agus Saoirse na Meán |
| **CMR** | Córas Mear-Rabhaidh |
| **CNI** | Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí |
| **COBÁC** | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath |
| **COC** | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh |
| **CRAOL** | Raidió Pobail na hÉireann |
| **CRC** | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide |
| **CRLCI** | Ciste do Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair |
| **CSÉ** | Cónaidhm Spóirt na hÉireann |
| **CSP** | Craoltóirí Seirbhíse Poiblí |
| **CTNLÉ** | Comhthaighde Náisiúnta Lucht Éisteachta |
| **CTP** | An Cumann Teilifíse Pobail |
| **ECFE** | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| **EDS** | An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte |
| **ENR** | Eagraíochtaí Neamhrialtasacha |
| **FEC** | Faireachlann Eorpach Closamhairc |
| **FEMD** | Faireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha |
| **GBCN** | Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta |
| **GFT** | An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail |
| **GSD** | Gníomh um Sheirbhísí Dilgiteacha |
| **IBEC** | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| **IBI** | Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann |
| **IJ4EU** | *Investigative Journalism for Europe* |

| | |
|---|---|
| **IMRO** | Cumann Cearta Ceoil na hÉireann |
| **IS** | Intleacht Shaorga |
| **KEF** | *Kommission zur Ermittlung des Finanzbedarfs der Rundfunkanstalten* |
| **LDRS** | *Local Democracy Reporting Service (UK)* |
| **LMCÉ** | Litearthacht Meán Cumarsáide na hÉireann |
| **MLFP** | Mic Léinn ag Foghlaim le Pobail |
| **MPM** | Monatóir ar Iolrachas na Meán |
| **MSP** | Meáin Seirbhíse Poiblí |
| **NA** | Na Náisiúin Aontaithe |
| **NCFA** | *National Campaign for the Arts (An Ríocht Aontaithe)* |
| **NewERA** | An tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh |
| **NRK** | *Norsk rikskringkasting AS* - Craoltóir Seirbhíse Poiblí na hIorua |
| **OfCom** | *The Office of Communications* (An Ríocht Aontaithe) |
| **OLB** | Oll-luach Breise |
| **ORCP** | An Oifig Rochtana agus Comhpháirteachais Phoiblí |
| **OSMRB** | An Bille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne |
| **OTI** | Olltáirgeacht Intíre |
| **OTT** | Meáin ar líne - arna gcur ar fáil don tomhaltóir go díreach tríd an idirlíon |
| **PDST** | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (Éire) |
| **PIJF** | *Public Interest Journalism Fund* (An Nua-Shéalainn) |
| **POS** | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| **QQI** | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| **RBGF** | Ráiteas Bliantúil ar Ghealltanais Feidhmíochta |
| **RGCS** | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| **RTÉ** | Raidió Teilifís Éireann |
| **SÁSP** | Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí |
| **SPHE** | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| **SPI** | *Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann* |
| **SVOD** | Físeán ar Éileamh le Síntiús |
| **TAM** | *TV Audience Measurement Ireland* |
| **TSMCA** | An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc |
| **TVOD** | Físeán ar Éileamh le hIdirbheart |
| **ÚCÉ** | Údarás Craolacháin na hÉireann |
| **VMTV** | *Virgin Media Television* |
| **YLE** | *Yleisradio Oy* - Craoltóir Seirbhíse Poiblí na Fionlainne |

# Achoimre Feidhmiúcháin

### Réamhrá

Cuireadh an Coimisiún um Thodhchaí na Meán ar bun ina chomhlacht neamhspleách d'fhonn scrúdú cuimsitheach leathanréimseach a dhéanamh ar na meáin chumarsáide craoltóireachta, clódóireachta agus ar líne in Éirinn agus ceisteanna maidir le cúrsaí seasmhachta agus inmharthanachta a thabhairt faoi mheas i ndáil le cuspóirí seirbhíse poiblí na meán cumarsáide a thabhairt i gcrích i rith na ndeich mbliana seo romhainn. Áirítear faoi Théarmaí Tagartha an Choimisiúin gurb iad cuspóirí seirbhíse poiblí a ghabhann leis na meáin chumarsáide:

- Ión eolais, oideachais agus siamsaíochta a chur ar fáil do phobal na hÉireann i ndáil le nithe a bhaineann le cultúr, féiniúlacht, spórt nó teanga mhuintir na hÉireann agus gnéithe eile a bhaineann go dúchasach le hÉirinn agus le muintir na tíre;
- A chinntiú go mbíonn teacht ag an bpobal ar shaothar iriseoireachta atá neamhspleách neamhchlaon agus ar ardchaighdeán, atá dírithe ar chúrsaí lena mbaineann tábhacht go háitiúil, go réigiúnach, go náisiúnta, san Eoraip nó go hidirnáisiúnta agus a chuirtear i láthair ar bhealach cothromstaidéarach a chuireann leis an bplé daonlathach;
- Muintir an náisiúin, agus an diaspóra, a tharraingt le chéile ag tráthanna atá tábhachtach don náisiún; agus
- A chinntiú go mbíonn deis ag daoine a bhfuil cumas cruthaitheachta iontu in Éirinn saothar dá gcuid a chur i láthair dhaoine in Éirinn agus, nuair is féidir sin, níos faide ó bhaile.

Éilíodh ar an gCoimisiún moltaí a chur chun cinn maidir le modhanna inbhuanaithe don mhaoiniú poiblí agus do bhearta cúnta eile lena gcinnteofaí earnáil na meán cumarsáide a choinneáil inmharthana, neamhspleách agus in acmhainn na cuspóirí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích. Éilíodh an sárchleachtas go hidirnáisiúnta a thabhairt faoi mheas i ndáil le córais cistíochta phoiblí atá inmharthana, cóirithe d'athruithe atá i ndán, daingean maidir le luach an airgid a chinntiú don phobal agus maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta lucht na meán cumarsáide a chaomhnú. Chomh maith leis na cúraimí eile a leagadh ar an gCoimisiún, éilíodh go háirithe moltaí a chur chun cinn maidir le ról agus maoiniú RTÉ. Leagadh béim faoi leith ar a bhfuil de dhúshlán á chruthú do chomhlachtaí meán cumarsáide ag na hardáin nua dhomhanda agus ag an athrú ar roghanna an lucht éisteachta agus féachana, go háirithe i measc dhaoine óga.

### Comhairliúchán, Caidreamh, Taighde

Chuaigh an Coimisiún i mbun comhairle agus caidrimh go forleathan leis an bpobal i gcoitinne agus le páirtithe leasmhara eile. Tháinig níos mó ná 800 aighneacht i scríbhinn faoi bhráid de thoradh ar an bpróiseas foirmeálta don chomhairliúchán poiblí agus rinne níos mó ná 1,000 duine den phobal agus 50 saineolaí ar na painéil plé mion agus díospóireacht ar réimse fairsing gnéithe a bhain le hábhar machnaimh an Choimisiúin, mar chuid de shraith sé Ócáid Plé ar líne dírithe ar Théamaí faoi leith. Anuas ar an méid sin, thug an Coimisiún faoi shuirbhé cuimsitheach d'fhonn an cineál a mbíonn suim ag an bpobal ann agus tábhacht acu leis maidir le hábhar meán cumarsáide a thabhairt chun suntais, an cineál ar mhaith leo níos mó de a bheith ar fáil dóibh a fháil amach agus na cora nua a bheadh i ndán maidir le pátrúin éagsúla a thuar. Chuaigh an Coimisiún i mbun caidrimh freisin go díreach le páirtithe leasmhara de chuid an tionscail agus le lucht cheaptha an bheartais agus lorgaíodh tuairimí ó shaineolaithe maidir leis na meáin chumarsáide in Éirinn agus thar lear.

## Breith Ghinearálta an Choimisiúin

Go ginearálta, tháinig an Coimisiún ar an gcomhairle:

- Go bhfuil fiúntas fadtéarmach agus tábhacht leanúnach le hearnáil na meán cumarsáide in Éirinn maidir le daoine sa phobal, le saol na tíre agus leis an daonlathas. Cruthaíonn an earnáil go maith sa chomparáid le slata tomhais idirnáisiúnta a bhfuil seasamh maith leo[i], tá cuspóirí seirbhíse poiblí na hearnála á gcur i gcrích agus tá meas go ginearálta ag an bpobal ar an earnáil agus muinín acu as toradh an tsaothair.
- Déanann na Meáin Seirbhíse Poiblí, chomh maith le comhlachtaí tráchtála agus eagraíochtaí pobail sna meáin chumarsáide, ar na meáin chlóite, na meáin chraoltóireachta agus ar na meáin ar líne, cion tairbhe mórthábhachta maidir le:

  - Abhar eolais, oideachais agus siamsaíochta a chur ar fáil do phobal na hÉireann,
  - Féiniúlacht agus iléagsúlacht phobal na hÉireann a léiriú,
  - An Ghaeilge, cultúr agus spórt na hÉireann a chur chun cinn,
  - Dearcadh agus tuairimíocht de chineálacha éagsúla a chur i láthair, agus
  - Abhar míniúcháin agus cuntasachta a éileamh ar lucht na cumhachta.

- Tréimhse corraitheach a bheidh sna deich mbliana seo romhainn d'earnáil na meán cumarsáide in Éirinn. Beidh deiseanna spéisiúla i gceist do chóras na meán cumarsáide in Éirinn chomh maith le réimsí móra baoil. Mar gheall ar chora nua i gcúrsaí teicneolaíochta, athrú ar ghnáis tomhaltóireachta agus riachtanais shóisialta, éilítear ar lucht na meán cumarsáide modhanna nua gnó a thabhairt chun cinn agus modhanna nua chun caidreamh a chothú leis an lucht féachana agus éisteachta, nó caillfear an ceangal leo. Tá de bhaol ag baint le scaipeadh mífhaisnéise agus bréagaisnéise ar na meáin shóisialta agus ar ardáin eile teicneolaíochta go mbainfí ó mhuinín an phobail in ábhar nuachta agus faisnéise. Tá deacrachtaí fadtéarmacha eacnamaíochta á gcur roimh chóras na meán cumarsáide. Áirítear orthu sin athrú suntasach maidir le hioncam fógraíochta ó na comhlachtaí meán cumarsáide go dtí na comhlachtaí teicneolaíochta a bhfuil lámh in uachtar acu ar an margadh maidir le fógraíocht dhigiteach. Cuireann ísliú ar an teacht isteach ón díolachán leis na deacrachtaí sin i gcás mheáin an chló, mar a chuireann neamhbhuaine tháille an Cheadúnais Teilifíse mar fhoinse cistíochta i gcás na Meán Seirbhíse Poiblí.
- Braitheann eagraíochtaí meán cumarsáide an lae inniu, agus eagraíochtaí nua a theacht i dtreis, ar acmhainn na n-eagraíochtaí sin feidhmiú ar bhealaí nua, dul in oiriúint do chineál na hiomaíochta, agus freastal do riachtanais athraitheacha an lucht éisteachta agus féachana. Ní mór don Rialtas, don lucht rialála agus d'eagraíochtaí na meán cumarsáide modh oibre lena mbaineann níos mó den straitéis agus den chomhar a thabhairt chun cinn maidir le hinfheistíocht, le hathrú i ndáil le córais dhigiteacha, le hathrú ar chórais gnó, le forbairt scileanna agus le hiléagsúlacht i measc an lucht saothair chomh maith le táirgiúlacht agus le toradh an tsaothair.
- Tá córas traidisiúnta na Meán Seirbhíse Poiblí faoi athrú ionas go n-aithnítear agus go dtugtar san áireamh go mbíonn an saoránach agus an tomhaltóir ag tnúth le breis idirghabhálaíochta i gcáil chomhchruthaitheoirí agus pháirtithe leasmhara i gcóras na meán cumarsáide. Ní féidir talamh slán a dhéanamh feasta de dhea-thoil an phobail agus ní mór claonadh an phobail le heagraíocht meán cumarsáide a ghnóthú, a chaomhnú agus a chothú. Tá dá éileamh dá réir sin ar chomhlachtaí na Meán Seirbhíse Poiblí cur chuig caidreamh a chothú leis an lucht éisteachta agus féachana ar bhealaí lena mbaineann aidhmeanna níos airde chomh maith le leibhéil níos tréine maidir le cúrsaí follasachta agus cuntasachta don phobal.
- Ar cheann de na réimsí dúshláine is géire atá roimh chomhlachtaí na meán cumarsáide, tá an gá a chinntiú go bhfuil ilchineálacht, áisiúlacht, ionchuimsitheacht agus ionadaíocht chuí le sonrú atá ag teacht le cúinsí na hÉireann sa lá atá inniu ann. Is ga chomh maith éagsúlacht níos leathanréimsí a chinntiú ina gcuirtear i láthair, lena n-áirítear dreamanna ar beag a chuirtear i láthair iad faoi láthair, nó nach mbíonn le feiceáil ná le cloisteáil ar chor ar bith, in ábhar cláir, in ábhar coimisiúnaithe agus in ábhar nuachta agus cúrsaí reatha, ábhar ealaíne agus cultúir, spóirt, Gaeilge agus siamsaíochta.
- Tá gá le hathshocrú cothromaíochta maidir leis an gcaidreamh idir comhlachtaí na mean agus na hOllchomhlachtaí Teicneolaíochta. Feictear don Choimisiún gur mór an seans, i gcomhthéacs Threoir an AE maidir le Cóipcheart, go bhféadfadh idirbheartaíocht tarlú go díreach idir comhlachtaí na meán agus na hOllchomhlachtaí Teicneolaíochta lena dtabharfaí an t-athshocrú sin i gcrích. Dá dtarlódh, ina dhiaidh sin féin, nár leor an idirbheartaíocht sin, tá an Coimisiún den tuairim gur cheart don Rialtas ina leithéid de chás a bheith ullamh chun gnímh d'fhonn bearta breise a thabhairt i gcrích, faoi mar a thit amach i mballstáit eile de chuid an AE agus san Astráil.
- Ní mar a chéile an réimeas rialála maidir le gach cuid d'earnáil na meán cumarsáide. Tá réimsí áirithe a thagann faoi chóid féinrialála agus réimsí eile a thagann faoi scáth chóras rialúcháin leathanréimseach a bhfuil bonn reachtaíochta faoi an tráth céanna a bhfuil cuid mhór de lucht na meán cumarsáide ar líne nach dtagann faoi chóras rialachais náisiúnta ná ilnáisiúnta ar bith maidir leis na meáin chumarsáide. Tá gá le comhordú agus le straitéisíocht agus le beart de chuid an Rialtais, na meáin, an lucht léinn agus na gcomhlachtaí teicneolaíochta chun cur in aghaidh an drochthionchar ag mífhaisnéis agus bréagaisnéis ar shaol na hÉireann agus ar an daonlathas. I gcás na hÉireann, mar a bhfuil ionaid feidhme ag roinnt de na comhlachtaí teicneolaíochta is mó agus is luathbheartaí ar domhan, tá freagracht, agus deis, ceannródaíocht a dhéanamh i ndáil le córas éifeachtúil cuntasachta a thabhairt chun cinn maidir le hardáin éagsúla, agus deis a theacht chun cinn mar lárionad nuála maidir le cúrsaí sábháilteachta ar líne.

## Achoimre ar Mholtaí an Choimisiúin

Le haird ar an bhfiúntas a cheaptar le hearnáil na mean agus ar an ról cinniúnach atá le hearnáil thréan neamhspleách dá shórt maidir leis an saol cathartha agus le saol an chultúir in Éirinn agus le hord an daonlathais, agus i bhfianaise tionchar chun claochlaithe mar gheall ar ghnéithe digiteacha den teicneolaíocht agus an bhagairt a ghabhann leis sin d'eagraíochtaí mean maidir le cúrsaí cistíochta, tá réimse leathan moltaí, a leagtar amach go hachomair thíos, á gcur i láthair ag an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán:

### Meas ar Ábhar Seirbhíse Poiblí

- Ba cheart an tairbhe ó nádúr atá le hÁbhar Seirbhíse Poiblí[ii] a áireamh mar "tháirge fiúntais" mar gheall ar na buntáistí tairbheacha a thugtar i gcrích don tsochaí agus do chóras an daonlathais agus tá sé le háireamh, dá réir sin, ar na gnéithe cinniúnacha a bhaineann leis an mbonneagar poiblí.

### Maoiniú Poiblí

- Tar éis réimse de chórais éagsúla maoiniúcháin a mheas, molann an Coimisiún go dtugann an Rialtas córas nua isteach ón mbliain 2024 amach maidir leis an maoiniú poiblí. Ón tráth sin amach, ba cheart go n-athrófaí foinse na gcistí poiblí maidir le Meáin Seirbhíse Poiblí agus le hÁbhar Seirbhíse Poiblí ón gcóras reatha atá bunaithe ar an gceadúnas teilifíse (maille le maoiniú ón Státchiste) go dtí córas atá bunaithe go hiomlán ar mhaoiniú ón Státchiste a eascraíonn ón teacht isteach ginearálta ó chánachas, le leasú cuí ar chúrsaí cánach, más gá sin, chun an costas ina leith sin a thabhairt isteach.

### Meáin Seirbhíse Poiblí

- Ba cheart infheistíocht phoiblí shonrach a dhéanamh in RTÉ agus in TG4 ionas go gcuirtear ar a n-acmhainn tabhairt faoin infheistíocht caipitil is gá chun bonn treise a chur faoi na straitéisí claochlaithe atá acu i ndáil leis an ré digiteach agus chun cuidiú leo na cuspóirí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích. Ba cheart go mbeadh bearta le cois maidir le freagracht agus luach an airgid a chinntiú ag gabháil leis an infheistíocht breise seo. Maidir le RTÉ, ba cheart leanúint de Straitéis Leasaithe 2020-2024 na heagraíochta sin a chur i gcrích d'fhonn sábháil costais agus méadú ar an ioncam tráchtála a thabhairt i gcrích mar atá leagtha amach. Ba cheart RTÉ agus TG4 araon a shonrú ar na comhlachtaí ainmnithe faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014, agus ba cheart go dtiocfaidís faoi réir mhaoirseacht fhoirmeálta an Údaráis um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewEra).
- Go dtí go gcuirtear an bonn nua reachtaíochta faoin gcistíocht phoiblí ón mbliain 2024 amach, molann an Coimisiún maoiniú poiblí breise maidir leis na Meáin Seirbhíse Poiblí ar bhonn eatramhach. I gcás RTÉ, ba cheart go mbeadh iomlán na gcistí poiblí a chuirtear ar fáil cothrom le €219 milliún sa bhliain 2021, €213 milliún sa bhliain 2022 agus €214 milliún sa bhliain 2023. I gcás TG4, ba cheart go mbeadh iomlán na gcistí poiblí a chuirtear ar fáil cothrom le €40.7 milliún sa bhliain 2021, €44.7 milliún sa bhliain 2022 agus €48.7 milliún sa bhliain 2023.

### Earnáil Fhorghinearálta na Meán

D'fhonn treisiú le hearnáil níos forleithne na meán agus treisiú leis an iléagsúlacht, ba cheart athchóiriú a chur ar an gCiste Craoltóireachta agus Ciste na Meán a chur ina áit a bheadh neodrach maidir le hardán agus a dtiocfadh ábhar nuachta agus cúrsaí reatha faoina scáth freisin chomh maith le cuidiú le scéimeanna éagsúla maidir le Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí, lena n-áirítear:

- Leagan forfheabhsaithe den scéim Fuaim agus Fís;
- Scéim Tuairiscíochta ar mhaithe leis an Daonlathas Áitiúil;
- Cúnamh ag dul in oiriúint don Bhunathrú Digiteach;
- Scéimeanna maidir le Tuairiscíocht Nuachta;
- Scéimeanna maidir le Tuairiscíocht ar Chásanna Cúirte;
- Scéim Rochtana agus Oiliúna;
- Scéim maidir le Meáin Chumarsáide Pobail.

Go dtí go gcuirtear an bonn nua reachtaíochta faoin gcistíocht phoiblí ón mbliain 2024 amach, molann an Coimisiún maoiniú poiblí breise maidir leis an gCiste Craolacháin / Ciste na Meán ar bhonn eatramhach, le hardú go dtí €30 milliún ar an gcistíocht phoiblí iomlán sa bhliain 2022 agus arís sa bhliain 2023.

### Cúrsaí Cánach

Molann an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta éagsúla maidir leis an gcóras cánachais d'fhonn treisiú le Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí, ina measc:

- Ráta laghdaithe CBL nó gan aon CBL a bheith i gceist maidir le nuachtáin agus foilseacháin dhigiteacha;
- Bearta cánachais lena n-ullmhaítear an bealach maidir le hathrú go dtí ioncam ón léitheoir nó córais ballraíochta;
- A thabhairt gur féidir le heagraíochtaí meán cumarsáide seachbhrabúis a bheith incháilithe maidir le stádas carthanais faoin Acht Carthanas 2009, agus cuidiú le heagraíochtaí meán cumarsáide a fhéachann le hathrú ó chóras tráchtála go dtí córas seachbhrabúis; agus
- Díolúine cánach i ndáil le hinfheistíocht a dhéantar i gcomhlachtaí meán seachbhrabúis.

### Athshocrú cothromaíochta sa chaidreamh le hOllchomhlachtaí Teicneolaíochta

- Molann an Coimisiún gur cheart go ndéanfadh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an tionchar a bheidh ag an Treoir maidir le Cóipcheart a mheas. Ba cheart go dtarlódh an t-athbhreithniú sin a luaithe is féidir tar éis an Treoir a thrasuí i ndlí na hÉireann agus go ndéanfaí a thabhairt chun críche agus a thoradh a fhoilsiú laistigh de 12 mí ó thrasuí na Treorach. Sa chás go dtagtar ar an gcomhairle nach athshocrú cothromaíochta cóir leordhóthanach idir foilsitheoirí nuachta den seanchineál agus na hardáin mhóra ar líne atá de thoradh ar an bpróiseas, ba cheart go mbeadh an Rialtas réidh chun gníomh a dhéanamh go luath-thapa maidir le bearta breise chun an éagothromaíocht a leigheas, ar a n-áireofaí bearta nua faoi dhlí an chóipchirt agus faoi dhlí na hiomaíochta de réir mar is gá.

### Inmharthanacht na Timpeallachta

Tháinig an Coimisiún ar an gcomhairle gur cheart do na meáin in Éirinn a bheith níos dírithe agus níos aidhmeannaí ar chur chuige inmharthanacht na timpeallachta go ginearálta, athrú aeráide agus cúrsaí bithéagsúlachta san áireamh, go hinmheánach sna heagraíochtaí féin agus mar ghné den ról seirbhíse poiblí chomh maith.

### Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

Tá moltaí éagsúla á ndéanamh ag an gCoimisiún d'fhonn Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (CEI) a chur chun cinn sna meáin chumarsáide, ina measc:

- Ba chóir go mbeadh de dhualgas faoin reachtaíocht ar na Meáin Seirbhíse Poiblí, faoin mbliain 2024, sonraí maidir le cúrsaí ilchineálachta a thiomsú agus a fhoilsiú;
- Ba chóir boird ilchineálachta a chur ar bun a chuirfeadh comhairle ar léiritheoirí maidir le hábhar a chomhchruthú agus a chuideodh leis sin a dhéanamh; agus
- Ba cheart a thabhairt gur gnáthchuid CEI den obair ar fud na n-eagraíochtaí meán cumarsáide. Cé gur cheart an fhreagracht a leagan ar dhaoine ar fud na heagraíochta ar fad, is ar an leibhéal sinsearach feidhmiúcháin a leagfar an chuntasacht.

### Geilleagar Meán Uile-Oileáin

- Ba cheart don Ghrúpa Forfheidhmiúcháin togra taighde a ullmhú maidir le geilleagar meán uile-oileáin a thabhairt chun cinn agus leis an leas is mó is féidir a bhaint as an gcomhar, ar fud an oileáin ar fad, idir na Meáin Seirbhíse Poiblí agus na Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí.

## An Ghaeilge

- Ba cheart don Údarás Craolacháin / Coimisiún na Meán athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh maidir le seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil ar fud chóras na meán cumarsáide ar fad, lena n-áirítear:
  - Ról TG4 agus ról RTÉ, le béim faoi leith ar Raidió na Gaeltachta;
  - Deiseanna don chomhar agus don pháirtnéireacht idir na Meáin Seirbhíse Poiblí agus Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí, go háirithe i ndáil le nuálaíocht dhigiteach agus comhfhoilsitheoireacht;
  - Straitéisí maidir le spéis dhaoine óga a chothú, lena n-áirítear ábhar oideachais agus cláir do dhaoine óga agus leas níos fearr a bhaint as na meáin dhigiteacha, mar shampla podchraoltóireacht agus na meáin shóisialta; agus
  - straitéisí maidir le hábhar oideachais trí Ghaeilge, agus ábhar dóibh siúd atá ag foghlaim na teanga nó ag cur lena gcuid líofachta san áireamh.
- Ba cheart do RTÉ béim níos mó bheith ag an eagraíocht ar an nGaeilge san ábhar cláir go ginearálta agus ar fud na n-ardán go léir. Ba cheart freagracht maidir leis an Ábhar Gaeilge ar fad a leagan ar fheidhmeannach sinsearach;
- Ba cheart go mbeadh smacht neamhspleách eagarthóireachta ag TG4 ar sheirbhís nuachta na heagraíochta;
- Is cóir, ar a laghad coinneáil leis an leithdháileadh 25% den chistíocht faoi Fuaim agus Fís d'ábhar Gaeilge agus ba cheart don Údarás Craolacháin / Coimisiún na Meán smaoineamh ar ardú breise ina leith sin.

## Ábhar Cultúir agus Cruthaitheachta

- Ba cheart do Ghrúpa Stiúrtha an Phlean Gníomhaíochta Closamhairc[iii], chomh maith leis an nGrúpa Forfheidhmiúcháin (féach thíos), an obair maidir le hábhar na hÉireann a chur ar bhonn idirnáisiúnta a thabhairt níos faide chun cinn agus, mar chuid de sin, bonn treise a chur ar bhealach comhordaithe faoi ról na Meán Seirbhíse Poiblí mar phreabchlár maidir le hábhar sainiúil de chuid na hÉireann a léiriú agus a dháileadh.
- Ba cheart do RTÉ cothú na cruthaitheachta in Éirinn a bheith lárnach i mbeartaíocht na heagraíochta, féachaint le branda domhanda níos forleithne a chothú do scéalaíocht na hÉireann agus do chruthú ábhair le béim ar réimsí tábhachtacha sainiúla, agus féachaint le feidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla i mbun cearta maidir le maoin intleachta a chruthú agus a shaothrú ar an margadh go hidirnáisiúnta agus in Éirinn féin.
- Ba cheart go dtabharfaí san áireamh le hathbhreithniú na Roinne Airgeadais sa bhliain 2022 an cheist maidir le cúnamh faoi alt 481 a leathnú agus na meáin chumarsáide craoltóireachta a thabhairt faoina scáth.

## Spórt

- Ba cheart do na Meáin Seirbhíse Poiblí agus do Sholáthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí oibriú i gcomhar le Spórt Éireann chun Plean Straitéise maidir le Craoladh agus Cur chun Cinn an Spóirt a leagan amach faoi ráithe tosaigh na bliana 2024. Ba chóir aird sa phlean sin ar réimsí eile freisin seachas na gnáthbhearta maidir le himeachtaí móra spóirt a chraoladh ar an teilifís agus go dtabharfaí san áireamh na deiseanna maidir le níos mó cineálacha spóirt a chur ar taispeáint i bhformáidí éagsúla agus ar mheáin éagsúla, ina measc sruthchraoladh iomarcach (OTT), agus aird ar chineálacha spóirt a chothú atá ag teacht le polasaithe d'fhonn níos mó gníomhaíochta agus fuinniúlachta a spreagadh i measc na ndaoine.

### Leasú ar an gCóras Rialúcháin

- Ba cheart don Rialtas reachtaíocht a rith faoin mbliain 2024 lena ndéantar foráil do chóras neamhspleách meastóireachta maidir le maoiniú poiblí, ar bhonn tréimhsí is faide ná aon bhliain amháin (e.g. 4 bliana), i ndáil leis na Meáin Seirbhíse Poiblí agus le hÁbhar Seirbhíse Poiblí a chur ar fáil. Ba chóir treisiú le ról an Údaráis Craolacháin/an Choimisiúin um Todhchaí na Meán i leith an chúraim seo agus i ndáil le míniú maidir le cúrsaí caiteachais a éileamh ar chomhlachtaí Meán Seirbhíse Poiblí.
- Molann an Coimisiún don Rialtas foráil do bhonn reachtaíochta faoin leathnú réimse maidir le sainordú Choimisiún na Meán Cumarsáide. Ba chóir don Ghrúpa Forfheidhmiúcháin athbhreithniú a dhéanamh ar chuspóirí agus ar fheidhmeanna reachtúla Choimisiún na Meán Cumarsáide, faoi mar a fhoráiltear dóibh faoi láthair sa Scéim Ghinearálta maidir leis an mBille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne agus ba cheart, ina dhiaidh sin, leasú cuí a dhéanamh, faoin mbliain 2024, ar an reachtaíocht ionas go bhféadann Coimisiún na Meán Cumarsáide an ról leathnaithe a chomhlíonadh atá á leagan amach ina leith ag an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán. Tugtar i gceist leis sin gur rialtóir neamhspleách Coimisiún na Meán Cumarsáide a bhfuil d'fheidhm leis chomh maith treisiú, ar bhealach atá neodrach ó thaobh ardáin, leis an bhforbairt ar earnáil na meán cumarsáide agus tugtar san áireamh leis sin soirbhiú agus freastal don nuáil, don bhunathrú maidir le meáin dhigiteacha agus don athrú ar chórais gnó na meán cumarsáide chomh maith le treisiú le meáin chumarsáide uileghabhálacha ar ardchaighdeán trína mbíonn seirbhísí á gcur ar fáil do phobal ilchineálach ar bhealach atá ionchuimsitheach agus áisiúil.
- Ba chóir don Údarás Craolacháin/do Choimisiún na Meán Cumarsáide cur leis an acmhainn taighde agus meastóireacht a dhéanamh go hinmheánach trí Aonad don Taighde Straitéiseach a chur ar bun
- Aontaíonn an Coimisiún go tréan le tuairimí Chomhairle an Phreasa maidir le reachtaíocht an chlúmhillte agus éilítear brostú leis an athbhreithniú ar an dlí atá ar bun ag an Roinn Dlí agus Cirt. Ba chóir reachtaíocht leasaithe a dhréachtú agus a fhoilsiú gan mhoill.

### Mífhaisnéis agus Bréagaisnéis

- Molann an Coimisiún go ndéantar Straitéis Náisiúnta in aghaidh Bréagaisnéise a leagan amach ar mhaithe le misneach a chothú agus daoine in Éirinn a bhaineann úsáid as ardáin ábhair idirnáisiúnta a chosaint

### Cur i bhFeidhm

- Molann an Coimisiún Grúpa Forfheidhmiúcháin, faoi Chathaoirleach neamhspleách, a chur ar bun. Oifigigh sinsearacha, ag déanamh ionadaíochta thar ceann Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí a bhfuil ról acu sa chur i bhfeidhm, a bheidh ar an nGrúpa Forfheidhmiúcháin. Bunófar chomh maith Grúpa Comhairliúcháin na bPáirtithe Leasmhara ar a mbeidh ionadaithe thar ceann thionscal na meán cumarsáide agus earnálacha eile a bhaineann le hábhar.

### Is é ról a leagfar ar an nGrúpa Forfheidhmiúcháin:

- Plean Gníomhaíochta mionsonraithe a leagan amach d'fhonn moltaí an Choimisiúin a chur i bhfeidhm in imeacht dhá bhli altas ar an gcur i bhfeidhm trí Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach agus Coiste Comhrialtais.

## Nótaí

[i] Mar shampla, World Press Freedom Index agus Media Pluralism Monitor

[ii] Is é atá de shainmhíniú oibre ag an gCoimisiún ar Ábhar Seirbhíse Poiblí (PSC) gur ábhar meán cumarsáide (digiteach, cló nó craolacháin) atá ann lena mbaineann fiúntas poiblí faoi leith, a ndéantar a léiriú ar chaighdeán sonrach gairmiúlachta agus eitice, atá ina fhoinse thábhachtach ag an bpobal maidir le faisnéis chruinn fhírinneach agus le héagsúlacht tuairimí. Is ionann ábhar seirbhíse poiblí i gcomhthéacs na hÉireann agus:

- Ábhar is lón eolais, oideachais nó siamsaíochta ag an bpobal i ndáil le nithe a bhaineann le cultúr, féiniúlacht nó teanga mhuintir na hÉireann agus gnéithe eile a bhaineann go dúchasach le hÉirinn agus le muintir na tíre;
- Ábhar lena gcinntítear teacht ag an bpobal ar shaothar iriseoireachta atá neamhspleách agus ar ardchaighdeán, atá dírithe ar chúrsaí lena mbaineann tábhacht go háitiúil, go réigiúnach, go náisiúnta, san Eoraip nó go hidirnáisiúnta agus a chuirtear i láthair ar bhealach staidéarach a chuireann leis an bplé daonlathach;
- Ábhar a cheanglaíonn muintir an náisiúin, agus an diaspóra, le chéile ag tráthanna atá tábhachtach don náisiún; agus
- Ábhar lena gcinntítear deis ag daoine a bhfuil cumas cruthaitheachta iontu in Éirinn saothar dá gcuid a chur i láthair dhaoine in Éirinn agus, nuair is féidir sin, thar lear.

[iii] Faoi choimirce na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a fheidhmíonn Grúpa Stiúrtha an Phlean Gníomhaíochta Closamhairc ar a bhfuil ionadaithe ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Údarás Craolacháin na hÉireann, Fís Éireann, an Roinn Airgeadais, an Roinn Oideachais, na Coimisinéirí Ioncaim, Fiontraíocht Éireann agus an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail.

**“Agraím ar na rialtais uile gach a bhfuil ar a gcumas a dhéanamh chun treisiú le saoirse, neamhspleáchas agus ilchineálacht na meán cumarsáide. Iriseoireacht lena mbaineann saoirse agus neamhspleáchas an ní is treise a chuidíonn linn cur in aghaidh na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise.”**

*António Guterres, Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, Bealtaine 2021*

**“Bua ag an bpobal an fhaisnéis... Agus, ós ar mhaithe leis an bpobal é, is gá cúnamh poiblí ina leith .... Tá bunghá le faisnéis den rath más le stát daonlathach feidhmiú go forásach.”**

*Joseph E. Stiglitz, Duais Cuimhneacháin Nobel na nEolaíochtaí Eacnamaíochta 2001, ag labhairt dó i mí na Samhna 2020*

# Brollach

**Tá d'acmhainn leis na meáin seirbhíse poiblí, chomh maith le soláthraithe ábhair seirbhíse poiblí in earnáil na meán cumarsáide go ginearálta, cion mór tairbhe a dhéanamh maidir le cúrsaí sibhialta, cultúir agus daonlathais i saol an náisiúin. Bíonn daonlathas den rath, mar shampla, ceangailte go dlúth le córas meán seirbhíse poiblí atá faoi bhláth. Tagann de thoradh ar ábhar ardchaighdeáin seirbhíse poiblí go mbíonn eolas níos fearr ag an saoránach, cinntí níos fearr á ndéanamh, leibhéal níos airde dlúis agus caonfhulaingte i measc an phobail agus breis faisnéise ar fáil i réimse na polaitíochta. In Éirinn, déanann eagraíochtaí meán cumarsáide i réimsí na craoltóireachta, an chló agus ar líne, eagraíochtaí poiblí, tráchtála agus pobail san áireamh, tairbhe ar bhealaí suntasacha maidir leis na cuspóirí seirbhíse poiblí.**



Tá, ina dhiaidh sin féin, deacrachtaí dúshlánacha, lena mbainfeadh athrú ó bhonn, á gcur roimh earnáil na meán cumarsáide in Éirinn. Cora nua i gcúrsaí teicneolaíochta, athrú ar nósanna féachana agus éisteachta (go háirithe i measc na ndreamanna óga) agus athruithe bunúsacha ar chúrsaí eacnamaíochta is mó atá i gceist. Is é is dócha go dtarlóidh athrú as seo go ceann deich mbliana ar earnáil na meán cumarsáide a fhágfaidh ar fhíorbheagán cosúlachta le hearnáil na linne seo é. Tá eagraíochtaí meán cumarsáide ag dul in oiriúint don athrú cheana féin, gnéithe nua teicneolaíochta in úsáid maidir le hábhar nuachta, spóirt, siamsaíochta, Gaeilge agus cultúir a léiriú agus a dháileadh agus caidreamh a chothú leis an lucht éisteachta agus féachana ar bhealaí nua. Dá ainneoin sin, is léir nach bhfuil ann go fóill ach tús leis an bpróiseas claochlaithe ag na meáin chumarsáide craoltóireachta, ar líne agus clóite in Éirinn.

Mar gheall ar fhógraíocht dhigiteach a theacht chun cinn go tréan tapa, agus a mhéid atá lámh in uachtar ag ardáin na nOllchomhlachtaí Teicneolaíochta, tharla titim tubaisteach ioncaim do chomhlachtaí meán cumarsáide ar fud réimsí na teilifíse, an raidió agus an chló. Fágann sin deacrachtaí bunúsacha le sárú maidir le buaine eacnamaíochta ghnéithe éagsúla den earnáil. Anuas air sin, is mó agus is géire arís agus arís eile an chontúirt maidir le mífhaisnéis agus bréagaisnéis atá ag bagairt ar Éirinn agus is feiceálaí an baol ina leith sin ó thús phaindéim COVID-19. Is soiléire ná ag tráth ar bith go dtí seo an tábhacht do shaol na hÉireann atá le córas bríomhar neamhspleách meán cumarsáide lena gcúitítear an chuid is measa den dochar a bheadh á bhagairt agus lena leantar de na cuspóirí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích. Braitheann cuma agus cineál earnáil na meán cumarsáide go ceann na scór bliain agus níos faide ar bheartaíocht lucht na hearnála d'fhonn a bhfuil de dhúshlán rompu a shárú i rith na mblianta beaga seo romhainn amach. Tá rogha tábhachtach le déanamh chomh maith ag an bpobal i gcoitinne agus ag an Stát maidir leis na bealaí inar mian leo seasamh leis na meáin chumarsáide agus bonn treise a chur fúthu.

Is i bhfianaise na ndeacrachtaí casta seo ar fad a chuir Rialtas na hÉireann an Coimisiún um Thodhchaí na Meán ar bun i ndeireadh na bliana 2020. Éilíodh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh maidir leis na modhanna ina bhféadfaí cuspóirí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích, agus a mhaoiniú ar bhealach inbhuanaithe, leis na meáin craoltóireachta, cló agus ar líne in Éirinn as seo go ceann deich mbliana, an tráth céanna a gcinnteofaí an mhaoirseacht a thagann le neamhspleáchas eagarthóireachta a choinneáil ar bun agus earnálacha na cruthaitheachta agus an chultúir a chothú in Éirinn. Éilíodh go háirithe ar an gCoimisiún moltaí a chur chun cinn faoin mbealach ab fhearr chun bonn daingean a chur faoi earnáil na craoltóireachta seirbhíse poiblí san am atá romhainn. Mar gheall ar na téarmaí tagartha leathana seo, chomh maith le hilghnéitheacht na hearnála, b'éigean don Choimisiún iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar na meáin cló, craolacháin agus ar líne ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Cuirtear toradh na mionanailíse sin, agus breith an Choimisiúin ina leith, i láthair síos tríd an tuarascáil seo.

Leagtar síos i dTuarascáil an Choimisiúin, agus leis an lón comhairle agus leis na moltaí go háirithe, clár gníomhaíochta cuimsitheach don Rialtas, don rialtóir agus d'earnáil na meán cumarsáide féin. Thug an Coimisiún luachanna tábhachtacha chun suntais atá ina mbonn faoi na moltaí sonracha a leagtar amach sa tuarascáil seo agus a bhí le sonrú ar chuid mhór de na haighneachtaí a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Má ghlactar leis an meon a bhaineann leo sin, neartófar agus treiseofar earnáil na meán cumarsáide in Éirinn

go ceann blianta fada. Tugtar i gceist, go háirithe, dúthracht maidir le prionsabail an chomhionannais, na hilchineálachta agus na hionchuimsitheachta, béim ghinearálta ar nuáil (go háirithe i gcomhthéacs bhunathrú an digitiúcháin) agus ar chruthaitheacht, agus aird ar a bhfuil de fhreagracht ar lucht na hearnála maidir le hinmharthanacht timpeallachta agus an t-athrú aeráide.

Tá creat docht forfheidhmiúcháin á mholadh ag an gCoimisiún do Ghrúpa Forfheidmiúcháin eatramhach agus do Choimisiún beartaithe na Meán Cumarsáide, lena mbaineann rólanna, réimsí freagrachta agus tráthchláir, arna leagan síos go sonrach soiléir. Tá lánmhisneach agam go gcinnteoidh moltaí an Choimisiúin a chur i ngníomh go héifeachtach luath-thráthúil gur dea-thionchar seasmhach ag na meáin chumarsáide in Éirinn a bheidh i ndán go ceann blianta fada.

I mo Chathaoirleach dom ar an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán, bhí de phribhléid agam oibriú le daoine cumasacha dúthrachtacha den uile chineál ar an gCoimisiún agus sa rúnaíocht. Tháinig an Coimisiún le chéile (i bhfoirm físchomhdhálacha) 24 uair in imeacht trí ráithe, lena n-áirítear 18 cruinniú iomlánach agus sé cinn de Sheisiúin Caidrimh Théamatúla ar líne. Chuathas i mbun caidrimh go fada fairsing freisin le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne. Rinneadh machnamh go dian agus scrúdú go géar ar na ceisteanna a cuireadh faoi bhráid. Is mian liom buíochas a ghlacadh le comhaltaí uile an Choimisiúin as ar chaith siad de dhúthracht, de dhíocas agus de shaineolas leis an obair thábhachtach seo. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh chomh maith leo siúd a chuir aighneacht faoi bhráid, a ghlac páirt sna Seisiúin Caidrimh Théamatúla nó a chuidigh ar bhealach ar bith le hobair taighde agus machnaimh an Choimisiúin.

Táim cinnte nach é amháin go mbeidh tuarascáil an Choimisiúin ina foinse thábhachtach eolais ag cuid mhór léitheoirí ach go mbeidh sí freisin ina spreagadh tábhachtach maidir leis an gclaochlú ar earnáil na meán cumarsáide in Éirinn go ceann na mblianta fada atá romhainn.



**An tOllamh Brian MacCraith**
*Cathaoirleach, An Coimisiún um Thodhchaí na Meán*
Iúil 2021

# 1 Réamhrá agus Forléargas

## Ábhar


**1.1** Réamhrá ... 14
**1.2** Téarmaí Tagartha ... 15
**1.3** Comhaltaí an Choimisiúin ... 17
**1.4** An modh oibre agus caidreamh leis na páirtithe leasmhara ... 17
**1.5** Forléargas ar na mórcheisteanna agus ar na príomhthéamaí ... 19
**1.6** Forléargas ar an Tuarascáil ... 22

## 1.1 Réamhrá

Cuireadh an Coimisiún um Thodhchaí na Meán ar bun tráth a bhfuil córas na meán cumarsáide, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, faoi athrú cinniúnach. Tá cora nua sa teicneolaíocht, margadh suaite agus athrú ar ghnás an lucht féachana agus éisteachta maidir le hábhar a thapú ag dul i bhfeidhm go mór ar na modhanna ina ndéantar ábhar meán cumarsáide a léiriú agus a dháileadh agus ar na bealaí ina n-úsáidtear é agus ina n-íoctar air.

Fágann bunathruithe atá ag titim amach ar fud chóras na meán deiseanna nua ag na meáin agus ag an tomhaltóir chomh maith. Is léir nach raibh oiread rogha ag an tomhaltóir riamh roimhe seo. Tá comhlachtaí meán ag leathnú ar a gcuid réimsí feidhme agus ag cur cor nua i gcúrsaí níos tréine ná mar a tharlaíodh go dtí seo. Is é is dócha go gcuirfidh nuáil ó thaobh na teicneolaíochta agus athchóiriú leanúnach an mhargaidh cruth eile ar fad ar chóras na meán cumarsáide in Éirinn as seo go ceann deich mbliana.

Tá córas na meán in Éirinn ag fónamh thar barr do phobal na tíre le blianta maithe le cois an chéid. Tá dea-cháil go hidirnáisiúnta ar na meáin in Éirinn maidir le tréithe an neamhspleáchais agus na hiontaofachta, chomh maith le bheith uileghabhálach ilchineálach agus in acmhainn dul i gcion ar dhaoine. Tá na meáin in Éirinn ag feidhmiú, agus ag déanamh maitheasa, i dtír ina bhfuil leibhéal ard comhthuisceana i measc an phobail agus muinín ag na daoine as forais an daonlathais.

Ina dhiaidh sin is uile, d'ainneoin a raibh de bhuanna seanbhunaithe le córas na meán cumarsáide in Éirinn agus a mbeadh de thairbhe agus de bhuntáiste as athruithe na linne seo, tá ábhar buartha ag baint le réimsí áirithe baoil. Mar a chéile le tíortha liobrálacha daonlathacha eile, tá borradh seasta faoin mbagairt d'Éirinn ó mhífhaisnéis agus ó bhréagfhaisnéis atá á chraobhscaoileadh agus á bhrostú ar na meáin shóisialta agus ar ardáin éagsúla ábhair agus a dhéanann dochar maidir le caighdeán, iontaofacht agus ilchineálacht na faisnéise atá ag teacht faoi bhráid chuid mhór den phobal. Ina chomhthéacs sin, ní raibh tábhacht níos mó riamh i saol na hÉireann le córas meán atá bríomhar neamhspleách agus in acmhainn cur in éadan na bhagairt de na cineálacha seo agus na cuspóirí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích go seasta leanúnach.

Is tráth cinniúnach seo maidir le hearnáil na meán. Tá creimeadh seasta de réir a chéile tarlaithe le blianta beaga anuas ar na bunchúinsí eacnamaíochta a bhaineadh le córas meáin inbhuanaithe. Tá an forás faoi fhógraíocht dhigiteach agus an dul ar gcúl maidir le fógraíocht de na seanchineálacha ag dul i bhfeidhm go mór ar ioncam na gcomhlachtaí meán. Cé go bhfuil leathnú á dhéanamh ag comhlachtaí na meán traidisiúnta agus iad ag dul ar an bhfód sna réimsí digiteacha, tá cuid mhaith acu nach bhfuil ach i dtús beartaíochta maidir le dul in oiriúint do na córais digiteacha. Maidir le mórchuid na gcomhlachtaí meán traidisiúnta, níl an fáltas a ghnóthaítear ó fhógraíocht dhigiteach agus ó shíntiúis leordhóthanach go fóill chun an titim ar an teacht isteach ó fhógraíocht den seanchineál a chúiteamh. Is léir chomh maith nach an mbeidh feidhm sa ré nua seo leis an gcóras cistíochta poiblí, bunaithe ar ghléas faoi leith, lenar cothaíodh córas na Meán Seirbhíse Poiblí cuid mhór blianta anuas bliain.

Más le heagraíochtaí meán coinneáil ag imeacht agus teacht faoi bhláth i ré an digiteachais, ní mór infheistíocht shuntasach a dhéanamh i mbearta nuála maidir le cúrsaí digiteacha, athrú ar chúrsaí eagrúcháin agus oiliúint i scileanna nua. Bhí na ceisteanna maidir le déanamh na hinfheistíochta sin an tráth a bhfuil laghdú mór ar an teacht isteach buntábhachtach maidir le hobair an Choimisiúin.

An tráth a raibh bunú an Choimisiúin á fhógairt aige, thagair an Taoiseach Micheál Ó Máirtín mar seo a leanas do ról agus do shainordú an Choimisiúin:

> "Tá barrthábhacht maidir le saol an chultúir agus an spóirt, le cúrsaí cruthaitheachta agus polaitíochta in Éirinn le córas meán cumarsáide atá tréan neamhspleách. Bíonn daoine ag brath ar na nuachtáin, ar an teilifís, ar an raidió agus ar ardáin ar líne go bhfaigheann siad amach faoi cheisteanna áitiúla agus náisiúnta, go mbíonn siad ar an eolas faoi chúrsaí reatha, maidir le hábhar cultúir a chur i láthair, caidreamh a cheangal leis an diaspóra agus muintir na tíre a tharraingt le chéile an tráth a mbíonn ábhar ceiliúrtha nó machnaimh ag an náisiún.  Bíonn na príomhphrionsabail maidir le hoibiachtúlacht agus neamhspleáchas le sonrú i gcónaí ar na meáin cumarsáide in Éirinn agus an tráth a bhfuil bréagaisnéis ag teacht chun cinn faoi láthair, tá níos mó tábhachta anois ná mar a bhí riamh go dtí seo le hiriseoireacht sheasmhach neamhchlaon.  Leagfaidh an Coimisiún um Thodhchaí na Meán amach an bealach a bheidh roimh an gcraolachán seirbhíse poiblí agus meáin neamhspleácha san am atá romhainn... Ní mór scrúdú a dhéanamh ar na bealaí inbhuanaithe inar féidir maoiniú a chur ar fáil maidir leis na cuspóirí seirbhíse poiblí ionas go gcinntítear maoirseacht eagarthóireachta neamhspleách agus luach an airgid ag pobal na tíre..."

## 1.2 Téarmaí Tagartha

D'fhonn scrúdú a dhéanamh ar an dóigh inar féidir cuspóirí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích leis na meáin chraolacháin, cló agus ar líne i rith na ndeich mbliana seo romhainn agus amach ina dhiaidh sin a cuireadh an Coimisiún um Thodhchaí na Meán ar bun.  Leagadh de chúram ar an gCoimisiún moltaí a chur chun cinn faoi mhodhanna inbhuanaithe maidir le maoiniú poiblí ar an earnáil, an tráth céanna a mbeadh luach an airgid don phobal á chinntiú agus maoirseacht neamhspleách eagarthóireachta á chaomhnú.

Bhí téarmaí tagartha an Choimisiúin, arna leagan síos ag an Rialtas, leathanréimseach agus uileghabhálach, leis na meáin chumarsáide go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil ag teacht faoina scáth, rud a fhágann go raibh seo ar cheann de na bearta scrúdaithe is cuimsithí a rinneadh riamh ar chóras na meán cumarsáide sa Stát. Éilíodh ina leith sin: scrúdú ar an gcás mar a bhí in Éirinn maidir le seirbhísí poiblí a thabhairt i gcrích; na réimsí deacrachta atá roimh chomhlachtaí meán cumarsáide a mheas; a oiriúnaí a bheadh na córais reatha don ré atá i ndán a mheas; agus na modhanna ina bpléitear i dtíortha eile le roghanna an lucht éisteachta agus féachana, go mór mór roghanna na ndreamanna óga, a bhreithniú. Leagtar amach na téarmaí tagartha gan choimriú i dTábla 1-1 thíos.

**Tábla 1-1** *Téarmaí Tagartha*

| **Réamhrá** |
|---|
| Cuirtear ceithre cinn de sheirbhísí poiblí tábhachtacha ar fáil do shaol na hÉireann le córais meán cumarsáide dea-fheidhme agus, go háirithe, le craoltóireacht seirbhíse poiblí:<br>• Lón eolais, oideachais agus siamsaíochta a chur ar fáil do phobal na hÉireann i ndáil le nithe a bhaineann le cultúr, féiniúlacht, spórt nó teanga mhuintir na hÉireann agus gnéithe eile a bhaineann go dúchasach le hÉirinn agus le muintir na tíre;<br>• A chinntiú go mbíonn teacht ag an bpobal ar shaothar iriseoireachta atá neamhspleách neamhchlaon agus ar ardchaighdeán, atá dírithe ar chúrsaí lena mbaineann tábhacht go háitiúil, go réigiúnach, go náisiúnta, san Eoraip nó go hidirnáisiúnta agus a chuirtear i láthair ar bhealach cothromstaidéarach a chuireann leis an bplé daonlathach;<br>• Muintir an náisiúin, agus an diaspóra, a tharraingt le chéile ag tráthanna atá tábhachtach don náisiún;<br>• A chinntiú go mbíonn deis ag daoine a bhfuil cumas cruthaitheachta iontu in Éirinn saothar dá gcuid a chur i láthair dhaoine in Éirinn agus, nuair is féidir sin, níos faide ó bhaile. |
| Ó bhunú an Stáit, bhí na cuspóirí sin á dtabhairt i bhfeidhm, mar atá faoi láthair, ag réimse leathan eagraíochtaí meán cumarsáide, craoltóirí seirbhíse poiblí, craoltóirí neamhspleácha, léiritheoirí agus meáin chlóite ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta ina measc, RTÉ agus TG4 san áireamh. Le tamall beag anuas, táthar ag cur leis an tábhacht atá le meáin chumarsáide ar líne.  Faoin scéim Fuaim agus Fís, lena mbaineann 7% den ioncam glan ón gCeadúnas Teilifíse, tugtar cúnamh maidir le hábhar de chuid na gcraoltóirí ar fad, i gcomhar le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha, nuair a bhaineann fiúntas seirbhíse poiblí leis an ábhar, ach is le hearnáil an chraolacháin amháin a bhaineann sin de réir na reachtaíochta. |

| **Spriocanna an Choimisiúin** |
|---|
| Cuirtear de sprioc roimh an gCoimisiún neamhspleách:<br>• Ar tharla in Éirinn go dtí seo a shonrú maidir leis na haidhmeanna thuas a thabhairt i gcrích le craoltóirí seirbhíse poiblí, le craoltóirí eile, na meáin chlóite agus meáin chumarsáide ar líne ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus na réimsí deacrachta atá á gcruthú do chomhlachtaí na meán sin ag ardáin nua dhomhanda agus ag athrú ar rogha an lucht féachana, éisteachta agus léitheoireachta maidir le hábhar a thapú;<br>• A oiriúnaí nó a mhí-oiriúnaí a bheadh na modhanna reatha maidir le hábhar a chur ar fáil go ceann na ndeich mbliana seo romhainn a mheas;<br>• An sárchleachtas i ndlínsí inchomparáide a bhreithniú, go háirithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch maidir le teacht ar chórais ina bhfuil seasamh maidir le hathruithe agus cora nua san am atá romhainn agus lena dtugtar na seirbhísí poiblí thuas i gcrích i bhfianaise athrú ar a mbíonn tnúth ag an lucht féachana agus éisteachta leis, go háirithe i ndáil le roghanna agus nósanna dhaoine óga. |

| **Cuspóirí an Choimisiúin** |
|---|
| Ag eascairt ón obair sin, leagtar de chúram ar an gCoimisiún:<br>• Moltaí a chur chun cinn maidir leis na haidhmeanna seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích in Éirinn i rith na ndeich mbliana seo chugainn;<br>• An cion tairbhe a shonrú ba chóir a bheith as sin maidir le bonn treise a choinneáil faoi earnáil an chultúir agus earnáil na cruthaitheachta in Éirinn;<br>• An modh a shonrú ina bhféadfaí an obair a mhaoiniú ar bhealach a bheadh inbhuanaithe, lena mbainfeadh cinnteacht breise cistíochta, lena gcinntítear maoirseacht neamhspleách eagarthóireachta agus lena mbaintear luach an airgid amach don phobal;<br>• Moltaí a chur chun cinn maidir le ról RTÉ, maoiniú RTÉ agus struchtúr eagrúcháin RTÉ taobh istigh den chreatchóras sin;<br>• Na modhanna maoirseachta agus rialála a leagan amach le haird ar a bhfuil de dhualgas ar Éirinn san AE, na coinníollacha san áireamh a bhaineann leis an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc. |

## 1.3 Comhaltaí an Choimisiúin

Cuireadh an Coimisiún ar bun ina chomhlacht neamhspleách saineolais agus na comhaltaí á gceapadh ag an Rialtas mar gheall ar a gcuid saineolais maidir leis na meáin craoltóireachta, cló agus ar líne. Tháinig faoi réimsí saineolais chomhaltaí an Choimisiúin ar a n-áireamh in éineacht, réimsí chomh hilchineálach le comhlachtaí Meán Seirbhíse Poiblí, iriseoireacht neamhspleách, na meáin shóisialta, ardáin nua teicneolaíochta, eacnamaíocht na meán cumarsáide, cúrsaí cultúir, spóirt, teanga, ábhar cruthaitheachta, cúrsaí rialachais agus an sárchleachtas go hidirnáisiúnta.

**Tábla 1-2** *Comhaltaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán*

- An tOllamh Brian MacCraith, Cathaoirleach an Choimisiúin. Iar-Uachtarán Ollscoil Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhalta de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann agus Comhalta Oinigh de chuid Fhoras na Fisice;
- Sinéad Burke, Stiúrthóir agus Tionscnóir Tilting the Lens, oide agus aighne maidir le cearta dhaoine faoi mhíchumas;
- An Dr Gillian Doyle, Ollamh le hEacnamaíocht na Meán Cumarsáide sa Lárionad maidir le Centre for Cultural Policy Research (CCPR) in Oilthigh Ghlaschú;
- An Dr Finola Doyle-O'Neill, Staraí maidir le Cúrsaí Craoltóireachta, Scoil na Staire, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh;
- Lynette Fay, saorchraoltóir, léiritheoir agus colúnaí nuachtáin. Láithreoir The Lynette Fay Show ar BBC Raidió Uladh;
- Siobhán Holliman, Leas-Eagarthóir an Tuam Herald, comhalta de chuid Chomhairle Preasa na hÉireann agus Comh-Chathaoirleach Chomhairle Feidhmiúcháin na hÉireann de chuid Cheardchumann Náisiúnta na nIriseoirí;
- Mark Little, Príomhfheidhmeannach agus comhthionscnóir Kinzen, tionscnóir Storyful, iarbhainisteoir stiúrtha ar Twitter in Éirinn agus tuairisceoir agus láithreoir tráth ag RTÉ;
- Stephen McNamara, Stiúrthóir Cumarsáide ag Cumann Rugbaí na hÉireann. iar-Cheannasaí Cumarsáide ag Ryanair, agus comhairleoir cánach tráth;
- Nuala O'Connor, léiritheoir scannán faisnéise maidir le cúrsaí ceoil agus ealaíne. Taighdeoir ar chláir teilifíse agus léiritheoir ar chláir raidió le RTÉ roimhe seo. Comhalta ar bhord Thaisce Cheol Dúchais Éireann; agus
- Alan Rusbridger, Príomhoide Lady Margaret Hall, Oxford, agus Cathaoirleach ar an Reuters Institute for the Study of Journalism. Príomheagarthóir tráth ar an Guardian.[1]

*Oifigigh de chuid Roinn an Taoisigh, i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, a d'fhónaigh i Rúnaíocht an Choimisiúin.*

## 1.4 An modh oibre agus caidreamh leis na páirtithe leasmhara

Leagadh obair throm ar an gCoimisiún - a raibh á chur de dhualgas air a chomhlíonadh agus moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais in imeacht trí ráithe. Rinneadh an obair sin ó mhí Deireadh Fómhair 2020 go dtí mí Iúil 2021. Eagraí 24 cruinniú fischomhdhála i rith an ama sin, 18 cruinniú iomlánach ina measc. Tionóladh chomh maith cruinnithe déthaobhacha leis na príomhpháirtithe leasmhara, cruinniú ina measc sin i mí Meitheamh 2021 le Comhchoiste an Oireachtais maidir le Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Spórt agus na Meáin.

[1] D'éirigh an tUasal Rusbridger as an ról leis an gCoimisiún i mí Márta 2021

Rinne an Coimisiún gach dícheall caidreamh a chothú leis an bpobal i gcoitinne agus le páirtithe leasmhara eile. Idir mí na Nollag 2020 agus mí Eanáir 2021, d'eagraigh an Coimisiún comhairliúchán poiblí agus tugadh cuireadh don phobal agus do pháirtithe leasmhara eile a gcuid tuairimí a chur faoi bhráid maidir le ceisteanna a bhaineann le réimse sainchúraim an Choimisiúin. Tháinig níos mó ná 800 aighneacht mar chuid den phróiseas sin, ar a n-áirítear líon is mó ná 100 aighneacht ó eagraíochtaí meán cumarsáide, ó ghrúpaí ionadaíochta agus ó eagraíochtaí eile, maille le líon is mó ná 700 aighneacht dhaoine den phobal. Shonraigh an Coimisiún sraith ceisteanna le scrúdú mar chuid den chomhairliúchán poiblí, arna rangú maidir le trí cinn de théamaí ginearálta:

- An ról agus an cion tairbhe a bhaineann le comhlachtaí Meán Seirbhíse Poiblí agus le hÁbhar Seirbhíse Poiblí i gcóras na meán cumarsáide go ginearálta;
- Maoiniú inbhuanaithe ar na Meáin Seirbhíse Poiblí;
- Cúrsaí rialachais agus rialúcháin.

Idir mí Eanáir agus mí Aibreán 2021, eagraíodh Caidreamh Téamatúil le sé cinn de sheisiúin phoiblí físchomhdhála trínar tugadh le chéile páirtithe leasmhara de chuid an tionscail, daoine den lucht ceaptha beartais agus den lucht rialála, saineolaithe idirnáisiúnta chomh maith le daoine den ghnáthphobal, i mbun plé agus díospóireachta leis an gCoimisiún. Tríd is tríd, ghlac níos mó ná 50 ball painéil agus 1,000 duine den phobal páirt sa Chaidreamh Téamatúil. Áirítear ar na téamaí a bhain leis na seisiúin caidrimh seo:

- A bhfuil i ndán maidir le hÁbhar Seirbhíse Poiblí;
- Na réimsí dúshláin maidir leis na meáin chumarsáide i dtimpeallacht atá faoi athrú;
- An tábhacht atá le gairmiúlacht san iriseoireacht don phobal agus do chóras an daonlathais i rith ré pobalóireachta, polaraitheoireachta agus mífhaisnéise;
- Cúrsaí cistíochta agus rialála maidir leis na meáin chumarsáide;
- An ról atá leis na meáin chumarsáide maidir le réimsí na healaíne, na Gaeilge, an spóirt agus na féiniúlachta; agus
- Ilchineálacht, comhionannas agus ionchuimsitheacht in earnáil na meán cumarsáide.[2]

Rinne Core, comhlacht comhairle agus taighde maidir leis na meáin chumarsáide, suirbhé thar ceann an Choimisiúin ar an bpobal i gcoitinne, bunaithe ar shampla 1,000 duine fásta lena bhain ionadaíocht náisiúnta, móide 150 déagóir idir 13-17 bliana d'aois. Tá léargas ó thorthaí an tsuirbhé, a luaitear síos tríd an tuarascáil seo, ar an ábhar meán cumarsáide is spéis leis an bpobal agus a gceapann siad fiúntas leis, an cineál a santaítear níos mó de, a mbeadh le tuar maidir le pátrúin nua, an tionchar atá ag athrú ar chúrsaí déimeagrafaíochta agus ag cora nua teicneolaíochta ar nósmhaireacht an tomhaltóra, agus an t-idirdhealú ó thaobh iontaofachta is léir idir na meáin chumarsáide agus na meáin shóisialta.

[2] Tá eolas breise faoin gCaidreamh Téamatúil agus fiseáin de na seisiúin ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin, www.futureofmediacommission.ie

## 1.5 Forléargas ar na mórcheisteanna agus ar na príomhthéamaí

Thug an Coimisiún ceisteanna éagsúla chun suntais ó thús na beartaíochta a bhféachfaí lena scrúdú taobh istigh de réimse iomlán na dtéarmaí tagartha. Is cuntas ardleibhéil ar roinnt de na príomhcheisteanna agus de na réimsí ábhair sin atá sa liosta seo a leanas. Ní cur síos lánchuimsitheach atá ann ar iomlán na gceisteanna a ndearna an Coimisiún iad a mheas; moltar don léitheoir an tuarascáil ar fad a léamh maidir le cur síos iomlán den chineál sin.

- Maidir le hábhar meán cumarsáide, cén cineál a thapaíonn an pobal faoi láthair agus cén cineál ar mhaith leis an bpobal níos mó de san am atá romhainn?
- Cén chúis a bheadh le hathspreagadh agus le hinfheistíocht bhreise maidir leis na Meáin Seirbhíse Poiblí?
- Cén toradh a d'fhéadfadh a bheith ar athruithe ar mhargadh na fógraíochta maidir le seasamh leanúnach na meán traidisiúnta?
- Cén ról atá leis na meáin maidir leis an nGaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn?
- Cén ról atá leis an rialtas agus cén fhreagracht atá ar an rialtas maidir le bonn treise a chur faoi Mheáin Seirbhíse Poiblí, meáin tráchtála agus meáin phobail?
- Cén ról ba chóir a bheith ag baint leis na hollchomhlachtaí teicneolaíochta maidir le réimse na meán, go háirithe i bhfianaise an ról atá leo maidir le hábhar mean a athscaipeadh agus an tionchar atá acu ar mhargadh na fógraíochta?

Tháinig plé an Choimisiúin ar na ceisteanna seo faoi anáil lón fianaise agus tuairimíochta ó fhoinsí éagsúla: ón gcomhairliúchán poiblí, ón bplé agus ón díospóireacht a rinneadh mar chuid den chaidreamh téamatúil ar líne, ón suirbhé ar an bpobal i gcoitinne, ó thaighde leathanréimseach boird, agus ó chruinnithe an Choimisiúin le daoine den lucht ceaptha beartais, leis an lucht léinn, le saineolaithe in Éirinn agus thar lear agus le páirtithe leasmhara eile. Tugtar achoimre gairid anseo síos ar roinnt de na príomhthéamaí a tháinig chun tosaigh le linn phlé an Choimisiúin ar an ábhar:

- **Fiúntas poiblí na meán cumarsáide:** Ba léir don Choimisiún fianaise dhoshéanta go mbaineann fiúntas agus tábhacht leanúnach leis na meáin chumarsáide maidir le pobal na tíre, saol na hÉireann agus córas an daonlathais. Cé go bhfuil comhlachtaí áirithe meán críochnúil éifeachtach ag freastal ar a n-éilíonn tomhaltóirí áirithe, is ar an éifeachtúlacht agus ar an ról a bhaineann le córas na meán go huile agus go hiomlán maidir le cuspóirí ginearálta na sochaí a chothú agus a chur chun cinn is mó a bhí béim ag an gCoimisiún. D'áirigh an Coimisiún gur "táirge fiúntais" an tairbhe ó nádúr atá le hÁbhar Seirbhíse Poiblí lena dtugtar buntáistí tairbheacha i gcrích don tsochaí agus do chóras an daonlathais agus, dá réir sin, go bhfuil sé le háireamh ar na gnéithe cinniúnacha a bhaineann leis an mbonneagar poiblí. Aontaíodh chomh maith go bhfuil rólanna tábhachtacha sonracha le comhlachtaí na Meán Seirbhíse Poiblí agus le meáin eile araon maidir le hÁbhar Seirbhíse Poiblí a chur ar fáil. Is é dearcadh an Choimisiúin ar na pointí sin atá de bhonn réasúnaíochta le moltaí an Choimisiúin faoi mhaoiniú poiblí agus faoi chúnamh eile d'fhonn buanaíocht chóras na meán in Éirinn a chinntiú.
- **Corraitheacht agus claochlaitheacht go ceann deich mbliana:** Fágadh an Coimisiún lánchinnte gur iomaí cor mór agus athrú ó bhonn i ndán do chóras na meán cumarsáide in Éirinn as seo go ceann deich mbliana. I bhfianaise a dtagann i gceist leis sin, ní amháin d'eagraíochta meán cumarsáide ach don tsochaí go ginearálta, tá de dhualgas ar an rialtas, ar lucht rialála agus ar pháirtithe leasmhara na hearnála níos mó den straitéis, den aontas agus den chomhar a léiriú ag cur chuig an ábhar dúshláin a shárú d'fhonn a chinntiú go leanann córas meán cumarsáide de scoth an domhain ar bun in Éirinn agus a chinntiú go leanann tuiscint agus meas ag an bpobal ar na meáin chumarsáide na daoine ina bhfabhar.

- **Bagairt agus baol do na meáin chumarsáide san am atá romhainn:** D'áirigh an Coimisiún ábhar tromchúiseach bagartha agus réimsí éagsúla baoil maidir le córas na meán cumarsáide in Éirinn. Tá athrú ag teacht ar na bunghnéithe eacnamaíochta a ghabhann le córas na meán cumarsáide agus sin ina bhagairt maidir le seasmhacht agus leanúnachas na meán cumarsáide. Fágann cora nua maidir le cúrsaí teicneolaíochta agus le nósmhaireacht an tomhaltóra gur gá do chomhlachtaí meán cumarsáide córais nua gnó a thabhairt chun cinn agus teacht ar bhealaí nua chun caidreamh a spreagadh agus spéis an lucht éisteachta agus féachana a chothú agus, mura ndéantar sin, tá an baol ann nach orthu a bheidh aird arís ag na daoine sin. Tá de bhaol ag baint le mífhaisnéis agus faisnéis bhréige a bheith á scaipeadh, ar na meáin shóisialta agus ar ardáin ábhair chomh maith le bealaí eile, go lagófaí iontaoibh an phobail in ábhar nuachta agus faisnéise. Tá pobal oilte atá liteartha maidir leis na meáin chumarsáide agus a gcuirtear lón maith eolais ar fáil dóibh le hiriseoireacht atá neamhspleách agus ar ardchaighdeán ar na línte tosaigh maidir le daoine a chosaint ar mhífhaisnéis agus ar bhréagfhaisnéis ach ní mór breis maoirseachta agus cuntasachta i ndáil leis an spás poiblí digiteach mar bhonn cosanta breise ag treisiú leis sin.

- **Infheistíocht maidir le todhchaí na meán cumarsáide:** D'aontaigh an Coimisiún go bhfuil deacrachtaí eacnamaíochta á gcur roimh chóras na meán cumarsáide agus an ghnóthachtáil ó fhógraíocht á athrú go mór ó na meáin chumarsáide de na seanchineálacha go dtí na hollchomhlachtaí teicneolaíochta arb iad is mó atá i gceist maidir leis an margadh fógraíochta digiteach, agus go gcuirtear leis an deacracht sin maidir leis na meáin cumarsáide cló mar gheall ar ísliú ar an teacht isteach díolacháin agus maidir leis na comhlachtaí Meán Seirbhíse Poiblí mar gheall gur lú is féidir a bheith ag brath ar tháillí an Cheadúnas Teilifíse mar fhoinse fhiúntach fhadtéarmach cistíochta poiblí. Rinne an Coimisiún scrúdú cuimsitheach ar a dtagann i gceist agus thángthas ar an gcomhairle gur gá modh nua cistíochta maidir leis na comhlachtaí Meán Seirbhíse Poiblí agus le hÁbhar Seirbhíse Poiblí araon. Tá cur chuige á mholadh lena mbaineann athrú suntasach ar an modh inar féidir treisiú le hÁbhar Seirbhíse Poiblí agus leis na heagraíochtaí meáin cumarsáide poiblí, tráchtála agus pobail a chuireann an t-ábhar sin ar fáil an tráth céanna a ndéantar maith maidir le buanaíocht fhadtéarmach na meán cumarsáide agus le neamhspleáchas eagarthóireachta.

- **Cúrsaí Rialála, Reachtaíochta agus Rialachais:** Thug an Coimisiún chun suntais go bhfeidhmíonn comhlachtaí meán cumarsáide i dtimpeallacht rialála atá éagothrom. Cé go bhfuil eagraíochtaí áirithe de chuid na meán cumarsáide a thagann faoi chóid fhéinrialála agus eagraíochtaí eile a ndéantar rialáil leitheadach orthu a thagann faoi scáth na reachtaíochta, is iomaí eagraíocht ar líne nach dtagann faoi chóras rialachais náisiúnta ná idirnáisiúnta dáiríre maidir leis na meáin chumarsáide. Tháinig an Coimisiún ar an mbreith go gcaithfidh, ar mhaithe le leas na sochaí a chothú agus réimse poiblí den rath a chaomhnú maidir leis na meáin dhigiteacha, aird níos mó a bheith ag lucht cheaptha an bheartais maidir leis na meáin chumarsáide ar chúrsaí rialachais i ndáil leis na meáin shóisialta agus ardáin teicneolaíochta. Cé gurb é tuairim an Choimisiúin, mar gheall ar a n-éilítear i ndáil leis an Treoir maidir le r-Thráchtáil, nach féidir rialáil a dhéanamh ar ardáin ar an gcuma chéanna a ndéantar rialáil ar fhoilsitheoirí ÁSP, tugadh chun suntais gá a bheith go práinneach le sainsonrú ar a bhfuil de chúram i bpobal daonlathach ar ardáin a dhéanann tiomsú agus bolscaireacht ar fhaisnéis. Cúis áthais don Choimisiún go bhfuil comhchreat rialála á thabhairt chun cinn san Eoraip i ndáil le díobháil ar líne, mar atá an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, chomh maith le leagan treisithe den Chód Cleachtais maidir le Mífhaisnéis. Ainneoin an méid sin, d'áirigh an Coimisiún chomh maith go bhfuil gá le beart straitéise, lena mbainfeadh comhordú ar leibhéal níos tréine, ag an Rialtas, ag comhlachtaí teicneolaíochta, ag an lucht léinn agus ag comhlachtaí meán cumarsáide chun cur in aghaidh an tionchar chun dochair a bhíonn ag mífhaisnéis agus ag bréagaisnéis ar an saol in Éirinn agus ar chóras an daonlathais. Thug an Coimisiún chun suntais go bhfuil de fhreagracht ar thír na hÉireann, mar a bhfuil roinnt de na comhlachtaí teicneolaíochta is mó agus is tionscantaí ar domhan, ceannródaíocht a dhéanamh maidir le cuntasacht den éifeacht a thabhairt chun cinn i ndáil leis na hardáin agus go bhfuil deis ag an tír seo a theacht chun tosaigh mar mhol tionscantachta maidir le sábháilteacht ar líne.

- **Nuáil agus an bunathrú digiteach:** Thug an Coimisiún chun suntais gur tréine arís agus arís eile an ráta brostaithe maidir le hathrú agus nuáil in earnáil na meán cumarsáide agus go dtarlóidh claochlú ar an earnáil dá bharr sin i rith na ndeich mbliana seo chugainn. Ionas go bhféadann eagraíochtaí meán cumarsáide na linne seo maireachtáil agus teacht faoi bhláth, chomh maith le dreamanna agus

comhlachtaí nua a theacht chun cinn, ní mór d'earnáil na meán cumarsáide tabhairt go forbheartach faoi chlár oibre dírithe ar an nuáil agus ar bhunathrú an digiteachais. Ionas go dtugtar dea-thoradh air sin i gcrích, ní mór d'eagraíochtaí meán cumarsáide agus dá gcuid ionadaithe oibriú i gcomhar le ranna rialtais, le gníomhaireachtaí, le húdaráis cistíochta agus le húdaráis rialála ar bhealach lena mbaineann níos mó den straitéisíocht agus den chomhordú, agus béim á leagan ar fhorbairt na hearnála, ar infheistíocht straitéiseach, ar an mbunathrú digiteach, ar nuáil san ionad oibre agus maidir leis na córais gnó. Ní mór do na heagraíochtaí meán cumarsáide féin infheistíocht a dhéanamh i straitéisí maidir leis an mbunathrú digiteach agus san fhorbairt ar mhodhanna gnó inbhuanaithe atá bunaithe ar chaidreamh níos dlúithe le dreamanna den lucht féachana agus éisteachta, go háirithe leis an nglún a bhfuil múnlú ar thimpeallacht meán cumarsáide na linne seo romhainn ar siúl acu cheana féin.

- **An Comhar agus Páirtnéireacht:** Cuireadh samplaí den chomhar agus den pháirtnéireacht taobh istigh de chóras na meán cumarsáide agus idir lucht na meán cumarsáide agus gnéithe eile den éiceachóras leitheadach in iúl don Choimisiún ar ábhar dóchais iad. Dá ainneoin sin, feictear don Choimisiún gur fairsing an scóip a bhaineann le deiseanna prionsabal agus gnás an chomhair agus na páirtnéireachta a thabhairt chun cinn níos tréine idir lucht na hearnála féin agus ar fud réimse níos forleithne na meán cumarsáide. Ionas go dtugtar meon níos tréine maidir le comhar oirbheartaíochta a thabhairt i dtreis, ní mór go dtiocfadh páirtithe leasmhara, ar a n-áirítear eagraíochtaí meán cumarsáide, páirtithe leasmhara eile an tionscail, forais léinn tríú leibhéal, an rialtas áitiúil agus an rialtas áitiúil, agus eile, le chéile i mbun cuspóirí coitianta a thabhairt i gcrích agus deiseanna a thapú go háitiúil agus go réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE, chun na córais soláthair maidir leis na meáin chumarsáide a neartú agus a threisiú. Rinne an Coimisiún plé go háirithe ar an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith le Coimisiún beartaithe na Meán Cumarsáide ina leith seo.

- **Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht:** Cuireadh in iúl don Choimisiún arís agus arís eile go bhfuil ar an ábhar dúshláin is mó a chuirtear roimh chomhlachtaí meán cumarsáide a chinntiú go mbíonn Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht mar is cuí le sonrú ar thoradh an tsaothair agus ionadaíocht chuí maidir le hÉire na linne seo. Rinne an Coimisiún breithniú ar chuid mhór fianaise faoin ngá atá le hilchineálacht sa léiriú a thugtar in ábhar meán cumarsáide, lena n-áirítear ábhar nuachta agus cúrsaí reatha, ábhar ealaíne agus cultúir, ábhar spóirt, ábhar Gaeilge agus cláir shiamsaíochta. Tugadh cuid mhór fianaise faoi mheas freisin maidir leis an ngá maidir le coimisiúnú agus léiriú ábhair do na meán chumarsáide agus ar fud na n-eagraíochtaí meán cumarsáide, le háisiúlacht agus ionchuimsitheacht breise ag dreamanna nach gcuirtear a láthair mar is cóir faoi láthair agus a dtarlaíonn imeallú orthu. D'áirigh an Coimisiún go n-eascraíonn tairbhe don phobal agus don tsochaí as tréithe na hilchineálachta, an chomhionannais agus na hionchuimsitheachta a bheith ag rith le córas na meán cumarsáide agus cuirtear sraith moltaí chun cinn ina leith sin.

- **Rannpháirtíocht agus caidreamh:** Thug an Coimisiún chun suntais go bhfuil múnla traidisiúnta Reith[3] maidir leis na Meáin Seirbhíse Poiblí faoi athrú ionas go dtugtar san áireamh an ghníomhaíocht bhreise lena mbíonn súil ag an saoránach agus ag an tomhaltóir, ina gcomhchruthaitheoirí agus ina bpáirtithe leasmhara i gcóras na meán cumarsáide. D'áirigh an Coimisiún bealaí inar féidir leis an bpobal feidhm níos mó a bheith acu i gcóras na meán cumarsáide agus i measc na modhanna sin bheadh feabhas a chur ar chomhairlí an lucht féachana agus éisteachta, cur chuige atá bunaithe níos mó ar straitéis agus ar fhianaise ag an rialtóir i ndáil le dearcadh an lucht féachana agus éisteachta, agus iarracht á dhéanamh ag na heagraíochtaí meán cumarsáide féin athnuachan agus athspreagadh a chothú maidir leis an gconradh sóisialta idir iad agus an pobal. An tráth céanna a bhfuil cúnamh poiblí sa bhreis á éileamh ag comhlachtaí meán cumarsáide maidir lena maoiniú, ní féidir, mar ba ghnáth cheana, talamh slán a dhéanamh feasta de dhea-thoil an phobail agus ní mór seasamh an phobail leis na meáin chumarsáide a shaothrú, a chothú agus a chaomhnú. Éilítear dá réir sin díograis níos ardaidhmeannaí i mbun caidrimh le dreamanna éagsúla den lucht féachana agus éisteachta agus leis an bpobal i gcoitinne agus breis cuntasachta agus follasachta i gcás eagraíochtaí na Meán Seirbhíse Poiblí.

[3] John Reith, an chéad Ardstiúrthóir ar an BBC a chuir chun cinn lón eolais, oideachais agus siamsaíochta don lucht féachana agus éisteachta mar chuspóir leis an gcraoltóireacht seirbhíse poiblí.

**Léaráid 1-1** *Mórcheisteanna agus Príomhthéamaí*

- Fiúntas Poiblí na Meán Cumarsáide
- Corraitheacht agus claochlaitheacht go ceann deich mbliana
- Bagairt agus Baol
- An Comhar agus Páirtnéireacht
- Infheistíocht maidir le todhchaí na meán cumarsáide
- Cúrsaí Rialála, Reachtaíochta agus Rialachais
- Nuáil agus an bunathrú digiteach
- Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht
- Rannpháirtíocht agus caidreamh

## 1.6 Forléargas ar an Tuarascáil

Leagtar amach sa chuid eile den tuarascáil saothar scrúdaithe an Choimisiúin maidir leis na meáin chumarsáide in Éirinn, breith an Choimisiúin ina leith sin agus na moltaí a chuirtear chun cinn dá réir.

**Caibidil 2 (Fiúntas Phoiblí agus Tionchar na Meán)** Scrúdaítear an tairbhe atá leis na meáin ó thaobh chúrsaí na sochaí agus an ceangal atá idir na meáin agus córas an daonlathais. Leagtar amach sainmhíniú oibre an Choimisiúin maidir le "an pobal", "Ábhar Seirbhíse Pobail", "Meáin Seirbhíse Poiblí" agus "Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí".

Déantar scrúdú sa chaibidil seo ar an ról agus ar an tairbhe leanúnach - ag an saoránach, ag an bpobal agus ag an rialtas - a bhaineann le córas meán cumarsáide atá bríomhar, neamhspleách, áisiúil agus cothrom. Tugtar san áireamh gur féidir a mheas go bhfuil córas na meán cumarsáide in Éirinn éifeachtúil go leor maidir leis na feidhmeanna seirbhíse poiblí agus gur croíchuid atá ann de chóras seasmhach dlúthpháirtíochta an daonlathais agus dá bhuanú anuas go dtí an lá atá inniu ann. Leagtar amach moladh bunúsach an Choimisiúin maidir le ÁSP, moladh atá ina bhonn faoi chuid mhór de na moltaí a luaitear sna caibidlí eile ina dhiaidh seo. Tugtar an chaibidil chun críche le scrúdú ar chúrsaí Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta i gcóras na meán cumarsáide agus ar mholtaí ina leith sin.

**Caibidil 3 (Dearcthaí maidir le Meáin na hÉireann)** Tugtar cuntas mion ar na meáin chumarsáide in Éirinn an lae inniu, earnálacha i ndiaidh a chéile, ar an athrú atá ar bun agus ar a dtagann i gceist le cora nua maidir le cúrsaí teicneolaíochta, leis an margadh agus leis an lucht éisteachta, féachana agus léitheoireachta. Scrúdaítear freisin ábhar meán cumarsáide agus na cineálacha a thapaíonn an pobal in Éirinn, na cineálacha a mbraitear fiúntas leo agus na cineálacha a santaítear níos mó díobh. Scrúdaítear a oiread is féidir pátrúin na linne seo romhainn a thuar. Tugtar chun suntais éagsúlacht tuairimíochta sa dearcadh ar na meáin chumarsáide sheanbhunaithe agus ar na meáin shóisialta i ndáil le hiontaoibh agus deimhnítear in athuair an ról tábhachtach atá leis na Meáin Seirbhíse Poiblí agus leis na Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí araon maidir le cuspóirí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích. Sa bhreis air sin, meastar cúrsaí feidhmíochta maidir leis na Meáin Seirbhíse Poiblí in Éirinn de réir bearta measúnachta de chuid an Údaráis Craolacháin le tamall anuas.

**Caibidil 4 (Dearcadh geilleagrach maidir le todhchaí na meán in Éirinn)** Scrúdaítear an cheist maidir le hinbhuaine na gcomhlachtaí meán cumarsáide agus meastar na réimsí deacrachta a chuirtear roimh ghnéithe éagsúla d'earnáil na meán cumarsáide. Scrúdaítear a dtiocfaidh i gceist leis an mborradh atá faoi fhógraíocht dhigiteach le hathrú ó chomhlachtaí meán cumarsáide clóite, ar líne agus craolacháin agus déantar iniúchadh ar na cúrsaí sin a bhaineann ó chóras an Cheadúnais Teilifíse.

**Caibidil 5 (Meáin Seirbhíse Poiblí a Mhaoiniú)** Scrúdaítear an cheist maidir le maoiniú poiblí an am atá romhainn ar na Meáin Seirbhíse Poiblí. Tugtar cur síos ar an gcóras cistíochta atá i réim faoi láthair agus scrúdaítear roghanna éagsúla, ina measc, athchóiriú ar an gcóras reatha nó malairt córais a chur i bhfeidhm faoi mar a cuireadh i bhfeidhm i dtíortha eile thar lear.

Déantar athbhreithniú ar na córais éagsúla cistíochta seo i gcomhthéacs riachtanais cistíochta maidir le RTÉ agus le TG4 araon.

**Caibidil 6 (Tacaíocht d'Ábhar Seirbhíse Poiblí agus d'earnáil níos leithne na meán cumarsáide)** Scrúdaítear roghanna maidir le treisiú le Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí ar fud earnáil an chló, an chraolacháin agus ar líne. Leagtar amach sraith de mholtaí an Choimisiúin, bearta san áireamh d'fhonn a chinntiú go leanann Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí den ról fiúntach seirbhíse poiblí agus go mbíonn seasamh iontu in aghaidh na réimsí dúshláin a chuirtear rompu.

**Caibidil 7 (An Ghaeilge, Cúrsaí Cultúir, Geilleagar na Cruthaitheachta agus Spórt)** Meastar ról seirbhíse poiblí na meán cumarsáide i leith na Gaeilge agus chúrsaí cultúir, gheilleagar na cruthaitheachta agus an spóirt. Cuirtear sraith moltaí i ndáil leis an ábhar chun cinn.

**Caibidil 8 (Rialáil agus Rialachas)** Scrúdaítear na forálacha rialála reatha maidir leis na meáin chumarsáide in Éirinn chomh maith le cora nua rialála ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE. Leagtar amach moltaí an Choimisiúin faoinar gá a athrú maidir le gnóthaí rialála agus cúrsaí rialachais i ndáil leis na meáin chumarsáide.

**Caibidil 9 (Moltaí an Choimisiúin a chur i bhFeidhm)** Leagtar amach moltaí an Choimisiúin maidir le socruithe institiúide agus riaracháin don bhainistíocht i ndáil le moltaí an Choimisiúin a thabhairt i bhfeidhm.

# 2 Fiúntas phoiblí agus tionchar na meán

## Ábhar


**2.1** Réamhrá ........ 25

**2.2** Ábhar sainmhíniúcháin: Ábhar Seirbhíse Poiblí (ÁSP), Meáin Seirbhíse Poiblí (MSP), Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí (SÁSP) ........ 25

**2.3** An bunús faoin reachtaíocht le hábhar seirbhíse poiblí ........ 26

**2.4** Fiúntas sóisialta agus tionchar eacnamaíochta na meán ........ 28

**2.5** Na Meáin agus an Daonlathas ........ 30

**2.6** Nuacht agus Cúrsaí Reatha ........ 37

**2.7** Inmharthanacht an chomhshaoil agus earnáil na meán ........ 43

**2.8** Dreamanna a cheangal le chéile ar leibhéal an phobail áitiúil ........ 44

**2.9** Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht ........ 46

**2.10** Conclúidí agus Moltaí ........ 52

## 2.1 Réamhrá

Rinneadh machnamh agus plé an Choimisiúin tráth a raibh aird an phobail ar iliomad réimsí baoil don tsláinte phoiblí, do chomhdhlús an phobail agus don daonlathas agus tráth ar tháinig samplaí suntasacha chun cinn i dtíortha eile den toradh a bhíonn ar mhífhaisnéis a theacht chun tosaigh agus ar mhuinín an phobail sna meáin chumarsáide agus i bhforais an daonlathais a lagú.

De réir mar a bhí tíortha ar fud an domhain ag streachailt, mar gheall ar an "aicíd faisnéise" a d'eascair ó ualach mífhaisnéise agus bréagaisnéise, leis an mbainistíocht a bhain le paindéim Covid-19, agus de réir mar a bhí lucht mailíse ag féachaint le deighilt a chothú le scéalta bréige, ba shoiléire ná ag mórán aon am eile riamh an tairbhe atá le faisnéis iontaofa.

Ar fud an Aontais Eorpaigh, tá athrú suntasach ar an dearcadh atá ag an lucht ceaptha beartais agus ag lucht na reachtaíochta mar gheall ar an mbagairt bhreise a bhaineann le mífhaisnéis agus an dúshlán atá á thabhairt d'eagraíochtaí meán cumarsáide agus tá an Chomhairle, an Coimisiún agus na Ballstáit ar fad i mbun athmhachnaimh ar na bealaí inar féidir leo a chinntiú go leanann na meáin chumarsáide ar bun go seasmhach san am atá romhainn.

Ina chomhthéacs sin, thug an Coimisiún díol mór fianaise agus teistiméireachta ón bpobal i gcoitinne, ó eagraíochtaí meán cumarsáide agus ón lucht ceaptha beartais faoi mheas a bhain leis an gceangal idir córas na meán cumarsáide agus córas an daonlathais, leis an bhfiúntas poiblí agus le tionchar na meán cumarsáide in Éirinn.

## 2.2 Ábhar sainmhíniúcháin: Ábhar Seirbhíse Poiblí (ÁSP), Meáin Seirbhíse Poiblí (MSP), Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí (SÁSP)

I dtosach báire, rinne an Coimisiún na gnéithe codarsnachta agus comparáide idir craoltóirí seirbhíse poiblí agus eagraíochtaí eile meán cumarsáide a mheas. Bunaithe ar an mbreithniú sin, ghlac an Coimisiún le sainmhíniú oibre ar nithe áirithe d'fhonn cuidiú leis an rangú ar réimsí éagsúla don phlé ar an ról seirbhíse poiblí agus na meáin chumarsáide.

Aontaíodh ar an gcéad dul síos ar shainmhíniú oibre maidir le "**an Pobal**", a chiallaíonn, sa chiall is uilechuimsithí, an dream iomlán daoine ar a bhféachtar leis an ábhar meán cumarsáide, go ginearálta, agus ÁSP, go háirithe, a dhíriú. Meastar chomh maith leis sin gur chóir níos mó a thabhairt san áireamh leis an bpobal ná an tomhaltóir nó na daoine sin a dtarlaíonn ábhar meán cumarsáide a theacht faoin mbráid. De réir mar a leantar, mar gheall ar chora nua teicneolaíochta, den athrú ar ghnás an phobail agus ar roghanna an phobail, is mó atá daoine den phobal ní amháin ina bpáirtithe leasmhara, ach ina rannpháirtithe gníomhacha chomh maith, i gcóras na meán cumarsáide go ginearálta agus maidir le ÁSP a chur ar fáil go háirithe. Tá aird, le sainmhíniú an Choimisiúin ar "an Pobal" ar phrionsabail na huilíochta, na hilchineálachta agus na hionchuimsitheachta. Ó thaobh cúrsaí uilíochta, tugtar san áireamh leis an bpobal na daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, agus iad siúd a chónaíonn thar lear a chuireann spéis i gcúrsaí na hÉireann, diaspóra na hÉireann ina measc. Ó thaobh cúrsaí ilchineálachta agus ionchuimsitheachta, tugtar san áireamh leis an bpobal dreamanna daoine faoi leith agus aicmí daoine faoi leith i measc an phobal a dtarlódh gá le soláthar de chineál speisialta dóibh ionas go gcinntítear teacht cothrom acu ar na meáin chumarsáide agus plé cothrom orthu ag lucht na meán cumarsáide. Maidir leis an ábhar seo, d'fhéadfadh lón teagaisc a bheith le baint as na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta ina sonraítear naoi gcinn d'fhorais maidir le hidirdhealú, ina measc Inscne; Stádas sibhialta; Stádas teaghlaigh; Claonadh gnéis; Creideamh; Aois; Míchumas; Cine agus a bheith ar dhuine den Lucht Siúil. Ar na tosca eile is eol a bheith ina mbac maidir le teacht cothrom ar na meáin chumarsáide, tá stádas socheacnamaíochta, leibhéil oideachais, leibhéil litearthachta (litearthacht dhigiteach san áireamh), constaicí teanga agus easnamh ó thaobh gnéithe infreastruchtúir nó teicneolaíochta (a bhféadfadh tosca tíreolaíochta a theacht i gceist leo, cuirtear i gcás éagothroime idir réigiúin éagsúla nó idir ceantair uirbeacha agus ceantair tuaithe, mar shampla maidir le caighdeán an cheangail leathanbhanda).

D'aontaigh an Coimisiún freisin ar shainmhíniú oibre maidir le **Ábhar Seirbhíse Poiblí (ÁSP)**, arb iad na príomhthréithe a cheaptar leis gur ábhar meán cumarsáide (digiteach, cló nó craolacháin) atá ann lena mbaineann fiúntas poiblí faoi leith, go ndéantar a léiriú ar chaighdeán sonrach gairmiúlachta agus eitice, gur foinse thábhachtach atá ann ag an bpobal maidir le faisnéis chruinn fhírinneach agus le héagsúlacht tuairimí. Maidir le téarmaí tagartha an Choimisiúin, meastar gur ionann ÁSP i gcomhthéacs na hÉireann agus:

- Ábhar is lón eolais, oideachais nó siamsaíochta ag an bpobal i ndáil le nithe a bhaineann le cultúr, féiniúlacht nó teanga mhuintir na hÉireann agus gnéithe eile a bhaineann go dúchasach le hÉirinn agus le muintir na tíre;
- Ábhar lena gcinntítear teacht ag an bpobal ar shaothar iriseoireachta atá neamhspleách agus ar ardchaighdeán, atá dírithe ar chúrsaí lena mbaineann tábhacht go háitiúil, go réigiúnach, go náisiúnta, san Eoraip nó go hidirnáisiúnta agus a chuirtear i láthair ar bhealach staidéarach a chuireann leis an bplé daonlathach;
- Ábhar a cheanglaíonn muintir an náisiúin, agus an diaspóra, le chéile ag tráthanna atá tábhachtach don náisiún; agus
- Ábhar lena gcinntítear deis ag daoine a bhfuil cumas cruthaitheachta iontu in Éirinn saothar dá gcuid a chur i láthair dhaoine in Éirinn agus, nuair is féidir sin, thar lear.

Is é sainmhíniú oibre an Choimisiúin maidir leis na **Meáin Seirbhíse Poiblí (MSP)** eagraíochtaí faoi úinéireacht phoiblí le maoiniú poiblí arb é is mó a dhéanann siad ábhar ÁSP a chur ar fáil a bhíonn saor ó tháille ag pointe a thapaithe. Tagann na Meáin Seirbhíse Poiblí faoi réir rialála agus bíonn béim shoiléir ar fhreastal do riachtanais an phobail le sainordú faoin reachtaíocht maidir le hábhar a chur ar fáil ar bhealaí atá áisiúil do mhórchuid na ndaoine i bhformáidí agus ar ardáin craolacháin, digiteacha agus eile de réir mar is cuí. Cuireann na meáin seirbhíse poiblí ábhar ar fáil le rún fiúntas poiblí a chruthú, bíonn meon seirbhíse poiblí leo agus coinnítear le caighdeáin shonracha maidir le heitic gairmiúlachta.

Is é an sainmhíniú oibre atá ar **Sholáthraí Ábhair Seirbhíse Poiblí (SÁSP)** eagraíochtaí meán cumarsáide in earnálacha cló, ar líne agus craolacháin nach faoi úinéireacht phoiblí atá siad ach a chuireann ÁSP ar fáil don lucht féachana, éisteachta nó léitheoireachta.

## 2.3 An bunús faoin reachtaíocht le hábhar seirbhíse poiblí

Tá forálacha éagsúla reachtaíochta agus rialúcháin ag baint leis an gcreat feidhmiúcháin maidir le heagraíochtaí MSP agus SÁSP.

Leagtar amach san Acht Craolacháin 2009 a leagtar de chúram faoin reachtaíocht ar dhá chomhlacht MSP na hÉireann, RTÉ agus TG4, ÁSP a chur ar fáil san áireamh. Éilítear ar RTÉ faoin Acht seirbhís náisiúnta teilifíse agus raidió seirbhíse poiblí a chur ar fáil saor ó tháille ar an aer agus de chuspóir leis an tseirbhís freastal ar an uile dhuine ar oileán na hÉireann, iad siúd a bhfuil cónaí orthu i gceantar Gaeltachta san áireamh, chomh maith le pobal na hÉireann thar lear. Tá a leagtar de chúram ar TG4 faoin reachtaíocht ar aon dul lena leagtar ar RTÉ le béim faoi leith ar na ceantair Ghaeltachta agus ar chraoladh teilifíse trí Ghaeilge. Éilítear ar gach aon eagraíocht acu aird faoi leith a bheith acu ar an nGaeilge, cláir a chur ar fáil lena léirítear ilchineálacht cultúir, a chinntiú go gcuirtear réimsí clár ar fáil de sheánraí éagsúla, soirbhiú do chur in iúl cultúrtha na linne agus tréithe nuálaíochta agus tionscantachta a spreagadh maidir le cúrsaí craolacháin. Tá dlite faoin Acht ar RTÉ agus ar TG4 treisiú le fiúchas an daonlathais, faoi mar a chumhdaítear sa Bhunreacht, go háirithe maidir leis an tsaoirse tuairimí a nochtadh, agus aird a bheith ar ar a riachtanaí atá sé an pobal a dhéanamh eolach tuisceanach ar fhiúchas agus ar thraidisiúin thíortha eile, go háirithe tíortha san Aontas Eorpach.

Tá a leagtar de dhualgas ar na Meáin Seirbhíse Poiblí in Éirinn faoin reachtaíocht ag teacht leis an bhfiúchas a luaitear i gcomhthéacs níos forleithne maidir leis na Meáin Seirbhíse Poiblí ar fud na hEorpa. Luaitear sé

réimse fiúchais go sonrach leis na Meáin Seirbhíse Poiblí i mbunchháipéisíocht Aontas Craolacháin na hEorpa (EBU), cónaidhm chomhlachtaí Meán Seirbhíse Poiblí in 56 tír, maille le 21 balltír chomhaltach sa bhreis orthu sin:

- **Uilíocht:** Ba chóir na MSP a bheith á gcur ar fáil don oiread daoine agus is féidir agus ba chóir go gcuirfeadh an t-ábhar ar chumas an tsaoránaigh páirt a ghlacadh i ndíospóireacht oscailte agus forbairt a dhéanamh ar smaointeoireacht agus ar thuairimíocht;
- **Neamhspleáchas:** ionas go mbíonn éifeacht leo agus iontaoibh astu ar fud réimse uile na seánraí, ní mór MSP a bheith saor ó thionchar polaitíochta, tráchtála nó idé-eolaíochta;
- **Sárfheabhas:** ba chóir go bhféachfaí le hardchaighdeán gairmiúlachta agus ionracais a chinntiú i ndáil le MSP;
- **Ilchineálacht:** áirítear go mbíonn de shainordú le MSP réimse forleathan ábhair a chur ar fáil don lucht féachana agus éisteachta atá ilchineálach agus ag a bhfuil réimsí iléagsúla spéise; agus
- **Nuáil agus Cuntasacht:** ba chóir go mbeadh comhlachtaí MSP oscailte follasach maidir le cúrsaí feidhmiúcháin go hinmheánach agus é d'aidhm acu an nuáil agus an chruthaitheacht a chothú i gcóras na meán cumarsáide ina dtír féin. Tugtar san áireamh leis seo leas a bhaint as réimsí nua teicneolaíochta agus as formáidí nua chun spéis an lucht féachana agus éisteachta a spreagadh arís agus arís eile.[4]

Luaitear maidir le réimsí fiúchais MSP, mar a chuireann an EBU sin i láthair, plé le tuairimí éagsúla an phobail, deis cur i láthair a thabhairt don phobal, rannpháirtíocht an lucht éisteachta agus féachana, follasacht, agus ról na meán cumarsáide maidir le saol an daonlathais a chur chun cinn agus a chaomhnú.

Rinne an Coimisiún freisin an ról tábhachtach atá le SÁSP maidir le meáin chumarsáide tráchtála agus pobail ar an raidió, ar an teilifís, i gcló agus ar líne, a mheas i ndáil le ÁSP a chur ar fáil.

Virgin Media an t-aon oibritheoir neamhspleách ag a bhfuil ceadúnas oibriú in earnáil neamhspleách teilifíse na hÉireann agus a thagann faoi rialáil dá réir sin. Tá dlite ar an gcomhlacht faoi alt 70 an Achta Craolacháin 2009 cloí leis na critéir chéanna le RTÉ agus TG4 maidir le freastal do leasa agus d'ábhar buartha phobal uile na hÉireann, le síocháin agus comhthuiscint a chur chun cinn ar an oileán, na gnéithe iomadúla a bhaineann le cultúr agus saol na hÉireann a chur chun cinn, seasamh le meon an daonlathais, aird agus tuiscint an phobail ar mheon agus ar thraidisiún an Stáit agus bhallstáit an AE a chur chun cinn, agus lena chinntiú go ndéantar ábhar nuachta agus cúrsaí reatha a léiriú mar sciar réasúnta den ábhar cláir iomlán.[5] San aighneacht a chuir Virgin Media faoi bhráid an Choimisiúin, leagadh amach ról an chomhlachta maidir le ÁSP a chur chun cinn agus a chruthú in Éirinn, go háirithe maidir le hábhar cruthaitheachta agus spóirt, cláir nuachta agus cúrsaí reatha. D'infheistigh Virgin Media níos mó ná €100 milliún ina leithéid de ÁSP i rith na bliana 2020.

Tugann an tÚdarás Craolacháin ceadúnas faoi alt 63 agus alt 64 an Achta Craolacháin do stáisiúin raidió tráchtála agus do stáisiúin raidió pobail faoi seach. Déanann an tÚdarás Craolacháin rialáil ar ghnóthaí craolacháin le Cóid éagsúla, ina measc:

- Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta, ina ndéileáiltear le cúrsaí cothroime, oibiachtúlachta agus neamhchlaontachta in ábhar nuachta agus cúrsaí reatha;
- Cód um Chaighdeáin Chláir, trína bhféachtar le craoltóireacht chúramach a chur chun cinn, comhairle a chur ar an lucht féachana faoi na caighdeáin ar féidir a bheith ag tnúth leo ó sheirbhísí craolacháin agus a chur ar chumas an lucht féachana agus éisteachta craoltóirí a cheistiú sa chás go gcreidtear gur féidir iompar mhífhreagrach a chur i leith chraoltóra;

4 Aontas Craolacháin na hEorpa, 2021, Empowering Society A Declaration on the Core Values of Public Service Media.

5 Alt 70 san Acht Craolacháin 2009

- Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála, ina ndéileáiltear le fógraíocht, urraíocht, suíomh táirgí agus bolscaireacht thráchtála de chineálacha eile; agus
- Cód na bPáistí maidir le Cumarsáid Tráchtála, ina ndéileáiltear le fógraíocht, urraíocht, suíomh táirgí agus bolscaireacht thráchtála de chineálacha eile atá dírithe ar leanaí nó a chraoltar an tráth céanna le cláir do leanaí nó thart ar an tráth a gcraoltar cláir do leanaí.

Tá na meáin chumarsáide chlóite faoi fhéinrialáil trí Oifig Ombudsman an Phreasa agus Comhairle Preasa na hÉireann. Ballraíocht dheonach atá i gceist. Tá aitheantas faoin dlí ag Comhairle Preasa na hÉireann, in ainm Chomhairle an Phreasa, chun críche an Achta Clúmhillte 2009[6]. Is iad príomhchuspóirí na Comhairle:

- A chinntiú go gcosnaítear saoirse an phreasa tuairimí a nochtadh;
- Leas an phobail a chosaint trí thuairiscíocht eiticiúil, chruinn, fhírinneach ag lucht an phreasa a chinntiú;
- Caighdeáin íosta eitice agus gairme a choinneáil ar bun go cinnte i measc lucht an phreasa; agus
- A chinntiú go ndéantar príobháideacht agus dínit an duine a chosaint.

Mar chuid den ról rialála, éilíonn Comhairle an Phreasa ar eagraíochtaí nuachta in Éirinn cód iompair a leagan síos agus a choinneáil ar bun atá i gcomhréir le forálacha Chód Cleachtais na Comhairle féin. Luaitear i gcód na Comhairle bunphrionsabail an neamhspleáchais, an ionracais agus an chruinnis d'eagraíochtaí nuachta i mbun nuacht a léiriú, meon fiúchais atá buntábhachtach maidir le hÁSP ar ardchaighdeán. Sna haighneachtaí a chuir foilsitheoirí nuachtáin nó iriseáin faoi bhráid an Choimisiúin, bhí béim á leagan go seasta leanúnach ar an tábhacht atá leis an gCód Cleachtais agus le cloí le bunphrionsabail Chomhairle an Phreasa.

## 2.4 Fiúntas sóisialta agus tionchar eacnamaíochta na meán

Thug an Coimisiún suntas don tuairim thréan fhabhrach atá ag an bpobal i gcoitinne i leith na meán cumarsáide in Éirinn. Díríodh aird i mórchuid na n-aighneachtaí, ar tháinig os cionn 800 acu chuig an gCoimisiún ó dhaoine den phobal, ó eagraíochtaí meán cumarsáide agus ó chomhlachtaí ionadaíochta na bpáirtithe leasmhara, ar shamplaí den tairbhe shocheacnamaíochta agus den tionchar sóisialta a bhíonn ag comhlachtaí MSP agus ag SÁSP in Éirinn.

Ar na buntáistí a luadh don tsochaí, tá ról na meán cumarsáide maidir le nuacht neamhchlaonta agus cláir agus ábhar sainiúil de bhunadh na hÉireann a chur ar fáil, le réimsí de leithéid chúrsaí creidimh, ealaíne agus ceoil san áireamh. Téann comhlachtaí MSP in Éirinn i gcion trí ábhar a chur ar fáil den chineál a tharraingíonn muintir an náisiúin le chéile agus ábhar lena léirítear ilchineálacht i ndreamanna faoi leith agus ar fud dreamanna éagsúla de mhuintir na tíre. Áirítear ábhar den sórt sin a bheith ar fáil, ag freastal ní amháin do mhianta an duine faoi leith ach do riachtanas níos ginearálta an phobail i ndáil leis an daonlathas, le cúrsaí féiniúlachta agus le dlús sóisialta, ar an gcineál a luann lucht eacnamaíochta "gnéithe seachtracha" leo, tairbhe tríú páirtí don phobal, seachas don tomhaltóir amháin go díreach.

Cé go mbíonn tairbhe ag an bpobal as ÁSP a bheith a fáil, mar shampla nuacht neamhchlaonta nó cláir ealaíne agus cultúir ar ardchaighdeán, dá bhfágfaí faoin margadh sin a chur ar fáil, ní dhéanfaí soláthar mar ba chóir ó tharla nach ngnóthaítear an costas ar bhonn tráchtála. Cuirtear bonn leis an argóint, i bprionsabail, ar son maoiniú poiblí mar gheall go gcruthaítear gnéithe seachtracha fabhracha le ÁSP.

[6] Aighneacht Chomhairle Preasa na hÉireann agus Ombudsman an Phreasa

Go deimhin, cuireadh fianaise os comhair an Choimisiúin faoi réimse leathan buntáistí don phobal a eascraíonn ó Ábhar Seirbhíse Poiblí a chur ar fáil, ina measc:

- An bhuntáiste shuntasach maidir le cúrsaí eacnamaíochta go ginearálta a eascraíonn ó infheistíocht in ábhar cruthaitheachta de chuid na hÉireann, mar gheall ar fhorás agus  ar fhostaíocht a spreagadh i ngeilleagar na cruthaitheachta agus in earnáil na meán closamhairc, lucht cumais na hÉireann a chothú agus cur le cáil agus le clú na hÉireann go hidirnáisiúnta;
- An ról atá le comhlachtaí MSP agus le SÁSP ag treisiú le feidhmiú an daonlathais i saol na hÉireann;
- An tsaoirse tuairimí a nochtadh agus tabhairt faoi dhíospóireacht lán eolais a chosaint;
- Cur i láthair breise agus polarú nó antoisceachas a mhaolú;
- Treisiú leis an gceartas sóisialta;
- Iontaofacht tráth géarchéime;
- Cur leis an tuiscint agus leis an aird ar cheisteanna sóisialta agus treisiú le hilchineálacht agus le hionchuimsitheacht;
- Ábhar oideachais agus faisnéise;
- Tairbhe maidir le cúrsaí cultúir agus spóirt;
- Caidreamh a chothú leis an diaspóra;
- Cur leis an turasóireacht agus le hinfheistíocht ón iasacht; agus
- Comhthuiscint a chothú ar oileán na hÉireann.

Tagraíodh in aighneachtaí do ról na gcomhlachtaí MSP mar a bheadh "fiosrú agus  miondealú ar siúl acu ar fhorais náisiúnta agus ar thuairimí  na n-ionadaithe poiblí"; don tábhacht chinniúnach atá le daingne agus iomaíocht i dtimpeallacht na meán cumarsáide agus freastal á dhéanamh do réimse tuairimí; do ról na meán cumarsáide maidir leis an daonlathas agus rannpháirtíocht an phobail a chothú, follasacht a fheabhsú, léargas a thabhairt ar mhodh rialaithe na tíre, agus an rialtas a thabhairt faoi cheistiú.  Luadh in aighneachtaí eile ról na meán cumarsáide ag cur in aghaidh leatroim agus ag seasamh leis an gcomhionannas, ról na meán cumarsáide maidir le nuacht agus faisnéis údarásach a chur ar fáil, agus iriseoireacht fhiosrúcháin a dhéanamh. Sonraíodh nuachtáin áitiúla agus meáin chumarsáide pobail a bhfuil traidisiún seanbhunaithe ceangailte leo maidir le rannpháirtíocht agus leis an daonlathas in Éirinn; seasamh leis an daonlathas ar an leibhéal áitiúil le tráchtaireacht nach féidir a thabhairt i gcrích ar an gcuma chéanna díreach ar an leibhéal náisiúnta.

Luadh i roinnt aighneachtaí go ndearna na meáin chumarsáide in Éirinn beart in am an ghátair i rith phaindéim Covid-19 agus gur cuireadh faisnéis bharrthábhachtach, cúnamh oideachais agus cúnamh sóisialta ar fáil don saoránach chomh maith le hábhar spreagúil siamsaíochta.  Mar a cuireadh síos in aighneacht amháin, níor tharla riamh an phríomhchuspóir agus an chúis le meáin seirbhíse poiblí chomh soiléir agus a tharla tráth na paindéime.

D'éist an Coimisiún cuid mhór fianaise faoi ardleibhéal muiníne a bheith ag an bpobal i SÁSP in Éirinn, faoi sheirbhís eadrannach mhaolánach a chur ar fáil in aghaidh dhrochthoradh na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise agus faoi chlaonta míchothroime, aontaobhachais agus easaontais a sheachaint a tháinig chun cinn sna meáin chumarsáide i dtíortha eile sa Domhan Thiar.

## 2.5 Na Meáin agus an Daonlathas

Leagtar béim i dTéarmaí Tagartha an Choimisiúin ar a thábhachtaí, maidir le daonlathas den rath, atá iriseoireacht neamhchlaon neamhspleách ar ardchaighdeán trína dtugtar tuairisc chothrom ar chúrsaí lena bhfuil tábhacht náisiúnta, réigiúnach, náisiúnta, Eorpach nó idirnáisiúnta.

I rith obair an Choimisiúin, coinníodh béim ghéar ar an ábhar sin, agus éisteadh le tuairimí ón bpobal i gcoitinne, ó pháirtithe leasmhara de chuid an tionscail agus ó shaineolaithe maidir leis na meáin chumarsáide faoina leagtar de ról agus de fhreagracht ar na meáin chumarsáide i gcóras an daonlathais. Breithníodh chomh maith tuairimí ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir leis na meáin chumarsáide agus an daonlathas agus fianaise chomparáideach faoin riocht ina bhfuil an daonlathas agus córas na meán chumarsáide in Éirinn. Tugtar cur síos anseo ar roinnt de na poncanna ábhartha a eascraíonn ó mheastóireacht agus ó phlé an Choimisiúin.

Shonraigh an Coimisiún ar ról na meán cumarsáide i gcóras daonlathais den rath:

- Seasamh leis an tsaoirse tuairimí a nochtadh trí chead cainte a thabhairt don saoránach agus ardán a chur ar fáil do thuairimí an phobail;
- Réimse poiblí a chur ar fáil inar féidir tuairisc a thabhairt ar cheisteanna na linne agus ar leasa an phobail agus inar féidir plé agus díospóireacht a dhéanamh ar smaointe agus ar roghanna beartais;
- Bonn a chur faoin iolrachas trí éagsúlacht tráchtaireachta a chur ar fáil lena léirítear réimse tuairimíochta, tuairimí a bhféadfaí neamhaird a dhéanamh orthu dá uireasa sin san áireamh;
- An pobal a choinneáil ar an eolas ar bhealach atá cóir, cruinn, cothrom; agus
- Feidhmiú mar a bheadh “foras faire” ann ag an bpobal agus lucht na cumhachta a thabhairt faoi cheistiú.

Ní mór saoirse, neamhspleáchas agus iolrachas a bheith ag baint leis an eagraíocht meán cumarsáide féin chun na feidhmeanna tábhachtacha sin a chomhlíonadh. Ní mór dóibh a bheith in acmhainn an tsaoirse tuairim a nochtadh a fheidhmiú, a gcuid dualgais a chomhlíonadh gan scáth ná himeaglú, agus fanacht saor ó smacht eacnamaíochta. Dá réir sin, tugtar cosaint faoi leith do chóras na meán cumarsáide faoin dlí ionas gur féidir an ról agus an fhreagracht a cheaptar leis a chomhlíonadh.

Thug an Coimisiún chun suntais go bhfuil ról faoi leith leis an Stát maidir lena chinntiú go mbíonn cosaint ag na meáin chumarsáide agus ag lucht gairme na meán cumarsáide i mbun a gcuid oibre agus a gcúraim. Léirítear sin go maith sa tuairim seo ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine: “Éilítear ar na stáit modh éifeachtúil a chur ar bun maidir le húdair agus iriseoirí a chosaint ionas go gcruthaítear timpeallacht atá fabhrach don uile dhuine lena mbaineann maidir le páirt a ghlacadh i ndíospóireacht phoiblí ionas go gcuirtear ar a gcuma a gcuid tuairimí agus a gcuid smaointe a chur in iúl gan aon chúis eagla, fiú sa chás go dtéann na smaointe nó na tuairimí sin in aghaidh a mbíonn á chur i gceist ag na húdaráis oifigiúla nó in aghaidh thuairimí chuid mhór den phobal, nó fiú sa chás gur tuairimí nó smaointe iad a bheadh ina ábhar bearráin nó uafáis ag cuid mhór den phobal”.[8]

Thug an Coimisiún chun suntais freisin, cé gur ceart bunúsach an ceart tuairimí a nochtadh, nach ceart gan choinníoll atá ann. Ní mór an aird chuí ar choinníollacha eile faoin dlí agus faoin mbunreacht nuair a bhíonn leas á bhaint as an gceart tuairim a nochtadh, mar shampla, an t-ord poiblí nó dea-cháil saoránaigh a chaomhnú, mar a ndéantar foráil dóibh faoi Airteagal 40 i mBunreacht na hÉireann.

[7] Treoir faoi Airteagal 10 an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine. An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (Lúnasa 2020, p.12).

Áitítear in Airteagal 10.2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine go ngabhann le feidhm a bhaint as an tsaoirse tuairimí a nochtadh réimsí dualgais agus réimsí freagrachta agus gur amhlaidh sin i gcás na meán cumarsáide. Leagtar amach sa Chúirt roinnt de na réimsí dualgais agus freagrachta atá i bhfeidhm maidir leis na meáin chumarsáide go ginearálta, agus le gairm na hiriseoireachta go háirithe, mar shampla an ceangal go ndéanfadh iriseoirí atá i mbun tuairiscíochta ar cheisteanna ina bhfuil spéis go ginearálta agus a ligeann ról "foras faire" an phobail orthu féin, feidhmiú de mheon maith agus faisnéis a chur ar fáil atá cruinn, iontaofa, beacht agus i gcomhréir le heitic na hiriseoireachta, le cóid iompair na gairme agus lena leagtar de dhualgas ar an iriseoir freagrach.

Tháinig an Coimisiún ar an mbreith, ar mhachnamh agus plé a dhéanamh ar an ábhar, go bhfuil gá i gcóras daonlathais den rath le "fáinne óir", nó le ceangal comhair agus cúitimh, idir córas na meán cumarsáide agus próisis an daonlathais. Bíonn i gceist leis sin, ar thaobh amháin, eagraíochtaí meán cumarsáide atá saor, neamhspleách, iolraíoch agus freagrach ó thaobh eitice ag treisiú leis an tsaoirse tuairimí a nochtadh trí fhaisnéis a chur ar fáil atá beacht neamhchlaon, trína chinntiú go mbíonn tuairimí iléagsúla le cloisteáil agus feidhmiú mar a bheadh lucht faire ann ag an bpobal. Ar an taobh eile, éilítear ar an Stát seasamh le ról agus le feidhmiú na meán cumarsáide trí, mar shampla, iriseoirí a chosaint agus a choinneáil slán, iolrachas a chinntiú i gcóras na meán cumarsáide, a chinntiú go ndéantar neamhspleáchas eagarthóireachta a chaomhnú ó smacht tráchtála, polaitíochta nó eile agus, beartas agus córas rialála a choinneáil ar bun lenar féidir an cion tairbhe is mó a dhéanfadh na meáin chumarsáide do chóras an daonlathais a thabhairt i gcrích.

Déantar réimsí fiúchais den sórt seo a chódú i gconarthaí an AE agus in ionstraimí ar leibhéal bunreachta agus dlí idir na ballstáit. Luaitear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhfuil an t-iolrachas le háireamh ar shaintréithe an daonlathais san AE.

**Tábla 2-1** *Airteagal 2, am Conradh ar an Aontas Eorpach*

| |
|---|
| Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar urramú dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir. |

Ar an gcuma chéanna, meastar gur bhunghné den tsochaí dhaonlathach an tsaoirse tuairimí a nochtadh agus déantar foráil dó sin faoin dlí idirnáisiúnta, faoi dhlí an AE agus faoi Bhunreacht na hÉireann. Luann an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go bhfuil an tsaoirse tuairimí a nochtadh le háireamh leis "an mbunús riachtanach atá faoin tsochaí dhaonlathach". Déantar an ceart tuairimí a nochtadh a chumhdach sna reachta seo a leanas, gan an t-iomlán a lua:

- Dearbhú Uile-Choiteann Cearta an Duine, Airteagal 19
- An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, Airteagal 19
- An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, Airteagal 10
- Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Airteagal 11
- Bunreacht na hÉireann, Airteagal 40.6.1.i

**Tábla 2-2** *Airteagal 11, Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh*

| |
|---|
| **1.** Tá ag gach uile dhuine an ceart chun saoirse nochtaithe tuairime. Folóidh an ceart sin saoirse chun tuairimí a bheith ag an duine agus faisnéis agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó údarás poiblí agus ar neamhaird ar theorainneacha. |
| **2.** Déanfar saoirse agus iolrachas na meán a urramú. |

**Tábla 2-3** *Airteagal 40.6.1.i, Bunreacht na hÉireann*

| |
|---|
| Ráthaíonn an Stát saoirse chun na cearta seo a leanas a oibriú ach sin a bheith faoi réir oird is moráltachta poiblí:<br><br>Ceart na saoránach chun a ndeimhní is a dtuairimí a nochtadh gan bac.<br><br>Ach toisc oiliúint aigne an phobail a bheith chomh tábhachtach sin do leas an phobail, féachfaidh an Stát lena chur in áirithe nach ndéanfar orgáin aigne an phobail, mar shampla, an raidió is an preas is an cineama, a úsáid chun an t-ord nó an mhoráltacht phoiblí nó údarás an Stáit a bhonnbhriseadh. |

### 2.5.1 Slata Tomhais Idirnáisiúnta maidir leis na meáin agus leis an daonlathas in Éirinn

Rinne an Coimisiún táscairí éagsúla a bhreithniú d'fhonn tuiscint a fháil ar chúrsaí feidhmíochta maidir leis na meáin chumarsáide agus le córas an daonlathais in Éirinn agus leis an gceangal eatarthu. Cé nach bhfuil aon táscaire ar bith lena mbeadh léargas cuimsitheach ar chastacht an cheangail, ba é breith an Choimisiúin, go ginearálta, go bhfuil Éire le lua i measc na dtíortha daonlathacha is buaine agus is fearr feidhme ar fud an domhain agus gur ábhar molta a eascraíonn ó Éirinn a chur i gcomparáid le tíortha eile go hidirnáisiúnta maidir le saoirse agus neamhspleáchas na meán cumarsáide. Mar shampla:

- Is léir ó shraith taighde Eurobaraiméadar an AE dearcadh fabhrach go seasta leanúnach i measc phobal na hÉireann ar an AE agus tuairim ardmholtach i leith na meán cumarsáide in Éirinn. Is léir ón suirbhé is deireanaí de chuid Eurobaraiméadar[8] go bhfuil dearcadh fabhrach ag 75% de mhuintir na hÉireann ar an AE go ginearálta, ráta i bhfad níos airde ná mar atá an meánráta 46% ar fud an AE ar fad. Aontaíonn 77% de mhuintir na hÉireann go dtugtar leas na hÉireann san áireamh go suntasach san AE, an ráta is airde san AE agus cuid mhaith níos airde ná an meánráta 57% ar fud an AE. Deir 74% de mhuintir na hÉireann gur dá gclaonadh muinín a bheith acu san AE, ráta arís atá cuid mhaith níos airde ná an meánráta 49% ar fud an AE agus gan ráta níos airde, 78%, ach aon tír amháin, sa Phortaingéil. Cé go dtagann tosca iomadúla i gceist le tuairim phobal na hÉireann ar an AE, is díol suntais gur dóigh le pobal na hÉireann go bhfuil eolas sármhaith acu ar an AE. Léirítear in Eurobaraiméadar 92 (2019) gur mheas 61% de phobal na hÉireann go raibh siad "eolasach" faoi chúrsaí na hEorpa, an leibhéal is airde in aon cheann de bhallstáit an AE. Is léir ó thorthaí an tsuirbhé chéanna sin, go bhfuil tuairim níos fabhraí ag pobal na hÉireann i leith na meán cumarsáide sa tíre ná mar atá in aon tír eile ar fud an AE, le ráta fabhrach maidir le faisnéis a chur ar fáil atá iontaofa agus saor ó bhrú polaitíochta nó ó bhrú tráchtála, agus maidir le réimse leathan smaointe agus tuairimí a chur i láthair.

[8] Eurobaraiméadar 94, Geimhreadh 2020 - 2021

- Faoin Innéacs Daonlathais de chuid an Economist Intelligence Unit (EIU), bunaithe ar tháscairí arna rangú i gcúig cinn de chatagóirí: an próiseas toghchánaíochta agus iolrachas, rannpháirtíocht i gcúrsaí polaitíochta, cultúr na polaitíochta agus saoirsí sibhialta, tá Éire le lua ar an 10 dtír daonlathais is fearr ar fud an domhain ón mbliain 2016 i leith. Sa bhliain 2017, chuir an EIU Innéacs Saoirse na Meán Cumarsáide le chéile, d'fhonn leibhéal na saoirse a bhíonn ag na meáin chumarsáide i ndlínsí éagsúla ar fud an domhain a léiriú.  Rangaítear Éire ar chomhchéim ar bharr an liosta maidir le  Innéacs Saoirse na Meán Cumarsáide, tráth a raibh, de réir an EIU, deis ar mheáin chumarsáide saor ó chur isteach á shéanadh ar níos mó ná leath de dhaonra an domhain agus teorainn á chur lena gceart maidir le saoirse coinsiasa agus saoirse tuairim a nochtadh.

- Faoi Innéacs Saoirse Iriseoireachta an Domhain, arna chur i dtoll a chéile ag Reporters without Borders, rangaítear 180 tír i ndáil le saoirse na meán cumarsáide.  Luaitear Éire sa dara háit déag ar fud an domhain in Innéacs Saoirse Iriseoireachta na bliana 2021, ardú aon ionad amháin ón mbliain 2020. Sa tuairisc i leith na hÉireann, leagtar béim ar dheacrachtaí éagsúla i ndáil le saoirse iriseoireachta, ábhar buartha san áireamh maidir leis an gcostas ard a ghabhann le caingean clúmhillte, dlús agus cúinge maidir le húinéireacht na meán cumarsáide agus deacrachtaí marthanachta atá á gcur roimh na meáin chumarsáide in Éirinn.

- Monatóir ar Iolrachas na Meán (MPM), deis d'fhonn réimsí baoil maidir le hiolrachas na meán cumarsáide i mballstáit an AE a thabhairt chun suntais, lena ndéantar ábhar baoil i leith an iolrachais a mheas i gcomhréir le 20 táscaire i gceithre rang faoi leith: Bunchosaint, Iolrachas an Mhargaidh, Neamhspleáchas Polaitíochta  agus Ionchuimsitheacht Shóisialta. De réir mheasúnacht MPM 2020 i leith na hÉireann, is beag baol atá ann d'iolrachas na meán cumarsáide tríd is tríd.

    - Sa chatagóir maidir le "Bunchosaint", lena gceanglaítear na siocracha bunúsacha maidir le sochaí iolrachais agus daonlathais, ina measc bearta cosanta maidir le saoirse tuairim a nochtadh, agus an ceart faisnéis a lorg, a fháil agus a chur in iúl; stádas agus sábháilteacht iriseoirí; neamhspleáchas agus éifeachtúlacht údarás na meán cumarsáide; an sciar den daonra a dtéann na meáin chumarsáide thraidisiúnta i gcion orthu agus deis ceangal leis an idirlíon, áirítear gur beag an baol tríd is tríd atá i gceist i gcás na hÉireann.¬

    - Sa chatagóir maidir le "Iolrachas an Mhargaidh", faoina ndéantar meastóireacht ar réimsí baoil a thagann chun tosaigh i gcomhthéacs mhargadh na meán cumarsáide, réimse cúng dlúth úinéireachta san áireamh, maille le follasacht i ndáil le cúrsaí úinéireachta; tionchar tráchtála ar ábhar eagarthóireachta agus inmharthanacht ghnóthaí léiriúcháin, áirítear gur baol measartha atá i gceist tríd is tríd i gcás na hÉireann agus go bhfuil baol mór le lua le táscairí áirithe, réimse cúng comhdhlúth úinéireachta na meán cumarsáide nuachta ar cheann acu.  Tugtar chun aire sa tuairisc chomh maith nach bhfuil cúnamh ar fáil, taobh amuigh den táille ceadúnais, ag comhlachtaí MSP maidir le meán cumarsáide nuachta.

    - Sa chatagóir maidir le "Neamhspleáchas Polaitíochta", trína ndéantar meastóireacht ar réimsí baoil maidir le gnéithe polaitíochta a thabhairt i gceist leis na meáin chumarsáide, lena n-áirítear smacht polaitíochta ar eagraíochtaí na meán cumarsáide agus ar an ábhar; smacht ar chomhlachtaí MSP maidir le féinrialáil agus le neamhspleáchas eagarthóireachta; agus bearta cosanta in éadan nósanna mí-ionramhála maidir le fógraíocht polaitíochta ar na meáin chumarsáide closamhairc agus ar ardáin ar líne, áirítear gur baol measartha atá i gceist tríd is tríd i gcás na hÉireann.  Baol measartha a áirítear a bheith i gceist maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta.  Tugtar chun aire san MPM nach ndéantar rialáil i ndáil le cur isteach polaitíochta maidir le gnóthaí ceapacháin ná le próisis eagarthóireachta ach gur beag fianaise ann go dtarlaíonn cur isteach dá leithéid.  Ar an ábhar sin, áirítear gur beag an baol atá i gceist maidir le neamhspleáchas polaitíochta.  Áirítear gur beag baol a bhíonn i gceist tráth toghchánaíochta nó nuair a tharlaíonn cora polaitíochta agus gur léir ina leithéid de chás an bhéim thréan atá ar oibiachtúlacht agus ar neamhchlaontacht faoi Alt 39 san Acht Craolacháin 2009. Tugtar chun suntais chomh maith gur gné sheanbhunaithe den ábhar nuachta agus cúrsaí reatha in Éirinn an chothroime agus an neamhchlaontacht i mbun na craoltóireachta faoi ábhar polaitíochta.  Dá ainneoin sin, tugtar chun aire sa tuairisc gur díol suntais an t-easpa follasacht maidir le fógraíocht polaitíochta ar líne.  Anuas ar an méid sin, cé go meastar gur beag an baol ag

baint mar réimse le rialáil an Stáit ar acmhainní agus ar chúnamh an Stáit do na meáin chumarsáide, luaitear sa tuairisc go mbaineann doiléire le rialacha maidir le fógraíocht Stáit agus nach gcoinnítear clár poiblí maidir leis an dáileadh ar fhógraíocht den sórt sin. Áirítear baol measartha a bheith i gceist maidir le rialachas agus cistíocht chomhlachtaí MSP mar gheall ar an dóigh go bhféadfadh cur isteach polaitíochta tarlú i ndáil le comhaltaí a cheapadh ar bhoird chomhlachtaí MSP. Luaitear sa bhreis air sin gur féidir táille an cheadúnais a shocrú de réir rogha an aire.

- Sa chatagóir maidir le "Ionchuimsitheacht Shóisialta", trína ndéantar meastóireacht ar réimsí baoil maidir le teacht ar na meáin chumarsáide ag dreamanna éagsúla sóisialta agus cultúir, chomh maith le polasaithe maidir le litearthacht na meán cumarsáide agus leibhéil scile na ndaoine, áirítear gur baol measartha atá i gceist tríd is tríd i gcás na hÉireann. Áirítear baol an-mhór a bheith i gceist maidir le teacht ag dreamanna mionlaigh ar na meáin chumarsáide. Luaitear sa tuairisc gur ábhar mionchasta seo ó thaobh an dlí in Éirinn ó tharla nach bhfuil aitheantas foirmeálta do dhreamanna mionlaigh i gceist agus go bhfuil lucht labhartha na Gaeilge ar an aon dream mionlaigh amháin a ndéantar foráil dó faoi reachtaíocht na meán cumarsáide, go háirithe maidir le craoltóireacht. Tugtar chun aire chomh maith nach bhfuil aon dualgas ar chraoltóirí ábhar a chur ar fáil do lucht féachana nó éisteachta mionlaigh. Luaitear sa tuairisc chomh maith an éiginnteacht maidir le cistíocht do mheáin chumarsáide pobail. Meastar gur beag an baol a bhaineann le teacht ar na meáin chumarsáide ag daoine faoi mhíchumas agus go bhfuil baol measartha i gceist le deis ag mná ar na meáin chumarsáide - luann na húdair torthaí taighde lena léirítear nach mó líon na mban ná an tríú cuid de lucht gairme na meán cumarsáide in Éirinn. Áirítear baol measartha i gceist maidir le litearthacht na meán cumarsáide agus tugann na húdair chun suntais breith Eurostat go bhfuil 36% de mhuintir na hÉireann ar leibhéal íseal scileanna digiteacha.

- Leagtar amach sa Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an Smacht Reachta measúnacht cáilíochta de chuid an Choimisiúin ar an smacht reachta sna ballstáit, lena n-áirítear cúrsaí iolrachais agus saoirse maidir leis na meáin chumarsáide, nithe a luaitear a bheith cionsiocrach maidir leis an smacht reachta, cuntasacht faoin daonlathas agus cur i gcoinne an éilliúcháin.[10] Tugtar faoi bhreithniú sa tuarascáil ceisteanna atá bunúsach i ndáil le gnéithe iolrachais agus saoirse maidir leis na meáin chumarsáide: neamhspleáchas údaráis rialála, follasacht maidir le húinéireacht na meán cumarsáide, fógraíocht Stáit, sábháilteacht iriseoirí agus teacht ar fhaisnéis. Tugtar cuntas i Tuarascáil Tíre na bliana 2020 maidir le hÉirinn ar an timpeallacht siocrach i ndáil le hiolrachas agus saoirse maidir leis na meáin chumarsáide in Éirinn agus admhaítear na torthaí ó Monatóir ar Iolrachas na Meán (MPM) 2020, le haird faoi leith ar éifeacht, follasacht agus neamhspleáchas a cheapadh leis an Údarás Craolacháin agus gur beag baol d'iolrachas na meán cumarsáide atá i gceist le leibhéal neamhspleáchais na heagraíochta sin.[11] Tugtar chun aire nach bhfuil rialacha faoi leith i bhfeidhm maidir le fógraíocht de chuid an Stáit ar na meáin chumarsáide. Os a choinne sin, tugann an Coimisiún chun suntais nach luaitear ach an t-aon chás amháin ina leith sin le blianta beaga anuas, conspóid faoina bheith á éileamh ar nuachtáin áitiúla agus réigiúnacha ábhar, lena raibh plean forbartha de chuid an rialtais, Éire 2040, á chur chun cinn, a fhoilsiú ar bhealach a bhféadfaí a rá gur bhain doiléire leis maidir le dealú idir ábhar eagarthóireachta agus ábhar fógraíochta.[11] Tugann an Coimisiún chun aire chomh maith gur cosúil an creatchóras cosanta maidir le hiriseoirí docht daingean agus luaitear an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 go sonrach ina leith sin. Tugtar chun aire chomh maith nár tharla foláireamh ar bith a fhoilsiú ar an ardán atá ag Comhairle na hEorpa maidir le caomhnú na hiriseoireachta agus sábháilteacht na n-iriseoirí a chur chun cinn. Maidir le clúmhilleadh, tugtar chun aire gealltanas i gClár an Rialtais faoi láthair an reachtaíocht a leasú. Tugtar chun aire chomh maith go gcinntítear teacht ar fhaisnéis leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, agus go gcloítear go maith leis an reachtaíocht ina leith sin.

[9] TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN 2020 Rule of Law Report The rule of law situation in the European Union https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020DC0580&from=EN

[10] An Coimisiún Eorpach, 2020 Rule of Law Report Country Chapter on the rule of law situation in Ireland, SWD(2020) 306 final l.11.

[11] Ibid. ll. 12 - 13.

### 2.5.2 Cur in aghaidh mífhaisnéise agus bréagaisnéise

Rinne an Coimisiún an bhagairt a bhaineann le scaipeadh mífhaisnéise agus bréagaisnéise don phobal agus don daonlathas a mheas. Tugadh chun aire go raibh an bhagairt a ghabhann le mífhaisnéis ríshoiléir i rith phaindéim COVID 19, tráth a raibh faisnéis bhréige faoin víreas á scaipeadh go forleathan. I mí Meitheamh 2020, d'eisigh an AE Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le "plá faisnéise Covid-19" agus an t-ábhar baoil a bhain le tuairiscí bréige, míthreorach agus míchruinnis maidir leis an gcoróinvíreas don tsochaí oscailte.[12] Cuireadh ábhar buartha in iúl don Choimisiún freisin faoin mbagairt do thoradh toghcháin a d'fhéadfadh a theacht i gceist le mífhaisnéis. Tá ábhar buartha faoi leith ag baint le blianta beaga anuas le sonraí pearsanta a úsáid chun mífhaisnéis a dhíriú go mionsonrach ar vótálaithe, agus cás Cambridge Analytica agus reifreann Breatimeachta na bliana 2016 ar an gcás is suntasaí.

Thug an Coimisiún lón fianaise faoi mheas lena gceapfaí go bhfágann cúinsí áirithe pobal níos seasmhaí in aghaidh mífhaisnéise. Áirítear ar na cúinsí sin gur beag polarú atá le sonrú, gur mór an muinín a chuirtear sna meáin chumarsáide, go bhfuil comhlachtaí MSP tréan, leathanréimseach, nach bhfuil lucht féachana agus éisteachta na nuachta dealaithe chomh mór sin ina ndreamanna éagsúla, gur margaí beaga fógraí atá i gceist agus gur lú líon lucht úsáide na meán sóisialta. Is dóiche dá réir sin go mbeidh seasamh[13] níos fearr in aghaidh mífhaisnéise sna tíortha is tréine ina gcuirtear bonn daingean faoi na meáin chumarsáide ná sna tíortha is laige ina ndéantar sin.

Tá litearthacht na meán cumarsáide ar cheann de na bealaí inar féidir seasamh in aghaidh mífhaisnéise a chothú ó chuirtear ar chumas na ndaoine a bheith ina saoránaigh lán eolais agus ábhar meán cumarsáide a léirmheas agus a mhíniú go mion géar le scileanna éagsúla teicneolaíochta agus smaointeoireachta.

Thug an Coimisiúin chun aire tionscadail éagsúla d'fhonn scileanna lucht éisteachta agus féachana na hÉireann maidir le litearthacht meán cumarsáide a chothú, ina measc beartas an Údaráis Craolacháin maidir le litearthacht meán cumarsáide. Soirbhíonn an tÚdarás Craolacháin freisin don fhorbairt agus don comhordú ar líonra Litearthacht Meán Cumarsáide na hÉireann ar a bhfuil páirtithe leasmhara maidir leis an réimse sin ag feidhmiú ar bhonn deonach. Luann an tÚdarás Craolacháin go bhfuil an líonra ar an bpríomhchóras cumarsáide, comharoibre agus malartú eolais ar fud na n-earnálacha éagsúla i ndáil le ceisteanna a bhaineann le litearthacht na meán cumarsáide in Éirinn.

Ar leibhéal an phobail, tá oiliúint idirchultúrtha maidir le litearthacht na meán cumarsáide á chur ar fáil ag Near FM, stáisiún raidió pobail i mBaile Átha Cliath, trí dheiseanna a chur ar fáil d'oibrithe deonacha oibriú ar chláir raidió a léiriú le daoine nach den bhunadh cultúir amháin iad.[14]

Is cuid den chóras oideachais Webwise, Ionad na hÉireann maidir le Feasacht Sábháilteacht Idirlín, a ndéanann an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Saoráid an AE maidir le Cónascadh na hEorpa maoiniú i gcomhar air. Tagann Webwise faoin tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí trína ndéantar slánchóiriú ar theicneolaíocht dhigiteach sa teagasc agus san fhoghlaim i scoileanna bunleibhéil agus i scoileanna dara leibhéal a chothú agus a chur chun cinn chomh maith le hacmhainní maidir le sábháilteacht idirlíne a chur ar fáil. Ar cheann de na hacmhainní sin, tá Laochra HTML, maidir le curaclam Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na bunscoile. Tá an clár, arna leagan amach do leanaí rang a trí agus rang a ceathair, dírithe ar réimsí éagsúla d'fhonn scileanna an linbh maidir le litearthacht meán cumarsáide a thabhairt chun cinn, treisiú lena gcuid géarsmaointeoireachta agus an t-eolas a chur ar fáil dóibh atá riachtanach maidir le cumarsáid a dhéanamh go sábháilte éifeachtúil ar líne. Bronnadh Gradam Eorpach Litearthacht Meán Cumarsáide don togra litearthacht meán cumarsáide is oideachasúla do dhaoine idir 7 agus 10 mbliana d'aois ar Laochra HTML sa bhliain 2019.

[12] European Commission Joint Communication: Tackling COVID-19 - Getting the facts right https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52020JC0008

[13] https://blogs.lse.ac.uk/medialse/2020/04/08/why-resilience-to-online-disinformation-varies-between-countries/

[14] NEAR 90.3 FM https://nearfm.ie/

Acmhainn saor in aisce ar mhaithe le litearthacht meán cumarsáide is ea MediaWise a chuirtear ar fáil le húsáid i ngach seomra ranga bunscoile in Éirinn. Tá de rún le MediaWise cuidiú le leanaí cur lena gcuid tuisceana ar na meáin chumarsáide, ar fhógraíocht agus ar mhargaíocht ionas go mbeadh d'acmhainn na leanaí cinntí lán eolais a dhéanamh maidir le rudaí a bhfuil gá leo agus rudaí a gcuirtear spéis iontu bunaithe ar na fógraí margaíochta a chuirtear os a gcomhair.

Clár saor in aisce do na scoileanna dara leibhéal is ea Press Pass a sheol NewsBrands Ireland sa bhliain 2012. Foilsitheoirí nuachta a chuir an maoiniú ar fáil don tionscnamh, arna fhorbairt i gcomhairle leis an Roinn Oideachais, agus tá isteach is amach le 90,000 dalta in Éirinn a raibh leas acu as go dtí seo.

Is tionscnamh an láithreán gréasáin CLiC News a chuir an Oifig Rochtana agus Comhpháirteachais Phoiblí (RCP), Mic Léinn ag Foghlaim le Pobail (MLFP) agus Scoil na Meán Cumarsáide in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar siúl. RCP a dhéanann comhordú ar an láithreán gréasáin le hábhar a chuireann mic léinn iriseoireachta i Scoil na Meán Cumarsáide ar fáil. Cruthaíodh láithreán gréasáin CLiC News go speisialta do dhaltaí na bunscoile trí leas a bhaint ar bhealach tairbheach as an tóir a bhíonn ag leanaí ar an idirlíon. Tugtar aiseolas ó mhúinteoirí agus ó dhaltaí san áireamh nuair a bhíonn gnéscéalta nuachta á n-ullmhú.

### 2.5.3 Cúrsaí sábháilteachta agus slándála maidir le foilsitheoirí agus iriseoirí

Cuireadh in iúl don Choimisiún go bhfuil cás na hÉireann maidir le foilsitheoirí agus iriseoirí a chosaint tréan i gcomparáid le tíortha eile ach nach amhlaidh . Tharla plé an Choimisiúin tráth a raibh comóradh ar chothrom 25 bliain ó feallmharaíodh Veronica Guerin agus ar fheallmharú Peter De Vries, iriseoir maidir le cúrsaí coireachta san Ollainn ó shin i leith, dhá chomhartha chomh soiléir agus a d'fhéadfadh a bheith nach féidir talamh slán a dhéanamh de shábháilteacht iriseoirí fiú amháin i dtíortha a bhfuil an daonlathas go seanbhunaithe iontu.

Thug an Coimisiún chun aire tuairiscí eile faoi bhagairt níos eagraithe do shaoirse na meán cumarsáide i dtíortha de chuid an AE, mar shampla san Ungáir, sa Pholainn agus i Málta. Tugtar chun aire i dtuarascáil le Comhairle na hEorpa go bhfuil cur isteach níos mó á dhéanamh ag an rialtas san Ungáir i gcóras na meán cumarsáide agus go bhfuil cúngú maidir le húinéireacht chomhlachtaí meán cumarsáide ina bhagairt maidir le teacht ag an bpobal ar fhoinsí neamhspleácha faisnéise[15]. Tá ábhar buartha ag baint le greim an Stáir ar chomhlachtaí MSP sa Pholainn chomh maith agus maidir le fabhar leis an Rialtas sa tuairiscíocht MSP ar fheachtais toghchánaíochta.[16] Táthar ag cur leis an ábhar buartha maidir le saoirse meán cumarsáide i Málta le blianta beaga anuas agus ba díol suntais faoi leith iriseoir fiosrúcháin a mharú sa bhliain 2017.[17]

Tá foláireamh á fhógairt ag an Ardán maidir le Cosaint Iriseoireachta agus Cumhdach Iriseoirí a Chur chun Cinn[18], arna riar faoi scáth Chomhairle na hEorpa, maidir le bagairt do shaoirse na meán cumarsáide ar fud bhallstáit Chomhairle na hEorpa. Ó rinneadh a sheoladh sa bhliain 2015, eisíodh 749 foláireamh maidir le 40 tír.[19] Is den suntas go bhfuil Éire agus an Phortaingéil ar an dá thír de chuid Chomhairle na hEorpa nár eisíodh foláireamh ina leith ar an ardán go dtí seo.

[15] Hands off Press Freedom: Attacks on media in Europe must not become a new normal. Tuarascáil Bhliantúil (2020) na n-eagraíochtaí comhlachais in Ardán Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint Iriseoireachta agus Cumhdach Iriseoirí a Chur chun Cinn

[16] http://www.cfom.org.uk/2019/07/18/state-capture-of-public-media-the-case-of-wiadomosci-the-news-polish-public-television-main-daily-newscast/

[17] Hands off Press freedom: attacks on media in Europe must not become a new normal (2020), Annual Report by the partner organisations to the Council of Europe Platform to Promote the Protection of Journalism and Safety of Journalists

[18] https://www.coe.int/en/web/media-freedom


[19] An tOll. Tarlach McGonagle et. al, Safety of journalists and the fighting of corruption in the EU, Beart staidéir arna iarraidh ag Coiste Pharlaimint na hEorpa maidir le Saoirsí Sibhialta, Ceartas agus Gnóthaí Baile, An tAontas Eorpach, 2020.

## 2.6 Nuacht agus Cúrsaí Reatha

Cuireadh cuid mhór fianaise ó lucht na meán cumarsáide agus ó pháirtithe leasmhara eile os comhair an Choimisiúin maidir leis an tábhacht atá le nuacht agus cúrsaí reatha i saol na tíre. Ar cheann de na téamaí a cuireadh i láthair arís agus arís eile in aighneachtaí den sórt sin, luaitear gur ábhar mórtais traidisiún fada maidir le gairmiúlacht agus neamhspleáchas iriseoireachta sna meáin chumarsáide cló, teilifíse, raidió agus ar líne in Éirinn. Téama gaolmhar leis sin an réimeas rialála in Éirinn a bheith ar ardchaighdeán agus sin ina bhonn daingean faoi chaighdeáin na gairmiúlachta maidir le tuairiscíocht nuachta ag iriseoirí cló, craoltóireachta agus ar líne. Éilítear faoi Alt 39 an Achta Craolacháin 2009 ar chraoltóirí tuairiscíocht agus cur i láthair a dhéanamh ar bhealach oibiachtúil neamhchlaon ar ábhar nuachta agus cúrsaí reatha gan tuairimí an chraoltóra féin a chur in iúl ar bhealach ar bith. Ar an gcuma chéanna, leagtar amach bunphrionsabail neamhspleáchais, ionracais agus cruinnis d'eagraíochtaí nuachta i gCód Cleachtais Chomhairle an Phreasa maidir le hábhar nuachta a chur ar fáil.


Thug an Coimisiún fianaise láidir faoi mheas go bhfuil dearcadh géarchúiseach ag pobal na hÉireann ar ábhar nuachta agus cúrsaí reatha chomh maith le dúil soshásaithe ar ábhar den sórt sin. Tá léargas fiúntach le baint as obair thaighde a rinne Core thar ceann an Choimisiúin ar a gceapann pobal na hÉireann le hábhar nuachta agus cúrsaí reachta. Mar is léir ó Léaráid 2-1, tá Nuacht agus Cúrsaí Reatha, agus nuacht áitiúil / réigiúnach, ar phéire de na seánraí is mó a leagann lucht freagartha an tsuirbhé tábhacht orthu maidir le hábhar meán cumarsáide.

**Léaráid 2-1** *Réimsí suime lucht féachana agus éisteachta na meán cumarsáide in Éirinn*





Léirítear in Léaráid 2-2 an tábhacht atá ag an bpobal le nuacht chruinn iontaofa a bheith ar fáil.

**Léaráid 2-2** *Na nithe lena bhfuil tábhacht ag an bpobal*



Léirítear in Léaráid 2-3 tuairim an phobail maidir le hiontaofacht nó neamhiontaofacht sholáthraithe sonracha meán cumarsáide agus teicneolaíochta. Tarlaíonn an deighilt is suntasaí idir an leibhéal iontaofachta a cheaptar leis na meáin chumarsáide go ginearálta agus an neamhiontaofacht a mheastar leis na meáin shóisialta agus le hardáin eile ábhair.

**Léaráid 2-3** *Na leibhéil muiníne a luaitear maidir le soláthraithe meán cumarsáide agus soláthraithe teicneolaíochta faoi leith*




Ó thaobh ráta maidir le "cruinneas, fíricí agus fírinne faisnéise nó nuachta" a chur ar fáil, is ar Theilifís RTÉ is fearr a bhí meas agus 22% de lucht na bhfreagraí ag deimhniú go raibh iontaoibh "iomlán" as an tseirbhís agus 56% eile ag rá go raibh iontaoibh "ghinearálta" acu as Teilifís RTÉ. Go deimhin, bhí rátaí an-ard iontaofachta á lua maidir leis na soláthraithe meán cumarsáide ar fad, seirbhísí teilifíse, seirbhísí raidió áitiúla agus náisiúnta, nuachtáin áitiúla agus náisiúnta agus láithreáin nuachta ar líne san áireamh. Bhí sin i gcodarsnacht go mór le hardáin na meán sóisialta agus le hardáin ábhair de leithéid Facebook, Instagram, Twitter agus TikTok, ar luaigh lucht na bhfreagraí ráta leo ba mheasa ná a rá go raibh siad iontroist maidir le hábhar cruinn nuachta agus faisnéise a chur ar fáil. Cás ar leith Google, mar gheall ar an ról mar inneall cuardaigh agus mar thiomsaitheoir ábhair, agus is suntasach gurb é sin an comhlacht teicneolaíochta is mó a bhfuil iontaoibh as i measc na gcomhlachtaí ar liosta an tsuirbhé.

Tá fianaise breise agus léargas níos leithne ar chóras meán cumarsáide nuachta na hÉireann ar fáil sa *Reuters Digital News Report Ireland 2021*, mar atá tuiscint ar thóir an phobail ar ábhar nuachta agus ar thuairim an phobail de na heagraíochtaí nuachta. De réir na tuarascála, tá spéis thomhaltóir na hÉireann in ábhar nuachta

gan athrú ó na leibhéil arda chéanna le cúig bhliana anuas, agus 70% den lucht freagartha sa bhliain 2021 a bhfuil "spéis ollmhór" nó "an-spéis" acu in ábhar nuachta - ráta is airde ná an meánráta ar fud an AE(60%); sa Ríocht Aontaithe (51%) nó i Meiriceá Thuaidh (54%).

Tugtar chun suntais leis an obair thaighde chomh maith gur tháinig ardú cúig faoin gcéad ar leibhéal muiníne an phobail in ábhar nuacht le bliain anuas le 53% de lucht an tsuirbhé ag cur in iúl go raibh muinín acu as na meáin nuachta, ag aontú dóibh nó ag aontú go tréan dóibh leis an ráiteas "is féidir muinín a chur i mórchuid na nuachta mórchuid an ama". Tá leibhéal muiníne sna meáin chumarsáide níos airde in Éirinn ná mar atá san AE (45%); sa Ríocht Aontaithe (37%) ná i Meiriceá Thuaidh (37%)..

## 2.6.1 Iriseoireacht Fiosrúcháin

Thug an Coimisiún chun aire cuid mhór samplaí den tseirbhís fhiúntach phoiblí a dhéanann lucht na meán cumarsáide trí iriseoireacht fiosrúcháin a chur i láthair i gcló agus ar an aer. Áirítear ar shaothar a chuaigh i gcion go mór, drochíde institiúideach i bhforais chónaithe de chuid an Stáit agus na hEaglaise a chur in iúl, scannal mar gheall ar dhrochíde na gcléireach, obair fiosrúcháin a rinne iriseoirí maidir le coireacht eagraithe, agus an t-iliomad cás scannalach i réimse na polaitíochta agus an ghnó a foilsíodh ar na meáin nuachta cló agus craoltóireachta le blianta anuas.

San aighneacht a chuir Scoil na Cumarsáide in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath faoi bhráid an Choimisiúin, cuireadh i láthair an acmhainn a bhaineann leis an iriseoireacht ábhar buartha don phobal i gcoitinne a léiriú le tráchtaireacht ar cheisteanna logánta. Luaitear san aighneacht samplaí de shaothar iriseoireachta trínar díríodh aird an phobail ar cheisteanna a mbeadh neamhaird orthu, mar shampla an baol a bhí ann do thraidisiún an chapaill i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath, agus an claonadh maidir le dul i maisíocht agus "glantachán sóisialta" i lár na cathrach, faoi mar a foilsíodh ar an Dublin Inquirer; an tuairiscíocht ar an Business Post maidir le soláthar tithíochta a bheith faoin earnáil phríobháideach agus na húdaráis áitiúla, agus an ról atá acu maidir le tithíocht shóisialta a chur ar fáil, a chur de leataobh; agus an obair a rinneadh chun lucht corparáidí a cheistiú mar gheall ar shaothar tuairiscíochta Currency.ie maidir le scannal bróicéireachta Davy Stockbrokers.

Tugadh i gceist i gcuid mhór aighneachtaí gur beartaíocht chontúirteach an iriseoireacht fiosrúcháin lena gcaitear ardleibhéal inniúlachta, cuid mhór ama agus acmhainní eile a ngabhann costas ard leo agus gur gá córas infheistíochta inbhuanaithe lena aghaidh. Nuair is géire deacrachtaí eacnamaíochta, tharlódh iriseoireacht fiosrúcháin a chur de dhroim seoil a luaithe a bhíonn costas á shábháil in eagraíocht meán cumarsáide. Cuireadh tuairimí éagsúla i láthair i bhfabhar agus i gcoinne cúnamh airgid d'iriseoireacht fiosrúcháin agus modhanna ina bhféadfaí sin a dhéanamh. Baineann an príomhábhar buartha a cuireadh in iúl maidir le cúnamh airgid leis an ngá atá le neamhspleáchas eagarthóireacht na gcomhlachtaí meán cumarsáide a chaomhnú agus an gá a bheadh lena chinntiú go mbeadh córas cistíochta agus critéir cistíochta críochnúil éifeachtach maidir leis an gcuspóir a bheadh leo a thabhairt i gcrích.

## 2.6.2 Éire agus Covid-19: fíricí, ficsean agus fiúntas na meán


I mí Márta 2020, agus tíortha ar fud an domhain ag streachailt le déileáil leis an bpaindéim a bhí ag teacht chun tosaigh, thug oifigigh de chuid na Náisiún Aontaithe (NA) agus de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) foláireamh maidir le baol eile don tsláinte phoiblí agus do shábháilteacht na ndaoine *ó phaindéim faisnéise* a bhí ag teacht chun cinn chomh maith. Bhí á mhíniú ag EDS gurbh ionann sin agus "faisnéis chruinn agus faisnéis mhíchruinn a bheith ar fáil, agus iomarcach, ag an aon tráth amháin chomh maith le háitiú agus agairt de chineálacha a fhágann gur deacair an fiúntach a idirdhealú ón ábhar nach fónta", scaipeann paindéim faisnéise le rabharta ráflaí, comhchogar údramála, tuairimíocht agus bobaireacht arb é toradh a bhíonn air ar fad nach mbíonn daoine cinnte cén fhoinse ná cén t-ábhar atá iontaofa.

Sular thit paindéim Covid-19 amach, bhí á mheas de réir *Reuters Digital News Report Ireland 2021*, gur custaiméirí géara tuisceanacha iad muintir na hÉireann maidir leis na meáin chumarsáide; muinín as iriseoireacht, eolach ar na dreamanna sainleasa éagsúla a fhéachann le hionramháil a dhéanamh ar shruthanna faisnéise d'fhonn clár oibre faoi choim a chur chun cinn, agus tuisceanach maidir le foinsí agus sruthanna

mífhaisnéise. Dá ainneoin sin, tharla le géarchéim Covid-19 amhras maidir le muinín an phobail i bhfoinsí údarásacha iontaofa faisnéise. Cuireadh samplaí iomadúla in iúl don Choimisiún de ról tábhachtach na meán cumarsáide in Éirinn maidir le haird an phobail a chothú agus eolas a chur ar fáil dóibh i rith ghéarchéim Covid-19. Is léir ó thaighde maidir le tuairimí an phobail a rinne Amárach don Roinn Sláinte go raibh ardleibhéal muiníne ag pobal na hÉireann i rith an ama sna foinsí oifigiúla faisnéise a bhain le Covid-19, agus go raibh níos mó ná dhá thrian de na daoine ag fáil eolais ó fhoinsí oifigiúla ó thús na paindéime.

Léirítear in Léaráid 2-4 an leibhéal ard spéise a bhí ag an bpobal in ábhar nuachta agus faisnéise maidir leis an bpaindéim in Éirinn, le níos mó ná 50% de lucht an tsuirbhé ag lua gur sheiceáil siad an nuacht ar a laghad uair sa lá i rith na paindéime ó mhí Márta 2020 go mí Bealtaine 2021.

**Léaráid 2-4** *A mhinice sa lá a sheiceáladh daoine an nuacht maidir le heolas faoi choróinvíreas*




Áirítear ar na príomhfhoinsí nuachta maidir leis an gcoróinvíreas RTÉ, Virgin Media, an *Irish Times* agus an *Irish Independent*. Chruthaigh ardáin na meán sóisialta, ina measc Facebook, Twitter agus Instagram, go rídhona mar fhoinsí eolais ag an bpobal i gcoitinne.

Is léir an ról tábhachtach seirbhíse poiblí a bhí leis na meáin chumarsáide i rith thréimhse na paindéime ó shonraí TAM chomh maith. Léirítear i Léaráid A-5, faoi cheangal, gurbh cláir maidir le tráthanna príomhthábhachta i rith ghéarchéim Covid-19 cúig chlár as na deich gcinn ba mhó lucht féachana i rith na bliana 2020, aitheasc an Taoisigh ar Lá Fhéile Pádraig san áireamh chomh maith le fógra an Taoisigh maidir le srianta sláinte poiblí a thabhairt isteach ar an 27 Márta agus arís ar an 30 Nollaig 2020.

De réir mar a luaitear i dtuarascáil de chuid Aontas Craolacháin na hEorpa[20], bhí pátrún den chineál céanna le

[20] Aontas Craolacháin na hEorpa (2020) Fast Forward: Public Service Journalism in the Viral Age

sonrú ar fud na hEorpa agus tóir níos mó ar chomhlachtaí MSP i rith na paindéime. Tháinig ardú 20% ar an meán ar líon an lucht féachana do nuacht an tráthnóna ar fud an AE agus ardú 44% maidir le daoine idir 15 agus 24 bliana d'aois (bunaithe ar an meánlucht féachana i mí Márta 2020 i gcomparáid leis an meánlucht féachana an chéad ráithe den bhliain 2019). Ina ainneoin sin, is é comhairle ar a dtagann údair na tuarascála, taobh amuigh de chás eisceachta na paindéime, go bhféadfadh nach mbeadh an lucht féachana óigeanta sin ar ais ina lucht féachana rialta teilifíse.

### 2.6.3 Seiceáil Fíricí

Chuir eagraíocht nuachta ar líne TheJournal.ie tionscnamh FactCheck ar bun d'fhonn fiosrú agus deimhniú a dhéanamh maidir le cruinneas a n-áitíonn pearsaí nó comhlachtaí poiblí a bheith fírinneach maidir le hábhar nuachta agus cúrsaí reatha. Bhí baint ag meitheal FactCheck go dtí seo freisin le méimeanna, bobanna agus ábhar mearscaipthe eile ar líne, nach móide aon údar iomráiteach faoi leith á lua leis, a bhréagnú.

Cuirtear scileanna fiosrúcháin an iriseora i bhfeidhm chun an bunús fíricí le nithe a áitítear agus a agraítear, le hailt a fhoilsítear agus le ráitis a scrúdú, ábhar staidrimh a luaitear san áireamh, agus fiosraíonn meitheal FactCheck an t-ábhar maidir le dea-bhunús agus déantar na sonraí a mheas maidir le caighdeán agus leibhéal iontaofachta. Déantar lucht saineolais a cheadú, chomh maith le foinsí seanbhunaithe iontaofa faisnéise poiblí, mar chuid den phróiseas deimhniúcháin. A luaithe a dhéantar na sonraí ar fad agus iomlán na fianaise a mheas, foilsíonn FactCheck breith maidir le fírinne na faisnéise. Bhí FactCheck, sa bhliain 2018, ar an gcéad tionscnamh seiceáil fíricí in Éirinn a rinne seiceáil fíricí tríú páirtí ar ábhar de chuid Facebook. Tháinig de thoradh ar an mbeartaíocht sin i gcomhar gurbh léir maolú suas le 80% ar ábhar a scaipeadh ó breithníodh go raibh sé bréagach nó míthreorach. Sa bhliain 2019, cheangail FactCheck le craobhchóras níos mó ná 100 dream éagsúil seiceáil fíricí faoin ainm #CoronaVirusFacts Alliance, d'fhonn cur in aghaidh faisnéis bhréige nó faisnéis mhíthreorach a scaipeadh faoi mar a bhí ag teacht chun tosaigh le paindéim Covid-19.

### 2.6.4 Litearthacht na Meán

Cuireadh an tábhacht atá le tionscnaimh maidir le scileanna litearthacht meán cumarsáide a thabhairt chun cinn in Éirinn i láthair an Choimisiúin. Is eagraíocht neamhspleách Tuiscint ar na Meáin, Éire (MLI) le comhaltaí deonacha atá dúthrachtach maidir le litearthacht na meán cumarsáide a chothú ar fud na hÉireann. Oibríonn Tuiscint ar na Meáin, Éire, le cúnamh ón Údarás Craolacháin, mar chomhlachas eagraíochtaí deonacha ar fud raon leathan earnálacha, eagraíochtaí agus réimsí sainspéise, ina measc forais oideachais, comhlachtaí teilifíse, raidió, cló, meáin dhigiteacha agus meáin shóisialta, chomh maith le grúpaí aighneachta agus ealaíne. Oibrítear trí chraobhchóras na n-eagraíochtaí comhlachais d'fhonn a chur ar chumas na ndaoine rogha lán eolais a dhéanamh maidir le hábhar meán cumarsáide agus seirbhísí a bhíonn in úsáid acu, á gcruthú acu nó á scaipeadh acu, ionas go bhféachtar le cuidiú leis an bpobal i gcoitinne ábhar agus seirbhísí meán cumarsáide a thuiscint agus a léirmheas go mion géar.

Tríd an bhfeachtas *Be Media Smart* a chur ar bun mar chabhair ag daoine le hidirdhealú a dhéanamh idir faisnéis fhírinneach, faisnéis bhréagach agus ábhar míthreorach, cuidíonn Tuiscint ar na Meáin, Éire le daoine úsáid shlán shábháilte a bhaint as ábhar na meán cumarsáide agus as seirbhísí ionas gur féidir leo rogha lán eolais a dhéanamh faoin leas is fearr a bhainfidh siad as na meáin.

### 2.6.5 An tSraith Lives Lost: scéalta na ndaoine seachas ábhar ceannlínte amháin

Sampla breá den fhiúntas seirbhíse poiblí a rinne na meáin chumarsáide i rith phaindéim Covid-19 an tsraith "Lives Lost" a foilsíodh ar an Irish Times. Tharla i rith na paindéime go ndeachaigh an pobal i gcleachtadh fógra a chloisteáil lá i ndiaidh an lae faoi líon na ndaoine a fuair bás mar gheall ar bhreoiteacht a bhí ceangailte leis an bpaindéim. De réir mar a bhí líon na ndaoine a fuair bás ag dul i méid, agus líon na ndaoine a fágadh faoi mhéala dá bharr ag méadú go heaspónantúil, chuir an Irish Times tús leis an tsraith "Lives Lost" ionas go mbeadh tuairiscíocht bhreise, seachas ábhar staidrimh amháin, ar fáil faoinar tharla do dhaoine sa saol dáiríre. De réir mar a bhí tásc agus scéal báis 100 duine agus níos mó sa tsraith, chuir an tionscnamh seo le tuiscint an phobail ar scéalta dáiríre shaol agus shaothar na ndaoine a bhí i gceist leis na staitisticí oifigiúla

faoi líon na ndaoine a bhí ag fáil bháis. Ríomhadh saol an teaghlaigh, na tosca sóisialta, eacnamaíochta agus polaitíochta a chuaigh i gcion ar an saol a caitheadh - imirce, cearta na mban, scolaíocht dara leibhéal saor ó tháille agus mar sin de. Chuidigh "Lives Lost" le cloch a chur le carn na n-aithreacha agus na máithreacha agus na ndaoine clainne ar tháinig deireadh lena saol ionas gur cinntíodh nach taobh le staitistic lom maidir le Covid-19 a bheifí.

## 2.7 Inmharthanacht an chomhshaoil agus earnáil na meán

Thug an Coimisiún faoi mheas an cion mór tairbhe, sa chiall is leithne, atá le déanamh ag na meáin chumarsáide in Éirinn maidir le cúrsaí inmharthanachta i leith na timpeallachta agus an ról maidir le beart a dhéanamh i leith an ábhair sin, an t-athrú aeráide agus gnéithe den bhithéagsúlacht san áireamh.

Tá an t-athrú aeráide agus réimsí eile baoil maidir le hinmharthanacht an phláinéid le háireamh ar cheisteanna práinneacha na linne seo. Tagann an clár oibre ginearálta maidir le cúrsaí inmharthanachta faoi scáth Chlár Oibre 2030 agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (SFI). Faoi láthair, tá roinnt eagraíochtaí meán cumarsáide de chuid na hÉireann páirteach sa Líonra Inbhuanaitheachta Craoltóireachta , a chuir an tÚdarás Craolacháin ar bun sa bhliain 2019 mar líonra deonach ag comhlachtaí craolacháin agus ag ionadaithe na slabhraí soláthair. Tá de chuspóir ag an *Líonra an sárchleachtas a chothú*[21], agus cuidiú le craoltóirí feabhsú maidir le cúrsaí inmharthanachta go hinmheánach agus leis an tionchar a bhíonn acu ar an bpobal go ginearálta. Luaitear ar cheann de chuspóirí an líonra earnáil na meán cumarsáide a threisiú i mbun bearta tairbheacha a spreagadh ar fud an phobail ar fad maidir le Clár Oibre 2030 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Bíonn an tionscnamh seo dírithe go hinmheánach ar chúrsaí inmharthanachta sna heagraíochtaí meán cumarsáide féin agus iad ag féachaint le feabhas a chur ar ghnéithe inmharthanachta maidir le gnóthaí oibriúcháin agus léiriúcháin agus go seachtrach ar mhodhanna inar féidir an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas agus a spreagadh maidir le ceisteanna inmharthanachta, "Cláir Ghlasa" ina measc.

Tá le háireamh ar na samplaí d'fheabhas ar chúrsaí inmharthanachta i mbun oibriúcháin an dul chun cinn a léirigh TG4 le laghdú 68% ar an méid fuinnimh a ídítear agus sábháil 148,000 kWh in aghaidh na bliana trí chórais soilse a fheabhsú ó chineálacha DSF agus halaigine go dtí cineálacha LED, agus an dul chun cinn a rinne RTÉ a ghnóthaigh caighdeán ISO 50001 maidir le bainistíocht éifeachtach fuinnimh agus a thug feabhas 51.8% i gcrích ina leith sin.

Ceanglaíonn TG4, foilsitheoir craoltóireachta, ar na léiritheoirí seachtracha ar fad a dtugtar coimisiún dóibh, úsáid a bhaint as ríomhaire carbóin Albert chun an lorg carbóin a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh ina leith. Tugann an ríomhaire seo tuiscint níos cuimsithí do na comhlachtaí léiriúcháin ar an tionchar a bhíonn ag a gcuid oibre ar an timpeallacht agus fágtar i ndeireadh báire go mbítear níos éadroime ó thaobh ídiú carbóin.

Cuidíonn an Líonra Inbhuanaitheachta Craoltóireachta leis na comhaltaí cur leis an tráchtaireacht faoi cheisteanna timpeallachta agus spreagtar athrú nósmhaireachta i measc an lucht féachana agus éisteachta. Mar shampla, féachtar lena chinntiú go mbíonn eagarthóirí coimisiúnaithe, léiritheoirí, stiúrthóirí agus scríbhneoirí sinsearacha ar an eolas go maith faoi "léiriúchán glas", eolasach ar na cora is deireanaí maidir le tuiscint na heolaíochta ar chúrsaí inmharthanachta agus ar an athrú aeráide agus tugtha d'inmharthanacht na timpeallachta a chur chun cinn agus do thuiscint an phobail a chothú.

[21] https://www.bai.ie/en/media/sites/2/dlm_uploads/2020/11/BAI-Sustainability-Roadmap-ENG-FINAL-WEB.pdf

Cé go dtuigeann an Coimisiún, agus go moltar, an dul chun cinn atá déanta ag craoltóirí, ag eagraíochtaí faoi leith agus ag na heagraíochtaí i gcomhar sa Líonra Inbhuanaitheachta Craoltóireachta, tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil d'acmhainn in earnáil na meán cumarsáide in Éirinn i bhfad níos mó a bhaint amach maidir le cúrsaí inmharthanachta, go hinmheánach agus trí bhéim níos láidre a leagan ar an bpobal i gcoitinne a chur ar an eolas agus a spreagadh.

I gcomhthéacs moltaí maidir le Coimisiún nua na Meán Cumarsáide agus deiseanna breise cistíochta maidir le hábhar seirbhíse poiblí (faoi mar a leagtar amach go mion i gCaibidil 6), tá an Coimisiún den tuairim gur cheart don Údarás Craolacháin/do Choimisiún na Meán Cumarsáide modhanna a thabhairt chun suntais ina spreagfaí cúrsaí inmharthanachta a chur chun cinn níos mó ar na meáin craoltóireachta, cló agus ar líne, ina measc:

- Tríd an *Líonra Inbhuanaitheachta Craoltóireachta* a athsheoladh mar *Líonra Inbhuanaitheachta na Meán Cumarsáide*, le comhaltaí as gach réimse d'earnáil na meán;
- An *Treochlár Inmharthanachta maidir le hEarnáil Craoltóireachta na hÉireann*[22] a aontú maidir le hearnáil na meán cumarsáide ar fad, na treoirlínte maidir le "Cláir Ghlasa" san áireamh;
- Caighdeáin bonnlíne cuí maidir le cúrsaí inmharthanachta a thabhairt isteach mar chritéir incháilithe faoi Chiste nua na Meán Cumarsáide;
- Tuairisc a thabhairt go tráthrialta ar fheidhmíocht na gcomhlachtaí MSP agus SÁSP maidir le cúrsaí inmharthanachta, le béim ar bhearta feabhais go hinmheánach agus ar an tionchar poiblí ó chláir / ábhar inmharthanachta a thomhas.

## 2.8 Dreamanna a cheangal le chéile ar leibhéal an phobail áitiúil

Cuireadh samplaí iomadúla faoi bhráid an Choimisiúin den tábhacht atá le ról na meán cumarsáide maidir le hÁSP áitiúil agus sáráitiúil a chur ar fáil, tuairiscíocht a dhéanamh ar scéalta nuachta agus spóirt áitiúla, ar chásanna cúirte, ar an rialtas áitiúil agus ar imeachtaí cultúir. Tá ról tábhachtach le tuairiscíocht den sórt sin maidir le dlús sóisialta a chothú, daoine a choinneáil ar an eolas faoi cheisteanna agus faoi imeachtaí áitiúla agus muintir an phobail a tharraingt le chéile.

Thug an Taoiseach Micheál Ó Máirtín a thábhacht seo leis in aitheasc le páirtithe leasmhara mheán an raidió i mí Aibreán 2021 arna rá gurbh léiriú arís ar tharla le tamall gairid anuas ar an bhfiúntas mór atá leis na meáin chumarsáide i saol na tíre; go raibh na stáisiúin, iriseoirí agus craoltóirí raidió chun tosaigh maidir le cúnamh agus spreagadh a thabhairt don phobal agus do ghnólachtaí ar fud na hÉireann an cúrsa a choinneáil i rith na géarchéime sláinte poiblí; go raibh pobal na hÉireann á gcoinneáil ar an eolas agus tugtha don ábhar i rith na paindéime, tráth a raibh cuid mhór tíortha eile ag streachailt le míthuiscint agus mífhaisnéis ar leibhéal tromchúiseach i measc an phobail; gurbh shuntasach tábhachtach an bheartaíocht a bhí déanta ag lucht raidió maidir leis an olldícheall náisiúnta ag cur fíricí loma in iúl d'éisteoirí ina milliúin agus ag freastal do phlé agus do dhíospóireacht staidéartha stuama; gur chuidigh na stáisiúin raidió le ceangal, dlús agus comharsanacht a chothú tráth a raibh uaigneas agus easpa comhchaidrimh á bhrath ag cuid mhór daoine; agus, ní is tábhachtach, go raibh ábhar siamsaíochta a raibh géarghá leis á chur ar fáil le cláir raidió tráth a raibh brú agus strus mór i gceist leis an saol ag cuid mhór daoine.

[22] https://www.bai.ie/en/media/sites/2/dlm_uploads/2020/11/BAI-Sustainability-Roadmap-ENG-FINAL-WEB.pdf

Is léir an tairbhe shóisialta agus an ról seirbhíse poiblí a ghabhann le raidió pobail ó chásanna samplacha de leithéid Athlone Community Radio agus Dublin City FM.

D'eagraigh Athlone Community Radio cúrsa i gCur i Láthair Meán Cumarsáide sa bhliain 2015 le creidiúnú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ar Leibhéal 3 do rannpháirtithe ó charthanas Ché na gCeannaithe a chuidíonn le daoine atá ag déileáil le handúil agus easpa dídine. Daoine an chuid ba mhó de na rannpháirtithe a raibh an scoil fágtha roimh cheann cúrsa acu agus ghlac siad leis an gcúrsa seo a bhí á thairiscint ag Athlone Community Radio mar dheis filleadh ar an oideachas. Trí thimpeallacht thairbheach oideachasúil a chur ar fáil, chuidigh an cúrsa leis na rannpháirtithe féinmhuinín a chothú chomh maith le scileanna léiritheoireachta agus craoltóireachta don raidió. Lean ochtar de na rannpháirtithe ar aghaidh ina dhiaidh sin go ndearna cúrsa ar Leibhéal 4 i raidió pobail. Ar a gcuid oiliúna a chríochnú dóibh, d'oibrigh go leor de na rannpháirtithe ina saorálaithe le Athlone Community Radio agus roinnt acu ag cur cláir dá gcuid féin i láthair. Bhraith na rannpháirtithe fiúntas faoi leith ar an leibhéal pearsanta agus ar an leibhéal gairmiúil lena gcuid taithí leis an raidió pobail agus chuir sé go mór lena bhféinmhuinín, lena gceangal leis an bpobal agus lena gcuid deiseanna fostaíochta.

Ar an gcuma chéanna, is é Gary Kearney an léiritheoir agus an láithreoir ar chlár raidió dar teideal *Viva Vox* ar Dublin City FM. Tharla gortú inchinne do Gary nuair a bhí sé 45 bliain d'aois agus shíl sé, m ar gheall ar an ngortú sin, go raibh sé caite de leataobh sa saol.[23] Spreag ar tharla dó Gary leis an gclár *Viva Vox* a léiriú agus a chur i láthair agus plé le ceisteanna a bhaineann le cúrsaí míchumais ar chlár atá dírithe ar dhaoine atá faoi mhíchumas agus ar dhaoine nach bhfuil. Ní ábhar spéise do dhaoine faoi mhíchumas amháin a phléitear ach tugtar san áireamh freisin ábhar a bhaineann le dreamanna eile a dtarlaíonn a mbrú de leataobh sa saol. Is sampla *Viva Vox* dá fheabhas a éiríonn leis an raidió pobail ceangal a chothú leis an bpobal i gcoitinne agus le dreamanna imeallaithe, daoine a chur ar an eolas agus an tuiscint go bhfuil páirt acu agus ceangal acu leis an bpobal i gcoitinne a chothú i measc dhaoine atá faoi mhíchumas.

Cuireadh scéal den chineál céanna i láthair maidir le Julianne Longo, bean de bhunadh na Brasaíle a cheangail le Dublin City FM agus leis an gclár *Good Morning Dublin* trí chóras intéirneachta an stáisiúin. An tráth sin, ba bheag ábhar a bhí dírithe ar mhuintir na Brasaíle i mBaile Átha Cliath. Chuir Julianne tús le mír rialta nuachta do phobal na Brasaíle ar *Good Morning Dublin*, sular tugadh clár dá cuid féin di, *The Brazilian Coffee Time*—a chraoltar idir 1:30 agus 2 i.n., tráth ar nós le muintir na Brasaíle caife a ól tar éis an lóin. Tá seisear de mhuintir na Brasaíle ag obair ar an gclár anois agus déantar trácht ar *Brazilian Coffee Time* ar scéalta atá spéisiúil ag muintir na Brasaíle in Éirinn, dea-scéalta nuachta san áireamh chomh maith le tuairisc ar dheacrachtaí móra agus beaga a chuirtear rompu, scéalta faoi chiapadh nó faoi chiníochas nó tuairisc ar chead cónaithe nó ar sheirbhísí fiaclóireachta. Is léiriú a fheabhas a éiríonn leis an gclár deis cainte a thabhairt do phobal[24] ar an acmhainn a ghabhann le raidió pobail maidir le dream mionlaigh a cheangal le chéile agus cumhacht a chothú iontu, treisiú le féiniúlacht agus le dlús an phobail sin agus cur leis an aird agus leis an tuiscint ar imeachtaí agus ar ábhar spéise dóibh.

Sampla suntasach eile maidir le ról na meán cumarsáide i mbun dhreamanna i gcomharsanachtaí logánta ar fud na hÉireann a cheangal le chéile is ea an obair a dhéanann an tIontaobhas Talmhaíochta a fhoilsíonn ábhar ar *The Irish Farmers Journal*, ar an *Irish Field*, agus ar *Irish Country Magazine*. Bíonn 295,000 léitheoir in aghaidh na seachtaine ag an *Irish Farmers Journal* ní hamháin maidir le hábhar nuachta agus cúrsaí reatha a chur ar fáil ach mar bhonn treise faoi phobal na feirmeoireachta freisin i ndáil le freastal do riachtanais shóisialta, oideachais agus ghairme. Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta an tIontaobhas Talmhaíochta

[23] Nexus et al, 2020, Introducing a Social Benefits approach to Community Radio: A Compendium of Stories, p.48
[24] Ibid., p.59

a dhéanann athinfheistíocht sa chuideachta ar an mbrabús ionas gur féidir infheistíocht a dhéanamh ar bhealaí nua ar mhaithe le spéis an lucht léitheoireachta a chothú. Mar shampla, cuirtear anailís shainiúil agus comhairle theicniúil ar fáil d'fheirmeoirí ar fud na hÉireann, déantar maoiniú ar thaighde maidir leis an sárchleachtas talmhaíochta, saothar a dhéantar go minic i gcomhar le hollscoileanna agus le gníomhaireachtaí Stáit. Cuidíonn an tIontaobhas freisin maidir le scoláireachtaí coláiste agus le sparánachtaí taistil do mhic léinn eolaíocht na talmhaíochta agus cuidíodh le hOllúnacht Eacnamaíocht na Talmhaíochta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus le Léachtóireacht Shinsearach i mBainistíocht Féaraigh i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Cuireann an *Irish Farmers Journal* an meon seirbhíse poiblí in iúl trí oibriú le páirtnéirí tionscail agus le teaghlaigh feirmeoireachta "ar mhaithe le hábhar nua eolaíochta agus smaointeoireachta a chraobhscaoileadh i gceantair áitiúla" d'fhonn cur le hinmharthanacht agus le brabúsacht na feirmeoireachta in Éirinn.

## 2.9 Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

Tugtar forléargas sa roinn seo ar phlé an Choimisiúin faoi chúrsaí Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (CEI), plé a tháinig faoi anáil aighneachtaí a cuireadh faoi bhráid mar chuid den phróiseas comhairliúcháin poiblí, faoi anáil shuirbhé a rinneadh ar an bpobal i gcoitinne agus faoi anáil phlé idir an Coimisiún agus daoine den lucht léinn agus páirtithe leasmhara eile. Tugtar léargas chomh maith ar an gcás faoi láthair maidir le CEI in Éirinn agus an réasúnaíocht le haird ar CEI ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta de.

Aontaíodh ag tús obair an Choimisiúin ar shainmhíniú mar seo a leanas maidir le "an pobal":

> "Tá aird, le sainmhíniú an Choimisiúin ar "an Pobal" ar phrionsabail na huilíochta, na hilchineálachta agus na hionchuimsitheachta. Ó thaobh na huilíochta, tugtar san áireamh leis an bpobal daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, diaspóra na hÉireann thar lear agus duine ar bith thar lear ag a bhfuil spéis foghlaim faoi Éirinn nó coinneáil ar an eolas faoi Éirinn. Ó thaobh cúrsaí ilchineálachta agus ionchuimsitheachta, tugtar san áireamh leis an bpobal dreamanna daoine faoi leith agus aicmí daoine faoi leith i measc an phobail a dtarlódh gá le soláthar de chineál speisialta dóibh ionas go gcinntítear teacht cothrom acu ar na meáin chumarsáide agus plé cothrom orthu ag lucht na meán cumarsáide. Maidir leis an ábhar seo, d'fhéadfadh lón teagaisc a bheith le baint as na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta ina sonraítear naoi gcinn d'fhorais maidir le hidirdhealú, ina measc Inscne; Stádas sibhialta; Stádas teaghlaigh; Claonadh gnéis; Creideamh; Aois; Míchumas; Cine agus a bheith ar dhuine den Lucht Siúil. Ar na tosca eile is eol a bheith ina mbac maidir le teacht cothrom ar na meáin chumarsáide, tá stádas socheacnamaíochta, leibhéil oideachais, leibhéil litearthachta (litearthacht dhigiteach san áireamh), constaicí teanga agus easnamh ó thaobh gnéithe infreastruchtúir nó teicneolaíochta (a bhféadfadh tosca tíreolaíochta a theacht i gceist leo, cuirtear i gcás éagothroime idir réigiúin éagsúla nó idir ceantair uirbeacha agus ceantair tuaithe)."

Is léiriú maith an sainmhíniú sin ar an mbonnphointe maidir le plé an Choimisiúin ar chúrsaí uilíochta, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta. Leag an Coimisiún amach nár cheart a mheas gur ábhar cúng CEI sna meáin chumarsáide agus nár cheart plé leis ar an gcaoi sin, gur cheart i gcodarsnacht leis sin príomhthábhacht agus tús áite a bheith leis ar fud fad na n-eagraíochtaí meán cumarsáide go léir agus go hinmheánach i ngach eagraíocht faoi leith. Ní féidir cláir a chur ar fáil ina léirítear an saol ag ógánach gorm in Éirinn, nó ag fir homaighnéasacha níos sine, nó ag mná meánaosta faoi mhíchumas a dhéanamh ar an tuiscint gur cláir mhionlaigh do mhionlach sa lucht féachana iad - is ceart, ina ionad sin, gur scéalta iad a chloistear mar chuid de ghnáthsholáthar na meán cumarsáide.

Go hidirnáisiúnta, tá cuid mhór fianaise ar fáil maidir le tearcionadaíocht na mban sna meáin chumarsáide, ó thaobh fostaíochta agus cur i láthair araon. Sa bhliain 2013, thug an Institiúid Eorpach um Chomhionannas

Inscne chun aire go mbaineann fadhbanna suntasacha le hidirdhealú in eagraíochta meán cumarsáide a chuireann isteach ar fhostaithe a choinneáil agus ar ábhar na meán cumarsáide féin. Tugadh chun aire, ar staidéar a dhéanamh ar fud 59 tír sa bhliain 2011, gur fir a bhí i 75% de na postanna bainistíochta agus teicniúla is sinsearaí. Cé nach bhfuil cuid mhór sonraí ar fáil, is cosúil go bhfuil an cás mar a chéile in Éirinn maidir leis an bhfadhb sin agus ní shíltear ó obair taighde gur mná fiú an tríú cuid de lucht gairme na meán cumarsáide agus is cosúil gur i réimse an raidió is lú atá mná i mbun gairme.

Is tearc na sonraí atá ar fáil maidir le rátaí ionchuimsitheachta i ndáil leis na meáin chumarsáide in Éirinn agus daoine de bhunadh iasachta, daoine faoi mhíchumas, daoine den Lucht Siúil agus an pobal LADTI+. Bheadh le tuiscint ó shonraí neamhfhoilsithe de chuid Ollscoil Cathrach Bhaile Átha Cliath agus de chuid an Údaráis Craolacháin go raibh gné ilchineálachta i gceist le 18% den chraoltóireacht i ndáil le Covid-19, agus sin ar fud réimsí Míchumais (9%), eitneachta (3%), inscne (6%) agus gnéis (1%). Is suntasach an t-easpa a bhaineann le sonraí a bheith ar fáil faoi chúrsaí ilchineálachta agus na meáin chumarsáide in Éirinn agus luaitear gur chóir feabhas ina leith sin ar fud aighneachtaí éagsúla a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin, mar a moladh freisin i rith an chaidrimh le saineolaithe i measc an aos léinn.

### Bunchúis eacnamaíochta agus shóisialta le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

Le córas meán cumarsáide lena léirítear an déanamh ilchineálach atá ar mhuintir na hÉireann agus a dhéanann ionadaíocht thar a gceann, ní hamháin go gcuirtear lón eolais agus siamsaíochta ar fáil don phobal sa chiall is ginearálta, tugtar deis do dhreamanna éagsúla agus do ghrúpaí imeallaithe i measc an phobail iad féin a chur in iúl. Cuidíonn gné na hilchineálachta i gcóras na meán cumarsáide lena chinntiú go mbraitheann gach dream go dtugtar san áireamh agus go gcuirtear i láthair iad ar na meáin chumarsáide agus go mbíonn deis chothrom acu páirt a ghlacadh i saol sóisialta agus eacnamaíochta na tíre agus tairbhe a dhéanamh ina leith. Is tosca tábhachtacha maidir le dlús sóisialta a chothú nach dtarlódh cead nó deis a shéanadh ná agus tá sin bunúsach maidir le "conradh sóisialta" idir an pobal agus na meáin chumarsáide - ní a bhfuil tábhacht faoi leith leis nuair atá cistí poiblí, nó airgead an cháiníocóra, á gcaitheamh maidir le cuspóirí meán cumarsáide.

Chomh maith leis an leas atá ag an bpobal as gné ilchineálachta le córas na meán cumarsáide, tá bunús láidir ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus táirgiúlachta leis an ilchineálacht. Is fada fairsing an fhianaise ó shaothar taighde go hidirnáisiúnta ar bhuntáiste shuntasach eacnamaíochta a bheith ag eagraíochtaí as cur leis an ilchineálacht. Is fearr an tuiscint a bhíonn in eagraíochtaí le lucht saothair atá ar aon dul ó thaobh ilchineálachta leis an bpobal i gcoitinne ar riachtanais na gcustaiméirí agus na gcliaint ar fad atá ar fáil. I dtuarascáil de chuid McKinsey[25] a foilsíodh le tamall anuas, thángthas ar an gcomhairle gur fearr an brabús a ghnóthaíonn eagraíochtaí le hilchineálacht eitneach agus inscne ar leibhéal níos airde ná eagraíochtaí le leibhéil níos ísle. Bhí 25% níos fearr de sheans go ngnóthófaí brabús i gcomhlacht a áirítear ar an gceathairíleach is fearr maidir le comhionannas inscne ná i gcomhlacht inchomparáide ach amháin gur ísle an leibhéal comhionannais maidir le hinscne.

### Bailiú Sonraí agus Bearta eile chun Déileáil le Deacrachtaí maidir le CEI

Tarraingítear aird in aighneachtaí éagsúla a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin ar easpa sonraí maidir le hilchineálacht agus na meáin chumarsáide in Éirinn agus luaigh saineolaithe de chuid an lucht léinn gur fadhb sin chomh maith. Luaitear go háirithe gur mór an t-easnamh maidir le córas na sonraí easpa sonraí maidir le hidirearnálachas[26] i ndáil le stádas socheacnamaíochta, eitneacht, inscne, féiniúlacht inscne, míchumas agus gnéasacht. Trí shonraí den sórt sin a thiomsú, chuirfí bonnlíne ar fáil maidir le hilchineálacht a mheas as sin amach. I bhfianaise an ról atá le MSP maidir le cur in iúl agus cur i láthair iomlán na ndaoine, ba chóir sonraí den chineál sin a bhailiú mar ghnáthrud.

---

[25] McKinsey (2020) Diversity Wins: How Inclusion Matters

[26] Idirearnálachas, creatchóras arna leagan amach ag Kimberlé Crenshaw, lena ríomhtar an dóigh a n-oibríonn féiniúlacht shóisi agus pholaitíochta an duine ar a chéile agus go gcruthaítear modhanna leatroim agus pribhléide dá réir.

**Áisiúlacht**
Is deacair a theacht ar chomhaontú faoi shainmhíniú agus faoi chur chuige maidir le háisiúlacht don uile dhuine agus na meáin chumarsáide. I réigiúin éagsúla, bíonn modhanna éagsúla forfheidhmiúcháin ar fáil faoi chórais éagsúla reachtaíochta agus béim á leagan ar an teicneolaíocht agus ar sheirbhísí seachas ar ionadaíocht agus ar dhaoine. Mar shampla, leagann Aontas Craolacháin na hEorpa amach go mion go mbíonn seirbhísí áisiúlachta lárnach maidir le hábhar Seirbhíse Poiblí a chur ar fáil dóibh siúd atá bodhar, a bhfuil deacracht éisteachta acu, atá dall nó a bhfuil lagú ar radharc na súl acu (Aontas Craolacháin na hEorpa agus Mehta). Tá d'aidhm leis an Gníomh Eorpach maidir le hInrochtaineacht, Treoir de chuid an AE, feabhas a chur ar fheidhmiú mhargadh inmheánach na hEorpa do tháirgí agus do sheirbhísí áisiúlachta. Tá go dtí mí Meitheamh 2022 ag na ballstáit maidir leis an Treoir a thrasuí. Tá Éire faoi láthair páirteach i gcruinnithe neamhfhoirmeálta a eagraíonn an Coimisiún Eorpach chun hiniúchadh le dearcadh earnálacha éagsúla a dhéanamh ar an Treoir.

Faoin sainordú sin, tugtar gnéithe teicneolaíochta san áireamh agus baintear leas astu ar mhaithe le háisiúlacht ach ní mór leathnú níos faide ná dreamanna agus geallúintí áirithe den chineál seo i ndáil le comhlachtaí MSP maidir le cuspóirí agus feidhmeanna i leith na háisiúlachta. D'fhéadfadh modh oibre maidir le cúrsaí áisiúlachta a théann níos faide ná seirbhís agus teicneolaíocht a bheith ar fáil faoin Acht um Míchumas 2005 anseo in Éirinn ionas go dtabharfaí san áireamh na deiseanna agus na constaicí i ndáil le háisiúlacht atá ag baint le héiceachóras uileghabhálach na meán cumarsáide.

Leis an Acht um Míchumas 2005, tá Rialtas na hÉireann tugtha de dheis chothrom ar fhaisnéis, ar sheirbhísí agus ar fhoirgnimh a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas agus leagtar freagracht ina leith sin ar an Rialtas. Déantar foráil faoin reachtaíocht do chreatchóras maidir le seirbhísí poiblí a dhéanamh áisiúil agus leagtar dualgas ar chomhlachtaí poiblí, craoltóirí seirbhíse poiblí ina meas, a gcuid foirgnimh phoiblí, a gcuid seirbhísí agus a gcuid faisnéise a bheith sa chaoi agus go bhfuil siad áisiúil ag duine faoi mhíchumas.

Déantar soláthar leis an reachtaíocht do chonair chinniúnach áisiúlachta trí Dhearadh Uilíoch agus cuirtear comhthuiscint, sochóiriú, neamhspleáchas agus éascaíocht chun cinn ar na bunphrionsabail dearthóireachta. Is iomaí cás ina ndearnadh dul chun cinn mar gheall ar an gcreatchóras seo ach tarlaíonn go leantar den choincheap a scaipeadh i gcónaí gur den lucht éisteachta nó féachana an duine faoi mhíchumas i réimse na meán cumarsáide seachas den lucht gairme nó de na daoine eile a dhéanann fónamh ar bhealaí éagsúla maidir leis an ábhar. Tá nós á chothú trína ndéantar dearthóireacht maidir le faisnéis, foirgnimh agus seirbhísí don duine faoi mhíchumas seachas sin a dhéanamh in éineacht le daoine faoi mhíchumas..

## 2.9.1 Dearcadh an Phobail maidir le CEI sna Meán

Is léir ó shaothar taighde a rinne *Core*, ar coimisiún ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán, go bhfuil cuid mhór tábhachta ag an bpobal le hilchineálacht i gcóras na meán cumarsáide agus go bhfeictear do 88% de mhuintir na hÉireann go bhfuil "roinnt" nó "cuid mhór" fiúntais i gcláir nó in ábhar lena dtugtar san áireamh agus lena ndéantar freastal ar dhaoine de chineálacha éagsúla dúchais agus de bhunadh mionlaigh.

Ar anailís breise a dhéanamh, feictear, ní nach ionadh, go bhfuil dreamanna éagsúla den phobal ar fearr leo seánraí éagsúla ábhair ar na meáin chumarsáide ach tá comharthaí ann freisin go bhfuil dreamanna éagsúla i mbaol a gcur ar leataobh agus a bhfágáil gan ionadaíocht nó cur i láthair mar ba chóir. Mar shampla, níl "cuid mhór tábhachta" le RTÉ ach ag 14% de na daoine a bhaineann le mionlach eitneach nó de na daoine nach náisiúnach, i gcodarsnacht le 26% den phobal i gcoitinne. Tá a mhacalla sin le brath ar thoradh eile, airíonn 38% de na daoine nach náisiúnach "nach ndéantar ionadaíocht ar mo leithéidse" ar RTÉ os coinne 28% den phobal i gcoitinne. Bheadh le tuiscint ó thorthaí den sórt sin go mbíonn deacrachtaí le sárú ó thaobh caidreamh a spreagadh agus a chothú le dreamanna áirithe fiú amháin ag na comhlachtaí MSP in Éirinn, a leagtar dualgas faoin reachtaíocht orthu maidir le hionadaíocht agus ilchineálacht.

Tá dúshlán faoi leith ag baint le spéis na ndaoine óga a chothú ag lucht na meán cumarsáide, ní amháin in

Éirinn ach ar fud na hEorpa ar fad. Leagtar amach an cás go cruinn beacht sa tuarascáil nuafhoilsithe *Reuters Digital News Report 2021*:

> "Indeed, one of the most striking findings in this year's data is the radically different habits of under-25s (so-called GenZ), even when compared with the millennials that came before them. These digital natives are less likely to visit a news website, or be committed to impartial news, and more likely to say they use social media as their main source of news. Deeply networked, they have embraced new mobile networks like Instagram and TikTok for entertainment and distraction, to express their political rage - but also to tell their own stories in their own way. Engaging these audiences is proving challenging for newsrooms that are mostly staffed by journalists who consume news in completely different ways."

Is cosúil, ar fud chuid mhór d'iarthar na hEorpa, gurb iad na daoine san aoisghrúpa 18-24 is lú a bhraitheann go ndéantar ionadaíocht chóir chothrom orthu ar na meáin chumarsáide agus nach ndéantar dóthain tráchtaireachta ar na ceisteanna is cás leo féin. Deir 34% de na daoine fásta óga in Éirinn nach ndéantar dóthain tráchtaireachta ar a n-aoisghrúpa féin.

Le hobair taighde an Choimisiúin féin chomh maith, tugadh fianaise faoi deara go rialta leanúnach go bhfuil daoine óga níos dealaithe ó na meáin chumarsáide thraidisiúnta agus níos ceangailte le meáin ar líne agus leis na meáin shóisialta. Mar shampla, mar fhreagra ar an gceist "cé chomh mór agus a shíleann tú a chuirtear daoine de do leithéid féin i láthair?", d'fhreagair 64% go ndéantar ionadaíocht de chineál áirithe nó de chineál suntasach ar RTÉ One agus RTÉ Two ar "dhaoine de mo leithéidse", agus d'fhreagair 36% nach ndéantar ionadaíocht ar na cainéil sin ar "dhaoine de mo leithéidse". I gcodarsnacht leis sin, thug isteach is amach le 55% de na déagóirí agus de na daoine fásta is óige le fios nach ndéantar ionadaíocht ar RTÉ One agus RTÉ Two ar "dhaoine de mo leithéidse". Ba léir codarsnacht den chineál céanna idir dreamanna níos óige agus níos sine den lucht féachana agus éisteachta maidir le cineálacha traidisiúnta eile de na meáin chumarsáide, mar shampla na nuachtáin, an raidió agus bealaí teilifíse tráchtála. Os a choinne sin, is mó go mór an seans go mbraithfeadh daoine fásta níos aosta ná daoine fásta níos óige agus déagóirí nach raibh ionadaíocht orthu ar ardáin ar líne agus ar na meáin shóisialta de leithéid Spotify, Twitter agus Instagram.

Cruthaítear deacrachtaí éagsúla maidir le CEI sna meáin chumarsáide mar gheall ar thosca éagsúla, mar shampla aois, teanga, inscne, stádas socheacnamaíochta, féiniúlacht ghnéis, eitneacht agus mar sin de. Mar sin féin, is é an téama seasta ó thaobh cúrsaí polasaí agus cuspóirí seirbhíse poiblí gur gá do na heagraíochtaí meán cumarsáide traidisiúnta na deiseanna a thabhairt faoi deara agus tabhairt faoin dúshlán a bhaineann le ceangal a chothú le dreamanna den lucht féachana agus éisteachta nach dtapaíonn nó nach dtugann aird ar ábhar siamsaíochta, nó nuachta, nó spóirt nó cultúir ar an gcaoi chéanna, nó ag an tráth céanna, le dreamanna eile.

## 2.9.2 Breith an Choimisiúin maidir le CEI

### Sonraí CEI agus tuairiscíocht

Ba chóir dreasacht a thabhairt do na meáin chumarsáide ionas go dtuigfí an tábhacht atá le sonraí maidir le cúrsaí Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta a bhailiú agus go mbeadh de chuspóir sin a dhéanamh. Ba chóir go mbeadh de phrionsabail go mbeadh cistíocht phoiblí d'eagraíocht agus do thionscadal ag brath air sin agus sin ina dhreasacht maidir lena chinntiú go dtarlaíonn dóthain bailiúchán sonraí agus dóthain tuairiscíochta maidir le cúrsaí CEI. Bheadh sonraí den sórt sin á gcur ar aghaidh ina dhiaidh sin go mbeadh san áireamh le tionscadal comhordaithe ar fud na hearnála ar fad maidir le sonraí a bhailiú. Aonad de chuid Choimisiún na Meán Cumarsáide, dírithe ar thaighde straitéiseach, a dhéanfadh an comhordú ar na sonraí sin a stiúradh. Leagfaí de chúram soiléir ar an aonad tuairiscíocht a dhéanamh maidir le cúrsaí CEI ar fud chóras na meán cumarsáide. D'eagródh an grúpa seo suirbhéanna cóiriúla go rialta leis an bpobal, le dreamanna sa lucht féachana agus éisteachta agus suirbhé bliantúil le heagraíochtaí na meán cumarsáide. Cé go mbeadh ról tábhachtach le hobair an aonaid sin, is é is buntábhachtaí go mbeadh bailiú sonraí ina ghnáthchuid den obair ag lucht na hearnála ar fad.

Ba chóir do Choimisiún na Meán Cumarsáide gach a dtagann i gceist le hilchineálacht sna meáin chumarsáide i gcomhthéacs na hÉireann a mheas agus a leagan amach go rialta, go háirithe tar éis daonáireamh a dhéanamh nó obair shonrach taighde maidir leis an lucht féachana agus éisteachta a dhéanann Coimisiún na Meán Cumarsáide féin.

### Caighdeáin a leagan amach agus a chur i bhfeidhm

Sonraítear tábhacht freisin le caighdeáin maidir le hilchineálacht ar na meáin chumarsáide in Éirinn a leagan amach agus a chur i bhfeidhm sa tuarascáil maidir le hIniúchadh ar an Athrú maidir le Cúrsaí Inscne agus Ilchineálachta in Earnálacha Meán Cumarsáide na hÉireann, arna choimisiúnú ag an Údarás Craolacháin, atá le foilsiú go gairid.  Is féidir ábhar spreagtha maidir leis na caighdeáin a bhaint as a mbíonn i bhfeidhm ag eagraíochtaí de leithéid an British Film Institute (BFI). Tá caighdeáin na heagraíochta sin dírithe ar chine, aois, inscne, míchumas agus claonadh gnéis, réimsí a bhfeictear don BFI gur tearc a chuirtear i láthair iad. Luaitear na caighdeáin faoi na ceannteidil seo a leanas; a) cur i láthair ar an scáileán; b) ceannródaíocht lucht cruthaitheachta; c) a bheith istigh maidir leis an tionscal agus deiseanna oiliúna; agus d) straitéisí dáileacháin agus taispeántais. Chun cistí a fháil ón BFI, ní mór do na léiritheoirí agus do na heagraíochtaí meán cumarsáide dhá chaighdeán ar a laghad a shásamh, agus spreagtar iad chun féachaint le trí cinn a shásamh. Bheadh tábhacht, i gcás earnáil na meán cumarsáide in Éirinn, leis caighdeáin a chóiriú do chomhthéacs na tíre seo. Mar shampla, d’fhéadfadh caighdeán a bheith i gceist maidir le hionchuimsitheacht an Lucht Siúil, éagsúlacht agus ilchineálacht maidir le cúrsaí socheacnamaíochta, réigiúin agus teangacha. Ba cheart go ndéanfadh an Grúpa Forfheidhmiúcháin na caighdeáin seo a thabhairt chun cinn agus a leagan amach agus go dtiocfadh an mhonatóireacht ina leith faoi scáth Choimisiún nua na Meán Cumarsáide.

### Boird Ilchineálachta

Tháinig an Coimisiún ar an gcomhairle gur beart tábhachtach maidir le cúrsaí CEI a chur chun cinn i gcóras na meán cumarsáide boird ilchineálachta a chur ar bun ar fud réimsí éagsúla d’earnáil na meán cumarsáide, eagraíochtaí móra meán cumarsáide de leithéid RTÉ san áireamh. Bheadh saineolaithe ar na boird seo chomh maithe le hionadaithe ó dhreamanna éagsúla a d’fhéadfadh comhairle a chur agus comhchruthú a dhéanamh le léiritheoirí agus le scríbhneoirí d’fhonn na dreamanna lena mbaineann siad a chur i láthair ar bhealach cuí cruinn.  Ba chóir go mbeadh iléagsúlacht maidir le réigiúin agus le cúrsaí socheacnamaíochta le sonrú go leordhóthanach ar chomhaltaí na ndreamanna sin freisin.  Ar mhaithe le dearcadh agus tuairimíocht na ndreamanna sin a thabhairt timpeall an bhoird, d’fhéadfadh páirtithe leasmhara pobail áitiúla, daoine agus abhcóidí a bhfuil taithí acu ar an eisiamh, agus daoine den lucht léinn a bheith ar na boird.

### Socrú cuspóirí agus dreasacht don lucht ceannaireachta

Is é breith an Choimisiúin nach ceart cúrsaí CEI a chúngú in aon chuid amháin d’eagraíocht meán cumarsáide agus gur cóir, os a choinne sin, go mbeadh an uile dhuine den lucht ceannaireachta agus ar fud na heagraíochta ag féachaint leis na cuspóirí ina leith thabhairt i gcrích.  Ba chóir go ndéanfaí gnáthchuid den bheartaíocht de, maidir le réimsí na cruthaitheachta agus an ghnó araon, ar fud earnáil uile na meán cumarsáide.

### Dreasacht, iniúchóireacht agus monatóireacht

D’fhonn breis ilchineálachta a spreagadh, molann an Coimisiún cur leis an gcistíocht d’ábhar trína dtéitear i ngleic go forbheartach le caighdeáin CEI agus trína gcuirtear scéalta dhreamanna imeallaithe i láthair.  Ba chóir do Choimisiún na Meán Cumarsáide monatóireacht agus iniúchóireacht leanúnach a dhéanamh maidir leis na bearta agus na deismireachtaí CEI uile d’fhonn an éifeachtúlacht ina leith a chinntiú.  Féadfaidh an Grúpa Forfheidhmiúcháin eiseamláirí den sárchleachtas ina leith sin a scrúdú.

### Oideachas, Oiliúint agus Fostaíocht

Tugtar chun suntais gur deacracht níos ginearálta ar fud earnáil na meán cumarsáide easpa cumarsáide idir an tionscal agus earnáil an oideachais.  Bíonn tionchar chun dochair aige sin ar chonair don mhac léinn agus dóibh siúd ar spéis leo oibriú ar na meáin chumarsáide nó a bheith páirteach in earnáil na meán cumarsáide. I ndáil le cúrsaí ilchineálachta, cuireann an t-easpa cumarsáide seo cosc ar shruth ilchineálach a chruthú de dhaoine cumasacha isteach san earnáil.  D’fhonn sin a chur ina cheart, ba chóir fóram a chur ar bun idir fostóirí in earnáil na meán cumarsáide, daoine a bhfuil taithí acu féin ar an eisiamh, agus forais oideachais, idir fhorais ardoideachais agus forais iar-ardteistiméireachta.  Is féidir leis an bhfóram seo deis a thabhairt d’fhostóirí a gcuid riachtanas a scrúdú agus a shonrú agus do na forais oideachais beart a dhéanamh dá réir. D’fhéadfadh Coimisiún na Meán Cumarsáide agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde,

Nuálaíochta agus Scileanna ról ginearálta eagrúcháin a bheith acu maidir le fóraim den sórt seo. Ba chóir leas a bhaint as na córais reatha atá ar fáil cheana féin faoi na comhlachtaí náisiúnta scileanna agus oiliúna de leithéid Skillnet agus SOLAS, agus feabhas a chur orthu tríd an bhfóram seo. Anuas ar an méid sin, ba chóir do Choimisiún na Meán Cumarsáide agus don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna dul i gcomhar le hearnáil na meán cumarsáide chun na cláir printíseachta, intéirneachta agus meantóireachta reatha a chur chun cinn agus deiseanna breise a chruthú. Ba chóir go gcinnteofaí maidir le cláir den sórt seo go mbeadh daoine de bhunadh ilchineálach ag teacht isteach orthu, mar atá le fáil i measc an phobail in Éirinn, iléagsúlacht maidir le cúrsaí socheacnamaíochta agus le réigiúin san áireamh. Ionas go gcinntítear go mbíonn na cláir ar fáil ag daoine ar chéim shocheacnamaíochta níos ísle, ba chóir do na heagraíochtaí meán cumarsáide a chinntiú gur cláir le pá a bhíonn i gceist. Dá dtarlódh cláir gan phá a chur ar bun, tá contúirt mhór gur ó aicme amháin den phobal a thiocfadh na daoine a chuireann isteach orthu agus dhéanfadh sin dochar maidir leis an gcuspóir ionadaíochta i ndáil leis an gcóras meán cumarsáide. Ar an ábhar sin, ba chóir deireadh a chur leis an ngnás ginearálta maidir le hintéirneacht gan phá mar gheall ar an mbuntáiste éagórach a thugann sin d'aicmí áirithe.

Is féidir leas a bhaint as na sparánachtaí beartaithe €25,000 a luaitear sa Bhille Craolacháin (Leasú) atá le slánchóiriú anois sa Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne mar thúsphointe ina leith seo. Sa bhreis air sin, ba chóir conairí a chruthú do dhaoine nach céimithe iad ionas gur féidir leo obair a fháil in earnáil na meán cumarsáide.

### Ilchineálacht an Lucht Féachana agus Éisteachta

Tháinig machnamh an Choimisiúin ar inchineálacht an lucht féachana agus éisteachta faoi anáil aighneachtaí ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara chomh maith le bearta caidrimh le saineolaithe an lucht léinn. I ndáil le daoine faoi mhíchumas agus le daoine den Lucht Siúil, tá an tuairim i réim nach bhfuil snátha scéil ar na meáin chumarsáide ar aon dul lena dtaithí féin ar an saol. Is minic blas steiréitíopa nó uasal le híseal ar a gcur i láthair ar na meáin chumarsáide. Is féidir déileáil leis sin ar bhealaí éagsúla. Tá de fhreagracht ar chomhlachtaí MSP iniúchóireacht a dhéanamh ar an ilchineálacht maidir le daoine ar an scáileán agus taobh thiar den scáileán. Sa chás nach mbíonn na meithle sin ar aon dul le dreamanna sonracha den phobal, tá de fhreagracht chomh maith oibriú le daoine ar léiriú ar an ábhar an taithí atá acu féin ar an saol agus snátha scéil a leagan amach. I dtús na beartaíochta, d'fhéadfaí bróicéireacht a dhéanamh ina leith sin trí chomharobair go seachtrach agus go hinmheánach, ach le himeacht aimsire, ba chóir go mbeadh comhlachtaí MSP ag fostú dhaoine ar bhonn ionchuimsitheachta ionas go dtagann foirne ó thaobh ilchineálachta lena bhfuil i réim i measc an phobail i gcoitinne. Is cur chuige sin atá de réir an mhana "ní tharlaíonn tada mar gheall orainn dár n-uireasa".

Trí chaidreamh le Skillnet, d'fhéadfaí a chinntiú go mbíonn oiliúint leordhóthanach ar scríbhneoirí agus ar léiritheoirí maidir le déileáil le hábhar ilchineálachta. Is féidir ar an gcaoi sin a chinntiú go mbíonn léiriú mionlaigh ar na meáin chumarsáide ina léiriú dáiríre ar thaithí saoil na ndaoine atá á léiriú.

De réir mar a thagann an t-ilteangachas chun cinn in Éirinn, is tábhachtach an rud go mbeadh daoine nach é an Béarla an phríomhtheanga úsáide acu leas a bhaint as Ábhar Seirbhíse Poiblí den tábhacht. Ba chóir Ábhar Príomhthábhachta Seirbhíse Poiblí na gcomhlachtaí MSP agus SÁSP a chur ar fáil le fotheidil i dteangacha a labhraítear go forleathan, mar shampla, sa Pholainnis, sa Liotuáinis, sa Phortaingéilis etc.

## 2.10 Conclúidí agus Moltaí

Mar a leagtar amach sa chaibidil seo, cuireadh fianaise dhoshéanta faoi bhráid an Choimisiúin ar an tairbhe ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta de a dhéanann comhlachtaí MSP agus SÁSP in Éirinn maidir le saoránaigh lán eolais a chruthú, dlús sóisialta a chur chun cinn agus an daonlathas a chothú. Trí nuacht agus faisnéis atá cruinn iontaofa a chur ar fáil, déanann na meán chumarsáide fónamh poiblí a bhfuil bunriachtanas leis.

Tá athrú múnla ag teacht chun cinn maidir le creat beartais an AE lena mbaineann tuiscint níos oscailte ar fháinne óir idir na meáin chumarsáide agus córas an daonlathais, an tábhacht le meáin chumarsáide níos saoire agus níos iontaofa chun cur in aghaidh réimsí baoil do chóras an daonlathais a admháil níos soiléire, tuiscint níos géire ar an mbaol eacnamaíochta do na meáin chumarsáide agus an chúis mhaith agus an réasúnaíocht a bhaineann le bearta idirghabhála de chuid an Stáit agus de chuid an AE d'fhonn a chinntiú go mbíonn meáin chumarsáide inbhuanaithe ar bun.

Tá leagtha ag an AE ar na ballstáit córas nua a shocrú trínar féidir na meáin chumarsáide a neartú agus a threisiú, gnéithe airgeadais san áireamh. Éilítear smaointeoireacht den nuacht agus beidh sin riachtanach chun dul i ngleic leis na réimsí dúshláin a thagann i gceist maidir le cúrsaí inmharthanachta. Táthar ag leathnú leis an scóip maidir le rialacha faoi Chúnamh Stáit a chur i bhfeidhm de réir mar atá an AE agus na ballstáit ag féachaint le córais nua don chúnamh a aimsiú.

Molann an Coimisiún, ina leith sin, gur cheart an tairbhe ó nádúr atá le hÁbhar Seirbhíse Poiblí a áireamh mar "tháirge fiúntais" mar gheall ar na buntáistí tairbheacha a thugtar i gcrích don tsochaí agus do chóras an daonlathais agus tá sé le háireamh, dá réir sin, ar na gnéithe cinniúnacha a bhaineann leis an mbonneagar poiblí. Moltar anuas air sin gur cheart aitheantas a thabhairt don ról tábhachtach sainiúil atá leis na Meáin Seirbhíse Poiblí agus le Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí. Tá tuiscint an Choimisiúin faoi na nithe seo mar bhunchúis le moltaí eile i ndáil leis an maoiniú poiblí agus le bearta cúnta eile d'fhonn buanseasmhacht chóras meán cumarsáide na hÉireann a chinntiú.

Rinne an Coimisiún freisin an ról agus an tábhacht atá le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht maidir le córas na meán cumarsáide a mheas agus aontaíodh ar mholtaí éagsúla d'fhonn feidhmíocht chomhlachtaí na meán cumarsáide i ndáil le CEI a chur chun cinn agus a bhrostú.

### Moladh 2-1 Meas ar Ábhar Seirbhíse Poiblí mar ghné chinniúnach den bhonneagar poiblí

Molann an Coimisiún gur cheart an tairbhe ó nádúr atá le hÁbhar Seirbhíse Poiblí a áireamh mar "tháirge fiúntais" mar gheall ar na buntáistí tairbheacha a thugtar i gcrích don tsochaí agus do chóras an daonlathais agus tá sé le háireamh, dá réir sin, ar na gnéithe cinniúnacha a bhaineann leis an mbonneagar poiblí. Moltar anuas air sin gur cheart aitheantas a thabhairt don ról tábhachtach sainiúil atá leis na Meáin Seirbhíse Poiblí agus le Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí. Tá tuiscint an Choimisiúin faoi na nithe seo mar bhunchúis le moltaí eile i ndáil leis an maoiniú poiblí agus le bearta cúnta eile d'fhonn buanseasmhacht chóras meán cumarsáide na hÉireann a chinntiú.

| Moladh 2-1 Meas ar Ábhar Seirbhíse Poiblí mar ghné chinniúnach den bhonneagar poiblí |
|---|
| Ba cheart an tairbhe ó nádúr atá le hÁbhar Seirbhíse Poiblí a áireamh mar "tháirge fiúntais" mar gheall ar na buntáistí tairbheacha a thugtar i gcrích don tsochaí agus do chóras an daonlathais agus tá sé le háireamh, dá réir sin, ar na gnéithe cinniúnacha a bhaineann leis an mbonneagar poiblí. |

### Moladh 2-2 Díriú ar Inmharthanacht na Timpeallachta

Tháinig an Coimisiún ar an gcomhairle gur cheart do na comhlachtaí meán cumarsáide in Éirinn a bheith níos dírithe agus níos aidhmeannaí ag cur chuig inmharthanacht na timpeallachta agus beartaíocht maidir le cúrsaí aeráide, go hinmheánach sna heagraíochtaí féin agus mar ghné den ról seirbhíse poiblí chomh maith.

| Moladh 2-2 Díriú ar Inmharthanacht na Timpeallachta |
|---|
| Ba cheart don Údarás Craolacháin/do Choimisiún na Meán Cumarsáide modhanna a thabhairt chun suntais ina spreagfaí cúrsaí inmharthanachta a chur chun cinn níos mó ar na meáin craoltóireachta, cló agus ar líne, ina measc:<br>- tríd an Líonra Inbhuanaitheachta Craoltóireachta a athsheoladh mar Líonra Inbhuanaitheachta na Meán Cumarsáide, le comhaltaí as gach réimse d'earnáil na meán cumarsáide;<br>- an Treochlár Inmharthanachta maidir le hEarnáil Craoltóireachta na hÉireann a aontú maidir le hearnáil na meán cumarsáide ar fad, na treoirlínte maidir le "Cláir Ghlasa" san áireamh;<br>- caighdeáin bonnlíne cuí maidir le cúrsaí inmharthanachta a thabhairt isteach mar chritéir incháilithe faoi Chiste nua na Meán Cumarsáide;<br>- tuairisc a thabhairt go tráthrialta ar fheidhmíocht na gcomhlachtaí MSP agus SÁSP maidir le cúrsaí inmharthanachta, le béim ar bhearta feabhais go hinmheánach agus ar an tionchar poiblí ó chláir / ábhar inmharthanachta a thomhas. |

### Moladh 2-3 Monatóireacht maidir le CEI, sonraí agus taighde

Ar an ról tábhachtach a bhaineann le sonraí, monatóireacht agus taighde i ndáil le CEI a chur chun cinn i gcóras na meán cumarsáide, molann an Choimisiún mar seo a leanas:

| Moladh 2-3 Monatóireacht maidir le CEI, sonraí agus taighde |
|---|
| Ba chóir go mbeadh de dhualgas faoin reachtaíocht ar na comhlachtaí MSP, faoin mbliain 2024, sonraí maidir le cúrsaí ilchineálachta a thiomsú agus a fhoilsiú.<br><br>Ba chóir do SÁSP sonraí a bhailiú chomh maith agus dreasacht ina leith sin a bheith i gceist trí choinníollacha le cistí poiblí d'eagraíochtaí agus do thionscadail ón mbliain 2022 amach.<br><br>Ba chóir go dtiocfadh na bearta go léir a dhéantar ar mhaithe le CEI a chur chun cinn faoi réir ag iniúchóireacht agus monatóireacht leanúnach. Ba chóir ról comhordúcháin, faoi aonad taighde straitéise, a bheith le Coimisiún na Meán Cumarsáide i ndáil le bailiú sonraí. Dhéanfadh an t-aonad seo iniúchóireacht go rialta ar a dtagann i gceist le hilchineálacht i gcomhthéacs na hÉireann ionas go gcinnteofaí an tuiscint agus an tomhas ar ghnéithe den ilchineálacht ag teacht le cúrsaí déimeagrafaíochta na tíre de réir mar a athraíonn sin le himeacht aimsire. |

### Moladh 2-4 Caighdeáin CEI

Tháinig an Coimisiún ar an gcomhairle gur gné thábhachtach de CEI a chur chun cinn i gcóras na meán cumarsáide caighdeáin CEI a leagan amach agus a chur i bhfeidhm, agus moltar dá réir:

**Moladh 2-4 Caighdeáin CEI**

Ba chóir do Choimisiún na Meán Cumarsáide caighdeáin ilchineálachta a leagan amach faoi R1 2024 agus go mbeadh dlite ar eagraíochtaí a fhaigheann cistí poiblí na caighdeáin sin a shásamh.

Ba chóir don aonad beartaithe taighde straitéise taobh istigh de Choimisiún na Meán Cumarsáide, i gcomhar le páirtithe leasmhara, comhordú a dhéanamh ar bhearta agus ar shlata tomhais CEI a leagan amach agus a chur i bhfeidhm faoi R4 2023.

### Moladh 2-5 Boird Ilchineálachta agus Ceannródaíocht

Is é breith an Choimisiúin go bhfuil tábhacht le bearta ar leibhéal eagrúcháin, lena n-áirítear boird ilchineálachta agus freagracht CEI ar leibhéal chomhaltaí Boird, i ndáil le cuspóirí CEI a chur chun cinn agus moltar dá réir sin:

**Moladh 2-5 Boird Ilchineálachta agus Ceannródaíocht**

Ón mbliain 2022 ar aghaidh, ba chóir d'eagraíochtaí meán cumarsáide boird ilchineálachta a chur ar bun a chuirfeadh comhairle ar léiritheoirí maidir le hábhar a chomhchruthú agus a chuideodh leis sin a dhéanamh.

Ba cheart a thabhairt gur gnáthchuid CEI den obair ar fud na n-eagraíochtaí meán cumarsáide. Cé gur cheart an fhreagracht a leagan ar dhaoine ar fud na heagraíochta ar fad, is ar an leibhéal sinsearach feidhmiúcháin a leagfar an chuntasacht.

Ón mbliain 2022 ar aghaidh, ba chóir do chomhlachtaí móra MSP agus SÁSP de leithéid RTÉ, TG4, agus Virgin Media TV ceannasaí Ilchineálachta ar leibhéal sinsearach feidhmiúcháin a cheapadh ar a leagfaí de chúram, leis na hacmhainní chuige sin, plean straitéise a chruthú trína dtugtar aidhmeanna ilchineálachta i gcrích ar fud na heagraíochta. Ba chóir, in éineacht leis sin, ionadaí ó dhream mionlaigh a bheith ar bhord na heagraíochta. Is é is fearr tuairiscíocht de chineál áirithe maidir leis an dul chun i ndáil le CEI ina réimse oibre a bheith ag baint le gach post ceannasaíochta san eagraíocht.

### Moladh 2-6 Ilchineálacht - Oideachas, Oiliúint agus Fostaíocht

Tá bearta éagsúla á moladh ag an gCoimisiún chun CEI a chur chun cinn trí bhearta oideachais, oiliúna agus fostaíochta:

**Moladh 2-6 Ilchineálacht - Oideachas, Oiliúint agus Fostaíocht**

Ba chóir don Údarás Craolacháin / do Choimisiún na Meán Cumarsáide fóram a chur ar bun le forais oideachais, páirtithe leasmhara a bhfuil taithí saoil acu ar an eisiamh agus fostóirí meán cumarsáide chun bealaí a shonrú inar féidir sruth daoine cumasacha ilchineálacha a chruthú agus chun bearnaí maidir le réimsí scileanna a thabhairt chun suntais.

Ba chóir do Choimisiún na Meán Cumarsáide agus don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais oibriú i gcomhar le hearnáil na meán cumarsáide maidir le conairí printíseachta agus intéirneachta a chruthú. Ba chóir pá a bheith i gceist leo seo ionas go gcinntítear gur féidir le réimse chomh hilchineálach den phobal agus is féidir cur isteach orthu agus páirt chóir chothrom a ghlacadh iontu.

Ba chóir do chomhlachtaí MSP a chinntiú go mbíonn oiliúint leordhóthanach ar scríbhneoirí agus ar léiritheoirí maidir le déileáil le hábhar ilchineálachta ón mbliain 2024 amach.

Ba chóir don Údarás Craolacháin / do Choimisiún na Meán Cumarsáide cód cleachtais a chur le chéile ina leagtar amach gur gá d'eagraíochtaí meán cumarsáide caidreamh a chothú leis an tsochaí shibhialta agus le dreamanna pobail nuair a bhíonn tuairiscíocht á dhéanamh nó snátha scéil á ríomh a bhaineann le dreamanna mionlaigh.

Ba chóir Ábhar Príomhthábhachta Seirbhíse Poiblí, mar shampla eolas sláinte poiblí, a chur ar fáil le fotheidil i dteangacha a labhraítear i measc phobal na hÉireann, lena n-áirítear mar shampla, Béarla Simplí, Polainnis, Liotuáinis, Portaingéilis agus Sínis. Léirítear leis sin an tábhacht a cheaptar le caidreamh a dhéanamh le dreamanna nach é an Béarla ná an Ghaeilge an phríomhtheanga úsáide acu.

### Moladh 2-7 Áisiúlacht

Molann an Coimisiún an beart seo a leanas chun cúrsaí áisiúlachta a chur chun cinn:

**Moladh 2-7 Áisiúlacht**

Ba chóir go dtabharfadh Coimisiún na Meán Cumarsáide daoine faoi mhíchumas san áireamh ar na rollaí. Ní mór freisin caidreamh a chothú agus oibriú i gcomhar le heagraíochtaí dhaoine faoi mhíchumas agus le páirtithe leasmhara a bhfuil taithí saoil acu ar chúrsaí eisiatachta agus áisiúlachta. Beidh sin ina chreat maidir le cur chuige claochlaitheach i dtimpeallacht meán cumarsáide na hÉireann agus ceadófar deiseanna cothroma maidir le cuspóir an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne a chomhlíonadh agus freastal do riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, go háirithe maidir le seirbhísí a bheith áisiúil ag daoine atá faoi mhíchumas.

# 3 Dearcthaí maidir le meáin na hÉireann

## Ábhar


**3.1** Réamhrá ... 57
**3.2** Na Meáin Chlóite ... 58
**3.3** An earnáil closamhairc ... 62
**3.4** Teilifís ... 63
**3.5** Raidió ... 73
**3.6** Na Meáin ar líne ... 77
**3.7** Dearcadh an phobail ar na meáin ... 83
**3.8** Athbhreithnithe bliantúla ÚCÉ ar fheidhmíocht MSP ... 89
**3.9** Conclúidí ... 91

## 3.1 Réamhrá

Tugann an chaibidil seo léargas ar na príomh-earnálacha a bhaineann le córas na meán comhaimseartha in Éirinn - cló, closamhairc, teilifís, raidió agus ar líne (Cuid 3.2 go dtí 3.6) - ag tarraingt ar thaighde de chuid Core agus tuarascálacha ón BAI, ón POS, ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, mar aon le faisnéis fhorlíontach agus fianaise a sholáthraíonn eagraíochtaí meán agus a gcomhlachtaí ionadaíocha don Choimisiún.

Cé go nglactar le cur chuige earnáil ar earnáil, tá forluí ann. Is earnáil mhór inti féin í an teilifís (Cuid 3.4) mar shampla, ach is comhpháirt í freisin den tionscal closamhairc níos leithne in Éirinn (Cuid 3.3). Ina theannta sin, cé go bhféadfadh baint láidir a bheith ag go leor eagraíochtaí meán cumarsáide traidisiúnta le formáid meán cumarsáide amháin nó formáid meán cumarsáide eile - m.sh. cló nó raidió - tá láithreacht dea-shaothraithe ar líne ag a bhformhór agus / nó dhéanfaidís cur síos orthu féin mar eagraíochtaí meán cumarsáide “digiteacha”. Sa ré seo atá coinbhéirseach go digiteach, tá go leor eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí meán agus go leor táirgí agus seirbhísí meán a chuimsíonn ardáin, formáidí agus asraonta éagsúla. In Éirinn, mar atá in áiteanna eile, tá coinbhéirseacht digiteach agus fás an idirlín tar éis iomaíocht a mhéadú go mór laistigh de thionscail na meán agus na cumarsáide agus ar fud na dtionscal a mheas siad roimhe seo a bheith ar leith, agus tar éis na teorainneacha trasnáisiúnta a chreimeadh, teorainneacha a thug cosaintí iomaíocha roimhe seo do sholáthraithe ábhar meán dúchasach agus áitiúil, na meáin nuachta áitiúla san áireamh.

Cuimsíonn gníomhaíochtaí na meán in Éirinn roinnt céimeanna éagsúla go ceartingearach, ó cheapadh agus táirgeadh ábhair, go dtí ábhar a chur le chéile agus a phacáistiú i dtáirgí agus i seirbhísí, go scaipeadh, dáileadh agus seachadadh meán. I measc na gcineálacha páirtithe a bhfuil baint acu leis an tionscal tá institiúidí traidisiúnta MSP agus cuideachtaí meán náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus eintitis phobalbhunaithe, daoine aonair a bhfuil baint acu le hiarrachtaí cruthaitheacha agus iarrachtaí eile a bhaineann leis na meáin. Ina theannta sin, tá corparáidí móra trasnáisiúnta sna meáin ag feidhmiú i margadh na hÉireann, agus ollchomhlachtaí teicneolaíochta mar a thugtar orthu - na meáin shóisialta mhóra agus ardáin ábhair eile a bhfuil ról lárnach acu maidir le comhiomlánú agus dáileadh ábhar meán.

Chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar chodanna éagsúla d’earnáil na meán in Éirinn, cuireann codanna eile níos faide amach sa chaibidil seo anailís ar fáil maidir le tuairim an phobail faoin gcaoi a bhfuil na meáin in Éirinn ag feidhmiú agus measúnuithe le déanaí ón ÚCÉ agus faoin ÚCÉ maidir le feidhmíocht dhá eagraíocht MSP na hÉireann, RTÉ agus TG4.

Is é an léargas a thagann chun cinn ná tírdhreach éagsúil, beoga agus dea-fheidhmiúil maidir le soláthar meán in Éirinn, ach freisin ceann atá, i gcodanna ar a laghad, faoi bhrú mór a bhaineann le maoiniú agus leis na dúshláin mhóra a bhaineann le haistriú digiteach.

## 3.2 Na Meáin Chlóite

### 3.2.1 Léargas ginearálta

Tá traidisiún fada uasal iriseoireachta neamhspleách ag na meáin chlóite in Éirinn ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Chuala an Coimisiún fianaise láidir ar luach sóisialta agus eacnamaíoch fhoilsitheoirí na nuachta clóite, mar aon le cuntais loma ar na dúshláin eacnamaíocha thromchúiseacha a bhí amach rompu le blianta beaga anuas. Ní hí Éire amháin a bhfuil na dúshláin seo amach roimpi - tá na meáin chlóite sa chuid is mó de na geilleagair forbartha agus iad siúd de chuid an iarthair ag tabhairt aghaidh ar na himpleachtaí a bhaineann le hathrú mórdhíola i dtreo tomhaltas meán ar líne, agus glactar leis go forleathan go leanfaidh na dúshláin thromchúiseacha sa tréimhse amach romhainn. Ag an am céanna, má dhéantar oiriúnú do thimpeallacht dhigiteach cuirtear deiseanna nuálaíochta ar fáil, mar shampla maidir le leas a bhaint as sonraí, agus le haghaidh claochluithe i samhlacha oibríochta, straitéise agus gnó a spreagfaidh fiontar ar fud na hearnála. Díríonn Caibidil 4 níos sonrach ar shaincheisteanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch, lena n-áirítear na meáin chlóite, agus soláthraíonn an chuid seo a leanas forbhreathnú ginearálta ar na meáin chlóite in Éirinn sa lá atá inniu ann.

### 3.2.2 Foilseacháin

Tacaíonn margadh na hÉireann do nuachtáin, le roinnt teidil náisiúnta iomaíocha móide foilseacháin réigiúnacha agus áitiúla a chuireann le hiolracht sláintiúil agus le héagsúlacht guthanna sa phreas. Cuimsíonn sé 8 nuachtán laethúil, 7 nuachtán seachtainiúil agus 55 nuachtán áitiúil, le tacaíocht den chuid is mó ó mheascán d'ioncam díolacháin agus fógraíochta, chomh maith le 35 nuachtán "saor in aisce" nó le tacaíocht iomlán ó fhógraíocht, a bhfuil samplaí díobh i dTábla A-2 (i gceangal) - catagóir a bhfuil méadú tagtha air le blianta beaga anuas.

Soláthraítear sna Táblaí 3-1 agus 3-2 léargas ar dhíolachán nuachtáin laethúla agus seachtainiúla náisiúnta na hÉireann sa bhliain 2019 agus sa bhliain 2018 faoi seach. Chomh maith le nuachtáin náisiúnta laethúla agus seachtainiúla, tá a dteidil réigiúnacha agus/nó áitiúla féin ag gach contae in Éirinn, a bhfuil samplaí díobh leagtha amach i dTábla 3-3 thíos. Freastalaítear ar léitheoirí na hÉireann freisin le sraith teidil iris, agus tá samplaí díobh leagtha amach dTábla 10-1, i gceangal.

**Tábla 3-1** *Foilseacháin Náisiúnta Laethúla (meánchiorclaíocht Iúil-Nollaig 2019)*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| The Irish Times (ciorclaíocht 54,147) | Irish Independent (níl figiúirí díolacháin ar fáil) | Irish Sun (ciorclaíocht 45,487) | Irish Daily Star(ciorclaíocht 38,383) | Irish Daily Mail (ciorclaíocht 26,265) |
| (Irish Daily Mirror (ciorclaíocht 26,158) | Herald (níl figiúirí díolacháin ar fáil) | Irish Examiner (ciorclaíocht 23,387) | | |

**Tábla 3-2** *Foilseacháin Náisiúnta Seachtainiúla (meándíolacháin Iúil-Nollaig 2018)*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Sunday Independent (ciorclaíocht 165,334) | Sunday World (ciorclaíocht 123,095) | The Sunday Times (ciorclaíocht 66,039) | Irish Mail On Sunday (ciorclaíocht 62,630) | Business Post (ciorclaíocht 26,652) |
| Irish Sunday Mirror (ciorclaíocht 20,220) | Irish Farmers Journal (níl figiúirí díolacháin ar fáil) | | | |

**Tábla 3-3** *Samplaí de Nuachtáin Áitiúla (Eagráin chlóite agus dhigiteacha)*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Bray People | Carlow Nationalist | Clare Champion | Connacht Tribune | Dublin InQuirer |
| Donegal Democrat | Donegal News | Donegal People's Press | Donegal Post | Drogheda Independent |
| Offaly Independent | Connaught Telegraph | New Ross Standard | Enniscorthy Guardian | Fingal Independent |
| Gorey Guardian | Inish Times | Kerry's Eye | Kildare Nationalist | Kildare Post |
| Kilkenny People | Laois Nationalist | Leinster Leader | Leinster Express | Leitrim Observer |
| Limerick Leader | Longford Leader | Mayo News | Meath Chronicle | Midland Tribune |
| Munster Express | The Nationalist | Nenagh Guardian | The Anglo Celt | Northern Standard |
| Roscommon Herald | Sligo Champion | Southern Star | Dundalk Democrat | The Argus |
| The Avondhu | The Clare Echo | The Corkman | The Echo | The Kerryman |
| The Leader | Tipperary Star | Tuam Herald | Tullamore Tribune | Western People |
| Waterford News and Star | Westmeath Examiner | Westmeath Independent | Wexford People | Wicklow People |

## 3.2.3 Fostaíocht


Níl sonraí cuimsitheacha ar fáil faoi fhostaíocht ar fud thionscal na meán clóite ina iomláine, lena n-áirítear nuachtáin agus irisí "saor in aisce". Mar sin féin, tugann aighneachtaí chuig an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán ó phríomhchomhlachtaí ionadaíocha thionscal na nuachtán, NewsBrands Ireland (le haghaidh nuachtáin náisiúnta) agus Local Ireland (le haghaidh nuachtáin áitiúla), le tuiscint go bhfuil timpeall 3,340 coibhéis lánaimseartha fostaithe go díreach faoi láthair agus tá 2,500 duine eile i bhfostaíocht indíreach agus spreagtha.

## 3.2.4 Ciorclaíocht

Mar a luadh i 3.2.2 thuas, tacaíonn margadh na meán clóite in Éirinn le sraith teidil iomaíocha ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Mar sin féin, agus d'ainneoin na n-éifeachtaí maolaitheacha a bhaineann le himirce fhorleathan i measc foilsitheoirí i dtreo dáileadh ábhar nuachta ar ardáin dhigiteacha agus ar líne, tá díolacháin ciorclaíochta nuachtán cló fisiceach in Éirinn ag laghdú go seasta le blianta beaga anuas.


Mar gheall ar athruithe le déanaí ar an gcur chuige maidir le ciorclaíocht nuachtáin a thomhas agus a fhoilsiú, ar an drochuair níl sonraí comparáideacha iontaofa cothrom le dáta faoi dhíolacháin le blianta beaga anuas ar fáil. Mar sin féin, soláthraíonn sonraí stairiúla suas go dtí an bhliain 2018 léargas úsáideach ar threochtaí leathana. Mar a léirítear i Léaráid 3-1, thit líon na nuachtán clóite a bhí i gciorclaíocht laethúil in Éirinn ó thart ar 2,000,000 sa bhliain 2000 go dtí thart ar 900,000 sa bhliain 2018, titim de 55%, rud a léiríonn laghdú ginearálta ar mheánleibhéil léitheoireachta priontála agus dúnadh roinnt teidil nuachtán clóite aonair.

**Léaráid 3-1** *Ciorclaíocht laethúil nuachtán in Éirinn (2000-2018)*




Taispeántar i Léaráid 3-2 feidhmíocht teidil laethúla náisiúnta aonair sa tréimhse 2015-2020, agus tuairiscíonn nuachtáin áitiúla ráta laghdaithe ciorclaíochta den chineál céanna.

**Léaráid 3-2** *Ciorclaíocht laethúil nuachtán in Éirinn (2015-2020)*



Cé gur tháinig laghdú ar chiorcláin chlóite, níor tháinig laghdú ar shuim lucht féachana na hÉireann in ábhar nuachta. Mar sin féin, tá tomhaltas nuachta athraithe go mór chuig na meáin ar líne. Sa bhliain 2020 maíonn 2.5 milliún duine go léitear suíomh nuachta nó páipéar nuachta ar bhonn seachtainiúil, le 639,000 duine ag úsáid aip soghluaiste chun rochtain a fháil ar nuacht, 383,000 ag féachaint ar fhíseán ar líne le haghaidh nuachta agus 1.6 milliún duine ag úsáid suíomh idirlín le haghaidh nuachta.

Mhéadaigh mórchuid na nuachtán a gcuid oibríochtaí ar líne go suntasach le blianta beaga anuas mar bhealach chun dul i gcoinne laghduithe i gciorclaíocht chlóite agus iarracht a dhéanamh ioncam digiteach a thógáil ó shíntiúis ar líne agus/nó díolacháin ar líne. Mar shampla, sa bhliain 2018 bhí thart ar 22,000 níos lú cóipeanna clóite á ndíol den *Irish Independent* ná mar a bhí sa bhliain 2015 agus dhíol an *Irish Times* 20,000 níos lú cóipeanna sa bhliain 2019 ná 5 bliana roimhe sin. Le linn na tréimhse céanna, mhéadaigh an dá theideal a mbonn custaiméirí ó thaobh síntiús ar líne agus faoi láthair tá thart ar 38,000 síntiúsóir digiteach ag an *Irish Independent* agus thart ar 120,000 ag an *Irish Times* a íocann táille. I dtéarmaí comhiomlána, áfach, níorbh ionann ioncaim ó shíntiúis dhigiteacha ach 5% den ioncam foriomlán le haghaidh nuachtáin náisiúnta in 2020.[27]

Chuir Local Ireland béim ar ról an tseachadta dhigitigh maidir le réimse áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhall-eagraíochtaí a leathnú, agus mheall a bhfoilsitheoirí beagnach 8 milliún úsáideoir domhanda uathúil agus níos mó ná 25 milliún amharc leathanaigh i mí tipiciúil. Nuair a chuir sí ábhar ar fáil d'idirphlé téamach an Choimisiúin, d'fhreagair Linda O'Reilly, eagarthóir an nuachtáin áitiúil an Anglo Celt, an cheist go gonta:

> "Ní dhíolann an Anglo Celt 13,000 cóip agus níos mó sa tseachtain a thuilleadh mar a rinneamar deich mbliana ó shin. Ach, táimid ag déanamh teagmháil le níos mó daoine ná riamh. Ag glacadh figiúirí ciorclaíochta in éineacht lenár n-úsáideoirí uathúla, freastalaíonn ár nuachtán ar níos mó ná 50,000 duine gach seachtain. Is léir go bhfuil an t-éileamh ann don rud a chuireann muid ar fáil, ach tá costas air agus ní leor na torthaí ón gcuid dhigiteach chun ár ngnóthaí a chothú. Tá samhlacha síntiúis á bhforbairt, ach ní féidir leo féin foilsitheoirí nuachta áitiúla a chothú. Mar sin féin, is é an teicneolaíocht dhigiteach an todhchaí agus an am i láthair. Caithfimid freastal ar an lucht féachana, ach teastaíonn tacaíocht uainn chun an t-aistriú a chur i gcrích. "

Cé gur tháinig laghdú ar chéatadán mhuintir na hÉireann a d'íoc síntiús le meáin chlóite le haghaidh na nuachta go ginearálta ó thart ar 80% den daonra sa bhliain 2015 go 65% sa bhliain 2020, nuair a chuirtear an t-ábhar digiteach (gan íocaíocht) san áireamh is léir go bhfuil leibhéil fhoriomlána léitheoireachta nuachta fós an-ard, le 1.5 milliún duine ag léamh suíomhanna idirlín nuachta go rialta agus os cionn 600,000 ag léamh nó ag úsáid aipeanna soghluaiste. Mar a mhínítear tuilleadh i gCaibidil 4, áfach, de ghnáth ní leor ioncam ó na meáin chlóite thraidisiúnta agus glacadh le tairiscintí nuachta digiteacha chun ioncam díolacháin agus fógraíochta a chailltear trí chiorclaíocht chlóite laghdaithe a chúiteamh.

[27] Aighneacht NewsBrands Ireland chuig an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán

## 3.3 An earnáil closamhairc

Go ginearálta feictear go bhfuil an earnáil closamhairc[28] comhdhéanta den chuid is mó de scannán agus teilifís, lena n-áirítear táirgeadh beochana, fógraíochta agus cluichí. Go stairiúil, bhí claonadh ag tacaíocht an phobail don earnáil closamhairc in Éirinn díriú go comhtháite agus go straitéiseach ar ghníomhaíocht agus fás eacnamaíoch a chur chun cinn i dtionscail táirgeachta scáileáin agus i réimsí gaolmhara. Mar sin d'fhéadfadh toradh infheistíochtaí den sórt sin comhartha éigin a thabhairt ar na héifeachtaí dóchúla a bhaineann le cur chuige níos comhghreamaitheach agus níos comhtháite a ghlacadh i dtreo tacaíochta do mheáin na hÉireann ina iomláine amach anseo.

### 3.3.1 Ranníocaíocht eacnamaíoch na hearnála Closamhairc

Sa bhliain 2019, measadh go raibh ioncam foriomlán earnáil closamhairc na hÉireann os cionn €1.9 billiún agus gurbh ionann fógraíocht agus beagnach €1 billiún agus sháraigh Pay TV €500 milliún. Measadh, i dtuarascáil a cuireadh ar fáil sa bhliain 2017 de chuid Olsberg SPI / Nordicity[30], gur ghin na hearnálacha closamhairc agus raidió €1.05 billiún i GVA do gheilleagar na hÉireann sa bhliain 2016 agus bhí na fo-earnálacha scannáin, teilifíse agus beochana freagrach as an gcuid is mó de thart ar 66% den GVA iomlán. Laistigh de na fo-earnálacha deireanacha sin, ba é táirgeadh infheistíochta neamhspleách isteach a bhain le scannáin aicsin agus cláir teilifíse beo an ranníocóir aonair ba mhó, ag giniúint €195 milliún san iomlán, lena n-áirítear €69 milliún a ghin oibrithe agus cuideachtaí atá gníomhach go díreach i léiriúchán scannán agus teilifíse, €86 milliún ag tionscail soláthraithe agus €40 milliún in OLB arna ghiniúint ag tionscail a bhaineann leas as tionchair spreagtha.

Ghin earnáil na raidió OLB iomlán de €193 milliún, lena n-áirítear €112 milliún in OLB díreach (arna ghiniúint ag stáisiúin raidió agus táirgeoirí clár), OLB indíreach €57 milliún (ginte i dtionscail soláthraithe don earnáil raidió) agus €24 milliún in OLB spreagtha (ginte ag tionscail a bhaineann leas as tionchair spreagtha).

### 3.3.2 Fostaíocht

Measann Olsberg SPI / Nordicity (2017) go raibh beagnach 17,000 post san earnáil closamhairc sa bhliain 2016, lena n-áirítear 10,560 post díreach, 4,770 post indíreach agus 1,600 post spreagtha. Tháinig an rannchuidiú is mó don fhostaíocht, arís, ó na fo-earnálacha scannáin, teilifíse agus beochana, a ghin 11,960 CLA fostaíochta agus ní raibh ach os cionn 7,000 díobh ina fhostaíocht dhíreach cosúil le haisteoirí agus criú.

**Tábla 3-4** *Fostaíocht san earnáil closamhairc (2016)*

| | Scannán, Teilifís agus beochan | Fógraíocht Tráchtála | Cluichí Físeáin | Raidió | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Díreach:** | 7,070 | 270 | 1,450 | 1,770 | 10,560 |
| **Indíreach** | 3,740 | 70 | 410 | 550 | 4,770 |
| **Spreagtha** | 1,150 | 30 | 180 | 240 | 1,600 |
| **Iomlán** | 11,960 | 370 | 2,040 | 2,560 | 16,930 |

[28] Ó thaobh na gcuntas náisiúnta agus an staidrimh de, soláthraíonn NACE 2 (a glacadh sa bhliain 2006) comhtháthú bríoch de ghníomhaíochtaí closamhairc agus gníomhaíochtaí meán eile faoi Roinn J (faisnéis agus cumarsáid), arb iad a bpríomhchodanna gníomhaíochtaí foilsitheoireachta (roinn 58), scannán agus gníomhaíochtaí taifeadta fuaime (roinn 59), gníomhaíochtaí craolacháin agus clár raidió agus teilifíse (roinn 60), gníomhaíochtaí teileachumarsáide (roinn 61), gníomhaíochtaí teicneolaíochta faisnéise (roinn 62) agus gníomhaíochtaí seirbhíse faisnéise eile (roinn 63).

[29] Olsberg SPI, Nordicity (2017) Anailís Eacnamaíoch ar an Earnáil Closamhairc i bPoblacht na hÉireann

### 3.3.3 Tacaíochtaí Rialtais d'earnálacha na Meán Closamhairc agus na Meán Cruthaitheach

Ina aighneacht chuig an gCoimisiún, leag Screen Ireland béim ar dheiseanna do chraoltóirí seirbhíse poiblí, an ÚCÉ agus Screen Ireland chun tacú níos fearr le hiomaíochas idirnáisiúnta mheáin na hÉireann trí chomhpháirtíocht agus infheistíocht mhéadaithe. Leagtar amach san *Audiovisual Action Plan*, a seoladh sa bhliain 2018, go bhfuil sé mar aidhm aige cheana tacú le huaillmhian an Rialtais a chumasú d'Éirinn a bheith ina mol domhanda chun scannán, drámaíocht teilifíse agus beochan a léiriú. Tugann sé breac-chuntas ar an bhféidearthacht fostaíocht i scannáin, teilifís agus beochan a dhúbailt go dtí os cionn 24,000 CLA agus €1.4 billiún a chur leis an ngeilleagar faoi 2022. Déanann Grúpa Stiúrtha maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta lena n-áirítear ionadaithe ó réimse ranna rialtais, an ÚCÉ, Screen Ireland, na Coimisinéirí Ioncaim, Fiontraíocht Éireann agus An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail.

Leagtar amach san *Plan for Investing in our Culture, Language and Heritage*[31] cuspóirí an Rialtais don tréimhse 2018-2027 maidir le hinfheistíochta caipitil san earnáil. Ag teacht le Clár Éire Ildánach, aithnítear go bhfuil infheistíocht ríthábhachtach d'earnáil bheoga léiriúcháin meán agus go bhfuil infheistíocht den sórt sin in oidhreacht chultúir na hÉireann mar bhonn agus mar thaca ag comhtháthú sóisialta agus ag tacú le fás eacnamaíoch. Leagtar amach ann aidhmeanna caipitil straitéiseacha a bhaineann le hearnáil na léiriúcháin closamhairc a neartú lena n-áirítear €200 milliún de mhaoiniú infheistíochta atá le treorú trí Screen Ireland i dtreo tosaíochtaí amhail comhléiriú, forbairt ábhar nua drámaíochta teilifíse as Éirinn agus tacaíocht don chiste léiriúcháin réigiúnach i réimsí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin.

Déantar iniúchadh breise i gCaibidil 5 agus i gCaibidil 7 ar an bhféidearthacht go mbeadh Éire ina lárionad barr feabhais domhanda chun ábhar closamhairc a léiriú.

## 3.4 Teilifís

Is é an léiriú teilifíse an chuid is suntasaí den tionscal closamhairc, go heacnamaíoch agus go soch-chultúrtha. Ag leanúint ar aghaidh ó Chuid 1.3, tugann an chuid seo cuntas breise ar thionscal na teilifíse comhaimseartha in Éirinn agus ar an gcaoi ar tháinig sé chun cinn le déanaí agus ar phátrúin athraitheacha dáilte agus tomhaltais teilifíse.

Trí eagraíocht meán a chuireann craolachán teilifíse ar fáil in Éirinn go príomha: craoltóirí seirbhíse poiblí RTÉ agus TG4, agus an craoltóir tráchtála náisiúnta, Virgin Media, a bhfuil gach ceann acu á rialú ag Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ), mar atá forordaithe leis an Acht Craolacháin 2009.

Feidhmíonn RTÉ trí chainéal náisiúnta, RTÉ a hAon, a Dó agus News Now, oibríonn TG4 an stáisiún teilifíse náisiúnta Gaeilge, agus oibríonn Virgin Media Virgin Media One, Two agus Three. Feidhmíonn Eir Sport cainéal teilifíse spóirt, ach fógraíodh go bhfuil sé ar intinn an cainéal a dhúnadh níos déanaí sa bhliain 2021. Tá teaghlaigh na hÉireann in ann an bealach teilifíse Tithe an Oireachtais TV a fháil, agus tá dhá chainéal teilifíse pobail ann freisin, i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh.

Is fo-thacar iad na stáisiúin teilifíse náisiúnta den rogha níos leithne atá ar fáil do lucht féachana na hÉireann, trí chábla agus satailít. Is féidir le lucht féachana in Éirinn rochtain a fháil ar raon leathan de chainéil Éireannacha, RA agus idirnáisiúnta trí sheirbhísí teilifíse íoctha, lena n-áirítear Sky agus Virgin.


[30] Rialtas na hÉireann (2018) Investing in our Culture, Language & Heritage 2018-2027. https://www.creativeireland.gov.ie/en/publication/investing-in-our-culture-language-heritage/

## 3.4.1 Breathnú ar an teilifís

Féachann beagnach 3 mhilliún duine ar an teilifís craolta in Éirinn sa seachtain ar an meán. Dearbhaítear le meán-rochtain sheachtainiúil na teilifíse líní in Éirinn - ag 80.2% d'aosaigh de réir meastacháin TAM - cé go bhfuil sé rud beag níos ísle ná meán an AE (féach Léaráid A-1, i gceangal), dearbhaítear gur gníomhaíocht thábhachtach agus luachmhar i gcónaí é féachaint ar an teilifís thraidisiúnta, do lucht féachana na hÉireann.

Is iad imeachtaí beo nó reatha, go háirithe nuacht agus spóirt, mar a léirítear i Léaráid 3-3, a dhearbhaíonn, bunaithe ar shonraí TAM, an tóir leanúnach atá ar an dá sheánra seo. Is é an tríú seánra is mó a bhreathnaítear air ná Siamsaíocht agus Drámaíocht, agus cláir Pholaitiúla nó Eacnamaíocha ina dhiaidh sin, agus ansin cláir Saincheisteanna Sóisialta, scannán agus ceol.


**Léaráid 3-3** *Meánlucht féachana de réir seánra ábhair (2015-2020)*




*Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM: Consolidated; Various Audiences; all viewing 000's; Jan 2015 - Dec 2020; All Day; Total TV*

Taispeántar le hanailís a rinneadh ar shonraí tomhaltais teilifíse de réir cohórt aoise sa tréimhse 2015-2020, cé gur fhan figiúirí féachana foriomlána in Éirinn réasúnta cobhsaí, gur tharla athruithe tábhachtacha i gcomhdhéanamh na bpatrún féachana le lucht féachana níos sine is cúis le líon níos mó agus níos mó lucht féachana teilifís líneach le blianta beaga anuas (féach Léaráid 3-4). Ní feiniméan Éireannach amháin í an fhianaise ar dheighilt ghlúin den sórt sin, le lucht féachana níos óige ag taispeáint níos mó suime i seirbhísí ar líne agus an cion d'amharc líneach teilifíse d'aoisghrúpaí níos sine atá ag méadú, ach is feiniméan é seo atá le feiceáil go forleathan i dtíortha ar fud na cruinne. Léirítear an claonadh atá ann do lucht féachana níos óige, go háirithe sa chatagóir 18-24, níos lú ama a chaitheamh ar amharc líneach ar fud a bpatrúin tomhaltais CSP agus teilifíse tráchtála araon (féach Léaráid A-2, i gceangal). Deimhnítear freisin an treocht i dtreo laghdú ar thomhaltas féachana líneach teilifíse i measc lucht féachana níos óige in Éirinn le sonraí le déanaí maidir le meán-amharc i measc leanaí (féach Léaráid A-3, i gceangal).


**Léaráid 3-4** *Meánlucht féachana seachtainiúil na teilifíse (2015-2020)*




*Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM: Consolidated; Various Audiences; all viewing 000's; Jan2015-Dec2020; All Day; Total TV*

Léirítear i Léaráid 3-5 treochtaí atá cosúil go ginearálta de réir aoisghrúpa i dtéarmaí tomhaltas teilifíse ar fud MSP (RTÉ agus TG4) agus craoltóirí tráchtála (lena n-áirítear stáisiúin teilifíse atá bunaithe in Éirinn agus nach bhfuil bunaithe in Éirinn).

**Léaráid 3-5** *Breathnú ar an teilifís ar MSP agus craoltóirí tráchtála de réir aoise (2015-2020)*





*Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM; Consolidated; Various Audiences; all viewing 000's; Jan2015-Dec2020; All Day; Various TV*

Tríd is tríd, féachann lucht féachana na hÉireann ar sheirbhísí MSP (RTÉ agus TG4) ar feadh 52 nóiméad gach lá ar an meán, i gcomparáid le 175 nóiméad ag breathnú ar gach cainéal tráchtála. Mar sin féin, tá an t-am a chaitear le CSP fós réasúnta comhsheasmhach ó 2015, agus tá laghdú tagtha ar bhreathnú ar chainéil craolacháin tráchtála, go háirithe do dhaoine faoi bhun 45 bliain d'aois.

Is léir ó Léaráid 3-6 an tóir agus an forlámhas atá ag lucht féachana na hÉireann ar líon beag cainéal. Taispeántar le sonraí ó TAM-Nielsen le haghaidh Aibreán 2021, RTÉ a hAon le sciar 19.2% den mhargadh, agus Virgin Media One ina dhiaidh sin le 11.4%, RTÉ 2 le 4.9%, BBC 1 le 4.6%, Virgin Media Two le 3.7% agus Virgin Media Three le 3.0%.

**Léaráid 3-6** *Sciar den Mhargadh Teilifíse, Aibreán 2021*




[31] https://www.tamireland.ie/downloads/reach-and-share/


Ar an gcaoi chéanna, athdhearbhaíonn sonraí maidir le teagmháil le lucht féachana an treocht seo agus gan ach líon beag stáisiún teilifíse ann - lena n-áirítear RTÉ a hAon (74%), RTÉ a Dó (67.2%) chomh maith le Virgin Media One (66.8%), Virgin Media Two (58.7 %), BBC 1 (51.1%) agus TG4 (43.9%) - le teagmháil le lucht féachana níos mó ná 40% á bhaint amach – féach Léaráid A-4, i gceangal.

## 3.4.2 Dearcadh an phobail i leith na Teilifíse

Tá muinín an phobail as teilifís líneach an-ard i gcónaí. Fuarthas amach i suirbhé Choimisiún um Thodhchaí na Meán ar an bpobal i gcoitinne, a rinneadh i mBealtaine 2021, go bhfuil muinín ag níos mó ná 70% de na freagróirí as an teilifís chun faisnéis nó nuacht atá cruinn, fíorasach agus fíor a sholáthar. De ghnáth bhain an leibhéal ard muiníne seo le seirbhísí líneacha teilifíse. Ina ainneoin sin, ba é RTÉ a hAon agus a Dó a fuair an rátáil ab airde le 77% de na freagróirí a raibh muinín acu iontu, agus rátáil stáisiúin eile lena n-áirítear Virgin Media agus TG4 os cionn 70%, chomh maith le stáisiúin teilifíse atá lonnaithe lasmuigh d'Éirinn. Cuireadh leibhéil arda muiníne i bhfeidhm ar raidió agus ar nuachtáin, i gcodarsnacht leis na leibhéil muiníne níos ísle go ginearálta sna meáin shóisialta agus as ardáin ábhair ar líne.

Tá an tóir atá ag méadú ar sheachadadh ar líne le feiceáil i Léaráid 3-7, rud a léiríonn laghdú, sa tréimhse 2015-2020 sna daoine a deir gur fearr leo féachaint ar chláir theilifíse "beo", cé go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaoine a thuairiscíonn go n-úsáideann siad seirbhísí teilifíse "ar éileamh" chun a sceideal teilifíse féin a chruthú. Sa bhliain 2020, d'aontaigh 48% de dhaoine le "le linn mo chuid ama shaoir, is fearr liom dul ar an idirlíon seachas féachaint ar an teilifís", suas ó 32% sa bhliain 2015. Tá céatadán na ndaoine (29% -33%), a deir go bhfuil siad ag brath ar an teilifís chun eolas a fháil, coinnithe seasmhach i gcónaí idir 2015 agus 2020.

**Léaráid 3-7** *Dearcadh an phobail i leith na teilifíse (2015-2020)*





*Foinse: Target Group Index (TGI) Kantar Media, 2020*

## 3.4.3 Tionchar COVID

Ó thosaigh an phaindéim Covid-19, tá leibhéil lucht féachana na teilifíse líneacha méadaithe go ginearálta, agus tá borradh le feiceáil go príomha i dtomhaltas nuachta agus cúrsaí reatha agus i gcláir pholaitiúla-eacnamaíochta freisin. Tuairiscítear ó TAM Ireland / Nielsen Media Ireland gur fhéach an gnáthaosach in Éirinn sa bhliain 2020, i dteach a bhí ag féachaint ar an teilifís, gur fhéach sé/sí ar an teilifís ar feadh 4 uair an chloig agus 16 nóiméad sa lá - agus go raibh beagnach 3 uair an chloig (67%) de seo beo – féach Léaráid 3-8.

**Léaráid 3-8** *Meán lucht féachana (gach aois) de réir seánra (2015-2020)*





*Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM: Consolidated; Various Audiences; all viewing 000's; Jan2015-Dec2020; All Day; Total TV*

Léirítear éifeachtaí Covid-19 freisin i sonraí a thugann le fios go raibh baint ag cúig cinn den dheich gclár teilifíse is mó a breathnaíodh orthu in Éirinn in 2020 le géarchéim Covid-19 (féach Léaráid A-5, i gceangal).


Léirítear, i suirbhé an Choimisiúin ar an bpobal i gcoitinne, an luach a chuireann daoine ar an teilifís, agus go háirithe teilifís na seirbhíse poiblí. Nuair a fiafraíodh díobh cé na seirbhísí meán nó teicneolaíochta is mó a chuirtear luach orthu, sheas teilifís RTÉ amach mar an tseirbhís is luachmhaire.

**Léaráid 3-9** *Seirbhísí meán agus teicneolaíochta is luachmhaire*




Nuair a iarradh orthu na príomhchúiseanna a aithint a gcuireann siad luach ar na seirbhísí meán agus teicneolaíochta is fearr leo, na príomhfhachtóirí a luadh, mar a léirítear i Léaráid 3-10, ná gur mheas freagróirí go raibh siad "faisnéiseach", "iontaofa agus gur féidir brath air" agus go raibh "ábhar ar ardchaighdeán" ar fáil.

**Léaráid 3-10** *Príomhchúiseanna le luach an phobail i soláthraithe meán*



## 3.4.4 Modhanna aistrithe tomhaltais teilifíse

Taispeánann sonraí tomhaltais le blianta beaga anuas, ní hamháin go bhfuil an ghlúin óg ag féachaint ar ábhar teilifíse agus físe trí ardáin ar líne, ach tá líon méadaitheach daoine ar fud gach cohórt aoise ag féachaint air freisin. Tuairiscítear ó TAM / Nielsen go bhfuil rochtain ag 86% de theaghlaigh in Éirinn anois ar sheirbhísí craoltóra físe-ar-éileamh (BVOD) trí shraith teilifíse, agus go bhfuil rochtain ag 92% de dhaoine aonair ar BVOD (trí shraith teilifíse, ríomhaire glúine, táibléad nó fón). Idir an dá linn, tá teilifís chliste ag 53% de theaghlaigh anois.


Mar gheall ar inrochtaineacht mhéadaitheach na teicneolaíochta nua do gach aoisghrúpa tá sruthú físe mar mhodh tomhaltais príomhshrutha, lena n-áirítear do lucht féachana traidisiúnta teilifíse. Sa bhliain 2019, breathnaíodh beo ar 85% den teilifís craolta in Éirinn, agus breathnaíodh ar 15% ar bhonn ama. Sa bhliain 2016, ní raibh san fhigiúr féachana coibhéiseach aistrithe ama ach 10%, agus breathnaíodh ar 90% den teilifís craolta beo. Tá ceann de na rátaí is airde d'amharc neamhlíneach, nó aistrithe ama ag limistéar na hÉireann i limistéar an ACE (féach Léaráid A-6, i gceangal).

Cé go leanann an teilifís de bheith ina cloch theagmhála lárnach dóibh siúd ar spéis leo nuacht agus spóirt, go ginearálta tá an tóir a bhíonn ar amharc líneach á laghdú ag iomaíocht ó iomaitheoirí digiteacha agus ar líne. Cé nach gcuireann an chuid is mó de na seirbhísí móra síntiúis físe-ar-éileamh (SVOD) in Éirinn mar Netflix, Disney+, Amazon Prime mórán imeachtaí beo ar fáil mar spórt, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil imeachtaí spóirt nó siamsaíochta beo anois mar chuid de na tairiscintí iomaíocha atá mar seirbhísí sruthú i gcríocha idirnáisiúnta eile.

## 3.4.5 Físeán ar éileamh ón gcraoltóir (BVOD)

Tuairiscítear in *Core* go bhfuil fás suntasach tagtha ar úsáid Seinnteoir RTÉ le os cionn 2 mhilliún úsáideoir rialta sa bhliain 2020 agus meastar go dtiocfaidh méadú ar an líon sin go beagnach 2.5 milliún sa bhliain 2021, rud a léiríonn méadú níos mó ná 300% ó 2018.

**Léaráid** *3-11 Meastacháin ar úsáid Seinnteoir RTÉ (2018 - 2021)*





*Foinse: Core Research – Digital Video, 2020*

Bhí an fás ar úsáid an imreora RTÉ comhsheasmhach i measc gach aoisghrúpa - féach Léaráid 3-11 thuas. Maidir leis an aoisghrúpa 18-24 bliain d'aois, bhí an oiread sin éilimh ar Seinnteoir RTÉ le haon seirbhís teilifíse craolta le 52% ag baint úsáid as Seinnteoir RTÉ i gcomparáid le 54% ag féachaint ar seirbhís teilifíse ar bith an tseachtain roimhe sin. Meastar freisin gur fhás úsáid Seinnteoir Virgin Media go seasta do gach aoisghrúpa thar an tréimhse 2018-2021 (féach Léaráid A-7, i gceangal).

## 3.4.6 Físeán fógraíochta ar Éileamh (AVOD)

Tá fás an-láidir tagtha ar seirbhísí AVOD in Éirinn. Sa bhliain 2020, fuair 3.2 milliún duine fásta (18+) rochtain ar YouTube, rud a chiallaíonn gurb é an cainéal físe is mó in Éirinn é. Ó 2018 i leith, tá an fás bunaithe go mór ar dhaoine fásta os cionn 45 (54%), rud a léiríonn nascacht teaghlaigh méadaithe le teilifís chliste. Úsáideann formhór gach aoisghrúpa YouTube anois chun féachaint ar fhíseán. Cé go bhfuil cuid mhaith den amharc ar feadh tréimhse ghearr, toisc go bhfuil na físeáin gearr, tá an gnáthbhreathnóir YouTube in Éirinn ag breathnú ar 51 nóiméad in aghaidh an lae.

**Léaráid 3-12** *Fás úsáideoirí YouTube (2018 - 2021)*




*Foinse: Core Research – Digital Video, 2020*


## 3.4.7 Síntiúis Teilifíse agus Síntiúis Físeán ar Éileamh (SVOD)

Tá íocaíochtaí breathnóirí i bhfoirm síntiúis le teilifís táille agus síntiúis Físeán ar Éileamh (SVOD) tar éis fás go tapa in Éirinn le blianta beaga anuas, mar a léirítear i Léaráid 3-13. Léirítear i dtuarascáil de chuid Indecon (2021)[32] gur shroich síntiúis iomlána os cionn €500 milliún sa bhliain 2019 agus meastar go mbeidh ioncam SVOD cothrom le €66 milliún sa bhliain 2020. In Éirinn, is ionann síntiúis le teilifís táille (ag beagnach 40%) agus sciar i bhfad níos mó d'íocaíochtaí iomlána lucht féachana ná ar fud an AE arb é 31% an mean.

[32] Indecon (2021) Analysis to Inform Potential National Media Creative Content Fund, curtha san áireamh mar chuid d'Aighneacht an Chomhghrúpa Earnála Closamhairc Chruthaithigh chuig an gComhchoiste Oireachtais

Taispeántar le hanailís a cuireadh ar fáil in Core go bhfuil SVOD claonta i dtreo grúpálacha eacnamaíocha níos airde agus teaghlaigh níos fearr as. Is mó seans gur ó theaghlaigh ina bhfuil an príomhshaothraí teaghlaigh rangaithe ina BC1 (11% i gcomparáid leis an daonra i gcoitinne) agus teaghlaigh (28% níos dóchúla ná an daonra i gcoitinne) iad na síntiúsóirí SVOD.

**Léaráid 3-13** *Fás Síntiúis Físeán ar Éilimh (2018-2021)*




## 3.4.8 Iomaíochas agus infheistíocht i dtírdhreach na teilifíse

D'aithin sraith anailísí a rinne Mediatique thar ceann an ÚCÉ[33] an comhartha sóirt atá ag margadh na hÉireann le daonra réasúnta beag agus teanga atá roinnte le dhá mhargadh i bhfad níos mó - an Ríocht Aontaithe agus na SA agus mar sin is furasta don margadh a bheith mar sprioc do chainéil iasachta Béarla gan aon tiomantas foirmiúil d'infheistíocht in ábhar áitiúil. Áitíonn na húdair, gan rochtain ar mhaoiniú poiblí, nach bhfuil aon chosúlacht shoiléir ann go seachadfadh an margadh méideanna suntasacha ábhar atá curtha in oiriúint go sonrach do riachtanais lucht féachana áitiúil. Cé go dtugann an meascán de chainéil agus de sheirbhísí rogha leathan de roghanna féachana craolta líneach agus neamhlíneach do thomhaltóirí na hÉireann, cruthaíonn sé dúshláin freisin maidir le hinbhuanaitheacht mhaoiniú ábhar na hÉireann. Tá cainéil idirnáisiúnta agus oibreoirí SVOD in ann ioncam a ghiniúint ó mhargadh na hÉireann ach is beag infheistíocht a dhéanann siad i gcruthú ábhar na hÉireann.

Os a choinne sin, déanann na meáin atá lonnaithe in Éirinn méideanna suntasacha a infheistiú in ábhar dúchasach. Mar a thug Mediatique faoi deara, mar thoradh ar chaiteachas le RTÉ, TV3 (Virgin Media anois), TG4 agus cuideachtaí raidió tráchtála, arna mhéadú ag an scéim Fuaim agus Fís a maoiníodh tríd an gCiste Craolacháin, infheistíodh thart ar €225 milliún i léiriú ábhar dúchasach Éireannach seachas spórt sa bhliain 2016, agus thacaigh a bhformhór le cruthú ábhar teilifíse.


[33] Mediatique (2017, 2019) Reviews of Performance and Public Funding of Public Service Broadcasters

## 3.5 Raidió

### 3.5.1 Réim agus Lucht Éisteachta

Tugann na sonraí JNLR is déanaí[34] le fios, go n-éisteann 3.2 milliún duine fásta nó 81% de dhaoine 15 bliain d'aois leis an raidió gach lá in Éirinn. Is é 13.3 milliún uair an chloig in aghaidh an lae an lucht éisteachta raidió iomlán ar fud stáisiúin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, 3 uair an chloig 23 nóiméad ar an meán in aghaidh an duine ar fud an daonra i gcoitinne, nó 4 uair an chloig 16 nóiméad in aghaidh an éisteora raidió. Thar an tréimhse 2015-2020, le cúnamh ó dhaonra atá ag fás, tá líon foriomlán na n-éisteoirí raidió méadaithe i ngach aoisghrúpa seachas daoine 25-34 bliain d'aois. D'fhás lucht éisteachta seachtainiúil ar an meán ina iomláine agus i bhformhór na haoischohóirt, mar a thaispeántar i Léaráid 3-14, thíos (agus Léaráid A-8, i gceangal).

**Léaráid 3-14** *Lucht éisteachta raidió seachtainiúil ar an meán (2015-2020)*




*Foinse: Joint National Listenership of Radio (JNLR), 2020*

Tugann na treochtaí seo le fios, i ndomhan na meán atá ag éirí níos digití, go leanann an raidió ag feidhmiú go láidir mar rogha meán, lena n-áirítear i measc aoischohóirt níos óige. I ngach aoisghrúpa, tá líon níos airde éisteoirí ag raidió tráchtála ná raidió seirbhíse poiblí, mar atá léirithe i Léaráid A-8, i gceangal.

[34] JNLR (2021) Radio in a Digital World IPSOS/MRBI

Ar fud na hÉireann, is ag raidió Áitiúil / Réigiúnach go ginearálta atá an sciar is mó d'éisteacht raidió le 53.1% de na miontuairiscí laethúla agus is ag an Raidió Náisiúnta atá sciar 46.9%. Tá éagsúlacht mhór ann maidir leis an miondealú idir éisteoirí seirbhíse náisiúnta / réigiúnacha ar fud réigiúin ar leith. Tá an sciar tromlaigh ag Raidió Náisiúnta i mBaile Átha Cliath agus a chrios comaitéireachta (59.8%), agus tá raidió Áitiúil / Réigiúnach den chuid is mó i réigiúin eile ar fud na tíre, leis an sciar is airde i gCorcaigh (64.5%), san Iarthuaisceart (61.1% ), Réigiúin an Iardheiscirt (56.6%) agus an Oirdheiscirt (55.0%).

I sonraí ó CRAOL[35] leagtar béim ar an rochtain atá ag raidió Pobail ina bhfuil 21 stáisiún, a shroicheann thart ar 55% de dhaonra an náisiúin. Tá figiúirí lucht féachana ag cuid de na stáisiúin raidió pobail is mó atá inchomparáide le stáisiúin tráchtála áitiúla, mar Dublin City FM le níos mó ná 120,000; agus stáisiúin phobail i gCill Chainnigh, i mBaile Átha Luain, Eochaill agus i gConamara.

## 3.5.2 Léargas ginearálta

Soláthraíonn stáisiúin raidió náisiúnta, réigiúnacha, áitiúla agus pobail seirbhísí raidió ar fud na hÉireann. Feidhmíonn RTÉ ceithre stáisiún raidió FM seirbhíse poiblí: RTÉ Radio 1; RTÉ 2fm; RTÉ Lyric FM agus Raidió na Gaeltachta. Faoi láthair tá 34 stáisiún raidió tráchtála neamhspleách (dhá stáisiún náisiúnta, ceithre stáisiún réigiúnacha, ceann amháin ilchathrach agus 27 stáisiún áitiúil) agus 21 stáisiún raidió pobail ceadúnaithe (féach Tábla 3-5 go dtí Tábla 3-7).

**Tábla 3-5** *Stáisiúin raidió náisiúnta*

| | | |
|---|---|---|
| Today FM | Newstalk | RTÉ Radio One |
| Lyric FM | Raidió na Gaeltachta | 2FM |

**Tábla 3-6** *Stáisiúin raidió réigiúnacha agus áitiúla*

| | | |
|---|---|---|
| FM104 | 98FM | C103 / Cork's 96FM |
| WLR FM | Beat 102 - 103 | Clare FM |
| East Coast FM | Spin 103.8 | Galway Bay FM |
| Highland Radio | iRadio NE and Midlands | iRadio NW |
| KCLR 96FM | KFM | Limerick's Live 95FM |
| LM FM | Mid West Radio | Midland's 103 |
| Classic Hits 4FM | Northern Sound / Shannonside | Ocean FM |
| Q102 | Radio Kerry | Radio Maria Ireland |
| Radio Nova | Red FM | South East Radio |
| Spin South West | Spirit Radio | Sunshine 106.8 |
| Tipp FM | UCB | |

[35] Aighneacht CRAOL chuig an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán

**Tábla 3-7** *Stáisiúin phobail, phobail leasa agus stáisiúin sainspéise*

| | | |
|---|---|---|
| Athlone Community Radio | Claremorris Community Radio | Community Radio Castlebar |
| Community Radio Kilkenny City | Community Radio Youghal | Connemara Community Radio |
| Dublin South FM | Dublin City FM | Dundalk 100 FM |
| Liffey Sound FM | Near FM | Phoenix FM |
| Raidio Corca Baiscinn | Ros FM | Tipperary Mid-West |
| West Limerick 102 | Flirt FM | Life FM |
| Raidió na Life | UCC 98.3FM | Wired FM |

## 3.5.3 Dearcadh an phobail i leith an Raidió

Tá muinín an phobail as an raidió an-ard i gcónaí. Fuarthas amach le suirbhé de chuid an Choimisiún um Thodhchaí na Meán, a scaipeadh i measc an bpobal i gcoitinne agus a rinneadh i mBealtaine 2021, go bhfuil muinín ag níos mó ná 70% de na freagróirí as raidió chun faisnéis nó nuacht atá cruinn, fíorasach agus fíor a sholáthar. Bhí an leibhéal muiníne as raidió inchomparáide den chuid is mó leis an leibhéal a bhain teilifís agus nuachtáin na hÉireann amach. Bhí muinín sa raidió áitiúil beagán níos airde ná sa raidió náisiúnta, ach bhí stáisiúin náisiúnta RTÉ rátáilte beagán níos airde ná stáisiúin náisiúnta eile. Tá an oiread sin muiníne sa raidió agus sna meáin thraidisiúnta eile i gcodarsnacht le tuairimí i measc lucht féachana faoi ardáin ar líne inar mheas freagróirí go ginearálta nach raibh na meáin shóisialta chomh muiníneach, agus nach raibh ach 34% le muinín acu in Facebook, Twitter agus Instagram chun faisnéis nó nuacht chruinn, fhíorasach agus fhíor a sholáthar, agus gan ach 21% muiníneach as TikTok.

Fuarthas torthaí den chineál céanna i suirbhé a rinne Ipsos / MRBI sa bhliain 2020[36], inar fuarthas amach go raibh muinín "níos mó ná riamh" sa raidió le linn éigeandáil Covid-19 agus go raibh faisnéis ábhartha á sholáthar aige don phobal. Iarradh orthu a n-iontaobhas raidió a rátáil ar scála 1 go 10, áit a raibh 10 cothrom le muinín iomlán, scóráil raidió 7.9, rátáil cosúil leis an teilifís agus i bhfad níos airde ná rátálacha iontaobhais ar ardáin na meán sóisialta, le Twitter ag 3.4 agus Facebook 2.9.

Bhraith daoine go raibh baint níos mó acu leis an raidió i gcomparáid leis na meáin shóisialta agus mheas siad go raibh an fhaisnéis a chuir an raidió ar fáil maidir le géarchéim Covid-19 níos ábhartha (rátáil ábharthachta 7.5 / 10) ná Twitter agus Facebook (gach ceann acu le rátáil ábharthachta 3.2 / 10 ). Nuair a fiafraíodh díobh cad iad na príomhchúiseanna a d'éist siad le raidió le seachtain anuas, dúirt 48% de na freagróirí go raibh siad ag éisteacht le nuacht agus faisnéis, 21% chun coinneáil suas chun dáta faoin gCoróinvíreas, 11% le haghaidh plé agus díospóireachtaí, agus 7% le haghaidh cláir cainte.

## 3.5.4 Ról na teicneolaíochta agus teacht chun cinn na Fuaime Digití


Tá athruithe teicneolaíochta, lena n-áirítear nascacht idirlín méadaithe agus iomadú feistí ceangailte éagsúla, ag athrú roghanna na dtomhaltóirí maidir leis an gcaoi a n-éisteann siad le fuaim. Ina ainneoin sin, taispeánann taighde ó Mediatique don ÚCÉ[37] gurb é raidió FM an t-ardán is mó éilimh ar thomhaltas fuaime i gcónaí. Sa bhliain 2019, shroich raidió FM 77% den daonra, sa bhaile nó sa charr (síos ó 78.9% sa bhliain 2018). Shroich raidió ar ghléasanna soghluaiste 4.8% d'aosaigh, shroich raidió ar ríomhaire / ríomhairí glúine 1.9%, ba é 1.9% an rochtain trí chainteoir cliste agus níor shroich raidió Craolacháin Dhigiteacha Fuaime (CDF) ach 0.5% in 2019. Taispeánann sonraí do dhaoine 15-24 bliain d'aois gur shroich FM líon níos ísle (58.3%) agus líon níos airde de ghléasanna soghluaiste (11.9%).

[36] IPSOS / MRBI Radio Activity During Coronavirus Omnipoll (April 2020)

[37] BAI (2019) Annual Review of Performance and Public Funding for PSBs

Léirítear i dtaighde don Choimisiún um Thodhchaí na Meán ó Core, méadú ar thomhaltas sruthú, íoslódálacha agus podchraoltaí ar éileamh. Sa bhliain 2019, d'éist daoine fásta ar an meán le sruthú ceoil dhigitigh ar feadh 2.9 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, suas ó 2.2 uair an chloig sa bhliain 2015. Sa bhliain 2020, d'éist 1.2 milliún duine (34% de dhaoine fásta go léir) le podchraoltaí ar bhonn seachtainiúil, agus meastar go n-ardóidh an figiúr sin go 1.6 milliún duine sa bhliain 2021 (féach Léaráid 3-15)

**Léaráid 3-15** *Fás i measc lucht éisteachta podchraolta (2018-2021)*





*Foinse: Core Research – Digital Audio, 2020*

Tá an tóir atá ag lucht féachana na hÉireann ar an nuacht a chuirtear ar fáil trí phodchraoladh agus tuairiscíodh sa Digital News Report 2020 go n-éisteann 40% de na freagróirí le nuacht trí phodchraoladh, méadú 3% ar 2019. Don chuid is mó díobh, is é caighdeán agus doimhneacht na faisnéise na príomhchúiseanna a roghnaítear podchraoltaí. Luann thart ar 52% go 57% d'éisteoirí podchraolta tosca mar áisiúlacht an mheáin, a chumas plé domhain a dhéanamh ar ábhair, guthanna príomhshrutha neamhthraidisiúnta a áireamh agus luach siamsaíochta mar na cúiseanna a roghnaíonn siad podchraoltaí.

Taispeántar san *Digital News Report Ireland 2020* gurb iad daoine faoi 45 bliain d'aois an deighleog déimeagrafach is mó atá ag éisteacht le podchraoltaí, go háirithe daoine 18-24 bliain d'aois, agus dúirt 72% díobh gur éist siad le podchraoladh le seachtain anuas. Laghdaíonn an tóir ar phodchraoltaí le haois: ní éisteann ach 16% díobh siúd san aoisghrúpa os cionn 65 leo. D'fhéadfaí go léirítear rannpháirtíocht níos airde i measc an aoisghrúpa 18-24 mar go bhfuil níos mó eolais acu ar aipeanna podchraolta agus samhlacha síntiúis.

**Léaráid 3-16** *Sruthú Ceoil de réir aoisghrúpa (2015-2020))*





*Foinse: Target Group Index (TGI) Kantar Media, 2020*

## 3.6 Na Meáin ar líne

Cuimsíonn na meáin ar líne in Éirinn soláthraithe meán cumarsáide "ar líne amháin" nó a "rugadh ar an idirlíon" agus meáin thraidisiúnta a d'fhorbair láithreacht ar líne mar atá léirithe i dTábla A-3, i gceangal.

Tá an t-idirlíon anois ina ardán suntasach chun ábhar nuachta a sheachadadh agus a thomhailt (féach Léaráid 3-17). Sa bhliain 2020, tháinig méadú ar thomhaltas na nuachta digití, go háirithe trí shuíomhanna idirlíon agus aipeanna soghluaiste de réir mar a rinne an pobal iarracht a bheith ar an eolas maidir le forbairtí Covid-19. D'úsáid beagnach 1.6 milliún duine suíomh idirlín le haghaidh nuachta, d'úsáid 639,000 duine aip soghluaiste chun rochtain a fháil ar nuacht agus bhreathnaigh 383,000 ar fhíseán ar líne le haghaidh nuachta.


**Léaráid 3-17** *Foinsí digiteacha d'ábhar nuachta*




*Foinse: Target Group Index (TGI) Kantar Media, 2020*

Tugann anailís ar threochtaí maidir le húsáid suíomhanna idirlín nuachta le tuiscint gur mhéadaigh sé seo do gach mórfhoilsitheoir ar líne sa bhliain 2020 (féach Léaráid A-10, i gceangal). Spreag sé seo méadú ar na síntiúis íoctha do phríomhfhoilsitheoirí na hÉireann lena n-áirítear, mar shampla, *Independent.ie* agus an *Irish Times*, ag taispeáint, in ainneoin go bhfuil nuacht ar fáil go forleathan ar líne atá "saor in aisce", nó go bhfuil sí "saor in aisce" de réir dealraimh, tá lucht féachana fós sásta íoc as an méid a bhraitheann siad mar ábhar nuachta agus eagarthóireachta ar ardchaighdeán (féach Léaráid 3-18).

**Léaráid 3-18** *Léitheoireacht nuachta sheachtainiúil, foinsí clóite agus digiteacha*




*Foinse: Target Group Index (TGI) Kantar Media, 2020. Industry estimates and Website traffic volumes, Core, 2021*

Is iad na príomhspreagthaí a bhfuil tionchar acu ar fhás ollmhór i dtomhaltas na meán ar líne in Éirinn le blianta beaga anuas ná nascacht idirlín níos mó, rolladh amach tapa leathanbhanda ardluais agus leathadh gairis soghluaiste. Taispeánann sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh go raibh nasc idirlín ag 91% de theaghlaigh in Éirinn sa bhliain 2019, suas 2% ó 2018. Nochtann na sonraí difríochtaí réigiúnacha i rátaí trasnála leathanbhanda agus, mar shampla, go raibh rochtain idirlín ag 95% de theaghlaigh i gceantar Bhaile Átha Cliath in R1 2019 i gcomparáid le 84% ar éigean i réigiún na Teorann. Taispeánann sonraí CRC[38] ag deireadh Ráithe 4 2020 go raibh 1.847 milliún síntiús gníomhach leathanbhanda in Éirinn, méadú 4.6% ar Ráithe 4 2019. D'fhás líon na nasc leathanbhanda FTTP (snáithín) 53% bliain ar bhliain agus bhí fás láidir ó thaobh naisc le luasanna 100 Mbps nó níos mó. I mbeagán focal, tá Éire i lár tréimhse athraithe claochlaithe ó thaobh nascacht idirlín - atá ag dul i bhfeidhm ar an gcaoi ar féidir le teaghlaigh agus ar gcaoi a bhfaigheann teaghlaigh ábhar closamhairc agus ábhar meán eile.

Tá athruithe sa dáileadh tar éis ionchais an lucht féachana a athrú, agus tá a bhformhór ag súil anois go mbainfidh siad taitneamh as neasacht agus smacht pearsantaithe agus rogha maidir le rochtain ar ábhar. Rinne an t-aistriú chuig timpeallacht dáileacháin dhigitigh athmhúnlú ar an gcaoi a ndéanann eagraíochtaí meán ábhar a tháirgeadh agus a sholáthar agus, do go leor daoine, chuir sé isteach ar mhúnlaí gnó stairiúla, mar a scrúdaíodh i gCaibidil 4.

### 3.6.1 Fás i Seirbhísí Ar Líne agus Seirbhísí Ar Éileamh

Gné thar a bheith suntasach faoi mhargaí na meán cumarsáide is ea dáileadh ábhar digiteach iomarcach (OTT), mar a thugtar air, i samhail atá dírithe ar an tomhaltóir. Baineann OTT le soláthraithe seirbhísí meán ar líne a bhfuil sé de chumas acu rochtain ar scannáin, teilifís, ceol agus ábhar sruthú eile a sholáthar go díreach do chustaiméirí a íocann táille (Spotify, Netflix, srl.) ar a ngaireas pearsanta, gan bacadh le naisc thraidisiúnta, cábla agus satailíte, chomh maith le seirbhísí síntiúis níos sine.

Tá níos mó bealaí chun ábhar a dháileadh ar líne de bharr bandaleithead idirlín níos fearr agus níos mó bealaí chun a chur ar chumas iontrálaithe nua i margadh meán na hÉireann airgead a shaothrú. Thug sé seo níos mó rogha agus éagsúlacht do lucht féachana, agus cheadaigh sé freisin do sholáthraithe meán lena n-áirítear RTÉ, TG4, Virgin Media TV, Newstalk, Red FM agus go leor eile a bheith nuálaíoch i dtéarmaí seinnteoirí a fhorbairt don raidió, don teilifís agus don nuacht.

Tá nuachtáin curtha in oiriúint freisin don éileamh ar rochtain láithreach agus soghluaiste agus, chomh maith le heagráin ar líne, tá siad ag táirgeadh podchraoltaí atá dírithe ar ábhar spéise éagsúil lucht féachana. Mar shampla, tá roinnt podchraoltaí ag an Irish Independent lena n-áirítear the *Floating voter*, dírithe ar pholaitíocht; podchraoladh an Business Post How I did it a dhíríonn ar mhná i gceannaireacht; agus an *Irish Times* leis na podchraoltaí *Inside Business* agus *Inside Politics*, i measc rudaí eile.

Mar sin féin, tá an borradh i seirbhísí ar éileamh, OTT, tar éis dúshlán eiseach a chur i láthair na hearnála closamhairc traidisiúnta san Eoraip níos leithne, agus go háirithe do na Meáin Seirbhíse Poiblí. Ó tháinig Netflix ar mhargadh na hEorpa sa bhliain 2012, tá seirbhísí síntiúis físe-ar-éileamh (SVOD), áit a ngearrtar táille míosúil nó táille sceidealta ama eile ar rochtain, tar éis imirce tapa lucht féachana a spreagadh ó theilifís líneach go seirbhísí ar éileamh, neamhlíneach.

[38] ComReg, Irish Communications Market Summary: Quarterly Key Data Report Q4 2020

Sa bhliain 2019, sháraigh síntiúsóirí seirbhíse físe ar éileamh san Eoraip den chéad uair 100 milliún síntiús, de réir Fhaireachlann Closamhairc na hEorpa (FEC),[39] agus tá roghanna SVOD méadaithe ó tháinig iomaitheoirí Netflix lena n-áirítear Amazon Prime Video, Hulu, Apple TV, Sky Online / Now TV, HBO Max agus Disney+. Ghlac gníomhaithe Eorpacha páirt sa chomórtas do lucht féachana, le Britbox, BBC Studios agus ITV plc ón Ríocht Aontaithe, agus Salto, TF1, M6 agus France Télévisions ón Fhrainc. Déantar cur síos orthu i dtéarmaí "cogaí sruthaithe", agus déanann an FEC cur síos freisin ar an dian-iomaíocht san earnáil ar éileamh as a dtagann boilsciú géar costais do thallann, le stiúideonna léiriúcháin ag iarraidh ábhar a choinneáil siar le haghaidh rochtain eisiach ar a seirbhísí físe-ar-éileamh féin. Tá gníomhaithe móra i dtionscail na teicneolaíochta, cosúil le Apple agus Amazon, ina ngníomhaithe níos mó fós ó thaobh ábhar closamhairc agus táirgeadh san Eoraip, rud a chruthaíonn dúshláin nua do chraoltóirí seirbhíse poiblí atá ag obair le buiséid i bhfad níos measartha.

Dúshlán do shamhlacha gnó meán traidisiúnta na hEorpa is ea fás SVOD, fiú má thaispeánann sé comharthaí le déanaí go bhfuil fás lucht féachana ag moilliú, sa mhéid is go seachnaíonn SVOD idirghabhálaithe traidisiúnta chun táirge a chur ar fáil díreach do lucht féachana. Tugann rochtain ar shonraí úsáideora síntiúsóirí buntáiste iomaíoch do sheirbhísí SVOD agus do chuideachtaí ardteicneolaíochta nach bhfuil ar fáil do ghníomhaithe meán traidisiúnta. In aois an amhairc "buaic-teilifíse", mar a thugann an FEC le fios, "tá sé tábhachtach a bheith in ann an seó teilifíse nó an scannán ceart a mholadh do gach síntiúsóir - beidh uirlisí molta agus eagarthóireacht ábhair a dhéantar i gceart ina bhuntáiste mór sa troid chun síntiúsóirí a fháil agus a choinneáil ".[40]

Le gairis dhigiteacha laethúla agus seirbhísí ar líne ag comhtháthú ar bhealach níos cuimsithí, tá cumhacht shuntasach ag gníomhaithe ar líne lena n-áirítear líonraí sóisialta, innill chuardaigh agus ardáin sruthaithe, a mbíonn sonraí móra mar bhonn eolais acu go minic, chun tionchar agus múnlú a dhéanamh ar a bhfuil i réim le soláthar agus tomhaltas na meán ar líne. Agus é sin amhlaidh, thug an Coimisiún dá aire agus d'fháiltigh sé roimh fhorálacha a áireamh le déanaí sa Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne chun suntasacht Ábhar na Seirbhíse Poiblí a chosaint.

Sa timpeallacht seo atá ag athrú go tapa ní mór d'eagraíochtaí meán oiriúnú agus fanacht ábhartha do thomhaltóirí trí mheasúnú leanúnach a dhéanamh ar mhodhanna nua dáilte ábhair chun coinneáil suas le fathaigh ardteicneolaíochta mar Google, Apple, Amazon agus Facebook atá chun tosaigh i bhforbairt teicneolaíochta na meán, ó réaltacht mhéadaithe agus fhíorúil, go gníomhachtú guth agus aitheantas gutha, agus ó mhicrea-theicneolaíochtaí inchaite go gluaisteáin ard-leibhéil gan tiománaí agus a gcuid riachtanas maidir le soláthar ábhar meán - Apple Carplay agus Google Auto Android.

Tá buntáiste mór ag gníomhaithe nua SVOD sa mhargadh closamhairc ó thaobh a dteagmháil trasnáisiúnta, rud a éascaíonn leathadh costas ábhair ar fud na margaí domhanda. De bharr na gcóras dáileacháin digiteach atá acu, cuirtear ar a gcumas sonraí maidir le dúil, nósanna agus roghanna lucht féachana a bhailiú agus sochar a bhaint astu. Agus buntáistí faisnéise den sórt sin faoi réir acu agus iad saor ó na ceanglais rialála agus srianta geografacha a théann i bhfeidhm ar MSP, is gnách go mbíonn i bhfad níos mó cumhachta acmhainní agus coimisiúnaithe ag seirbhísí SVOD mar Netflix ná ag craoltóirí náisiúnta chun cearta eisiacha ar ábhar den scoth agus tarraingteach mar drámaí ard-leibhéil a cheannach.

Tá buntáiste tábhachtach ag eagraíochtaí meán in Éirinn sa mhéid is go bhfuil muinín agus meas ag pobal na hÉireann as a gcuid oibre. Mar sin féin, tá MSP ag streachailt chun dul san iomaíocht i gcoinne ghluaiseacht lucht féachana i dtreo SVODanna agus an cumhacht choimisiúnaithe atá acu. Is ábhar imní tábhachtach é seo, ós rud é go bhfanann MSP mar bhealach fíor-riachtanach chun uiríll éagsúla a chothú agus tacú leo ó thaobh soláthar ábhar meán in Éirinn. Cé go ndearnadh infheistíocht i roinnt ábhar teilifíse ardphróifíle atá ábhartha go háitiúil i gceist le straitéisí fáis SVODanna domhanda, tá MSP in Éirinn freagrach as raon agus doimhneacht i bhfad níos mó de chláir nua a choimisiúnú agus a tháirgeadh ar fud seánraí a léiríonn agus a luíonn leis na hábhair imní lucht féachana na hÉireann, ón am atá caite agus an lá atá inniu ann, mionlaigh san áireamh.

[39] Faireachlann Eorpach Closamhairc 2020. Yearbook 2019-2020 Key Trends: Television, Cinema, Video and On-demand Audiovisual Services - The Pan-European Picture

[40] EAO Yearbook 2019-2020, p.54, 2020.

Sa chúlra anseo, tá géarghá le réitigh a chruthú maidir le ceist chasta an chórais maoinithe inbhuanaithe a chinntíonn inbhuanaitheacht an tsoláthair MSP agus ÁSP in Éirinn sa ré dhigiteach.

### 3.6.2 Dúshláin Roinnte - cás Earnáil Closamhairc na hEorpa

Tá dúshláin, a bhaineann le méadú ardáin ar líne atá ag dul i bhfeidhm ar na meáin in Éirinn, ag tabhairt aghaidh ar an tionscal ar fud an domhain agus ar fud na hEorpa freisin. Mar shampla, leag go leor tuairiscí béim ar an gcaoi ar fhulaing an tionscail closamhairc ar fud na hEorpa de bharr athruithe in aird an lucht féachana agus i bhfógraíocht ó ardáin thraidisiúnta i bhfabhar gairis digiteacha, ar líne agus soghluaiste. De réir Fhaireachlann Closamhairc na hEorpa[41] , d'fhás fógraíocht sna meáin gach bliain níos mó ná 3%, ar an meán, san AE ó 2009. Mar sin féin, ghabh fógraíocht ar an idirlíon gach méadú ar an margadh ón am sin, agus ba é ar líne a ghnóthaigh na gcaillteanas i sciar an mhargaidh fógraíochta in earnálacha preasa agus irisí na hEorpa. Sa bhliain 2018, ba é ar líne an príomh-mheán fógraíochta san Eoraip go mór fada (le 43% den sciar den mhargadh), ach measadh go gcaillfeadh earnáil na fógraíochta teilifíse €4.5 billiún sa bhliain 2020, bliain a thug an FEC[42] "*annus horribilis*" air ó thaobh ioncam nuachtáin, pictiúrlanna agus fógraíochta teilifíse. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag seoladh AVOD (Físeán-ar-Éileamh bunaithe ar fhógraíocht) ina bhfeictear fógraí roimh, i lár, nó i ndiaidh amharc ar ábhar sruthú, ar iarrachtaí na teilifíse líneacha fógraíocht a choinneáil.

Seachas a bheith san iomaíocht le haghaidh fógraíochta leis an earnáil chlosamhairc thraidisiúnta, tá smacht ag ardáin ardteicneolaíochta ar shonraí úsáideora freisin, rud atá ríthábhachtach anois d'fhógróirí atá ag iarraidh micrea-díriú ar chustaiméirí ionchasacha. Tugann bailiú sonraí úsáideora buntáiste soiléir do na hardáin i gcomparáid leis an gcraoltóir traidisiúnta i dtéarmaí achomhairc agus feidhmithe i straitéisí margaíochta na bhfógróirí.

Spreagadh craoltóirí oiriúnú a dhéanamh de bharr athraithe ó thaobh tomhaltas lucht féachana, lena n-áirítear infheistíocht a dhéanamh ina gcuid seirbhísí ar éileamh féin chun dul san iomaíocht agus chun nasc níos fearr a dhéanamh lena lucht féachana féin ar líne. Mar a thugann an FEC faoi deara, tá an meánbhreathnú laethúil ar an teilifís ag laghdú ar fud an AE, le figiúirí 2019 ag taispeáint laghdú 4% ar uaireanta agus nóiméad féachana i gcomparáid le cúig bliana roimhe sin. I dtíortha Nordacha, ina bhfuil SVOD ag fás, tá laghdú níos gasta in amharc ar an teilifís ná in áiteanna eile san Eoraip.

Taobh amuigh den tionchar eacnamaíoch, tá saincheisteanna cultúrtha agus cruthaitheacha ann a bhaineann leis an aistriú chuig seirbhísí ar éileamh, mar a léirítear in athruithe le déanaí a leathnaíonn scóip Threoir an AE maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc chuig seirbhísí sruthú (a phléitear tuilleadh i gCaibidil 8).

[41] An Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc 2020. Yearbook 2019-2020 Key Trends

[42] An Fhaireachlann Closamhairc Eorpach (Comhairle na hEorpa). 2020. Yearbook 2020-2021 Key Trends: Television, Cinema, Video and On-Demand Audiovisual Services - The Pan-European Picture.

### 3.6.3 Tábhacht méadaitheach Idirghabhálaithe, Sonraí agus IS

Scrúdaíonn tuarascáil a d'fhoilsigh Ofcom le déanaí, rialtóir cumarsáide na RA, roinnt ceisteanna tábhachtacha faoi thionchar aonáin ar líne ar iolarthacht na meán. Cuireann sé béim ar an ról, atá ag dul i méid i gcónaí, ag ardáin meán shóisialta, innill chuardaigh agus aipeanna comhbhailitheora nuachta mar idirghabhálaithe idir lucht féachana agus an nuacht a bhfuil an-tóir acu air. Cuireann Ofcom béim ar an gcaoi nár tháinig rialtóirí agus rialacháin in earnáil na meán chun cinn sách tapa chun coinneáil suas leis na claochluithe sa tírdhreach digiteach.[43] Mar shampla, tá ról lárnach ag algartaim anois maidir le tomhaltas nuachta a idirghabháil, ach ní thuigtear go maith a ról agus a dtionchar ar iolrachas na meán.

Tugann sé dá aire freisin an tréith a bhíonn ag fógraíocht ar líne go minic ag bailiú agus tráchtálú sonraí pearsanta ag idirghabhálaithe digiteacha. Ardaíonn bailiú, úsáid agus monaplachtú mórdhíola sonraí pearsanta faoi roghanna agus iompraíochtaí tomhaltais na meán roinnt imní a bhaineann le príobháideacht, faireachas agus iomaíocht ghnó. Idir an dá linn, tá soláthraithe ábhair malartacha nó iomaíocha - lena n-áirítear soláthraithe nuachta áitiúla - a bhféadfadh easpa rochtana roinnte a bheith acu agus / nó an acmhainn agus na hacmhainní chun sonraí cosáin fillte a bhailiú agus a úsáid faoi mhíbhuntáiste soiléir. Ag an am céanna, ciallaíonn easpa trédhearcachta algartamacha nach minic go dtuigeann tomhaltóirí go hiomlán an bunús ar a ndéantar nuacht agus ábhar eile a roghnú agus a sholáthar dóibh, agus na comhbhabhtálacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis seo.

In ainneoin reachtaíocht RGCS agus feasacht an phobail ag méadú faoi chumhacht ardáin meán sóisialta i bhfógraíocht spriocdhírithe, is ábhar mór imní fós é úsáid sonraí lucht féachana i bpearsanú ábhar meán. Ina theannta sin, cruthaíonn méadú na hIntleachta Saorga (IS) dúshlán eile do rialtóirí meán.

Tá IS á úsáid níos mó agus níos mó i mbailiú nuachta chun treochtaí a aithint, monatóireacht a dhéanamh ar imeachtaí agus saincheisteanna, smaointe scéal a ghiniúint, chomh maith le hábhar a fhoinsiú agus a bhaint agus chun ábhar fíor agus neamhfhíor a fhíorú agus a bhrath (seiceáil fíricí, aitheantas "domhainbhrionnúcháin"). Tugann IS buntáiste iomaíoch suntasach do na cuideachtaí meán sin ar féidir leo leas a bhaint as a chumas ábhar a phearsanú, lucht féachana a aithint, anailís a dhéanamh ar iompar úsáideoirí, margaíocht a athrú agus airgead a dhéanamh as síntiúis.

Mar sin féin, mar a léirigh Newman (2020) , ós rud é go bhfuil roinnt eagraíochtaí meán i riocht níos fearr ná eagraíochtaí eile chun glacadh le IS, d'fhéadfadh na teicneolaíochtaí seo an bhearna idir seinnteoirí ollmhóra agus meáin nuachta níos lú a mhéadú nach bhfuil an cumas acu infheistíocht a dhéanamh i T&F fadtéarmach nó íoc as eolaithe sonraí. Ábhar imní gaolmhar, lena n-áirítear maidir le ceapadh beartais phoiblí, is ea a chinntiú gur féidir le soláthraithe ábhair MSP agus SP, a bhfuil impleachtaí ríthábhachtacha ag a ról agus a seasamh iomaíoch do leas na sochaí, oiriúnú agus fanacht chun tosaigh i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn sa todhchaí.

[43] The Future of Media Plurality in the UK (2021)

[44] Newman, N (2021) Journalism, Media, and Technology Trends and Predictions 2021. Digital News Project, The Reuters Institute for the Study of Journalism

## 3.7 Dearcadh an phobail ar na meáin

### 3.7.1 Dearcthaí maidir le feidhmíocht na meán


Bhain ceann de na ceisteanna a cuireadh sa suirbhé ar an bpobal i gcoitinne le cé chomh maith agus a mheasann freagróirí go gcomhlíonann RTÉ agus TG4 raon cuspóirí seirbhíse poiblí.

Taispeántar leis na torthaí, léirithe i Léaráid 3-19, go measann an pobal go bhfeidhmíonn RTÉ agus TG4 réasúnta maith maidir leis an gcuid is mó de na cuspóirí sonraithe seirbhíse poiblí, go háirithe iad siúd maidir le nuacht iontaofa agus cruinn Éireannach agus idirnáisiúnta a sholáthar, iriseoireacht ar ardchaighdeán a chothabháil, an náisiún a thabhairt le chéile, ábhar a sholáthar atá inrochtana ag gach duine, agus a léiríonn saol, cultúr agus luachanna na hÉireann.

Bhain na rátálacha is ísle a tugadh ar an iomlán le cé chomh maith agus a chuimsíonn MSP daoine ó ghrúpaí éagsúla agus mionlaigh, cé chomh maith agus a chuirtear gnéithe "daoine cosúil liomsa" ar fáil, cé chomh maith agus a spreagann sé tallann nua agus cé chomh maith agus a dtugann sé oifigigh tofa chun cuntais.

Go hachomair, cé go léiríonn na torthaí go measann tromlach an phobail go ginearálta go bhfuil RTÉ agus TG4 ag seachadadh, ar a laghad go pointe áirithe, ar a gcuspóirí seirbhíse poiblí, is cosúil go bhfuil go leor spáis ann chun dearcadh an phobail ar MSP a fheabhsú, rud a thugann le tuiscint an gá atá le feasacht mhéadaithe ó thaobh an phobail de agus seachadadh níos fearr.

**Léaráid 3-19** *Dearcadh maidir le feidhmíocht PSM*



### 3.7.2 Luach pearsanta agus sóisialta ábhar na seirbhíse poiblí

Scrúdaigh an suirbhé tuairimí na bhfreagróirí faoin luach atá acu go pearsanta, agus ag an tsochaí i gcoitinne, ar ghnéithe éagsúla de ÁSP. Sainaithníodh 23 gné seirbhíse poiblí ó thaobh clár agus ábhar:

- Soláthraítear nuacht na hÉireann iontaofa agus cruinn
- Soláthraítear cláir nó ábhar atá ar fáil do gach duine
- Soláthraítear cláir nó ábhar uathúil agus difriúil
- Léirítear saol, cultúr agus luachanna na hÉireann
- Freastalaítear ar riachtanais réigiúnacha
- Spreagtar forbairt tallainne nua
- Daoine cosúil liomsa le feiceáil
- Tugtar deis don phobal a gcuid tuairimí a chur in iúl
- Cuireann sé iallach orm stopadh agus a bheith ag smaoineamh
- Léirítear éagsúlacht na beatha in Éirinn
- Freastalaítear ar leanaí
- Cuirim spéis ann, go pearsanta
- Freastalaítear ar ábhar spéise éagsúil i gcúrsaí spóirt
- Freastalaítear ar spéiseanna éagsúla sa cheol agus sna healaíona
- Cuirtear an Ghaeilge chun cinn
- Tugtar an náisiún le chéile ag amanna nó ag imeachtaí a bhfuil tábhacht leo
- Soláthraítear raon leathan clár nó ábhar a oireann do chách
- Soláthraítear léiriúcháin nó ábhar ar ardchaighdeán
- Cothaítear iriseoireacht ghairmiúil ar ardchaighdeán
- Tugtar ár n-oifigigh tofa chun cuntais
- Cuimsítear agus freastalaítear ar dhaoine ó chúlraí éagsúla agus mionlaigh
- Taispeántar tallann na hÉireann
- Soláthraítear nuacht dhomhanda iontaofa agus cruinn


Léirítear i Léaráid 3-20 rátálacha foriomlána na bhfreagróirí ó thaobh luach ÁSP dóibh go pearsanta agus léirítear i Léaráid 3-21 dearcadh na bhfreagróirí ar luach sochaíoch ÁSP.

Go ginearálta, d'fhéadfaí a rá go bhfuil luach an-láidir ag freagróirí i ÁSP. Ba iad na gnéithe ba mhó a bhaineann le ÁSP a raibh meas orthu  ná "nuacht iontaofa agus cruinn na hÉireann", agus ina dhiaidh sin "nuacht dhomhanda iontaofa agus cruinn", "ábhar spéise pearsanta", agus "ábhar a thugann an náisiún le chéile".


Fiú amháin gnéithe de ÁSP ar nós cláir do leanaí, cláir spóirt agus cláir Ghaeilge, a bhí rangaithe de réir an leibhéal is ísle, mheas os cionn 75% de na freagróirí go raibh luach pearsanta ag baint leo. Ní nach ionadh gur chuir freagróirí, a thug le fios nach raibh aon Ghaeilge acu, luach pearsanta níos lú ar chláir Ghaeilge ná cainteoirí líofa Gaeilge. Ar an gcaoi chéanna, chuir tuismitheoirí a bhfuil a gcuid leanaí ina gcónaí sa bhaile luach níos mó ar chláir leanaí ná na freagróirí sin nach raibh leanaí acu sa bhaile.

Iarradh ar fhreagróirí freisin luach ÁSP a rátáil don tsochaí níos leithne. Thaispeáin na torthaí, atá le feiceáil i Léaráid 3-21, go leanann an rátáil ar luach sochaíoch an treocht chéanna go ginearálta leis an rátáil ar luach pearsanta. I mbeagnach gach catagóir, áfach, thug freagróirí luach níos mó do ÁSP ó thaobh na sochaí de seachas ón taobh pearsanta de. Deimhníonn an patrún seo, cé go n-athróidh leibhéil spéise i bhfoirmeacha agus i seánraí ar leith ó dhuine go duine, measann mórchuid na ndaoine go dtugann an ÁSP buntáistí níos ginearálta don tsochaí i gcoitinne - toradh a thacaíonn leis an nóisean go soláthraíonn ÁSP "seachtrachtaí dearfacha" aitheanta, nó éifeachtaí dearfacha tríú páirtí, don tsochaí.

**Léaráidi** *3-20 Luach pearsanta a fheictear maidir le hábhar seirbhíse poiblí*



**Léaráid 3-21** *Luach sochaíoch a fheictear d'ábhar seirbhíse poiblí*




### 3.7.3 Réimsí ábhar spéise

Taispeántar i Léaráid 3-22 torthaí an tsuirbhé i dtéarmaí réimsí ábhar spéise. Is é an rud is suntasaí faoi na torthaí ná an raon éagsúil spéise atá ag an bpobal. Ba iad na hábhair ba thábhachtaí do na freagróirí ar an iomlán ná Sláinte agus Folláine, Nuacht agus Cúrsaí Reatha, nuacht áitiúil agus réigiúnach, agus saincheisteanna sóisialta. Ba iad na hábhair is lú tábhacht ar an iomlán ná spórt agus Gaeilge.

Mar sin féin, bhí raon difríochtaí idir aoisghrúpaí: mar shampla, i gcomparáid leis an sampla foriomlán, chuir déagóirí (13-17 mbliana) agus daoine fásta óga (18-24 bliana) níos mó tábhacht sa cheol, spórt agus sa chultúr pobail, agus níos lú tábhacht sa nuacht agus i gcúrsaí reatha, i saincheisteanna sóisialta agus sa nuacht pholaitiúil. Chuir daoine fásta níos sine (65 bliana d'aois agus níos sine) níos mó tábhacht i gcúrsaí sláinte agus folláine ná aoisghrúpaí eile. Tuairiscítear in *Core*, cé gur réimse spéise é sláinte agus folláine le deich mbliana anuas, gur tháinig méadú ar a thábhacht le linn na paindéime Covid-19.

**Léaráid 3-22** *Ábhar spéise*





Nuair a fiafraíodh díobh cad is mó ar mhaith leo a fheiceáil, bhí raon éagsúil tuairimí ag freagróirí arís, mar a léirítear i Léaráid 3-23 thíos.

Sheas Sláinte agus Folláine amach mar an príomhchineál ábhair a raibh freagróirí ag iarraidh níos mó de a fheiceáil sa todhchaí, le os cionn 46% de na freagróirí ar an iomlán ag lorg níos mó ábhar sa seánra sin. Suimiúil go leor, bhí an t-éileamh is airde maidir le níos mó ábhar sláinte agus folláine i measc daoine 18-24 bliain d'aois, agus daoine 25-34 bliain d'aois ina dhiaidh sin.

Ba iad spóirt, nuacht pholaitiúil agus teanga agus cultúr na hÉireann na seánraí is ísle i dtéarmaí éilimh bhreise sa todhchaí. Mar sin féin, i ngach catagóir ábhar bhí tacaíocht láidir tromlaigh ann do níos mó ábhar nó don leibhéal céanna ábhair.

Léiríonn contrárthacht i dtuairimí agus i roghanna thar chodanna éagsúla den sampla, de réir aoise agus athróg déimeagrafacha eile, éagsúlacht leathan i riachtanais i measc an phobail i gcoitinne.

**Léaráid 3-23** *Roghanna amach anseo maidir le cineálacha ábhair*




## 3.8 Athbhreithnithe bliantúla ÚCÉ ar fheidhmíocht MSP

Ceanglaítear ar RTÉ agus TG4, faoi alt 102 den Acht Craolacháin 2009, Ráiteas Bliantúil ar Ghealltanais Feidhmíochta (RBGF) a ullmhú, ag leagan amach a ngealltanais seirbhíse poiblí i leith a gcuid oibríochtaí craolacháin, lena n-áirítear spriocanna maidir le cláir do leanaí, cláir Ghaeilge, cláir eolaíochta agus teicneolaíochta, foilsiú irisí agus leabhair, agus ábhar fuaime taifeadta.

Ceanglaítear ar an ÚCÉ, faoi alt 124 den Acht Craolacháin 2009, athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar ghealltanais feidhmíochta agus maoiniú poiblí RTÉ agus TG4. Déanann na hathbhreithnithe bliantúla measúnú ar leordhóthanacht na ngealltanas agus na spriocanna a leagann RTÉ agus TG4 amach ina RBGF, agus tugann siad deis aon athruithe ar RBGF amach anseo a mholadh. Tugann na hathbhreithnithe freisin deis don ÚCÉ dearcadh a fháil ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí reatha, inbhuanaitheacht oibríochtaí na CSPanna a mheas agus a measúnú a dhéanamh an bhfuil na CSPanna ag feidhmiú go héifeachtúil, cibé an bhfuil siad ag coimisiúnú meascán oiriúnach ábhair, an bhfuil maoiniú poiblí á úsáid acu le haghaidh earraí seirbhíse poiblí, agus cibé an bhfuil siad ag comhlíonadh rialacha Eorpacha maidir le barrachais.

Ceann de na príomhfhachtóirí a chuireann le feidhmíocht RTÉ agus TG4 is ea a leibhéal maoinithe vis-à-vis an méid is gá chun a gcuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh go hiomlán. Sa bhliain 2018, mhol athbhreithniú cúig bliana an ÚCÉ ar riachtanais mhaoinithe do RTÉ agus TG4 go bhfaigheadh siad maoiniú poiblí breise chun a chur ar a gcumas a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh go hiomlán.

I gcás TG4, mhol an ÚCÉ méadú €6 milliún in aghaidh na bliana ó 2018-2022, rud a thabharfadh maoiniú bliantúil iomlán €38.79 milliún do TG4. Tuairiscítear in athbhreithniú bliantúil ÚCÉ / Mediatique sa bhliain 2019 go bhfuair TG4 méadú €443,000 i maoiniú reatha agus méadú €2 mhilliún i maoiniú caipitil, rud a thug an maoiniú iomlán go €36.233 milliún, agus a fhágann go bhfuil TG4 fós gann ar leibhéal breise maoinithe a bhí molta ag an ÚCÉ.

I gcás RTÉ, mhol an ÚCÉ €30 milliún breise in aghaidh na bliana ó 2018-2022. Tuairiscítear san athbhreithniú bliantúil nár éirigh le RTÉ an méid maoinithe poiblí a mhol an ÚCÉ a bhaint amach.

Cuireann tuarascáil ÚCÉ / Mediatique straitéis bainistíochta airgeadais inbhuanaithe TG4, a bhí "ina cónaí laistigh dá acmhainn" agus nár lean ach na gnéithe sin dá straitéis a d'fhéadfaí a mhaoiniú leis an ioncam a bhí ar fáil, i gcodarsnacht le cur chuige RTÉ, mar a rinne sé roimhe seo, buiséadú le haghaidh easnamh oibriúcháin.

Fuair measúnú ÚCÉ / Mediatique ar fheidhmíocht TG4 i gcoinne a ghealltanas seirbhíse poiblí 2019 go raibh 9 gcinn dá 13 tiomantas feidhmíochta bainte amach go hiomlán, agus nár baineadh amach ceithre cinn go hiomlán. Bhí na torthaí ar ioncam tráchtála an-dearfach, agus d'ardaigh ioncam 5.6% fiú i gcomhthéacs ioncaim fógraíochta teilifíse níos ísle sa chuid eile den mhargadh. Ar an iomlán, comhlíonadh cuspóirí buiséid TG4. Cé gur mhéadaigh costais foirne agus forchostais, ní raibh siad seo suntasach go leor chun tionchar a imirt ar an toradh ginearálta. Ba é tátal an mheasúnaithe ÚCÉ / Mediatique go raibh buiséad TG4 cothromaithe agus gur thug sé luach iomchuí ar airgead.

Fuair measúnú ÚCÉ / Mediatique ar fheidhmíocht RTÉ i gcoinne a ghealltanais do 2019 gur bhain RTÉ 20 sprioc amach go hiomlán, as 33 sprioc aonair san iomlán, gur bhain sé 6 cinn amach den chuid is mó, agus gur theip air seacht gcinn a bhaint amach. Thit dearcadh an lucht féachana ar RTÉ go suntasach sa dara leath de 2019. Baineadh amach naoi gcinn de 17 dá spriocanna ábhair go hiomlán, agus baineadh amach péire eile den chuid is mó. Ag baint úsáid as tomhas "Toradh an lucht féachana", fuair an t-athbhreithniú gur thit uaireanta úsáideora iomlána (líon na n-uaireanta craolacháin arna iolrú faoi líon na lucht féachana) a caitheadh le hábhar dúchasach teilifíse RTÉ ó 739 milliún sa bhliain 2018 go 630 milliún sa bhliain 2019, rud a chiallaíonn in aghaidh gach euro a chaith RTÉ ar chláir dá chainéil teilifíse, sheachaid sé 4 uair an chloig de bhreathnú sa bhliain 2019, síos ó 4.8 uair úsáideora in aghaidh an euro sa bhliain 2018. Fuair an measúnú gur fheidhmigh toradh raidió níos fearr ná toradh teilifíse sa bhliain 2018, agus tháinig feabhas ar thorthaí gach ceann de na ceithre stáisiún raidió FM de chuid RTÉ ó 2018. Ba é 2fm an cainéal is fearr a d'fheidhmigh, ag seachadadh 49 uair úsáideora in aghaidh an euro a caitheadh, agus RnaG ar an gceann is lú éifeachtúla ach fós ag baint amach méadú 48 nóiméad ar uaireanta úsáideora in aghaidh an euro ó 2018 go 2019, suas ó 1.3 go 2.1 uair úsáideora in aghaidh an euro.

I dtuairim an BAI, chuir easnaimh leanúnacha sa mhaoiniú bac ábhartha ar an dá eagraíocht MSP ina n-iarrachtaí a gcuspóirí seirbhíse poiblí a bhaint amach go hiomlán. Fuair an measúnú amach, chomh maith le tearc-mhaoiniú leanúnach, gur lean RTÉ agus TG4 le dúshláin a d'eascair as athruithe struchtúracha in iompar lucht féachana agus, go háirithe, bhí sé deacair orthu aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar lucht féachana digiteach, go háirithe lucht féachana níos óige.

.

## 3.9 Conclúidí

Dheimhnigh athbhreithniú an Choimisiúin ar na meáin in Éirinn, tírdhreach meán éagsúil agus an-iomaíoch ar fud an chló, raidió, teilifíse agus ar líne, a chuimsíonn an tseirbhís phoiblí, na meáin tráchtála agus pobail, ag feidhmiú ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Chomh maith leis na meáin dhúchasacha, tá rochtain ag tomhaltóirí na hÉireann ar raon leathan soláthraithe meán atá bunaithe go hidirnáisiúnta, agus tá cuid acu san iomaíocht i margadh fógraíochta na hÉireann, agus tá cuid eile acu san iomaíocht i soláthar teilifíse táille agus seirbhísí físeán ar éileamh bunaithe ar shíntiúis, atá anois ina gcuid shuntasach den tírdhreach closamhairc in Éirinn.

Tá an teicneolaíocht agus méadú na seirbhísí meán ar éileamh ag spreagadh athruithe ar ionchais agus iompar tomhaltóirí maidir leis na meáin agus tá siad ag cur iallach ar eagraíochtaí na dálaí agus na deiseanna nua a chuireann an ré dhigiteach i láthair a choigeartú agus a chuimsiú. Cé go mbaineann imní agus rioscaí le lárnacht mhéadaitheach na sonraí, na hanailíse sonraí agus na dteicneolaíochtaí faisnéise saorga, go háirithe maidir le cur isteach i gcoinne príobháideachta, scaipeadh nuachta bréige, agus neamhionannais iomaíocha, tugann siad deiseanna nuálaíochta agus claochlú digiteach dearfach freisin. Bíodh sin mar atá sé, ceist eile do thionscal na meán traidisiúnta in Éirinn agus do cheapadh beartais is ea a mhéid a éilíonn dúshláin reatha tacaíocht agus infheistíocht níos dírithe agus níos éifeachtaí i gclaochlú digiteach.

Léiríonn an raon eagraíochtaí agus seirbhísí meán in Éirinn éagsúlacht shaibhir i dtéarmaí spéise, riachtanas agus ionchais na meán atá le feiceáil ar fud na sochaí. Taispeánann pobal na hÉireann réimse leathan spéise agus suime ar fud na nuachta agus cúrsaí reatha, siamsaíochta, ealaíon, cultúir, spóirt agus na Gaeilge. Athraíonn ábhar spéise agus roghanna go nádúrtha ar fud aoisghrúpaí agus de réir go leor athróg déimeagrafach eile. I bhfianaise raon na n-ionchas, na n-imní agus na riachtanas atá le feiceáil i measc shaoránaigh na hÉireann agus na sochaí, is léir go bhfreastalóidh córas meán, a mbeidh éagsúlacht agus iolrachas mar thréith aige, do leas an phobail.

D'ainneoin suim agus spéiseanna éagsúla daoine aonair, léiríonn tuairimí an phobail ar na meáin in Éirinn comhsheasmhacht suntasach, go ginearálta. Aithníonn an pobal iontaofacht na meán teilifíse, raidió agus clóite in Éirinn go láidir, agus tá meas mór ar fheidhmíocht MSP na hÉireann - RTÉ agus TG4. Soláthraíonn sé seo fianaise shoiléir ar luach agus tionchar sochaíoch na meán in Éirinn, mar a scrúdaíodh i gCaibidil 2.

Ina ainneoin sin, tugann sonraí le fios gur féidir le MSP agus meáin eile níos mó a dhéanamh chun freastal ar riachtanais aonair agus rannóige. Tá an riosca ann i gcónaí go bhféadfadh sé nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh ar ghrúpaí mionlaigh agus grúpaí atá ar an imeall sa tsochaí agus go bhfuil siad faoi ghannionadaíocht laistigh d'eagraíochtaí meán agus aschur meán in Éirinn. Ach, mar a thug eagraíochtaí meán agus an ÚCÉ chun suntais, tá an éagsúlacht laistigh d'ábhar agus ar fud chórais soláthair na meán in Éirinn ag brath go mór ar leibhéil leordhóthanacha maoinithe agus acmhainní.

# 4 Dearcadh geilleagrach maidir le todhchaí na meán in Éirinn

## Ábhar


**4.1** Réamhrá ... 93
**4.2** Athruithe struchtúracha sa mhargadh fógraíochta ... 94
**4.3** Fadhbanna inbhuanaitheachta do na meáin chlóite ... 99
**4.4** Dearcadh nua Eorpach maidir le polasaithe agus tacaíochtaí na meán ... 104
**4.5** Fadhbanna inbhuanaitheachta maidir leis an gceadúnas teilifíse ... 105
**4.6** Conclúidí ... 108

## 4.1 Réamhrá

Príomhchúram barrthábhachtach don Choimisiúin ab ea an tsaincheist maidir le hinbhuanaitheacht na meán. Trí na téarmaí tagartha a shocraigh an Rialtas, iarradh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí is atá samhlacha reatha maidir le haidhmeanna seirbhíse poiblí a bhaint amach trí na meáin sa chéad deich mbliana eile, breathnú go hidirnáisiúnta ar mar a d'fhéach tíortha eile le féachaint chuige go seasfadh a samhlacha an aimsir, agus breithniú a dhéanamh ar mar is féidir na meáin in Éirinn a mhaoiniú ar bhealach atá inbhuanaithe agus ina gcuirtear cobhsaíocht níos fearr ar fáil, agus maoirseacht eagarthóireachta neamhspleách agus luach ar airgead don phobal á gcinntiú ag an am céanna.

Cé go luaitear RTÉ go follasach sna téarmaí tagartha, tá ceist na hinbhuanaitheachta dírithe ar bhealach níos leithne ar chóras iomlán na meán, lena n-áirítear craoltóirí seirbhíse poiblí, tráchtála agus pobail mar aon le meáin chlóite agus ar líne ag an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Le linn a chomhairliúcháin phoiblí, a shraith dialóige téamaí agus a phróisis bhreithniúcháin, fuair an Coimisiún tuairimí ó pháirtithe leasmhara, lucht déanta beartais, acadóirí agus saineolaithe idirnáisiúnta maidir leis an gcomhthéacs geilleagrach agus na dúshláin maidir le hinbhuanaitheacht atá roimh na meáin go hidirnáisiúnta agus in Éirinn.

Mar atá leagtha amach i gcaibidlí roimhe seo, cuireadh in iúl don Choimisiún faoi mar atá athrú ó bhonn ag teacht ar an soláthar meán agus ar iompar tomhaltóirí mar thoradh ar nuálaíocht theicneolaíoch. Sa chaibidil seo, tugtar breithniú ar na himpleachtaí sin ó thaobh an gheilleagair de.

Mar atá luaite i gCaibidil 2, tá stair fhada ag baint le hearnáil na meán in Éirinn maidir le leasanna geilleagracha, cultúir agus sochaíocha a chur ar fáil. I dtírdhreach meán a bhíonn ag athrú go síoraí, imríonn siad tionchar dearfach fós trí nuacht neamhchlaonta agus ábhar a bhaineann go sonrach le hÉirinn a chur ar fáil trína mbaintear amach riachtanais shochaíocha maidir le saoirse cainte, daonlathas, féiniúlacht, caoinfhulaingt agus comhtháthú sóisialta. Baineann tréithe "merit good" le hÁbhar na Seirbhíse Poiblí sa chaoi is go mbaineann a thomhaltas le leasanna níos leithne don tsochaí, ach toisc nach soláthraíonn an margadh a ndóthain merit goods, réitíodh an cás sin san aimsir a caitheadh trí úsáid a bhaint as idirghabháil phoiblí ar nós, i gcás MSP, táille éigeantach i leith ceadúnas teilifíse. Mar thoradh ar bhaoil i leith inbhuanaitheacht airgeadais na meán le gairid mar gheall ar athruithe struchtúracha i margaí fógraíochta, ardaíodh an cheist cé acu atá nó nach bhfuil idirghabhálacha eile ag teastáil chun na "positive externalities" luachmhara, nó na leasanna níos leithne don tsochaí a bhaineann le soláthar MSP na meán sa ré digiteach a chaomhnú.

Chuir eagraíochtaí meán éagsúla agus grúpaí ionadaíochta páirtithe leasmhara a n-ábhar imní in iúl don Choimisiún maidir leis na dúshláin gheilleagracha timthriallacha sa ghearrthréimhse agus struchtúracha san fhadtréimhse araon. Ba é an t-ábhar imní ab fhorleithne acu sin ná meath a bheith ag teacht ar ioncam fógraíochta a chuaigh i gcion ar gach cuid de na meáin thraidisiúnta, lena n-áirítear teilifís, raidió agus na nuachtáin ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil. I gcás na nuachtán, tá meath san ioncam fógraíochta déanta níos measa fós trí laghdú in ioncam ó dhíolacháin eagrán clóite. I gcás MSP, tá an fhadhb maidir le laghdú in ioncam fógraíochta déanta níos measa fós mar gheall ar mheath a bheith ar ioncam ón gceadúnas teilifíse.

Tuairim an Choimisiúin is ea, mar gheall go mbíonn tionchar mór ag cineál agus caighdeán an tsoláthair meán ar leas an phobail, go bhfuil impleachtaí níos forleithne ag baint leis na dúshláin gheilleagracha atá roimh eagraíochtaí meán aonair in Éirinn faoi láthair don tsochaí. Ní féidir le córas meán in Éirinn ina bhfuil cumas laghdaithe ó thaobh ath-infheistiú agus athnuachan de an soláthar ÁSP den chaighdeán is airde a choinneáil go héifeachtach - is iad sin, iriseoireacht neamhspleách, ábhar éagsúil agus ard-chaighdeáin ar fud seánraí éagsúla - i gcomhréir le hionchais agus riachtanais phobal na hÉireann.

Chomh maith leis sin, cuireadh go leor samplaí faoi bhráid an Choimisiúin maidir le hoiriúnú agus nuálaíocht ar fud chóras na meán mar fhreagra ar dhúshláin gheilleagracha, lena n-áirítear samhlacha gnó agus straitéisí digiteacha nua bheith á nglacadh ag na meáin thraidisiúnta, eagraíochtaí meán il-ardáin "hibrideach" a bheith ag teacht chun cinn, mar aon le cuir chuige nuálacha chun nascadh le lucht spéise ar ardáin nua agus trí theicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn.

Cuireadh tuairimí ó eagraíochtaí meán cumarsáide faoina bhráid maidir leis an ról tábhachtach atá ag tacaíochtaí ón Stát maidir leis an tionchar a bhí ag Covid-19 ar an ngeilleagar a mhaolú go pointe áirithe. Chomh maith leis sin, cuireadh moltaí faoina bhráid maidir leis an ról a d'fhéadfadh bheith ag an Stát maidir le tacú le hoiriúnuithe san fhadtréimhse lena chinntiú go mbeadh cobhsaíocht i gcóras na meán sna chéad deich mbliana eile agus ina dhiaidh sin. Moladh dearcthaí éagsúla agus réitigh fhéideartha inar luadh róil na meán, an Stáit agus ollchomhlachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta.

Bhreathnaigh an Coimisiún ar na samplaí is fearr de dhea-chleachtas ó ar fud an AE, agus aimsíodh samplaí iomadúla agus éagsúla de thacaíochtaí Stáit do na meáin agus dlínsí eile. Tugadh ar aird go bhfuil aitheantas níos láidre á thabhairt ag leibhéal an AE agus idirnáisiúnta araon go bhfuil freagraí córasacha ag teastáil i leith na ndúshlán córasach atá roimh na meáin, lena n-áirítear freagraí córasacha ón Stát féin.

Sa chaibidil seo, déantar iniúchadh níos mionsonraithe ar na saincheisteanna atá roimh na meáin, agus leagtar amach an comhthéacs do chaibidil 5 agus 6 ina dhiaidh seo, ina ndéantar breithniú maidir le roghanna maoinithe do na meáin amach anseo.


## 4.2 Athruithe struchtúracha sa mhargadh fógraíochta

Le blianta fada, tá ioncam fógraíochta ina ghné lárnach i samhlacha gnó sna meáin. Mar sin féin, mar a tarraingíodh aird air arís agus arís eile in aighneachtaí chuig an gCoimisiún, is é ceann de na príomhdhúshláin atá roimh an tionscal inniu laghduithe leanúnacha bheith ar ioncam fógraíochta do na meáin thraidisiúnta, gó háirithe ón mbliain 2008 i leith.

Gné amháin a bhí ina cúis le laghdú i bhfógraíocht sa tréimhse sin ab ea an ghéarchéim airgeadais in 2008 a raibh laghduithe i gcaiteachas fógraíochta ar an raidió, an teilifís agus sna nuachtáin mar thoradh uirthi, agus gan súil leis go mbeadh an téarnamh ina dhiaidh sin chomh mall agus lag agus a bhí. Ar an mbealach céanna, bhí drochthionchair géara iarmhartacha le gairid ag an ngéarchéim Covid-19, agus na laghduithe i gníomhaíocht gheilleagrach a bhain léi, ar fhógraíocht sa ghearrthéarma. Ach gnéithe a bhaineann leis an ngeilleagar agus gnéithe timthriallacha á gcur i leataobh, tá pátrún maidir le laghduithe leanúnacha i gcaiteachas fógraíochta ar na meáin thraidisiúnta le blianta beaga anuas ina léiriú ar fhadhbanna struchtúracha níos doimhne freisin a bhaineann le haistriú airde leanúnach lucht spéise ó asraonta agus formáidí na meán traidisiúnta chuig ardáin ar líne. Mar léiriú ar an aistriú struchtúrach seo, a tharla in éineacht le teacht chun cinn agus fás gasta na fógraíochta ar ardáin dhigiteacha agus ar líne, measann Core cé gur tháinig méadú níos mó ná 40% ar méid foriomlán an mhargaidh fógraíochta sa tréimhse 2000-2020, suas ó thart ar €630 milliún in 2000 go dtí tuairim is €903 milliún in 2020, is chun tairbhe ollchuideachtaí teicneolaíochta a bhí an méadú sin, agus eagraíochtaí meán traidisiúnta, a chaill sciar suntasach den mhargadh agus ioncam sa tréimhse sin, fágtha ar lár.

Tá méadú seasta tagtha ar fhógraíocht dhigiteach agus tá sí anois ina príomhghné den mhargadh fógraíochta tríd is tríd. Is iad Google agus Facebook is láidre laistigh den chuid de mhargadh na hÉireann a bhaineann le fógraíocht dhigiteach, agus fuair siad €403 milliún araon in 2020, arb ionann é agus 84% de gach ioncam ó fhógraíocht dhigiteach agus sciar 45% den mhargadh fógraíochta ar an iomlán. Léirítear i Léaráid 4-1 teacht chun cinn agus ceannas níos nó na fógraíochta digití, agus fás Google agus Facebook go háirithe.

**Léaráid 4-1** *Méadú i gceannas na fógraíochta digití agus Ollchomhlachtaí Teicneolaíochta*




## 4.2.1 Dearcthaí sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse


Mar thoradh ar an méadú mear i dteicneolaíochtaí digiteacha agus nascacht idirlín forleathan, in éineacht le hathruithe i bpatrúin tomhaltais – go háirithe i measc lucht spéise níos óige – neartaíodh agus coinníodh leibhéil infheistíochta i bhfógraíocht i gcoitinne, ach tá siad ina gcúis le hiarmhairt ó ionadú freisin. Tá méadú seasta tagtha ar an sciar caiteachais domhanda ar fhógraíocht a bhaineann le hardáin ar líne agus leantar den mhéadú sin i gcónaí. Is iad na meáin chlóite is mó atá thíos leis ach tá craoltóireacht buailte méid áirithe freisin.

Beidh le feiceáil fós má leanfar de na treochtaí a bhí sa mhargadh fostaíochta le cúig bliana anuas isteach sa todhchaí sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse. Mar sin féin, ag an bpointe seo tá sé réasúnach a bheith ag súil go leanfaidh fógraíocht dhigiteach dá suntasacht a mhéadú agus gur fógraíocht thraidisiúnta a bheidh thíos leis agus gurb iad Google agus Facebook – i bhfianaise a gcumhacht gheilleagrach, cumais nuálaíochta agus ceannas sa mhargadh fógraíochta digití – is mó is cosúil a mbeidh an lámh in uachtar acu sa mhargadh fógraíochta ar an iomlán de réir dealraimh.

San anailís seo a leanas, cuirtear dhá chás malartacha sa todhchaí i láthair maidir leis an margadh fógraíochta. Go hachomair, samhlaítear sa dá chás go dtiocfaidh meath ar an sciar foriomlán de chaiteachas fógraíochta a bhaineann le heagraíochtaí meán traidisiúnta, agus go leanfaidh an sciar foriomlán a bhaineann le Google agus Facebook ag méadú. Ach tá difríocht eatarthu ó thaobh méid foriomlán an mhargaidh fógraíochta a mheastar agus ó thaobh an méid teacht aniar a mheastar a léireoidh na meáin teilifíse, raidió agus chlóite.

Tá Cás 1, a léirítear i Léaráid 4-2, bunaithe ar mheastacháin ó Core, a fuair eolas ó fhaisnéis faoin mhargadh. Tugann na meastacháin seo le fios, bunaithe ar thuairim go dtiocfaidh an margadh fógraíochta chuige féin ó 2021 ar aghaidh i ndiaidh na paindéime Covid-19, go bhféadfadh luach an mhargaidh fostaíochta foriomlán bheith ag dréim le €1.3 billiún faoin mbliain 2025, agus go mbeadh thart ar 60% de sin (nó €768 milliún) ina fógraíocht dhigiteach, agus ioncam thart ar €669 milliún á ghabháil ag Google agus Facebook, arb ionann é agus 87% den mhargadh fógraíochta digití, nó 52% den mhargadh foriomlán.


**Léaráid 4-2** *Cás 1: Infheistíocht Mhargaidh 2007-2021, agus réamh-mheastacháin go dtí 2025*




Tá Cás 2, a léirítear i Léaráid 4-3, bunaithe ar anailís ó Rúnaíocht an Choimisiúin, ina léitear as an méanráta fáis cúig bliana le linn na tréimhse 2017-2021 d'fhonn comhdhéanamh an mhargaidh fógraíochta in 2025 a mheas. Ní áirítear sa chás seo an fhéidearthacht go dtiocfadh méadú suntasach sa mhargadh fógraíochta ar an iomlán, ná ní chuirtear san áireamh an fhéidearthacht go bhfeabhsódh gnólachtaí meán a n-iomaíochas sa mhargadh fógraíochta digití idir seo agus 2025.

Sa dara cás, d'fhéadfadh luach foriomlán thart ar €1.1 billiún bheith ar an margadh faoi 2025, ina mbeadh 66% (€727 milliún) ina fógraíocht dhigiteach. Ghabhfadh Google agus Facebook araon ioncam thart ar €667 milliún, arbh ionann é agus 92% den mhargadh fógraíochta foriomlán digití agus 61% den mhargadh fógraíochta foriomlán.

**Léaráid 4-3** *Cás 2: Infheistíocht Mhargaidh 2017-2021, agus réamh-mheastacháin go dtí 2025*




Tá cuma níos fearr ar fhógraíocht teilifíse i gCás 1 ná mar atá i gCás 2. I gCás 1, is de réir a chéile a thiocfadh méadú in ioncam i bhfógraíocht teilifíse le linn na tréimhse, agus é ag ardú go dtí thart ar €251 milliún faoi 2025, ach i gCás 2, thiocfadh laghdú thart ar €30  milliún in ioncam ó fhógraíocht teilifíse faoi 2025 i gcomparáid leis na leibhéil in 2017.

Ar an mbealach céanna, tá cuma níos fearr ar fhógraíocht raidió i gCás 1 ná mar atá i gCás 2. I gCás 1, chobhsódh ioncam d'fhógraíocht raidió le linn na tréimhse 2020-2025 ag thart ar €105-€106 milliún in aghaidh na bliana, ach i gCás 2, leanfadh ioncam ó fhógraíocht raidió ag laghdú, agus €88 milliún á bhaint amach faoi 2025, a bheadh ina laghdú €35 milliún i gcomparáid le 2017.

Ní maith an scéal é ag fógraíocht chlóite sa dá chás. I gCás 1, thiocfadh laghdú suntasach in ioncam ó fhógraíocht chlóite go dtí thart ar €61 milliún in aghaidh na bliana faoi 2025, ach i gCás 2 bheadh laghdú go dtí thart ar €41 milliún i gceist. Sa chás is measa sin, laghdódh ioncam fógraíochta clóite thart ar 70% le linn na tréimhse 2017-2025, agus laghdódh a sciar sa mhargadh fógraíochta iomlán ó 14% go dtí 4% le linn na tréimhse céanna.

## 4.2.2 Impleachtaí


In go leor bealaí, bhí méadú i bhfógraíocht ar líne ina chur isteach agus ina dhúshlán do na meáin thraidisiúnta, táirgeoirí ábhar agus gníomhaireachtaí fógraíochta. Go traidisiúnta, d'fhóirdheonaigh fógraíocht soláthar na meán agus laghdaíodh spleáchas ar tháillí díreacha ar úsáideoirí deiridh ábhair. Mar sin féin, is le cuardach ar líne (faoi cheannas Google) agus taispeáint ar líne (faoi cheannas Facebook) a n-áirítear an chuid is mó d'fhógraíocht ar líne. De réir mar a aistríonn ioncam i dtreo ardáin ar líne, tá laghdú tagtha de réir a chéile ar an sreabhadh maoinithe atá ar fáil chun tacú le hábhar meán a tháirgeadh.

Ó thaobh dearcadh cúng de i ndáil le cúrsaí geilleagracha, d'fhéadfaí na treochtaí seo a thréithriú mar shampla clasaiceach den tionchar suaiteach a imríonn nuálaíocht ar iomaíochas. Sa mhíniú seo, chaill gnólachtaí meán ina raibh samhlacha fógraíochta traidisiúnta a sciar sa mhargadh go mear in aghaidh iomaitheoirí níos nuálaí agus níos fuinniúla a bhfuil táirgí fógraíochta níos fearr acu, trína ndícháilítear meáin oidhreachta a bheith ina n-iomaitheoirí beaga atá ina iomaíocht do sciar den mhargadh fógraíochta atá ag laghdú. Cé gur chuir innill chuardaigh agus láithreáin líonraithe sóisialta lena staid trí bheith níos fearr ag an méid a dhéanann siad ná a n-iomaitheoirí, mar gheall ar an rath a bhí orthu fógraíocht a shiofónadh, de réir a chéile, creimeadh cumas na meán traidisiúnta infheistíocht a dhéanamh sa stoc ábhar meán atá déanta go proifisiúnta atá ar fáil a athnuachan, a fheabhsú agus a athsholáthar, chun leasa lucht spéise agus an phobail i gcoitinne.

Dá bhrí sin, taobh amuigh de na fadhbanna atá ag na meáin maidir le hinbhuanaitheacht na meán mar thoradh ar athrú struchtúrach sa mhargadh, tá fadhb eile i gceist freisin a mbaineann impleachtaí suntasacha sochaíocha léi. Measann Core gur ghnóthaigh na meáin chlóite, teilifíse agus raidió thart ar €605 milliún nó 96% den ioncam iomlán fógraíochta in Éirinn sa bhliain 2000. Fiche bliain ina dhiaidh sin, tá laghdú 49% tagtha ar sciar na meán oidhreachta den mhargadh fógraíochta, ina soláthraítear ioncam comhiomlán de thart ar €443 milliún ina aghaidh na bliana, atá €162 milliún níos lú in aghaidh na bliana ná fiche bliain roimhe sin.

Cé gur fadhb thromchúiseach ann féin ag na meáin chlóite, raidió agus teilifíse in Éirinn ioncam fógraíochta a chailleadh, is iad na himpleachtaí níos leithne a bhaineann leis go bhfuil ioncam suntasach a bhíodh á infheistiú i dtáirgeadh ábhair agus in iriseoireacht in Éirinn ag sreabhadh amach as an ngeilleagar anois. Léirítear i Léaráid 4-4 an chodarsnacht shoiléir idir cúrsaí in 2000, nuair a ghnóthaigh cuideachtaí meán faoi úinéireacht eachtrach ioncam thart ar €14.8 milliún, agus cúrsaí mar atá inniu, ina sreabhann níos mó ná €470 milliún chuig cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach, agus an chuid is mó de sin á ghnóthú ag Google agus Facebook, nach ndéanann ceachtar acu aon infheistíocht shuntasach in ábhar meán a tháirgeadh in Éirinn.

**Léaráid 4-4** *Tuilleamh fógraíochta ag cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach i margadh na hÉireann*



## 4.3 Fadhbanna inbhuanaitheachta do na meáin chlóite

### 4.3.1 Ioncam díolacháin agus figiúirí ciorclaíochta

Chuir grúpaí ionadaíocha agus teidil aonair araon an Coimisiún ar an eolas faoi na hathruithe suntasacha atá tarlaithe le deich mbliana anuas maidir le díolacháin ciorclaíochta nuachtán agus irisí, ar fhoinse ioncaim bharrthábhachtach iad do na meáin chlóite.


Mheas NewsBrands Ireland, atá ina chomhlacht ionadaíoch do nuachtáin náisiúnta, gurb ionann an díolachán iomlán teideal clóite dá chomhaltaí agus 2.2 milliún cóip ina aghaidh na seachtaine, atá ina laghdú níos mó ná 50% le deich mbliana anuas. Tháinig laghdú 59% i ndíolachán nuachtán laethúil idir 2010 agus 2020, agus tháinig laghdú 56% i ndíolachán nuachtáin an Domhnaigh sa tréimhse chéanna. Ina aighneacht, tharraing an Irish Times aird ar fhigiúirí maidir le díolacháin laethúla a bheidh tite ó 117,000 in 2008 go dtí gar do 46,000 in 2020, agus gur laghdaigh díolachán nuachtán laethúil an Irish Examiner ó 53,000 cóip go 18,500 cóip sa tréimhse chéanna.

Thuairiscigh Local Ireland, atá ina chomhlacht ionadaíoch do nuachtáin áitiúla, go bhfuil laghdú 55% tagtha ar méideanna ciorclaíochta nuachtán áitiúil i gcomparáid le leibhéil in 2008. Rinneadh caillteanais ioncaim a fhritháireamh i bpáirt trí phraghsanna díolacháin aonad a mhéadú, agus is idir an raoin €2.30 agus €3 in aghaidh na cóipe an praghas atá ar an gcuid is mó de theidil áitiúla anois. Trí phraghsanna cumhdaigh níos mó, tá maolú go pointe áirithe déanta ar an gcaillteanas ioncaim mar thoradh ar an laghdú i ndíolacháin chiorclaíochta, ach mar sin féin, tá laghdú thart ar 30% tagtha ar an ioncam foriomlán ag an ngnáth-theideal áitiúil.

### 4.3.2 Fógraíocht

Chomh maith leis sin, fuair an Coimisiún cuntais éagsúla faoin tionchar ar leith a imríodh ar na meáin chlóite mar gheall ar laghdú in ioncam ó fhógraíocht. Léirítear i Léaráid 4-5 an laghdú in ioncam fógraíochta do nuachtáin idir 2017 agus 2021, in éineacht le cas réamh-mheasta de laghdú leanúnach in ioncam go dtí 2025, má leanann treochtaí reatha mar atá.

**Léaráid 4-5** *Laghdú in ioncam fógraíochta, na meáin chlóite 2017-2021*




Mar a léirítear i dTábla 4-1, tá an ráta caillteanais ioncaim cosúil le chéile tríd is tríd ar fud foilseachán náisiúnta/réigiúnacha agus áitiúla araon, agus laghdú 55% in ioncam fógraíochta i gcás na meán náisiúnta agus 50% i gcás na meán réigiúnach/áitiúil le linn na tréimhse 2017-2021.

**Tábla 4-1** *Caillteanais ioncaim fógraíochta (2017-2021), Meáin Náisiúnta agus Réigiúnacha/Áitiúla*

| € milliún | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Meáin Náisiúnta** | 109.5 | 96.8 | 85.3 | 64.0 | 60.7 |
| **Réigiúnach/Áitiúil** | 17.3 | 16.2 | 13.9 | 9.3 | 8.7 |
| **Eile** | 7.41 | 6.93 | 5.94 | 3.98 | 3.74 |
| **Iomlán** | 134.2 | 119.9 | 105.1 | 77.2 | 73.2 |


### 4.3.3 An acmhainn cúitimh atá ag sruthanna ioncaim nua

Ar fud an domhain fhorbartha, tá soláthraithe nuachta traidisiúnta ag streachailt leis na héifeachtaí a bhaineann le lucht léitheoireachta agus fógraíocht bheith ag aistriú chuig an idirlíon a mhaolú. Ní hamháin go bhfuil ioncam ag laghdú ach tá foilsitheoirí nuachta faoi bhrú freisin bheith nuálach agus infheistíocht a dhéanamh in earraí digiteacha, agus ag an am céanna, caighdeán na nuachtán clóite fisiceach a choinneáil arb iad a chuireann an chuid is mó dá n-ioncam fógraíochta ar fáil go minic. Cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoi chuntais éagsúla ó pháirtithe leasmhara maidir leis an méid is féidir laghduithe in ioncam ó dhíolacháin chiorclaíocht chlóite agus ó fhógraíocht a fhritháireamh trí láithreacht ar líne ina soláthraítear fógraíocht agus síntiúis a fhorbairt agus airgead a ghnóthú as.

Tá sé soiléir go bhfuil na meáin chlóite, tríd is tríd, ag déanamh dul chun cinn ina n-iarrachtaí digitiú. Measann NewsBrands gur infheistigh a chomhaltaí €6.5 milliún i bhforbairt dhigiteach anuraidh, agus go bhfuil infheistíochtaí digiteacha ina ngné d'infheistíocht fhoriomlán atá ag méadú. Léirítear in anailís NewsBrands go bhfuil leibhéal suntasach de thrácht dhigiteach bainte amach ag a chomhaltaí. In 2020, tugadh 204 milliún cuairt ar an meán in aghaidh na míosa ar láithreáin ghréasáin chomhaltaí NewsBrands Ireland, agus is lasmuigh d'Éirinn a tháinig 19% de na cuairteanna sin. Chomh maith leis sin, thuairiscigh eagraíochtaí is comhaltaí comhiomlán de bheagnach 52 milliún cuairt úsáideora aonair ar láithreáin ghréasáin nó aipeanna gréasáin ar bhonn míosa, ar tháinig 22% acu sin ó thaobh amuigh den Stát. Is rud nach bhfuil chomh soiléir ag an bpointe seo ná cibé an bhfuil na hiarrachtaí sin á n-aistriú a ndóthain ina bhfoinsí ioncaim don tionscal.


I Léaráid 4-6, baintear leas as sonraí ó NewsBrands Ireland chun miondealú a chur ar fáil ar fhoinsí ioncaim do phreasfhoilseacháin náisiúnta. Maidir leis an €289 milliún in ioncam iomlán do na meáin náisiúnta in 2020, b'ionann díolacháin nuachtán agus 60% agus b'ionann síntiúis dhigiteacha agus 5%. Is ó fhógraíocht a tháinig an sciar ioncaim eile 35%, arbh ionann ábhar clóite agus 75% den sciar sin agus 25% ó ábhar digiteach. Is é sin le rá, is ó ábhar clóite seachas ó ábhar digiteach a thagann an chuid is mó den ioncam do na meáin náisiúnta.

**Léaráid 4-6** *Foinsí ioncaim do na meáin náisiúnta (2020)*



Arís, bunaithe ar shonraí teoranta, léirítear i Léaráid 4-7 an sreabhadh ioncaim fógraíochta chuig na meáin náisiúnta le linn na tréimhse 2010-2020, ina dtaispeántar an scoilt idir fógraíocht thraidisiúnta agus dhigiteach.

**Léaráid 4-7** *Ioncam fógraíochta digiteach agus traidisiúnta do na meáin náisiúnta (2010-2020)*





Cé go bhfuil méadú seasta tagtha bliain i ndiaidh bliana ar an sciar den ioncam fógraíochta foriomlán atá faighte ag na meáin náisiúnta ó ábhar digiteach, seachas ó ábhar clóite, le deich mbliana anuas, tá an leibhéal tuillimh, i ndearbhthéarmaí, ó fhógraíocht dhigiteach fós sách íseal agus níor tháinig fás sách sciobtha ar ioncam ó fhógraíocht dhigiteach ná níor tháinig fás de réir scála sách suntasach chun na laghduithe seasta in ioncam ó fhógraíocht chlóite a chúiteamh, de réir mar a léirítear i Léaráid 4-7.

Maidir le hioncam ó shíntiúis dhigiteacha, ní hionann sin ar an meán ach 5% den ioncam foriomlán do nuachtáin náisiúnta. Léirítear i sonraí NewsBrands Ireland gur thuairiscigh nuachtáin náisiúnta in 2020 137,500 síntiúsóir (lena n-áirítear síntiúsóirí ríomhpháipéir agus síntiúsóirí eagráin dhigiteacha) trínar gineadh ioncam €14.5 milliún.

Léirítear i Léaráid 4-8 dhá chás ina bhféadfaí ioncam a mhéadú ó shíntiúis dhigiteacha idir 2020 agus 2025: fás láidir incriminteach 10% in aghaidh na bliana, ina saothrófaí thart ar €23 milliún ina aghaidh na bliana faoi 2025, agus ráta fáis uaillmhianach bliain i ndiaidh bliana 20%, ina saothrófaí €58 milliún in aghaidh na bliana in 2025.

Dá mbainfí amach rátaí fáis 20% bliain i ndiaidh bliana, chuirfí go fiúntach le hioncam foriomlán agus dhéanfaí caillteanais ó fhoinsí ioncaim thraidisiúnta a fhritháireamh go pointe áirithe. Ní mór ceist cháiréiseach a chur más féidir ráta fáis chomh huaillmhianach sin a bhaint amach laistigh de mhargadh na hÉireann. Ar ndóigh, tá acmhainn bhreise áirithe ag teicneolaíochtaí digiteacha ioncam a shaothrú lasmuigh de mhargadh na hÉireann, mar shampla, trí ioncam ó shíntiúis ó thart ar 35 milliún duine sa diaspóra, nó go deimhin, ó lucht léitheoireachta idirnáisiúnta Béarla níos leithne, a mhéadú.

**Léaráid 4-8** *Cásanna maidir le hioncam a mhéadú ó shíntiúis dhigiteacha*




Tá dúshláin den chineál céanna i gceist i gcás na nuachtán áitiúil. Léirítear i sonraí a chuir Local Ireland ar fáil nárbh ionann ioncam digiteach ar fud 46 theideal nuachtáin áitiúil in 2020 (fógraíocht dhigiteach agus síntiúis san áireamh) ach níos lú ná €700,000 (2% den ioncam iomlán), suas ó €261,251 (nó 0.6% den ioncam iomlán) in 2016. Is é an cur síos a rinne Local Ireland ar an dúshlán atá roimh fhoilsitheoirí nuachta áitiúla ná gur dúshlán atá ann a bhaineann le hioncam, seachas dúshlán a bhaineann le clúdach ná ábharthacht, toisc go bhfuil clúdach méadaithe go mór mar gheall ar thrácht dhigiteach, ach go bhfuiltear ag brath go mór fós ar ábhar clóite i leith ioncaim. Dealraíonn sé go mbaineann an dúshlán le hairgead a shaothrú as trácht dhigiteach, toisc go léirítear sa staidreamh is déanaí comhiomlán de níos mó ná 26 milliún amharc leathanaigh ar láithreáin ghréasáin nuachtán áitiúil i mí an Mhárta 2021 amháin. In ainneoin an leibhéal ard tráchta, mheas Local Ireland go bhféadfadh líon na síntiúsóirí digiteacha dá chomhaltaí bheith ag thart ar 8,000 in aghaidh na bliana, agus €65 ar an meán ar gach síntiús aonair in aghaidh na bliana agus ina saothrófaí ioncam measta ó shíntiúis thart ar €500,000 i bhfoirm chomhiomlán in aghaidh na bliana. Dar le Local Ireland, ní chuirfí airgead ar fáil fiú do leath de phost tuairisceora lánaimseartha amháin trí ioncam digiteach bliantúil do ghnáthfhoilsitheoir áitiúil.

Is léir go bhfuil líon beag d'ardáin ollmhóra ar líne i gceannas ar an margadh fógraíochta digiteach agus is féidir bheith ag súil go ndéanfaidh siad a gceannas ar an margadh a choinneáil agus a mhéadú fiú sna blianta atá amach romhainn. Rud nach bhfuil soiléir fós is ea an méid is féidir le heagraíochtaí meán tairbhe a bhaint as an méadú foriomlán sa mhargadh fógraíochta digiteach ar bhealach fiúntach. Chomh maith leis sin, feicfimid linn cibé is féidir leis na meáin thraidisiúnta leas a bhaint as deiseanna eile chun samhlacha gnó inbhuanaithe a fhorbairt don ré dhigiteach, ioncam ó léitheoirí no samhlacha ballraíochta, mar shampla. I gcás ar bith, is é tuairim an Choimisiúin go bhfuil go leor eagraíochtaí meán in Éirinn fós ag céim an-luath maidir lena gclaochlú digiteach, agus go bhfuil práinn agus díriú níos mó ag teastáil ó thaobh pholasaí na hearnála de agus ó na heagraíochtaí meán féin.

### 4.3.4 Treoir AE maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach

Le linn obair an Choimisiúin, agus le linn an Idirphlé Téamach ar líne, tugadh an-aird ar an díospóireacht maidir leis an ról agus an fhreagracht atá ar ghnólachtaí teicneolaíochta i ndáil leis an ngéarchéim gheilleagrach atá ag cur isteach ar chodanna eile d'earnáil na meán. Fuair an Coimisiún glaonna ó shaineolaithe idirnáisiúnta agus páirtithe leasmhara sna meáin go mbreathnódh Éire go cúramach ar fhorbairtí i ndlínsí eile, an Fhrainc agus an Astráil san áireamh, arbh é an dara ceann a thug isteach an *News Media and Digital Platforms Mandatory Bargaining Code* le gairid. Bhí sé seo ina iarracht spéisiúil chun iriseoireacht leas an phobail a choimeád ag imeacht trí aghaidh a thabhairt ar an éagothroime sa chumhacht mhargála idir gnóthaí nuachta na meán agus ardáin dhigiteacha, agus chun creat dlí a chur ar fáil chun cur ar chumas gnóthaí nuachta na meán luach saothair cothrom a fháil ar an ábhar a tháirgeann siad.

Rinne an Coimisiún breithniú cáiréiseach ar fhorbairtí gaolmhara, go háirithe ag leibhéal an AE, lena n-áirítear Treoir AE maidir le Cóipcheart, atá le haistriú in Éirinn in 2021. Cuspóir na Treorach is ea reachtaíocht chóipchirt chomhaimseartha a dhéanamh chun gníomhú i leith riachtanais shaoránaigh na hEorpa i sochaí atá ag éirí níos digitithe. Tríd an Treoir, is féidir rochtain a fháil agus úsáid níos leithne a bhaint as saothair atá faoi chosaint cóipchirt a théann chun tairbhe na n-earnálacha cruthaitheacha, foilsitheoirí nuachtáin, taighdeoirí, oideachasóirí, institiúidí oidhreachta cultúrtha agus saoránach. Cuirtear creat ar fáil chun reachtaíocht chóipchirt Eorpach chomhaimseartha a chruthú d'fhonn forbairtí digiteacha sa ré dhigiteach a chur san áireamh agus cinnte a dhéanamh de i gcónaí go n-íoctar cruthaitheoirí as a n-iarrachtaí cruthaitheacha ag an am céanna.

Díol suime ar leith don Choimisiún ab ea Airteagal 15 den Treoir, ina mbunaítear ceart foilsitheoirí nuachtáin agus údair saothar luach saothair a ghineadh trí chead a thabhairt do chomhbhailitheoirí nuachta (e.g. ardáin ar líne) a saothair a úsáid ar líne. Go hiondúil, bheadh an táille is iníoctha ar ardáin chun úsáid a bhaint as saothar foilsitheoir nuachtáin ina chuid den chomhaontú ceadúnúcháin idir an dá pháirtí. Dá bhrí sin, cuirtear foinse ioncaim fhéideartha ar fáil d'fhoilsitheoirí nuachta tríd an bhforáil. I bhforálacha Airteagal 15, cuirtear saoirse chonarthach ar fáil do pháirtithe comhaontuithe ceadúnúcháin a shocrú ina léirítear luacháil chomhaontaithe an ábhair atá á úsáid. Tá difríocht idir sin agus a cur chuige san Astráil, atá faoi stiúir dlí na hiomaíochta seachas dlí an chóipchirt.

Shocraigh an Coimisiún go bhfuil acmhainn sa Treoir AE maidir le Cóipcheart tionchar na n-athruithe córasacha sa bhonn ioncaim d'fhoilsitheoirí nuachta a maolú go pointe áirithe. Mar sin féin, beidh sé tábhachtach súil ghéar a choinneáil ar an gceist agus measúnú a dhéanamh ar thionchar dáiríre na Treorach ar an ngeilleagar.

## 4.4 Dearcadh nua Eorpach maidir le polasaithe agus tacaíochtaí na meán

Thug an Coimisiún aird ar dhearcadh polasaí nua teacht chun cinn an leibhéal an AE maidir le hinbhuanaitheacht na meán. Tá sé seo soiléir go mór mór i gconclúidí na Comhairle Eorpaí i mí na Samhna 2020[45], ina leagtar béim ar thábhacht na meán san Eoraip agus ina mbunaítear bonn i leith leibhéil méadaithe idirghabhála agus tacaíochtaí ón gCoimisiún Eorpach d'fhonn inbhuanaitheacht na meán a chinntiú. Sa chumarsáid, tagraítear do chóras meán inbhuanaithe, iolraíoch agus iontaofa a bheith "fíorthábhachtach", agus "ríthábhachtach do dhaonlathas bríomhar".

I gcumarsáid na Comhairle, tarraingítear aird ar an dúshlán níos mó atá roimh earnáil na meán ó thaobh inbhuanaitheachta de san Eoraip, go háirithe na meáin thraidisiúnta agus meáin atá ag feidhmiú ag an leibhéal áitiúil nó réigiúnach, ar fhianaise atá ann ar chlaochlú an mhargaidh fógraíochta ina mhargadh a bhfuil ceannas digiteach air, agus an buntáiste iomaíoch atá ag ardáin ar líne mar gheall ar an ualach rialála níos lú atá orthu i gcomparáid le soláthraithe seirbhíse meán traidisiúnta.

Sa chumarsáid, iarrtar ar bhallstáit creat dóthanach agus neamhspleách a fhorbairt i leith inbhuanaitheacht gheilleagrach a dtírdhreach meán náisiúnta, lena n-áirítear cúnamh Stáit a chur ar fáil. Ba chóir go ndíreofaí ar an ngearrthéarma sa chreat chun cuidiú leis na meán téarnamh i ndiaidh na paindéime Covid-19, agus ba chóir go mbeadh cuspóir fadtéarmach ann chun cinnte a dhéanamh de gur córas meán iolraíoch a bheidh sa chóras meán i gcónaí. Leagtar béim i gcumarsáid na Comhairle gur chóir go mbeadh aon mhaoiniú nó fóirdheontas Stáit bunaithe ar chritéir réamhchinnte, oibiachtúla agus thrédhearcacha, neamhspleách ar thionchar polaitiúil ar bith, agus iarrtar ar bhallstáit na roghanna agus dreasachtaí féideartha ag an leibhéal náisiúnta a iniúchadh d'fhonn éascaíocht a dhéanamh ar thacaíocht bhreise i leith téarnamh agus inbhuanaitheacht earnáil na meán ina dtír féin.

Chomh maith leis sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach bearta a thionscnamh chun acmhainneacht na meán a neartú, tacú leis na meáin dul in oiriúint do na cláir oibre digiteacha agus Glasa, infhaighteacht ábhar meán éagsúil agus neamhspleách a chothú i dtimpeallacht meán atá cothrom agus iomaíoch, agus éascaíocht a dhéanamh ar bhallstáit Státchabhair a chur i bhfeidhm chun tacú le hearnáil nuachta na meán, agus é sin a dhéanamh i mbealaí nach gcuireann isteach ar neamhspleáchas eagarthóireachta. Iarrann an Chomhairle ar thacaíochtaí chun samhlacha gnó nua, inbhuanaithe agus comhoibríocha a fhorbairt, go háirithe d'asraonta meán áitiúla, réigiúnacha agus traidisiúnta, agus measúnú a dhéanamh ar bhealaí chun éascaíocht a dhéanamh ar theacht a bheith ar dheiseanna maoinithe ag asraonta meán chun easnaimh leachtachta a shárú.

Mar atá luaite ag an gComhairle, tá sé ríthábhachtach saoirse an phreasa agus na meán a chinntiú tráth a bhfuil soláthraithe seirbhíse meán nuachta in iomaíocht d'aird an phobail ar ardáin ar minic nach gcloíonn táirgeoirí ábhair leis na caighdeáin eagarthóireachta céanna. Tá sé ríthábhachtach tionscnaimh litearthachta meán a chur chun cinn ina dtroidtear i gcoinne bréagaisnéis, ina dtreisítear acmhainneacht lucht spéise agus ina ndírítear ar shaoránaigh i ngach aoisghrúpa, agus iarrann an Chomhairle ar údaráis náisiúnta rialála san AE comhoibriú tuilleadh sa réimse seo.

Chun na críche sin, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach bearta cuí a dhéanamh, lena n-áirítear tríd an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, chun táscairí struchtúracha agus gnásúla a fhorbairt a bhaineann le hiontaofacht asraonta nuachta agus meán. D'fhonn comhlíonadh gnásanna agus eitice gairmiúla maidir le hiontaofacht meán a chur chun cinn, d'iarr an Chomhairle go mbeadh comhpháirtíochtaí idir ballstáit, an Coimisiún, an tsochaí shibhialta, taighdeoirí, iriseoirí agus páirtithe leasmhara eile, chun uirlisí a fhorbairt chun dul i ngleic le bréagaisnéis (e.g. litearthacht meán agus seiceáil fíricí), agus chun tacú le Faireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha (FEMD) a fhorbairt.


[45] 2020/C 422/08 Conclúidí na Comhairle maidir le córas meán saor agus iolraíoch a chosaint

## 4.5 Fadhbanna inbhuanaitheachta maidir leis an gceadúnas teilifíse

Chuir páirtithe leasmhara éagsúla an Coimisiún ar an eolas faoi fhadhbanna maidir leis an tsamhail mhaoinithe do MSP. Cé gur minic gur ioncam easnamhach ón táille ceadúnais teilifíse a bhí i gceist maidir leis an bhfadhb, ní hamháin go bhfuil laghduithe in ioncam foriomlán do MSP ina léiriú ar laghduithe in ioncam ón táille ceadúnais, ach tá siad ina léiriú ar ísliú in ioncam ó ghníomhaíochtaí fógraíochta tráchtála.

De réir mar a léirítear i Léaráid 4-9, laghdú measartha réidh a bhí sa laghdú in ioncam ceadúnais teilifíse ó dhíolacháin dhíreacha chuig an bpobal i gcoitinne agus gnóthaí le linn na tréimhse 2010-2020, arb ionann é agus 7% ar an iomlán, nó laghdú níos lú ná 1% in aghaidh na bliana ar an meán.

**Léaráid 4-9** *Teorainneacha maidir le hioncam ó Cheadúnais Teilifíse*





Cé gur laghduithe sách measartha na laghduithe a tharla in ioncam ó tháille ceadúnais, is é an fhadhb atá ann ná, toisc go bhfuil treochtaí síos ag leanúint ar aghaidh go fóill agus nach bhfuil an dealramh ann go mbeidh athrú air sin amach anseo, tá na laghduithe níos géire atá le feiceáil in ioncam fógraíochta tráchtála ag éirí níos measa fós seachas ag feabhsú mar gheall ar na leibhéil maoinithe poiblí faoi shamhail na táille ceadúnais. Dá bharr sin, is trí ranníocaíochtaí breise ón Státchiste a bhaintear amach riachtanais maoinithe breise den chuid is mó i láthair na huaire.

Tá roinnt bealaí ann chun ioncam ó cheadúnais teilifíse díreacha a mhéadú.


Rogha amháin a bheadh ann ná an táille do cheadúnas teilifíse a mhéadú ón leibhéal reatha ag €160 in aghaidh na bliana, atá socruithe ag an ráta sin ó 2008. Mar a léirítear i dtaighde a choimisiúnaigh an Coimisiún um Thodhchaí na Meán i Léaráid 4-10, measann formhór an phobail nach bhfuil luach maith ar airgead á fháil maidir leis an táille cheadúnais teilifíse mar atá sí faoi láthair. Chomh maith leis sin, tá formhór an phobail den tuairim gur chóir maoiniú don MSP a bheith bunaithe as shamhail fhorchéimnithe ina léirítear cumas daoine íoc as - a mhalairt dhíreach ar chur chuige na buntáille atá mar chuid de shamhail an Cheadúnais Teilifíse.

**Léaráid 4-10** *Tuairim an phobail i leith an Cheadúnais Teilifíse*





Ós rud é go leanann an líon daoine a íocann go díreach as ceadúnas teilifíse ag laghdú bliain i ndiaidh bliana (Léaráid 4-11), is dócha go dtiocfaidh méadú i sceipteachas an phobail maidir le cur chuige an Cheadúnais Teilifíse le himeacht ama, de réir mar a éiríonn sé níos follasaí go bhfuil níos lú teaghlaigh ag seasamh an chostais bliain i ndiaidh bliana.

**Léaráid 4-11** *Díolacháin Dhíreacha Ceadúnais Teilifíse (2010-2020)*




Rogha eile a bheadh ann ná an ráta seachanta a laghdú go leibhéal atá níos gaire do ghnáis na hEorpa. Léirítear i Léaráid 4-12 na rátaí seachanta measta le linn na tréimhse 2010-2019. Cé go bhfuil an ráta seachanta seo sách ard i gcomhthéacs na hEorpa, is dócha gur ráta coimeádacha atá iontu fós féin agus nach meastachán iomlán iad ar an bhfíor-ráta seachanta. Mar shampla, léirítear i sonraí ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán atá mar bhonn agus mar thaca ag na meastacháin, nach n-íocann ach thart ar 10,000 gnó as ceadúnas teilifíse in aon bhliain faoi leith – figiúr is ea sin ina dtugtar le fios go bhféadfadh ráta seachanta níos mó bheith i gceist ná mar a léirítear sna meastacháin oifigiúla.

**Léaráid 4-12** *Rátaí seachanta measta (2010-2019)*




I bhfianaise phróifíl an daonra atá ag dul in aois, líon níos mó tithe "gan teilifís" agus rátaí seachanta atá ard i gcónaí, is cinnte go leanfaidh an t-ualach freagrachta coibhneasta i ndáil le maoiniú poiblí d'aistriú ón íocóir ceadúnais teilifíse go dtí an cáiníocóir. Léirítear i Léaráid 4-13 thíos na treochtaí frithchúitimh i ndíolacháin dhíreacha agus ceadúnais teilifíse saor in aisce.

**Léaráid 4-13** *Treochtaí frithchúitimh i ndíolacháin dhíreacha agus ceadúnais teilifíse saor in aisce (2010-2020)*




Idir an dá linn, is dócha go n-éireoidh tuairim an phobail i leith an cheadúnais teilifíse níos measa, de réir mar a leagtar an t-ualach ar níos lú agus níos lú teaghlach ná riamh.

## 4.6 Conclúidí

Bunaithe ar iniúchadh a dhéanamh ar an bhfianaise agus ar fhianaise ó eagraíochtaí meán, saineolaithe agus páirtithe leasmhara, chinn an Coimisiún go bhfuil roinnt treochtaí geilleagracha ina mbaol suntasach d'inbhuanaitheacht na meán in Éirinn. Cé go bhfuil dúshláin ar leith ag baint le codanna éagsúla de chóras na meán, agus go gcuirtear isteach ar eagraíochtaí meán aonair de réir céimeanna éagsúla, tá roinnt bunfhadhbanna ann a chomhroinntear go coiteann. Ní bhaineann na dúshláin seo le hÉirinn amháin – tá córais meán i ngach tír forbartha agus ar fud na hEorpa ag streachailt leis an gcion oibre a bhaineann le dul in oiriúint don timpeallacht dáileacháin dhigiteach.

Bunfhadhb amháin is ea pátrúin caiteachais fógraíochta a athstruchtúrú, agus na meáin thraidisiúnta ag cailleadh amach mar gheall ar an tóir atá ag méadú ar ardáin fógraíochta dhigiteacha de réir mar a aistríonn aird lucht spéise chuig meáin atá ceangailte leis an ngréasán. Baineann laghdú in ioncam fógraíochta traidisiúnta le gach cuid de chóras na meán - teilifís, raidió agus na nuachtáin, ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil - go céimeanna éagsúla.

Fadhb níos measa fós ag na meáin chlóite is ea go bhfuil laghdú ag teacht ar chiorclaíocht agus díolacháin nuachtáin fhisiceacha. Maidir le MSP in Éirinn, gné nach gcuidíonn le cúrsaí is ea laghdú i ndíolacháin dhíreacha ceadúnais teilifíse agus easpa solúbthachta laistigh de shamhlacha ioncaim chun gníomhú ar bhealaí trína laghdófaí na héifeachtaí a bhaineann le níos lú fógraíochta.

Dúshlán geilleagrach breise do MSP agus do na nuachtáin araon is ea freastal ar éilimh scoilte domhan il-ardáin nó "hibrideach" ina bhfuil gá le táirgí agus seirbhísí traidisiúnta a mbraitheann lucht spéise orthu (e.g. nuachtáin agus cainéil teilifíse) a choimeád ag imeacht, ag an am céanna, ní mór an acmhainn sin a chur isteach i seirbhísí digiteacha nua agus an trealamh agus scileanna a bhaineann leis a fhorbairt. Tráth a bhfuil ioncam marbhánta nó ag laghdú, tá brú ollmhór á chur ar chúrsaí airgid in go leor eagraíochtaí meán traidisiúnta mar gheall ar fhreastal ar an riachtanas infheistíocht a dhéanamh i bhformáidí traidisiúnta agus i gcomhéadain dhigiteacha nua freisin.

A fhad agus atá gealladh mór faoin ré dhigiteach, agus a fhad agus atá rúndaingne, fiontraíocht agus práinn á léiriú ag eagraíochtaí meán traidisiúnta chun iarracht a dhéanamh a ngnó a dhigitiú, is beag fianaise atá ann fós go bhfuil caillteanais i bhfoinsí ioncaim thraidisiúnta á bhfritháireamh a ndóthain trí shruthanna ioncaim dhigiteacha.

Faoi láthair, níl sé soiléir go gcinnteofar trí fhórsaí an mhargaidh amháin go mbeidh córas soláthair meán iolraíoch agus ilghnéitheach ann, lena n-áirítear MSP a fheidhmíonn go maith agus earnáil nuachtáin fuinniúil, ar trí fhianaise chuig an gCoimisiún a ndearbhaítear go bhfuil tóir agus meas ag pobal na hÉireann air. Thug an Coimisiún aird ar an dearcadh atá ag forbairt ó thaobh beartais de ag leibhéal an AE, ina n-iarrtar ar Stáit agus an Coimisiún níos mó idirghabhála a dhéanamh chun inbhuanaitheacht na meán a chinntiú.

Chinn an Coimisiún go bhfuil bonn cirt láidir ann i leith idirghabháil ón Stát chun inbhuanaitheacht chóras soláthair MSP agus ÁSP láidir a chinntiú, i bhfianaise na dtairbhí socheacnamaíochta agus cultúir bunriachtanacha do shochaí na hÉireann agus do gheilleagar cruthaitheach na hÉireann, agus don chóras daonlathach in Éirinn.

# 5 Meáin Seirbhíse Poiblí a Mhaoiniú

## Ábhar


**5.1** Réamhrá ..... 111

**5.2** Samhail mhaoinithe na hÉireann le haghaidh na Seirbhíse Craoltóireachta Poiblí ..... 111

**5.3** Tuairimí an Phobail i leith maoiniú ábhar seirbhíse poiblí ..... 117

**5.4** Anailís ar roghanna maoinithe sa todhchaí ..... 119

**5.5** RTÉ ..... 135

**5.6** TG4 ..... 141

**5.7** Moltaí ..... 142

## 5.1 Réamhrá

Sonraítear i dTéarmaí Tagartha an Choimisiúin gurb é ceann de na príomhchúraimí atá ar an gCoimisiún tograí a fhorbairt maidir le conas is féidir leis na meáin in Éirinn tacú le seachadadh aidhmeanna na seirbhíse poiblí, agus conas is féidir an obair seo a mhaoiniú ar bhealach atá inbhuanaithe, a thugann slándáil níos mó ó thaobh an mhaoinithe de, a chinntíonn neamhspleáchas eagarthóireachta agus a sholáthraíonn luach ar airgead don phobal. Ceanglaíodh ar an gCoimisiún tograí a scrúdú agus a fhorbairt maidir le Meáin Seirbhíse Poiblí (MSP) agus Soláthraithe Ábhar Seirbhíse Poiblí (SÁSP), lena n-áirítear moltaí sonracha maidir le ról, maoiniú agus struchtúr RTÉ.

Le linn an phlé, dhírigh an Coimisiún ar na ceisteanna tábhachtacha seo, ag dul i gcomhairle agus ag plé go fairsing leis an bpobal i gcoitinne, páirtithe leasmhara tionscail, rialtóirí, lucht déanta beartas agus saineolaithe meán as Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Cé go bhfuil tírdhreach sholáthar na meán athraithe mar gheall ar theicneolaíocht dhigiteach agus fás an idirlín, thug an Coimisiún faoi deara, mar a tugadh aird air i gCaibidil 3, go bhfuil tacaíocht phoiblí láidir i gcónaí do chóras soláthair meán a sholáthraíonn rochtain leathan ar nuacht ar ardchaighdeán agus ar ábhar eile, agus a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla chomh maith le leasanna comhroinnte mhuintir na hÉireann.

Tháinig scrúdú an Choimisiúin, ar shaincheisteanna eacnamaíocha a théann i bhfeidhm ar na meáin - a leagtar amach i gCaibidil 4 - ar an gconclúid, d'ainneoin an róil luachmhar atá ag MSP agus SÁSP in Éirinn, go bhfuil inbhuanaitheacht na n-earnálacha seo faoi bhagairt ag roinnt dúshlán tromchúiseach a bhaineann le haistriú agus maoiniú digiteach. Déantar ról na dtacaíochta poiblí maidir le cur ar chumas MSP (Caibidil 5) agus SÁSP (Caibidil 6) dul i ngleic leis na dúshláin phráinneacha seo a mheas anois.

## 5.2 Samhail mhaoinithe na hÉireann le haghaidh na Seirbhíse Craoltóireachta Poiblí


Scrúdaítear sa chuid seo an chaoi a maoinítear MSPanna na hÉireann - TG4 agus RTÉ, faoi láthair, ag cur samhail mhaoinithe hibrideach na hÉireann i gcomhthéacs, sa chomhthéacs idirnáisiúnta níos leithne. Scrúdaítear an ról tábhachtach atá ag ioncam maoinithe phoiblí agus fógraíochta tráchtála, agus fiosraíonn sé conas a d'athraigh rannchuidiú coibhneasta gach ceann acu le himeacht ama. Scrúdaítear freisin na comhpháirteanna éagsúla den mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear díolachán díreach Ceadúnas Teilifíse agus ranníocaíochtaí bunaithe ar Státchiste, agus taispeánann sé conas a tháinig a n-ualú coibhneasta chun cinn le himeacht ama.

### 5.2.1 Samhail Mhaoinithe Hibrid na hÉireann

Mar aon le formhór bhallstáit Aontas Chraolacháin na hEorpa, maoinítear MSP na hÉireann (TG4 agus RTÉ) trí shamhail hibrideach nó dé-mhaoinithe a chuimsíonn maoiniú poiblí agus ioncam tráchtála. Cé go bhfaigheann TG4 thart ar 90% dá ioncam ó dheontas i gcabhair dhíreach, leis an iarmhéid ó ghníomhaíocht tráchtála, faigheann RTÉ thart ar 57% dá ioncam ó mhaoiniú poiblí, leis an iarmhéid 43% ag teacht ó fhógraíocht agus ó ghníomhaíocht tráchtála eile (sonraí 2019).


Ní rud ar leith an chodarsnacht seo sa mheascán maoinithe idir an dá MSP. I Léaráid 5-1 léirítear, i measc thíortha éagsúla na hEorpa (ag úsáid sonraí 2019), conas a athraíonn an chothromaíocht idir maoiniú tráchtála agus maoiniú poiblí go mór, ní hamháin idir dlínsí, ach go minic laistigh den dlínse chéanna. Sa Ríocht Aontaithe, mar shampla, oibríonn trí aonán MSP faoi mhúnlaí maoinithe atá an-dhifriúil: Maoinítear Channel 4 go hiomlán le díolachán fógraíochta tráchtála, maoinítear S4C trí mhaoiniú poiblí; agus faigheann an BBC, a mhaoinítear go príomha trí tháille éigeantach ceadúnais, cuid dá ioncam ó ghníomhaíochtaí tráchtála. B'ionann glanioncam tráchtála an BBC, a thuill BBC Studios (a dhéanann agus a dháileann ábhar go hidirnáisiúnta) den chuid is mó agus thart ar 7% nó níos mó dá ioncam bliantúil ó tháillí ceadúnais sna blianta 2019/2020.

**Léaráid 5-1** *Meascán maoinithe ar fud an ACE (2019)*




I Léaráid 5-2 cuirtear miondealú ar fáil ar mhaoiniú bliantúil do dhá MSP na hÉireann - TG4 agus RTÉ - móide an leithdháileadh bliantúil don Chiste Craolacháin (a íocann as scéim inchoimhlinte arna riaradh ag ÚCÉ le haghaidh léiriúcháin closamhairc ardchaighdeáin) thar an tréimhse 2010-2020. Bhí maoiniú comhiomlán do TG4 agus RTÉ thart ar €393 milliún in aghaidh na bliana ar an meán, ag tabhairt léargas ar an gcostas bliantúil a bhaineann le Sheirbhís Craoltóireachta Phoiblí na hÉireann a chothabháil.

**Léaráid 5-2** *Ioncam bliantúil iomlán MSP (2010-2019)*





Taispeánann scrúdú fadaimseartha ar shonraí na hÉireann le linn na tréimhse 2009 - 2019 go raibh an meascán maoinithe poiblí-tráchtála le haghaidh TG4 (5-3) agus RTÉ (5-4) réasúnta seasmhach, le thart ar 10% d'ioncam tráchtála agus 90% ioncam poiblí ar an meán ag TG4 gach bliain, agus 46% maoiniú tráchtála agus 54% maoiniú poiblí ag RTÉ ar an meán.

**Léaráid 5-3** *Meascán maoinithe Poiblí - Tráchtála TG4 (2008 - 2019)*



**Léaráid 5-4** *Meascán maoinithe Poiblí - Tráchtála RTÉ (2000 - 2019)*




I Léaráid 5-4 léirítear coigeartú RTÉ ó bhlianta an "Tíogair Cheiltigh" 2001-2008, nuair a tháinig 44% d'ioncam an chraoltóra ar an meán ó mhaoiniú poiblí gach bliain, le 56% ag teacht ó ghníomhaíocht tráchtála, go dtí an staid inniu ina bhfuil an cóimheas droim ar ais, le RTÉ anois ag brath go príomha ar mhaoiniú poiblí.


## 5.2.2 Foinsí iomadúla maoinithe phoiblí

Chomh maith le meascán hibrideach maoinithe tráchtála-poiblí a bheith aici, tá samhail hibrideach de mhaoiniú poiblí in Éirinn, le trí phríomhfhoinse maoinithe phoiblí, lena n-áirítear:

- ioncam ó dhíol díreach Ceadúnas Teilifíse
- maoiniú bunaithe ar chánachas le deontas i gcabhair dhíreach do TG4, agus
- maoiniú bunaithe ar chánachas le ranníocaíocht ón Roinn Coimirce Sóisialaí, a mhaoiníonn Ceadúnais Teilifíse saor in aisce do dhaoine a cháilítear don Phacáiste Sochair Teaghlaigh.

Agus na n-ioncam ó dhíolacháin dhíreacha ceadúnas teilifíse agus ranníocaíochtaí Státchiste á gcur le chéile, b'ionann maoiniú poiblí iomlán do MSP agus €234 milliún ar an meán in aghaidh na bliana thar an tréimhse 2010-2019, idir íosmhéid de €226.3 milliún sa bhliain 2015 agus uasmhéid de €249.7 milliún sa bhliain 2020 - mar a léirítear i Léaráid 5-5 thíos.


**Léaráid 5-5** *Maoiniú Poiblí a Leithdháileadh ar MSP in Éirinn (2010-2020)*




Cé go n-athraíonn candam an mhaoinithe phoiblí iomláin bliain i ndiaidh bliana, tá comhsheasmhacht láidir i leithdháileadh comhréireach na gcistí seo ar na trí fhaighteoir, le RTÉ ag fáil 79% ar an meán, TG4 15% ar an meán, agu§n Ciste Craolacháin ag fáil 6% go seasta in aghaidh na bliana.


I dtéarmaí comhréire, tá díolacháin Táille Ceadúnais Teilifíse mar phríomh-chomhpháirt den mhaoiniú poiblí le fada. Mar sin féin, taispeántar i Léaráid 5-6 thíos , le linn na deich mbliana idir 2010-2020, go bhfuil sciar méadaitheach den mhaoiniú poiblí foriomlán do MSP tagtha ón Státchiste go seasta. In 2010 b'ionann é agus 37% (€91.3 milliún) den mhaoiniú poiblí iomlán do MSP, agus díolacháin dhíreacha ceadúnas teilifíse cothrom le 63% (€155.3 milliún). Faoi 2020, b'ionann ranníocaíocht an Státchiste agus 43% (€107 milliún) den mhaoiniú poiblí iomlán do MSP, agus 58% (€143.8 milliún) i ndíolachán díreach ceadúnais teilifíse.

**Figure 5-6** *Meascán maoinithe poiblí: Leithdháiltí maoinithe Táille Ceadúnais Teilifíse agus Státchiste (2010-2020)*




Agus scrúdú níos dlúithe á dhéanamh ar an ranníocaíocht díolacháin dhíreacha ceadúnas teilifíse, i Léaráid 5-7, taispeántar nach leor na hioncaim sin fiú chun RTÉ a mhaoiniú ar bhonn bliantúil, agus go ndéantar iad a fhorlíonadh gach bliain le ranníocaíochtaí suntasacha ón Státchiste trí cheadúnais teilifíse in aisce, a riartar faoin bPacáiste Sochair Teaghlaigh.

**Léaráid 5-7** *Ranníocaíochtaí Státchiste agus díolachán díreach Ceadúnas Teilifíse i maoiniú poiblí do MSP*




Léirítear i Léaráid 5-8 an chaoi ar tháinig laghdú ar dhíolacháin dhíreacha Ceadúnas Teilifíse le himeacht ama agus, ag an am céanna, tá méadú tagtha ar líon na dteaghlach atá incháilithe do Cheadúnais Teilifíse saor in aisce faoin bPacáiste Sochair Teaghlaigh arna riar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Sa bhliain 2020, thit líon na ndíolachán díreach ar Cheadúnais Teilifíse faoi bhun 1 mhilliún. Mar sin, de réir mar a bhog an t-ualach costais a bhaineann le MSP de réir a chéile ó íocóirí táillí ceadúnais chuig an gcáiníocóir ginearálta, tá an spleáchas ar ranníocaíochtaí bunaithe ar Státchiste chun tacú le maoiniú poiblí MSP méadaithe go seasta le himeacht ama.

**Léaráid 5-8** *Maoiniú poiblí - Díolachán Díreach ar Cheadúnas Teilifíse vs Ceadúnais Teilifíse saor in aisce (2010-2020)*




Seans maith go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh, i bhfianaise an mheath leanúnach a bhfuil súil leis i ndíolachán díreach ceadúnais teilifíse (de réir mar a leanann líon na dteaghlach agus na ngnólachtaí nach bhfuil teilifís acu ag méadú), agus próifíl daonra atá ag dul in aois a thugann le tuiscint go mbeidh méadú breise ar líon na dteaghlach atá incháilithe don Cheadúnas Teilifíse saor in aisce..


## 5.3 Tuairimí an Phobail i leith maoiniú ábhar seirbhíse poiblí

Nochtann torthaí shuirbhé an Choimisiúin tuairimí an phobail i gcoitinne ar raon saincheisteanna a bhaineann le maoiniú MSP agus CSP, mar a léirítear i Léaráidí 5-9 agus 5-10.


**Léaráid 5-9** *Tuairim an phobail i leith maoiniú MSP, torthaí foriomlána*




**Léaráid 5-10** *Tuairim an phobail i leith maoiniú MSP, torthaí de réir aoisghrúpa*



**Léaráid 5-11** *Tuairim an phobail i leith maoiniú MSP, torthaí de réir stádas ceadúnais teilifíse*




## Dearcadh an phobail i leith maoiniú MSP sa todhchaí

Ar an iomlán, d'aontaigh 65% de na freagróirí go bhfuil sé tábhachtach a chinntiú go bhfaigheann CSP leibhéal iomchuí maoinithe phoiblí. Bhí an tacaíocht níos láidre i measc freagróirí a bhfuil ceadúnas teilifíse reatha acu (67%) ná iad siúd nach bhfuil ceadúnas teilifíse reatha acu (56%). Tá sé suntasach gur mhéadaigh leibhéil tacaíochta do mhaoiniú poiblí ÁSP le haois. Cé gur thacaigh os cionn 90% de dhaoine 65 bliana d'aois agus os cionn (a mbeadh ceadúnas teilifíse saor in aisce ag go leor acu) le maoiniú poiblí ÁSP, thit sé seo go dtí díreach os cionn 60% i measc an aoisghrúpa 18-24. Ní raibh aon tionchar suntasach ag stádas socheacnamaíoch ar na torthaí.

Bhraith 65% de na freagróirí ar an iomlán go bhfuil sé tábhachtach go leanfadh maoiniú MSP ag cosaint neamhspleáchas eagarthóireachta agus iriseoireachta. Bhí an tacaíocht don mholadh seo níos ísle i measc cohóirt aoise níos óige, agus i measc freagróirí nach bhfuil cónaí orthu i dteach le ceadúnas teilifíse reatha.

D'aontaigh tromlach na bhfreagróirí leis na moltaí maidir le comhroinnt ualach cothrom agus dul chun cinn i maoiniú MSP, agus bhí 58% den tuairim nár cheart go mbeadh freagracht as maoiniú bunaithe ar dhaoine a bhfuil teilifís acu amháin, agus d'aontaigh 60% gur cheart go mbeadh maoiniú ann bunaithe ar chumas na ndaoine íoc as.

## Dearcadh an phobail i leith luach ar airgead an MSP

Bhí tacaíocht an-láidir ann don mholadh gur cheart go gcinnteofaí luach ar airgead le maoiniú sa todhchaí, agus aontaíonn beagnach 8 as gach deichniúr leis an ráiteas "Tá sé tábhachtach a chinntiú go léiríonn maoiniú MSP sa todhchaí luach maith ar airgead". Mar sin féin, bhí éagsúlacht mhór sna haoisghrúpaí, agus an tacaíocht is airde i measc na n-aoisghrúpaí níos sine, agus an líon is ísle i measc na n-aoisghrúpaí níos óige. Bhí an tacaíocht don tairiscint maidir le luach ar airgead níos mó i measc daoine a bhfuil cónaí orthu i dteaghlach le ceadúnas teilifíse.

Tá comharthaí soiléire ann gur ábhar imní don phobal i gcoitinne é luach ar airgead. Níor aontaigh ach 29% gur ionann an táille €160 agus luach maith ar airgead, le 52% ag easaontú agus 19% neamhchinnte. Ba iad na haoisghrúpaí is dóichí a mheasfadh gur luach maith ar airgead an táille €160 ná daoine os cionn 65 agus 18-24 bliana d'aois. Is dóigh nach bhfuil cuid mhaith den dá aoisghrúpa seo faoi dhliteanas pearsanta as an táille ceadúnais teilifíse a íoc, agus d'fhéadfadh go mbeadh níos mó suim ag daoine idir 18-24 bliana d'aois i síntiúis íoctha le haghaidh seirbhísí ar líne.

Bhí difríocht shuntasach ann freisin idir iad siúd a raibh ceadúnas teilifíse acu, agus iad siúd nach raibh, le 31% de shealbhóirí ceadúnais ag aontú gur luach maith ar airgead an táille, agus níor aontaigh ach 20% díobh siúd gan cheadúnas.

Tríd is tríd, dearbhaíonn na freagraí gur rud tábhachtach é luach ar airgead a chur san áireamh in aon samhail mhaoinithe sa todhchaí. Chuir na freagraí in iúl freisin roinnt dolúbthacht praghais i measc an phobail a thugann le tuiscint go bhféadfadh sé go laghdófaí ioncam iomlán na táille ceadúnais a thuilltear trí dhíolacháin dhíreacha dá n-ardófaí an táille.

Soláthraítear sonraí comparáideacha úsáideacha faoi thuairim an phobail in Éirinn i Reuters Digital News Report Ireland 2021 a foilsíodh le déanaí. Fuarthas tacaíocht shuntasach in Éirinn don mholadh gur chóir don rialtas cúnamh a sholáthar d'eagraíochtaí nuachta atá ag streachailt, le 32% i bhfabhar. Tá an leibhéal tacaíochta poiblí seo i ndáil le hidirghabháil rialtais i bhfad níos airde ná sa Ríocht Aontaithe (11%), i Meiriceá Thuaidh (24%), agus san AE (26%). Mar an gcéanna, tá na huimhreacha atá i gcoinne tacaíochta an rialtais níos ísle in Éirinn ná in áiteanna eile, cé go bhfuil níos mó fós acu ná na daoine atá i bhfabhar (41% go 32%). Suimiúil go leor, léiríonn sonraí Reuters gur mó an seans go dtacóidh daoine le leibhéil níos airde imní faoi staid airgeadais eagraíochtaí nuachta tráchtála le smaoineamh idirghabhála an rialtais, ar fud 33 tír a ndearnadh suirbhé orthu.

## 5.4 Anailís ar roghanna maoinithe sa todhchaí

Thug an Coimisiún faoi scrúdú mionsonraithe ar raon roghanna maoinithe, ag tagairt do shamplaí idirnáisiúnta agus le hionchur ón Aontas Craolacháin Eorpach, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, an Roinn Airgeadais agus Ioncaim, mar chomh maith le hoifigigh i roinnt dlínsí eile.

Soláthraítear in Alt 1.4.1 léargas ar na príomhfhoinsí maoinithe phoiblí ar fud an AE. In ailt 1.4.2 - 5.4.6 cuirtear anailís ar fáil ar na príomhroghanna maoinithe, lena n-áirítear cás-staidéir ó thrí thír a chuir samhlacha maoinithe malartacha in ionad a gcóras ceadúnais teilifíse: An Ghearmáin, an Fhionlainn agus an Iorua.

Is iad na chéad roghanna a ndéantar iniúchadh orthu ná na roghanna hipitéiseacha seachas an tsamhail mhaoinithe hibrideach phoiblí/tráchtála, eadhon samhail maoinithe poiblí amháin nó tráchtála amháin. Ina dhiaidh sin, déantar scrúdú ar an bhfiúntas a bhainfeadh le hathchóiriú a dhéanamh ar an tsamhail reatha Ceadúnais Teilifíse. Ar deireadh, déantar scrúdú ar roinnt roghanna malartacha seachas an tsamhail traidisiúnta táille ceadúnais teilifíse, lena n-áirítear muirear craolacháin atá neamhspleách ar ghaireas agus samhlacha bunaithe ar chánachas.

Is príomhthuairim atá mar bhonn agus taca leis na hanailísí gur cheart samhail mhaoinithe éifeachtúil agus inbhuanaithe a shruthlíniú, ag íoslaghdú líon na bhfoinsí éagsúla maoinithe poiblí. Mar a léirítear i Léaráid 5-6 scoilteann an tsamhail mhaoinithe reatha an t-ualach ar fud íocóir an Cheadúnais Teilifíse, a thug €143.8 milliún (58% den mhaoiniú poiblí) sa bhliain 2020, agus an cáiníocóir a chuir beagnach €106 milliún (42% de mhaoiniú poiblí sa bhliain 2020). Déantar ranníocaíocht an cháiníocóra a roinnt ina dhá leithdháileadh: maoiniú do cheadúnais teilifíse saor in aisce faoin bPacáiste Sochair Teaghlaigh, ar fiú €69.8 milliún é sa bhliain 2020, agus maoiniú díreach do TG4, ar fiú €37.2 milliún é sa bhliain 2020.

Úsáideadh dhá sprioc maoinithe chun éifeachtacht samhlacha éagsúla a mheas. Ba é an chéad sprioc ná €300 milliún in aghaidh na bliana, sprioc ainmniúil is ábhartha do cheadúnas teilifíse leasaithe nó do mhuirear meán atá neamhspleách ar ghaireas, ag glacadh leis go n-aistreofaí €106 milliún de

ranníocaíochtaí Státchiste faoin tsamhail mhaoinithe atá ann cheana go dtí an tsamhail nua. Tá an €300 milliún beagnach 20% níos airde ná na leibhéil mhaoinithe phoiblí ceart sa bhliain 2020, ag tástáil acmhainn na samhlacha freastal ar an éileamh méadaitheach le himeacht ama.

Tá an dara sprioc maoinithe, €194 milliún, níos ábhartha agus na himpleachtaí a bhaineann le bogadh chuig samhail bunaithe ar chánachas á mbreithniú, is é sin an glanmhéid a theastódh i dteannta le ranníocaíocht reatha an Státchiste de €106 milliún, chun an sprioc maoinithe ainmniúil iomlán de €300 milliún a bhaint amach.

### 5.4.1 An comhthéacs idirnáisiúnta le haghaidh maoiniú poiblí na MSP

Thug an Coimisiún faoi athbhreithniú a dhéanamh ar shamhlacha maoinithe poiblí na MSP ar fud an ORCP. Bunaithe air seo rinneadh scrúdú ar roinnt roghanna chun samhail mhaoinithe reatha na hÉireann a athchóiriú nó a athsholáthar.

Aithníodh san athbhreithniú, tríd is tríd, trí phríomhfhoinse maoinithe poiblí atá in úsáid ar fud limistéar an ORCP:

Is é an chéad fhoinse maoinithe phoiblí is coitianta le haghaidh MSP ná cánachas - agus é mar príomhfhoinse an mhaoinithe MSP in 31 tír de chuid an ORCP. Thug an Coimisiún faoi deara go háirithe gur ghlac na tíortha Nordacha go léir le cur chuige bunaithe ar chánachas i leith mhaoiniú MSP ag pointe éigin le deich mbliana anuas, ag teacht in áit mhúnla na dtáillí ceadúnais teilifíse. Tá roinnt athruithe coitianta ann ar chur chuige bunaithe ar chánachas i leith maoiniú MSP. Cur chuige amháin is ea cion seasta d'ioncam cánach ginearálta a ghealladh, nó a imfhálú (mar shampla, cion sonraithe de OTI nó ioncam ó cháin ioncaim). Cur chuige eile is ea ioncam cánach nua a ardú trí cháin mheáin seirbhíse poiblí a thoibhítear ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí, le hioncam geallta (m.sh. an Fhionlainn, an tSualainn) nó leithdháilte tríd an bpróiseas buiséadach. Cur chuige eile a úsáidtear go coitianta is ea maoiniú na meán a ainmniú mar chroí-earra caiteachais arna mhaoiniú trí leithdháiltí buiséid ilbhliantúla bunaithe ar mholtaí caiteachais costáilte, agus ioncam á bhailiú trí cháin ioncaim agus cáin chorparáide (e.g. an Iorua, an Spáinn, Lucsamburg).

Is é an dara foinse ioncaim choitianta an Táille Ceadúnais, agus is é an príomhfhoinse maoinithe poiblí é (cé nach gnách gurb é an t-aon fhoinse é) i 19 tír ACE[46], Éire san áireamh. I measc na 19 tír a bhfuil Táille Ceadúnais acu, níl ach cúig cinn acu - Éire, an Pholainn, an Fhrainc, an Albáin agus an Bhoisnia-Heirseagaivéin - fós ag cur na gcritéar úinéireachta gairis traidisiúnta i bhfeidhm a chuireann teorainn ar dliteanas do na teaghlaigh sin a bhfuil raidió nó teilifís acu. I gcás na hÉireann, tá dliteanas an cheadúnais teoranta do theaghlaigh agus do ghnóthais a bhfuil teilifís neamh-iniompartha acu[47]. In go leor dlínsí eile leathnaíodh an critéir chun gairis meán eile a chuir san áireamh (e.g. monatóirí ríomhaire, fóin chliste, srl.). Go praiticiúil, déanann go leor tíortha, ina bhfuil Táille Ceadúnais fós mar phríomhfhoinse maoinithe phoiblí do MSP, é seo a fhorlíonadh go céimeanna éagsúla le maoiniú an Státchiste.

Tugtar "muirear craolacháin", "muirear meán seirbhíse poiblí" nó "muirear teaghlaigh" ar an tríú foinse, a bhfuil dlúthbhaint aige leis an Táille Ceadúnais. Go bunúsach is muirear neamhspleách ar ghairis é seo a ghearrtar ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí, agus is é seo an tsamhail mhaoinithe poiblí le haghaidh MSP a úsáidtear sa Ghearmáin agus san Eilvéis..

[46] An Albáin, an Ostair, an Bhoisnia-Heirseagaivéin, an Chróit, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, Iosrael, an Iodáil, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSeirbia, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Eilvéis, an Túinéis, an Tuirc agus an Ríocht Aontaithe.

[47] Faoi Alt 142 den Acht Craolacháin 2009, arna mhaolú le IR Uimh. 319 de 2009

## 5.4.2 Athbhreithniú a dhéanamh ar mhúnla dé-mhaoinithe tráchtála-poiblí na hÉireann le haghaidh MSP

Ba í an chéad saincheist a breithníodh ná fiúntas an tsamhail mhaoinithe hibrideach tráchtála-phoiblí reatha i gcoibhneas le samhail maoinithe tráchtála amháin nó poiblí amháin. Is fiú machnamh a dhéanamh ar roinnt fachtóirí agus an cheist seo á iniúchadh. Mar shampla, cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag imeacht ón tsamhail hibrideach reatha ar inbhuanaitheacht nó neamhspleáchas eagarthóireachta MSP? Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige, go dearfach nó go diúltach, ar chumas MSP a chuspóirí seirbhíse poiblí a bhaint amach? Cad iad na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do lucht féachana, do chraoltóirí tráchtála atá san iomaíocht le haghaidh ioncaim fógraíochta, d'íocóirí ceadúnas teilifíse agus don cháiníocóir? An dócha go rachadh ioncaim fógraíochta, a ndéanfadh MSP d'uireasa, chuig eagraíochtaí meán Éireannacha eile, nó an bhféadfadh ardáin teicneolaíochta móra neamhtheaghlaigh agus soláthraithe fógraíochta digiteacha eile iad a thógáil?

Bhí an Coimisiún den tuairim, ó thaobh na heacnamaíochta de, go bhfuil sé dodhéanta aon athrú go samhail phoiblí amháin nó go samhail maoinithe tráchtála amháin do MSP in Éirinn toisc nach bhféadfadh ceachtar samhail leibhéil ioncaim a sholáthar a bheadh leordhóthanach chun costais soláthair an MSP a chlúdach ar bhonn bliantúil. Chun an pointe a léiriú, ag glacadh 2019 mar bhliain thagartha, déan machnamh ar na himpleachtaí a bhaineann le maoiniú poiblí a dhíláithriú go hipitéiseach le hioncam tráchtála (Samhail A), agus an rogha eile ioncam tráchtála a dhíláithriú go hipitéiseach le maoiniú poiblí (Samhail B).

### Samhlacha: Maoiniú tráchtála amháin


Sa bhliain 2019, b'ionann an maoiniú foriomlán (ioncam tráchtála agus maoiniú poiblí le chéile) do MSP agus ÁSP in Éirinn (RTÉ, TG4 agus an Ciste Craolacháin) agus thart ar €406.7 milliún (lena n-áirítear costais bhailiúcháin). As seo, thug maoiniú poiblí (ioncam ó leithdháiltí ceadúnais teilifíse agus Státchiste) thart ar €255.5 milliún, le maoiniú tráchtála (ioncam ó fhógraíocht[48], urraíocht agus gníomhaíochtaí tráchtála eile) ag tabhairt thart ar €150.2 milliún san iomlán.

I bhfianaise mhéid, chomhdhéanamh, threochtaí agus réamh-mheastacháin an mhargaidh fógraíochta, níl aon ionchas inchreidte go bhféadfadh sé maoiniú €255.5 milliún breise a thabhairt do MSP, nó fiú codán fiúntach de. Léirítear i Léaráid 5-12 thíos go bhfuil an raidió agus an teilifís araon tar éis dul chun cinn suntasach a chailleadh ó thaobh fógraíocht dhigiteach le cúig bliana anuas, i dtéarmaí ioncam foriomlán agus sciar den mhargadh, agus tá an chuma ar an scéal go leanfaidh an treocht sin sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Pléadh an rogha maidir le híocaíochtaí díreacha ón mbreathnóir mar bhealach chun MSP a mhaoiniú in go leor dlínsí. Tá síntiúis do sheirbhísí ábhair teilifíse indéanta ó thaobh na teicneolaíochta de anois agus glacann lucht féachana leo go forleathan, agus soláthraíonn siad cion méadaitheach d'ioncam thionscal na teilifíse domhanda. Fadhb mhór leis an tsamhail atá bunaithe ar shíntiúsóirí, áfach, is ea go ngearrann sé prionsabal na huilíochta, atá lárnach i gcoincheap an MSP. Ina theannta sin, tugann ár dtorthaí le fios go mbeadh leibhéil laghdaithe ioncaim do MSP mar thoradh ar aon aistriú chuig síntiúis agus dá bhrí sin spreagfadh sé ciorcal lochtach de bhuiséid níos ísle do chláir, lucht féachana níos lú agus caighdeán níos ísle.

[48] Sa bhliain 2019, b'ionann fógraíocht agus €100,700,000 (69%) d'ioncam tráchtála RTÉ, agus b'ionann fógraíocht agus urraíocht agus €2,893,000 (67%) d'ioncam tráchtála TG4.

**Léaráid 5-12** *Treochtaí sa mhargadh fógraíochta 2017-2021, agus réamh-mheastacháin go dtí 2025*[49]




## Samhail B: Maoiniú poiblí amháin

Maidir leis an gceist eile an bhféadfadh MSP maoiniú poiblí iomlán a fháil, is cosúil go bhfuil an freagra soiléir nuair a dhéantar é a mheas ó thaobh na heacnamaíochta de.

I gcás TG4, b'ionann a ioncam tráchtála sa bhliain 2019 agus thart ar €2.9 milliún, nó níos lú ná 10% dá ioncam foriomlán. Go teoiriciúil ar a laghad, d'fhéadfaí maoiniú poiblí a chur in ionad an mhaoiniú tráchtála seo gan cur isteach go míchuí ar shamhail gnó TG4 ná ar mheicníochtaí maoinithe poiblí. Mar sin féin, i gcás RTÉ, a fuair 47% (nó €145.8 milliún) dá ioncam foriomlán sa bhliain 2019 ó ghníomhaíochtaí tráchtála, is léir go mbeadh aistriú chuig samhail atá maoinithe go hiomlán go poiblí neamh-inacmhainne (don Státchiste nó don Íocaí ceadúnais teilifís) agus an-triobloideach (do RTÉ).

Ag glacadh le 2019 mar bhliain thagartha, ar bhonn comhchosúil (i.e. leis an líon céanna íocóirí ceadúnais teilifíse) níor mhór go mbeadh táille an Cheadúnais Teilifíse socraithe ag €260 in aghaidh na bliana (€100 níos mó ná an táille faoi láthair) chun RTÉ agus TG4 a mhaoiniú go hiomlán ar bhonn maoinithe phoiblí amháin. Bheadh sé sin, ar ndóigh, mar tháille bhonnlíne, sula n-áireofaí aon chostais maidir le ceanglais mhaoinithe bhreise le haghaidh MSP. I gcás inar leasófaí an córas Ceadúnais Teilifíse go radacach (i.e. an ráta imghabhála a laghdú ó 12.5% go 5% agus líon na n-íocóirí gnó a mhéadú go suntasach), níor mhór go mbeadh an táille Ceadúnais socraithe ag leibhéal thart ar €225 in aghaidh na bliana in aghaidh an íocaí (arb ionann é sin agus méadú €65 ar an táille), d'fhonn RTÉ agus TG4 a mhaoiniú ar bhonn maoinithe phoiblí amháin.

Chun €145.8 milliún d'ioncam tráchtála díláithrithe a mhaoiniú tríd an gcóras cánachais, mar shampla, bheadh gá le coigeartú suas le 0.25% ar an ráta cánach ioncaim 20% is ísle, rud a mbeadh tionchar aige ar 1,236,000 aonad cáiníocóra. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfaí an méid sin a ardú, mar shampla, trí thríú

[49] Réamh-mheastacháin arna n-ullmhú ag rúnaíocht an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán

ráta cánach ioncaim de 41% a thabhairt isteach ar ioncaim os cionn €80,000, a ghinfeadh €134 milliún i mbliain iomlán.

Go hachomair, bheadh fadhb mhór ann dá ndéanfaí an tsamhail mhaoinithe hibrideach phoiblí-tráchtála do MSP in Éirinn a thréigean. D'fhonn seasamh go fóill, d'éileodh aistriú chuig samhail maoinithe poiblí amháin go mbeadh ardú €100 in aghaidh na bliana sa táille ceadúnais teilifíse, nó rátaí cánach níos airde. D'éileodh aistriú chuig samhail tráchtála amháin go mbeadh ar RTÉ agus TG4 €255 milliún breise in aghaidh na bliana a thabhairt isteach ó ghníomhaíochtaí tráchtála. Ní thugann ceachtar de na bearta gníomhaíochta seo réiteach atá réalaíoch nó inbhuanaithe go heacnamaíoch ar mhaoiniú MSP.

### 5.4.3 An Táille Ceadúnais Teilifíse a athchóiriú

Ba é an chéad rogha eile a breithníodh i dtéarmaí maoiniú MSP agus ÁSP sa todhchaí ná an tsamhail Ceadúnais Teilifíse atá ann cheana a athchóiriú. D'aithin an Grúpa Oibre na dúshláin a bhaineann le hathchóiriú den sórt sin roimhe seo maidir le Maoiniú Craolacháin Seirbhíse Poiblí sa Todhchaí sa bhliain 2019.

D'aithin an Coimisiún gur buntáiste amháin a bhain le híocaíochtaí ó shaoránaigh i bhfoirm táille ceadúnais éigeantaigh ná go gcoinníonn siad "conradh sóisialta" an-infheicthe idir iad siúd a íocann an táille agus an soláthraí MSP. Cosnaíonn an cineál maoinithe seo féinriail agus neamhspleáchas eagarthóireachta MSP.

Mar sin féin, sa ré seo ina mbíonn taithí ag daoine íoc as cibé seirbhísí teilifíse is mian leo a fháil, ceapfaidh cuid díobh gur rud mí-aimseartha é muirear éigeantach a ghearradh. Fadhb eile leis an táille ceadúnais ná go bhfuil sé cúlchéimnitheach. Tá an táille mar an gcéanna má shaothraíonn an duine atá á íoc €20,000 nó €200,000 in aghaidh na bliana.

Tá líon na dteaghlach atá faoi dhliteanas an ceadúnas a íoc ag laghdú gach bliain, agus tá líon na "Teaghlach gan Teilifís" ag 13% faoi láthair, agus tá líon méadaitheach i dteideal ceadúnas saor in aisce mar gheall ar dhaonra atá ag dul in aois.

Tá costais bhailiúcháin réasúnta ard i gceist leis an gceadúnas teilifíse freisin (€12 milliún sa bhliain 2018, €11 milliún sa bhliain 2019 agus €10 milliún sa bhliain 2020), agus tá rátaí arda imghabhála i gcónaí, mar atá leagtha amach i gCaibidil 4. Fadhb ar leith leis an táille ceadúnais is ea nádúr gaireas-oiriúnaithe an mhuirir nach réitíonn leis an gcaoi a mbíonn claonadh ag daoine, san aois dhigiteach, rochtain a fháil ar ábhar ní amháin tríd an teilifís ach trí fhóin phóca agus ríomhairí pearsanta freisin.

Tugadh le fios le taighde a rinne Core thar ceann an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán nach bhfuil meas mór ag an bpobal i gcoitinne ar an táille ceadúnais. Ar an iomlán, ó shampla de 1,000 díobh siúd a d'fhreagair suirbhé, níor aontaigh ach 29% go raibh táille an Cheadúnais Teilifíse, ag €160 in aghaidh na bliana, ag léiriú luach maith ar airgead, agus dúirt 52% nach luach maith ar airgead é, agus an 19% eile a d'fhreagair an suirbhé ag tabhairt le fios nach raibh siad cinnte. Tugann torthaí eile ón suirbhé céanna le tuiscint go dtacódh an pobal le samhlacha eile atá níos cothroime, agus a scaipfeadh an t-ualach ar bhealach níos cothroime. Chuir tromlach (60%) na bhfreagróirí ar an tsuirbhé in iúl go bhfuil siad "ag aontú" nó "ag aontú go láidir" leis an ráiteas "Ba cheart go mbeadh maoiniú na seirbhíse craolacháin poiblí bunaithe ar shamhail forchéimnitheach a léiríonn an cumas atá ag daoine é a íoc". Níor aontaigh ach 14% leis an ráiteas, agus thug 26% le fios nach raibh siad cinnte. D'aontaigh tromlach den chineál céanna (60%) leis an ráiteas "Níor cheart an fhreagracht as maoiniú na Seirbhíse Craolacháin Poiblí a fhágáil ach ag daoine a bhfuil teilifís acu", le 18% ag easaontú, agus an t-iarmhéid (24%) neamhchinnte.

Níl aon amhras ar an gCoimisiún ach go bhfuil roghanna, chun samhail an Cheadúnais Teilifíse reatha a athchóiriú, teoranta go mór ag neamhdhóthanacht na gcóras sonraí agus riaracháin atá ann faoi láthair. Tá sé soiléir, mar shampla, nach bhfuil na córais reatha in ann tacú le córas bailiúcháin, cigireachta agus forfheidhmithe níos déine do ghnólachtaí. Níl an chosúlacht ar an scéal go bhfuil siad in ann tacú le méadú na ngaireas incháilithe chun gairis chraolta digiteacha, fóin chliste srl a chur san áireamh.

Mar sin féin, tá sé úsáideach scrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an gCeadúnas Teilifíse athchóirithe. Ós rud é nach bhfuil aon fhianaise ann go dtacódh an pobal le méadú sa táille ón ráta reatha €160 in aghaidh na bliana, is é an príomh-rogha athchóirithe a bheadh ar fáil ná rátaí imghabhála a laghdú, ag baint úsáid as meascán d'ardú feasachta poiblí agus cur chuige níos láidre comhlíonadh a fhorfheidhmiú, le gníomhartha cigireachta agus forfheidhmithe níos déine á gcur i bhfeidhm ag an ngníomhaire bailiúcháin.

I dTábla 5-1 léirítear an leibhéal suntasach caingean dlí a bhaineann le rátaí imghabhála idir 12% agus 15% thar na tréimhse 2015-2029

**Tábla 5-1** *Rátaí imghabhála agus gníomhartha forfheidhmithe (2015-2020)*

| Bliain | Ráta Imghabhála | Líon na toghairme a eisíodh | Líon na gcásanna a tugadh chun cúirte |
|---|---|---|---|
| 2015 | 13.75% | 17,763 | 12,302 |
| 2016 | 14.60% | 17,608 | 11,994 |
| 2017 | 14.49% | 17,288 | 11,693 |
| 2018 | 12.80% | 16,120 | 10,234 |
| 2019 | 12.57% | 14,015 | 6,068 |
| 2020 | 15.16% | 9,555 | 4,581 |

Chun méadú €15 milliún a fháil ar ioncam laistigh de pharaiméadair reatha an Cheadúnais Teilifíse, chaithfí an ráta imghabhála a laghdú go dtí timpeall 5%. Léiríonn samhail C agus D impleachtaí dhá chás ina laghdaítear rátaí imghabhála go suntasach, ar féidir iad a chur i gcomparáid leis an gcás bonnlíne, díreach thíos.

**Bonnlíne:** *(cás iarbhír 2019, le ráta imghabhála ≈12.5%)*

| | Ceadúnais | Ioncam |
|---|---|---|
| **Cás iarbhír 2019** (le ráta imghabhála ≈12.5%) | | |
| Ceadúnas Teilifíse - Díolacháin dhíreacha | 1,025,534 | €164,085,440 |
| Ceadúnas Teilifíse - Ceadúnais In Aisce | 447,982 | €59,870,000 |
| Maoiniú Státchiste TG4 | | €36,200,000 |
| **Maoiniú poiblí iomlán do MSP** | | **€260,155,440** |

**Samhail C:** *(Cuireadh ráta imghabhála 5% i bhfeidhm ar shonraí 2019, agus cuireadh deireadh le maoiniú an Státchiste)*

| | N | Luach |
|---|---|---|
| Díolacháin dhíreacha | 1,122,103 | €179,536,506 |
| Ceadúnais Teilifíse In Aisce | 447,982 | €59,870,000 |
| **Maoiniú poiblí iomlán do MSP** | | **€239,406,506** |

**Model D:** *Cuireadh ráta imghabhála 5% i bhfeidhm ar shonraí 2019, agus leanadh le maoiniú an Státchiste*

| | N | Luach |
|---|---|---|
| Díolacháin dhíreacha | 1,122,103 | €179,536,506 |
| Ceadúnais Teilifíse In Aisce | 447,982 | €59,870,000 |
| Maoiniú Státchiste TG4 | | €36,200,000 |
| **Maoiniú poiblí iomlán do MSP** | | **€275,606,506** |

Is iad na príomhdheacrachtaí leis an moladh seo an inmharthanacht, agus an toradh teoranta a ghinfeadh sé.

Taispeántar i Samhail C neamhdhóthanacht an bhirt seo i gcomhthéacs deireadh a chur le ranníocaíocht reatha an Státchiste agus ualach iomlán an mhaoinithe MSP a aistriú chuig an gcóras ceadúnas teilifíse, agus an méadú €15 milliún nach sroicheann riachtanais mhaoinithe reatha, gan cuimhneamh ar a bheith in ann tacú le caiteachas breise sa todhchaí. I Samhail D coinnítear an maoiniú reatha ón Státchiste do TG4, agus mar sin toradh foriomlán níos fearr á bhaint amach ach fós gan aon fhás ar riachtanais mhaoinithe a chomhlíonadh sa todhchaí.

Is dócha go mbeadh gá leis na mílte toghairm agus cásanna cúirte breise gach bliain mar thoradh ar fheachtas chun rátaí imghabhála a laghdú go 5% - ag cur go mór le costais bhailiúcháin agus fhorfheidhmithe, agus leis an ualach riaracháin ar Sheirbhís na gCúirteanna - gan aon dearbhú go n-éireoidh leis. Go deimhin, cruthaíonn sé go bhfuil freasúra méadaithe ag an bpobal i gcoinne an cheadúnais teilifíse - cás a théann go hiomlán i gcoinne an chuspóir réiteach maoinithe inbhuanaithe a fháil do MSP.

## 5.4.4 Tobhach Craolacháin, nó Muirear Teaghlaigh

Scrúdaítear sa chuid seo cur chuige an tobhaigh craolacháin, áit a ndlitear ar theaghlaigh agus gnóthais tobhach a íoc, is cuma an bhfuil teilifís acu. Leathnaíonn an tobhach seo, atá neamhspleách ar ghairis, an bonn dliteanais go suntasach tríd an líon méadaitheach teaghlach agus gnóthas atá díolmhaithe ón táille ceadúnais teilifíse traidisiúnta a íoc. Tá an tsamhail seo i bhfeidhm san Eilvéis ó 2019, agus sa Ghearmáin ó 2013. Tá sé mar bhunús freisin le samhail "muirear teaghlaigh" a mhol Comhchoiste an Oireachtais (2017) mar an rogha is fearr seachas an táille ar Cheadúnas Teilifíse. Soláthraímid forbhreathnú ar an tsamhail ar dtús mar a oibríonn sí sa Ghearmáin, agus ansin déanaimid scrúdú ar fhiúntais an chur chuige seo i gcomhthéacs na hÉireann.

### Cás-Staidéir Idirnáisiúnta: Ranníocaíocht Craolacháin na Gearmáine

Tugadh isteach *Rundfunkbeitrag*, nó ranníocaíocht craolacháin na Gearmáine, sa bhliain 2013 in ionad an táille ceadúnais teilifíse. Tá sé deartha mar shamhail ranníocach, rud a chiallaíonn - i bprionsabal - gur cheart do gach saoránach fásta, cuideachta, institiúid agus comhlacht "leas poiblí" sa Ghearmáin ranníocaíocht a dhéanamh, beag beann ar a n-úsáid iarbhír sna meáin.

Ach amháin i gcás líon an-teoranta díolúintí, tá dliteanas uilíoch, agus éilítear ar gach teaghlach, gnó, institiúid agus eagraíocht ranníocaíocht a íoc. Tá méid áirithe dul chun cinn ar fáil, lena n-áirítear trí líon teoranta díolúintí a thairiscint do theaghlaigh áirithe, agus cur chuige grádaithe a chur i bhfeidhm maidir le muirear a bhfuil gnólachtaí faoi dhliteanas ina leith.

Tá ranníocaíocht an teaghlaigh iníoctha ar gach teaghais, lena n-áirítear tithe cónaithe príomhúla agus tánaisteacha, tithe saoire agus tithe samhraidh, beag beann ar threalamh nó úsáid teilifíse / raidió, agus is cuma cé mhéad duine atá sa teaghlach. Is é an táille faoi láthair ná €17.50 in aghaidh na míosa (€210 in aghaidh na bliana) do gach áitribh. Tá líon teoranta díolúintí agus laghduithe tobhaigh ar fáil. Is féidir díolúintí a dheonú do mhic léinn nach bhfuil cónaí orthu sa mbaile agus a fhaigheann deontais Stáit nó iasachtaí mac léinn; pinsinéirí a fhaigheann sochair leasa nó mhíchumais (tá gach pinsinéir eile faoi dhliteanas i leith an tobhaigh); faighteoirí d'aicme áirithe sochar dífhostaíochta (*Arbeitslosengeld II*) (daoine a fhaigheann cineálacha eile sochair dhífhostaíochta, sochair tithíochta nó íocaíochtaí idirthréimhseacha díolmhaithe ón íocaíocht, ná daoine ar ioncaim ísle). Tá cead ag roinnt saoránach faoi mhíchumas táille laghdaithe €5.83 in aghaidh na míosa a íoc.

Íocann comhlachtaí leasa phoiblí (lena n-áirítear institiúidí oideachais, saoráidí sláinte agus cúraim shóisialta, eagraíochtaí neamhbhrabúis srl.) thart ar €70 ar gach saoráid a fheidhmíonn siad.

Íocann gnóthais de réir ráta barrchaolaithe de réir critéar ina n-áirítear líon na bhfostaithe, líon feithiclí flít na gcuideachtaí agus - i gcás óstáin agus tithe aíochta - líon na seomraí. Faoin tsamhail seo, íocfaidh na fostóirí is mó sa tír (le> 20,000 fostaí) thart ar €37,800 in aghaidh na bliana, agus d'fhéadfadh fostóirí a bhfuil níos lú ná 9 fostaí acu méid chomh híseal le €70 a íoc in aghaidh na bliana.

B'ionann na hioncaim iomlána a bailíodh mar chuid den tobhach teaghlaigh sa bhliain 2018 agus thart ar €8bn, agus leithdháiltear formhór de sin (thart ar €7.7bn sa bhliain 2018) ar MSP na Gearmáine - ARD, ZDF agus Deutschlandradio. Léiríonn sé seo méadú thart ar 7%, nó €500 milliún, sa mhaoiniú bliantúil foriomlán do MSP idir 2012 (an bhliain dheireanach den chóras ceadúnas teilifíse) agus 2018. Ó aistríodh ón táille ceadúnais, tá rátaí imghabhála tite go 2% (sonraí 2018), síos ó 5.2% sa bhliain 2012.

Is é an *Kommission zur Ermittlung des Finanzbedarfs der Rundfunkanstalten* (KEF) a shocraíonn an muirear, institiúid neamhspleách a bhfuil sé de chúram uirthi riachtanais airgeadais MSP na Gearmáine a mheas. Caithfidh MSP tairiscintí a dhéanamh chuig an KEF le tograí costáilte, nó ráitis ar chaiteachas pleanáilte. Déanann an KEF iniúchadh ar na tograí, déanann sé riachtanais iarbhír an MSP a mheas, scrúdaíonn sé deiseanna le haghaidh éifeachtúlachtaí agus coigiltis agus ansin eisíonn sé tuarascáil lena n-áirítear moltaí maidir le táillí ceadúnais chuig rialtais an Stáit, a chinneann méid deiridh na táille ceadúnais. Tá 16 ball neamhspleách sa KEF, duine as gach stát sa Ghearmáin (*Bundesland*). I gcomhairle leis na comhairlí craolacháin, eisíonn siad tuarascáil mhionsonraithe maidir le táillí agus costais ceadúnais do na CSPanna gach ceithre bliana, agus tuarascáil maidir leis an dul chun cinn gach dhá bhliain. Déanann an KEF uasteorainneacha caiteachais do MSP a chinneadh agus déanann sé monatóireacht air, agus éilíonn sé go gcuirfí ioncaim bhreise go leataobh i gcúlchiste.

Tá cur chun feidhme an *Rundfunkbeitrag* casta agus costasach ó thaobh riaracháin de. Éilíonn sé córas bailiúcháin agus forfheidhmithe a bhfuil acmhainní maithe aige (a chosnaíonn> €170 milliún in aghaidh na bliana le n-oibriú), meicníocht iniúchta agus pleanála airgeadais mionsonraithe chun éilimh an MSP a mheas, feidhmíocht a athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh maidir le leibhéal na táille.

Braitheann riarachán an chomhpháirt teaghlaigh den ranníocaíocht ar an bhfíric go bhfuil cláir chónaithe neamhionanna ag an nGearmáin, a sholáthraíonn bunachar sonraí cuimsitheach agus cothrom le dáta de chónaitheoirí gach áitribh ar fud na tíre. Tá an tAcht Cónaidhme um Chlárú mar bhonn agus taca leis an gclár, dlí a éilíonn ar shaoránaigh na Gearmáine agus ar chónaitheoirí neamhnáisiúnta a n-áit chónaithe a chlárú ag a n-oifig áitiúil um Chlárú Cónaithe, agus an clár a nuashonrú ar athrú seolta. Ciallaíonn an riachtanas cláraithe "*Anmeldung*" go bhfuil bunachar sonraí cuimsitheach agus fíor-ama ag údaráis áitiúla agus cónaidhme maidir le cónaitheoirí i ngach áitreabh. Tá na sonraí seo mar bhonn agus taca le bailiú agus forfheidhmiú an *Rundfunkbeitrag*.

Tá an ghníomhaireacht tiomnaithe bailiúcháin phoiblí *Beitragsservice von ARD, ZDF und Deutschlandradio* i mbun bainistíochta bailiúchán na ranníocaíochta. Sa bhliain 2018, leithdháileadh thart ar 2.17% (€173.5 milliún) den ioncam iomlán ón ranníocaíocht chun an córas bailiúcháin agus forfheidhmithe a riar. Is dúshlán leanúnach é comhlíonadh. Sa bhliain 2018, d'íoc 45.8 milliún teaghlach agus gnólacht an tobhach, agus bhí díolúine nó rinneadh íocaíocht laghdaithe a íoc ag 3.5 milliún. Bhí thart ar 3.5 milliún (7.7%) cás neamhíocaíochta, agus rinneadh 1.21 milliún díobh a leanúint suas i gcomhair forfheidhmithe.

Ó thaobh inghlacthacht an phobail, rinne baill den phobal, polaiteoirí freasúra, fostóirí agus MSP féin conspóid fhorleathan sna cúirteanna maidir leis an *Rundfunkbeitrag*. Sna laethanta tosaigh go háirithe, fuair an tobhach leibhéal suntasach agóide poiblí agus neamhíocaíochta, agus mheas go leor den fhreasúra gur cáin faoi choim an tobhach, rud a d'fhág go raibh mórán cásanna dlí agus agóidí poiblí ann.

Níl socrú na táille tobhaigh gan conspóid. Tá MSP i mbun feachtais le fada le haghaidh méadú ar an tobhach, ag maíomh go bhfuil maoiniú poiblí neamhleor chun a gcostais oibriúcháin a chlúdach. Rinneadh machnaimh maidir leis an tobhach a nascadh le hinnéacs, mar bhealach níos intuartha chun an ráta a chinneadh. Tá MSP ag cur in aghaidh an cur chuige seo, ag rá go mbíonn boilsciú craolacháin i bhfad níos airde ná boilsciú ginearálta. Éilíonn sé freisin cinneadh d'aon toil ó gach ceann de na *16 Bundesländer* (rialtais stáit) chun leibhéal an tobhaigh a athrú - rud a nochtann an próiseas do dheighilt pholaitiúil. Dhiúltaigh an Chúirt Bhunreachtúil Chónaidhme i Karlsruhe le déanaí iarratais ón MSP ar urghairí sealadacha chun méadú €0.86 sa tobhach nua a fhorfheidhmiú. Tagann na hiarratais seo tar éis cinnidh ó Stát Saxony-Anhalt gan tacú le cinneadh ó na 15 stát eile an táille a mhéadú.

### Cur chuige maidir le Muirear Teaghlaigh a scrúdú i gcomhthéacs na hÉireann

D'aithin Comhchoiste an Oireachtais (2017) rogha an Mhuirir Teaghlaigh mar an rogha is fearr in áit an táille Ceadúnais Teilifíse. D'aontaigh an Grúpa Oibre Idir-rannach ar Mhaoiniú Craolacháin Seirbhíse Poiblí sa Todhchaí (2019) leis seo mar an tsamhail mheántéarmach roghnaithe, ach d'aithin sé roinnt dúshlán suntasach lóistíochta agus riaracháin a mbeadh impleachtaí tábhachtacha acu ar an am inseolta sula dtabharfaí isteach a leithéid de shamhail. I bhfianaise na mbreithnithe seo, mhol an Grúpa Oibre go leanfaí den tsamhail Táille Ceadúnais ar feadh tréimhse 5 bliana, cé gur cheart an gníomhaire bailiúcháin a roghnú trí phróiseas tairisceana iomaíoch.

I measc na ndúshlán lóistíochta agus riaracháin a d'aithin an grúpa idir-rannach bhí:

- Dúshláin riaracháin, lena n-áirítear an gá atá le Coimisinéirí Ioncaim bunachar sonraí agus córas TF nua a dhearadh agus a oibriú le haghaidh ranníocaíochtaí Teaghlaigh, agus córas nua ar leith chun airgead a thobhach agus a bhailiú ó ghnó a bheadh faoi dhliteanas muirear craolacháin. Baineann bunachar sonraí CMÁ le húinéirí réadmhaoine seachas le teaghlaigh, agus ní chuimsítear gnóthais ann.

- An gá le sraith athruithe reachtaíochta, lena n-áirítear an tAcht Craolacháin 2009, an tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012, athrú breise féideartha reachtaíochta chun leanúint le díolúintí reatha tháillí an Cheadúnais Teilifíse, aonáin tráchtála ábhartha a aithint agus go bhféadfadh na Coimisinéirí Ioncaim a tharchur ar aghaidh airgead bailithe, agus coigeartuithe riaracháin ar an bPacáiste Sochair Teaghlaigh.
- An gá atá le sraith rioscaí a bhainistiú maidir le hinghlacthacht an phobail ar an Mhuirear Craolacháin Teaghlaigh agus sa Cháin Mhaoine Áitiúil. Mar shampla, tá an baol ann, má cheanglaítear muirear Teaghlaigh / Craolacháin nua leis an CMÁ, go bhféadfadh an tuiscint a bheith ann go bhfuil an muirear nua mar ardú de facto ar an CMÁ. Go háirithe dóibh siúd atá faoi réir an chéad bhanda luachála CMÁ ó náid go €100,000 (lena n-áirítear gach maoin faoi úinéireacht údaráis áitiúil) tá an muirear CMÁ de €90 i bhfad níos lú ná an táille reatha Ceadúnais de €160..

**Ioncam a shamhaltú ó mhuirear teaghlaigh in Éirinn**

Scrúdaítear san anailís thíos cúig rogha maidir le muirear teaghlaigh / craolacháin, agus déantar meastachán ar na hioncaim a d'fhéadfaí a bhaint amach le gach rogha. I gcás gach samhla, braitheann raon na n-ioncam ionchasach ar thrí athróg: ráta an mhuirir, an ráta imghabhála agus líon na n-eintiteas incháilithe (teaghlaigh agus gnóthais) atá faoi dhliteanas an mhuirir.

Maidir leis na samhlacha uile (E-I), glactar leis go mbeadh an díolúine reatha do theaghlaigh atá ag fáil an phacáiste sochar teaghlaigh i bhfeidhm i gcónaí, agus go leanfadh an Roinn Coimirce Sóisialaí ag tabhairt costas an mhuirir teaghlaigh do thart ar 450,000 teaghlach.

Leanann samhlacha F agus I go ginearálta na critéir teaghlaigh a úsáidtear sa Ghearmáin, a chuimsíonn gach áit chónaithe lena n-áirítear tithe saoire, dara tithe agus teaghaisí folmha, rud a chiallaíonn go ngearrfaí an muirear ar úinéir na réadmhaoine, agus go ngearrfaí é ar úinéir na maoine sin i leith gach maoin atá acu. I gcodarsnacht leis sin, ní chuimsíonn samhlacha E, G agus H ach príomháitribh - agus dá bhrí sin d'fhéadfaí an muirear a thobhach ar an gcónaitheoir, seachas ar úinéir na réadmhaoine.

Cuimsíonn samhlacha E agus F teaghlaigh ach ní gnóthais, atá cosúil leis an tsamhail a mhol Comhchoiste an Oireachtais, agus cuimsíonn samhlacha G, H agus I teaghlaigh agus gnóthais araon. Is í samhail I is gaire don tsamhail sa Ghearmáin.

Cuimsíonn raon na leibhéal muirir a ndéantar iniúchadh orthu ráta ard €160 in aghaidh na bliana (comhionann le táille reatha an Cheadúnais Teilifíse), meánráta €140 in aghaidh na bliana, agus ráta íseal €120 in aghaidh na bliana. Cuimsíonn raon na rátaí imghabhála a ndearnadh iniúchadh orthu ráta 2019 de 12.5%, chomh maith le ráta íseal 5%, agus ráta ard 20% - an ráta deireanach sin cothrom le cás ina bhfuil freasúra poiblí forleathan i gcoinne muirear teaghlaigh.

**Samhail E.** *Muirear a thobhach ar phríomháitribh amháin. Meastachán iomlán na maoine inmhuirir 1,819,026, agus faigheann 447,982 díobh sin Pacáiste Sochair Teaghlaigh. Níl aon ghnólachtaí faoi dhliteanas.*

| Ráta imghabhála | | | |
|---|---|---|---|
| **Muirear bliantúil** | **5%** | **12.50%** | **20%** |
| **€160** | €276,491,952 | €254,663,640 | €232,835,328 |
| **€140** | €241,930,458 | €222,830,685 | €203,730,912 |
| **€120** | €207,368,964 | €190,997,730 | €174,626,496 |

**Samhail F.** *Gearrtar muirear ar gach áit chónaithe, lena n-áirítear tithe saoire, dara tithe agus teaghaisí folmha. Meastachán iomlán na maoine inmhuirir 2,064,486, agus faigheann 447,982 díobh sin Pacáiste Sochair Teaghlaigh. Níl aon ghnólachtaí faoi dhliteanas.*

| Ráta imghabhála | | | |
|---|---|---|---|
| **Muirear bliantúil** | **5%** | **12.50%** | **20%** |
| **€160** | €313,801,872 | €289,028,040 | €264,254,208 |
| **€140** | €274,576,638 | €252,899,535 | €231,222,432 |
| **€120** | €235,351,404 | €216,771,030 | €198,190,656 |

**Samhail G.** *Muirear a ghearrtar ar phríomháitribh agus ghnóthais (ráta comhréidh). Meastachán iomlán na maoine inmhuirir 1,819,026, agus faigheann 447,982 díobh sin Pacáiste Sochair Teaghlaigh. Gnólachtaí measta 100,000*

| Ráta imghabhála | | | |
|---|---|---|---|
| **Muirear bliantúil** | **5%** | **12.50%** | **20%** |
| **€160** | €291,691,952 | €255,230,458 | €245,635,328 |
| **€140** | €255,230,458 | €223,326,651 | €214,930,912 |
| **€120** | €218,768,964 | €191,422,844 | €184,226,496 |

**Samhail H.** *Muirear a ghearrtar ar phríomháitribh agus ghnóthais (ranníocaíocht in aghaidh an fhostaí). Meastachán iomlán na maoine inmhuirir 1,819,026, agus faigheann 447,982 díobh sin Pacáiste Sochair Teaghlaigh. Fostaithe measta 2,361,200 ag ráta €1 p.m*

| Ráta imghabhála | | | |
|---|---|---|---|
| **Muirear bliantúil** | **5%** | **12.50%** | **20%** |
| **€160** | €304,826,352 | €282,998,040 | €261,169,728 |
| **€140** | €270,264,858 | €251,165,085 | €232,065,312 |
| **€120** | €235,703,364 | €219,332,130 | €202,960,896 |

**Samhail I.** *Gearrtar muirear ar gach teaghais chónaithe, lena n-áirítear tithe saoire, dara tithe agus teaghaisí folmha, agus gach gnóthas (le hioncam> €50k). Meastachán iomlán na maoine inmhuirir 2,064,486, a dtacaítear le 447,982 díobh tríd an bPacáiste Sochair Teaghlaigh. Gnólachtaí measta 100,000*

| | Ráta imghabhála | | |
|---|---|---|---|
| **Muirear bliantúil** | **5%** | **12.50%** | **20%** |
| **€160** | €329,801,872 | €305,028,040 | €280,254,208 |
| **€140** | €288,576,638 | €266,899,535 | €245,222,432 |
| **€120** | €247,351,404 | €228,771,030 | €210,190,656 |

## Ceisteanna an Choimisiúin

Bhreithnigh an Coimisiún na buntáistí agus na míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag muirear craolacháin a ghearrtar ar theaghlaigh.

Buntáiste ginearálta amháin a bhaineann le híocaíochtaí ó saoránaigh i bhfoirm tobhaigh éigeantaigh, cibé acu trí tháille ceadúnais traidisiúnta nó tobhach craolacháin, ná go gcoinníonn sé "conradh sóisialta" infheicthe idir iad siúd a íocann an muirear agus an soláthraí MSP.

Tá buntáistí soiléire ag muirear craolacháin thar shamhail an cheadúnais teilifíse. Mar gheall go bhfuil sé neamhspleách ar ghairis tá sé níos cothroime, de réir mar a bhíonn cohórt níos leithne teaghlach (agus gnólachtaí, má tá siad san áireamh sa tsamhail) faoi dhliteanas an muirear a íoc. Áirítear anseo níos mó ioncaim ná an ceadúnas teilifíse a bhaineann go sonrach le gaireas. Is cur chuige níos sábháilte don todhchaí é freisin, sa mhéid is nach ndéantar creimeadh ar dhliteanas de réir mar a bhíonn teicneolaíochtaí nua ar fáil.

Ar an láimh eile, leis an tobhach craolacháin atá ag brath ar líon i bhfad níos mó teaghlach, agus gnólachtaí a d'fhéadfadh a bheith faoi dhliteanas i leith muirear éigeantach, tarraingítear ceisteanna faoi leibhéil dhóchúla inghlactha an phobail. Taispeántar i samhlacha E go I thuas gurb iad na leaganacha amháin de mhuirear craolacháin atá in ann an sprioc ainmniúil €300 milliún in aghaidh na bliana a ardú ná iad siúd a bhfuil rátaí imghabhála laghdaithe go suntasach acu, nó dliteanas méadaithe go suntasach, nó iad araon. Mar shampla, taispeántar i Múnla I go n-éileodh muirear craolacháin €160 in aghaidh na bliana ar gach áit cónaithe chun gach sprioc a thobhach, lena n-áirítear tithe saoire, dara tithe agus teaghaisí folmha, agus gach gnóthas a bhfuil ioncam de €50,000 aige, chun an sprioc ainmniúil ioncaim a ardú. Go praiticiúil, chinnteodh sé seo go mbeadh thart air 600,000 teaghais chónaithe agus suas le 90,000 gnóthas faoi dhliteanas íocaíochta.

Gan tacaíocht láidir phoiblí don tsamhail, laghdófaí go mór na hionchais go soláthródh sé maoiniú seasmhach, intuartha agus inbhuanaithe. I gcomhthéacs nach gcreideann tromlach an phobail i gcoitinne gur ionann an táille ceadúnais teilifíse €160 agus luach ar airgead, agus i gcás go raibh leibhéil arda imghabhála ag Éirinn go traidisiúnta, bhí an Coimisiún den tuairim gur ábhar imní tábhachtach é freagra an phobail maidir le muirear craolacháin.

Thug an Coimisiún faoi deara freisin scála an dúshláin a bhaineann le córas éifeachtach riaracháin agus bailiúcháin a fhorbairt chun tacú le muirear craolacháin. Níl an bunús reachtach, an bonneagar riaracháin ná na córais theicniúla ag Éirinn atá mar bhonn agus taca le hoibriú an mhuirir chraolacháin sa Ghearmáin nó san Eilvéis, agus thógfadh sé go leor ama agus costais iad seo a fhorbairt. Thug an Coimisiún dá aire meastacháin roimhe seo ón nGrúpa Oibre Idir-rannach ar Mhaoiniú Craolacháin Seirbhíse Poiblí sa todhchaí (2019), á rá go mbeadh tionscadal infheistíochta caipitil ilmhilliún euro mar aon le hathrú

suntasach reachtaíochta agus riaracháin ag teastáil sula bhféadfadh muirear craolacháin a bheith infheidhmithe.

## 5.4.5 Roghanna cánachas-bhunaithe maidir le maoiniú poiblí MSP

Scrúdaítear sa chuid seo dhá chur chuige eile bunaithe ar chánachas i leith maoiniú poiblí, arna dtreorú ag ionchur ón Roinn Airgeadais agus ag tagairt do shamplaí idirnáisiúnta don chleachtas is fearr.

Tá an chéad chur chuige, a úsáidtear san Fhionlainn agus sa tSualainn faoi láthair, bunaithe ar cháin shonrach do MSP, le hioncam leithdháilte, nó imfhálaithe lasmuigh de chiste lárnach agus chóras leithdháilte buiséadach an Státchiste. Tugann an cás-staidéar thíos breac-chuntas ar an gcaoi a n-oibríonn córas cánachais-bhunaithe na Fionlainne.

Baineann an dara cur chuige, an córas is forleithne ar fud an ACE[50] , le maoiniú poiblí do MSP a bhailítear tríd an gcóras cánach ginearálta agus a leithdháiltear ansin trí chúnamh deontais ón Státchiste tríd an bpróiseas Buiséid. Déantar cur síos sa dara cás-staidéar thíos ar an gcaoi ar chuir an Iorua cur chuige bunaithe ar chánachas in ionad ceadúnas teilifíse le déanaí.

### Cás-Staidéir Idirnáisiúnta: Cáin Craolacháin Phoiblí na Fionlainne

Tá YLE, Craoltóir Seirbhíse Poiblí na Fionlainne, maoinithe ag cáin Chraolacháin, ar a dtugtar freisin cáin YLE, a tugadh isteach sa bhliain 2013 in ionad an córas Táille Ceadúnais Teilifíse. Tháinig an cinneadh fáil réidh leis an gceadúnas teilifíse mar fhreagairt ar laghdú seasta i líon na dteaghlach a bhí faoi dhliteanas na táille ceadúnais a íoc, mar aon le leibhéil imghabhála méadaithe - a raibh mar thoradh air sin 100,000 níos lú teaghlach ag íoc an cheadúnais teilifíse thar an tréimhse 2006- 2010.

Gearrtar an cháin YLE ar dhaoine aonair agus ar chuideachtaí araon. Maidir le daoine aonair, déantar an cháin a thobhach ar ioncam inchánach, ag ráta 2.5% ar ioncam bliantúil níos mó ná EUR 14,000, agus tá uasteorainn socraithe ag EUR 163. Ní bheidh daoine aonair faoi dhliteanas an cháin a íoc má tá a n-ioncam bliantúil EUR 14,000 nó níos lú nó má tá an duine faoi 18 mbliana d'aois.

Tá cuideachtaí agus eagraíochtaí a bhfuil ioncam inchánach níos mó ná EUR 50,000 acu faoi dhliteanas i leith na cánach, atá iníoctha mar mhuirear bunlíne de €140, móide 0.35% ar an gcuid sin d'ioncam incháinithe na cuideachta ar mó é ná €50,000, suas go huasmhéid €3,000 in aghaidh na bliana. Íocann aonáin chorparáideacha a shaothraíonn €867,142 nó níos mó in ioncam inchánach sa bhliain chánach sin an t-uasmhéid. Má fhaigheann an t-eintiteas corparáideach níos lú ná €50,000 in ioncam inchánach, tá sé díolmhaithe ón gcáin chraolacháin phoiblí a íoc.

I measc na ngnólachtaí a ndlitear orthu an cháin chraolacháin phoiblí a íoc tá cuideachtaí dliteanais theoranta, comharchumainn, eagraíochtaí agus fondúireachtaí. Tá an cháin san áireamh i réamhíocaíochtaí na corparáide. Tá Stát na Fionlainne agus a cuid institiúidí, bardas, paróistí agus pobail reiligiúnacha díolmhaithe ón gcáin.

Cuimsíonn an tsamhail cosaintí dlí lena gcinntítear neamhspleáchas agus leibhéal seasmhach maoinithe do YLE. Tá an liúntas imfhálaithe lasmuigh de chaibidlíocht bhuiséid an Stáit. Ceadaítear faoin dlí méaduithe bliantúla ar an liúntas freisin.

[50] Feidhmítear an cur chuige seo i 31 tír ACE, lena n-áirítear ballstáit LEE/AE an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Eastóin, an Ungáir, an Íoslainn, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Iorua, an Rómáin agus an Spáinn (Foinse: ACE) (Source: EBU)

Tar éis ciorruithe in earnálacha eile, áfach, cuireadh an méadú uathoibríoch, innéacs-nasctha sa liúntas YLE do MSP ar fionraí go sealadach idir 2015 agus 2018, rud a chiallaíonn gur fhan ioncaim YLE mar a chéile sa tréimhse 2014-2018. Cuireadh an maoiniú a bhaineann le hinnéacs i bhfeidhm sa deireadh in 2019.

De réir suirbhé bliantúil YLE Value to Finns, luaigh 74% den daonra go raibh siad sásta le cáin YLE sa bhliain 2018, agus bhraith 78% go raibh luach an-mhaith nó luach maith airgid á fháil acu.

**Cás-Staidéir Idirnáisiúnta: An Iorua**

Tar éis níos mó ná deich mbliana d'athbhreithnithe agus díospóireachtaí faoi roghanna eile seachas a táille ceadúnais teilifíse atá ag dul i léig, agus atá ag brath ar ghairis, i mí Eanáir 2020 chuir an Iorua deireadh le táille an cheadúnais sa deireadh agus cuireadh samhail mhaoinithe dhíreach Státchiste ina háit. Mheas na húdaráis samhlacha maoinithe eile amhail muirear teaghlaigh na Gearmáine, agus cáin YLE na Fionlainne, sular roghnaigh siad a craoltóir seirbhíse poiblí, NRK, a mhaoiniú trí dheontas a leithdháileadh go díreach ón Státchiste. Tacaíodh leis an gcostas breise don Státchiste trí choigeartú cánach ioncaim inar laghdaíodh an liúntas cánach ioncaim pearsanta do cháiníocóirí de réir leibhéil ioncaim. Ceadaítear leis an gcód cánach dul chun cinn i gcur i bhfeidhm na cánach, le cúig ráta éagsúla ag dul ó €10 do cháiníocóirí a bhfuil ioncam bliantúil de> EUR €15,000 acu go dtí an t-uasmhéid €170 do cháiníocóirí a bhfuil ioncaim bhliantúla os cionn €35,000 acu (roimhe seo, is éard a bhí sa táille ceadúnais teilifíse muirear comhréidh de €300 in aghaidh an teaghlaigh). Mhéadaigh an Rialtas an creidmheas cánach do phinsinéirí freisin chun a chinntiú nach n-íocann na daoine a fhaigheann an t-íosphinsean árachais náisiúnta aon chánach tar éis an liúntais phearsanta a laghdú.

Aontaítear riachtanais mhaoinithe fhoriomlána MSP sa Pharlaimint gach 4 bliana, arna dtreorú ag tograí an Rialtais. Áiríodh sa chéad phlean ceithre bliana an socrú - don chéad dá bhliain ar a laghad - gur féidir le NRK a chaiteachas a fhás ar bhonn innéacs-nasctha, lúide laghdú 0.5% a fhorchuirtear le haghaidh riachtanais éifeachtúlachta. Ceanglaíodh ar NRK a straitéis a athrú freisin, le riachtanais nua agus athdhírithe ó thaobh cláir de agus oibleagáidí coimisiúnaithe seachtracha (caithfidh NRK anois 40% ar a laghad dá ábhar a choimisiúnú, suas ó 15% roimhe seo). Déanann an Aireacht Cultúir maoirseacht ar fheidhmíocht NRK i leith na gceanglas seo.

Chomh maith le NRK a mhaoiniú, maoiníonn an Iorua, a dtabharfadh an Coimisiún um Thodhchaí na Meán SÁSPanna orthu, lena n-áirítear an craoltóir teilifíse tráchtála TV2, a leithdháiltear thart ar €15 milliún in aghaidh na bliana air chun nuacht agus cúrsaí reatha a sholáthar, a mheastar san Iorua, go bhfuil príomh-thréithe seirbhíse poiblí ag baint leis.

I measc na mbuntáistí a bhaineann leis an gcóras nua tá níos mó seasmhachta agus intuarthacht maoinithe do NRK, bunaithe ar mhéadú innéacs-nasctha laistigh de leithdháileadh maoinithe 4 bliana, níos lú deiseanna imghabhála, agus meicníochtaí ionsuite chun éifeachtúlachtaí agus athchóirithe a chur chun cinn.

Ba é an príomhdhúshlán a bhí ann agus an córas á leagan amach ná a chinntiú, ar thaobh amháin, creat airgeadais a chinntíonn cuntasacht agus éifeachtúlacht an MSP, agus, ar an taobh eile, neamhspleáchas eagarthóireachta leanúnach an MSP a chinntiú. I measc gnéithe den tsamhail áirítear leithdháileadh ilbhliantúil cistí (déanta ar bhonn ceithre bliana), fás innéacs-nasctha, uasteorainneacha caiteachais, agus spriocanna éifeachtúlachta ionsuite, rud a chiallaíonn go bhfuil na croíchritéir chun an leithdháileadh a choigeartú soiléir agus trédhearcach.

## Cur chuige bunaithe ar chánachas a scrúdú i gcomhthéacs na hÉireann

Scrúdaigh an Coimisiún roinnt roghanna maidir le cur chuige bunaithe ar chánachas i leith cuspóirí MSP agus ÁSP a mhaoiniú in Éirinn. I measc na saincheisteanna a breithníodh bhí cibé ar cheart an meicníocht mhaoinithe a chomhtháthú sa chód cánach atá ann cheana nó a bhunú mar cháin nua; agus ar cheart ioncam a leithghabháil nó a leithdháileadh tríd an Státchiste, trí leithdháileadh ilbhliantúil ón gciste lárnach nó trí chaiteachas vótáilte.

Mar fhreagairt ar chuireadh ón gCoimisiún, thairg an Roinn Airgeadais roinnt breathnuithe ginearálta agus chuir sí roinnt costálacha léiriúcháin ar fáil freisin chun cabhrú le díospóireachtaí an Choimisiúin.

Mhol an Roinn gur cheart go dtabharfadh aon bhreithniú a rinne an Coimisiún maidir le cur chuige nua cánach nó cánach-bhunaithe i leith maoiniú MSP aird ar na croíphrionsabail atá mar bhonn agus taca le córas cánach maith - cinnteacht, cothromas, simplíocht agus éifeachtúlacht.

Chuir an Roinn cineál aischéimnitheach an cheadúnais teilifíse ar ráta comhréidh atá ann faoi láthair, a iompróidh níos mó orthu siúd ar ioncaim níos ísle, i gcodarsnacht le cineál forásach chóras cánach ioncaim na hÉireann, a mheastar a bheith ar cheann de na cinn is forchéimnithí sa domhan forbartha. Tá a chumas dul chun cinn a dhéanamh ag brath ar chód sofaisticiúil a bhfuil roinnt sraitheanna ann, lena n-áirítear dhá ráta cánach ioncaim (ráta 20% laistigh den bhanda rátála caighdeánach agus 40% os cionn an bhanda rátála chaighdeánaigh). Tá cuid den córas cánach ioncaim ar bhonn aonair, agus ceadaíonn sé freisin córas measúnaithe comhpháirteach ar lánúineacha pósta. Chomh maith le cáin ioncaim, déantar USC agus PRSI a thobhach ar ioncaim ach déantar iad a ríomh agus tá siad iníoctha ar bhonn aonair, ag brath ar chúinsí agus teidlíochtaí duine ar chreidmheasanna cánach.

Ag trácht di ar na buntáistí a bhaineann le cáin shonrach meán a thabhairt isteach (cosúil le cáin YLE na Fionlainne), thairg an Roinn an tuairim go gcuirfeadh cáin nua, le raon bandaí agus tairseacha, tuilleadh castachta leis an gcód cánach, agus b'fhéidir le cáin ioncaim agus cáin chorparáide.

Thug an Roinn dá haire go rabhthas, mar phointe prionsabail, frithsheasmhach in aghaidh leithghabháil ioncaim cánach. Glactar leis go bhféadfadh líon ar bith earnálacha, nó airí, argóintí láidre a dhéanamh maidir le meicníochtaí giniúna ioncaim atá imfhálaithe le haghaidh caiteachais ina réimsí faoi seach. Áitíonn sé, áfach, de bharr fiach-urrú sa chóras cánach, go mbeadh cód cánach ró-chasta agus córas ciotach, neamhfhreagrach d'imthosca eacnamaíocha athraitheacha agus mí-éifeachtach ar chánacha a ardú de réir riachtanais na tosaíochtaí geilleagair agus sochaíocha.

Chuir an Roinn roinnt costálacha táscacha ar fáil chun an tionchar féideartha ar cháin ioncaim a léiriú, dá mba rud é gurb shin an t-aon mheicníocht a bheadh ann chun ioncam a chruinniú do chuspóirí MSP. Tugann na costálacha seo[51] le fios go mbeadh coigeartú 0.45% ar an ráta cánach ioncaim níos ísle, sé sin, 20%, nó díreach faoi bhun 1% ar an ráta cánach ioncaim níos airde, sé sin 40%, chun sprioc bharúlach de €300 milliún a ardú i mbliain iomlán. Chun sprioc bharúlach de €194 milliún a bhailiú i mbliain iomlán laghdaíonn an coigeartú go 0.29% ar an ráta cánach ioncaim níos ísle, sé sin 20%, nó 0.6% ar an ráta cánach ioncaim níos airde, sé sin 40% .

Scrúdaigh an Coimisiún an rogha cur chuige bunaithe ar chánachas a chomhtháthaíonn maoiniú MSP go hiomlán sa chód cánach atá ann cheana. Sa chur chuige seo, d'ainmneofaí na Meáin Seirbhíse Poiblí mar mhír chaiteachais "lárnach" (ar an mbealach céanna le sláinte nó oideachas), agus mhaoinítear iad trí leithdháileadh ón gciste lárnach. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí an costas a bhaineann le cuspóirí meán

[51] Ag baint úsáid as Post Budget 2021 Ready Reckoner de chuid na Coimisinéirí Ioncaim, i mí na Samhna 2020, ar fáil ag www.revenue.ie

seirbhíse poiblí a mhaoiniú, a scaipeadh ar fud an chórais cánach ar fad, lena n-áirítear cáin chorparáide agus ioncaim. Chun tairbhí an chur chuige seo a léiriú ag baint úsáide as tuairisceáin Státchiste don bhliain 2020 mar thagarmharc, bheadh sprioc maoinithe barúlach de €300 milliún cothrom le thart ar 2.5% d'admhálacha cánach Corparáide nó 1.33% d'admhálacha cánach ioncaim, ach díreach 0.5% d'ioncam foriomlán an Státchiste. Is ionann sprioc maoinithe barúlach de €194 milliún agus thart ar 1.6% d'admhálacha cánach Corparáide nó 0.86% d'admhálacha cánach ioncaim, ach díreach 0.35% d'ioncam iomlán an Státchiste.

**Ceisteanna an Choimisiúin**
Mheas an Coimisiún na buntáistí agus na míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cineálacha cur chuige cánachais follasacha agus intuigthe. Bhí fiúntas ag baint leis i gcur chuige cánachais follasach a chothaíonn feasacht an phobail ar MSP agus, ina dhiaidh sin, an úinéireacht atá acu air. Ar an taobh eile den scéal, thabharfadh cur chuige intuigthe atá comhtháite sa chóras cánach ginearálta an dul chun cinn is fearr agus comhroinnt an ualaigh ar fud chánacha Ioncaim agus Corparáide - tosca tábhachtacha i dtéarmaí cothromais, glacadh an phobail a chur chun cinn agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach an mhaoinithe a chinntiú. Seachnaíonn cur chuige intuigthe sraitheanna breise castachta a thabhairt isteach sa chód cánach agus bheadh sé infheidhmithe go tapa.

Mheas an Coimisiún an cheist thábhachtach freisin maidir le conas a d'fhéadfaí neamhspleáchas MSP a chosaint faoi chur chuige bunaithe ar chánachas i leith maoiniú poiblí. Thug sé faoi deara bearta a thug an Iorua agus an Fhionlainn isteach inar éirigh leo neamhspleáchas na meán a chaomhnú agus a chosaint i gcomhthéacs córais atá bunaithe ar chánachas. Thug sé faoi deara freisin go bhfuil samhail mhaoinithe reatha na hÉireann ag brath go mór ar an Státchiste cheana féin agus ról follasach aici don Oireachtas. Tháinig sé ar an gconclúid gur féidir le samhail atá bunaithe ar chánachas agus atá deartha go tuisceanach, neamhspleáchas na meán maoinithe poiblí a chaomhnú agus a chosaint agus ag an am céanna gan na meicníochtaí rialachais agus cuntasachta a theastaíonn chun trédhearcacht agus éifeachtúlacht costais a chinntiú.

### 5.4.6 Measúnú ilchritéar ar shamhlacha

Rinne an Coimisiún measúnú ilchritéar ar na samhlacha bunaithe ar chúig phríomhghné mar seo a leanas:

- **Éifeachtacht.** Cé chomh héifeachtach atá an tsamhail seo maidir le maoiniú slán a sholáthar ar leibhéal atá ar chóimhéid le cuspóirí comhaontaithe MSP (sprioc bharúlach: €300 milliún)?
- **Cothroime agus Cothromas**: Cé chomh cóir agus cothromasach atá sé? An bhfuil sé forchéimnitheach agus an gcuireann sé uilíocht chun cinn?
- **Infheidhmitheacht:** . Cén fhad a thógfadh sé agus cé chomh costasach a bheadh sé oibriú, riaradh agus forfheidhmiú?
- **A sheasfaidh an aimsir:** Cé chomh oiriúnach atá sé don fheidhm sa ré dhigiteach agus cé chomh inbhuanaithe a bheidh sé sa todhchaí?
- **Inghlacthacht:** An dóigh go mbainfidh an tsamhail seo an tacaíocht phoiblí is gá?

**Torthaí**

Bunaithe ar an measúnú ilchritéar, rinne an Coimisiún:

- **Neamhshuim** de roghanna na samhlacha maoinithe poiblí amháin nó tráchtála amháin. I measc laigí eile, measadh go raibh an dá cheann neamhéifeachtach ó thaobh an sprioc maoinithe riachtanach a ardú, chomh maith le bheith deacair a chur i bhfeidhm.
- **Neamhshuim** den rogha maidir leis an tsamhail Ceadúnais Teilifíse a athchóiriú, ar roinnt cúiseanna lena n-áirítear an deacracht mhór a bhaineann le rátaí imghabhála a laghdú, agus fiú dá bhfeabhsófaí go mór an comhlíonadh ní bheadh an tsamhail sách éifeachtach chun an sprioc-mhaoiniú a bhailiú.g.
- **Neamhshuim** de na roghanna éagsúla maidir le muirear meán a ghearrtar ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí. Go teoiriciúil, bheadh na samhlacha níos leithne, a chuimsíonn na teaghaisí cónaithe go léir agus cohórt suntasach gnóthas, in ann an sprioc maoinithe riachtanach a ardú. Mar sin féin, tá na réaltachtaí praiticiúla, a bhaineann le samhail éifeachtach a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na hÉireann, thar a bheith dúshlánach. Níl aon cheann de na meicníochtaí clárúcháin in Éirinn atá mar bhonn agus taca le hoibriú na gcóras sa Ghearmáin agus san Eilvéis, agus thógfadh sé an-chuid ama agus costais córais den sórt sin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, bheadh dóchúlacht láidir ann go gcuirfeadh an pobal i gcoinne a leithéid de chóras.
- **Aontaíodh** gurbh é cur chuige bunaithe ar chánachas i leith maoiniú MSP an rogha is fearr agus is mó a bhfuil tóir air. Mheas sé gur thug cur chuige bunaithe ar chánachas an t-ionchas is fearr do shamhail mhaoinithe inbhuanaithe, a sheasfadh an aimsir, cothromasach agus inghlactha go poiblí. Measadh go raibh an dá leagan den chur chuige bunaithe ar chánachas, an cur chuige sainráite cánachais (i.e. cáin neamhspleách meán) agus an cur chuige cánachais comhtháite (i.e. cuspóirí MSP arna n-ainmniú mar chroí-earra caiteachais arna maoiniú as cánachas ginearálta) chomh héifeachtach céanna maidir leis an sprioc-mhaoiniú riachtanach, chomh maith céanna ó thaobh cothroime agus cothromais de, agus a sheasfadh an aimsir chomh maith. Mar sin féin, is fearr an cur chuige comhtháite cánachais i dtéarmaí infheidhmitheachta ós rud é nach n-éilíonn sé cáin nua a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Is dóigh go mbainfidh cur chuige comhtháite leibhéil níos airde tacaíochta poiblí amach.
- Cheangail an Coimisiún caveat lena mheasúnú fabhrach ar an gcur chuige bunaithe ar chánachas, is é sin go gcaithfear nósanna imeachta a bhunú maidir le socraíochtaí maoinithe tréimhsiúla a chosnaíonn neamhspleáchas eagarthóireachta na meán agus iad ag fáil maoiniú ó chistí an phobail, agus cuntasacht agus éifeachtúlacht costais á gcinntiú go hiomlán.

## 5.5 RTÉ

Bhí sraith cainteanna ag an gCoimisiún le RTÉ, inar ndearnadh iniúchadh ar sé raon saincheisteanna a bhaineann le ról, maoiniú agus struchtúr RTÉ. Fuair an Coimisiún ionchur freisin ón Údarás um Gheilleagair Nua agus um Théarnamh (NewEra) maidir le staid airgeadais RTÉ.

### 5.5.1 Ról RTÉ

D'éist an Coimisiún le raon leathan dearcaí ón bpobal i gcoitinne agus ó páirtithe leasmhara meán eile faoi ról RTÉ. Cuireadh tuairimí éagsúla in iúl ar an tsamhail ghnó chuí ar cheart do RTÉ a leanúint agus a mhéid a bhain sé leas iomaíoch as samhail dé-mhaoinithe tráchtála-poiblí.

Chomhaontaigh an Coimisiún go bhféadfadh cuid de na cuspóirí atá leagtha síos do RTÉ in Acht 2009 a bheith iomarcach ó thaobh na teicneolaíochta de nó go bhfuil siad anacronach, agus go mb'fhéidir go gcaithfear an tAcht a athbhreithniú agus a dhéanamh ábhartha do róil ionchais sa todhchaí.

D'aithin an Coimisiún roinnt deiseanna freisin do RTÉ chun a ról laistigh d'éiceachóras na meán níos leithne a fhorbairt agus a chur chun cinn. Mar fhaighteoir maoiniú poiblí suntasach, agus mar an eagraíocht meán is mó agus is fearr acmhainní sa Stát, tá an cumas agus an deis ag RTÉ ról ceannaireachta a imirt, ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí meán agus páirtithe leasmhara eile, chomh maith leis an rialtóir agus rialtas, chun cion tairbhe na meán, ó thaobh cuspóirí na seirbhíse poiblí, a fhorbairt agus a neartú.

Tá ról tábhachtach ag RTÉ ina chatalaíoch le haghaidh ábhar neamhspleách a chur ar fáil, i bhfianaise a róil mar ghníomhaire coimisiúnaithe. Tá deis ag RTÉ freisin comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus a dhoimhniú le craoltóirí eile agus leis na meáin neamh-chraolacháin, i gcomhthéacs comhfhiontar tráchtála agus chun cuspóirí na seirbhíse poiblí a bhaint amach.

**Tacaíocht do chruthú ábhair / geilleagar cruthaitheach / léiriúchán neamhspleách**

Agus machnamh á dhéanamh ar na leibhéil maoinithe do MSP a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach, smaoineamh soiléir amháin is ea na cineál seirbhísí ábhair ba cheart do RTÉ a sholáthar. Smaoineamh a bhaineann leis sin is ea an té ba cheart an t-ábhar sin a chruthú. Trí tháirgeadh intí agus coimisiúnú seachtrach, tá RTÉ in ann ábhar dúchasach a sholáthar atá oiriúnaithe do leasanna agus ábhair imní sonrach agus éagsúlaithe mhuintir na hÉireann. Cé go bhfuil gá le hábhar den sórt sin agus meas ag lucht féachana na hÉireann air, is minic a bhíonn neamhaird ag craoltóirí tráchtála agus seirbhísí sruthú domhanda air. Tá ról thábhachtach ag infheistíocht de chuid RTÉ i gcruthú ábhair a  agus tacú leis an ngeilleagar cruthaitheach in Éirinn, agus i bhfiontair chruthaitheacha, ceoltóirí, scríbhneoirí scripte agus "tallann" eile a spreagadh, a thacú agus a chothú.

Mar chraoltóir léiriúcháin a infheistíonn méideanna suntasacha i ndéanamh ábhair go hinmheánach gach bliain, tá buntáistí eacnamaíocha féideartha tábhachtacha ag RTÉ. Ba cheart go n-éascódh scála tras-toirchiú smaointe cruthaitheacha agus infheistíocht i bhforbairt ábhair agus leathadh riosca a cheadú ar fud punann d'aschuir ábhair. Ba cheart go gceadódh struchtúr atá comhtháite go ceartingearach sineirgíocht idir léiriúcháin intí agus rannán dáileacháin nó díolacháin idirnáisiúnta.

Ag an am céanna, tá coimisiúnú clár ó léiritheoirí seachtracha neamhspleácha ag RTÉ tairbheach freisin, ag spreagadh leibhéil sláintiúla iomaíochta agus cruthaitheachta, agus éagsúlacht agus ionadaíocht níos leithne a chur chun cinn, chun leasa lucht féachana na hÉireann. Mar a léirítear leis an eispéireas a bhí ag an earnáil léiriúcháin sa Ríocht Aontaithe le déanaí, tá sé de chumas ag idirghabhálacha dea-bheartais phoiblí maidir le húinéireacht cearta agus coimisiúnú MSP, fás agus rath tráchtála na hearnála léiriúcháin "indie" a bhrú chun cinn.

Ar choinníoll go ndéantar é a mhaoiniú agus a threorú go daingean ag fís straitéiseach dea-fhorbartha, tá an deis ann do RTÉ é féin a bhunú mar chumhacht chun ábhar sainiúil Éireannach a chruthú. Cé go gcaithfidh an príomhfhócas a bheith ar aschur ardchaighdeáin seirbhíse poiblí a sheachadadh a bhfuil lucht féachana na hÉireann ag súil leis ón MSP, ní gá go mbeadh sé sin ag teacht salach ar ábhar a chur ar fáil, a chuidíonn roinnt de ar a laghad le branda domhanda níos leithne a bhunú do RTÉ i bpríomh-speisialtachtaí ábhair.

Thar aon rud eile, is féidir le RTÉ agus ba cheart go gcuirfeadh sé cruthaitheacht throm na hÉireann chun cinn agus sin é is gaire do chroílár a bhfuil i gceist. Mar chraoltóir léiritheoir ba cheart do RTÉ iarracht a dhéanamh a bheith níos éifeachtaí, de réir mar a cheadaíonn deiseanna, maidir lena phunann de chearta maoine intleachtúla a thógáil agus iad a fheidhmiú go hidirnáisiúnta chomh maith le margaí baile, chun leasa lucht féachana MSP sa mbaile. Mar choimisinéir, ba cheart do RTÉ tacú le léiritheoirí neamhspleácha agus cumhacht a thabhairt dóibh a n-uaillmhianta cruthaitheacha agus tráchtála a bhaint amach. Is dóigh go mbeidh comhpháirtíocht, comhléiriúchán agus infheistíocht bhreithiúnach i bhforbairt drámaí agus formáidí siamsaíochta, mar aon le forbairt bhreise ar ghníomhaíochtaí dáileacháin agus díolacháin idirnáisiúnta intí ina ngnéithe de straitéis a bhaineann na haidhmeanna seo amach.


## 5.5.2 Riachtanais cistiúcháin RTÉ

Rinne an Coimisiún scrúdú mionsonraithe ar staid airgeadais RTÉ, ag tarraingt ar fhaisnéis airgeadais a théann siar go 2000 chun treochtaí le himeacht ama a thuiscint agus chun breathnú níos faide ná an moladh simplíoch, dá gceannódh gach duine ar cheart dó ceadúnas teilifíse, bheadh fadhbanna airgeadais uile RTÉ réitithe.

Chomhaontaigh an Coimisiún, ar aghaidhluach, gur féidir easnaimh athfhillteacha RTÉ le blianta beaga anuas a chur i leith ioncaim laghdaitheacha ó dhíolacháin dhíreacha Ceadúnas Teilifíse agus ó ghníomhaíochtaí tráchtála, go háirithe fógraíocht. Thug sé faoi deara freisin, áfach, go bhfuil easnaimh athfhillteacha RTÉ ina siomptóim de dhúshlán níos doimhne, atá le feiceáil san idirghníomhú idir a ioncam bliantúil luaineach agus dothuartha, costais oibriúcháin seasta ard, oibleagáidí diana seirbhíse poiblí agus an gá práinneach atá le infheistíocht chaipitil chun tionchar an tearc-infheistíochta ainsealaí a mhaolú agus a aisiompú.

Bealach amháin chun an tsaincheist seo a léiriú go simplí is ea ioncam agus caiteachas RTÉ a mhapáil. I Léaráid 5-13 taispeántar thíos an comhghaol fíorláidir idir an dá scála tomhais seo[52]. I gcás ina ndéanann caiteachas RTÉ in aon bhliain ar leith a ioncam a rianú chomh dlúth sin sa bhliain sin, tá an spás chun tosaíochtaí níos fadtéarmaí mar infheistíocht i nuálaíocht agus caiteachas caipitil an-teoranta, agus tá brúnna i ngach áit chun costais a chiorrú agus easnaimh a bhainistiú.


**Léaráid** *5-13 Patrúin ioncaim agus caiteachais RTÉ*




[52] Comhéifeacht Pearson: r= 0.974

Is féidir léargas eile a fháil ar thimpeallacht oibriúcháin dhúshlánach RTÉ i Léaráid 5-14, a thugann léargas ar na luaineachtaí i bpríomh-mhéadrachtaí ioncaim agus caiteachais le dhá scór bliain anuas. Cé go bhfuil sé oiriúnach go hiomlán gur cheart do RTÉ "a éadach a ghearradh chun tomhais" in aon bhliain ar leith, tugann an peirspictíocht fadtéarmach le fios go bhfuil luaineacht athfhillteach ann, rud a fhágann go mbeidh timpeallacht oibriúcháin dhúshlánach ann ina mbíonn an eagraíocht gafa go deo le coigeartuithe oibríochta agus bearta srianta costais chun tionchar na luaineachtaí ioncaim gearrthéarmacha a mhaolú, ar chostas na pleanála straitéisí fadtéarmacha, na hinfheistíochta agus na nuálaíochta eagraíochta.

**Léaráid 5-14** *Luaineachtaí bliantúla i sruthanna ioncaim RTÉ, costais oibriúcháin agus líon foirne (2001-2019)*




## Córais dímheasa agus oidhreachta

Tá dúshlán roimh RTÉ oibríochtaí atá bunaithe ar chraoltóireacht a choinneáil ag an am céanna infheistiú a dhéanamh i dtodhchaí a bheidh ag éirí níos bunaithe ar an idirlíon. Níl mórán freagraí simplí ar an aincheist seo. Mar sin féin, ba cheart infheistíocht mhór i mbonneagar atá ag dul as feidhm go soiléir, ar bheagán sochar, a sheachaint.

Mar shampla, in RTÉ oibrítear seirbhís fadtoinne le haghaidh RTÉ Raidió 1. Síneann an comhartha ar fud cuid mhór den RA. Ag brath ar na haerthormáin, agus cibé an bhfuil seirbhís fadtoinne san Ailgéir ag feidhmiú ar an minicíocht chéanna, is féidir leis an gcomhartha síneadh síos go Londain. Níl aon sonraí ag RTÉ faoi cé mhéad duine sa RA a úsáideann an tseirbhís. Tá an crann tarchurtha fadtoinne thart ar 30 bliain d'aois agus mar gheall go bhfuil a riocht ag dul in olcas tá gá le hobair dheisiúcháin. Chun seirbhís iontaofa a sholáthar bheadh infheistíocht de thart ar €2.6 milliún ag teastáil don tarchuradóir agus don chrann. Ina theannta sin, tá an costas oibriúcháin bliantúil thart ar €250,000. Is ionann €2.6 milliún agus níos mó ná an tríú cuid de chaiteachas caipitil bliantúil RTÉ le blianta beaga anuas. Rogha eile seachas an

seirbhís fadtoinne a oibriú is ea RTÉ Raidió 1 a chur ar fáil ar ardáin eile sa RA. Is cosúil gurb é sin atá ag tarlú cheana féin, toisc go bhfuil Radio 1 ar fáil sa Ríocht Aontaithe cheana féin ar Sky, Virgin Media agus Freesat, agus ar fáil le héisteacht ar líne trí RTÉ.ie, aip soghluaiste RTÉ Radio Player agus aip soghluaiste Irish Radio Player. Dá ndéanfaí tarchuradóir fadtoinne Raidió 1 a mhúchadh, d'fhéadfadh lucht féachana ar fud na RA Raidió 1 a fháil fós ar Sky, Virgin Media, Freesat agus ar líne. Dá mbeadh iompar ag teastáil ar DAB nó ar Freeview (agus faoi réir na hacmhainne atá ar fáil) thabhófaí costais bhliantúla agus bheadh ceadúnas ag teastáil ó Raidió 1 uaidh Ofcom (ceanglas do sheirbhísí ar DAB agus Freeview).

### Srianadh costais

Chuir RTÉ an Coimisiún ar an eolas faoi na hiarrachtaí fairsinge atá á gcur i bhfeidhm chun costais a rialú. Thug sé le fios go bhfuil na costais oibriúcháin sa bhliain 2020 30% níos ísle ná mar a bhí sa bhliain 2008, tar éis níos mó ná deich mbliana de thionscnamh costchiorrú agus luach ar airgead. Ina measc seo tá dhá scéim athchóirithe eagraíochta suntasacha agus cláir imeachta deonacha, a laghdaigh líon na ndaoine de 350 (sa scéim 2011-2012) agus de 180 (sa scéim (2017-2019). Áiríodh ann freisin ísliú pá deonacha, ar ghlac an fhoireann leo i Meitheamh 2009, agus nár críochnaíodh an t-athchóiriú pá ach i mí na Nollag 2017, breis agus 8 mbliana ina dhiaidh sin. Sa bhliain 2017, cheadaigh Bord RTÉ thart ar 9 n-acra talún i nDomhnach Broc a dhíol, ag giniúint cistí suntasacha atá imfhálaithe go docht le haghaidh aisíoc fiach, athstruchtúrú ciste agus infheistíocht caipitil straitéiseach.


Le déanaí, ghlac RTÉ a *Straitéis Athbhreithnithe 2020-2024*, a chuimsíonn spriocanna sábhála costais €60 milliún thar an tréimhse 2020-2022. Chuir RTÉ in iúl don Choimisiún go bhfuil na tionscnaimh choigilteas costais seo go léir á seachadadh de réir an bhuiséid faoi láthair agus mar a tuaradh, cé go ndearnadh roinnt beart a athchalabrú chun freastal ar an tírdhreach amach anseo agus chun an tionchar a bhí ag Covid-19 ar an ngnó a chur san áireamh.

Éilítear le *Straitéis Athbhreithnithe 2020-2024* de chuid RTÉ fócas leanúnach a choinneáil ar rialú costas, ar chobhsú agus ar éagsúlú ioncaim tráchtála agus maoiniú poiblí inbhuanaithe. Le linn na tréimhse 2022-2025, tá sé beartaithe ag RTÉ meánchostais oibriúcháin bhliantúla a choinneáil ag na leibhéil céanna a bhíodar roimh ráig na paindéime Covid-19.

### Treochtaí sa mheascán maoinithe tráchtála-poiblí

I Léaráid 5-15 taispeántar an meascán maoinithe poiblí-tráchtála athraitheach agus luaineachtaí i leibhéil ioncaim fhoriomlána RTÉ le dhá scór bliain ó 2000-2019. Pointe tábhachtach atonadh is ea 2008, agus faoin gcéim sin sháraigh ioncam bliantúil foriomlán RTÉ €440 milliún, arna spreagadh ag borradh láidir sna blianta roimhe sin in ioncam tráchtála agus in ioncam ó cheadúnais teilifíse, agus ioncam tráchtála mar an chuid is mó den ioncam foriomlán. Ó thús na géarchéime geilleagrach sa bhliain 2008, thit ioncam RTÉ go tobann, agus ó shin i leith tá maoiniú poiblí mar phríomh-chomhpháirt dá mheascán maoinithe.

**Léaráid 5-15** *Leibhéil mhaoinithe agus meascán maoinithe poiblí-tráchtála RTÉ (2000-2019)*




Cé gur aistrigh ualach an mhaoinithe go comhréireach ó ioncam tráchtála go maoiniú poiblí, laghdaíonn na teorainneacha sa chóras reatha maoinithe phoiblí a chumas chun cúiteamh leordhóthanach a dhéanamh ar ioncam tráchtála atá ag laghdú. Le hioncam ceadúnais teilifíse ag dul i laghad i gcónaí, is é an príomhchúram atá ar fáil faoi láthair do RTÉ ná tacaíocht mhéadaithe ón Státchiste.

### Staid airgeadais neamh-iniompartha RTÉ

Thug an Coimisiún faoi deara roinnt táscairí neamh-iniompartha i staid airgeadais RTÉ. Thug sé faoi deara léirithe imní arís agus arís eile ón ÚCÉ maidir le cur chuige neamh-iniompartha RTÉ i leith easnaimh reáchtála, a thuairiscigh an ÚCÉ mar fhoinse ionchasach riosca airgeadais níos fadtéarmaí agus damáiste do chlú RTÉ.

Tá dhá iarmhairt thábhachtacha iartheachtacha do RTÉ de dheasca a n-easnaimh athfhillteacha is ea carnadh fiach agus caiteachas caipitil neamhleor - a bhfuil impleachtaí ag an dara ceann ar chlár comhardaithe RTÉ. Go deimhin, tá thart ar 80% den dímheas ar an meán ó infheistíocht chaipitil RTÉ ó 2010, comhartha soiléir ar tearc-infheistíocht ainsealach.

Foráiltear le halt 107 den Acht Craolacháin 2009 gur féidir le RTÉ suas le €100 milliún a fháil ar iasacht le haghaidh caiteachais reatha nó chaipitil, gan toiliú an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Meán agus Spóirt agus an Aire Airgeadais. Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil iasachtaí suntasacha carntha ag RTÉ le blianta beaga anuas, agus fiachas comhlán ag rith idir €50 milliún - €65 milliún thar na cúig bliana 2016-2020. Chuir athmhaoiniú fiach moill ar fhiach a íoc, in aeráid ina bhfuil rátaí úis íseal go stairiúil - comhartha eile go bhfuil staid airgeadais RTÉ ag cur cosc air dul i mbun tosaíochtaí straitéiseacha.

### Ceanglais mhaoinithe sa todhchaí

Mheas an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe ó RTÉ maidir lena staid airgeadais agus a riachtanais sa todhchaí. Fuair an Coimisiún ionchur freisin ó NewEra, brainse den Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Faoi alt 20 den tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014, tá sé de chumhacht ag NewEra comhairle airgeadais agus tráchtála a sholáthar d'airí maidir le comhlachtaí Stáit "neamh-ainmnithe" áirithe. I gcás RTÉ, chuir NewEra comhairle ar fáil don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán i ndáil le raon saincheisteanna is díol spéise don Choimisiún um Thodhchaí na Meán.

Bhí sraith cainteanna mionsonraithe ag an gCoimisiún le NewEra, a thug measúnú don Choimisiún ar an raon maoinithe measta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó RTÉ don tréimhse 2021-2023. Bhí meastacháin NewEra bunaithe ar scrúdú mionsonraithe ar ioncam tuartha RTÉ, costais oibriúcháin, dímheas agus athróga eile. Chuir measúnú NewEra leis an eolas atá aige cheana ar fhaisnéis airgeadais RTÉ, agus rinneadh grinnscrúdú mionsonraithe air, lena n-áirítear réamhaisnéisí RTÉ féin agus a fheidhmíocht i gcoinne a Straitéis *Athbhreithnithe 2020-2024*, a thug gealltanas don chraoltóir feabhas €60 milliún a bhaint amach ina staid airgeadais trí choigilteas costais fheabhsaithe agus giniúint ioncaim tráchtála.

Ullmhaíodh na réamhaisnéisí le NewEra ar bhonn "mar a fhaightear é", ag glacadh leis nach ndéanfar aon athruithe ábhartha ar oibríochtaí reatha RTÉ, gan aon díolachán sócmhainní ábhartha agus leibhéil reatha réamhaisnéise ioncaim ceadúnais. Chuir sé roinnt tástálacha íogaireachta i bhfeidhm ar phríomhchodanna d'ioncam agus de chostais oibriúcháin RTÉ, sular thug sé meastachán don Choimisiún ar riachtanas airgeadais RTÉ thar an tréimhse.

Bunaithe ar bhoinn tuisceana RTÉ ar chostais oibriúcháin agus ar ioncam tráchtála réamh-mheasta, agus a mheasúnú measta féin ar íogaireachtaí míbhuntáiste a chur i bhfeidhm ar na réamh-mheastacháin seo, ríomh NewERA an riachtanas maoinithe poiblí foriomlán do RTÉ ag €219 milliún sa bhliain 2021, €213 milliún sa bhliain 2022 agus €214 milliún sa bhliain 2023. Meastar go mbeidh ioncam ó Tháillí Ceadúnais, lena n-áirítear maoiniú Státchiste do cheadúnais in aisce, freagrach as 92% -93% de na riachtanais mhaoinithe sin, agus an t-iarmhéid mar easnamh, mura réitítear a mhalairt. Ba é an measúnú seo, dar le NewERA, an cás is dóichí. D'aithin sé freisin an cás is measa, áit a dteipfeadh ar choigilteas costais agus arduithe ioncaim tráchtála RTÉ. Ina theannta sin, bheadh drochthionchar freisin ag aon mheath ar ioncam ó tháillí ceadúnais ar easnaimh trádála.

## 5.6 TG4

Is é TG4 an MSP Gaeilge. Aithníonn a Straitéis an gá atá le freastal ar a chroí-lucht éisteachta Gaeilge agus an Ghaeilge a chur chun cinn i measc lucht féachana níos leithne. Tá a chuspóirí seirbhíse poiblí mar a shainaithnítear iad san Acht Craolacháin 2009 ábhartha den chuid is mó ach bhainfeadh siad leas as roinnt athbhreithnithe chun athruithe teicniúla a chur san áireamh agus chun an chaoi a n-úsáideann lucht féachana ábhar a léiriú. Mar fhoilsitheoir-craoltóir, tá TG4 ag brath níos mó ar léiriú neamhspleách ábhar agus, dá bharr sin, coinnítear níos mó smachta ar a bhonn costais.

I gcodarsnacht le RTÉ, is féidir le TG4 brath ar shruthanna ioncaim atá i bhfad níos intuartha. Tá sé ag brath níos lú ar ioncam tráchtála agus tagann a mhaoiniú poiblí go hiomlán anois ón Státchiste, agus dá bhrí sin cosnaítear é ó thionchar athruithe ioncaim ó tháillí ceadúnais.

Fuair TG4 €34.2 milliún caipitil reatha agus €3 mhilliún i maoiniú an Státchiste sa bhliain 2020, a méadaíodh go €36.7 milliún agus maoiniú caipitil €4 milliún sa bhliain 2021. Ciallaíonn athbhreithniú ar a rialacha cuntasaíochta gur féidir roinnt ábhar a mhaoiniú trí mhaoiniú caipitil.

Cé nach bhfuil aon fhiacha ar TG4 agus nach bhfuil easnaimh air, cuireann a srianta airgeadais teorainn lena chumas sciar den lucht féachana a mhéadú, infheistíocht a dhéanamh in ábhar méadaithe ar líne nó freagairt d'éilimh bhreise ar sheirbhís phoiblí.

I bhfoilseachán de chuid an ÚCÉ dar teideal Five Year Review of Funding of Public Service Broadcasting, a foilsíodh sa bhliain 2018, moladh méadú €6 milliún i maoiniú poiblí a thabhairt do TG4 thar a leibhéal maoinithe sa bhliain 2017. Idir na tréimhsí, bronnadh méaduithe incriminteacha. Leithdháileadh maoiniú leanúnach Státchiste €2 mhilliún breise ar TG4 sa bhliain 2018 (a chuimsigh maoiniú reatha €1 milliún agus €1 milliún maoiniú caipitil), €443,000 sa bhliain 2019, maoiniú caipitil €1 milliún breise sa bhliain 2020, agus €3.5 milliún breise sa bhliain 2021 (comhdhéanta de €2.5 milliún i maoiniú reatha agus €1 milliún maoiniú caipitil). Tugann sé seo méadú iomlán comhcheangailte de €6.943 milliún ó 2017, de bhreis ar an moladh €6 milliún a mhol an ÚCÉ. Ina theannta sin, soláthraíodh maoiniú forlíontach de €1.9 milliún in 2020 mar aitheantas ar chostais COVID-19, go háirithe an gá atá le rolladh amach Cúla4 ar scoil chun tacú le scolaíocht bhaile.

D'fhonn a bheith nuálach agus ábhartha do lucht féachana, áfach, beidh sé riachtanach do TG4 a ábhar agus a sheirbhísí a fhorbairt tuilleadh.

## 5.7 Moltaí

Chomhaontaigh an Coimisiún sraith moltaí maidir le ról, sainchúram agus maoiniú na Seirbhíse Craoltóireachta Poiblí.

### 5.7.1 Moltaí maidir leis na Meáin Seirbhíse Poiblía

#### Moladh 5-1 Múnla Maoinithe Poiblí Nua do na Meáin Seirbhíse Poiblí

Molann an Coimisiún go dtabharfadh an Rialtas samhail nua maoinithe phoiblí isteach do na Meáin Seirbhíse Poiblí, agus na socruithe riachtanacha reachtacha, riaracháin agus buiséadacha uile a dhéanamh dá réir.

**Moladh 5-1 Múnla Maoinithe Poiblí Nua do na Meáin Seirbhíse Poiblí**

Molann an Coimisiún:

- Ó 2024, ba cheart go n-athródh foinse an mhaoinithe phoiblí do MSP ón gcóras reatha Táille Ceadúnais Teilifíse in éineacht le cistí ginearálta an Státchiste go córas atá bunaithe go hiomlán ar chistí ginearálta an Státchiste;
- Cuirfear deireadh leis an gCeadúnas Teilifíse de réir a chéile sa bhliain 2024;
- Ó 2024, ba cheart maoiniú an Státchiste do MSP a dhíorthú ó ioncam cánach neamh-fhiachurraithe, le coigeartú iomchuí ar chánachas chun an costas seo a íoc;
- Ba cheart go gcuimseodh an tsamhail mhaoinithe nua roinnt gnéithe dearaidh agus cosaintí chun cobhsaíocht agus intuarthacht an mhaoinithe a chinntiú; neamhspleáchas eagarthóireachta na bhfaighteoirí maoinithe a chosaint; trédhearcacht agus luach ar airgead a chinntiú don cháiníocóir; agus feidhm seirbhíse poiblí na meán in Éirinn a chothabháil agus a neartú;
- Chun cobhsaíocht agus intuarthacht an mhaoinithe a chinntiú, ba cheart dámhachtainí a sholáthar ón gCiste Lárnach ar bhonn ilbhliantúil, bunaithe ar mholtaí mionsonraithe costáilte ag Coimisiún

na Meán, ag feidhmiú go neamhspleách ó pháirtithe leasmhara an rialtais agus na meán. Molann an Coimisiún go n-ullmhódh an Grúpa Forfheidhmithe moladh maidir leis an tréimhse leithdháilte ilbhliantúil tar éis scrúdú breise a dhéanamh ar na saincheisteanna. Molann an Coimisiún íostréimhse maoinithe 3 bliana, ar a laghad, agus an fiúntas a bheadh le tréimhse níos faide a chur san áireamh;

- Chun neamhspleáchas eagarthóireachta na bhfaighteoirí maoinithe a chosaint, ba cheart go n-éileodh an próiseas ceadaithe ar an Aire réasúnaíocht a chur i láthair go soiléir i gcás go ndiúltaítear do mholtaí maoinithe (le haghaidh tuilleadh sonraí féach caibidil 8);
- Chun trédhearcacht agus luach ar airgead a chinntiú, ba cheart go gceanglófaí ar MSP tuarascáil luach ar airgead a fhoilsiú mar chuid dá dtuarascáil bhliantúil, ag leagan amach a bhfeidhmíochta i gcoinne critéir luach ar airgead agus éifeachtúlachta arna mbunú ag Coimisiún na Meán;
- Ba cheart do Choimisiún na Meán tuarascáil a fhoilsiú, ar bhonn bliantúil, ag leagan amach bearta cainníochtúla agus cáilíochtúla maidir le feidhmíocht MSP agus a ionchur sóisialta agus eacnamaíoch;
- Ba cheart do MSP agus SÁSPanna, i gcomhar le Coimisiún na Meán, straitéis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht an phobail a ardú agus an "conradh sóisialta" idir an pobal agus na meáin a fheabhsú, lena n-áirítear trí ról agus rannchuidiú mhaoinithe an Státchiste a chreidiúnú agus a chur in iúl go rialta ag baint úsáid as branda féiniúlachta comónta;
- Ba cheart don ghrúpa Forfheidhmithe, i gcomhar le MSP agus SÁSPanna, feachtas cumarsáide poiblí a chur i bhfeidhm chun an tsamhail mhaoinithe nua a mhíniú, ag cur béime ar a phríomhfhiúntais lena n-áirítear inbhuanaitheacht, dul chun cinn agus cothromas feabhsaithe, agus aon tionchar diúltach féideartha ar tháillí Ceadúnais Teilifíse a mhaolú sa tréimhse roimh ré sula gcuirtear i bhfeidhm an samhail maoinithe nua.

### Moladh 5-2 Socruithe maoinithe eatramhacha don tréimhse 2021-2023

Go dtí go mbunófar an córas maoinithe nua sa bhliain 2024, molann an Coimisiún socrú maoinithe eatramhach chun intuarthacht agus cobhsaíocht an mhaoinithe a sholáthar do MSP, agus chun an Ciste Meán nua atá beartaithe a mhaoiniú.

**Moladh 5-2 Socruithe maoinithe eatramhacha don tréimhse 2021-2023**

Molann an Coimisiún gur chóir go mbeadh leibhéal foriomlán an mhaoinithe phoiblí, a thagann as admhálacha Táille Ceadúnais Teilifíse agus maoiniú Státchiste mar seo a leanas:

**Tábla 5-2** *Leibhéil mhaoinithe phoiblí a mholtar (2021-2023)*

| | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| **Maoiniú poiblí RTÉ** | | | |
| RTÉ (Ranníocaíocht Táille Ceadúnais, lena n-áirítear díolacháin dhíreacha agus ranníocaíocht na Roinne Coimirce Shóisialaí faoin bPacáiste Sochair Teaghlaigh) | €202 milliún | €198 milliún | €198 milliún |
| Cobhsú RTÉ (ranníocaíocht an Státchiste | €17 milliún | €15 milliún | €16 milliún |
| **Iomlán** | **€219 milliún** | **€213 milliún** | **€214 milliún** |
| | | | |
| **Maoiniú poiblí TG4** | | | |
| TG4 (Ranníocaíocht an Státchiste) | €40.7 milliún | €44.7 milliún | €48.7 milliún |
| | | | |
| Ciste Craolacháin / Meán | | | |
| Ciste Craolacháin (Táillí ceadúnais) | €14.9 milliún | n/a | n/a |
| Ciste na Meán (ranníocaíocht an Státchiste) | n/a | €30 milliún | €30 milliún |
| | | | |
| **Maoiniú poiblí iomlán** | **€274.6 milliún** | **€287.7 milliún** | **€292.7 milliún** |

## Moladh 5-3 Freagracht agus Trédhearcacht a Mhéadú

Molann an Coimisiún go mbeadh MSP faoi réir socruithe breise maoirseachta agus comhairleacha maidir lena ngnóthaí airgeadais, pleanáil airgeadais straitéiseach agus tograí maoinithe sa todhchaí. Go sonrach, molann an Coimisiún:

**Moladh 5-3 Freagracht agus Trédhearcacht a Mhéadú**

Ó 2024 ar aghaidh, ba cheart ról reachtúil feabhsaithe a shannadh don ÚCÉ / Coimisiún na Meán maidir le leibhéil mhaoinithe a shocrú do MSP. Ina theannta sin, ba cheart cumais inmheánacha an ÚCÉ / Choimisiún na Meán a fheabhsú de réir mar is iomchuí maidir leis an bhfreagracht seo a chomhlíonadh.

Ó 2022 ar aghaidh, ba cheart don Rialtas RTÉ agus TG4 a ainmniú mar chomhlachtaí faoi alt 19 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014, agus ar an gcaoi sin an sochar iomlán a thabhairt don dá eagraíocht meán as cumais mhaoirseachta, chomhairleacha agus phleanála straitéisí an NTMA, NewEra agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais. Ina theannta sin, ba cheart don Rialtas leasuithe iomchuí reachtaíochta a dhéanamh, más gá, chun a chinntiú nach sáraíonn feidhmeanna maoirseachta agus comhairleacha an NTMA agus na gcomhlachtaí bainteacha neamhspleáchas eagarthóireachta RTÉ agus TG4.

Agus cinneadh á dhéanamh ar riachtanais mhaoinithe do RTÉ agus TG4, ba cheart don ÚCÉ / Coimisiún na Meán dul i gcomhairle le gnáthpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear NewEra, mar ghnáthamh.

Ó 2022, i gcomhairle leis an ÚCÉ / Coimisiún na Meán, ba cheart do RTÉ agus TG4 a gcuid anailíse agus tuairiscithe ar luach ar airgead a fheabhsú, d'fhonn an éifeachtúlacht maidir le húsáid acmhainní a thaispeáint agus a chur in iúl go héifeachtach.

Ó 2022, i gcomhairle leis an ÚCÉ / Coimisiún na Meán, ba cheart do RTÉ agus TG4 a gcuid anailíse agus tuairiscithe ar aschuir feidhmíochta a fheabhsú, lena n-áirítear sonraí a fhoilsiú ar chostais in aghaidh na huaire agus toradh an lucht féachana, chomh maith le patrúin tomhaltais, rannpháirtíocht lucht féachana agus tuairim an phobail.

### Moladh 5-4 Rannpháirtíocht Lucht Féachana

Molann an Coimisiún go dtabharfadh an ÚCÉ / Coimisiún na Meán sraith beart isteach chun cáilíocht rannpháirtíochta MSP le lucht féachana a neartú. Ba cheart do Choimisiún na Meán measúnú bliantúil a fhoilsiú ar rannpháirtíocht na meán le lucht féachana, lena n-áirítear lucht féachana níos óige, i gcomhairle le grúpaí ionadaíocha páirtithe leasmhara éagsúla agus ag tagairt do shamplaí idirnáisiúnta de dhea-chleachtas. Ba cheart do Choimisiún na Meán taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil a dhéanamh go rialta ar thuairimí an phobail i leith MSP agus eispéiris an lucht féachana air.

**Moladh 5-4 Rannpháirtíocht Lucht Féachana**

Molann an Coimisiún go dtabharfadh an ÚCÉ / Coimisiún na Meán sraith beart isteach chun cáilíocht rannpháirtíochta MSP le lucht féachana a neartú. Ba cheart do Choimisiún na Meán measúnú bliantúil a fhoilsiú ar rannpháirtíocht na meán le lucht féachana, lena n-áirítear lucht féachana níos óige, i gcomhairle le grúpaí ionadaíocha páirtithe leasmhara éagsúla agus ag tagairt do shamplaí idirnáisiúnta de dhea-chleachtas. Ba cheart do Choimisiún na Meán taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil a dhéanamh go rialta ar thuairimí an phobail i leith MSP agus eispéiris an lucht féachana air.

## 5.7.2 Moltaí maidir le RTÉ

*(féach freisin moltaí breise i gCaibidil 7 maidir le tacaíocht do tháirgeadh ábhair, a bhaineann le RTÉ)*

### Moladh 5-5 Maoiniú eatramhach do RTÉ

Tar éis grinnscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar staid airgeadais RTÉ, molann an Coimisiún, sula dtabharfar isteach samhail nua maoinithe phoiblí sa bhliain 2024, gur cheart don Rialtas a chinntiú go maoinítear RTÉ, trí theaglaim d'ioncam Táille Ceadúnais Teilifíse agus ranníocaíochtaí Státchiste, €219 milliún sa bhliain 2021, €213 milliún sa bhliain 2022 agus €214 milliún sa bhliain 2023.

Molann an Coimisiún freisin go leanfadh RTÉ ag cloí le Straitéis Athbhreithnithe 2020-2024, agus a bheith faoi réir monatóireacht leanúnach agus athbhreithnithe tréimhsiúla ag NewERA chun faisnéis trádála cothrom le dáta a mheas. Má éiríonn an toradh maidir le hioncam tráchtála nó ioncam Táille Ceadúnais níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis, ba cheart ranníocaíocht mhaoinithe an Státchiste a laghdú dá réir.

**Moladh 5-5 Maoiniú eatramhach do RTÉ**

Tar éis grinnscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar staid airgeadais RTÉ, molann an Coimisiún, sula dtabharfar isteach samhail nua maoinithe phoiblí sa bhliain 2024, gur cheart don Rialtas a chinntiú go maoinítear RTÉ, trí theaglaim d'ioncam Táille Ceadúnais Teilifíse agus ranníocaíochtaí Státchiste, €219 milliún sa bhliain 2021, €213 milliún sa bhliain 2022 agus €214 milliún sa bhliain 2023.

Molann an Coimisiún freisin go leanfadh RTÉ ag cloí le Straitéis Athbhreithnithe 2020-2024, agus a bheith faoi réir monatóireacht leanúnach agus athbhreithnithe tréimhsiúla NewERA chun faisnéis trádála cothrom le dáta a mheas. Má éiríonn an toradh maidir le hioncam tráchtála nó ioncam Táille Ceadúnais níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis, ba cheart ranníocaíocht mhaoinithe an Státchiste a laghdú dá réir.

### Moladh 5-6 Díriú ar Luach ar Airgead agus Éifeachtúlachtaí

Molann an Coimisiún gur cheart do RTÉ leanúint ar aghaidh ag díriú ar luach ar airgead agus ar bhearta éifeachtúlachta. Go háirithe, ba cheart dó leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm iomlán Straitéis Athbhreithnithe 2020-2024, coigilteas costais spriocdhírithe agus fás ioncaim tráchtála a bhaint amach, le comhairle agus maoirseacht ó NewEra.

**Moladh 5-6 Díriú ar Luach ar Airgead agus Éifeachtúlachtaí**

Molann an Coimisiún gur cheart do RTÉ leanúint dá Straitéis Athbhreithnithe 2020-2024 a chur i bhfeidhm go hiomlán chun coigilteas costais spriocdhírithe agus fás ioncaim tráchtála a bhaint amach, le tuairisciú rialta don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus le comhairle agus maoirseacht ó NewEra.

Molann an Coimisiún gur cheart don Ghrúpa Forfheidhmithe próiseas neamhspleách a chur i bhfeidhm chun leibhéil phá a thagarmharcáil ag RTÉ i gcomparáid le MSP eile laistigh den ACE.

### Moladh 5-7 Infheistíocht RTÉ sa nuálaíocht

Molann an Coimisiún roinnt beart chun a chumasú do RTÉ infheistíocht bhreise a dhéanamh ina chlár oibre nuálaíochta, lena straitéis dhigiteach san áireamh. Molann sé:

**Moladh 5-7 Infheistíocht RTÉ sa nuálaíocht**

Faoi R2 2023, ba cheart do RTÉ plean straitéiseach bainistíochta sócmhainní caipitil a fhorbairt, i ndlúthchomhairle le NewERA, agus tograí a chur faoi bhráid an Ghrúpa Forfheidhmithe maidir le coinneáil nó diúscairt féideartha sócmhainní, lena n-áirítear saoráidí stiúideo ar an láithreán i Montrose, agus 2RN.

Ba cheart go leanfadh RTÉ ag forbairt agus ag infheistiú ina straitéis dhigiteach dírithe ar theicneolaíocht pearsanaithe, bailiú sonraí chéad pháirtí, innill mholta ábhair agus eispéiris úsáideora bunaithe ar shíniú amháin do gach seirbhís MSP.

Ba cheart go gcuirfeadh RTÉ deireadh le seirbhísí tarchuir fadtoinne sa ghearrthéarma. Ba cheart don Ghrúpa Forfheidhmithe dul i dteagmháil le RTÉ chun bealaí eile a shainaithint chun freastal ar riachtanais lucht féachana na fadtoinne.

### Moladh 5-8 Ioncam tráchtála a fhorbairt

Molann an Coimisiún go mbreathnódh RTÉ arís ar a chur chuige maidir le hioncam a fhorbairt ó ghníomhaíochtaí tráchtála i margaí idirnáisiúnta a bhaineann lena chatalóg CMInna. Mar chuid dá athbhreithniú ba cheart dó dul i gcomhairle leis an GBCN maidir leis an bhféidearthacht infheistíocht straitéiseach a ghiaráil trí Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann nó foinsí eile, rud a ligfeadh dó leas níos fearr a bhaint as a IP le comhpháirtithe comhléiriúcháin. Ina theannta sin, ba cheart do RTÉ dul i dteagmháil leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i ndáil lena ról féideartha maidir le hearnáil closamhairc na hÉireann a fhorbairt tuilleadh.

**Moladh 5-8 Ioncam tráchtála a fhorbairt**

Molann an Coimisiún go mbreathnódh RTÉ arís ar a chur chuige maidir le hioncam a fhorbairt ó ghníomhaíochtaí tráchtála i margaí idirnáisiúnta a bhaineann lena chatalóg CMInna. Mar chuid dá athbhreithniú ba cheart dó dul i gcomhairle leis an NTMA maidir leis an bhféidearthacht infheistíocht straitéiseach a ghiaráil trí Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann nó foinsí eile, rud a ligfeadh dó leas níos fearr a bhaint as a IP le comhpháirtithe comhléiriúcháin. Ina theannta sin, ba cheart do RTÉ dul i dteagmháil leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i ndáil lena ról féideartha maidir le hearnáil closamhairc na hÉireann a fhorbairt tuilleadh

### Moladh 5-9 RTÉ chun maoiniú easnaimh a laghdú agus caiteachas a chobhsú

Molann an Coimisiún gur cheart do RTÉ a spleáchas ar mhaoiniú easnaimh a laghdú go suntasach. Ba cheart do NewEra moltaí a ullmhú ina leith seo.

Molann an Coimisiún freisin go bhforbródh NewEra tograí le haghaidh meicníochta chun caiteachas oibriúcháin RTÉ a theorannú sa chaoi is go mbeidh borradh sealadach in ioncam ó ghníomhaíocht tráchtála nó ó fhoinsí eile srianta chun críocha straitéiseacha nó sonracha sonraithe (amhail amúchadh fiach nó caiteachas caipitil) seachas caiteachas oibriúcháin méadaithe.

| Moladh 5-9 RTÉ chun maoiniú easnaimh a laghdú agus caiteachas a chobhsú |
|---|
| Molann an Coimisiún gur cheart do RTÉ a spleáchas ar mhaoiniú easnaimh a laghdú go suntasach. Ba cheart do NewEra moltaí a ullmhú ina leith seo.<br>Molann an Coimisiún freisin go bhforbródh NewEra tograí le haghaidh meicníochta chun caiteachas RTÉ a theorannú sa chaoi is go mbeidh borradh sealadach in ioncam ó ghníomhaíocht tráchtála nó ó fhoinsí eile srianta chun críocha straitéiseacha nó sonracha luaite (e.g. amúchadh fiach, caiteachas caipitil) seachas caiteachas ginearálta. |

### Moladh 5-10 Comhoibriú leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách

Molann an Coimisiún go méadófaí leibhéal maoinithe Chuntas Chláir Neamhspleácha RTÉ sa mheántéarma (faoi 2027) go 25% de mhaoiniú poiblí RTÉ, agus san fhadtéarma go cion a mholfaidh ÚCÉ /Coimisiún na Meán tar éis measúnú mionsonraithe. Ba cheart go leasófaí alt 116 den Acht Craolacháin dá réir sin.

| Moladh 5-10 Comhoibriú leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách |
|---|
| Ba cheart leibhéal maoinithe Chuntas Chláir Neamhspleácha RTÉ a mhéadú sa mheántéarma (faoi 2027) go 25% de mhaoiniú poiblí RTÉ, agus san fhadtéarma go cion atá le moladh ag UCÉ / Coimisiún na Meán tar éis measúnú mionsonraithe. Ba cheart go leasófaí alt 116 den Acht Craolacháin dá réir sin. |

6

# Tacaíocht d'Ábhar Seirbhíse Poiblí agus d'earnáil níos leithne na meán

## Ábhar


**6.1** Réamhrá ... 150

**6.2** Tuairimí Páirtithe Leasmhara ... 152

**6.3** Tacaíochtaí reatha le haghaidh Ábhar Seirbhíse Poiblí agus soláthar ... 155

**6.4** Rannchuidiú na n-ardán ar líne le maoiniú ábhar seirbhíse poiblí ... 157

**6.5** Athbhreithniú ar Chleachtas Idirnáisiúnta ... 159

**6.6** Cur in Aghaidh na Mífhaisnéise agus Tuiscint ar na Meáin a Chur Chun Cinn ... 165

**6.7** Conclúidí agus Moltaí ... 166

## 6.1 Réamhrá

Mar a leagtar amach ina Théarmaí Tagartha, iarradh ar an gCoimisiún conas a d'fhéadfaí na meáin "...a mhaoiniú ar bhealach a bheidh inbhuanaithe agus slán, lena chinnteofar neamhspleáchas eagarthóireachta agus lena soláthrófar luach ar airgead don phobal." Áiríodh le raon feidhme fiosrúchán agus moltaí an Choimisiúin, na Meáin Seirbhíse Poiblí (MSP), ar pléadh leo i gCaibidil 5, agus eagraíochtaí meán pobail nó tráchtála faoi úinéireacht phoiblí, nó Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí (SÁSP), a ndírítear orthu sa chaibidil seo.

Tá feidhm i gcoiteann ag MSP agus ag SÁSP, eadhon Ábhar Seirbhíse Poiblí (ÁSP) a sholáthar don phobal. Deimhníodh leis an anailís i gCaibidil 2 agus i gCaibidil 3 an luach mór don tsochaí a bhaineann le hÁbhar Seirbhíse Poiblí. Tarraingíodh aird i gCaibidil 2 freisin ar an tábhacht agus ar an luach a bhaineann le hiolracht i gcóras na meán. Is léir go bhfuil pobal na hÉireann ag iarraidh éiceachóras meán atá éagsúil, agus go bhfuil meas acu ar éiceachóras meán atá éagsúil, atá comhdhéanta d'éagsúlacht meán poiblí, tráchtála agus pobail ar leibhéal náisiúnta, áitiúil agus pobail, agus a sholáthraíonn meascán leathan ábhar ar raon ardán.

Chomh maith le bheith ag freastal ar riachtanais tomhaltóirí aonair, aithnítear iolracht agus éagsúlacht sna meáin, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil/pobail, mar réamhriachtanas do dhaonlathas láidir agus deafheidhmiúil. Mar a breithníodh i gCaibidil 2 agus i gCaibidil 3, soláthraíonn SÁSPanna áitiúla agus pobail seirbhísí nach féidir leis na meáin náisiúnta a sholáthar, agus cuireann siad ardáin ar fáil do ghuthanna nach gcloisfí ar bhealach eile. Ní mór an rannchuidiú a dhéanann na meáin áitiúla agus phobail a chothabháil agus a láidriú don todhchaí.

Scrúdaíodh na brúnna tráchtála ar SÁSP i gCaibidil 4, go háirithe an laghdú ar ioncam ó fhoinsí traidisiúnta, lena n-áirítear an margadh fógraíochta – agus go bhfuil cúrsaí níos measa fós i gcás na meán clóite mar gheall ar laghdú ar ioncam díolacháin. Brúnna ar shamhlacha gnó traidisiúnta sa ré dhigiteach, chomh maith le hathléimneacht, iomaíocht agus cruthaitheacht bhunúsach na meán digiteach, atá ag brú nuáil chun cinn san earnáil. Cé go bhfuil samplaí maithe ann d'eagraíochtaí meán a bhfuil an "t-aistriú digiteach" déanta acu, is léir go bhfuil go leor meán fós ag céim luath dá samhlacha gnó. Is léir don Choimisiún, mar thátal, nach mór do na meáin cur chuige níos straitéisí a ghlacadh maidir le forbairt earnálach, le héascaíocht agus tacaíocht ón Rialtas.

Ní mór do na meáin, ar an iomlán, a bheith níos inrochtana don éagsúlacht tallainne in Éirinn. Ba cheart a bheith mar aidhm ag MSP agus ag na meáin tráchtála, ionadaíocht iomlán agus éifeachtach a dhéanamh don tsochaí níos leithne agus straitéisí a bheith acu a thacaíonn le héagsúlacht os comhair agus taobh thiar den cheamara, mar a déarfá, i seomraí nuachta, i stiúideonna léiriúcháin agus in oifigí coimisiúnaithe. Ba cheart tacaíocht agus dreasacht a thabhairt d'eagraíochtaí meán maidir leis sin, agus iad a thabhairt chun cuntais ina leith.

Teastaíonn iriseoireacht ghairmiúil agus ardcháilíochta a thacaíonn le dioscúrsa poiblí agus le daonlathas ón bpobal in Éirinn, agus tá meas uirthi freisin. Mar a fiosraíodh i gCaibidil 2, ní hamháin gur fhóin an traidisiún d'iriseoireacht láidir agus neamhspleách sna meáin chlóite, chraolta agus ar líne in Éirinn go maith don phobal, ach is gné thábhachtach dár gcóras daonlathach freisin í. Le tátal an Choimisiúin go bhfuil gá le "fáinne óir", nó caidreamh cómhalartach idir córas na meán agus an próiseas daonlathach i ndaonlathas sláintiúil, cuirtear dualgas ar an Stát tacú le meáin atá saor, neamhspleách, iolraíoch agus freagrach ó thaobh na heitice de. I bhfianaise na ndúshlán tromchúiseacha atá roimh SÁSP maidir le hinbhuanaitheacht, mar a léiríodh i gCaibidil 4, is tábhachtach go dtabharfaí tacaíocht do na meáin tráchtála agus phobail chun an ról riachtanach atá acu i gcóras meán atá iolraíoch agus éagsúil a chothabháil, córas atá in ann iriseoireacht neamhspleách agus ardcháilíochta a chaomhnú.

Go stairiúil, is caidreamh teoranta agus éagsúil atá ag an Stát leis na meáin, agus Ranna coimircíochta difriúla rannpháirteach leo. Is í an Roinn a bhíonn freagrach as cumarsáid a rinne formhaoirsiú ar chraolachán, agus Údarás Craolacháin na hÉireann a dhéanann rialáil air. Tugtar tacaíocht don earnáil léiriúchán closamhairc cruthaitheach trí bhíthin ghníomhaíochtaí coimisiúnaithe MSP agus tríd an scéim Fuaim agus Fís agus an Scéim Cartlannaíochta. Is tríd an Roinn a bhíonn freagrach as cultúr a thugtar tacaíocht Stáit do léiriúchán

scannán, go traidisiúnta, agus í á riar ag Fís Éireann. Rannpháirtíocht an-teoranta atá ag an Stát le hearnáil an phreasa. Cuirtear roinnt maoiniú Stáit ar fáil trí Chiste Simon Cumbers do na Meáin, agus tugtar aitheantas do Chomhairle Preasa na hÉireann san Acht um Chlúmhilleadh 2009.

Déantar suirbhé gearr sa chaibidil seo ar phríomhghnéithe na tacaíochta poiblí agus eile atá ar fáil faoi láthair do na meáin in Éirinn agus cuirtear moltaí ón gCoimisiún i láthair, ina dtugtar aghaidh ar an ngá práinneach atá le nuáil a chur chun cinn i measc SÁSPanna agus chun a n-inbhuanaitheacht agus a n-athléimneacht a neartú, agus aird ar na dúshláin nach bhfacthas riamh cheana atá roimh an tionscal faoi láthair.

Sa chaibidil seo, míneofar moladh an Choimisiúin go nglacfaí cur chuige straitéiseach chun tacú le soláthar Ábhar Seirbhíse Poiblí (ÁSP) agus, ar bhealach níos ginearálta, chun uaillmhianta a bhrú chun cinn maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an earnáil léiriúcháin ábhair agus ar an ngeilleagar cruthaitheach. Cé gurb í an phríomh-sprioc don idirghabháil phoiblí a chinntiú go soláthrófar ÁSP a fhreastalóidh ar riachtanais agus ábhair imní lucht féachana agus éisteachta na hÉireann, is inmhianaithe freisin go mbainfí leas níos éifeachtaí as deiseanna i margaí idirnáisiúnta d’ábhar cruthaitheach Éireannach.

Le bunú na Roinne Turasóireacht, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin Rialtas reatha, cuirtear deiseanna láithreacha agus deiseanna níos fadtéarmaí ar fáil don Stát cur chuige níos iomlánaíche agus níos cuimsithí a ghlacadh agus é ag plé leis na meáin in Éirinn agus ag tacú leo.

Is deis eile é an moladh in OSMRB faoin ÚCÉ a athchóiriú agus Coimisiún nua na Meán a dhéanamh de chun an cur chuige straitéiseach ar earnáil na meán a fhorbairt a neartú. Molfaidh an Coimisiún um Thodhchaí na Meán go gceanglófar ar Choimisiún nua na Meán, agus go dtabharfar acmhainní dó, chun a inniúlachtaí a fhorbairt ó thaobh anailís a dhéanamh ar bheartas agus taighde straitéiseach a dhéanamh ar earnálacha, agus go ndéanfar é a chumhachtú chun na tacaíochtaí maoinithe do na meáin a comhtháthú níos mó sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Breithnítear sa chaibidil seo an tslí a bhféadfaí maoiniú poiblí a leathnú amach thar na paraiméadair reatha go dtí cineálacha eile Ábhar Seirbhíse Poiblí agus Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí (SÁSP) agus dírítear ar:

- Príomhrannchuidiú, lena n-áirítear tuairimí an phobail agus páirtithe leasmhara agus moltaí uathu maidir le foinsí maoinithe reatha agus malartacha;
- Bealaí maoinithe reatha le haghaidh ÁSP agus SÁSP a mhapáil;
- Dea-chleachtas AE agus idirnáisiúnta maidir le samhlacha maoinithe tacaíochtaí eile do na meáin; agus
- Ceisteanna leathana atá ábhartha do MSP agus do SÁSP, lena n-áirítear Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, Cur in aghaidh na Mífhaisnéise agus Tuiscint ar na Meáin a Chur Chun Cinn.

Ag deireadh na caibidle, leagtar amach moltaí an Choimisiúin maidir le tacaíochtaí le haghaidh ÁSP agus SÁSP. Tá roinnt de na moltaí sin beartaí a bheith ina dtacaíochtaí eatramhacha le haghaidh SÁSP, agus beidh gá le tuilleadh breithnithe agus taighde a dhéanamh ar chinn eile sula bhféadfar iad a chur i bhfeidhm.

## 6.2 Tuairimí Páirtithe Leasmhara

Trína chuid oibre comhairliúcháin agus rannpháirtíochta, d'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara agus ar an bpobal smaoineamh ar an tslí le ÁSP a mhaoiniú ar bhealach inbhuanaithe, lena n-áirítear smaoineamh ar bhealaí nua nó malartacha chun SÁSP a mhaoiniú. Trí phróiseas comhairliúcháin phoiblí[53], na sraithe Cainteanna Téamacha agus an suirbhé a bhain léi, fuair an Coimisiún raon leathan agus éagsúil tuairimí ar a bhfuil ag obair faoi láthair agus an méid nach mór a athrú, maidir leis na samhlacha maoinithe atá ann cheana féin. Fuarthas go leor moltaí freisin faoin gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar shamhlacha maoinithe nua nó malartacha le haghaidh ÁSP agus SÁSP, agus faoi na réimsí a bhféadfaidís tacaíocht a sholáthar dóibh.

Mhaígh go leor daoine go bhfuil todhchaí na meán traidisiúnta in Éirinn i mbaol, agus go bhfuil tacaíocht an phobail de dhíth ó na meáin nach bhfuil faoi úinéireacht phoiblí don ÁSP a sholáthraíonn siad, le go bhféadfaidh siad teacht slán agus leanúint de bheith ag obair ar bhealach inbhuanaithe amach anseo. Rinne raon leathan eagraíochtaí meán traidisiúnta an cás go raibh deis ag an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán an luach ó thaobh na seirbhíse poiblí de a chuireann a n-ábhar agus a n-ardán ar fáil a aithint agus a bhailíochtú, agus chun foirmeacha tacaíochta poiblí nua nó feabhsaithe a mholadh maidir leis an rannchuidiú seirbhíse poiblí tábhachtach seo.

### 6.2.1 Tuairimí maidir leis na meáin chraolta

D'iarr go leor páirtithe leasmhara na meán go dtabharfaí aitheantas don ÁSP a sholáthraíonn siad do phobail agus do limistéir ar fud na hÉireann, go háirithe don mhéid a sholáthair siad le linn phaindéim Covid-19. Tugadh roinnt samplaí in aighneacht Chraoltóirí Neamhspleácha na hÉireann (IBI) den tslí a soláthraíonn a chomhaltaí ÁSP luachmhar do lucht éisteachta raidió i rith na paindéime.

Tharraing daoine eile aird ar an gcostas ard a bhaineann le ÁSP ardcháilíochta a léiriú, go háirithe ábhar nuachta agus cúrsaí reatha. Thug IBI ar aird go mbaineann an sciar is airde den chaiteachas ag stáisiúin raidió le costas foirne chun ábhar nuachta agus cúrsaí reatha a léiriú, agus nárbh fhéidir laghduithe a sheachaint, sna himthosca eacnamaíochta reatha, le go dtiocfaidís slán.

Tarraingíodh aird, in aighneachtaí eile, ar an mbuntáiste iomaíoch míchuí, dar leo, a bhí ag MSP i gcomparáid le craoltóirí tráchtála, agus rinneadh an cás go ndéantar saobhadh ar an margadh leis an tsamhail mhaoinithe dhéach pobail/tráchtála atá ag MSP agus go n-imríonn sí tionchar ar inmharthanacht SÁSP.

Cuireadh imní in iúl i roinnt aighneachtaí go bhfuil an reachtaíocht craolacháin agus na forálacha a bhaineann le maoiniú as dáta. Iarradh athbhreithniú agus athchóiriú ar an Scéim Fuaim agus Fís i roinnt díobh. Mhol go leor páirtithe leasmhara gnéithe dearfacha na scéime, lena n-áirítear na babhtaí maoinithe speisialta ar cuireadh tús leo i rith na paindéime. Mar sin féin, bhí go leor daoine den tuairim go bhfuil athchóiriú radacach de dhíth ón scéim má tá sí chun freastal go leordhóthanach ar riachtanais SÁSP. Mar shampla, chuir IBI imní faoi leith in iúl maidir le cláir nuachta agus cúrsaí reatha agus cláir le caint bheo a eisiamh ón Scéim, mar gheall gur chion mhór den aschur clár ar an raidió tráchtála iad na cláir sin. Mhol IBI Ciste Ábhar Seirbhíse Poiblí a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an earnáil raidió neamhspleách agus chun na heasnaimh a mheastar atá sa Scéim Fuaim agus Fís a mhaolú.

Chuir ÚCÉ in iúl gur mheascán d'fhoinsí maoinithe díreacha agus indíreacha ab fhearr, bunaithe ar thuarascáil Olsberg-SPI/Nordicity 2017[54]. Chuir ÚCÉ imní in iúl freisin go bhféadfadh leathnú amach na scéime an méid maoinithe a bheadh ar fáil d'ábhar eile a laghdú, mar gheall go bhfaigheann an Ciste céatadán seasta den

[53] Tá tuilleadh eolais faoi aighneachtaí chuig an gcomhairliúchán poiblí agus físeáin den tsraith Cainteanna Téamacha le fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin, www.futureofmediacommission.ie

[54] Olsberg SPI, Nordicity (2017) Economic Analysis of the Audiovisual Sector in the Republic of Ireland

ioncam ó tháillí ceadúnais. Mhol sé maoiniú breise don nuacht agus do chúrsaí reatha, ar ardáin éagsúla, chomh maith le maoiniú chun aghaidh a thabhairt ar mhífhaisnéis. Sa chomhthéacs sin, thug sé ar aird go bhféadfadh an tobhach chun léiriú ábhair a mhaoiniú, de réir Airteagal 13(2) den TSMCA, a bheidh infheidhme chun cineálacha ábhair faoi leith a mhaoiniú, amhail cláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha. Mhol an ÚCÉ fiosrú a dhéanamh ar chomhoibriú agus ar chomhpháirtíochtaí mar fhoinsí maoinithe malartacha le haghaidh SÁSP

### 6.2.2 Tuairimí maidir le hábhar clóite agus nuachtáin (lena n-áirítear foilsitheoirí ar líne)

Chuir roinnt páirtithe leasmhara imní in iúl maidir le ceannas Ollchomhlachtaí Teicneolaíochta sa mhargadh fógraíochta digití (féach Caibidil 4 le haghaidh breis anailíse), agus maidir leis an drochthionchar airgeadais atá aige sin ar ioncam ó fhógraíocht. Cé go bhfuil roinnt samplaí den scoth ann den chlaochlú digiteach agus de shamhlacha gnó nuálacha a bheith á dtabhairt isteach ar fud thionscal na nuachtán, is é tuairim roinnt páirtithe leasmhara nach leor sin le go mbeidh an tionscal in ann teacht slán leis féin. Mar is amhlaidh i gcás an chraolacháin, tharraing roinnt páirtithe leasmhara aird ar an gcostas a bhaineann le ÁSP ardcháilíochta a léiriú, ábhar nach dtugann an toradh céanna ar infheistíocht is a fhaightear le hábhar eile.

Cé go ndearna roinnt páirtithe leasmhara athrá ar ábhair imní na hearnála craolacháin maidir leis an mbuntáiste iomaíoch atá ag MSPanna mar gheall ar an tsamhail mhaoinithe dhéach atá acu, tharraing cinn eile aird ar an easpa machaire réidh le craoltóirí tráchtála, i bhfianaise a n-incháilitheacht do mhaoiniú tríd an gCiste Craolacháin.

D'iarr roinnt páirtithe leasmhara i measc na meán clóite tacaíocht phoiblí d'fhoilsitheoirí le go gcuirfí ar a gcumas teacht slán. I measc na moltaí bhí tacaíocht dhíreach (e.g. fóirdheontais nó íocaíochtaí deontas) agus tacaíocht indíreach (e.g. faoiseamh cánach agus tacaíocht chun foilseacháin a scaipeadh). Mar sin féin, rinneadh aighneachtaí chuig an gCoimisiún inar cuireadh i gcoinne an smaoinimh maidir le tacaíocht dhíreach d'ábhar eagarthóireachta nó chun iriseoirí a fhostú, ar an mbonn go bhféadfadh sin neamhspleáchas eagarthóireachta a chur i mbaol, go príomha. Rinne Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí (CNI) an cás, áfach, go bhféadfaí baol den sórt sin a mhaolú trí struchtúir iomchuí agus trédhearcacha a fhorbairt, agus mhol siad go mbunófaí Fondúireacht Iriseoireachta na hÉireann, a mbeadh mar ról aici "infheistiú sna meáin agus iriseoireacht chun leasa an phobail a chur chun cinn".[55]

D'iarr roinnt páirtithe leasmhara tuilleadh laghdaithe ar an ráta CBL nó ráta nialasach le haghaidh foilseachán clóite agus digiteach mar thacaíocht do nuachtáin náisiúnta agus áitiúla, agus aird á tarraingt acu ar rátaí CBL nialasacha nó rátaí thar a bheith laghdaithe le haghaidh foilseachán clóite agus digiteach in go leor tíortha eile san Eoraip. Mheas NewsBrands Ireland, agus iad ag iarraidh ráta CBL nialasach, go bhféadfadh sin thart ar €18 milliún in aghaidh na bliana a ghnóthú d'fhoilsitheoirí, méid a mhol siad a d'fhéadfaí a infheistiú i nuáil, oiliúint agus oiriúnú gnó.[56] Mhol Independent News and Media (*INM/Mediahuis*) go bhféadfaí a cheangal ar fhoilsitheoirí critéir incháilitheachta áirithe a bhaint amach chun leas a bhaint as an díolúine CBL, amhail cuóta íosta ÁSP a léiriú agus a bheith ina gcomhaltaí de Chomhairle an Phreasa.

I measc na moltaí eile bhí scéim chreidmheasa cánach d'fhoilsitheoirí (INM/Mediahuis), sásra faoiseamh cánach neamhbhrabúis chun tacú le soláthar ÁSP agus chun fostaíocht a chosaint (Grúpa Ceardchumann RTÉ), agus tacaíocht chun nuachtáin chlóite a dháileadh (e.g. *NewsBrands Ireland*, *Irish Times*). Tharraing an Irish Times agus NewsBrands Ireland aird ar fhóirdheontais dháilte agus cúnamh deontais in go leor tíortha

[55] Aighneacht CNI chuig an gComhairliúchán Poiblí, lch.13.

[56] Aighneacht NewsBrands Ireland chuig an gComhairliúchán Poiblí, lch.16.

san AE agus rinne an  Irish Times an cás go gcabhródh fóirdheontais dháilte le nuachtáin a chur ar fáil don lucht léitheoireachta is leithne agus is féidir[57].

D'iarr roinnt páirtithe leasmhara go dtabharfaí cáin dhigiteach isteach, agus go ndéanfaí ioncam a imfhálú chun tacú le hiriseoireacht seirbhíse poiblí. Mar shampla, mhol NewsBrands Ireland agus Local Ireland go bhféadfadh cuid den ioncam tacú le tionscnaimh a dhíreodh ar iriseoirí, amhail cláir oiliúna agus forbartha. Thug *INM/Mediahuis* foláireamh faoi cháin dhigiteach a thabhairt isteach, áfach, agus dúirt nach dtabharfadh sí aghaidh ar an saobhadh bunúsach sa mhargadh fógraíochta[58], agus go bhféadfadh sí a bheith ina beart gearr-radharcach, i bhfianaise an ráta mear a bhíonn ar éabhlóidiú na teicneolaíochta. Mhol *INM/Mediahuis* go bhféadfadh an Coimisiún athbhreithniú iomlán ar an margadh fógraíochta digití a mholadh agus ar an saobhadh arb é ceannas na n-ardán teicneolaíochta is cúis leis. Mhol Mediahuis cur chuige níos comhoibríche idir MSP agus SÁSP chun éifeachtúlacht níos mó a bhaint amach i margadh na hÉireann.

D'iarr go leor páirtithe leasmhara bearta faoi leith chun tacú le nuachtáin áitiúla. In aighneacht *Local Ireland*, leagadh amach an cás eacnamaíoch do thacaíocht den sórt sin, agus luaigh "le deich mbliana anuas, dhún 16 nuachtán seachtainiúil a d'íoctaí astu ar fud na hÉireann, agus bhí níos mó caillteanas i measc nuachtán saor in aisce"[59] agus nach bhfuil ach 50% den líon ball foirne a bhí ag an ngnáth-nuachtán áitiúil sa bhliain 2000 fostaithe acu anois. Luaigh siad trí rud atá mar chúis leis an dúnadh sin, leis na laghduithe ar an líon ball foirne agus ar dhíolachán teideal áitiúla: an damáiste a chruthaigh an cúlú eacnamaíochta domhanda in 2008; an caiteachas ar fhógraíocht ag aistriú chuig na ollchuideachtaí teicneolaíochta; agus tionchar na paindéime COVID le déanaí, a bhí mar chúis le laghdú 22%, nó €6.38 milliún, ar fhógraíocht idir mí Aibreáin agus mí na Samhna 2020.

Chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, rinne *Local Ireland* athrá ar roinnt de na moltaí ar tugadh achoimre orthu thuas, lena n-áirítear:

- CBL a laghdú go dtí 5% ar dtús agus go dtí 0% ar deireadh;
- Cáin dhigiteach a thabhairt isteach;
- Muirear do na meáin a chur in áite na táille ceadúnais;
- Tuilleadh fógraíochta ón Rialtas;
- Athbhreithniú ar an reachtaíocht a bhaineann le cumais mheán san earnáil áitiúil;
- Athchóiriú ar na dlíthe reatha maidir le clúmhilleadh;
- Tacaíochtaí sonracha díreacha le haghaidh nuachtán áitiúil, amhail Ciste Iriseoireachta Pobail agus Ciste um Infheistiú agus Oiliúint Dhigiteach.[60]

Mhol an CNI bearta chun tacú le húinéireacht phobail ar nuachtáin, nó lena chur ar chumas eagraíochtaí meán iarratas a dhéanamh ar stádas carthanachta, agus luaigh go bhféadfadh sin a bheith áisiúil do thionscnaimh nuachta phobail nó chomhoibríocha.

Mhol *INM/Mediahuis* cúnamh deontais chun cabhrú le foilsitheoirí réigiúnacha "an próiseas um chlaochlú digiteach a bhrostú agus a optamú".[61]

---

[57] Aighneacht an Irish Times chuig an gComhairliúchán Poiblí, lch. 10.
[58] Aighneacht INM/Mediahuis chuig an gComhairliúchán Poiblí, lch. 8.
[59] Aighneacht Local Ireland chuig an gComhairliúchán Poiblí, lch. 2
[60] Ibid., lgh. 20-22.
[61] Aighneacht INM/Mediahuis chuig an gComhairliúchán Poiblí, lch. 8.

D'iarr foilsitheoirí iriseoirí bearta tacaíochta dírí chun tacú leis an tionscal irisí, agus tharraing aird ar shamplaí idirnáisiúnta amhail an *Canada Periodical Fund* mar fhasach eiseamláireach den tslí a bhféadfaí scéim mhaoinithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.

Tharraing go leor páirtithe leasmhara ó earnáil na meán clóite (e.g. *NewsBrands Ireland*, *Irish Times*, *INM/ Mediahuis*) aird ar thábhacht agus ar phoitéinseal na Treorach ón AE maidir le Cóipcheart, atá le trasuí isteach i ndlí na hÉireann in 2021.

Chuir cinn eile imní in iúl maidir leis an dlí um chlúmhilleadh, agus aird á tarraingt acu ar na srianta nach beag a chuireann sé ar an iriseoireacht. Rinneadh cás in aighneacht Chomhairle an Phreasa go gcaithfear aghaidh a thabhairt go práinneach ar shaincheist na gcostas dlí agus na ndámhachtainí a eascraíonn as imeachtaí clúmhillte, mar gheall go mbíonn éifeacht mhór díobhálach acu ar fhoilsitheoirí.[62] Cé gur thug roinnt páirtithe leasmhara ar aird go bhfuil clúmhilleadh taobh amuigh de théarmaí tagartha an Choimisiúin, d'iarr páirtithe leasmhara ar feadh na hearnála clóite go dtabharfaí athbhreithniú ar an Acht um Chlúmhilleadh 2009 chun críche mar bheart práinne.

### 6.2.3 Na Meáin Phobail

D'iarr páirtithe leasmhara breis tacaíochta poiblí do na meáin phobail. Mhol CRAOL agus CTP go mbunófaí Ciste Tacaíochta do na Meáin Phobail, lena dtairgfí tacaíocht mhaoinithe, oiliúint agus tacaíocht le léiriú ábhair. Mhol CRAOL agus CTP freisin go bhféadfaí teacht ar fhoinse eile maoinithe trí bhíthin tobhach ábhair ó sholáthraithe seirbhísí meán ar éileamh in Éirinn, faoi Threoir leasaithe an AE maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (TSMCA). Mhol CRAOL agus CTP go bhféadfaí cuid de na fáltais a bhfaighfí ón tobhach ábhair a úsáid chun tacú le Moil Mheáin Phobail.

## 6.3 Tacaíochtaí reatha le haghaidh Ábhar Seirbhíse Poiblí agus soláthar

Tugtar léiriú sa chuid seo ar chúrsaí maoinithe faoi láthair agus ar thacaíochtaí eile le haghaidh ÁSP agus SÁSP, agus tugtar forléargas táscach ar na príomhbhealaí maoinithe le haghaidh SÁSP.

### 6.3.1 Cistí Inchonspóide

Faoi láthair, is é an Ciste Craolacháin an phríomhfhoinse chistí inchonspóide do chraoltóirí tráchtála agus pobail agus do léiritheoirí, agus is uaidh a thugtar tacaíocht don Scéim Fuaim agus Fís agus don Scéim Cartlannaíochta.

Leis an Scéim Fuaim agus Fís, cuirtear maoiniú ar fáil chun cláir teilifíse agus raidió a léiriú. Glactar le hiarratais ó chraoltóirí teilifíse nó raidió agus ó léiritheoirí neamhspleácha. Eisiatar cláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha ón Scéim Fuaim agus Fís. Baineann critéir incháilitheachta leis an scéim, lena n-áirítear an ceanglas nach féidir cláir a mhaoiniú ach amháin sa chás gur chraoltóir incháilithe a chraolfaidh iad.

Faoin mbabhta reatha den scéim, Fuaim agus Fís 4, iarrtar iarratais faoi na téamaí i) Cultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann; ii) Litearthacht Daoine Fásta nó Tuiscint ar na Meáin; iii) Saincheisteanna domhanda; agus iv) an Ghaeilge.

[62] Aighneacht Ombudsman an Phreasa agus Chomhairle Preasa na hÉireann chuig an gComhairliúchán Poiblí, lch. 5.

Maidir le maoiniú a bronnadh faoin Scéim, in 2019 bronnadh €11.7 milliún ar 241 tionscadal. Bronnadh 89% (€10.4 milliún) de sin ar chláir theilifíse agus 11% (€1.3 milliún) ar chláir raidió. Bronnadh 27% (€3.1 milliún) den mhaoiniú ar thionscadail Ghaeilge nó dhátheangacha.[63]

I mí an Mheithimh 2020, leithdháileadh cistí breise €2.5 milliún ar earnáil an raidió tráchtála neamhspleách trí thionscnamh maoinithe speisialta Covid-19 faoi Scéim Fuaim agus Fís 4 an ÚCÉ, agus é mar aidhm leis tacú le feasacht agus le tuiscint an phobail maidir le Covid-19. Fógraíodh an dara babhta maoinithe speisialta i mí Aibreáin 2021, atá ceaptha tionscadail a mhaoiniú lena gcuimseofar raon leathan faisnéise agus ábhair oideachais faoi phaindéim Covid-19.

Tá maoiniú inchonspóide eile ar fáil faoi scéimeanna maoinithe éagsúla de chuid Fhís Éireann, a dhíríonn ar scannáin, cláir teilifíse, cláir faisnéise agus beochan a fhorbairt agus a léiriú[64].

Tá tacaíocht le haghaidh léiriú i nGaeilge i dTuaisceart Éireann ar fáil faoin gCiste Craoltóireachta Gaeilge (CCG). Mar chuid den chomhaontú New Decade, New Approach, tá gealltanas tugtha ag Rialtas na hÉireann tacaíocht bhreise a thabhairt don chraoltóireacht Ghaeilge i dTuaisceart Éireann ar feadh trí bliana, ó 2021-2023. In 2021, cuirfidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán €100,000 ar fáil do TG4 agus do RTÉ chun an chraoltóireacht Ghaeilge a chur chun cinn agus €1 milliún ar fáil do Northern Ireland Screen chun tacú le hábhar Gaeilge a léiriú.

## 6.3.2 Sásraí maoinithe eile

### Ciste Simon Cumbers do na Meáin

Tá Ciste Simon Cumbers do na Meáin, a bunaíodh in 2005 ag rannán Chúnamh Éireann de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha, oscailte d'iriseoirí agus do ghairmithe sna meáin. Is é cuspóir an chiste tacaíocht airgeadais a sholáthar d'iriseoirí lena chur ar a gcumas tuairisciú ar scéalta i dtíortha atá i mbéal forbartha a tharraingíonn aird ar an obair a dhéanann eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ar thionscadail arna maoiniú ag cáiníocóirí na hÉireann. Féadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh faoi dhó sa bhliain agus is €10,000 an méid uasta a bhronntar in aghaidh an tionscadail. Déantar soláthar do bhabhta bliantúil maoinithe do mhic léinn faoin gciste freisin.

### Ciste Dúshláin na Meán Éire Dhomhanda

I mí na Nollag 2020, thug an Rialtas cead Ciste Dúshláin na Meán Éire Dhomhanda a chruthú. Is éard atá sa chiste, a oibríonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha, €900,000 in aghaidh na bliana ar feadh tréimhse tosaigh phíolótach 2 bhliain, chun rannpháirtíocht na meán in imeachtaí móra geopholaitíochta agus chun tuiscint an phobail ar an ról athraitheach atá ag Éireann ar domhan a éascú. Is é cuspóir an tionscnaimh an tuiscint atá ag muintir na hÉireann ar shaincheisteanna domhanda suntasacha, chomh maith le ról na hÉireann sa domhan níos leithne, a dhoimhniú agus a leathnú.

## 6.3.3 An tAontas Eorpach agus maoiniú idirnáisiúnta

### Ciste AE don Iriseoireacht Iniúchta

Leis an gciste IJ4EU (Iriseoireacht Iniúchta don Eoraip), tugtar tacaíocht d'iriseoireacht iniúchta trasteorann san Aontas Eorpach. An cuspóir atá aige, comhoibriú i measc iriseoirí agus seomraí nuachta atá lonnaithe san AE a chothú agus a neartú trí mhaoiniú deontais, cóitseáil, oiliúint, tacaíocht ó shaineolaithe agus deiseanna líonraithe a sholáthar dóibh. Féachann sé le hiriseoireacht iniúchta ardcháilíochta a spreagadh freisin. Seoladh é den chéad uair sa bhliain 2018 agus dáilfear €1.1 milliún tríd an gciste in 2021.

[63] Tuarascáil Bhliantúil Údarás Craolacháin na hÉireann 2019, lgh. 22-23.

[64] Tá faisnéis níos mionsonraithe i gCaibidil 7 faoi mhaoiniú ó Fhís Éireann

Cuibhreannas a bhainistíonn IJ4EU, agus é comhdhéanta de *Institiúid Idirnáisiúnta* an Phreasa (líonra domhanda eagarthóirí, feidhmeannaigh meán agus iriseoireacht ceannaireachta atá tiomanta saoirse an phreasa a chur chun cinn) atá lonnaithe i Vín, an *Lárionad Eorpach na hIriseoireachta* (eagraíocht idirnáisiúnta neamhbhrabúis a bhfuil a ceanncheathrú san Ísiltír agus a dhíríonn ar athléimneacht a leabú san iriseoireacht) agus An *Lárionad Eorpach um Shaoirse an Phreasa* agus na Meán (a chuireann saoirse na meán chun cinn trí fhaireachán a dhéanamh ar sháruithe, tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil agus a bheith rannpháirteach le páirtithe leasmhara éagsúla ar fud na hEorpa) atá lonnaithe sa Ghearmáin.

**Eoraip na Cruthaitheachta**
Is éard atá in Eoraip na Cruthaitheachta, creatchlár an Choimisiúin Eorpaigh chun tacú leis an earnáil chultúir agus leis an earnáil chlosamhairc. Faoi Eoraip na Cruthaitheachta (2021-2027), tacófar le hearnálacha cruthaitheacha na hEorpa le buiséad €2.44 billiún. Leithdháilfear €300 milliún ar scéimeanna ar feadh na hearnálacha cultúir, closamhairc agus na meán nuachta in 2021.

Tá an clár roinnte ina thrí fhochlár: cultúr, na meáin agus trasearnála. An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr a bhainistíonn an clár. Féadfaidh eagraíochtaí cultúir agus cruthaitheacha as ballstáit an AE chomh maith le stáit áirithe nach ballstáit iad, faoi réir choinníollacha áirithe, iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú.

Leis an bhfochlár meán, Eoraip na Cruthaitheachta, tacaítear le tionscail scannán agus  closamhairc na hEorpa chun a gcuid oibre a fhorbairt, a dháileadh agus a chur chun cinn.  Tacaítear le tionscadail a bhfuil gné Eorpach ag baint leo faoin gclár agus cuirtear ar a gcumas margaí níos faide anonn na teorainneacha náisiúnta agus Eorpacha a lorg. Tá maoiniú ar fáil le haghaidh oiliúna, forbartha agus teicneolaíochtaí nua freisin.

Bronnadh os cionn €13 milliún ar chuideachtaí closamhairc Éireannacha faoin gclár Eoraip na Cruthaitheachta 2014-2020, agus bronnadh os cionn €5 milliún ar eagraíochtaí cultúir agus ealaíonta.

**Alt 481 - Creidmheas Cánach Corparáide**
Déantar foráil in alt 481 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú leis na hAchtanna Airgeadais 2018 agus 2020, d'fhaoiseamh cánach do léiritheoirí scannán. Tá tacaíocht mhór curtha ar fáil do thionscal scannán na hÉireann ó tugadh isteach é[65].

## 6.4 Rannchuidiú na n-ardán ar líne le maoiniú ábhar seirbhíse poiblí

### 6.4.1 Treoir ón AE maidir le Cóipcheart

Caibidlíodh agus comhaontaíodh Treoir (AE) 2019/790 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach ("an Treoir maidir le Cóipcheart") faoin Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach.

I measc chuspóirí na Treorach maidir le Cóipcheart tá:

- Comhchuibhiú an dlí maidir le cóipcheart a mhéadú ar feadh bhallstáit an AE;
- Níos mó rochtana trasteorann ar ábhar ar líne a éascú;

[65] Féach Caibidil 7 le haghaidh díospóireacht fhairsing faoi alt 481 a léamh.

- Deiseanna níos leithne a sholáthar chun ábhair faoi chóipcheart a úsáid in oideachas, taighde agus oidhreacht chultúir; agus
- Margadh cóipchirt a fheidhmeoidh níos fearr a chruthú.

Tá roinnt forálacha sa Treoir, a bhí le trasuí isteach i ndlí na hÉireann agus gach ballstáit AE faoin 7 Meitheamh 2021, chun Dlí an AE maidir le Cóipcheart a nuashonrú, rud a laghdóidh an difríocht idir chórais náisiúnta chóipchirt ar fud an AE. Ceann de phríomhchuspóirí na Treorach é aghaidh a thabhairt ar an "mbearna luacha" ina bhfaigheann sealbhóirí ceart leibhéal luach saothair atá íseal ar shlí dhíréireach i gcomparáid le leibhéal úsáide a saothair, a d'fhéadfadh a bheith ard, ar ardán ar líne de ghnáth. Díríonn na forálacha sa Treoir ar a chinntiú go ndéantar an luach a ghintear ag saothar faoi chóipcheart a úsáid ar líne a dháileadh ar bhealach níos cothroime. Is éard is aidhm leis an mbeartas go gcabhródh an t-ioncam breise a ghintear le tacaíocht a thabhairt do phreas saor agus iolraíoch.

Bunaítear ceart foilsitheora preasa le halt 15 den Treoir, lena dtugtar cead go héifeachtach d'fhoilsitheoirí agus d'údair saothar luach saothair a ghineadh trí chomhbhailitheoirí nuachta a údarú chun a saothair a úsáid ar líne (e.g. ardáin ar líne). Go hiondúil, bheadh an táille a bheadh le híoc ag ardán chun saothar foilsitheora preasa a úsáid ina cuid de chomhaontú ceadúnaithe idir an dá pháirtí. Nuair a thrasuífear alt 15, coiscfear ar ardáin ar líne úsáid a bhaint as saothar ar bith de chuid foilsitheoirí agus/ná údair, gan comhaontú a bheith ann leo. Cuirfear foinse ioncaim féideartha ar fáil d'fhoilsitheoirí preasa  leis sin, ach níl aon ráthaíocht ann go mbainfear úsáid as an ábhar a tháirgfidh na  foilsitheoirí ar fad ar ardáin ar líne, nó maidir leis an méid ioncaim a bhainfear amach.

An Fhrainc ceann de bhallstáit an AE a bhfuil éifeacht dlí tugtha aici d'Airteagal 15 sa tír. Ina chéad fhreagairt ar an gceanglas dlí nua, thug Google na Fraince scéim um cheadúnú saor ó ríchíosanna isteach, rud a thug deis dó leanúint d'úsáid a bhaint as foilsitheoirí preasa gan aon íocaíocht dá bharr. An rogha mhalartach a bhí ag na foilsitheoirí preasa ar cheadúnas saor ó ríchíosanna a chomhaontú le Google, go ndéanfaí iad a eisiamh ó thagairtí dóibh ar aon láithreáin nuachta de chuid Google, agus laghdú ionchasach dá bharr ar infheictheacht ar líne don fhoilsitheoir. Rinne na foilsitheoirí gearán le hÚdarás Iomaíochta na Fraince faoi mhí-úsáid a bhaint as an suíomh ceannasach a bhí acu, dar leo, agus seasadh leis an ngearán sin. I mí Dheireadh Fómhair 2020, mar athrú suntasach ar a bheartas, d'fhógair Google go raibh sé de rún aige infheistíocht tosaigh €1bn a dhéanamh thar thrí bliana i gcomhpháirtíochtaí a chothú le foilsitheoirí nuachta ar fud an domhain.  Thug sé comhaontuithe ceadúnais sa Fhrainc chun críche sna míonna ina dhiaidh sin lena soláthrófar íocaíochtaí €63 milliún, thar thrí bliana, le 121 fhoilsitheoir nuachta náisiúnta agus réigiúnach (meánmhéid beagnach €175,000 in aghaidh an fhoilsitheora in aghaidh na bliana. Cé gur chuir foilsitheoirí na Fraince fáilte roimhe sin, go ginearálta, tá roinnt eagla ann fós go bhféadfadh sé bheith deacair d'fhoilsitheoirí beaga leas comhréireach a bhaint as an scéim.

Tá an Coimisiún ag tnúth le cur i bhfeidhm na scéime in Éirinn agus tá súil aige go bhféadfaidh sé tosú ar an éagothroime idir fhoilsitheoirí nuachta traidisiúnta agus ardáin mhóra ar líne a chúiteamh. Tá an Coimisiún den tuairim gur cheart caibidlíocht faoin Treoir a dhéanamh ar bhealach cuiditheach agus gan mhoill. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na bhforálacha nua i ndiaidh tréimhse le go bhféadfar a n-éifeachtacht a dheimhniú. Tá mionsonraí i Moladh 6 9 faoi thuairimí an Choimisiúin ar an Treoir maidir le Cóipcheart.

### 6.4.2 Tionscnaimh Ollchuideachtaí Teicneolaíochta chun tacú leis na meáin

Tá tacaíochtaí maoinithe éagsúla curtha ar bun ag Google agus ag Facebook don tionscal nuachta agus foilsitheoireachta, lena n-áirítear *Google Digital News Innovation Fund*, *Google Journalism Emergency Relief Fund agus Facebook Journalism Project*. Sa tslí a bhfuil na scéimeanna maoinithe sin leagtha amach faoi láthair, is ag na cuideachtaí teicneolaíochta urraithe, a mbíonn leasanna dílsithe tráchtála acu i gcónaí, atá an chumhacht cinneadh a dhéanamh faoin méid le hath-infheistiú in éiceachóras na meán agus cé na cuideachtaí meán is ceart leas a bhaint as an maoiniú.

D'ainneoin sin, tá leas bainte ag roinnt eagraíochtaí meán Éireannacha as an maoiniú atá ar fáil le blianta beaga anuas.

#### Google News Initiative

Bunaíodh *Google News Initiative* in 2018. Ó seoladh é, tá páirt glactha ag 1,940 iriseoir agus mac léinn iriseoireachta in Éirinn i gceardlanna *Google News Lab*, tionscnamh saor in aisce ar aidhm leis scileanna digiteacha a neartú. Tá comhaltachtaí samhraidh íoctha i bpríomh-sheomraí nuachta na hÉireann do mhic léinn iriseoireachta urraithe ag Google News Initiative freisin.

#### Google Digital News Innovation Fund

Go dtí seo, tá tacaíocht tugtha ag *Digital News Innovation Fund* de chuid Google le 9 n-eagraíocht in Éirinn. Mar shampla, thug sé tacaíocht don *Irish Times* ábhar cúrsaí reatha a chruthú le haghaidh léitheoirí Éireannacha thar lear. Ina theannta sin, fuair *Journal Media* tacaíocht ó *Noteworthy*, tionscnamh slua-chistithe a chlúdaíonn scéalta chun leasa an phobail.

#### Google Journalism Emergency Relief Fund

Mar fhreagairt ar phaindéim Covid-19, sheol Google an ciste domhanda, *Journalism Emergency Relief Fund*, chun cabhrú le heagraíochtaí nuachta pobail áitiúla. Go dtí seo tá $40 milliún tugtha ag an gciste faoisimh le níos mó ná 5700 seomra nuachta i 115 thír, lena n-áirítear 36 sheomra nuachta in Éirinn. Mar shampla, d'úsáid *Journal.ie* na cistí chun cur in aghaidh mhífhaisnéis faoi Covid-19, agus d'úsáid *Western People* na cistí chun tionscnamh digiteach a fhorbairt dá phobal.

#### Facebook Journalism Project

Seoladh *Facebook Journalism Project* (FJP) in 2017. Is éard is aidhm leis an tionscadal tacú le hiriseoireacht ar fud an domhain trí oibriú i gcomhar le hiriseoirí agus le foilsitheoirí chun táirgí a fhorbairt lena dtabharfar an t-eolas agus na scileanna do dhaoine le bheith ina léitheoirí níos eolasaí sa ré dhigiteach. I mí Aibreáin 2020, d'oibrigh FJP i gcomhar leis an *Lárionad Eorpach na hIriseoireachta* chun an *European Journalism Covid-19* Support Fund ($3 milliún) a chruthú chun tacú le hiriseoirí agus le heagraíochtaí nuachta beaga agus meánmhéide i bpobail áitiúla ar fud na hEorpa. Fuair dhá eagraíocht meán Éireannach, *Bere Island Project* Group agus *Dublin Inquirer*, deontais faoin maoiniú sin.

## 6.5 Athbhreithniú ar Chleachtas Idirnáisiúnta

Tá córais de thacaíocht phoiblí le haghaidh na meán neamhspleách ar bun in go leor tíortha san AE agus go hidirnáisiúnta. San athbhreithniú seo, breathnaíodh ar shamplaí de thacaíocht phoiblí san AE agus go hidirnáisiúnta, agus díríodh go háirithe ar thacaíochtaí a ceapadh le haghaidh na meán nuachta agus iriseoireacht chun leasa an phobail. Ach athbhreithniú a dhéanamh orthu cuirtear léargas agus foghlaim ar fáil le bheith mar fhaisnéis ag moltaí an Choimisiúin faoi bhearta nua nó feabhsaithe maidir le tacaíocht phoiblí le haghaidh ÁSP agus SÁSP in Éirinn.

Tá córais seanbhunaithe de thacaíocht le haghaidh na meán nuachta neamhspleách agus tráchtála in go leor tíortha. Mar shampla, tá córais tacaíochta don phreas sa tSualainn, san Ostair agus sa Fhrainc le blianta fada anuas. Tá tacaíochtaí le haghaidh meán nuachta neamhspleácha tugtha isteach ag tíortha eile amhail Ceanada agus an Ríocht Aontaithe le blianta beaga anuas freisin.

Is féidir tacaíochtaí a rangú mar díreach nó indíreach, go ginearálta. Deontais nó íocaíochtaí díreacha a bhíonn i dtacaíochtaí díreacha, de ghnáth. Go stairiúil, díríodh na cineálacha tacaíochta sin ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla traidisiúnta foilsitheoirí nuachtán, amhail cóipeanna clóite a dháileadh. Tá tacaíocht chun cabhrú le heagraíochtaí meán aistriú chuig an modh digiteach ag teacht chun cinn in go leor tíortha, áfach, i bhfoirm cistí arna ndearadh chun nuáil agus claochlú digiteach a chothú. I roinnt tíortha, ciallaíonn sin go bhfuil tacaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí níos traidisiúnta á céimniú amach de réir a chéile, nó á hainmniú mar mhaoiniú idirthréimhseach. Tá idirghabhálacha díreacha spriocdhírithe tugtha isteach ag go leor tíortha freisin le haghaidh réimsí arna sainaithint mar na cinn a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu. Áirítear leis sin, mar shampla, tacaíochtaí sonracha le haghaidh na meán áitiúil nó réigiúnach, tuairisciú ar an daonlathas áitiúil agus foilseacháin i dteangacha mionlaigh. Áirítear le foirmeacha tacaíochta indíreacha raon dreasachtaí cánach dhifriúla lena n-áirítear rátaí Cánach Breisluacha (CBL) laghdaithe nó nialasacha, creidmheasa cánach éagsúla, cáin ioncaim nó bearta sochair shóisialta le haghaidh iriseoirí, nó ainmniú stádas carthanachta le haghaidh eagraíochtaí meán.

Tá éagsúlacht sa mhéid tacaíochta a chuirtear ar fáil i dtíortha éagsúla. Mar shampla, le *Public Interest Journalism Fund na* Nua-Shéalainne, soláthrófar maoiniú NZ$55 milliún (thart ar €33 milliún) thar thrí bliana.[66] San Iorua, b'ionann fóirdheontais a soláthraíodh do nuachtáin in 2020 agus NOK 427.3 milliún (€41 milliún).[67] Díol suntais eile, measadh i staidéar ar dhinimic in earnáil an phreasa a rinne *Plum Consulting* don Department for *Digital*, *Culture*, *Media & Sport* sa Ríocht Aontaithe go bhfuil an tacaíocht a chuirtear ar fáil san Astráil, san Ostair agus san Ísiltír "comhionann le níos lú ná 1% den ioncam ó nuachtáin i ngach tír".[68]

Fuarthas go bhfuil idirghabhálacha fóirdheontais preasa ar fud an AE ag comhlíonadh rialacha an AE um Státchabhair don mhargadh inmheánach. I bhformhór na gcásanna, díríonn cinntí an Choimisiúin Eorpaigh faoi Státchabhair ar a thábhachtach atá iolracht agus éagsúlacht faisnéise mar bhonn cirt lárnach, lena n-aimsítear cothromaíocht idir aon saobhadh ar iomaíocht nó sa mhargadh a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr na hidirghabhála.

Sa bhreis ar an bplé thuas faoi na gnéithe ginearálta a bhaineann le fóirdheontais preasa, pléitear roinnt coitiantachtaí cothrománacha a shainaithin an Coimisiún ó thaobh cuir chuige ar thacaíochtaí díreacha sa chéad chuid eile.

## 6.5.1 Athbhreithniú ar Thorthaí - Coitiantachtaí Cothrománacha

Coitiantacht a bhaineann le go leor idirghabhálacha díreacha is ea díriú ar thacaíocht a chur ar fáil do nuacht nó iriseoireacht a mbíonn chun leasa an phobail. Tugann go leor scéimeanna sainmhínithe sonracha ar a bhfuil i gceist le téarmaí den sórt sin nó le critéir tháscacha maidir leis an méid a mheastar a thagann faoi raon feidhme an mhaoinithe. Mar shampla, díríonn Public Interest Journalism Fund na Nua-Shéalainne ar thacaíocht a sholáthar d'iriseoireacht chun leasa an phobail atá luachmhar agus ábhartha do mhuintir na

[66] https://www.nzonair.govt.nz/funding/journalism-funding/

[67] Fóirdheontais dhíreacha Nordicom ón Rialtas chuig nuachtáin agus meáin nuachta i dtíortha Nordacha 2000-2019/2020, ar fáil le híoslódáil ag https://www.nordicom.gu.se/en/statistics-facts/media-statistics

[68] Taighde ar dhinimic earnáil an phreasa le déanaí sa Ríocht Aontaithe agus go hidirnáisiúnta, staidéar le Plum Consulting don Department for Digital, Culture, Media & Sport, lch. 54 https://assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/924325/Plum_DCMS_press_sector_dynamics_-_Final_Report_v4.pdf

Nua-Shéalainne, lena n-áirítear iriseoireacht Māori agus Iwi, agus a mbeadh baol ann nach dtáirgfí í gan idirghabháil. Tá liosta táscach i dtreoirlínte an chiste d'ábhar nach meastar de ghnáth gur chun leasa an phobail é, agus d'ábhar arb ionann é agus réimse iriseoireachta nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh air.[69] Mar shampla eile, sa Ríocht Aontaithe, díríodh ar thacaíocht do nuacht chun leasa an phobail leis an Future News Pilot Fund, a reáchtáladh in 2019 agus in 2020.[70] Ina theannta sin, tá "iriseoireacht saoránaigh" san áireamh sna critéir chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar an Australian Regional and Small Publishers Innovation Fund.

Pléadh an sainmhíniú ar iriseoireacht chun leasa an phobail in go leor athbhreithnithe ar thodhchaí na hiriseoireachta. Mar shampla, pléadh an difríocht idir iriseoireacht ardcháilíochta agus nuacht chun leasa an phobail sa Cairncross Review[71]. Fuarthas gur "choincheap shuibiachtúil" í an iriseoireacht ardcháilíochta nach dtugann údar d'idirghabháil phoiblí i gcónaí. Rinneadh an cás san athbhreithniú go bhfuil dhá chatagóir de leas an phobail riachtanach maidir le daonlathas sláintiúil: "...iriseoireacht iniúchta agus feachtasaíochta, go háirithe iniúchtaí ar mhí-úsáid cumhachta sa réimse poiblí agus sa réimse príobháideach", agus "...an tasc leadránach de thuairisciú ar ghníomhaíochtaí laethúla institiúidí poiblí, go háirithe iad sin ar an leibhéal áitiúil, amhail díospóireachtaí chomhairlí áitiúla nó imeachtaí i gCúirt Dúiche áitiúil".[72] Glacadh leis an sainmhíniú ar iriseoireacht chun leasa an phobail[73] atá i dTuarascáil Chríochnaitheach an Australian Competition and Consumer Commission (ACCC), Digital Platforms Inquiry chun críocha a thuarascála, agus aird á tabhairt ar an mbéim a chuir an Cairncross Review ar an iriseoireacht áitiúil: "Iriseoireacht a bhfuil mar chuspóir príomhúil aici saincheisteanna atá suntasach don phobal a thaifeadadh, a imscrúdú agus a mhíniú, le saoránaigh a spreagadh a bheith rannpháirteach i ndíospóireacht phoiblí agus le bheith mar bhonn eolais don chinnteoireacht dhaonlathach ar gach leibhéal den rialtas". Chabhraigh an sainmhíniú leis an ACCC moltaí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh is mó san iriseoireacht a dhéanann dochar don tsochaí.[74]

Tá tacaíochtaí sonracha le haghaidh na meán nuachta áitiúil tugtha isteach ag go leor tíortha, mar aitheantas ar na fadhbanna a bhaineann go sonrach le hinbhuanaitheacht a bhíonn ag an earnáil. Sa Ríocht Aontaithe, tarraingíodh aird sa Cairncross Review ar an ngá sonrach le hidirghabhálacha spriocdhírithe chun na bearnaí sa tuairisciú ar an daonlathas áitiúil a líonadh. Tugtar ar aird san Athbhreithniú, cé go bhféadfaidh fóirdheontais a dhíríonn ar nuáil cabhrú leis sin san fhadtéarma, go bhfuil gá le tacaíocht láithreach sa ghearrthéarma.[75] Léiríodh spéis faoi leith i dtacú le tionscadail nuachta áitiúla nó le ceantair gheografacha nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu ag an nuacht, faoin Future News Pilot Fund, a forbraíodh mar fhreagairt ar thorthaí an Cairncross Review. Ina theannta sin, cuireann an Local Democracy Reporting Service (LDRS), arna mhaoiniú ag an BBC, tuairisceoirí ar an daonlathas áitiúil ar fáil chun tuairisciú ar údaráis áitiúla agus ar sheirbhísí poiblí ar fud na Ríochta Aontaithe.[76] Tá na tuairisceoirí fostaithe ag eagraíochtaí nuachta áitiúla agus sanntar róil ar feadh na RA ag brath ar mhéid agus ar dhlús na limistéar údarás áitiúil.[77]

---

[69] NZ On Air, Investigative Journalism Fund: General Guidelines, Aibreán 2021, lch. 4

[70] https://www.nesta.org.uk/project/future-news-fund/faqs/

[71] Government of the United Kingdom, The Cairncross Review: A Sustainable Future for Journalism, Department for Digital, Culture, Media & Sport, 12 February 2019

[72] Government of the United Kingdom, The Cairncross Review: A Sustainable Future for Journalism, Department for Digital, Culture, Media & Sport, 12 February 2019, p. 17.

[73] Tharraing an ACCC ar shainmhíniú a ghlac an Investigative Journalism Initiative, a úsáideann leagan éagsúil den sainmhíniú ar iriseoireacht shaoránaigh atá ag The Regional and Small Publishers Innovation Fund

[74] Australian Competition and Consumer Commission (2019) Digital Platforms Inquiry – Tuarascáil Chríochnaitheach, lgh.284-286

[75] Government of the United Kingdom, The Cairncross Review: A Sustainable Future for Journalism, Department for Digital, Culture, Media & Sport, 12 Feabhra 2019, lch. 84.

[76] https://www.bbc.com/lnp/ldrs

[77] A Review of the BBC Local News Partnership, p. 7 http://downloads.bbc.co.uk/aboutthebbc/reports/reports/lnp-review-2020.pdf

San Astráil, bunaithe ar thoradh go bhfuil iriseoireacht áitiúil agus réigiúnach chun leasa an phobail i mbaol tearcsholáthair, mhol Digital Platforms Inquiry ACCC clár deontas spriocdhírithe[78] dar luach AU$ 50 milliún in aghaidh na bliana, chun tacú leis an soláthar iriseoireachta áitiúla agus réigiúnaí.[79]

I gCeanada, bunaíodh an Local Journalism Initiative[80] in 2018 chun maoiniú (Can$50 milliún thar chúig bliana) a chur ar fáil d'eagraíochtaí meán chun iriseoirí a fhostú nó a íoc as iriseoireacht saoránaigh a dhéanamh in áiteanna nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh uirthi. Ábhar foinse oscailte an t-ábhar a chruthaítear agus tá sé ar fáil d'eagraíochtaí meán áitiúla faoi chomhcheadúnas cruthaitheach.

Tá tacaíochtaí tugtha isteach i roinnt tíortha atá dírithe ar nuáil agus ar chlaochlú digiteach. Baineann an cineál sin tacaíochta le dhá phríomhchatagóir: tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus le tionscadail a úsáideann cineálacha teicneolaíochta atá nua agus nuálach, nó chun cabhrú le meáin nuachta oidhreachta aistriú ina meáin dhigiteacha. Cuirtear cúnamh nuála ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta iriseoireachta sa Danmhairg, mar shampla, nó chun meáin atá ann cheana féin a fhorbairt, nó chun taighde nuáil-bhunaithe a dhéanamh. Luann an Lárionad Eorpach um Shaoirse an Phreasa agus na Meán Zetland, láithreán gréasáin digiteach síntiúis-bhunaithe sa Danmhairg, mar shampla rathúil den iriseoireacht nuálach atá ann mar thoradh ar an scéim chúnaimh sa Danmhairg.[81] San Ísiltír, tá an Dutch Journalism Fund dírithe ar thacú le nuáil san iriseoireacht trí bhíthin scéimeanna éagsúla. Mar shampla, faoin scéim Accelerator, cuirtear tacaíocht airgeadais agus cóitseála ar fáil do thionscadail mheán nuálacha.[82] Sa Fhrainc, cuireann an Strategic Press Development Fund deontais agus iasachtaí inaisíoctha ar fáil do thionscadail nuála. Sa Ríocht Aontaithe, cuireadh maoiniú ar fáil faoin Future News Pilot Fund, a reáchtáladh in 2019 agus 2020, le haghaidh réitigh nuálacha do nuacht chun leasa an phobail.

San athbhreithniú ar chleachtas idirnáisiúnta, breathnaíodh ar na critéir incháilitheachta le haghaidh scéimeanna tacaíochta freisin. Sa Danmhairg, faigheann asraonta meán príobháideacha tacaíocht ón Stát bunaithe ar chritéir áirithe, lena n-áirítear an líon iriseoirí atá fostaithe, éagsúlacht an lucht léitheoireachta agus ábhar daonlathach[83]. Ní mór d'iarratasóirí ar Public Interest Journalism Fund na Nua-Shéalainne, a tugadh isteach in 2021, "tiomantas léirithe d'iriseoireacht chun leasa an phobail" a léiriú. Ní mór d'iarratasóirí a bheith faoi réir ag "córas caighdeán ábhartha" sa Nua-Shéalainn freisin, amhail Comhairle na Meán nó an tÚdarás um Chaighdeáin Chraolacháin.

De ghnáth, díríonn tacaíochtaí le haghaidh na meán nuachta ar oibritheoirí nuachtán agus clóite, go háirithe i dtíortha ina bhfuil tacaíochtaí don phreas níos seanbhunaithe. Mar sin féin, tá treocht ann le blianta beaga anuas i dtreo cur chuige neodrach ó thaobh ardáin a ghlacadh maidir le tacaíochtaí le haghaidh na meán. Díol suntais é go bhfuair Digital Platform Inquiry de chuid Australian Competition and Consumer Commission (ACCC), ina mholadh maidir le deontais don iriseoireacht áitiúil, gur cheart cur chuige neodrach ó thaobh ardáin a ghlacadh, agus go mbeadh soláthraithe meán clóite, craolacháin agus ar líne incháilithe. Sa Danmhairg, rinneadh athrú in 2013, chun tacaíocht a dhíriú ar chruthú ábhair seachas ar dháileadh, agus chun tacaíocht a chur ar fáil do na meáin scríofa, "beag beann ar cibé an bhfuil na meáin sin clóite nó bunaithe ar an idirlíon".[86]

---

78 Mhol an ACCC é sin in áit an Regional and Small Publishers Jobs and Innovation Package

79 Australian Competition and Consumer Commission (2019) Digital Platforms Inquiry – Tuarascáil Chríochnaitheach, lch.334

80 https://www.canada.ca/en/canadian-heritage/services/funding/local-journalism-initiative.html

81 An Lárionad Eorpach um Shaoirse an Phreasa agus na Meán (2020). Media Freedom Made in Scandinavia, 6 Examples of Best Practices

82 SVDJ Accelerator https://www.svdj.nl/regeling/innovatieregeling/

83 Reuters Digital News Report 2018 an Danmhairg https://www.digitalnewsreport.org/survey/2018/denmark-2018/

84 NZ On Air, Public Interest Journalism Fund: General Guidelines, Aibreán 2021, lch. 4

85 Australian Competition and Consumer Commission (2019) Digital Platforms Inquiry - Final Report, p.334.

86 https://europa.eu/rapid/press-release_IP-13-1121_en.htm

## 6.5.2 Tacaíochtaí Díreacha – Neamhspleáchas Eagarthóireachta a Chinntiú

Saincheisteanna ríthábhachtacha iad neamhspleáchas eagarthóireachta a chinntiú agus cosaint in aghaidh chur isteach polaitiúil, ó thaobh tacaíocht dhíreach le haghaidh na meán tráchtála agus neamhspleácha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Breathnaíodh ar struchtúr riaracháin idirghabhálacha idirnáisiúnta éagsúla san athbhreithniú sin ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, le súil agus tuiscint a fháil ar an tslí a dtugtar ráthaíocht agus cosaint don neamhspleáchas eagarthóireachta.

Mar shampla, sa tSualainn, is é an Media Subsidies Council, atá mar chuid den Swedish Press and Broadcasting Authority é, a bhronnann fóirdheontais. Sa Danmhairg, is Media Board neamhspleách a bhronnann fóirdheontais. Fuarthas i dtuarascáil a choimisiúnaigh an Australian Competition and Consumer Commission (ACCC) faoi chuir chuige idirnáisiúnta ar mhaoiniú poiblí don iriseoireacht, go bhféadfadh gur chabhraigh an úsáid a mbaintear as comhlachtaí poiblí neamhspleácha chun deontais a leithdháileadh sa Danmhairg agus sa tSualainn leis an tuairim gurbh ann do chur isteach polaitiúil ar na meáin a sheachaint.[87] Ina theannta sin, fuair an ECPMF go gcabhraítear le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách agus le neamhspleáchas eagarthóireachta a chinntiú i gcás go bhfuil tacaíocht dhíreach á fáil, trí chomhdhearcadh na sochaí “gur cheart go n-oibreodh sé mar sin” sa Danmhairg agus sa tSualainn.[88]

I gCeanada, d’fhonn neamhspleáchas ón rialtas a chinntiú, tá an Local Journalism Initiative á riar ag seacht n-eagraíocht neamhbhrabúis a dhéanann ionadaíocht ar chodanna éagsúla de thionscal na meán nuachta. Déanann painéal neamhspleách saineolaithe ar na meáin nuachta athbhreithniú ar iarratais. Ar shamplaí eile de chuir chuige chomhpháirtíochta tá comhpháirtíocht Rialtas na Ríochta Aontaithe le NESTA (carthanas nuála) chun an Future News Pilot Fund a sholáthar.[89]

Luaitear an raon feidhme méadaithe a d’fhéadfadh a bheith ag tionscnaimh mhaoinithe ar leibhéal an AE maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta, go háirithe i gcás maoiniú a dhíríonn ar iriseoireacht iniúchta. Mar shampla, sampla de mhaoiniú ar leibhéal an AE é an IJ4EU lena dtugtar tacaíocht d’iriseoireacht iniúchta thrasteorann san AE. Tugtar tacaíocht dó trí mheascán de mhaoiniú poiblí agus príobháideach, lena n-áirítear maoiniú ón gCoimisiún Eorpach. Cuibhreannas de thrí eagraíocht a bhainistíonn an clár deontas; Institiúid Idirnáisiúnta an Phreasa (IPI), Lárionad Eorpach na hIriseoireachta (EJC), agus an Lárionad Eorpach um Shaoirse an Phreasa agus na Meán (ECPMF).[90]

## 6.5.3 Tacaíochtaí Indíreacha

Breathnaíodh ar chuir chuige ar thacaíochtaí indíreacha cánach le haghaidh nuachtán agus iriseoireachta i roinnt tíortha, lena n-áirítear Ceanada, an Ríocht Aontaithe, tíortha Nordacha agus i roinnt ballstát den AE.

Is foirm choitianta de thacaíocht phoiblí i bhformhór na mballstát den AE, Éire ina measc, iad rátaí laghdaithe nó nialasacha CBL do nuachtáin chlóite agus d’fhoilseacháin dhigiteacha. In 2018, chomhaontaigh an tAontas Eorpach cead a thabhairt do bhallstáit rátaí laghdaithe (ar a laghad 5%), rátaí (níos lú ná 5%) nó rátaí nialasacha CBL a chur i bhfeidhm ar fhoilseacháin leictreonacha, agus deis a thabhairt do rátaí cánach a ailíniú idir foilseacháin chlóite agus dhigiteacha. Mar sin féin, ní fhéadfaidh ballstát rátaí thar a bheith laghdaithe nó rátaí nialasacha a chur i bhfeidhm ach amháin sa chás go bhfuil siad curtha i bhfeidhm ar fhoilseacháin chlóite cheana féin.[91]

[87] Foster, R. agus Bunting, R. Public funding of high-quality journalism. Tuarascáil don ACCC, Tuarascáil Chríochnaitheach 10/04/2019. Lch. 15

[88] An Lárionad Eorpach um Shaoirse an Phreasa agus na Meán (2020). Media Freedom Made in Scandinavia, 6 Examples of Best Practices lch. 10

[89] https://www.nesta.org.uk/project/future-news-fund/faqs/

[90] https://www.investigativejournalismforeu.net/faq/

[91] https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2018/10/02/electronic-publications-council-agrees-to-allow-reduced-vat-rates/

Díol suntais é gur iarradh bearta um fhaoiseamh cánach sa Cairncross Review mar chuid dá mholtaí. Áiríodh orthu sin díolúine CBL le haghaidh foilseachán digiteach chun daoine a spreagadh íoc as nuacht ar líne, agus nuáil in ioncam síntiúis-bhunaithe a spreagadh.[92] Iarradh fiosrú ar fhaoiseamh cánach carthanachta sa Cairncross Review freisin chun tacú le hiriseoireacht chun leasa an phobail. Luadh an ról atá ag bronntanais daonchairdiúla in ioncam na n-eagraíochtaí nuachta neamhbhrabúis sna Stáit Aontaithe mar shampla. Tugadh aitheantas san athbhreithniú, áfach, ar na deacrachtaí a bhaineann le beart um fhaoiseamh cánach carthanachta a dhearadh do nuachtáin, agus moladh go ndéanfaí fiosrú ar fhoirm éigin den fhaoiseamh cánach don earnáil chruthaitheach a thabhairt isteach mura bhféadfaí an ceann a carthanachta a chur i gcrích.

Tugadh ar aird i dtuarascáil a choimisiúnaigh an ACCC mar chuid dá Digital Platform Inquiry go mbíonn faoiseamh CBL costasach do rialtais uaireanta agus luadh go gcáintear é mar "mhodh garbh tacaíochta", mar gheall go mbíonn sé doiléir uaireanta cá mhéad tairbhe a fhaigheann nuachtáin uaidh, agus mar gheall nach bhfuil sé nasctha le cineálacha sonracha ábhair. Maidir le scéimeanna creidmheasa cánach do shíntiúis nuachtán, ceistítear éifeachtacht bhearta den sórt sin sa tuarascáil, agus luaitear gur seans nach é praghas an ghné is tábhachtaí agus tomhaltóir ag déanamh cinnidh faoi cibé an gceannóidh nó nach gceannóidh sé síntiús – is iomaí duine atá sásta le nuacht saor in aisce.[93]

I gCeanada, d'fhógair an rialtas roinnt beart nua maidir le cáin ioncaim in 2019 atá chun leasa foilsitheoirí agus iriseoirí nuachta.[94] Is iad sin:

- **Stádas mar Dheontaí Cáilithe d'Eagraíochtaí Iriseoireachta** - Faoin mbeart seo, ceadaítear d'eagraíochtaí iriseoireachta iarratas a dhéanamh ar iad a chlárú mar dheontaí cáilithe, rud a chiallaíonn go bhfuil díolúine ó cháin acu, go bhféadfaidh siad admhálacha oifigiúla ar bhronntanais a eisiúint agus go bhféadfaidh siad bronntanais charthanachta a fháil.
- **Creidmheas Cánach do Shaothar Inaisíoctha** - Féadfaidh eagraíochtaí iriseoireachta incháilithe creidmheas cánach a éileamh ar chostais thuarastail agus phá d'fhostaithe seomra nuachta.
- **Creidmheas Cánach do shíntiús nuachta digití** - Féadfaidh daoine aonair creidmheas cánach a éileamh maidir le costas síntiús nuachta digití.

Bhunaigh rialtas Cheanada Journalism and Written Media Independent Panel of Experts (Painéal Saineolaithe Neamhspleácha um Iriseoireacht agus na Meáin Scríofa) chun cabhrú le cur i bhfeidhm na mbeart.[95]

I measc cineálacha indíreacha eile de thacaíocht tá tacaíocht dlí le haghaidh foirmeacha malartacha d'úinéireacht meán. Gné choitianta i dtíortha Lochlannacha is ea úinéireacht fhondúireacht-bhunaithe nuachtán, inarb iad fondúireachtaí a reáchtálann asraonta meán tráchtála.[96] Tá roinnt buntáistí ag an gcineál sin úinéireachta. Fuarthas i staidéar a rinneadh ar úinéireacht fhondúireacht-bhunaithe nuachtán sa tSualainn go bhféadfaidh sí cobhsaíocht a chur ar fáil, chomh maith leis an gcumas díriú ar iriseoireacht ardcháilíochta, seachas brabúsacht. Míbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis, áfach, is ea teorainneacha ar fhás airgeadais.

[92] Government of the United Kingdom, The Cairncross Review: A Sustainable Future for Journalism, Department for Digital, Culture, Media & Sport, 12 February 2019, p.99.

[93] Foster, R. agus Bunting, R. Public funding of high-quality journalism A report for the ACCC, Tuarascáil Chríochnaitheach 10/04/2019. Lch. 10

[94] https://budget.gc.ca/2019/docs/plan/budget-2019-en.pdf

[95] https://www.canada.ca/en/canadian-heritage/corporate/transparency/open-government/report-journalism-written-media.html

[96] An Lárionad Eorpach um Shaoirse an Phreasa agus na Meán (2020). Media Freedom Made in Scandinavia, 6 Examples of Best Practices

## 6.6 Cur in Aghaidh na Mífhaisnéise agus Tuiscint ar na Meáin a Chur Chun Cinn

Is ceann de na cosaintí is láidre in aghaidh na mífhaisnéise é earnáil láidir meán neamhspleách a bheith ann, lena gcuirtear iriseoireacht ardcháilíochta ar fáil. Is cosaint eile é daonra oilte atá liteartha sna meáin.

Cabhraíonn tuiscint ar na meáin le daoine ábhar agus seirbhísí na meán digiteach agus na meán eile a thuiscint agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh orthu, d'fhonn roghanna eolasacha a dhéanamh agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na meáin. Cabhraíonn sé le daoine rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar ábhar na meán digiteach agus chraolta ar bhealach slán sábháilte, agus chun deiseanna a uasmhéadú agus rioscaí a íoslaghdú. Tá seirbhísí seiceála fíricí, mar a dhéanann TheJournal.ie, ag éirí níos tábhachtaí ó thaobh chur in aghaidh na mífhaisnéise.

I gCaibidil 2, luadh samplaí den obair atá ar bun ag eagraíochtaí éagsúla chun tuiscint ar na meáin a chur chun cinn. Áirítear leo sin:

- Obair ÚCÉ chun forbairt agus comhordú an líonraithe Thuiscint ar na Meáin, Éire atá comhdhéanta de pháirtithe leasmhara a oibríonn go deonach chun tuiscint ar na meáin a chothú.
- An oiliúint a chuireann Na Meáin Phobail ar fáil trí bhíthin cúrsa oiliúna in Anailís ar na Meáin ar leibhéal 5 CCÉ, i gcomhar le hinstitiúid oideachais áitiúil.
- Webwise, an Lárionad Éireannach um Fheasacht Sábháilteacht Idirlín, arna chómhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag Saoráid an AE um Chónascadh na hEorpa. Tá Webwise ina chuid de Theicneolaíocht san Oideachas PDST (an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí), lena ndéantar lánpháirtiú na teicneolaíochta digití i dteagasc agus foghlaim i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal a chur chun cinn, agus lena dtacaítear leis. Cuireann sé acmhainní faoi shábháilteacht ar an idirlíon ar fáil freisin.
- MediaWise, acmhainn saor in aisce um thuiscint ar na meáin le húsáid i ranganna bunscoile ar fud na hÉireann. Bunaithe ar chreat croí-inniúlachta ÚCÉ maidir le tuiscint ar na meáin, tá mar aidhm leis an acmhainn seo cabhrú le leanaí ábhar agus seirbhísí na meán digiteach, craolta agus eile a thuiscint agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh orthu d'fhonn roghanna eolasacha a dhéanamh.
- Press Pass, clár meánscoile saor in aisce do dhaltaí a sheol NewsBrands Ireland in 2012. Forbraíodh an tionscnamh seo i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus tá sé lánmhaoinithe ag foilsitheoirí nuachta. Tá beagnach 90,000 dalta in Éirinn aimsithe aige go dtí seo.

Tá seiceáil fíricí tábhachtach freisin chun cur in aghaidh na mífhaisnéise, mar a léirítear sa phróifíl i gCaibidil 2 ar FactCheck, tionscnamh le TheJournal.ie chun iniúchadh a dhéanamh ar éilimh fhíorasacha a dhéanann pearsana poiblí nó eintitis phoiblí faoi cheisteanna tráthúla a bhíonn sa nuacht, agus chun a gcruinneas a fhíorú.

Cuireadh acmhainn thar a bheith tábhachtach leis an réimse sin nuair a bunaíodh MoI na hÉireann d'Fhaireachlann Meán Digiteach na hEorpa. Bunaíodh é trí chomhpháirtíocht idir FuJo COBÁC, TheJournal.ie, NewsWhip, agus University of Sheffield, agus tá sé ceaptha tacú le comhoibriú thar earnálacha agus teorainneacha idir taighdeoirí acadúla, údaráis phoiblí agus páirtithe leasmhara eile. Is tábhachtach é sin i gcomhthéacs na bhforbairtí níos leithne san AE atá ar bun maidir le timpeallacht na meán, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta AE maidir leis an Daonlathas, Plean Gníomhaíochta Closamhairc agus Cód Cleachtais athchóirithe AE maidir le Mífhaisnéis.

Ach mol tiomnaithe a bheith in Éirinn a bhfuil tacaíocht faighte aige cheana féin ó phríomhpháirtithe leasmhara, cuirfear béim ar ghníomhaíocht sna réimsí sin agus tacófar léi.

Tá mar aidhm aige:

- Soláthar leanúnach de nochtadh poiblí agus seiceáil fíricí maidir le feachtais dhíobhálacha mhífhaisnéise a chur ar fáil;
- Sonraí agus anailís a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara sna hearnálacha beartais, taighde agus na sochaí sibhialta;
- Uirlisí saincheaptha agus acmhainní dea-chleachtais a chur ar fáil d'iriseoirí a thuairiscíonn mífhaisnéis agus do ghrúpaí a chuireann in aghaidh fheachtais dhíobhálacha;
- Faireachán a dhéanamh ar an éiceachóras digiteach agus, i gcomhar le rialtóir na meán, ar chomhlíonadh ardáin dhigiteacha le Cóid Chleachtais chomhaontaithe;
- Measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht airgeadais na meán nuachta in Éirinn agus ar bhagairtí a thagann chun cinn; agus
- Measúnú a dhéanamh ar riachtanais maidir le tuiscint ar na meáin agus feachtais agus acmhainní a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais sin.

Cabhróidh comhordú níos mó ar ghníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta leis an obair atá á brú chun cinn ar leibhéal an AE, lena n-áirítear an Cód Cleachtais maidir le Mífhaisnéis a threisiú, mar a fógraíodh i bPlean Gníomhaíochta AE maidir leis an Daonlathas (EDAP). Le moladh an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha (DSA), bunaítear cúlstop comhrialála do na bearta a chuirfear san áireamh sa Chód athbhreithnithe agus treisithe. Tá tuilleadh plé air sin i gCaibidil 8 agus leagtar amach moltaí an Choimisiúin maidir le mífhaisnéis.

## 6.7 Conclúidí agus Moltaí

Tháinig an Coimisiún ar roinnt tátal maidir le hÁbhar Seirbhíse Poiblí (ÁSP) a mhaoiniú, bunaithe ar a chuid oibre agus taighde comhairliúcháin. Ar dtús, aithníonn an Coimisiún go mbaineann cruthú ÁSP le i bhfad níos mó ná an méid a thairgeann na Meáin Cumarsáide Seirbhíse Poiblí (MSP) agus go gcruthaíonn Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí (SÁSP) i ngach earnáil meán in Éirinn ÁSP lena mbaineann luach soiléir agus follasach don phobal agus don tsochaí.

Tá luach ag baint le hiolracht SÁSP. Déanann an iolracht sin soláthar ní hamháin d'éagsúlacht tuairimí agus cruthaitheachta, ach féadfaidh sí timpeallacht iomaíoch agus nuálach a chothú freisin. Creideann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt láidir ann le haghaidh cineálacha nua agus feabhsaithe de thacaíocht phoiblí do SÁSP, lena chinntiú go bhféadfaidh siad leanúint de ÁSP a tháirgeadh amach anseo. Mar sin féin, is léir don Choimisiún nár cheart d'idirghabháil a bheith ag plé le bonn a chur faoi shamhlacha gnó nach bhfuil ag obair níos mó, agus leis sin amháin. Baineann an tacaíocht a shamhlaíonn an Coimisiún le tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do SÁSP i gcomhthéacs na ndúshlán a thagann chun cinn mar thoradh ar an timpeallacht atá ag athrú go tapa agus iompraíocht ídithe an lucht féachana agus éisteachta atá ag athrú go tapa chomh maith. Ní mór d'eagraíochtaí meán dul in oiriúint don timpeallacht nua sin, ar ní ar chostas an ÁSP a tháirgeann siad. Aithníonn an Coimisiún freisin go bhfuil níos mó tionchair ag na hathruithe sin ar eagraíochtaí meán áirithe, go háirithe na meáin áitiúla, ná mar atá ar chinn eile, agus go bhfuil baol níos mó ann go ndéanfar tearcsholáthar ar an ÁSP a tháirgeann siad, nó nach dtáirgfear é ar chor ar bith.

D'fhonn iolracht i soláthar meán in Éirinn a chothabháil, tá tacaíocht de dhíth lena ndíreofar ar ÁSP agus ar SÁSP. I bhfianaise nádúr síorathraitheach ilardáin na timpeallachta atá ann chun meáin a dháileadh, ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fail ar bhonn neodrach ó thaobh ardáin de. Tá roinnt moltaí forbartha ag an gCoimisiún chun tacú le ÁSP agus le SÁSP, agus luaitear thíos iad. Moltar tacaíochtaí spriocdhírithe chun tacú le ÁSP agus le SÁSP don ghearrthéarma, agus athruithe straitéiseacha don fhadtéarma. Rannpháirtíocht fhairsing agus comhairliúchán fairsing atá déanta ag an gcoimisiún le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal atá mar bhonn eolais do na réimsí sonracha le díriú orthu. Sraith prionsabal tábhachtach atá mar bhonn eolais do leagan amach foriomlán agus d'aidhmeanna straitéiseacha na moltaí:

- Uilíocht
- Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú
- Neamhspleáchas
- Iolracht
- Ardcháilíocht
- Comhoibriú
- Claochlú Digiteach
- Neodracht ó thaobh Ardáin de
- Inchonspóideacht
- Rannpháirtíocht Ógra

Dá mbeadh Ciste Meán seasta ann arna dtiomáint ag na prionsabail sin, thabharfaí deis don údarás maoinithe neamhspleách - ÚCÉ/Coimisiún na Meán – scéimeanna éagsúla a fheidhmiú sa bhreis ar an Scéim Fuaim agus Fís, agus Scéimeanna Cartlannaíochta lena ndíreofaí ar ábhar faoi leith, amhail cultúr nó nuacht, nó chun aghaidh a thabhairt ar réimsí le riachtanais áirithe, ar leibhéal pobail nó áitiúil, mar shampla. Dhéanfadh sé soláthar faoi leith don nuáil. Féadfaidh an t-údarás maoinithe féachaint le nuáil a mhaoiniú, le modhanna teicneolaíochta nó léiriúcháin nuálacha, cruthaitheacht chultúir nuálach, nó cur chuige nuálach ar an iriseoireacht, nó cur chuige nuálach ar oiliúint agus ar fhorbairt gairme lena n-éascófaí breis éagsúlachta. Is féidir scéimeanna maoinithe a leagan amach chun leas a bhaint as na sineirgí a eascraíonn as comhoibriú.

Tá neamhspleáchas polaitiúil an údaráis maoinithe agus a ról á fheidhmiú aige thar a bheith tábhachtach. Ba cheart foráil a dhéanamh sa dlí mar bhonn don neamhspleáchas sin (féach Caibidil 8 chun tuilleadh plé air sin a léamh).

Gan a bheith ró-fhorordaitheach maidir leis an bhfadtéarma, dealraítear don Choimisiún, go ginearálta, gur cheart tosaíocht a thabhairt don mhaoiniú is dlúithe a nasctar le léiriúchán ÁSP nó nuáil a dhéanamh ina leith, roimh thacaíochtaí indíreacha a thacaíonn le bonn costais fiontair atá ann cheana féin. Is léir an toradh sonrach ÁSP sa chéad sampla. I gcás nach mbaineann maoiniú go díreach le léiriúchán ÁSP, ba cheart é a nascadh go soiléir le ceann amháin nó níos mó de na príomhphrionsabail thuas luaite. Mar shampla, dealraítear gur réimsí cuí le haghaidh maoiniú iad taighde nó oiliúint don nuáil teicneolaíochta, nó printíseachtaí san iriseoireacht chun feabhas a chur ar éagsúlacht agus ar chuimsiú. Is féidir breathnú ar mhaoiniú a chabhraíonn le SÁSP aistriú chuig samhlacha gnó níos nuaí, nó a chabhraíonn le scileanna nua a thabhairt do bhaill foirne reatha, mar mhaoiniú a thacaíonn le coincheapa na hiolrachta agus na nuála. Dealraítear nach mbeadh maoiniú caipitil nach mbaineann le nuáil inmhianaithe, go ginearálta.

Gné thábhachtach den iolracht sna meáin is ea, ní hamháin go gcuireann eintitis dhifriúla tuairimí difriúla ar fáil, ach go ndéanann siad é sin agus samhlacha ioncaim difriúla á n-úsáid acu, ón stáisiún raidió pobail, go dtí an nuachtán síntiús-bhunaithe, go dtí an stáisiún teilifíse arna mhaoiniú le fógraíocht, agus mar sin de. Oibríonn roinnt díobh ar bhonn brabúis agus oibríonn cinn eile ar bhonn neamhbhrabúis. Ní hé maoiniú díreach amháin an t-aon bhealach inar féidir tacú le SÁSP le go mbeadh sé inbhuanaithe agus molann an Coimisiún go scrúdófaí raon tacaíochtaí indíreacha lena mbainfeadh faoiseamh cánach.

## 6.7.1 Tacaíochtaí maoinithe

### Moladh 6-1 Ciste Meán a dhéanamh den Chiste Craolacháin

Molann an Coimisiún go n-aistreofaí an Ciste Craolacháin isteach ina Chiste Meán a bheadh neodrach ó thaobh ardáin de ar bhonn riaracháin ón mbliain 2022, agus ar bhonn reachtúil ón mbliain 2024. Creideann an Coimisiún go mbeidh sin ríthábhachtach chun nádúr ilardáin thionscal na meán a léiriú. Tá an moladh sin mar chuid lárnach den chlár oibre claochlaithe do na meáin in Éirinn sna deich mbliana amach romhainn.

Aithníonn an Coimisiún an luach a bhaineann le struchtúr reatha an Chiste Craolacháin, agus an ról tábhachtach a imríonn sé chun tacú leis an éiceachóras closamhairc níos leithne in Éirinn. Mar sin féin, cé go n-aithnítear na gnéithe dearfacha sin, is léir go gcaitear aghaidh a thabhairt ar theorainneacha an Chiste lena chinntiú go bhféadfaidh sé éabhlóidiú le bheith ina thacaíocht éifeachtach do na meáin amach anseo.

Cuirfidh ciste athchóirithe le maoiniú reatha ÁSP agus cuirfidh an maoiniú do ÁSP ar fáil do gach SÁSP. Ba cheart gur iad seo a leanas a bheadh mar phríomhphrionsabail mar bhonn eolas do chistí a dháileadh:

- Uilíocht
- Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú
- Neamhspleáchas
- Iolracht
- Ardcháilíocht
- Comhoibriú
- Claochlú Digiteach
- Neodracht ó thaobh Ardáin de
- Inchonspóideacht
- Rannpháirtíocht Ógra

Creideann an Coimisiún freisin gur cheart go gcoimeádfadh an Ciste inchonspóideacht mar  an modh réamhshocraithe chun cistí a leithdháileadh.
Ag teacht le prionsabal na neodrachta ó thaobh ardáin de, ní ceart go mbeadh an riachtanas maidir le comhpháirtí craolta a bheith ag iarratasóirí i bhfeidhm maidir le gach scéim ar aidhm léi ábhar a mhaoiniú. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh aon ábhar maoinithe saor in aisce ag an bpointe ídithe.

Ba cheart alt 154 den Acht Craolacháin 2009 a leasú mar seo a leanas:

- An Ciste Craolacháin a athainmniú mar an gCiste Meán
- Cuspóirí an Chiste Meán a leagan amach agus iad seo a leanas a bheith san áireamh leo: an Ghaeilge; cultúr, oidhreacht, spórt agus sochaí na hÉireann; nuacht, cúrsaí reatha agus cúrsaí idirnáisiúnta; stair; eolaíocht; oideachas; tuiscint ar na meáin; agus diaspóra na hÉireann.
- An ciste a dhéanamh neodrach, cé go bhféadfaí díriú ar scéimeanna áirithe.

Ba cheart go leanfaí le ról an ÚCÉ, agus le Coimisiún na Meán nua, ar deireadh, mar an údarás atá freagrach as an gCiste Craolacháin, agus ba cheart go gcuimseofaí forbairt agus riar an Chiste Meán athchóirithe leis.

Creideann an Coimisiún gur thábhachtach go mbeadh solúbthacht ag an BAI/Coimisiún na Meán, mar an údarás freagrach, chun athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna atá ann cheana féin agus chun scéimeanna nua a fhorbairt faoin gCiste Meán, de réir réimsí riachtanais. Creideann an Coimisiún go bhféadfadh an tsolúbthacht sin a bheith ina príomh-spreagthóir nuála agus comhoibrithe ar fud na meán. Mar sin féin, tá scéimeanna tacaíochta spriocdhírithe aitheanta ag an gCoimisiún freisin, ag feidhmiú faoin gCiste Meán atá le bunú ón mbliain 2022. Tá tuilleadh eolais fúthu sin i moltaí eile thíos.

Molann an Coimisiún go leanfaí leis an Scéim Fuaim agus Fís agus leis an Scéim Cartlannaíochta mar scéimeanna maoinithe inchonspóide faoi Ciste na Meán. Mar sin féin, ní mór athbhreithniú a dhéanamh orthu lena chinntiú go bhfuil siad ag freastal go héifeachtach ar riachtanais iarratasóirí. Ba cheart go n-áireofaí leis sin, tacaíocht faoin Scéim Fuaim agus Fís a leathnú amach chuig ábhar nuachta agus deireadh a chur le riachtanais do chomhpháirtithe craolta, i gcás gur iomchuí agus indéanta é sin a dhéanamh. Ba cheart cumas an Aire a choimeád maidir le hordú a thabhairt don BAI/Coimisiún na Meán chun scéim a ullmhú ar nithe speisialta. Léiríodh luach an chumais sin i rith na géarchéime Covid-19.

Creideann an Coimisiún gur thábhachtach go ndéanfadh an ÚCÉ/Coimisiún na Meán athbhreithniú ar fheidhmiú an Chiste Meán ar bhonn rialta, ag teacht leis an timthriall measúnaithe le haghaidh MSP, agus go n-áireofaí leis sin meastóireacht chuimsitheach lena chinntiú go bhfuil sé ag freastal ar riachtanais SÁSP, agus ag soláthar luach ar airgead don phobal.

Tá mapa um fhorbairt agus cur i bhfeidhm leagtha amach ag an gCoimisiún chun an t-athchóiriú ar an gCiste Craolacháin a bhaint amach. Déanfaidh an Grúpa Forfheidhmithe forbairt agus maoirseacht ar phlean gníomhaíochta mionsonraithe chun an moladh a thabhairt chun críche (féach Caibidil 9).

| Moladh 6-1 Ciste na Meán a dhéanamh den Chiste Craolacháin |
|---|
| Ciste na Meán a bhunú ar bhonn riaracháin ón mbliain 2022, agus ar bhonn reachtúil ón mbliain 2024. |
| Reachtaíocht a fhorbairt agus a thabhairt isteach chun alt 154 den Acht Craolacháin 2009 a leasú agus forálacha ábhartha eile chun athchóiriú a dhéanamh ar an gCiste Craolacháin agus Ciste na Meán a dhéanamh de, agus ról an ÚCÉ/Choimisiún na Meán mar údarás freagrach a shainmhíniú, agus neamhspleáchas agus solúbthacht a chur ar bhonn daingean chun scéimeanna a fhorbairt faoi Chiste na Meán. |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim reatha Fuaim agus Fís chun tacaíocht a leathnú amach chuig ábhar nuachta, agus deireadh a chur le riachtanais do chomhpháirtithe craolacháin, i gcás gur iomchuí agus indéanta sin a dhéanamh. |
| Scéimeanna nua faoi Chiste na Meán a bhunú |

## 6.7.2 Moltaí Sonracha maidir le Maoiniú

Cé gur ábhar don ÚCÉ/Coimisiún na Meán é scéimeanna faoi Chiste na Meán a fhorbairt agus a fheidhmiú, samhlaítear go leanfar leis an Scéim Fuaim agus Fís agus leis an Scéim Cartlannaíochta, molann an Coimisiún gur cheart roinnt scéimeanna áirithe a bhunú.

### Moladh 6-2 Scéim um Thuairisciú ar an Daonlathas Áitiúil

Ceann de bhuntáistí sonracha na meán áitiúil é a dtiomantas tuairisciú ar ábhair a bhaineann leis an daonlathas áitiúil. Aithníonn an Coimisiún, i bhfianaise an líon mór cruinnithe a thionóltar i ngach limistéar údaráis áitiúil, go dteastaíonn tacaíocht ó na meáin áitiúla lena chinntiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha acu chun tuairisciú cuimsitheach a dhéanamh ar na cruinnithe sin. Molann an Coimisiún go mbunófaí scéim tacaíochta don  tuairisciú ar an daonlathas áitiúil faoi Chiste na Meán athchóirithe.

Creideann an Coimisiún gur riachtanach é scéim den sórt sin le go bhféadfaidh na meáin áitiúla leanúint dá ról ríthábhachtach de thuairisciú ag iriseoirí oilte ar institiúidí poiblí agus ar údaráis phoiblí ina mbreithnítear saincheisteanna atá tábhachtach don phobal, amhail Údaráis Áitiúla, Comhairlí Ceantair Bhardasacha, Comhchoistí Póilíneachta agus Fóraim Shláinte Réigiúnacha. Ciste inchonspóide agus neodrach ó thaobh ardáin de is ceart a bheith ann, a leithdháilfí ar bhonn limistéar údarás áitiúil. Is éard is aidhm leis an scéim, tacú leis an tuairisciú ar na nithe sin agus é a mhéadú, agus tuairisciú aonchineálach ar an daonlathas áitiúil a sheachaint. Ba cheart don scéim soláthar a dhéanamh do chomhoibriú idir SÁSPanna. Ba cheart go mbeadh ábhar arna mhaoiniú faoin scéim ar fáil saor in aisce ag an bpointe ídithe, agus ba cheart é a chartlannú. Ba cheart go mbeadh leibhéil bhreise maoinithe don Ghaeilge i gcontaetha a bhfuil Gaeltachtaí iontu ar fáil faoin Scéim.

Molann an Coimisiún maoiniú thart ar €3 milliún in aghaidh na bliana a shocrú, ag tosú in 2022. Dhéanfadh sin soláthar do mheánmhéid de bheagnach €100,000 in aghaidh gach ceann den 31 limistéar Údarás Áitiúil. Dhéanfaí coigeartuithe chun freastal ar athróga áitiúla, amhail an líon ceantar bardasach, chomh maith le difreáil i gclúdach agus dáileadh  SÁSPanna ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach, agus maidir le Gaeltachtaí.

Ba cheart don Ghrúpa Forfheidhmithe paraiméadair ghinearálta na scéime a fhorbairt, agus ba cheart go mbeadh an ÚCÉ/Coimisiún na Meán freagrach as dearadh mionsonraithe agus riar na scéime go fadtéarmach. Beidh comhairliúchán agus iniúchadh ar dhearadh agus ar riar na scéime de dhíth lena chinntiú go gcomhlíonfaidh sí na haidhmeanna inmhianaithe. Ba cheart breithniú cúramach a dhéanamh ar ghnéithe an dearaidh, lena n-áirítear riachtanais incháilitheachta agus coinníollacha a bhaineann le maoiniú. Mar shampla, ba cheart do choinníollacht soláthar a dhéanamh do chaighdeáin iriseoireachta ardcháilíochta trí bhíthin comhaltacht i gComhairle Preasa na hÉireann nó comhlíontacht le caighdeáin agus le Cóid Chleachtais an ÚCÉ a éileamh. Maidir le téarmaí an chiste a shocrú, ba cheart don Ghrúpa Forfheidhmithe sainmhíniú ar iriseoireacht chun leasa an phobail a ghlacadh. Mar shainmhíniú oibre, moltar go n-úsáidfí an sainmhíniú a ghlac an  Australian Competition and Consumer Commission (ACCC). Ghlac Tuarascáil Chríochnaitheach an Digital Platform Inquiry de chuid ACCC sainmhíniú ar iriseoireacht chun leasa an phobail chun críche a thuarascála, inar cuireadh san áireamh an bhéim ar iriseoireacht áitiúil a bhí sa Cairncross Review: "Iriseoireacht a bhfuil mar phríomhchuspóir aici saincheisteanna ar díol suntais don phobal iad a thaifeadadh, a imscrúdú agus a mhíniú, chun saoránaigh a spreagadh a bheith rannpháirteach i ndíospóireachtaí poiblí agus le bheith mar bhonn eolais ag cinnteoireacht dhaonlathach ar gach leibhéal rialtais".

Aithníonn an Coimisiún go mbeidh am de dhíth chun na scéimeanna a mholtar sa tuarascáil seo a fhorbairt agus a riar, agus gur faoin nGrúpa Forfheidhmithe, ag obair le páirtithe leasmhara ábhartha, a bheidh sé na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm. I bhfianaise práinn choibhneasta na saincheisteanna atá i gceist, agus na mbrúnna ar earnáil na meán, molann an Coimisiún go dtabharfar tosaíocht d'fhorbairt na Scéime um Thuairisciú ar an Daonlathas Áitiúil, agus go gcuirfí ar fáil í chomh luath agus is féidir in 2022.

| Moladh 6-2 Scéim um Thuairisciú ar an Daonlathas Áitiúil a Bhunú |
|---|
| Scéim um Thuairisciú ar an Daonlathas Áitiúil a bhunú ón mbliain 2022 |

### Moladh 6-3 Tacaíochtaí don chlaochlú digiteach a bhunú

Creideann an Coimisiún go bhfuil riachtanas sonrach ann chun tacú le nuáil agus claochlú digiteach in SÁSP, agus molann roinnt gníomhartha chun é sin a bhaint amach.

Molann an Coimisiún go ndéanfadh an Grúpa Forfheidhmithe agus an ÚCÉ/Coimisiún na Meán sásra um thacaíocht mhaoinithe do SÁSP a fhorbairt agus a dhearadh faoin gCiste Meán athchóirithe faoi R2 2023. Ba cheart go mbeadh dea-chleachtas idirnáisiúnta mar bhonn eolais ag forbairt na scéime sin. Go háirithe, beidh dearadh cúramach de dhíth lena chinntiú go gcuirfidh sí tacaíocht ar fáil d'eagraíochtaí meán inbhuanaithe a bhfuil cabhair de dhíth orthu chun nuáil a dhéanamh agus chun aistriú chuig an timpeallacht dhigiteach. Ar réimsí a d'fhéadfaí a chur san áireamh tá:

- Teicneolaíocht – tacaíocht airgeadais don chlaochlú digiteach ag SÁSP. Go sonrach, ba cheart don sásra maoinithe dreasacht a chur ar fáil d'infheistiú i dteicneolaíocht agus i seirbhísí lena gcuirtear dlús faoi shamhlacha gnó inbhuanaithe a fhorbairt, lena n-áirítear pearsanú, forbairt shoghluaiste, rannpháirtíocht lucht féachana agus éisteachta, aistriú agus coinneáil, ioncam ó léitheoirí, fás ar mhargaí idirnáisiúnta agus airgead a shaothrú as formáidí eagarthóireachta atá ag teacht chun cinn, amhail nuachtlitreacha agus podchraoltaí.
- Oiliúint – tacaíocht chun scileanna nua um choimeád agus cruthú digiteach a thabhairt do bhaill foirne reatha, rannpháirtíocht lucht féachana agus éisteachta agus scéalaíocht ilardáin a fhreastalaíonn ar riachtanais tomhaltóirí óga meán.
- Gor – maoiniú inchonspóide le haghaidh tionscadail meán digiteach a thairgeann seirbhísí nua, a thugann aghaidh ar riachtanais ÁSP nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu fós, nó a bhaineann leas as teicneolaíocht nua. Díreoidh maoiniú den sórt sin ar thionscadail SÁSP inbhuanaithe a chothú, tionscadail a bheidh féinmhaoinithe ar deireadh, bíodh sin mar ghnólachtaí neamhbhrabúis nó mar ghnólachtaí nuathionscanta tráchtála..

Ba cheart don Ghrúpa Forfheidhmithe fiosrú a dhéanamh ar an bpoitéinseal chun comhoibriú le maoinitheoirí príobháideacha agus le hardáin teicneolaíochta, a bhfuil taithí ag roinnt díobh cheana féin ar thacú le nuáil agus le hoiriúnú digiteach in earnáil na meán. Cé go gcuirfear fáilte, faoin scéim seo, roimh eolas agus ionchur airgeadais deonach (a d'fhéadfaí a spreagadh le cómhaoiniú poiblí) ó ardáin Ollchuideachtaí Teicneolaíochta agus ó chomhpháirtithe tionscail eile ar mian leo a bheith rannpháirteach i dtionscnamh ceannródaíoch chun an claochlú digiteach a spreagadh agus chun tacú leis ar fud na meán in Éirinn, ní mór do chomhlacht neamhspleách ar neamhthuilleamaí atá saor ó dhílseacht pholaitiúil nó tráchtála, an scéim seo a mhúnlú agus a riar, i gcomhréir leis na cinn eile ar fad atá mar chuid de Chiste na Meán.

Creideann an Coimisiún freisin go bhfuil scóip ann chun straitéis níos fadtéarmaí um nuáil agus um chlaochlú digiteach a fhorbairt do SÁSP, agus molann sé don ÚCÉ/Coimisiún na Meán straitéis a fhorbairt don earnáil faoi R2 2023 i gcomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara eile sa rialtas, lena n-áirítear an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Fiontraíocht Éireann.

| Moladh 6-3 Tacaíochtaí don chlaochlú digiteach a bhunú |
|---|
| Straitéis um nuáil agus um chlaochlú digiteach a fhorbairt faoi R2 2023 |
| Scéim spriocdhírithe don chlaochlú digiteach in SÁSP a dhearadh faoi R2 2023 |

### Moladh 6-4 Scéimeanna um Thuairisciú Nuachta a Bhunú

Molann an Coimisiún go mbunófaí scéimeanna a dhíríonn ar thacú le hiriseoireacht chun leasa an phobail a thuairiscíonn ar ábhair chun leasa an phobail a ndéantar tearcthuairisciú orthu, nó atá i mbaol tearcsholáthair. Ba cheart do na scéimeanna a bheith neodrach ó thaobh ardáin de agus ba cheart dóibh maoiniú a leithdháileadh ar bhonn inchonspóide. Ba cheart go mbeadh ábhar arna mhaoiniú faoi na scéimeanna saor in aisce ag an bpointe ídithe agus ba cheart é a chartlannú. Ba cheart go ndéanfadh an scéim soláthar do chomhoibriú idir SÁSPanna. Samhlaíonn an Coimisiún go bhforbrófaí roinnt scéimeanna difriúla lena ndíreofaí ar thopaicí nó ar théamaí difriúla, e.g. cúrsaí AE agus idirnáisiúnta, saincheisteanna comhshaoil, cúrsaí sóisialta, sláinte, iompar, talmhaíocht, cúrsaí tuaithe, eacnamaíocht, cultúr, spórt, etc. Níl an liosta topaicí agus téamaí seo beartaithe a bheith uileghabhálach; is iad na tosca criticiúla maidir le scéimeanna den sórt sin a bhunú na critéir maidir le leas an phobail agus maidir le tearcthuairisciú/baol tearcsholáthair.

I gcomhréir le Moladh 6-2, molann an Coimisiún don Ghrúpa Forfheidhmithe na scéimeanna tosaigh a dhearadh faoi R4 2022. Molann an Coimisiún gur cheart go mbeadh feidhm ag coinníollacha agus critéir incháilitheachta áirithe maidir leis an gciste lena chinntiú go gcuirfear airgead ar aghaidh chun iriseoireacht ardcháilíochta chun leasa an phobail a mhaoiniú. Mar is amhlaidh maidir le Moladh 6-2, ba cheart sainmhíniú ar iriseoireacht chun leasa an phobail a ghlacadh mar threoir do na scéimeanna. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh sé san áireamh faoi choinníollacht cloí le caighdeáin ábhartha an BAI nó comhaltacht i Comhairle Preasa na hÉireann.

| Moladh 6-4 Scéimeanna um Thuairisciú Nuachta a Bhunú |
|---|
| Scéimeanna um Thuairisciú Nuachta a Bhunú faoi R4 2022 |

### Moladh 6-5 Scéimeanna um Thuairisciú ar Chúirteanna a Bhunú

Is cuid lárnach dár ndaonlathas é córas na gcúirteanna. Aithníonn an Coimisiún an tábhacht a bhaineann le tuairiscí cuimsitheacha agus gairmiúla ar imeachtaí cúirte ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta, lena n-áirítear cúirteanna Cróinéirí, a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu. Tá oiliúint agus taithí nach beag de dhíth chun tuairisciú cruinn, a chomhlíonann riachtanais dlí, a dhéanamh ar na Cúirteanna.

Molann an Coimisiún go mbunófaí scéimeanna maoinithe inchonspóide agus neodrach ó thaobh ardáin de le haghaidh tuairisciú ar chúirteanna ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Ba cheart go mbeadh na scéimeanna deartha ar bhonn dlínse náisiúnta agus áitiúil cúirteanna agus go mbeadh cúirteanna cróinéirí san áireamh. Ba cheart do na scéimeanna a bheith neodrach ó thaobh ardáin de agus ba cheart dóibh maoiniú a leithdháileadh ar bhonn inchonspóide. Ba cheart go mbeadh ábhar arna mhaoiniú faoi na scéimeanna saor

in aisce ag an bpointe ídithe. Ba cheart don scéim soláthar a dhéanamh do chomhoibriú idir SÁSPanna. I gcomhréir le Moladh 6-2 agus le Moladh 6-3, ba cheart don Ghrúpa Forfheidhmithe an scéim a dhearadh, agus ba cheart go mbeadh an BAI/Coimisiún na Meán freagrach as an scéim a riar. Maidir leis an scéim seo, ba cheart don Ghrúpa Forfheidhmithe agus don ÚCÉ/Coimisiún na Meán an leibhéal maoinithe a mholadh. Ba cheart go mbeadh sé san áireamh faoi choinníollacht cloí le caighdeáin ábhartha an ÚCÉ nó comhaltacht i gComhairle Preasa na hÉireann.

| Moladh 6-5 Scéimeanna um Thuairisciú ar Chúirteanna a Bhunú |
|---|
| Scéimeanna um Thuairisciú ar Chúirteanna a Bhunú faoi R4 2022 |

## Moladh 6-6 Scéim um Rochtain ar na Meáin agus Oiliúint a Bhunú

Creideann an Coimisiún gur ghá tacú le hoiliúint agus le bealaí gairme in earnáil na meán ar mhaithe le níos mó comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe daoine. Samhlaíonn an Coimisiún tacaíocht i bhfoirm comhoibriú idir MSP agus SÁSP, agus tacaíocht do dheiseanna amhail sparánachtaí, printíseachtaí agus oiliúint san éagsúlacht.

Molann an Coimisiún go bhforbrófaí scéim faoi leith chun tacú leis sin, scéim a bheadh le dearadh ag an ÚCÉ/ Coimisiún na Meán nua i gcomhar leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus le hInstitiúidí Ardoideachais agus Breisoideachais faoi R2 2023.

Ina theannta sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha maidir le sparánachtaí sa Bhille um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialáil na Meán lena chinntiú go mbeidh cur chuige neodrach ó thaobh ardáin de acu.

Is tábhachtach nach mbeadh tacaíochtaí oiliúna teoranta d'iontrálaithe nua i dtionscal na meán. Má tá gnólachtaí le bheith nuálach, seans go mbeidh tacaíochtaí oiliúna maidir le córais agus teicneolaíochtaí nua de dhíth ó bhaill foirne reatha agus ba cheart na riachtanais sin a chur san áireamh agus scéimeanna á bhforbairt.

| Moladh 6-6 Scéim um Rochtain ar na Meáin agus Oiliúint a Bhunú |
|---|
| Scéim um Rochtain ar na Meáin agus Oiliúint a Dhearadh faoi R2 2023 |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha an Bhille um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialáil na Meán faoi 2024 |

## Moladh 6-7 Scéim um na Meáin Phobail a Bhunú

Creideann an Coimisiún go bhfuil gá sonrach le sásra tacaíochta a bhunú le haghaidh na meán pobail, agus molann sé go ndéanfadh an Grúpa Forfheidhmithe taighde chun an cineál tacaíochta is fearr don earnáil seo a shocrú. Creideann an Coimisiún go bhféadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, moil mheán pobail a bhunú ar fud na hÉireann, rud a chuirfeadh acmhainní comhroinnte meán ar fáil i gceantair phobail, le haghaidh oiliúint nó tionscnaimh spriocdhírithe eile. D'fhéadfadh maoiniú inchonspóide le haghaidh oiliúint, léiriú ábhair,

tuiscint ar na meáin nó tionscadail phobail eile nach bhfuil nasctha le mol cineál tacaíochta níos éifeachtaí a chur ar fáil do na meáin phobail, ó tharla nach féidir na pobail lena mbaineann a shainmhíniú de réir cúrsaí geografacha i gcónaí, ach gur féidir iad a shainmhíniú de réir a n-ábhar spéise. Ba cheart go bhfeabhsófaí agus go dtógfaí ar na naisc atá ann cheana féin idir na meáin phobail agus Institiúidí Ardoideachais agus Breisoideachais.

| Moladh 6-7 Scéim um na Meáin Phobail a Bhunú |
|---|
| Taighde a dhéanamh ar an tacaíocht is fearr do na Meáin Phobail faoi R4 2023 |
| Ciste Meán Pobail a Bhunú faoi 2024 |

### Moladh 6-8 Leibhéal Maoinithe do Chiste Meán

Agus breithniú déanta ar na cineálacha tacaíochtaí maoinithe poiblí is ceart a sholáthar le haghaidh Ábhair Seirbhíse Poiblí agus Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí faoin gCiste Meán, creideann an Coimisiún gur thábhachtach leibhéal leordhóthanach, intuartha maoinithe a sholáthar don Chiste Meán. Faoi thograí an Choimisiúin, ón mbliain 2024 ar aghaidh, ba cheart an maoiniú sin a sholáthar ar bhonn ilbhliantúil, bunaithe ar mheasúnú agus ar mholtaí Choimisiún na Meán, agus ba cheart é a dhéanamh in éineacht leis an measúnú maoinithe ilbhliantúil le haghaidh MSP.

Idir an dá linn, molann an Coimisiún gur cheart na leibhéil mhaoinithe seo a leanas a leithdháileadh ar an gCiste Meán nua ón mbliain 2022 ar aghaidh. Aithnítear gur tasc don Ghrúpa Forfheidhmithe agus don ÚCÉ/Coimisiún na Meán a bheidh sé na scéimeanna nua a bhunú agus a riar, agus go dtógfaidh sé roinnt ama na scéimeanna ar fad a chur i ngníomh. Go deimhin, seans nach mbeifear in ann na scéimeanna ar fad a bhunú in 2022. D'ainneoin sin, creideann an Coimisiún gur thábhachtach moladh faoin leibhéal maoiniú iomchuí do bhliain oibríochtúil iomlán a leagan amach. Cabhróidh sin leis an nGrúpa Forfheidhmithe agus le Coimisiún na Meán scéimeanna a fhorbairt agus pleanáil a dhéanamh do na blianta ina dhiaidh sin.

Molann an Coimisiún go leithdháilfí méid iomlán de €30 milliún in aghaidh na bliana ar an gCiste Meán in 2022 agus 2023, faoi réir ag na scéimeanna molta ar fad a bheith i ngníomh. As an leithdháileadh foriomlán sin, ba cheart €3 milliún in aghaidh na bliana a chur ar leataobh don Chiste Daonlathais Áitiúil, agus ba cheart ardú €2 milliún a thabhairt don Scéim Fuaim agus Fís, agus an fuílleach a leithdháileadh ar feadh an Chiste Meán de réir mar a chinnfidh an Grúpa Forfheidhmithe agus an ÚCÉ/Coimisiún na Meán.

Léiríonn an leithdháileadh foriomlán sin ardú suntasach ar leibhéil mhaoinithe leis an €14.9 a leithdháileadh ar an gCiste Craolacháin as ioncam ó cheadúnais theilifíse in 2021. Bheadh an leithdháileadh molta don Chiste Meán le haghaidh 2022 agus 2023 comhionann le 10% den mhaoiniú poiblí iomlán le haghaidh mhaoiniú ÁSP, ardaithe ó 5.8% in 2021.

Is dócha leis an gCoimisiún go gcoinneofaí cóimheas comhchosúil maoinithe sna blianta amach romhainn, faoi réir ag measúnú agus moladh ó Choimisiún na Meán ón mbliain 2024 ar aghaidh. Tá an t-ardú sin de dhíth chun deis a thabhairt do Scéim Fuaim agus Fís leathnaithe amach chun Nuacht agus Cúrsaí Reatha a chur san áireamh, agus chun deis a thabhairt chun na scéimeanna nua neodrach ó thaobh ardáin de arna moladh ag an gCoimisiún a mholadh. Maidir le 2022-2023, tá €3 milliún curtha ar leataobh ag an gCoimisiún don Scéim um Thuairisciú ar an Daonlathas Áitiúil, agus an fuílleach de €27 milliún curtha ar leataobh do na

scéimeanna eile atá molta, lena n-áirítear an Scéim fheabhsaithe Fuaim agus Fís, an Scéim Cartlannaíochta, agus leithdháileadh réamh-mheasta chomh hard le €11 milliún do na scéimeanna nua. Ba cheart leithdháiltí sonracha ar scéimeanna nua agus reatha a chinneadh i ndiaidh breis anailíse agus dearaidh a bheith déanta ag Coimisiún na Meán agus ag an nGrúpa Forfheidhmithe.

**Moladh 6-8 Leibhéal Maoinithe do Chiste Meán**

Molann an Coimisiún go leithdháilfí méid iomlán €30 milliún in aghaidh na bliana ar an gCiste Meán in 2022 agus 2023, faoi réir ag na scéimeanna molta ar fad a bheith i ngníomh. As an leithdháileadh foriomlán sin, ba cheart €3 milliún in aghaidh na bliana a chur ar leataobh don Chiste Daonlathais Áitiúil agus ba cheart ardú €2 milliún a sholáthar don Scéim Fuaim agus Fís, agus an fuílleach a leithdháileadh ar fud an Chiste Meán de réir mar a chinnfidh an Grúpa Forfheidhmithe agus an ÚCÉ/Coimisiún na Meán.

### Moladh 6-9 An Treoir maidir le Cóipcheart a chur i bhfeidhm, measúnú a dhéanamh ar a héifeachtacht agus gníomh breise a dhéanamh más gá

Aithníonn an Coimisiún go dtugtar cead d'fhoilsitheoirí agus d'údair saothar, le hAirteagal 15 den Treoir maidir le Cóipcheart, luach saothair a ghineadh trí chomhbhailitheoirí nuachta a údarú chun a saothair a úsáid ar líne (e.g. ardáin ar líne). Tá an Coimisiún ag súil le trasuí agus cur i bhfeidhm na Treorach in Éirinn. Táthar ag súil go bhféadfadh sé tosú ar an éagothroime idir fhoilsitheoirí nuachta traidisiúnta agus ardáin mhóra ar líne a chúiteamh. Aithníonn an Coimisiún go mbeidh próiseas caibidlíochta ann idir foilsitheoirí agus ardáin chun luach saothair leordhóthanach a chinntiú faoi théarmaí tagartha leathana Airteagail 15.

Ag idirphlé téamach ar an tsaincheist, chuala an Coimisiún ó ionadaí ar an gCoimisiún Eorpach go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach measúnú a dhéanamh ar éifeacht na Treorach maidir le Cóipcheart ar í a chur i bhfeidhm, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá le céimeanna breise.

Molann an Coimisiún gur cheart don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta measúnú a dhéanamh ar thionchar na Treorach maidir le Cóipcheart. Ba cheart don athbhreithniú tosú chomh luath agus a bheidh praiticiúil i ndiaidh don Treoir a bheith trasuite isteach i ndlí na hÉireann, agus ba cheart í a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú laistigh de 12 mhí den dáta a dtrasuífear an Treoir. I gcás go bhfaigheann an measúnú nach ndearnadh athchothromú cóir agus leordhóthanach, ba cheart don Rialtas a bheith réidh dul i mbun gnímh go tapa chun céimeanna breise a ghlacadh chun an éagothroime a chúiteamh, lena n-áirítear bearta nua a thabhairt isteach maidir le cóipcheart nó dlí iomaíochta, de réir mar is gá.

Ba cheart go mbeadh san áireamh san athbhreithniú; measúnú ar na buntáistí eacnamaíocha iarbhír agus réamh-mheasta d'fhoilsitheoirí na hÉireann mar thoradh ar chomhaontuithe caibidlithe; tuairimí foilsitheoirí agus ardán maidir leis an tslí a ndéantar caibidlíocht; eispéireas foilsitheoirí aonair agus comharghrúpaí foilsitheoirí i ndáil le caibidlíocht; eispéireas foilsitheoirí áitiúla agus náisiúnta; agus an méid trédhearcachta agus comhsheasmhachta i gcomhaontuithe ar feadh na n-eagraíochtaí meán incháilithe.

Molann an Coimisiún freisin gur cheart go gcuirfí athbhreithniú ar an margadh fógraíochta digití in Éirinn san áireamh sa mheasúnú sin ar thionchar na Treorach maidir le Cóipcheart ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, i gcomhar le comhlachtaí ábhartha amhail an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí, chun meastóireacht a dhéanamh ar éagothroime idir MSP, SÁSP agus ardáin idirnáisiúnta ábhair.

Tugann an Coimisiún aird ar na buntáistí féideartha a d'fhéadfadh teacht as comh-chur chuige margála.

**Moladh 6-9 An Treoir maidir le Cóipcheart a chur i bhfeidhm, measúnú a dhéanamh ar a héifeachtacht agus gníomh breise a dhéanamh más gá**

Molann an Coimisiún go ndéanfadh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta measúnú ar thionchar na Treorach maidir le Cóipcheart. Ba cheart don athbhreithniú tosú chomh luath agus a bheidh praiticiúil i ndiaidh don Treoir a bheith trasuite isteach i ndlí na hÉireann, agus ba cheart í a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú laistigh de 12 mhí den dáta a dtrasuífear an Treoir.

Ba cheart go mbeadh san áireamh san athbhreithniú; measúnú ar na buntáistí eacnamaíocha iarbhír agus réamh-mheasta d'fhoilsitheoirí na hÉireann mar thoradh ar chomhaontuithe caibidlithe; tuairimí foilsitheoirí agus ardán maidir leis an tslí a ndéantar caibidlíocht; eispéireas foilsitheoirí aonair agus comharghrúpaí foilsitheoirí i ndáil le caibidlíocht; eispéireas foilsitheoirí áitiúla agus náisiúnta; agus an méid trédhearcachta agus comhsheasmhachta i gcomhaontuithe ar feadh na n-eagraíochtaí meán incháilithe. Ba cheart go gcuirfí measúnú ar an margadh fógraíochta digití in Éirinn san áireamh san athbhreithniú freisin.

I gcás go bhfaigheann an measúnú nach ndearnadh athchothromú cóir agus leordhóthanach, ba cheart don Rialtas a bheith réidh dul i mbun gnímh go tapa chun céimeanna breise a ghlacadh chun an éagothroime a chúiteamh, lena n-áirítear bearta nua a thabhairt isteach maidir le cóipcheart nó dlí iomaíochta, de réir mar is gá.

Tugann an Coimisiún aird ar na buntáistí féideartha a d'fhéadfadh teacht as comh-chur chuige margála.

### Moladh 6-10 Scrúdú a dhéanamh ar bhearta cánach indíreacha chun tacú le SÁSP

Creideann an Coimisiún gurbh fhiú go mór fiosrú a dhéanamh ar bhearta cánach indíreacha chun tacú le SÁSP. D'fhéadfaí a chur san áireamh leis na bearta sin:

- Ráta CBL thar a bheith laghdaithe nó nialasach a chur i bhfeidhm maidir le nuachtáin agus foilseacháin dhigiteacha;
- Bearta cánach lena n-éascófaí aistriú chuig ioncam ó léitheoirí nó samhlacha ballraíochta;
- Cead a thabhairt d'eagraíochtaí meán neamhbhrabúis incháilithe cáiliú do stádas carthanachta faoin Acht Carthanas 2009, agus tacú le heagraíochtaí meán atá ag iarraidh aistriú ó shamhail tráchtála go dtí samhail neamhbhrabúis;
- Díolúintí cánach d'infheistíocht in eintitis neamhbhrabúis.

Molann an Coimisiún go ndéanfadh an Grúpa Forfheidhmithe athbhreithniú ar bhearta cánach tacúla agus go bhforbródh sé tograí maidir le bearta cánach sonracha. Beidh ar aon bhearta den sórt sin soláthar a dhéanamh do chothromaíocht iomchuí idir tacaíochtaí mhaoinithe poiblí díreacha le haghaidh na meán agus aon tacaíochtaí molta do chaiteachas cánach.

**Moladh 6-10 Scrúdú a dhéanamh ar bhearta cánach indíríí chun tacú le SÁSP**

Athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta cánach tacúla indíreacha faoi R1 2023.

Moltaí maidir le bearta cánach indíreacha faoi R4 2023

### Moladh 6-11 Fiosrú a dhéanamh ar dheiseanna comhoibrithe maidir le hábhar MSP a athúsáid

Molann an Coimisiún go ndéanfaí fiosrú ar dheiseanna comhoibrithe idir MSP agus SÁSP maidir le hábhar MSP a athúsáid ar ardáin eile. Ba cheart don Ghrúpa Forfheidhmithe cleachtadh scóipe a dhéanamh chun an méid poitéinsil do dheiseanna comhoibrithe den sórt sin a fháil amach, agus ba cheart dó togra a fhorbairt maidir le comhoibriú agus athúsáid ábhair faoi R3 2023.

**Moladh 6-11 Fiosrú a dhéanamh ar dheiseanna comhoibrithe maidir le hábhar MSP a athúsáid**

Cleachtadh scóipe chun an méid poitéinsil do dheiseanna comhoibrithe den sórt sin a fháil amach, agus ba cheart dó togra a fhorbairt maidir le comhoibriú agus athúsáid ábhair faoi R3 2023.

### Moladh 6-12 Formhaoirseacht neamhspleách ar gach sruth maoinithe don iriseoireacht

Molann an Coimisiún, d'fhonn feabhas a chur ar neamhspleáchas na hiriseoireachta agus d'fhonn poitéinseal iarbhír nó féideartha ó thaobh maolú ar an neamhspleáchas sin a sheachaint, go ndéanfadh Grúpa Forfheidhmithe athbhreithniú ar an bhfreagracht as leithdháileadh aon chistí poiblí eile don iriseoireacht, lena n-áirítear Ciste Simon Cumbers do na Meáin agus Ciste Dúshláin na Meán Éire Dhomhanda, agus go mbeadh an ÚCÉ/Coimisiún na Meán rannpháirteach sa phróiseas nó go ndéanfaidís formhaoirseacht air. Ba cheart go leanfaí de bhreithniú tosaíochta a dhéanamh ar chosaint na hiriseoireachta agus na heagarthóireachta agus aon mhaoiniú poiblí a leithdháileadh don iriseoireacht amach anseo.

**Moladh 6-12 Formhaoirseacht neamhspleách ar gach sruth maoinithe don iriseoireacht**

Athbhreithniú a dhéanamh ar shruthanna maoinithe poiblí eile don iriseoireacht agus go mbeadh an ÚCÉ/ Coimisiún na Meán rannpháirteach sa phróiseas, nó go ndéanfaidís formhaoirseacht air, faoi R4 2023.

### Moladh 6-13 Geilleagar Uile-Oileáin na Meán

Creideann an Coimisiún gur ghá tacú le taighde ar gheilleagar uile-oileáin na meán a fhorbairt agus an comhoibriú idir MSP agus SÁSP a uasmhéadú ar bhonn uile-oileáin. Molann sé go bhforbródh an Grúpa Forfheidhmithe togra taighde faoi na saincheisteanna sin faoi R4 2022. Tuigtear go bhféadfadh maoiniú le haghaidh taighde den sórt sin a bheith ar fáil ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta nó ón Tionscnamh Oileáin Comhroinnte.

**Moladh 6-13 Geilleagar Uile-Oileáin na Meán**

Togra taighde a ullmhú maidir le geilleagar uile-oileáin na meán a fhorbairt agus comhoibriú idir MSP agus SÁSP a uasmhéadú ar bhonn uile-oileáin.

# 7 An Ghaeilge, Cultúr, Geilleagar na Cruthaitheachta agus Spórt

Ábhar


**7.1** Réamhrá ........ 179

**7.2** Dearcthaí páirtithe leasmhara agus an phobail maidir leis an nGaeilge agus na meáin .... 179

**7.3** Forléargas ar an tírdhreach tacaíochta do na Meáin Ghaeilge ........ 181

**7.4** Cultúr agus an Geilleagar Cruthaitheach – Dearcthaí Barrthábhachtacha – Páirtithe Leasmhara agus an Pobal ........ 182

**7.5** Tírdhreach Tacaíochta d'Earnáil na Meán Cultúir agus Cruthaitheach ........ 189

**7.6** Spórt – Dearcthaí Barrthábhachtacha – Páirtithe Leasmhara agus an Pobal ........ 197

**7.7** Tuairimí agus Roghanna an Phobail ........ 198

**7.8** Conclúidí agus Moltaí ........ 205

## 7.1 Réamhrá

Ceann de chuspóirí an Choimisiúin ab ea a fháil amach an oiread a comhlíonadh riachtanais maidir le haidhmeanna seirbhísí poiblí i ndáil leis an nGaeilge, spórt, na healaíona agus cultúr, mar aon le hardán a chur ar fáil do chumas cruthaitheach na hÉireann sa tír seo agus thar lear, trí chóras na meán in Éirinn. Rinne an Coimisiún breithniú ar na bealaí is fearr tacú leis na meáin maidir leis na haidhmeanna seo a bhaint amach sa todhchaí.

Tá sé soiléir ó obair chomhairliúcháin an Choimisiúin le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal go bhfuil ról ríthábhachtach ag na meáin maidir le féiniúlacht chultúr na hÉireann a chraobhscaoileadh trí ábhar cultúir agus cruthaitheachta a chraoladh agus a scaipeadh ar líon ardán éagsúil. Baineann luach ollmhór leis an ról sin, a pléadh ar an mórgóir i gCaibidil 2 agus 3, don tsochaí agus don daonlathas. Tá an cion tairbhe a dhéanann na meáin do réimse poiblí an tsaoil chultúrtha ríthábhachtach i ndáil leis an mbealach ina bhfeidhmímid mar shochaí dhaonlathach.

Aithníonn an Coimisiún an ról tábhachtach ar leith atá ag MSP lena chinntiú go bhfuil teacht ag lucht spéise in Éirinn ar ábhar cultúir atá éagsúil, ionadaíoch agus ina léiriú ar a saol féin. Mar sin féin, tá an Coimisiún ar an eolas freisin faoin ról tábhachtach atá ag SÁSPanna i dtaca leis sin, agus maíonn an Coimisiún freisin nach mór aitheantas a thabhairt don chion tairbhe luachmhar a dhéanann siad i ndáil le héagsúlacht chultúir.

Tagann na moltaí a dhéanann an Coimisiún i ndáil leis an nGaeilge, spórt, na healaíona agus cultúr ó chinneadh go bhfuil ÁSP ina "merit good" trína mbaintear amach tairbhí luachmhara don tsochaí. Maidir le moltaí i ndáil le TG4, cuirtear moltaí an Choimisiúin maidir le maoiniú MSP san áireamh i gCaibidil 5, lena n-áirítear na méaduithe i leithdháiltí maoinithe atá beartaithe le linn na hidirthréimhse 2022-2023.

## 7.2 Dearcthaí páirtithe leasmhara agus an phobail maidir leis an nGaeilge agus na meáin

Fuair an Coimisiún breis agus 70 aighneacht maidir leis an nGaeilge agus na meáin. Ba é an téama athfhillteach a tháinig chun cinn as na haighneachtaí sin go bhfuil stádas tábhachtach agus ar leith ag an nGaeilge, nach mór tús áite a thabhairt d'iarrachtaí í a chur chun cinn agus a chaomhnú, agus go bhfuil tuilleadh acmhainní ag teastáil chun ardchaighdeán agus infhaighteacht cláir Ghaeilge a chinntiú. I roinnt aighneachtaí, iarradh bearta chun cinnte a dhéanamh de go bhfreastalófaí go sásúil ar phobal na Gaeilge, agus in aighneachtaí eile, leagadh béim ar an ról tábhachtach a d'fhéadfadh bheith ag MSP agus ag meáin eile, meáin an phobail san áireamh, chun an Ghaeilge a normalú agus a chur chun cinn ar bhealach níos leithne ar fud sochaí na hÉireann.

> "Is é an t-éacht aonair domhanda is mó a rinne Éirinn maidir le éagsúlacht teanga ná a cumas a teanga féin a sheachadadh ó ghlúin go glúin mar theanga bheo na dteaghlach agus na bpobal." [98]

Mar sin féin, tarraingíodh aird go minic in aighneachtaí ar easnaimh i seirbhísí meán cumarsáide i nGaeilge, i seirbhísí craoltóireachta agus clóite araon, agus aithníodh bearnaí i gcláir nuachta agus cúrsaí reatha agus i gclúdach maidir le himeachtaí cultúir Gaeilge. Luaigh go leor daoine an gá atá ann a chinntiú go bhfreastalaítear go sásúil ar lucht spéise níos óige. Tharraing daoine eile aird ar riachtanas maidir le freastal ar dhaoine atá i mbun an teanga a fhoghlaim nó daoine atá ag déanamh iarracht inniúlacht sa teanga a fheabhsú. Ar na saincheisteanna tábhachtacha eile, áirítear breithniú a dhéanamh ar riachtanais phobal na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann agus an tábhacht a bhaineann le suntasacht na meán Gaeilge ar fud na n-ardán a chinntiú.

[98] Aighneacht TG4 maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 11.

### Cláir agus Ábhar Gaeilge – Rogha, Ardchaighdeán agus Éagsúlacht

Bhí éilimh in go leor aighneachtaí, go ndéanfadh CSPanna agus oibritheoirí meán tráchtála an t-aschur ábhar agus clár Gaeilge a mhéadú. Cé go luaitear iarrachtaí comhoibríocha idir RTÉ agus TG4 i roinnt aighneachtaí, ar nós na seirbhíse Nuachta, is léir go gcreideann go leor daoine go bhféadfaí i bhfad níos mó a dhéanamh. Mar shampla, mhol Conradh na Gaeilge gur chóir do RTÉ an t-aschur Gaeilge a mhéadú go mór lena chinntiú go bhfuil a oibleagáidí seirbhíse poiblí á mbaint amach. Iarrann daoine eile tuilleadh cláir agus ábhar Gaeilge ar ardchaighdeán, agus luaitear an tábhacht atá le cinnte a dhéanamh de go mbeidh sruthanna maoinithe ar nós an Scéim Fuaim agus Fís in ann deiseanna a chur ar fáil don earnáil léiriúcháin i gcónaí.  Chomh maith leis sin, braitheann go leor daoine nach mór go mbeadh rogha agus éagsúlacht níos fearr ag lucht spéise chun an teanga agus an cultúr a chothú san am atá le teacht. Thagair go leor daoine freisin do dheiseanna chun an Ghaeilge a fhorbairt ar ardáin ar líne agus ar sheirbhísí ar éileamh. Ar dhóigh níos sonraí, luadh i roinnt aighneachtaí freisin go bhfuil gá le níos mó cláir agus ábhair Ghaeilge do leanaí agus daoine óga ar fud na n-ardán ar fad.

### Maoiniú do Chraoltóireacht agus Meáin Ghaeilge

I roinnt aighneachtaí, tarraingíodh aird ar shaincheisteanna i ndáil le maoiniú do chraoltóireacht na Gaeilge. Rinneadh éilimh maidir le maoiniú do TG4 a mhéadú. Ina aighneacht féin don Choimisiún, éilíonn TG4 go mbeadh cothromas, scála agus cothromaíocht níos fearr ann maidir le maoiniú poiblí chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí reatha sa tseirbhís agus cinnte a dhéanamh de go bhfuil freastal sásúil á dhéanamh ar phobal na Gaeilge. Chomh maith leis sin, luann TG4 an tairbhe a bhainfeadh leis sin don gheilleagar cruthaitheach réigiúnach.  I roinnt aighneachtaí, tarraingítear aird ar an tsamhail mhaoinithe do S4C, an cainéal teilifíse Breatnaise, mar eiseamláir, toisc go bhfaigheann sé acmhainní sách mór i gcomparáid le TG4.

Luaigh Ceardchumann na nIriseoirí i Raidió na Gaeltachta nach bhfaigheann Raidió na Gaeltachta ioncam ó fhógraíocht agus go bhfuil sé "ag brath go hiomlán" ar RTÉ i ndáil le maoiniú. Mar gheall ar laghduithe i maoiniú, bhí "laghdú 30%-40% ar na baill foirne ó  2008 i leith", a raibh cumas craoltóireachta níos lú mar thoradh air.  Leagadh amach in aighneachtaí an gá atá le buiséad Raidió na Gaeltachta a mhéadú, agus ligean don eagraíocht smacht iomlán a bheith aici ar an mbuiséad sin. Leagann freagróirí béim ar an ról tábhachtach atá ag an stáisiún mar sheirbhís mhionteanga, agus déantar tagairt freisin dá spleáchas ar RTÉ maidir le maoiniú agus an easpa sruthanna ioncaim atá ag an stáisiún. Chomh maith leis sin, pléitear sna haighneachtaí an tábhacht atá le maoiniú inchoimhlinte, lena n-áirítear an tacaíocht a chuirtear ar fáil tríd an Scéim Fuaim agus Fís do thionscadail Ghaeilge agus tionscadail dhátheangacha.  Sa chomhthéacs seo, éilíonn TG4 ar Fhís Éireann cur chuige den chineál céanna a ghlacadh maidir le tacaíocht a thabhairt do thionscadail Ghaeilge.

### Moltaí ó Pháirtithe Leasmhara

Bhí moltaí agus tograí ar leith in go leor aighneachtaí a bhí ábhartha do chraoltóireacht Ghaeilge, agus tá sé mar aidhm leis an méid seo a leanas léargas a thabhairt ar na moltaí suntasacha.  D'éiligh Conradh na Gaeilge údarás craoltóireachta Gaeilge a bheith ann chun maoirseacht a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge ar MSP agus ar na meáin i gcoitinne in Éirinn. Tá éilimh i roinnt aighneachtaí maidir le forálacha reachtúla a bhaineann le craoltóireacht Ghaeilge a neartú. Mhol roinnt páirtithe leasmhara cineálacha éagsúla de shamhlacha maoinithe agus scéimeanna dreasachta. Mhol Conradh na Gaeilge scéim náisiúnta faoisimh cánach chun gnóthaí a spreagadh fógraíocht a dhéanamh i nGaeilge. I roinnt aighneachtaí, éilíodh tacaíocht bhreise do sheirbhísí raidió lena n-áirítear Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Rí-Rá. In aighneachtaí eile, éilíodh go mbainfí úsáid níos mó as meáin ar líne agus podchraoladh chun an Ghaeilge a chur chun cinn, go háirithe i measc lucht spéise níos óige.

[99] Aighneacht maidir le Comhairliúchán Poiblí ó Cheardchumann na nIriseoirí, Raidió na Gaeltachta, lch. 1.

I líon aighneachtaí, tarraingítear aird ar riachtanas tacú le hiriseoireacht Ghaeilge. Mar shampla, maíonn Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí (CNI) gur feidhm a bheadh ag an "Journalism Foundation of Ireland" atá beartaithe, ná an Ghaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud gach ardán. In go leor aighneachtaí, tarraingítear aird ar an riachtanas an Ghaeilge a fhorbairt in earnáil na meán digiteach lena n-áirítear moladh maidir le "Strategy for Irish Language Digital Media" a fhorbairt. Chomh maith leis sin, moladh moil dhigiteacha a fhorbairt chun ábhar Gaeilge ardchaighdeáin a chruthú agus a scaipeadh.

## 7.3 Forléargas ar an tírdhreach tacaíochta do na Meáin Ghaeilge

### 7.3.1 Tacaíocht Mhaoinithe

Faoi láthair, tá réimse tacaíochtaí maoinithe á chur ar fáil do chraoltóireacht Ghaeilge. Samplaí is ea an méid seo a leanas ar an réimse tacaíochtaí maoinithe don Ghaeilge a cuireadh ar fáil in 2020.

- Fuair TG4 €37 milliún i maoiniú Státchiste in 2020. (Chomh maith leis sin, cuireadh €1.9 milliún breise ar fáil i maoiniú forlíontach 2020 chun costais a bhain le Covid-19 a chomhlíonadh)
- Fuair Raidió na Gaeltachta €11.4 milliún ó fháltais tháille Cheadúnais RTÉ in 2020.
- I 2020, leithdháil Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) maoiniú Fuaim agus Fís thart ar €4.4 milliún chun 34 tionscadal Gaeilge nó dátheangach a léiriú.
- Thacaigh Fís Éireann le 2 thionscadal Cine4 - Tarrac agus Fanacht in 2020 ina bhfuarthas iasacht táirgthe €300,000 in aghaidh an tionscadail. Toisc go ndearnadh scannánú ar Fanacht le linn Leibhéal 5, chuir Fís Éireann maoiniú breise Covid-19 €45,000 ar fáil don tionscadal sin. Chomh maith leis sin, chuir Fís Éireann suim iomlán de €50,000 ar fáil chun 5 thionscadal a fhorbairt ar ar leithdháileadh €10,000 in aghaidh an tionscadail.
- Chaith RTÉ €7.4 milliún in 2020 ar chláir Ghaeilge do TG4.
- Chuir Foras na Gaeilge €240,000 ar fáil do Raidió na Life in 2020. Chomh maith leis sin, chuir Foras na Gaeilge maoiniú £216,000 ar fáil do Raidió Fáilte, Béal Feirste.
- Fuair Raidió Rí Rá maoiniú €75,000 in 2020. (tacaithe ag Conradh na Gaeilge).
- Agus é seolta in 2020, cuirfidh Glúin Nua maoiniú €240,000 ar fáil chun tacú le léiritheoirí ábhair óga atá ag teacht chun cinn chun ábhar nua Gaeilge a chruthú atá dírithe ar lucht spéise níos óige. Tá an tionscnamh maoinithe ina chomhpháirtíocht idir TG4, ÚCÉ, an Ciste Craoltóireachta Gaeilge atá ag Northern Ireland Screen (CCG) agus Údarás na Gaeltachta i bpáirt le Gréasán na Meán Skillnet.

## 7.4 Cultúr agus an Geilleagar Cruthaitheach – Dearcthaí Barr thábhachtacha – Páirtithe Leasmhara agus an Pobal

Leagtar amach sa mhír seo cuid de na dearcthaí is suntasaí a ardaíodh i ndáil leis na healaíona, cultúr agus an geilleagar cruthaitheach.

### 7.4.1 Earnáil an Cheoil agus na nEalaíon – Dearcthaí Barrthábhachtacha

Cuireadh go leor tuairimí in iúl don Choimisiún maidir le ceisteanna a chuir sé i ndáil leis an ról reatha agus athraitheach atá ag MSP maidir leis na healaíona agus cultúr. Luaigh an Eagraíocht um Chearta Ceoil na hÉireann (IMRO), an tábhacht atá le MSP maidir le cultúr agus ceol na hÉireann a chur chun cinn sa tír seo agus thar lear agus molann an eagraíocht go bhfuil infheistíocht ag teastáil lena chinntiú go bhfuil "...na teicneolaíochtaí agus ardáin is fearr ann chun ár gcumas cruthaitheach a chur os comhair lucht spéise agus infheisteoirí idirnáisiúnta" ag Éirinn.[100] Tá acmhainn ollmhór maidir le cruthú agus deiseanna poist don earnáil chruthaitheach agus turasóireachta trí chultúr agus cumas na hÉireann a chur i láthair ar ardáin ina bhfuil aimsiú domhanda.  Chun é sin a bhaint amach, tugann IMRO le fios go bhfuil níos mó acmhainní ag teastáil chun cur ar chumas MSP ábhar cultúrtha dá leithéid a choimisiúnú (mar aon le hábhar Gaeilge agus ábhar spóirt). Chomh maith leis sin, leagadh béim go bhfuil gá tacú le cruthaitheoirí ábhar dá leithéid chun ÁSP a chothú, agus tagraíodh do mholadh Tascfhórsa na nEalaíon agus Téarnaimh, go háirithe triail a bhaint as bunioncam uilíoch do chruthaitheoirí, mar bhealach amháin chun é sin a dhéanamh.[101]

Thagair Comhaontas Ceoil na hÉireann (CCÉ) don tábhacht a bhaineann le "...lárnacht an cheoil do chraoltóireacht seirbhíse poiblí na hÉireann"[102] a aithint.  Cuireadh roinnt moltaí ar aghaidh chuig an gCoimisiún lena mbreithniú maidir le ról MSP chun tacú le tionscal ceoil na hÉireann, lena n-áirítear: fís nua do RTÉ Lyric FM chun dul i ngleic le hábhar imní maidir le heaspa treorach don stáisiún; Ceann an Ghrúpa Ceoil a cheapadh in RTÉ chun ceannaireacht láidir agus rannpháirtíocht le hearnáil cheoil na hÉireann a chinntiú; lipéid cheoil RTÉ a athsheoladh chun foinse nua ioncaim a chur ar fáil do RTÉ mar aon le deiseanna fostaíochta a chur ar fáil don earnáil cheoil; agus clár oiliúna agus intéirneachta nua a bhunú laistigh de RTÉ chun glúnta nua de chumas ceoil a mhealladh.[103]

Chomh maith leis sin, fuair an Coimisiún dearcthaí ó Trad Ireland/Traid Éireann, ar eagraíocht acmhainní í atá rannpháirteach in ealaíona traidisiúnta na hÉireann a chur chun cinn. San aighneacht a cuireadh isteach, leagadh síos nach bhfuil léiriú dóthanach á thabhairt ar phobal na n-ealaíon traidisiúnta sna meáin. Mar sin féin, rinne siad tagairt dhearfach don láithreacht mhór atá ag na healaíona traidisiúnta ar TG4, ar léiriú é ar na sineirgí idir na healaíona traidisiúnta agus an Ghaeilge. D'éiligh Traid Éireann go mbeadh na ealaíona traidisiúnta níos infheicthe sna meáin, go gcuirfí deiseanna ar fáil do chumas cruthaitheach na hÉireann, agus go mbainfí amach lucht féachana idirnáisiúnta, an diaspóra san áireamh. Áirítear leis sin, cláir atá dírithe ar na healaíona traidisiúnta a chur ar ais ar theilifís RTÉ, chomh maith le moladh maoiniú a chur san áireamh d'ealaíona traidisiúnta ar líne amháin sa Scéim Fuaim agus Fís.[104]

Chomh maith leis sin, fuair an Coimisiún dearcthaí ón gCeoláras Náisiúnta (CÁN), institiúid náisiúnta cultúir na hÉireann maidir le ceol. Tarraingíodh aird gur ardán is ea Lyric FM RTÉ atá ríthábhachtach i ndáil le marthanas an cheoil chlasaicigh. Tá sé ríthábhachtach é a chosaint amach anseo ionas go mbeidh lucht féachana sa tír seo agus thar lear in ann teacht ar ealaíontóirí clasaiceacha.

100 Aighneacht IMRO maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch.1.

101 Ibid. p.2. De réir na tuarascála 'Arts and Culture Recovery Task Force' a foilsíodh i mí na Samhna 2020.

102 Aighneacht Chomhaontas Ceoil na hÉireann maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 1

103 Aighneacht Chomhaontas Ceoil na hÉireann maidir le Comhairliúchán Poiblí

104 Aighneacht Trad Ireland/Traid Éireann maidir le Comhairliúchán Poiblí

Le linn an 5ú hIdirphlé Téamach ag an gCoimisiún, a bhí dírithe go sonrach ar chultúr, spórt agus teanga na hÉireann, rinne Angela Dorgan, Cathaoirleach National Campaign for the Arts (NCFA), roinnt pointí a leagan amach maidir le hinbhuanaitheacht na hearnála. Ina cur i láthair, leagadh béim ar an riachtanas díriú ar thrí phríomhréimse d'fhonn an caidreamh idir MSP agus na healaíona in Éirinn a threisiú agus a fhorbairt:

- Clúdach ar na healaíon agus cultúr a mhéadú sna meáin ar fad;
- Coimisiúnú agus cur i láthair ealaíon agus cultúr na hÉireann ag na meáin a mhéadú; agus
- Comhoibriú idir an earnáil ealaíon agus chultúir agus earnáil na meán a mhéadú.

Chomh maith leis sin, creideann NCFA gur chóir go mbeadh cothromaíocht idir na hEalaíona agus spórt maidir le clúdach sna meáin ar fad.

## 7.4.2 MSP - Dearcthaí Barrthábhachtacha

Chomh maith leis sin, fuair an Coimisiún tuairimí ó MSP faoina ról i ndáil leis na healaíona agus cultúr. In aighneacht RTÉ i ndáil le comhairliúchán poiblí an Choimisiúin, pléadh ról uathúil RTÉ maidir le freastal ar "riachtanais chultúrtha" i sochaí na hÉireann.[105] Leagadh béim ar na dúshláin a bhaineann lena leithéid a dhéanamh i ndomhan digiteach atá faoi cheannas na meán sóisialta agus ardáin idirnáisiúnta. D'aithin RTÉ go bhfuil fonn ar dhaoine in Éireann breathnú, éisteacht agus léamh faoina gcultúr, spórt, ceol agus stair agus go bhfuil súil acu freisin go ndéanfaí ionadaíocht mhaith orthu sin san ábhar a chuireann an craoltóir náisiúnta ar fáil. Luadh an méid seo a leanas, "I gcomhthéacs domhanda, cothaítear cultúr dúchasach fuinniúil, forbraítear agus tacaítear le lucht cruthaithe clár agus le cumas cruthaitheach, agus cinntítear guth agus féiniúlacht suaithinseach Éireannach trí RTÉ láidir a bheith ann,"[106] agus, "Trí RTÉ láidir a bheith ann, cinntítear go mbeidh comhthráthanna eispéiris náisiúnta ar fáil trí ábhar saorchraolta, go gcuirfear gach duine, agus gach pobal san áireamh, agus go mbeidh baile ag gach brí agus leagan dínn féin."[107] Thug RTÉ chun suntais go bhfuil "*free-to-air, universally accessible broadcasting (and web publishing)*" bunriachtanach maidir le cláir a bhaineann leis an nGaeilge spórt mionlaigh agus cultúr a chur chun cinn.108 Chuir RTÉ in iúl go bhfuil sé ar an infheisteoir is mó in earnáil neamhspleách na hÉireann, agus ábhar ardchaighdeáin chultúir na hÉireann á chur ar fáil le caiteachas iomlán ag €41.6 milliún in 2019, ach tá an tsuim sin i bhfad níos lú ná an buaic-chaiteachas deich mbliana ó shin, ag €76.5 milliún. Le blianta beaga anuas, ní raibh sé ar chumas RTÉ an méid infheistíochta agus ar mhian leis a dhéanamh i gcláir atá léirithe go neamhspleách, ach luadh freisin, áfach, go bhfuil sé ag iarraidh "a bheith i gceannas ar earnáil chlosamhairc chruthaitheach in Éirinn, agus a bheith mar bhaile ag an gcumas cruthaitheach is fearr sa tír".[109]

Tharraing TG4 aird ar an luach a chuireann sé ar fáil ar fud ceithre réimse, do dhaoine aonair, an tsochaí, an earnáil chruthaitheach agus an geilleagar. Mar shampla, "Cruthaíonn TG4 luach sochaíoch trí fhéiniúlacht agus saibhriú phobal na Gaeilge a chur chun cinn agus trí ról ar leith a imirt in éagsúlacht teanga agus i dtarchur idirghlúine na Gaeilge."[110] Cuireann TG4 ardán domhanda ar fáil chun ealaíona agus cultúr na hÉireann a chur i láthair ar fud na cruinne. Ina aighneacht, luaigh TG4 go bhfuil sé sin fíor-shuntasach i gcomhthéacs straitéis an Rialtais *Éire Dhomhanda – Lorg Domhanda na hÉireann* go dtí 2025, agus na huaillmhianta a bhaineann leis maidir le healaíona, oidhreacht agus cultúr na hÉireann chur chun cinn i measc glúnta nua agus lucht spéise ar fud an domhain. Chomh maith leis sin, thagair TG4 dá ról tábhacht maidir le MSP chun tacú leis an

105 Aighneacht RTÉ maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 4
106 Aighneacht RTÉ maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 4
107 Ibid.
108 Ibid.
109 Ibid. p. 17.
110 Aighneacht TG4 maidir le Comhairliúchán Poiblí. lch. 5.

earnáil chruthaitheach, de réir mar a léirítear ina ráiteas misin: "Soláthraíonn muid seirbhísí siamsúla nuálacha meán trína ndéantar ceiliúradh ar chruthaitheacht na Gaeilge agus trína ndéantar caidreamh a chothú leis an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain. Trí chomhpháirtíocht leis an earnáil chlosamhairc Ghaeilge, cumasaíonn muid cruthú ábhair den scoth agus tacaíonn muid le fás eacnamaíochta in Éirinn". [111]

Chomh maith leis sin, thagair TG4 dá ról chun tacú le ceantair réigiúnacha trí chaiteachas ar léiriúcháin neamhspleácha agus seirbhísí cruthaitheacha, á lua go bhfuil siad ar an "soláthróir fostaíochta aonair is mó sna tionscail chruthaitheacha agus chultúir i réigiúin na hÉireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath/Chill Mhantáin".[12] Mar fhreagra ar cheist an Choimisiúin maidir leis an mbealach inar chóir tacú le MSP ina ról i leith ÁSP, d'éiligh TG4 ar an Rialtas cuidiú a thabhairt tacú leo agus iad a choinneáil ag imeacht maidir le ÁSP a chruthú trí dhul i ngleic leis an scála maoinithe do MSP agus an éiceachóras MSP a athchóiriú i.e. scála agus cothromaíocht mhaoinithe níos mó a bhaint amach.  Luadh go mbeadh tairbhí barrthábhachtacha ag baint leis sin do mheáin agus ealaíona cruthaitheacha na Gaeilge, agus don gheilleagar cruthaitheach i réigiúin in Éirinn.[113] Thagair TG4 don tábhacht a bhaineann le sruthanna maoinithe inchoimhlinte, agus luadh an "ról comhlántach tábhachtach" maidir le cruthú ÁSP ag eagraíochtaí tráchtála a chinntiú "ar dhócha nach léireodh an cineál seo ábhair murach sin".[115] Áirítear leis sin scéimeanna Fuaim agus Fís agus Fís Éireann, agus TG4 freisin maidir lena ról mar "chraoltóir-foilsitheoir". Mar sin féin, thagair TG4 d'easpa scála i struchtúr na scéimeanna Fuaim agus Fís agus Fís Éireann atá ina chionsiocair le ró-éileamh a bheith ar na scéimeanna. Maíonn TG4 go bhféadfaí dul i ngleic leis sin trí chothromaíocht mhaoinithe a bhaint amach sna cistí a chuirtear ar fáil do chistí inchoimhlinte a chuirtear ar fáil do RTÉ. Trí sin, creideann TG4 go dtabharfadh: "sé sin an spreagadh a theastaíonn chun bonn láidir a chruthú do mhaoin intleachtúil dhúchasach agus idirnáisiúnú ar eacnamaíocht chruthaitheach neamhspleách na hÉireann."[116] Chomh maith leis sin, luadh an tábhacht atá le sruthanna inchoimhlinte ar leith a choinneáil, agus an luach atá ar na héagsúlachtaí caolchúiseacha atá idir aidhm agus cuspóirí Fís Éireann, ar a bhfuil sainchúram scáileáin níos leithne ina ndírítear níos mó ar thallann, agus Fuaim agus Fís, ina ndírítear níos mó ar thacú le cultúr na hÉireann.  Chomh maith leis sin, tharraing TG4 aird ar an tábhacht atá le haghaidh a thabhairt ar shuntasacht MSP tríd an mBille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialúchán Meán, á lua gur cás an-áititheach an cás i leith suntasacht MSP, go háirithe i ndáil leis na meáin Ghaeilge.

### 7.4.3 Craoltóirí Tráchtála agus Neamhspleácha – Dearcthaí Barrthábhachtacha

Chomh maith leis sin, rinne an Coimisiún machnamh ar dhearcthaí craoltóirí tráchtála agus neamhspleácha maidir leis na healaíona agus cultúr. Luaigh Virgin Media Television, mar fhreagra ar cheist ón gCoimisiún maidir leis an dóigh inar chóir na meáin a mhaoiniú ar bhealach inbhuanaithe, gur chóir maoiniú poiblí a úsáid chun ábhar a chruthú atá "ina léiriú ar chultúr agus féiniúlacht na hÉireann"[117], nó ábhar nach ndéanfaí a choimisiúnú murach sin. Ina aighneacht, tagraíonn   (IBI), don tseirbhís logánta ar leith a chuireann raidió neamhspleách ar fáil atá ina dlúthchuid de chultúr agus sochaí na hÉireann. Ina éileamh ar aitheantas a fháil ar an méid a chuireann raidió neamhspleách le craoltóireacht seirbhíse poiblí, luann siad go n-éilítear ar stáisiúin, faoin Acht Craolacháin 2009, cláir Ghaeilge agus chultúir a chraoladh, réimse ábhair éagsúil a chur ar fáil, do

[111] Ibid. lch. 6
[112] Ibid. lch. 7
[113] Ibid. lgh. 14-15.
[114] Ibid. lch. 17.
[115] Ibid. lch.20.
[116] Ibid. lch. 20.
[117] Aighneacht Virgin Media Television maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 7.

leasanna mionlaigh agus logánta freisin, agus deiseanna a chur ar fáil do chumas nua ceoil, drámaíochta agus siamsaíochta.[118]

Ina n-aighneacht, phléigh *Community Radio Ireland* (CRAOL) agus *Community Television Association* (CTP) an misean lárnach atá ag na meáin phobail, lena n-áirítear an tairbhe shóisialta a chuireann siad ar fáil do phobail. Áitíonn siad, sa choincheap maidir le tairbhe shóisialta de réir mar a chuirtear ar fáil ag meáin phobail, go mbaintear amach aidhmeanna seirbhísí poiblí, lena n-áirítear aidhmeanna maidir le cultúr, an Ghaeilge agus spórt. Chomh maith leis sin, thug CRAOL agus CTP freagra sonrach ar an gceist maidir leis an mbealach ina bhféadfadh MSP a bheith níos éifeachtaí i ndáil le cur chun cinn na Gaeilge, spóirt agus cultúir. Luann siad gur minic nach meastar cláir a bhaineann leis an nGaeilge, spóirt mhionlaigh agus na healaíona a bheith inmharthana ó thaobh na tráchtála de, agus gur gnách nach mbíonn spás ar MSP ach ag ealaíontóirí aitheanta. Mar sin féin, luann siad gur féidir leis na meáin phobail "barr feabhais a bhaint amach"[119] maidir leis na healaíona agus cultúr for-logánta a chur chun cinn, cuireann siad in iúl go léiríonn na meáin phobail go leor cláir atá dírithe ar chultúr na hÉireann. Is iadsan atá ina gcraoltóirí eisiacha maidir le go leor imeachtaí agus féilte áitiúla, spóirt mhionlaigh, agus cuireann siad ceol na hÉireann chun cinn freisin.[120]

## 7.4.4 An Earnáil Chlosamhairc – Dearcthaí Barrthábhachtacha

Luaigh Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann (SPI), ar eagraíocht náisiúnta ionadaíoch í ar chuideachtaí léiriúcháin scannáin neamhspleácha, teilifíse, beochana agus digiteacha, go bhfuil laghduithe seasmhacha in infheistíocht agus i leibhéil coimisiúnaithe do MSP le blianta beaga anuas ina gcúis le dúshláin shuntasacha bheith roimh an earnáil léiriúcháin maidir le maoiniú agus forbairt gnó. Tá gníomhú an Rialtais ag teastáil go práinneach chun maoiniú do MSP a chobhsú d'fhonn coinníollacha a chruthú atá fabhrach d'inbhuanaitheacht agus fás na hearnála léiriúcháin neamhspleáiche.

### An tábhacht atá le MSP don Earnáil Chruthaitheach agus Chlosamhairc níos leithne

Mar fhreagra ar cheist ón gCoimisiún maidir leis an mbealach inar chóir tacú le MSP ina ról, d'admhaigh go leor páirtithe leasmhara san earnáil chlosamhairc an tábhacht atá le MSP maidir le féiniúlacht chultúrtha na hÉireann a choinneáil, agus rinneadh tagairt freisin don ról ríthábhachtach atá aici chun tacú le tionscal an scáileáin chruthaithigh agus leis an éiceachóras closamhairc níos leithne. Mar a luaigh Fís Éireann:

> "Ní raibh an oiread tábhachta ag baint riamh le craoltóireacht seirbhíse poiblí maidir lenár gcultúr, agus maidir le híomhá domhanda na hÉireann. Trí CSPanna, cuirtear eolas, oideachas agus siamsaíocht ar fáil atá ina léiriú ar fhéiniúlacht chultúrtha na hÉireann agus ionadaíoch ar réimse leathan daoine agus dearcthaí. Trí MSP, déantar cion tairbhe suntasach maidir leis an ngeilleagar, an tsochaí agus cúrsaí cultúir trí thacú leis na tionscnaimh scáileáin chruthaitheacha agus leis an éiceachóras closamhairc i gcoitinne." [121]

Luaigh roinnt páirtithe leasmhara an ról tábhachtach atá ag léiriúchán neamhspleách maidir le ÁSP a chruthú trína mealltar agus trína gcuirtear siamsaíocht ar fáil do lucht spéise, agus an tábhacht a bhaineann leis sin maidir le héagsúlacht chultúir.

Chomh maith leis sin, luaigh roinnt páirtithe leasmhara an tábhacht a bhaineann le MSP don earnáil maidir le teacht a bheith ar mhargaí agus dáileadh idirnáisiúnta. Mar a luaigh Animation Ireland: "Má fhaigheann

118 Aighneacht IBI maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 18
119 Aighneacht CRAOL agus CTP maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 20.
120 Aighneacht CRAOL agus CTP maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 11.
121 Screen Ireland Submission to Public Consultation, p. 4.

tionscadal Éireannach faomhadh ón gcraoltóir náisiúnta, tugtar creidiúnacht níos mó dó ar an margadh", agus "...trína dtacaíocht, is féidir maoiniú ó chríocha eile a chur ar fáil..." [122]

Téama barrthábhachtach athfhillteach ab ea cobhsaíocht maoinithe i leith MSP. Luaigh Fís Éireann nach mór go mbeadh MSP maoinithe go cuí agus inmharthana ó thaobh airgid de ionas gur féidir leo riachtanais lucht féachana a chomhlíonadh agus tacú leis an earnáil chruthaitheach araon. Thagair SPI don tábhacht atá le MSP seasmhach maidir le cumas MSP infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail nua, agus maidir le cumas léiritheoirí tionscadail fhadtéarmacha a fhorbairt. Tharraing roinnt páirtithe leasmhara aird ar an ngá ata le maoiniú a mhéadú do TG4, agus an tábhacht atá le TG4 maidir le léiriú réigiúnach neamhspleách á lua ag SPI.

### Dúshláin maidir le hÉileamh ar Ábhar a bhaint amach

Tharraing Fís Éireann aird ar an éileamh idirnáisiúnta ar dhrámaíocht teilifíse ardleibhéil agus ábhar beoite atá ag méadú agus na deiseanna a d'fhéadfadh sé sin a thabhairt do MSP agus don earnáil chlosamhairc níos leithne in Éirinn. Ag an am céanna, mar gheall ar iomaíocht idirnáisiúnta níos mó ar ábhar ardleibhéil a bheith ann, go háirithe ó ardáin síntiúis físeán ar éileamh cheannasacha (SVOD) tá borradh curtha faoi bhoilsciú i gcostais léirithe agus tá ionchais lucht féachana méadaithe. Leag Fís Éireann béim ar an ngá atá le hinfheistíocht a mhéadú i gcumas agus léiriú na hÉireann, lena n-áirítear léiriú drámaíochta teilifíse, agus ar an ngá atá le húinéireacht ar chearta maoine intleachtúla a choinneáil. D'éiligh siad ar ardáin intíre ar éileamh a threisiú ina gcuirtear ábhar Éireannach ar fáil agus scóip agus scála níos mó maidir le hinfheistíocht MSP i léiriú drámaíochta, beochan agus príomhscannán. Chomh maith leis sin, tharraing siad aird ar an ngá atá le digitiú a dhéanamh agus rochtain a chur ar fáil don phobal ar chatalóg saothar ábhair laistigh de chuideachtaí léiriúcháin, craoltóirí agus bailiúcháin aonair atá lonnaithe in Éirinn.

### Samhlacha Coimisiúnaithe MSP agus Caiteachas ar Léiriúchán Neamhspleách

D'éiligh roinnt páirtithe leasmhara go ndéanfaí athrú ar an mbealach ina ndéantar ábhar a choimisiúnú ón earnáil léiriúcháin teilifíse neamhspleách. Mar shampla, d'éiligh SPI go ndéanfadh RTÉ aistriú i dtreo samhail foilsitheora/craoltóra sa chéad chúig bliana eile d'fhonn na leibhéil coimisiúnaithe a dhéantar ar chláir teilifíse úrnua atá léirithe go seachtrach a mhéadú, cé is moite de chláir nuachta agus cúrsaí reatha. Thagair sé do TG4 mar eiseamláir ina thaobh seo, á lua go bhfuil "TG4 ar an aon fhoilsitheoir / craoltóir in Éirinn a fhaigheann a ábhar ar fad, cé is moite d'ábhar nuachta agus cúrsaí reatha, ó Earnáil Léiriúcháin Neamhspleách na Gaeilge".[123] D'iarr SPI ar mhéadú sa chaiteachas reachtúil íosta ag RTÉ agus craoltóirí tráchtála ceadúnaithe ar léiriúchán neamhspleách, á lua nár cloíodh le méaduithe in infheistíocht a aontaíodh roimhe seo le MSP. [124]

### An Tábhacht atá le Scéimeanna Maoinithe Inchoimhlinte

Tharraing páirtithe leasmhara aird ar an tábhacht atá le scéimeanna maoinithe inchoimhlinte don earnáil. Thagair Cuallacht Scríbhneoirí na hÉireann don ról suntasach a bhí ag an Scéim Fuaim agus Fís chun tacú le drámaíocht ar stáisiúin raidió neamhspleácha agus chun asraon luachmhar a chur ar fáil do chumas nua.[125] Rinne Cuallacht Stiúrthóirí Scáileáin na hÉireann cur síos ar mhaoiniú ó Fhís Éireann agus ó Fhuaim agus Fís a bheith ina "tacaíochtaí ríthábhachtacha chun ábhar teilifíse na hÉireann a fhorbairt".[126]

Mar sin féin, cé gur mhol páirtithe leasmhara na gnéithe dearfacha a bhaineann leis an Scéim Fuaim agus Fís, bhí go leor ar son athchóiriú a dhéanamh ar an scéim. Luaigh go leor páirtithe leasmhara, lena n-áirítear *Northern Ireland Screen*, gur minic a bhíonn ró-éileamh ar shruthanna maoinithe inchoimhlinte. Thug SPI

[122] Aighneacht Animation Ireland maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 2.
[123] Aighneacht Léiritheoirí Scáileáin Éireann maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 11.
[124] Aighneacht Léiritheoirí Scáileáin Éireann maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 10.
[125] Aighneacht Chuallacht Scríbhneoirí na hÉireann maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 3.
[126] Aighneacht Chuallacht Stiúrthóirí Scáileáin na hÉireann maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch.4.

faoi deara go bhfuil an maoiniú atá ar fáil sáraithe ag líon na gcuideachtaí léiriúcháin atá ag iarraidh ábhar a dhéanamh. D'iarr SPI ar athruithe lena n-áirítear maoiniú Fuaim agus Fís a leathnú chun forbairt, méadú i líon na mbabhtaí maoinithe agus béim níos mó ar chumas cruthaitheach na hÉireann, a chlúdach. Luaigh SPI gur mhol siad roimhe seo do ÚCÉ sruth tacaíochta ar leith a chruthú laistigh den Chiste Craolacháin chun "cur ar chumas léiritheoirí tionscadail a fhorbairt, le craoltóirí agus comhlachtaí eile, sula gcuirfí iarratas isteach ar mhaoiniú léiriúcháin".[127] Thagair Cuallacht Scríbhneoirí na hÉireann d'éagothroime san earnáil, go háirithe i gcás scríbhneoirí scripte, agus ceapann siad go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar sin go pointe áirithe trí "méadú radacach a dhéanamh i maoiniú forbartha".[128]

### Tacaíocht i leith cruthú agus úinéireacht mhaoin intleachtúil

Maidir le plé a dhéanamh ar an mbealach is fearr tacú le héiceachóras cruthaitheach níos leithne, d'iarr roinnt páirtithe leasmhara ar thacaíocht spriocdhírithe i leith cruthú agus úinéireacht IP san earnáil. Ós rud é go ndéanann úinéireacht IP éascaíocht ar mhaoine ábhair a shaothrú, ba chóir go gcuirfeadh sé sin ar chumas cuideachtaí léiriúcháin méadú suntasach a dhéanamh. Tugann SPI ar aird go raibh baint lárnach aige sin maidir le fás na hearnála beochana.

Luann roinnt páirtithe leasmhara an tábhacht atá le Treoir AE maidir le Cóipcheart i ndáil le IP. Mar shampla, mhol Cuallacht Stiúrthóirí Scáileáin na hÉireann "...Treoir AE maidir le  Cóipcheart a chur i bhfeidhm go hiomlán in Éirinn trína dtacófar le cumas barrthábhachtach a bheith páirteach i saol geilleagrach a gcuid oibre. Mar shampla, is féidir le stiúrthóirí, scríbhneoirí agus léiritheoirí cearta a choinneáil ó chraoltóirí/SVODanna Eorpacha agus páirt a ghlacadh i dtuairisceáin díolacháin leanúnacha."[129]

### An tábhacht atá le halt 481

Chomh maith leis sin, leagann go leor páirtithe leasmhara béim ar an tábhacht chriticiúil atá le creidmheas cánach alt 481 don earnáil chlosamhairc. Luann SPI an méid a leanas, "Trí alt 481, cuirtear dreasacht chánach iomaíoch ar fáil a mbaineann léiriúcháin dhúchasacha agus comhléiriúcháin idirnáisiúnta tairbhe aisti agus ina dtugtar giaráil do léiritheoirí neamhspleácha léiriúcháin nua a mhealladh trína gcruthaítear poist ardluacha sa tionscal in Éirinn." [130]

Iarann SPI go gcuirfí síneadh cúig bliana eile leis an scéim níos faide ná 2024, agus go dtabharfaí ar ais an t-ardú réigiúnach le linn na tréimhse seo.

### Cumas a Fhorbairt

Thagair go leor páirtithe leasmhara don tábhacht a bhaineann le tacú le cumas a fhorbairt ar mhaithe le hinmharthanacht fhadtéarmach na hearnála cruthaithí. Mar a léirigh SPI, braitheann an earnáil ar "daoine tréitheacha a bhfuil sároiliúint agus taithí acu chun an t-ábhar ardchaighdeáin a chruthú a bhfuil clú domhanda orainn ina leith."[131] Maidir leis sin, mhol SPI forbairt a dhéanamh ar, "...naisc struchtúrtha idir an Earnáil AV agus Scileanna Scáileáin Éireann chun cláir forbartha scileanna chomhoibríocha a chruthú trína mbaintear amach riachtanais leanúnacha na hearnála de réir mar a fhorbraíonn sí i Mol Bhaile Átha Cliath/ Chill Mhantáin agus ar fud na réigiún." [132]

Chomh maith leis sin, leagann páirtithe leasmhara eile béim ar an ngá atá le tacú le MSP chun cumas cruthaitheach na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt. Thagair Fís Éireann don ról atá ag MSP cumas inmheánach a chothú agus bealach chun margaidh a chur ar fáil, agus gur chóir go mbeadh sé ina ardán chun cumas a fhorbairt.

---

127 Aighneacht Léiritheoirí Scáileáin Éireann maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 20.
128 Aighneacht Chuallacht Scríbhneoirí na hÉireann maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 5.
129 Aighneacht Chuallacht Stiúrthóirí Scáileáin na hÉireann maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 4.
130 Aighneacht Léiritheoirí Scáileáin Éireann maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 24.
131 Aighneacht Léiritheoirí Scáileáin Éireann maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 25.
132 Aighneacht Léiritheoirí Scáileáin Éireann maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 25.

## Glao ar Chiste Ábhar Cruthaitheach Meán Náisiúnta

Rinne an Coimisiún machnamh ar aighneacht ón gComhghrúpa Earnála um Ábhar Cruthaitheach Closamhairc (a chuimsíonn Léiritheoirí Scáileáin Éireann, *Animation Ireland*, Cuallacht Stiúrthóirí Scáileáin na hÉireann, Cuallacht Scríbhneoirí na hÉireann, Cuallacht Chumadóirí Scáileáin na hÉireann, RTÉ, agus TG4). Leagadh amach go mionsonrach a dtacaíocht i leith tobhach ábhair nua, de réir mar atá cumasaithe tríd an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD). "D'fhéadfadh ioncam nó maoiniú iarmhartach a thagann ó thobhach acmhainn sárluachmhar a chur ar fáil maidir le léiriú ábhar intíre a chothú ag leibhéal náisiúnta, agus ag an am céanna, tacaíocht a thabhairt do bheartas closamhairc ghinearálta AE."[133] Choimisiúnaigh an Comhghrúpa Earnála taighde ó chomhairleoirí Indecon, ar taighde atá ann a bhaineann go sonrach le hÉirinn, d'fhonn an cur chuige atá ag tíortha eile san Eoraip maidir leis an deis seo a thagarmharcáil.

Molann an Comhghrúpa Earnála go bhféadfaí an tobhach a úsáid chun Ciste Ábhar Cruthaitheach Meán Náisiúnta a chruthú, a chuideodh, ar a uain, le geilleagar meán cruthaitheach na hÉireann a spreagadh. Tugann siad faoi deara gurbh iondúil ról suntasach a bheith ag MSP na hÉireann maidir leis an earnáil a mhaoiniú, agus breis is €62 milliún á chaitheamh sa bhliain 2019. Maíonn siad go mbaineann seirbhísí síntiúis agus físeáin ar éileamh brabúis mhóra amach ach gur beag infheistíochta a dhéanann siad in ábhar a chruthú in Éirinn ina chomaoin sin.

Tugann an Grúpa Earnála ar aird go bhfuil forbairt á déanamh ar bhonneagar closamhairc na hÉireann le deich mbliana anuas, agus infheistíocht á déanamh in ionaid léiriúcháin i nGaillimh agus Luimneach, mar aon le spás stiúideo nua i mBaile Átha Cliath agus Cill Mhantáin, agus gur cuireadh leis an mbonn scileanna laistigh den earnáil trí scéimeanna nuálacha oiliúna agus oideachais. Tagraíonn siad d'éilimh folaigh ar ábhar den scoth san earnáil idirnáisiúnta. "Mar gheall ar thacaíocht ón dreasacht maidir le faoiseamh faoi alt 481, agus mar gheall ar ardchaighdeán saoráidí stiúideo, láithreacha agus acmhainní pearsanra oilte, tá Éire bunaithe go daingean anois mar cheann scríbe do léiriúcháin mhóra dhomhanda. Tá bearna fós i gceist i gcás tacaíocht a thabhairt do léiriúchán dúchasach a bhfuil sé de chumas ann leas a bhaint as a Mhaoin Intleachtúil féin ó thaobh díolachán agus dáileadh de. Trí sin, ní hamháin gur féidir rialú níos fearr a dhéanamh ar ár scéal cultúrtha féin, ach is féidir rialú níos fearr a dhéanamh ar rath na hearnála ar deireadh thiar."[134]

## Deis maidir le Beartas um Chultúr agus na Meáin a Ailíniú go Straitéiseach

Rinne an Coimisiún machnamh ar dhearcthaí maidir le treo an bheartais straitéisigh i ndáil leis na meáin agus cultúr. Mar shampla, tharraing Fís Éireann aird ar an deis atá curtha ar fáil breathnú ar an earnáil scáileáin ar bhealach níos iomlánaíche mar thoradh ar phortfóilió comhcheangailte na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a cruthaíodh le gairid.

[133] Aighneacht an Chomhghrúpa Earnála um Ábhar Cruthaitheach Closamhairc maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 4
[134] Aighneacht an Chomhghrúpa Earnála um Ábhar Cruthaitheach Closamhairc maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 12

# 7.5 Tírdhreach Tacaíochta d'Earnáil na Meán Cultúir agus Cruthaitheach

## 7.5.1 Forléargas

Mar a pléadh i gCaibidil 6, i measc na dtacaíochtaí do shaothar cultúir agus cruthaitheach sna hearnálacha craoltóireachta agus closamhairc in Éirinn, tá scéimeanna inchoimhlinte a riarann Údarás Craolacháin na hÉireann faoin gCiste Craoltóireachta, ina ndírítear go príomha ar chláir atá le craoladh ar raidió agus ar theilifís, agus tacaíochtaí a riarann Fís Éireann, ina ndírítear ar chúrsaí léiriúcháin agus forbartha maidir le scannáin, beochan agus teilifís. I measc na mbeart cánach atá dírithe ar an earnáil chlosamhairc, tá scéim faoisimh chánach alt 481. Agus cuid den chomhrá maidir le hearnálacha na meán a pléadh i gCaibidil 2 á chur faoi chaibidil arís, cuirtear forléargas ar fáil sa mhír seo ar na tionscnaimh bheartais straitéiseacha atá i bhfeidhm do na hearnálacha craoltóireachta agus closamhairc, agus pléitear go mionsonrach cuid de na meicníochtaí tacaíochta éagsúla atá ar fáil.

## 7.5.2 Tionscnaimh Bheartais Straitéiseacha don Earnáil Chlosamhairc

Aithnítear an earnáil chlosamhairc a bheith ina hearnáil den gheilleagar atá bríomhar agus i mbun fáis agus a bhfuil acmhainn inti maidir le fás geilleagrach leanúnach. Aithníodh an gá atá le hinfheistíocht phoiblí straitéiseach agus le tacaíocht.  Is í an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Spóirt, Gaeltachta agus Meán atá i gceannas ar bheartas straitéiseach sa réimse sin, le hionchur ó ÚCÉ agus Fís Éireann. Tá Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil ag déanamh maoirseacht ar an *Plean Gníomhaíochta Closamhairc* a chur i bhfeidhm. Cuimsíonn an Grúpa ionadaithe ón Roinn Airgeadais, na Coimisinéirí Ioncaim, an *Roinn Fiontar*, Trádála agus Fostaíochta, ÚCÉ agus Fís Éireann.

In 2018, sheol an Rialtas straitéis infheistíochta caipitil, *Infheistíocht a Dhéanamh inár gCultúr, inár* dTeanga agus inár nOidhreacht 2018-2027, atá ar an ngné maidir le hinfheistíocht chultúir i *Tionscadal Éireann 2040* (straitéis infheistíochta caipitil fhadtéarmach an Rialtais don tír). Áirítear le snáithe cultúir na straitéise infheistíochta infheistíocht phleanáilte €200 milliún a dhéanamh i léiriúcháin meán agus i dtionscail chlosamhairc. Tríd an maoiniú caipitil, táthar ag súil deis a thabhairt chun mianach na hÉireann a fhorbairt mar cheannasaí idirnáisiúnta ó thaobh scannáin, teilifís agus ábhar beochana a léiriú. *Trí Clár Éire* Ildánach a bunaíodh in 2017, agus tríd an straitéis infheistíochta caipitil atá ag dul leis, tá gealltanas tugtha ag an Rialtas Éire a fhorbairt mar lárionad barr feabhais ar domhan i ndáil le léiriúchán meán.[135] In 2018, sheol an Rialtas an *Plean Gníomhaíochta Closamhairc* freisin, ar plean deich mbliana é chun Éire a bheith ina ceannaire san earnáil chlosamhairc, agus ina "mol domhanda" maidir le léiriúchán closamhairc.1[36] Foilsíodh an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an bplean i mí na Nollag 2019. Tugadh achoimre ar éachtaí éagsúla a baineadh amach ó seoladh an plean lena n-áirítear méadú 17% i maoiniú i mbuiséid 2019 agus 2020 d'Fhís Éireann chun tacú le léiriúchán scannán agus teilifíse, scéimeanna tacaíochtaí nua don earnáil ó Fhís Éireann, agus Grúpa Stiúrtha ardleibhéil a bunú chun cur chun feidhme an phlean a chur chun cinn go straitéiseach.

Chomh maith leis sin, tá treoir beartais don earnáil chlosamhairc le fáil i dtionscnaimh chrosghearrthacha eile, ar nós *Fiontraíocht 2025 Athnuaite*,  ina leagtar amach straitéis fiontraíochta náisiúnta na hÉireann sa mheántéarma, lena n-áirítear an earnáil chlosamhairc, agus *Éire Dhomhanda – Lorg Domhanda na hÉireann* go dtí 2025, ina bhféachtar le láithreacht chultúrtha na hÉireann ar an ardán domhanda a uasmhéadú agus ina leagtar amach uaillmhian maidir leis an earnáil léiriúcháin scannán in Éirinn a mhéadú faoi dhó.[137]

135 Colún 4 den Chlár Éire Ildánach

136 Plean Gníomhaíochta Closamhairc, lch. 9.

137 Éire Dhomhanda – Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025, lch. 43.

### Ábhar Éireannach a Idirnáisiúnú – Dúshláin agus Deiseanna

Mar gheall ar theacht chun cinn SVODanna ar nós Netflix agus Disney+, tá méadú tagtha ar an éileamh atá ar ábhar teilifíse tarraingteach le blianta beaga anuas. Ag an am céanna, tá ceannas níos mó á fháil ag eintitis léiriúcháin trasnáisiúnta comhdhlúite atá ar an mórchóir agus a bhfuil acmhainní cearta acu ar mhargaí idirnáisiúnta d'ábhar closamhairc (e.g. All3Media, Endemol Shine agus Warner Brothers TV Production), a bhfuil go leor acu comhtháite go hingearach le hoibríochtaí agus gníomhaíochtaí fairsinge agus inmheánacha dáileacháin idirnáisiúnta a chlúdaíonn na tionscail teilifíse agus meán níos leithne ar fud an domhain.

Chomh fada agus a bhaineann sé le coimisiúin a fháil i leith ábhar ardleibhéil agus leas a bhaint as CMInna in ábhar dá leithéid ar bhonn idirnáisiúnta, is iondúil go mbíonn réimse buntáistí suntasacha gnó ag eintitis chomhdhlúite nuair a chuirtear iad i gcomparáid le cuideachtaí léiriúcháin aonair níos lú agus dáileoirí mionscála neamhspleácha i dtíortha mar Éire. Mar sin féin, aithnítear go forleathan go bhfuil earnáil chruthaitheach na hÉireann ina hearnáil lán tallainne agus go bhfuil cáil as cuimse uirthi i leith na scéalaíochta. Dá bhrí sin, ní mór do thionscal léiriúcháin na hÉireann áit níos fearr a bhaint amach dó féin chun leas a bhaint as treochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le héileamh ar ábhar i margaí idirnáisiúnta.

Tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh idirnáisiúnta ar ábhar ardchaighdeáin le blianta beaga anuas mar gheall ar fhás i líon na n-asraonta craoltóireachta agus pay-TV atá in iomaíocht lena chéile agus mar gheall ar fhás i seirbhísí SVOD. Chomh maith le bheith ina bpointe teagmhála níos tábhachtaí ag lucht féachana, tá cumhacht mhór coimisiúnaithe ag seirbhísí SVOD, mar aon le dúil mhór in ábhar a bhaineann go sonrach le háiteanna ar leith ina léirítear acmhainn maidir le spéis lucht féachana a mhúscailt ar bhonn idirnáisiúnta níos leithne. Mar thoradh ar éileamh ó SVODanna ar ábhar a mbeadh dúil ann ar fud an domhain, mar aon le próisis cheannasacha maidir le teilifís a thras-náisiúnú, cuirtear deiseanna cruthaitheacha agus tráchtála ar fáil d'earnáil léiriúcháin na hÉireann nach bhfacthas riamh cheana agus cuirtear deis ar fáil freisin a cáil agus branda a fhorbairt sa bhaile agus thar lear.

Mar sin féin, i gcodarsnacht le samhlacha coimisiúnaithe MSP, ina gcuirtear ar chumas léiritheoirí neamhspleácha cuid d'úinéireacht CMInna a choinneáil, nuair a cheannaíonn SVODanna ábhar úrnua, is iondúil go mbíonn siad ag iarraidh na cearta ar fad a cheannach amach. Mar sin, cé go bhfuil deis á cur ar fáil, is ionann teacht chun cinn SVODanna agus fórsaí dícheangail maidir leis na samhlacha do léiriúcháin a mhaoiniú agus téarmaí trádála a chreimeadh ar samhlacha iad trínar cothaíodh agus tacaíodh le fás agus rath go leor cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha le blianta beaga anuas.

Mar gheall ar mhargaí comhléiriúcháin a chruthaigh craoltóirí ar nós RTÉ agus Virgin Media, rinneadh éascaíocht ar réimse níos leithne d'ábhar drámaíochta a choimisiúnú ó léiritheoirí Éireannacha le blianta beaga anuas. Tá buntáistí soiléire ag baint leis sin do lucht féachana intíre maidir le héagsúlacht agus caighdeán na drámaíochta dúchasaí atá ar fáil ach, ós rud é go ndéanfar úinéireacht IPR a chomhroinnt, d'fhéadfadh níos lú deiseanna bheith ar fáil do chraoltóir ioncam idirnáisiúnta a mhéadú trí ábhar dá leithéid a cheadúnú. Ba chóir a aithint freisin nach mbeidh margadh ag roinnt ábhar Éireannach lasmuigh den oileán toisc nach mbeidh an t-ábhar nó na caighdeáin léiriúcháin tarraingteach do cheannaitheoirí idirnáisiúnta, ach go bhféadfadh luach agus athshondas ollmhór bheith ag baint le hábhar dá leithéid i measc lucht féachana na hÉireann toisc go dtéann sé i bhfeidhm ar ár gcultúr agus luachanna féin.

In ainneoin na ndúshlán ó thaobh iomaíochais de, tá acmhainn ann tacaíocht bhreise a thabhairt maidir le hábhar Éireannach a idirnáisiúnú

### Tionchar Covid-19

Aithnítear go forleathan go raibh drochthionchar ag Covid-19 ar an earnáil chruthaitheach agus ealaíon. Bhunaigh an Rialtas Tascfhórsa Téarnaimh na nEalaíon agus an Chultúir i mí Mheán Fómhair 2020 chun

"moltaí a dhéanamh ar mar is fearr is féidir leis an earnáil ealaíon agus cultúir téarnamh agus dul in oiriúint don damáiste gan fasach a rinneadh mar gheall ar an bpaindéim Covid-19." [138] Is i mí na Samhna 2020 a foilsíodh tuarascáil an Tascfhórsa. Leagadh amach líon moltaí i leith marthanas na n-earnálacha sin, lenar áiríodh moladh maidir le "cothrom na Féinne do lucht déanta ábhair chruthaithigh" a chinntiú trí Threoir AE maidir le Cóipcheart agus an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVSMD) a thrasuí i ndlí na hÉireann.[139]

## 7.5.3 Maoiniú do Léiriúchán Cultúrtha agus Cruthaitheach

### Forléargas

Mar a luadh thuas, tá réimse scéimeanna tacaíochta éagsúla ar fáil do na hearnálacha closamhairc agus craoltóireachta chun ábhar cultúrtha a léiriú agus a fhorbairt. San aighneacht a chuir Léiritheoirí Scáileáin Éireann faoi bhráid chomhairliúchán poiblí an Choimisiúin, tugtar léargas ar fhoinsí maoinithe a mbaineann léiriúchán neamhspleách leas astu de ghnáth, de réir mar a leagtar amach i dTábla 7-1:

**Tábla 7-1** *Foinsí Maoinithe i ndáil le Léiriúchán Ábhair*

| |
|---|
| Táille Ceadúnais Teilifíse |
| Maoiniú TG4 |
| Maoiniú Fís Éireann |
| Maoiniú Fuaim agus Fís Údarás Craolacháin na hÉireann |
| Maoiniú Media na hEorpa Cruthaithí |
| Faoiseamh Cánach Alt 481 |
| Ciste Craoltóireachta Gaeilge |
| Maoiniú Cine4 |
| Maoiniú Virgin Media Television |
| Maoiniú príobháideach lena n-áirítear comhléiriú (i gcás ina bhfuil Éire in iomaíocht ag leibhéal idirnáisiúnta chun maoiniú a mhealladh) |

*Foinse: Aighneacht Léiritheoirí Scáileán Éireann i leith an Chomhairliúcháin Phoiblí*

Tugtar léiriú ginearálta (seachas léiriú uileghabhálach) ar na cineálacha éagsúla tacaíochta atá ar fáil.

## 7.5.4 Scéimeanna an Chiste Craoltóireachta

Eisíocann an Ciste Craoltóireachta 7% d'fháltais táille an Cheadúnais Teilifíse leis na earnáil chraoltóireachta trí dhá scéim: an Scéim Fuaim agus Fís agus an Scéim Cartlannaíochta.

### An Scéim Fuaim agus Fís

Is faoin Acht Craolacháin (Maoiniú), 2003 a bunaíodh an Scéim Fuaim agus Fís ar dtús. Tríd an Scéim, tacaítear le cláir nua teilifíse agus raidió ar chainéil phoiblí, tráchtála, chraolacháin phobail a léiriú, mar aon le roinnt tacaíocht choimhdeach a thabhairt don earnáil chraolacháin. Baineann critéir incháilitheachta leis an scéim.

[138] https://www.gov.ie/en/press-release/4769e-arts-and-culture-recovery-taskforce-report-published/


[139] Ibid. p. 20.

Mar shampla, ní mór go mbeadh cláir á gcraoladh ag craoltóir incháilithe. Déantar maoiniú a leithdháileadh trí úsáid a bhaint as córas babhtaí maoinithe. Sa cheathrú leagan den Scéim[140], a seoladh in 2020, lorgaítear iarratais faoi na téamaí cultúr na hÉireann, oidhreacht agus eispéireas; litearthacht Aosach nó Litearthacht Meán; saincheisteanna Domhanda; agus an Ghaeilge. Le linn na paindéime Covid-19, bhí babhtaí speisialta sa Scéim inar díríodh ar thacaíocht a thabhairt d'fheasacht agus tuiscint an phobail ar Covid-19.

Dar le ÚCÉ, is é an príomhchuspóir atá le Fuaim agus Fís "tacú le cláir inrochtana a chruthú atá ina léiriú ar chultúr, stair, teanga agus éagsúlacht na hÉireann, cláir a bhfuil aidhm chultúrtha agus/nó pobail ag baint leo do réimse éagsúil lucht spéise in Éirinn". 141 Mar atá luaite ag ÚCÉ ina aighneacht i leith chomhairliúchán poiblí an Choimisiúin, tá Fuaim agus Fís ina "cuid bhunúsach den bhonneagar maoinithe don earnáil léiriúchán neamhspleách in Éirinn", agus go "ndéantar éascaíocht ar ábhar a bhfuil ábharthacht chultúrtha ag baint leis a chruthú do lucht spéise in Éirinn nach gcruthófaí murach sin".[142]

Maidir le hábhar cultúir agus cruthaitheach a thacaítear faoin scéim, tugtar léargais fhónta trí mhiondealú a dhéanamh ar an maoiniú a cuireadh ar fáil in 2019. In 2019, bronnadh €11.7 milliún ar 241 tionscadal. Leithdháileadh 89% (€10.4 milliún) ar Theilifís, agus bronnadh 11% (€1.3 milliún) ar raidió. Bronnadh 27% (€3.1 milliún) ar thionscadail Ghaeilge nó ar thionscadail dhátheangacha.1[43]

**Léaráid 7-1** *Dáileadh maoinithe faoin Scéim Fuaim agus Fís (2019)*




*Foinse: BAI Annual report 2019*

[140] Reáchtáladh Fuaim agus Fís I ó 2005 - 2009, reáchtáladh Fuaim agus Fís II ó 2010 -2014, agus reáchtáladh Fuaim agus Fís III ó 2015-2019.

[141] Údarás Craolacháin na hÉireann, Scéim Fuaim & Fís 4, Aibreán 2020, lch.3.

[142] Aighneacht Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 8.

[143] Broadcasting Authority of Ireland Annual Report 2019, pp. 22-23.

### Scéim Cartlannaíochta

Is iad cuspóirí na Scéime Cartlannaíochta forbairt i ndáil le cultúr cartlannaíochta a chur chun cinn i gcúrsaí craoltóireachta, agus cuidiú le hoidhreacht chraoltóireachta na hÉireann a chaomhnú. In 2019, bronnadh maoiniú ar 5 iarratasóir faoin scéim, arbh ionann é agus thart ar €1.338 milliún san iomlán. [144]

## 7.5.5 Tacaíochtaí Fís Éireann

Cuirtear maoiniú ar fáil faoi scéimeanna inchoimhlinte éagsúla, arna riar ag Fís Éireann, chun scannáin, cláir theilifíse, cláir faisnéise agus cláir bheoite a léiriú agus a fhorbairt. Tagann na scéimeanna maoinithe faoi cheithre phríomhchatagóir: forbairt, léiriúchán, dáileadh agus maoiniú do ghearrscannáin. Chomh maith leis sin, reáchtálann Fís Éireann ceithre thionscnamh maoinithe ar leith chun éagsúlacht inscne agus ionadaíocht bhaineann a spreagadh. Reáchtálann sé aonad forbartha scileanna don earnáil chlosamhairc, Scileanna Scáileáin Éireann, agus i gcomhpháirtíochtaí tionscail ar nós Virgin Media Discovers agus Comórtas Gearrscannáin Fís Éireann.

Thug Fís Éireann réimse tacaíochtaí isteach a bhain le Covid-19 lena n-áirítear Pacáiste Tacaíochta Taibhithe agus Léiriúcháin píolótach atá tiomnaithe don earnáil chlosamhairc, an Ciste Tacaíochta Spreagtha do Phictiúrlanna, agus an Ciste Léiriúcháin Covid-19.

**Tábla 7-2** *Olltoradh Iarbhír Mhaoiniú Caipitil Fís Éireann 2019*

| Olltoradh Mhaoiniú Caipitil Fís Éireann 2019 | % |
|---|---|
| Léiriúchán Ficsin Éireannach | 34 |
| Forbairt | 16 |
| Maoiniú do Léiriúchán Drámaíochta Teilifíse | 9 |
| Maoiniú Caipitil Eile | 9 |
| Léiriúchán Clár Faisnéise | 7 |
| Comhléiriúchán Cruthaitheach | 7 |
| Léiriúchán Beochan Teilifíse | 6 |
| Oiliúint | 5 |
| Dáileadh Pictiúrlainne | 4 |
| Scéimeanna Gearrscannáin | 3 |

*Foinse: Staitisticí Fís Éireann 2019*

## 7.5.6 Scéim Faoisimh Cánach Alt 481

Faoi alt 481 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, cuirtear faoiseamh cánach ar fáil do léiritheoirí scannáin. Ó cuireadh tús leis, tá tacaíocht airgeadais shuntasach curtha ar fáil do thionscadal na scannán in Éirinn.

Is féidir le cuideachta léiriúcháin úsáid a bhaint as faoiseamh scannáin mar chreidmheas in aghaidh dliteanas i leith Cáin Chorparáide. Má tá an faoiseamh níos mó ná an cháin atá dlite, íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an difríocht.

[144] Ibid. lch.31.

Braitheann an méid faoisimh atá dlite ar chostais léiriúcháin an scannáin cháilithe. Is éard atá sa chreidmheas ná 32% de cibé ceann is ísle maidir le:

- Caiteachas incháilithe;
- 80% de chostais léiriúcháin iomlán an scannáin cháilithe;
- €70 milliún.

Sa Phlean Gníomhaíochta Closamhairc a d'fhoilsigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíona, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, aithnítear luach an chórais creidmheasa cánach mar chuid lárnach de bhonneagar airgeadais an tionscail chlosamhairc in Éirinn. Mar thoradh ar mheasúnú costais is tairbhe a rinne an Roinn Airgeadais ar an scéim in 2018, cuireadh síneadh leis an gcreidmheas go dtí an 31 Nollaig 2024.

### Neamh-incháilitheacht chraoltóirí ar alt 481

Luadh sna haighneachtaí chuig an gCoimisiún nach bhfuil craoltóirí curtha san áireamh ar Fhaoiseamh cánach alt 481 agus nach bhfuil sé ar fáil ach amháin do chuideachtaí léiriúcháin faoi threoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim. Baineann eisiamh na gcraoltóirí leis an sprioc beartais maidir le craoltóirí a spreagadh tionscadail a choimisiúnú ón earnáil neamhspleách, seachas iad a chruthú go hinmheánach. Cé go bhfuil sé leagtha amach chun iomaíocht a fheabhsú agus an earnáil léiriúcháin dhúchasach neamhspleách a láidriú, d'fhéadfaí breathnú ar an eisiamh seo, áfach, mar bhac ar chuideachtaí atá ceangailte le craoltóirí iad féin a bhunú in Éirinn. Moladh i dTuarascáil Olsberg maidir leis an Earnáil Chlosamhairc go ndéanfaí athbhreithniú ar an bhforáil seo lena fháil amach cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an fhoráil na cuspóirí beartais ar leagadh amach í ina leith i dtosach báire.

Ó 2015 i leith, cheadaigh an Ríocht Aontaithe faoiseamh cánach do léiriúcháin teilifíse ardleibhéil agus tá tacaíochtaí den chineál céanna i bhfeidhm i bPoblacht na Seice, sa Chróit, san Ísiltír agus sa Ghearmáin. Le linn tréimhse ina bhfuil dianiomaíocht idirnáisiúnta maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i léiriúchán, is éard atá i gceist le tacaíochtaí dá leithéid tacú le hearnálacha déanta clár áitiúla mar aon le tionscadail idirnáisiúnta a mhealladh. Mar gheall ar aitheantas bheith tugtha ag rialtais ar an luach geilleagrach díreach agus indíreach a bhaineann le gníomhaíocht léiriúcháin scáileáin (e.g. turasóireacht), tá dlús curtha le tacaíochtaí do chraoltóirí, físchluichí agus seirbhísí idirghníomhacha eile, a mhéadú.

Tuigtear don Choimisiún go bhfuil an Roinn Airgeadais chun athbhreithniú a dhéanamh ar alt 481 sa bhliain 2022. I dTuarascáil PwC in 2020 , a choimisiúnaigh páirtithe leasmhara an tionscail le tacaíocht ó Fhís Éireann, tarraingítear aird ar na buntáistí tábhachtacha cultúir a bhainfeadh leis an mbeart don Stát.145
Mar sin féin, aithnítear freisin nach leor an dreasacht seo amháin chun léiriúchán scáileáin a choinneáil ag imeacht in Éirinn amach anseo. Tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar na hearnála lena chinntiú go n-éireodh leis an earnáil i gcónaí. Chomh maith le hinfheistíocht isteach a dhreasú, luann páirtithe leasmhara an tábhacht a bhaineann le forbairt na hearnála dúchasaí a chur chun cinn agus tarraingíonn siad aird ar an ngá atá le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar shrianta caiteachais agus ar fheabhsuithe a d'fhéadfaí cur ar an bpróiseas riaracháin.[146] Cé gur cuireadh bac ar mheasúnú cuimsitheach a dhéanamh ar thionchar geilleagrach alt 481 mar thoradh ar shonraí easnamhacha, tá athbhreithniú a rinneadh ar thionchar geilleagrach na scéime in 2020, atá buntacaithe le EIA de ghníomhaíocht léiriúcháin atá tacaithe ag alt 481 in 2019, le tuairisciú go luath.[147]

---

145 Ibid. lch.33.

146 Ibid. lgh.27-31. .

147 Ibid. lch.44

### Dreasachtaí Cánach Eile

I measc dreasachtaí cáinbhunaithe eile a bhaineann leis an earnáil chlosamhairc, tá:

- Ráta cánach corparáide íseal in Éirinn, a mheastar bheith ina dhreasacht i leith léiriúchán closamhairc;
- An scéim maidir le "díolúine ealaíontóirí", a mheastar bheith ina dreasacht don earnáil chlosamhairc;
- Creidmheas Cánach um Thaighde agus Forbairt – d'fhéadfadh cuideachtaí scannáin a bhfuil taighde agus forbairt sa teicneolaíocht á gcur chun cinn acu leas a bhaint as an gcreidmheas;
- CBL nialas-rátaithe – D'fhéadfadh léiriúchán scannáin leas a bhaint as rátáil nialais faoi alt 13A den Acht CBL nuair atá an máistirchlaonchló á onnmhairiú.

## 7.5.7 Coimisiúnú MSP

Tacaítear leis an earnáil chlosamhairc freisin trí choimisiúnú neamhspleách ó MSP. Is fóinteach sa chomhthéacs seo tagairt a dhéanamh don phlé a dhéantar i gCaibidil 6 ar ról MSP maidir le hábhar a chruthú agus tacaíocht a thabhairt don earnáil neamhspleách. Déantar plé ginearálta ar infheistíocht MSP in ábhar a chruthú agus dírítear ar an tionchar atá ag a ról seachtrach coimisiúnaithe maidir le fás agus rath na hearnála léiriúcháin "indie" a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, tarraingítear aird sa phlé a dhéantar i gCaibidil 5 ar an deis atá ag RTÉ í féin a bhunú ina cuideachta urrúnta i ndáil le hábhar Éireannach ar leith a chruthú, lena n-áirítear acmhainn chun aitheantas branda domhanda níos leithne a bhunú agus leas a bhaint as margaí idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, cuirtear i bhfios gur chóir do RTÉ, mar choimisinéir, straitéis infheistíochta a bheith aici i ndrámaíocht agus siamsaíocht ina gcuirtear ar chumas í tacú leis an earnáil neamhspleách agus cumhacht a thabhairt di.

## 7.5.8 Foinsí Eile Maoinithe

Sa mhír seo, pléitear cuid de na foinsí eile maoinithe atá ar fáil i leith léiriúcháin chruthaitheacha agus chultúrtha.

### WRAP

Seoladh an Ciste do Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair (CRLCI) in 2017. Tá an ciste €2 milliún ina thionscnamh de chuid Choimisiún Forbartha an Iarthair agus Lárionad Scáileáin na Gaillimhe i gcomhar leis na húdaráis áitiúla sa Chlár, Dún na nGall, Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe, Maigh Eo, Ros Comáin, agus Sligeach, agus Údarás na Gaeltachta, chun tacú le tionscail scannánaíochta, teilifíse, bheochana agus chluichíochta sa réigiún. Mar a cuireadh i bhfios sa *Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Chur i bhFeidhm an Phlean Gníomhaíochta Closamhairc*, tríd an gCiste, tugtar aghaidh ar na costais bhreise a d'fhéadfadh bheith i gceist le scannánaíocht a dhéanamh lasmuigh de cheantair sheanbhunaithe in Éirinn maidir le scannáin a léiriú.

### Maoiniú na Comhairle Ealaíon

Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon le scannáin mar fhoirm ealaíne agus cuirtear maoiniú ar fáil d'ealaíontóirí scannánaíochta trí dhámhachtainí agus scéimeanna éagsúla. Tá na dámhachtainí leagtha amach chun triail a chur san áireamh agus tá na scéimeanna dírithe ar thacaíocht a thabhairt do shaothar cruthaitheach d'fhonn é a chraoladh nó a thaispeáint ag féile. Chomh maith leis sin, cuireann an comhlacht lucht féachana san áireamh do scannánaíocht chultúrtha agus déanann sé lucht féachana a fhorbairt ina leith sin.

### Comhléiriú Idirnáisiúnta

Baineann comhléiriú oifigiúil le léiritheoirí ó thíortha éagsúla bheith ag obair lena chéile ar thionscadail, bunaithe ar chomhaontú comhléirithe déthaobhach nó iltaobhach.[148] Trí chonarthaí comhléirithe, is féidir

[148] https://rm.coe.int/brochure-cannes-2018/16808ae9fa

tionscadal a fhormheas mar léiriúchán náisiúnta i ngach aon cheann de na tíortha comhléirithe agus dá bhrí sin, tá an tionscadal incháilithe i leith maoiniú sna tíortha sin ar fad.[149] Áirítear leis na príomhchúiseanna beartais maidir le comhléiriú réimse leathan cistí poiblí ar fud na hEorpa, agus tionscnaimh ó Chomhairle na hEorpa, lena n-áirítear an ciste EURIMAGES agus an Coinbhinsiún Eorpach maidir le Comhléiriúchán Cineamatagrafach.[150] Mar a luaigh roinnt daoine, rinneadh teacht a bheith ag tíortha níos lú san Eoraip ar chomhléiriú a dhaonlathú tríd an gCoinbhinsiún, agus cuireadh spreagthach ar fáil i leith tuilleadh comhléiriú scannánúil idir tíortha níos mó agus níos lú san Eoraip. Tá Éire ina comhpháirtí don Choinbhinsiún agus de réir mar a luadh sa *Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Chur i bhFeidhm an Phlean Gníomhaíochta Closamhairc*, "bhí sé ina chuidiú suntasach maidir le comhléiriú Éireannach le comhpháirtithe i dtíortha eile san Eoraip a fhorbairt".[152] Chomh maith leis sin, tá conarthaí comhléirithe déthaobhacha i bhfeidhm ag Éirinn le Lucsamburg, Ceanada, an Astráil, an Nua-Shéalainn agus an Afraic Theas.

### Comhoibriú Idirnáisiúnta

Díol suntais ar leith is ea an comhoibriú a dhéanann ÚCÉ le *Canada Media Fund* ar an Tionscnamh Comhfhorbartha Cheanada-Éireann. Cuirtear maoiniú ar fáil chun tionscnaimh chlosamhairc incháilithe idir léiritheoirí Cheanada agus na hÉireann a fhorbairt i gcomhar.

### Scéimeanna Trasteorann

Is faoin gCiste Craoltóireachta Gaeilge (CCG) a chuirtear tacaíocht ar fáil do léiriúchán Gaeilge i dTuaisceart Éireann. Mar chuid den Chomhaontú *Deich mBliana Nua, Cur Chuige Nua*, tá gealltanas tugtha ag Rialtas na hÉireann breis tacaíochta a thabhairt do chraoltóireacht Ghaeilge i dTuaisceart Éireann ar feadh 3 bliana ó 2021-2023. In 2021, cuirfidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán €100,000 ar fáil do TG4 agus RTÉ araon chun craoltóireacht Ghaeilge a chur chun cinn agus cuirfear €1 milliún ar fáil do Scáileán Thuaisceart Éireann chun tacú le hábhar Gaeilge a léiriú.

Trí CCG a mhéadú in 2021/2022 go dtí beagnach £5 mhilliún, cuirfear airgead ar fáil do 75 uair d'ábhar íomhá ghluaisteach Gaeilge ar a laghad in aghaidh na bliana lena chraoladh ar BBC Thuaisceart Éireann, TG4 agus RTÉ, mar aon le hardáin dhigiteacha. Beidh sé mar aidhm leis an gciste freisin tacú le 10 n-uair an chloig d'ábhar Gaeilge don raidió in aghaidh na bliana lena chraoladh ar stáisiúin raidió áitiúla. Chomh maith leis sin, tacófar le líon agus réimse níos mó tionscnamh oiliúna agus scileanna tríd an gCiste chun earnáil léiriúcháin Ghaeilge na háite a fhorbairt tuilleadh.

Tá an Roinn ag dul i dteagmháil le Scáileán Thuaisceart Éireann faoi láthair chun Comhaontú Seirbhíse a chur i bhfeidhm maidir leis an gciste léiriúcháin ábhair. Táthar ag súil é a chur i gcrích agus maoiniú a scaipeadh in R3 2021.

Tá TG4 agus RTÉ araon i mbun moltaí a ullmhú maidir leis an mbealach is fearr is féidir a sciar den mhaoiniú a úsáid i leith cur chun cinn. Táthar ag súil na moltaí a chomhaontú agus an maoiniú a leithdháileadh i Ráithe 3.

Tá tionscnamh *Storyland* ó RTÉ agus Scáileán Thuaisceart Éireann, mar ardán do chumas cruthaitheach nua, ina shampla ar thionscnamh comhoibríoch uile-oileánda ina dtacaítear le hábhar úrnua a chruthú do lucht spéise náisiúnta agus domhanda tríd an RTÉ player. Tá Glúin Nua ina shampla suntasach eile de thionscnamh maoinithe comhoibríoch trasteorann

[149] https://www.screenireland.ie/filming/international-co-production/europe/

[150] J. Hammett-Jamart et al. (eds.), European Film and Television Co-production, Palgrave European Film and Media Studies, https://doi.org/10.1007/978-3-319-97157-5

[151] Ibid.

[152] An Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Chur i bhFeidhm an Phlean Gníomhaíochta Closamhairc, lch.19.

## 7.6 Spórt – Dearcthaí Barrthábhachtacha – Páirtithe Leasmhara agus an Pobal

Rinne an Coimisiún breithniú ar dhearcthaí páirtithe leasmhara agus an phobail i ndáil le spórt agus na meáin. Chuir RTÉ in iúl ina n-aighneacht go gcuireann siad "clúdach gan sárú"[153] ar fáil ar spórt náisiúnta saorchraolta. Mar shampla, d'fhéach 966,600 breathnóir ar an meán ar Chluiche Ceannais Peile na hÉireann 2019, d'fhéach 1,123,300 ar an athfhéachaint agus, lena chois sin, bhí 140,808 sruth ar RTÉ Player. Gné lárnach de shainchúram RTÉ is ea spórt saorchraolta a chur ar fáil. Mar sin féin, cé go bhfuil RTÉ i bhfách leis an gcóras liostaithe tiomnaithe do spóirt, tugann sé le fios go bhfuil gá le meascán de spórt saorchraolta agus spórt íoc ar amharc d'fhonn rochtain a uasmhéadú agus a chinntiú go bhfaighidh sealbhóirí ceart ioncam.

Chuir an Coimisiún dearcthaí TG4 san áireamh freisin. Ar dhóigh chéanna le RTÉ, cuireann TG4 clúdach fairsing ar fáil ar chluichí Gaelacha. Mar shampla, taispeántar "...cluichí réigiúnacha agus níos óige agus leathnaigh sé craoltóireacht ar chluichí Gaelacha go aoisghrúpaí agus pobail, a measadh gan dóthain tábhacht a bheith acu don teilifís bheo, ag cuidiú le pobail níos láidre a thógáil."[154] Thug an Coimisiún faoi deara freisin gur féidir tionchar an-dearfach a imirt ar thuairimí poiblí i leith na Gaeilge mar thoradh ar chluichí spóirt a bheith á gcraoladh ag TG4, go háirithe i measc daoine óga.

Chuir páirtithe leasmhara ábhartha eile, ar nós Chónaidhm Spóirt na hÉireann (CSÉ), moltaí ar fáil maidir leis an mbealach a chreideann siad go bhféadfaí úsáid níos éifeachtaí a bhaint as MSP chun spórt na hÉireann a chur chun cinn. Mhol CSÉ go méadófaí liosta na spórt tiomnaithe, agus dáileadh an ábhair spóirt ar roinnt ardáin. Chomh maith leis sin, cuireann siad i bhfios go bhféadfadh MSP bheith níos éifeachtaí maidir le hábhar a chruthú nó a thaispeáint ina bhfuil cohóirt a bhfuil tearcionadaíocht acu ar nós daoine faoi mhíchumas nó grúpaí mionlaigh eitneacha. Chomh maith leis sin, luann siad go bhféadfaí cothromas inscne níos fearr a bhaint amach, i.e. cóimheá inscne 50/50 idir láithreoirí spóirt agus ábhar spóirt.[155]

Chuir Spórt Éireann a dhearcthaí in iúl don Choimisiún freisin. Mar shampla, cuireann siad i bhfios go bhféadfaí tuilleadh úsáide a bhaint as teicneolaíocht reatha chun ardáin eile a chur ar fáil chun ábhar spóirt a chraoladh. Leagann siad béim freisin ar an tábhacht atá le comhoibriú MSP maidir le spórt a chraoladh. Áirítear leis sin comhoibriú le sealbhóirí cirt, agus le cónaidhmeanna náisiúnta agus idirnáisiúnta spóirt freisin. Chomh maith leis sin, tarraingíonn siad aird ar spórt na mban, agus luann siad an acmhainn atá ag MSP leanúint de chlúdach a dhéanamh ar spórt na mban agus an clúdach sin a mhéadú.

Chomh maith leis sin, rinne an Coimisiún breithniú ar dhearcthaí CLG a tharraingíonn aird ar an eiseamláir GAAGO.ie, ar comhfhiontar le RTÉ é. Is "ardán sruthaithe díreach chuig an leantóir" atá ann ina gcuirtear ar chumas daoine teacht a bheith acu ar chluichí CLG, agus a raibh an-tóir air le linn na paindéime. Creideann CLG go bhfuil an fiontar ina "léiriú ar chur chuige éagsúil agus comhoibríoch i leith tírdhreach nua na meán idir an sealbhóir ceart, CLG sa chás seo, agus an Craoltóir Náisiúnta."[156] Chomh maith leis sin, leagann CLG béim ar an tábhacht atá le cearta craoltóireachta mar fhoinse ioncaim.

Chomh maith leis sin, aithníonn an Coimisiún an ról tábhachtach atá ag na meáin áitiúla (nuachtáin agus raidió) maidir le spórt a chlúdach agus a chur chun cinn. Cuirtear clúdach fairsing ar fáil maidir le himeachtaí spóirt nach ndéanfaí a tuairisciú ná a chur os comhair an phobail murach iad, lena n-áirítear réimse spóirt ag an leibhéal áitiúil agus pobail agus spóirt mhionlaigh.

---

153 RAighneacht RTÉ maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 9.

154 Aighneacht TG4 maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 6.


155 Aighneacht Chónaidhm Spóirt na hÉireann maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch. 3.


156 Aighneacht CLG maidir le Comhairliúchán Poiblí, lch.2.


## 7.7 Tuairimí agus Roghanna an Phobail


Sa suirbhé a chuir Core i gcrích don Choimisiún, rinneadh iniúchadh ar an úsáid a bhaineann an pobal as ábhar Gaeilge agus ábhar cultúrtha agus ealaíon mar aon le dearcthaí an phobail ina leith. Agus é leagtha amach ina shampla ionadaíoch de 1,000 aosach agus 150 déagóir le cuótaí curtha i bhfeidhm maidir le haois, inscne, réigiún agus aicme shóisialta, léirítear leibhéal éagsúlachta atá oiriúnach don daonra i bpróifíl dhéimeagrafach na bhfreagróirí. Chomh maith leis sin, bailíodh sonraí i ndáil le hathróga eile, lena n-áirítear an caighdeán Gaeilge a bhí ag an bhfreagróir.


**Léaráid 7-2** *Próifíl dhéimeagrafach i sampla an tsuirbhé*











Trí scrúdú a dhéanamh ar shonraí an tsuirbhé tríd an lionsa seo ina bhfuil daonra éagsúil, dearbhaítear, ní nach ionadh, go bhfuil spéis agus roghanna éagsúla ag pobal na hÉireann maidir leis an ábhar meán a úsáidtear faoi láthair, agus dearbhaítear na nithe ar mhaith leis tuilleadh de, agus nár mhaith leis tuilleadh de, amach anseo.

Mar shampla, léirítear i Léaráid 7-3 an céatadán freagróirí ar fud aoisghrúpaí éagsúla atá ag iarraidh an méid céanna d'ábhar Gaeilge agus cultúrtha, nó níos mó ná sin, a fheiceáil amach anseo.


**Léaráid 7-3** *Céatadán na ndaoine atá ag iarraidh an t-ábhar Gaeilge agus cultúir sna meáin a choinneáil nó a mhéadú de réir aoise*




Cé gur thacaigh tromlach suntasach i ngach aoisghrúpa le hábhar Gaeilge agus cultúir a choinneáil nó a mhéadú, bhí an leibhéal tacaíochta i measc daoine 18-24 bliana d'aois an-ard i gcomparáid leis an daonra ar an meán, agus bhí an leibhéal tacaíochta i measc daoine 13-17 mbliana d'aois sách íseal lena ais sin. Cibé na cúiseanna atá taobh thiar de dhifríocht 22% bheith idir an dá aoisghrúpa cóngaracha, léirítear sna torthaí seo cuid de na miondifríochtaí maidir leis an ábhar a bhfuil pobal na hÉireann ag iarraidh tuilleadh de ó thaobh úsáid a bhaint as na meáin.


I Léaráid 7-4, cuirtear tuilleadh fianaise ar fáil ar na miondifríochtaí sin ar fud an daonra i gcoitinne. Léirítear dearcthaí freagróirí maidir leis an tábhacht atá ag an nGaeilge agus cultúr na hÉireann dóibh de réir aoisghrúpa. Arís, léirítear difríochtaí suimiúla idir déagóirí, aosaigh níos óige agus aosaigh níos sine. Rátáil déagóirí idir 13-17 mbliana d'aois níos lú tábhachta bheith ag baint le hábhar Gaeilge agus cultúrtha ná mar a rátáil aosaigh i gcoitinne. Rátáil líon suntasach níos mó aosaigh óga idir 18 agus 44 an Ghaeilge agus ábhar cultúrtha a bheith chomh tábhachtach dóibh go pearsanta agus a rátáil aosaigh 45 bliana d'aois agus níos sine.

**Léaráid 7-4** *Cé chomh tábhachtach is atá an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann duit go pearsanta (ábhairín/an-tábhachtach)*




Agus an cheist chéanna á scrúdú trí pheirspictíocht eile, léirítear i Léaráid 7-5 – ní nach ionadh arís – go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an nGaeilge agus ábhar cultúrtha do chainteoirí Gaeilge, ar rátáil 75% acu sin ábhar dá leithéid a bheith "tábhachtach go maith" nó "an-tábhachtach" dóibh go pearsanta, i gcomparáid le 46% de fhreagróirí fásta ar an iomlán.

**Léaráid 7-5** *Cé chomh tábhachtach is atá an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann duit go pearsanta – Cainteoirí Gaeilge*




Ar an dóigh chéanna, léirítear i Léaráid 7-6 go bhfuil tromlach mór daoine (93%) a bhfuil caighdeán maith Gaeilge acu ag iarraidh an leibhéal d'ábhar Gaeilge agus cultúir sna meáin a choinneáil nó a mhéadú, agus go bhfuil sé 11% níos airde ná an daonra fásta i gcoitinne.


**Léaráid 7-6** *Céatadán na ndaoine a bhfuil Gaeilge mhaith acu atá ag iarraidh níos lú, an méid céanna nó níos mó ábhair Ghaeilge agus chultúrtha a fheiceáil*



### Na hEalaíona agus Cultúr


Léirítear i Léaráid 7-7 go gcuireann pobal na hÉireann luach suntasach sna hEalaíona agus Cultúr, agus 53% de na haosaigh ar fad á lua go bhfuil na hEalaíona agus Cultúr "tábhachtach go maith" nó "an-tábhachtach" dóibh. Seasann sé sin i gcoitinne ar fud na n-aoisghrúpaí, cé go bhfuil an rátáil ábhairín níos ísle i meas déagóirí (13-17 d'aois) agus daoine san aoisghrúpa 45-54.

**Léaráid 7-7** *Cé chomh tábhachtach is atá na hEalaíona agus Cultúr duit go pearsanta?*





Léirítear i Léaráid 7-8 tacaíocht fhorleathan i measc na n-aoisghrúpaí uile maidir le líon na gclár Ealaíon agus Cultúir a choinneáil nó a mhéadú. Bhí an leibhéal tacaíochta maidir leis an líon cláir agus ábhair Ealaíona agus Chultúir a mhéadú an-ard i measc aosaigh óga 18-24 bliana d'aois, ar mhaith le 41% acu tuilleadh cláir Ealaíona agus Chultúir a fheiceáil amach anseo.

**Léaráid 7-8** *Ar mhaith leat tuilleadh nó níos lú cláir Ealaíona agus Chultúir a fheiceáil amach anseo?*





I Léaráid 7-9, leagtar amach an meas atá ag muintir na hÉireann ar fhreastal ar roghanna éagsúla ceoil agus ealaíon. Ar an iomlán measann 87% de na haosaigh ar fad go bhfuil luach áirithe agus luach mór ag baint le héagsúlacht in ábhar na meán – agus tá comhaontú láidir i gceist ar fud gach aoisghrúpa.

**Léaráid 7-9** *Cé chomh luachmhar is atá sé freastal ar roghanna éagsúla Ceoil agus Ealaíon?*




Léirítear i Léaráid 7-10 an tacaíocht fhorleathan i measc an phobail i leith éagsúlacht agus cuimsitheacht i gcláir agus ábhar na meán.

**Léaráid 7-10** *An luach atá le réimse leathan clár agus ábhar chun freastal ar chách*




Arís, léirítear i Léaráid 7-11 an tacaíocht fhorleathan i measc phobal na hÉireann i leith ábhar atá ina léiriú ar shaol, cultúr agus luachanna na hÉireann.

**Figure 7-11** *An luach atá le hábhar atá ina léiriú ar shaol, cultúr agus luachanna na hÉireann*



### 7.7.1 Tuairimí agus Roghanna an Phobail - Conclúidí

Tagraítear do thrí chonclúid ghinearálta i dtorthaí an tsuirbhé.

Maidir leis an gcéad chonclúid, in ainneoin go raibh difríochtaí i gceist ar fud na n-aoisghrúpaí, tríd is tríd, bhí tacaíocht láidir ann maidir le soláthar ÁSP a choinneáil nó a mhéadú maidir leis na healaíona, an Ghaeilge agus ábhar atá ina léiriú ar shaol, cultúr agus luachanna na hÉireann.

Is é an dara conclúid go bhfuil riachtanais agus roghanna difreáilte ag an bpobal ó thaobh úsáid na meán de. Má tá gné ar leith atá tábhachtach nó spéisiúil i measc grúpa amháin sa tsochaí, ní bheidh an ábharthacht chéanna ag baint leis do ghrúpaí eile. Dá bhrí sin, ní mór go ndíreofaí taighde agus anailís ní hamháin ar an méid atá formhór den daonra ag iarraidh, ach go ndíreofaí ar na riachtanais atá ag grúpaí mionlaigh agus ar an mbealach ina bhféadfaí freastal ar na riachtanais sin. Mar shampla, ar an mbealach céanna ina bhfuil cainteoirí Gaeilge níos tacúla ná an daonra i gcoitinne maidir le breis ábhar Gaeilge agus cultúrtha a bheith ann, bheadh sé réasúnach bheith ag súil go bhfáilteodh cainteoirí Polainnise nó Liotuáinise nó Sínise roimh tuilleadh ábhar meán ina dteangacha féin agus go dtacóidís leis sin. Chomh maith céanna, is dócha go bhfáilteodh daoine a bhfuil dúil acu i gceoldrámaíocht nó snagcheol, nó lucht tacaíochta spóirt mhionlaigh roimh chláir bhreise bheith á gcraoladh chun freastal ar a n-ábhar spéise. Cé go bhfuil teorainneacha ag gabháil le sonraí an tsuirbhé maidir leis an méid is féidir a nochtadh faoi riachtanais éagsúla an phobail i ndáil leis na healaíona, cultúr agus an Ghaeilge, tacaíonn siad leis an bprionsabal go bhfuil riachtanais agus roghanna ar leith ag mionlaigh laistigh den phobal i gcoitinne, agus go bhfuil ról bunriachtanach ag SÁSPanna, go háirithe i margadh beag ar nós na hÉireann ina a bhfuil réitigh faoi stiúir an mhargaidh teoranta, de réir sainmhínithe.

Ar deireadh, taispeántar comhdhearcadh an-láidir sa tsuirbhé maidir le bunphrionsabail ábhair ÁSP a bheith ionchuimsitheach agus éagsúil, agus gur chóir go ndéanfaí freastal ar éagsúlacht leathan ábhar spéise agus roghanna.

## 7.8 Conclúidí agus Moltaí

Tá roinnt conclúidí déanta ag an gCoimisiún maidir le tacú le córas na meán i ndáil le haidhmeanna seirbhísí poiblí maidir leis an nGaeilge, na healaíona, cultúr agus spórt a bhaint amach.

### 7.8.1 Moltaí maidir leis an nGaeilge

Faoi straitéis ÚCÉ do na meáin Ghaeilge, tugtar gealltanas léiriúchán agus infhaighteacht ábhar fuaime agus closamhairc Ghaeilge a mhéadú do gach lucht féachana in Éirinn, agus cláir Ghaeilge ardchaighdeáin a chothú agus a chur chun cinn ina leagtar béim ar leith ar ábhar nuachta agus cúrsaí reatha agus ábhar don lucht féachana óg a sholáthar.

Ní mór aitheantas níos fearr a thabhairt ar fud na hearnála craoltóireachta agus meán don tábhacht a bhaineann lenár dteanga náisiúnta dár gcultúr agus féiniúlacht. Ní mór go mbeadh ábhar na meán trí Ghaeilge le feiceáil ar fud na n-ardán, ábhartha ó thaobh tráchtála de, ionchuimsitheach agus inrochtana ag gach aoisghrúpa.

Cuimsíonn an lucht féachana i leith craoltóireacht agus meáin Ghaeilge pobail ina labhraítear Gaeilge i Limistéir Pleanála Teanga i nGaeltachtaí, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge, daoine a bhfuil líofacht acu i nGaeilge agus daoine atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim nó a gcuid Gaeilge a fheabhsú. I moltaí an Choimisiúin, dírítear ar fhorbairt a dhéanamh ar dhul chun cinn maith a rinneadh le blianta beaga anuas, athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir reatha, straitéisí digiteacha a fhorbairt agus inrochtaineacht a fheabhsú do chách.

Aithnítear an ról déach atá ag TG4 maidir le tacú leis an lucht féachana a bhfuil Gaeilge acu agus an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn i measc lucht féachana níos leithne. Mar chraoltóir-foilsitheoir, tá ról tábhachtach ag TG4 freisin maidir le tacaíocht a thabhairt don earnáil léiriúcháin neamhspleách. Déanann an Coimisiún moltaí faoi leith thíos maidir le TG4, agus leis na moltaí seo á gcur san áireamh, mhol an Coimisiún, i gCaibidil 5, go ndéanfaí maoiniú do TG4 a mhéadú.

Cuireadh an Coimisiún ar an eolas maidir le héilimh go ndéanfadh RTÉ líon na n-uaireanta d'ábhar ardchaighdeáin i nGaeilge ar a príomhchainéil chraoltóireachta a mhéadú. Maidir leis sin, ba chóir a thabhairt faoi deara go molann an Coimisiún, i gCaibidil 8, gur chóir ÚCÉ/Coimisiún na Meán a chumhachtú chun an bealach inar chóir gach cuspóir seirbhíse poiblí de chuid MSP a leagan amach, lena n-áirítear trí athruithe a dhéanamh ar ráitis straitéise agus Ráitis Bhliantúla ar Ghealltanais Phoiblí de chuid MSP. Trí sin, cuirfear ar chumas ÚCÉ/Coimisiún na Meán treoir a thabhairt do RTÉ líon na n-uaireanta d'ábhar ardchaighdeáin i nGaeilge ar a príomhchainéil chraoltóireachta a mhéadú.

Molann an Coimisiún:

### Moladh 7-1 Ceannas eagarthóireachta a bheith ag TG4 ar a sheirbhísí nuachta

Ba chóir go mbeadh ceannas neamhspleách eagarthóireachta ag TG4 ar a sheirbhís nuachta ó R2 2022 ar aghaidh. Trí sin, beidh iolracht níos fearr i gceist maidir leis an gclúdach nuachta agus cuirfear ar chumas TG4 seirbhís feabhsaithe a chur ar fáil dá lucht féachana.

**Moladh 7-1 Ceannas eagarthóireachta a bheith ag TG4 ar a sheirbhísí nuachta**

Ba chóir go mbeadh ceannas neamhspleách eagarthóireachta ag TG4 ar a sheirbhís nuachta. Trí sin, beidh iolracht níos fearr i gceist maidir leis an gclúdach nuachta agus cuirfear ar chumas TG4 seirbhís feabhsaithe a chur ar fáil dá lucht féachana.

### Moladh 7-2 Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí Gaeilge

D'aithin an Coimisiún go bhfuil gá le hathbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí agus ábhair Ghaeilge ar fud chóras na meán ina leagfar béim ar struchtúir institiúideacha agus deiseanna maidir le nuálaíocht agus comhoibriú. Ba chóir an t-athbhreithniú seo, atá le déanamh ag ÚCÉ/Coimisiún na Meán, a thabhairt chun críche laistigh de 18 mí agus ba chóir go mbeadh moltaí ann maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge a fheabhsú.

**Moladh 7-2 Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí Gaeilge**

Ba chóir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí agus ábhair Ghaeilge ar fud chóras na meán ina leagfar béim ar struchtúir institiúideacha agus deiseanna maidir le nuálaíocht agus comhoibriú. Ba chóir go mbeadh moltaí san athbhreithniú seo, atá le tabhairt chun críche laistigh de 18 mí, maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge a fheabhsú, agus béim a leagan ar:

- Struchtúir institiúideacha, lena n-áirítear:
    - Ról TG4 agus RTÉ
    - Béim ar leith a leagan ar Raidió na Gaeltachta, ar a ról i réigiúin Ghaeltachta agus teacht a bheith aige ar ioncam tráchtála
    - Ról SÁSPanna.

- Deiseanna maidir le comhoibriú agus comhpháirtíochtaí idir MSP agus SÁSP, go háirithe maidir le nuálaíocht dhigiteach agus sindeacáitiú.
- Straitéisí i leith rannpháirtíocht na hóige lena n-áirítear oideachas, cláir don óige agus úsáid níos fearr a bhaint as meáin dhigiteacha ar nós podchraoladh agus na meáin shóisialta.
- Straitéisí i leith oideachas na Gaeilge, lena n-áirítear oideachas do dhaoine atá i mbun an teanga a fhoghlaim nó daoine atá ag iarraidh inniúlacht níos fearr a bhaint amach sa teanga.

### Moladh 7-3 Ba chóir do RTÉ tosaíocht níos fearr a thabhairt don Ghaeilge

D'aithin an Coimisiún nach mór do RTÉ tosaíocht níos fearr a thabhairt don Ghaeilge ina chláir i gcoitinne agus ar gach ardán. Ba chóir cúram a leagan ar Fheidhmeannach sinsearach as gach Ábhar Gaeilge

**Moladh 7-3 Ba chóir do RTÉ tosaíocht níos fearr a thabhairt don Ghaeilge**

Molann an Coimisiún go dtabharfadh RTÉ tosaíocht níos fearr don Ghaeilge, ina chláir i gcoitinne agus ar fud gach ardán. Ba chóir cúram a leagan ar Fheidhmeannach sinsearach as gach Ábhar Gaeilge.

### Moladh 7-4 Forálacha i leith na Gaeilge a chur i bhfeidhm i scéimeanna maoinithe

Molann an Coimisiún leithdháileadh 25% ÚCÉ de mhaoiniú Fuaim agus Fís d'ábhar Gaeilge mar infheistíocht ríthábhachtach chun tacú le húsáid na Gaeilge san earnáil léiriúcháin neamhspleách agus í a mhéadú. Molann an Coimisiún gur chóir an leibhéal maoinithe seo don Ghaeilge a choinneáil ar a laghad, agus gur chóir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán breithniú a dhéanamh ar é sin a mhéadú tuilleadh. Ba chóir foráil Ghaeilge atá cosúil leis an bhforáil sa Scéim Fuaim agus Fís a chur i bhfeidhm i gcás scéim ar bith a thugtar isteach de bhun thobhach léiriúcháin ábhair na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (TSMCA) atá beartaithe.

**Moladh 7-4 Forálacha i leith na Gaeilge a chur i bhfeidhm i scéimeanna maoinithe**

Ba chóir leithdháileadh 25% ÚCÉ de mhaoiniú Fuaim agus Fís d'ábhar Gaeilge a choinneáil ar a laghad, agus ba chóir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán breithniú a dhéanamh ar é sin a mhéadú tuilleadh.

Ba chóir foráil Ghaeilge atá cosúil leis an bhforáil sa Scéim Fuaim agus Fís a chur i bhfeidhm i gcás scéim ar bith a thugtar isteach de bhun thobhach léiriúcháin ábhair TSMCA atá beartaithe.

## 7.8.2 Moltaí i ndáil le Cultúr agus an Geilleagar Cruthaitheach

Aithníonn an Coimisiún an tábhacht atá le tacaíocht a thabhairt do na hearnálacha craoltóireachta agus closamhairc maidir le ÁSP cultúrtha a cruthú. Leagtar amach roinnt moltaí maidir le tacaíocht a thabhairt don earnáil ealaíon agus cultúir i gCaibidil 6.

Mar shampla, mhol an Coimisiún go n-athrófaí an Ciste Craoltóireachta ina Chiste Meán atá neodrach ó thaobh na n-ardán de. Mar chuid den mholadh sin, samhlaítear go leanfar den Scéim Fuaim agus Fís agus den Scéim Cartlannaíochta araon faoin gCiste Meán nua. Meastar an dá scéim a bheith bunriachtanach don earnáil neamhspleách. Mar sin féin, aithníonn an Coimisiún freisin nach mór scéimeanna a athbhreithniú freisin lena chinntiú go bhfuil riachtanais iarrthóirí á mbaint amach go héifeachtach.

Chomh maith leis sin, aithníonn an Coimisiún go bhfuil gá le tacaíocht cartlannaíochta san earnáil léiriúcháin neamhspleách agus déanann an Coimisiún moladh faoi leith maidir leis an Scéim Cartlannaíochta, atá leagtha amach thíos.

Chomh maith leis sin, samhlaíonn an Coimisiún gur chóir don earnáil chlosamhairc leas a bhaint as tacaíochtaí eile de réir mar a mholtar i gCaibidil 6, lena n-áirítear tacaíochtaí maidir le claochlú digiteach agus an Scéim Rochtana agus Oiliúna, agus dá bhrí sin, moltar gur chóir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán an earnáil a chur san áireamh agus na scéimeanna sin á leagan amach.

### Moladh 7-5 Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Cartlannaíochta

Molann an Coimisiún gur chóir do ÚCÉ/ Coimisiún na Meán athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Cartlannaíochta d'fhonn breithniú a dhéanamh ar riachtanais chartlannaíochta agus tacaíochtaí comhpháirtíochta straitéiseacha atá ag an gcuid mhór cuideachtaí léiriúcháin beaga neamhspleácha a bhfuil bailiúcháin suntasacha acu. Toisc nach bhfuil roinnt de na cuideachtaí sin ag feidhmiú a thuilleadh, tá baol ann go gcaillfí ábhar a bhfuil luach tábhachtach cartlannaíochta ag baint leis.

| Moladh 7-5 Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Cartlannaíochta |
|---|
| Molann an Coimisiún gur chóir do ÚCÉ/ Coimisiún na Meán athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Cartlannaíochta d'fhonn breithniú a dhéanamh ar riachtanais chartlannaíochta agus tacaíochtaí comhpháirtíochta straitéiseacha atá ag an gcuid mhór cuideachtaí léiriúcháin beaga neamhspleácha a bhfuil bailiúcháin suntasacha acu. |

### Moladh 7-6 Tobhach agus ciste d'ábhar closamhairc a bhunú

Molann an Coimisiún gur chóir tobhach ábhair agus ciste gaolmhar a bhunú, de réir mar a shamhlaítear faoin mBille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialúchán Meán (OSMRB) agus an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (TSMCA). Ba chóir do Choimisiún na Meán taighde a dhéanamh ar an tobhach agus an ciste a leagan amach agus a riar i gcomhairle leis an nGrúpa Forfheidhmithe. Ba chóir an rogha maidir le maoiniú breise príobháideach a ghiaráil a chur san áireamh agus an ciste á leagan amach.

**Moladh 7-6 Tobhach agus ciste d'ábhar closamhairc a bhunú**

Ba chóir tobhach agus ciste d'ábhar closamhairc, de réir mar a shamhlaítear faoi OSMRB agus TSMCA, a bhunú. Ba chóir do Choimisiún na Meán taighde a dhéanamh ar an tobhach agus an ciste a leagan amach agus a riar i gcomhairle leis an nGrúpa Forfheidhmithe.

### Moladh 7-7 Straitéis Chlosamhairc chun Éire a bhunú ina príomhfhoinse d'ábhar siamsaíochta don mhargadh idirnáisiúnta ar éileamh

Tá an Plean Gníomhaíochta Closamhairc ina thionscnamh a bhaineann leis an tionscal ar fad. Tá sé faoi stiúir grúpa stiúrtha ardleibhéil chun tacú le huaillmhian an Rialtais maidir le hÉirinn bheith ina mol domhanda chun scannáin, drámaíocht teilifíse agus beochan a léiriú. Tugann an Coimisiún ar aird an obair mhaith atá á déanamh chun deiseanna maoinithe idirnáisiúnta agus AE a chur chun cinn do na meáin.

Tá an Coimisiún den tuairim gur chóir don Ghrúpa Stiúrtha seo, i gcomhar leis an nGrúpa Forfheidhmithe, iniúchadh a dhéanamh maidir le hacmhainn bhreise a bheith ann chun idirnáisiúnú ábhar na hÉireann a chur chun cinn, agus díriú ar ról MSP freisin.

Cé nach foláir go mbeadh sé ina phríomhchúram ag MSP leanúint de ÁSP ardchaighdeáin a chur ar fáil a bhfuil lucht féachana in Éirinn ag súil leis, ba chóir do MSP cur chun cinn chruthaitheacht na hÉireann a chur in áit níos lárnaí i gcroílár a ngníomhaíochtaí. Ba chóir go ngníomhódh MSP mar lingchlár maidir le hábhar sainiúil Éireannach a chruthú agus go bhféachfaí le branda domhanda níos leithne a bhunú agus a fhorbairt do scéalaíocht agus cruthú ábhar Éireannach i réimsí speisialtóireachta barrthábhachtacha. Mar a pléadh i gCaibidil 5, ba chóir do RTÉ, ina cháil mar léiritheoir-craoltóir, iarracht a dhéanamh bheith níos éifeachtaí maidir lena punann cearta maoine intleachtúla a mhéadú agus leas a bhaint astu sin i margaí náisiúnta agus i margaí sa bhaile freisin ar mhaithe le lucht féachana inmheánacha MSP.

Chomh maith leis sin, is é tuairim an Choimisiúin maidir le hathbhreithniú na Roinne Airgeadais ar scéim creidmheasa cánach alt 481 atá le tarlú go luath, gur chóir breithniú a dhéanamh ar shíneadh eile a chur leis an scéim, agus breithniú a dhéanamh maidir le hincháilitheacht na meán craoltóireachta a chur san áireamh.

**Moladh 7-7 Straitéis Chlosamhairc chun Éire a bhunú ina príomhfhoinse d'ábhar siamsaíochta don mhargadh idirnáisiúnta ar éileamh**

Ba chóir do Ghrúpa Stiúrtha an Phlean Gníomhaíochta Closamhairc, i gcomhar leis an nGrúpa Forfheidhmithe, iniúchadh a dhéanamh maidir le hacmhainn bhreise a bheith ann chun idirnáisiúnú ábhar na hÉireann a chur chun cinn

San iniúchadh, ba chóir go ndíreofaí ar ról MSP freisin, go háirithe an ról atá aige mar lingchlár maidir le hábhar sainiúil Éireannach a chruthú, agus deiseanna a uasmhéadú maidir le leas a bhaint as CMInna i margaí inmheánacha agus idirnáisiúnta.

Ba chóir do RTÉ cruthaitheacht na hÉireann a chur ag croílár a chuid gníomhaíochtaí, féachaint le branda domhanda níos leithne a fhorbairt do scéalaíocht agus cruthú ábhar Éireannach i réimsí speisialtóireachta barrthábhachtacha, agus iarracht a dhéanamh bheith níos éifeachtaí maidir le cearta maoine intleachtúla a mhéadú agus leas a bhaint astu sin i margaí náisiúnta agus i margaí sa bhaile.

In athbhreithniú na Roinne Airgeadais atá le tarlú go luath, ba chóir breithniú a dhéanamh ar shíneadh a chur le tacaíochtaí 481 agus ar incháilitheacht na meán craoltóireachta a chur san áireamh.

### Moladh 7-8 Infheistíocht i Léiriúchán Neamhspleách a Fheabhsú

Ba chóir go dtacódh MSP le héagsúlacht, nuálaíocht agus athnuachan san earnáil léiriúcháin trína gcur chuige i ndáil le coimisiúnú. Mhol an Coimisiún cheana féin, i gCaibidil 5, méadú go dtí 25% a dhéanamh ar an sciar íosta de bhuiséad caiteachais ábhair RTÉ a leithdháiltear ar ábhar a dhéanann léiritheoirí seachtracha nó neamhspleácha.

Molann an Coimisiún:

- Ba chóir do MSP a chinntiú go bhfuil sciar suntasach den mhaoiniú a infheistítear in ábhar seachtrach a léiriú ag teacht ó léiritheoirí beaga neamhspleácha (i.e. léiritheoirí a bhfuil ioncam bliantúil níos lú ná €1.5 milliún acu) mar aon le léiritheoirí móra. Ba chóir do MSP ábhar a choimisiúnú de réir cuideachtaí léiriúcháin bheith in ann a thaispeáint go gcuireann siad beartais oiriúnacha i bhfeidhm maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú.
- Trí bhíthin tacaíocht a thabhairt do léiritheoirí neamhspleácha a n-uaillmhianta tráchtála a bhaint amach, ba chóir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán maoirseacht a dhéanamh i gcónaí ar théarmaí trádála maidir le hidirbhearta a choimisiúnú idir MSP agus léiritheoirí neamhspleácha, d'fhonn deiseanna úinéireachta agus leas réamhghníomhach tánaisteach a bheith á bhaint as CMInna ag cuideachtaí neamhspleácha a uasmhéadú, de réir mar is cuí, i gcomhpháirtíocht le rannáin MSP, ar mhaithe le geilleagar cruthaitheach na hÉireann.

**Moladh 7-8 Infheistíocht i Léiriúchán Neamhspleách a Fheabhsú**

Ba chóir do MSP a chinntiú go bhfuil sciar suntasach den mhaoiniú a infheistítear in ábhar seachtrach a léiriú ag teacht ó léiritheoirí beaga neamhspleácha (i.e. léiritheoirí a bhfuil ioncam bliantúil níos lú ná €1.5 milliún acu) mar aon le léiritheoirí móra. Ba chóir do MSP ábhar a choimisiúnú de réir cuideachtaí léiriúcháin bheith in ann a thaispeáint go gcuireann siad beartais oiriúnacha i bhfeidhm maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú.

Ba chóir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán maoirseacht a dhéanamh i gcónaí ar théarmaí trádála maidir le hidirbhearta a choimisiúnú idir MSP agus léiritheoirí neamhspleácha, d'fhonn deiseanna úinéireachta agus leas réamhghníomhach tánaisteach a bheith á bhaint as CMInna ag cuideachtaí neamhspleácha a uasmhéadú, de réir mar is cuí, i gcomhpháirtíocht le rannáin MSP, ar mhaithe le geilleagar cruthaitheach na hÉireann.

## 7.8.3 Moltaí maidir le Spórt

Agus craoltaí spóirt i gcónaí i measc na gclár is mó a mbreathnaítear orthu gach uile bhliain, is léir go bhfuil an-dúil ag muintir na hÉireann sa spórt.  Idir chlúdach na meán áitiúil ar imeachtaí pobail agus craoltaí náisiúnta ar imeachtaí stairiúla spóirt ar a dtarraingítear aird na tíre ar fad, tá spórt ina chuid thábhachtach d'ábhar na meán, agus ní mór é sin a chosaint.

Mar atá mionsonraithe sna haighneachtaí chuig an gCoimisiún, chuir, RTÉ, TG4 agus Virgin Media "cláir spóirt ardchaighdeáin ar fáil" ina leagtar béim shoiléir ar CLG, sacar agus rugbaí. Bunaithe ar na haighneachtaí ó Spórt Éireann, Cónaidhm Spóirt na hÉireann agus CLG, tá dúil ann spórt a fhorbairt tuilleadh trí chomhoibriú, nuálaíocht agus comhpháirtíocht.

Tá roinnt moltaí i gCaibidil 7 a bhfuil baint acu le spórt agus na meáin. Mar shampla, d'fhéadfadh laghdú teacht ar an raon tuairisceoireachta a dhéantar ar spórt mar gheall ar an tacaíocht a mholtar i leith claochlú digiteach. Chomh maith leis sin, mar atá luaite i Mír 7.6 thuas, aithníonn an Coimisiún an tábhacht atá le tuairisceoireacht spóirt ag an leibhéal áitiúil agus aithnítear go bhféadfadh an cineál seo tuairisceoireachta seo

bheith i mbaol easpa soláthair. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh laghdú teacht ar raon na tuairisceoireachta spóirt faoi na scéimeanna tuairisceoireachta nuachta atá beartaithe d'iriseoireacht leas an phobail nach dtuairiscítear air an oiread céanna nó atá i mbaol easpa soláthair.

Déanann an Coimisiún roinnt moltaí faoi leith i ndáil le Spórt.

### Moladh 7-9 Plean Straitéiseach a Fhorbairt do chraoltóireacht spóirt agus spórt a chur chun cinn

Agus é ar an gcomhlacht reachtúil atá freagrach as spórt a fhorbairt in Éirinn, tá caidreamh oibre comhoibríoch ag Spórt Éireann le RTÉ cheana féin. In aighneacht Spórt Éireann chuig an gCoimisiún, leagtar amach deiseanna chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar spórt ar mhaithe le craoltóirí (sealbhóirí cirt), na meáin, comhlachtaí rialaithe agus an pobal araon. Is féidir le Spórt Éireann cuidiú le comhlachtaí náisiúnta rialaithe spóirt maidir leis an deis a spóirt féin a chur os comhair an phobail i gcaidreamh straitéiseach leis na meáin.

Ina haighneacht chuig an gCoimisiún, rinne Cónaidhm Spóirt na hÉireann trí spórt a leagan amach – reathaíocht, snámh agus rothaíocht – dá dtugtar tosaíocht sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027. Níl ceann ar bith de na himeachtaí móra náisiúnta spóirt seo ar an liosta craoltóireachta d'imeachtaí móra ainmnithe. D'fhéadfadh ról lárnach bheith ag MSP maidir le náisiún sláintiúil a fhorbairt trí oibriú leis an rialtas agus comhlachtaí rialaithe spóirt chun cúnamh a thabhairt spóirt a chur chun cinn agus a chlúdach i gcomhréir le beartais atá leagtha amach chun daonra níos gníomhaithe a spreagadh.

Ina aighneacht chuig an gCoimisiún, chuir CLG sonraí ar fáil maidir le GAAGO.ie, ar cur chuige nuálach agus comhoibríoch é i leith OTT a fhorbairt agus an cluiche a sheoladh ar fud teicneolaíochtaí meán nua. Ba cheart go mbeadh nuálaíocht agus foghlaim dá leithéid ina tairbhe do spóirt eile, agus trí tuilleadh comhoibrithe le Spórt Éireann, ba cheart go gcuirfí tuilleadh deiseanna OTT ar fáil chun tuilleadh imeachtaí náisiúnta a chur os comhair an phobail. Tugtar faoi deara go bhfuil tús curtha ag RTÉ leis an sainchúram atá ag cainéil ar nós RTÉ News Now a leathnú chun imeachtaí tábhachtacha a chur os comhair an phobail.

Molann an Coimisiún gur chóir do MSP agus SÁSPanna oibriú le Spórt Éireann chun Plean Straitéiseach do Chraoltóireacht Spóirt agus Spórt a Chur chun Cinn a fhorbairt faoi R1 2024, ina bhféachtar níos faide ná imeachtaí móra a chraoladh go traidisiúnta ar an teilifís, i dtreo deis maidir le tuilleadh spóirt a chur i láthair ar fud réimse formáidí agus meán, lena n-áirítear OTT, agus tuairisciú spóirt a chur chun cinn atá i gcomhréir le beartais atá leagtha amach chun daonra níos gníomhaithe a spreagadh.

**Moladh 7-9 Plean Straitéiseach a fhorbairt do chraoltóireacht spóirt agus spórt a chur chun cinn**

Ba chóir do MSP agus SÁSPanna oibriú le Spórt Éireann chun Plean Straitéiseach do Chraoltóireacht Spóirt agus Spórt a Chur chun Cinn a fhorbairt faoi R1 2024, ina bhféachtar níos faide ná imeachtaí móra a chraoladh go traidisiúnta ar an teilifís, i dtreo deis maidir le tuilleadh spóirt a chur i láthair ar fud réimse formáidí agus meán, lena n-áirítear OTT, agus tuairisciú spóirt a chur chun cinn atá i gcomhréir le beartais atá leagtha amach chun daonra níos gníomhaithe a spreagadh.

### Moladh 7-10 Straitéis Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta maidir le spórt a thuairisciú agus a chraoladh

In aighneachtaí ó Spórt Éireann agus ó Chónaidhm Spóirt na hÉireann araon, leagadh amach go bhfuil gá tuilleadh a dhéanamh i ndáil le héagsúlacht agus ionchuimsitheacht maidir le spórt a thuairisciú agus a chraoladh. Molann an Coimisiún go ndéanfadh ÚCÉ/Coimisiún na Meán straitéis a fhorbairt i gcomhar le heagraíochtaí meán, Spórt Éireann agus Cónaidhm Spóirt na hÉireann chun éagsúlacht i gcraoltóireacht agus tuairisciú spóirt a chur chun cinn agus a fheabhsú. Chomh maith leis sin, ba chóir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán caighdeáin nó critéir CEI maidir le spórt a chur san áireamh agus coinníollacha á leagan síos atá le comhlíonadh ag eagraíochtaí meán a bhfuil maoiniú poiblí á fháil acu.

**Moladh 7-10 Straitéis Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta maidir le spórt a thuairisciú agus a chraoladh**

Molann an Coimisiún go ndéanfadh ÚCÉ/Coimisiún na Meán straitéis a fhorbairt i gcomhar le heagraíochtaí meán, Spórt Éireann agus Cónaidhm Spóirt na hÉireann chun éagsúlacht i gcraoltóireacht agus tuairisciú spóirt a chur chun cinn agus a fheabhsú.

Chomh maith leis sin, ba chóir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán caighdeáin nó critéir CEI maidir le spórt a chur san áireamh agus coinníollacha á leagan síos atá le comhlíonadh ag eagraíochtaí meán a bhfuil maoiniú poiblí á fháil acu.

### Moladh 7-11 Oideachas agus Oiliúint

De réir mar a moladh i gCaibidil 6, ba chóir Scéim Rochtana agus Oiliúna a chur ar bun chun tacú le hoiliúint agus conairí gairme sna meáin. Trí spórt, d’fhéadfadh gairmeacha iontacha agus tairbheacha bheith ar fáil do dhaoine atá ag iarraidh gairm a bhaint amach i sna meáin agus cumarsáid. Níos mó ná riamh, tá comhlachtaí náisiúnta rialaithe ag fostú iriseoirí agus daoine a bhfuil scileanna físeagarthóireachta agus físléirithe acu. Molann an Coimisiún go ndéanfadh ÚCÉ/Coimisiún na Meán comhairle a fháil ó Spórt Éireann agus Cónaidhm Spóirt na hÉireann araon agus an Scéim Rochtana agus Oiliúna atá beartaithe á forbairt acu.

**Moladh 7-11 Oideachas agus oiliúint**

Ba chóir do ÚCÉ/Coimisiún na Meán comhairle a fháil ó Spórt Éireann agus Cónaidhm Spóirt na hÉireann araon agus an Scéim Rochtana agus Oiliúna atá beartaithe á forbairt acu – de réir mar atá leagtha amach i Moladh 6.

# 8 Rialáil agus Rialachas

## Ábhar


**8.1** Réamhrá ..... 214
**8.2** Achoimre Ghairid ar an Tírdhreach Rialála Reatha ..... 214
**8.3** Athruithe rialála atá beartaithe ..... 217
**8.4** Rialáil reatha na Meán Seirbhíse Poiblí agus an gá atá le hathrú ..... 221
**8.5** Na Forálacha Rialála agus Maoinithe atá ann cheana do ÁSP agus do SÁSP Neamhspleácha agus an Gá atá le hAthrú ..... 228
**8.6** Clúmhilleadh ..... 233
**8.7** Iolracht na Meán ..... 234
**8.8** An Spás Ar Líne a Rialáil ..... 235
**8.9** Cáin Dhigiteach ..... 239
**8.10** Moltaí ..... 241

## 8.1 Réamhrá

Mar atá leagtha amach ina Théarmaí Tagartha, tugadh cuireadh don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart earnáil na meán, agus a haidhmeanna seirbhíse poiblí á gcur i gcrích aici, a mhaoirsiú agus a rialáil sna 10 mbliana amach romhainn. Agus an cheist seo á scrúdú aige, rinne an Coimisiún machnamh cúramach ar raon fianaise agus tuairimí a bailíodh le linn a chomhairliúcháin agus a chaidrimh le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne.

Cuirtear tús leis an gcaibidil seo le hachoimre ghairid ar na forálacha rialála reatha do na meáin in Éirinn, agus cuirtear síos freisin ar fhorbairtí rialála atá ar siúl faoi láthair ag leibhéal náisiúnta agus AE. Cuirtear clabhsúr leis an gcaibidil le cur síos ar thuairimí an Choimisiúin maidir leis na hathruithe breise rialála a theastaíonn chun bonn taca a chur faoina mholtaí i dtaca le tacaíochtaí feabhsaithe do na Meáin Seirbhíse Poiblí (MSP) agus do Sholáthraithe Ábhar Seirbhíse Poiblí (SÁSP).

## 8.2 Achoimre Ghairid ar an Tírdhreach Rialála Reatha

Tá an tsamhail reatha de rialáil na meán in Éirinn tagtha chun cinn thar thréimhse shuntasach ama. Cé go bhfuil éagsúlacht sna forálacha rialála agus rialachais ar fud na meán clóite, ar líne agus craolta, tríd is tríd, léiríonn siad tosaíochtaí amhail caomhnú saoirse cainte agus cur chun cinn soláthar ábhar cruthaitheach a léiríonn saibhreas agus éagsúlacht oidhreacht teanga agus chultúrtha na hÉireann.

I gcomparáid le hearnálacha eile, go stairiúil rinneadh rialáil mhór ar chraoladh teilifíse agus raidió. Forálann an tAcht Craolacháin 2009 don ÚCÉ, a fheidhmíonn go neamhspleách agus ar neamhthuilleamaí ón Rialtas, measúnuithe feidhmíochta agus moltaí maidir le leibhéil maoinithe a ullmhú i leith MSP. Mar sin féin, mar atá leagtha amach i gcaibidlí roimhe seo, mar gheall ar na dúshláin gan fasach atá le sárú anois ag na meáin, tá gá le hathmhachnamh práinneach ar chórais rialachais, rialála agus tacaíochta poiblí.

Mar a pléadh i gcaibidil 2, tá freastal maith, tríd is tríd, déanta ar an bpobal leis an gcaighdeán seirbhíse atá curtha ar fáil ag MSP agus SÁSP. Mar sin féin, tá forbairtí teicneolaíochta agus margaidh atá tarlaithe le déanaí agus a chuir isteach ar eagraíochtaí meán, tar éis amhras a chaitheamh ar éifeachtúlacht na socruithe rialála reatha. Is bagairt mhór an t-aistriú ó ré na meán cumarsáide go dtí aois an Idirlín - agus an t-ardú atá tagtha ar na hollchuideachtaí teicneolaíochta agus ar an bhfás ar bhréagaisnéis agus ar mhífhaisnéis - do chórais soláthair ábhar seirbhíse poiblí (ÁSP) atá ríthábhachtach d'ord daonlathach agus sláine na réime poiblí. Mar a léirítear le tionscnaimh le déanaí ag leibhéal an AE, agus i dtíortha ar nós an Astráil, teastaíonn athruithe misniúla sa chur chuige maidir le rialáil agus rialachas agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin atá roimh na meáin.

Agus athrú á mholadh aige in Éirinn, féachann an Coimisiún le tógáil ar na buanna atá sa chóras cheana féin agus idirghabhálacha atá díréireach, tuairimeach nó neamhéifeachtach a sheachaint. Sa ghearrthéarma, molann sé Grúpa Forfheidhmithe agus Grúpa Comhairleach de Pháirtithe Leasmhara a bhunú, a bhfuil tuilleadh sonraí fúthu leagtha amach i gCaibidil 9.

Tá athruithe suntasacha i nádúr agus scóip an mhaoinithe phoiblí agus tacaíochtaí eile do na meáin i gceist le moltaí an Choimisiúin maidir le treisiú inbhuanaitheacht agus teacht aniar na MSP agus SÁSP, chun leasa na saoránach, an lucht féachana agus éisteachta agus na sochaí i gcoitinne. Éilíonn na hathruithe seo, ar a seal, sraith oiriúnuithe riaracháin, rialála agus reachtacha.

Tá an príomhfhócas sa chaibidil reatha ar na príomhghnéithe tacaíochta, rialála agus rialachais a theastaíonn chun maoiniú agus inbhuanaitheacht na MSP agus SÁSP in Éirinn a chinntiú sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Tá an Coimisiún den tuairim láidir go gcaithfear, in aon atheagrú ar an gcóras rialachais agus tacaíochta do na meáin in Éirinn, neamhspleáchas eagarthóireachta na meán a chaomhnú mar thosaíocht den chéad ord. I bhfianaise moltaí i gCaibidlí 5 agus 6 maidir le maoiniú agus tacaíochtaí eile do MSP, ÁSP agus SÁSP, go háirithe iad siúd a bhaineann le tacaíochtaí nua don iriseoireacht atá ar fáil ar bhonn inchoimhlinte agus neodrach ó thaobh ardáin de, molann an Coimisiún ról an ÚCÉ/Choimisiún na Meán a neartú mar chomhlacht neamhspleách le cumhacht féinrialaitheach chun measúnuithe agus moltaí a dhéanamh ar mhaoiniú poiblí, saor ó thionchar nó bac míchuí ón Rialtas nó ón Oireachtas.

Ina theannta sin, tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil cuntasacht, trédhearcacht agus luach ar airgead ina bpríomhthosaíochtaí. Cuimsíonn an chaibidil seo moltaí chun ról an ÚCÉ/Choimisiún na Meán a chur in oiriúint agus a chinntiú go bhfuil a chuid acmhainní agus a chumais i ndáil le taighde, rialachas agus maoirseacht ar earnáil na meán leordhóthanach do na dúshláin chasta atá romhainn. Tá ról reachtúil molta ag an gCoimisiún freisin do NewERA maidir le maoirseacht a dhéanamh ar MSP agus comhairle a chur orthu maidir lena ngnóthaí airgeadais.

## 8.2.1 Forálacha reatha maidir le rialáil na meán clóite

Den chuid is mó, oibríonn na meáin chlóite ar bhonn féinrialála. Tá tromlach na bhfoilseachán iriseoireachta ina mbaill de Chomhairle Preasa na hÉireann agus tagann siad lena Cód Cleachtais agus le feidhmeanna imscrúdaithe gearán Oifig Ombudsman an Phreasa.

Cuimsíonn ballraíocht Chomhairle an Phreasa tréimhseacháin náisiúnta agus áitiúla agus mórán soláthraí agus iris nuachta atá ar fáil i bhfoirm dhigiteach amháin. Tá an Chomhairle, a oibríonn le tacaíocht agus comhoibriú na bhfoilseachán agus na n-iriseoirí atá ina mbaill di, freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na prionsabail ghairmiúla atá cuimsithe sa Chód Cleachtais, agus as seasamh le saoirse an phreasa. Déanann an Chomhairle cinneadh ar achomhairc ó chinntí Ombudsman an Phreasa agus ar ghearáin a chuireann Ombudsman an Phreasa chuici go díreach. Is iad príomhchuspóirí Chomhairle an Phreasa:

- Cosaint saoirse cainte an phreasa a chinntiú;
- Leas an phobail a chosaint trí thuairisciú eiticiúil, cruinn agus fírinneach ón bpreas a chinntiú;
- Íoschaighdeáin eiticiúla agus ghairmiúla áirithe a choinneáil i measc an phreasa; agus
- A chinntiú go gcosnaítear príobháideachas agus dínit an duine aonair.

Aithnítear Comhairle an Phreasa sa dlí faoin Acht um Chlúmhilleadh 2009, a éilíonn, agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil feidhm ag cosaint "ar fhoilsiú cothrom agus réasúnach" i gcaingean clúmhillte maidir le foilseachán preasa, go gcuirfidh Cúirt san áireamh a mhéid a chloígh an foilsitheoir le Cód Caighdeán na Comhairle agus a mhéid a chloígh sé le cinntí Ombudsman an Phreasa.

Faigheann Oifig Ombudsman an Phreasa gearáin ó bhaill an phobail agus féachann sí lena réiteach trí chomhréiteach nó trí idirghabháil chun sástacht gach duine lena mbaineann. Nuair nach féidir é sin a dhéanamh, déanann an tOmbudsman cinneadh ar an ngearán de réir an Chóid Chleachtais.

Mar chuid dá ról rialála, éilíonn Comhairle an Phreasa ar eagraíochtaí nuachta in Éirinn cód iompair, atá ar aon dul le forálacha Chód Cleachtais na Comhairle féin, a thionscnamh agus cloí leis. Cuimsíonn cód na Comhairle na príomhphrionsabail d'eagraíochtaí nuachta maidir le neamhspleáchas, macántacht agus cruinneas i dtáirgeadh nuachta - luachanna atá lárnach do ÁSP ar ardchaighdeán. Chuir aighneachtaí chuig an gCoimisiún ó fhoilsitheoirí nuachtán agus irisí béim i gcónaí ar thábhacht an Chóid Chleachtais agus ar chloí le príomhphrionsabail Chomhairle an Phreasa.

## 8.2.2 Forálacha reatha maidir le rialáil na meán craolta

Is é an tAcht Craolacháin 2009 an phríomhreachtaíocht a rialaíonn craoltóireacht in Éirinn, faoina mbunaítear Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) mar an rialtóir neamhspleách don chraoltóireacht. I measc a fheidhmeanna tá:

- Seirbhísí raidió agus teilifíse, sa bhreis ar na seirbhísí a sholáthraíonn Craoltóirí Seirbhíse Poiblí, a cheadúnú;
- Cóid agus rialacha craolacháin atá ceangailteach ó thaobh dlí a dhéanamh;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht RTÉ agus TG4 de réir na bpríomhchuspóirí poiblí bliantúla atá luaite acu agus ar leordhóthanacht nó eile an mhaoinithe phoiblí atá ar fáil do Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí chun príomhchuspóirí a gcuid seirbhísí poiblí a chomhlíonadh;
- Maoiniú a bhronnadh do chláir agus do chartlannú a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann faoi Scéim an Chiste Craolacháin;
- Faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcód agus na rialacha craolacháin agus/nó a gconarthaí craolacháin ag craoltóirí ceadúnaithe;
- Cinneadh a dhéanamh ar ghearáin ón lucht féachana agus éisteachta maidir le hábhar craolta;
- Tacú le forbairt na hearnála craolacháin lena n-áirítear trí thaighde agus oiliúint; agus
- Tacú le tuiscint na meán lena n-áirítear comhoibriú le craoltóirí agus oideachasóirí..

Cuimsíonn an ÚCÉ an tÚdarás, an Coiste um Dheonú Conarthaí, an Coiste um Chomhlíonadh agus an Feidhmeannas. Tá ról ag an ÚCÉ freisin i gcumasc na meán, a shanntar dó faoin Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014.

In Acht Craolacháin 2009, leagtar amach dualgais craoltóirí agus sainchúram seirbhíse poiblí dhá MSP na hÉireann - RTÉ agus TG4 - chomh maith leis na riachtanais cheadúnaithe do chraoltóireacht raidió agus teilifíse tráchtála agus phobail, a ndéanann an ÚCÉ maoirseacht orthu.

Leagtar amach san Acht an bunús reachtúil le haghaidh táille an Cheadúnais Teilifíse, a ráta, a bailiú agus a dáileadh, agus sonraítear ann na critéir don Chiste Craolacháin, a mhaoinítear le 7% de na glanfháltais ó tháillí ceadúnais, ar fiú €13-14 milliún iad in aghaidh na bliana de ghnáth. Tá dhá scéim faoi láthair ag an gCiste Craolacháin, atá á riar ag an ÚCÉ – An Scéim Cartlannaíochta agus an scéim mhaoinithe 'Fuaim agus Fís', a mhaoiníonn léiriú ábhar closamhairc.

## 8.3 Athruithe rialála atá beartaithe

Tá Éire faoi réir rialáil na meán Eorpach go príomha tríd an Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc (TSMCA), a rialaíonn craoltóireacht ach a bhfuil a raon feidhme leathnaithe i bpáirt anois go seirbhísí síntiúis fís-ar-éileamh (TSMCA). Mar gheall nár trasuíodh leagan athbhreithnithe den Treoir isteach sa dlí intíre in am, thionscain an Coimisiún Eorpach imeachtaí sáraithe i gcoinne 23 ballstát, Éire san áireamh, i mí na Samhna 2020. Mar sin féin, ceartóidh achtú an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne an cás seo in Éirinn.

Is é cuspóir an TSMCA na bunrialacha agus na bunriachtanais - nach mór do bhallstáit a cheangal ar sheirbhísí teilifíse, atá ag feidhmiú laistigh dá ndlínsí, cloí leo, ionas gur féidir na seirbhísí sin a sholáthar ansin thar theorainneacha an AE - a leagan síos. Cé nár thagair an bun-Treoir Teilifíse Gan Teorainneacha 1989 ach do sheirbhísí teilifíse craolta, bhain leagan 2010 den Treoir athainmnithe um Sheirbhísí Meán Closamhairc[156] le craoltóireacht teilifíse agus seirbhísí fís-ar-éileamh "cosúil le teilifís", cé go bhfuil seirbhísí líneacha craolacháin faoi réir rialacha níos doichte ná na cinn neamhlíneach.

Ag léiriú leibhéil mhéadaithe cóineasaithe idir seirbhísí craolta agus seirbhísí ábhar teilifíse eile, leathnaigh an TSMCA athbhreithnithe,[157] a foilsíodh go hoifigiúil i mí na Samhna 2018, a raon feidhme arís chun níos mó airde a thabhairt ar sheirbhísí ar líne agus sheirbhísí ar éileamh.

Cuimsíonn sé, den chéad uair, rialacha agus ceanglais shonracha maidir le hábhar a ghineann úsáideoirí ar sheirbhísí ardáin do chomhroinnt físeán, mar shampla YouTube. Ní leathnaíonn an Treoir athbhreithnithe na rialacha agus na ceanglais maidir le seirbhísí meán closamhairc chuig seirbhísí ardáin do chomhroinnt físeán. Ina áit sin, glacann sé cur chuige bunaithe ar phrionsabail a éilíonn ar bhallstáit a chinntiú go nglacann seirbhísí ardáin do chomhroinnt físeán bearta iomchuí chun mionaoisigh a chosaint ar ábhar díobhálach agus chun gach úsáideoir a chosaint ar fhuathchaint agus ar ábhar coiriúil áirithe. Ní mór d'ardáin comhroinnte físeán córais (e.g. gearáin) a bheith in áit acu chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na Treorach agus tá oibleagáid ar rialtóirí náisiúnta leordhóthanacht na mbeart sin a chinntiú i gcleachtas.

Déanann leagan athbhreithnithe 2018 den TSMCA nuashonrú freisin ar bhearta fadbhunaithe maidir le cuimsiú ábhar atá déanta san Eoraip agus atá deartha chun ilchineálacht ar an scáileán a chur chun cinn agus chun tacú le tionscail áitiúla léirithe ábhair, rud a fhágann go mbeidh leibhéalú suas éigin sa rialáil idir seirbhísí craolta agus SFAÉ. Cé gur bhain cuótaí maidir le saothair de dhéantús na hEorpa a chur san áireamh go stairiúil le seirbhísí craolacháin amháin, thug leagan 2018 den Treoir ceanglais isteach maidir le seirbhísí SFAÉ, amhail Netflix, chun a chinntiú gur ábhar de dhéantús na hEorpa atá in 30% ar a laghad den ábhar a thairgeann siad ina gcatalóga i mballstáit an AE, agus go dtugtar suntasacht chuí don ábhar sin.

157 Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an 10 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc)

158 Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialáil nó gníomh riaracháin sna Ballstáit maidir le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise réaltachtaí margaidh atá ag athrú

### 8.3.1 Trasuí an TSMCA athbhreithnithe agus bogadh ón ÚCÉ go Coimisiún na Meán

In Eanáir 2020 cheadaigh an Rialtas Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne (OSMRB), a dhéanfaidh, i measc rudaí eile, an TSMCA athbhreithnithe a thrasuí i ndlí na hÉireann. Déantar foráil sa Scéim Ghinearálta do:

- Bhunú Coimisiún Meán le ballraíocht iolrach, lena n-áirítear Coimisinéir Sábháilteachta Ar Líne;
- Díscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) agus sannadh feidhmeanna reatha uile an Údaráis do Choimisiún na Meán; agus
- Trasuí ghnéithe na seirbhíse ardáin do chomhroinnt físeán den Treoir SMCA athbhreithnithe laistigh de chreat rialála níos leithne maidir le dearadh sábháilteachta ar líne chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh agus ar mhéadú ábhar díobhálach a ghineann úsáideoir ar líne, le riar ag Coimisinéir Sábháilteachta Ar Líne mar chuid de Choimisiún Meán níos leithne.

Tá sé mar aidhm ag an mBille an ÚCÉ a dhíscaoileadh agus comhlacht rialála nua a bhunú, Coimisiún na Meán, le freagracht as rialáil:

- Seirbhísí craolacháin raidió agus teilifíse;
- Seirbhísí fís-ar-éileamh, ar a dtugtar seirbhísí meán closamhairc ar éileamh freisin; agus
- Seirbhísí ainmnithe ar líne, lena n-áirítear seirbhísí ardáin do chomhroinnt físeán.

Coimisiún le ballraíocht iolrach a bheidh sa chomhlacht nua seo, le Coimisinéirí ar leithligh freagrach as rialáil na seirbhísí thuasluaite. Coinneofar cumhachtaí áirithe, mar shampla cumhachtaí smachtbhannaí, don Choimisiún ag gníomhú ina iomláine amháin. Chomh maith leis na Coimisinéirí, ceapfar cathaoirleach feidhmiúcháin chun maoirseacht a dhéanamh ar oibriú an Choimisiúin ina iomláine. Is é an aidhm atá leis an gCoimisiún Meán nua seo a bhunú ná bogadh ó struchtúr Boird páirtaimseartha an ÚCÉ go dtí an struchtúr cinnteoireachta níos dinimiciúla agus níos freagraí a sholáthraíonn samhail de Choimisiún le ballraíocht iolrach.

#### Seirbhísí fís-ar-éileamh

Chuir comhlacht tionscail comhrialála - le rúnaíocht arna soláthar ag IBEC (an t-ionadaí gnó agus an grúpa stocaireachta) - rialáil ar leibhéal íseal ar sheirbhísí fís-ar-éileamh, a éilítear faoi TSMCA 2010, ar fáil in Éirinn. Tá ballraíocht an chomhlachta deonach agus ní baill iad roinnt seirbhísí móra fís-ar-éileamh atá bunaithe in Éirinn. Ach éilíonn an TSMCA athbhreithnithe 2018 - a chuireann ceanglais níos cruinne ar sheirbhísí ar éileamh - réimeas neartaithe. Nuair a bheidh Coimisiún nua na Meán bunaithe, ceanglófar ar sheirbhísí fís-ar-éileamh a bhunófar in Éirinn clárú agus a bheith faoi réir rialacha níos foirmiúla faoi choimirce an Achta OSMR. Mar a luadh cheana, tugann an TSMCA athbhreithnithe riachtanas nua maidir le Saothair Eorpacha isteach do sheirbhísí fís-ar-éileamh. Ina theannta sin, ceanglófar ar aonáin ghairmiúla nuachta nó cúrsaí reatha a sholáthraíonn seirbhís ar éileamh na caighdeáin chéanna a chomhlíonadh is a chomhlíonann craoltóirí maidir le cothroime agus cothromaíocht.

#### Tobhaigh léirithe ábhair

Soláthraíonn an TSMCA athbhreithnithe rogha do bhallstáit tobhach a thabhairt isteach ar chraoltóireacht teilifíse agus ar sheirbhísí fís-ar-éileamh chun léiriú ábhar closamhairc áitiúil a mhaoiniú.

I gCaibidil 7, mhol an Coimisiún go mbunófaí tobhach agus ciste nua d'ábhar closamhairc, de réir fhorálacha an AVSMD agus an Bhille OSMR. Ní mór do Choimisiún na Meán taighde a dhéanamh ar inmhianaitheacht, éifeachtúlacht agus dearadh ciste den sórt sin i gcomhairle leis an nGrúpa Forfheidhmithe, chun na rioscaí agus na tairbhí a bhainfeadh le tobhach den sórt sin d'earnáil chlosamhairc na hÉireann a mheá go cúramach agus prionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe, a chaithfear a chur i bhfeidhm faoi dhlí an AE, á dtabhairt san áireamh. [159]

### Cóid agus Rialacha Meán

Foráiltear leis an mBille OSMR do Choimisiún na Meán Cóid agus Rialacha Meán a chruthú do sheirbhísí closamhairc (teilifís agus raidió) a rialaíonn ábhar, cur i láthair agus eagrú na gclár a chuirtear ar fáil don phobal. Tógann an Scéim Ghinearálta ar na forálacha atá ann cheana maidir le hinrochtaineacht san Acht Craolacháin 2009 trí na bearta seo a leanas a chur leis:

- Ceanglas ar sholáthraithe seirbhíse meán pleananna gníomhaíochta inrochtaineachta a fhorbairt;
- An fhéidearthacht gearáin a dhéanamh maidir le sáruithe líomhnaithe ar rialacha inrochtaineachta. Beidh de chumhacht ag Coimisiún na Meán gearáin den sórt sin a imscrúdú agus gníomhú go cuí de réir mar is gá.

### An creat rialála maidir le sábháilteacht ar líne

Chomh maith leis an TSMCA athbhreithnithe a thrasuí, bunóidh an Bille OSMR creat rialála le haghaidh sábháilteacht ar líne chun aghaidh a thabhairt ar infhaighteacht chatagóirí sainithe áirithe d'ábhar díobhálach ar líne. Foráiltear leis an gcreat seo do Choimisinéir Sábháilteachta Ar Líne, mar chuid de Choimisiún na Meán, chun seirbhísí 'ábhartha' a bheidh le rialáil a ainmniú, i.e. aon seirbhís ar líne a ligeann d'úsáideoirí ábhar a chuir úsáideoirí eile ar fáil a roinnt, a scaipeadh nó rochtain a fháil air.

Áiríonn sé seo:

- Seirbhísí meán sóisialta, e.g. Facebook;
- Boird agus fóraim phoiblí, e.g. Reddit;
- Seirbhísí cluichíochta ar líne, e.g. Xbox Live;
- Seirbhísí ríomhthráchtála, e.g. Amazon;
- Seirbhísí cumarsáide príobháideacha, e.g. WhatsApp (ábhar coiriúil amháin);
- Seirbhísí príobháideacha stórála ar líne, e.g. Google Drive (ábhar coiriúil amháin);
- Innill chuardaigh ar líne, e.g. Google, DuckDuckGo; agus
- Soláthraithe seirbhíse idirlín, e.g. Virgin Media Broadband.

Ní cheanglaítear ar an gCoimisinéir Sábháilteachta Ar Líne gach seirbhís ar líne a d'fhéadfadh a bheith laistigh dá raon feidhme a ainmniú, ach díreoidh sé nó sí ina ionad sin ar sheirbhísí móra nó orthu siúd a mbaineann baol níos mó leo ó thaobh teacht a bheith ag daoine ar ábhar díobhálach ar líne. Maidir le teachtaireachtaí

[159] Chaithfí aon tobhach den sórt sin a fhorchur go cothrom ar gach seirbhís a dhíríonn ar mhargadh na hÉireann, bídís bunaithe in Éirinn nó ná bíodh. Ina theannta sin, bheadh seirbhísí atá bunaithe in Éirinn agus seirbhísí eachtracha araon incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an gciste léiriú ábhair a bunaíodh mar thoradh ar an tobhach. Ní bheidh feidhm ag aon tobhach ach ar ioncam a thuilltear laistigh den Stát. Mar shampla, má thuilleann soláthraí mar Netflix 2% dá ioncam foriomlán AE sa Stát, ní bhainfidh an tobhach ach leis an 2% sin dá ioncam iomlán.

príobháideacha agus seirbhísí príobháideacha stórála, foráiltear leis an mBille nach féidir seirbhísí den sórt sin a ainmniú ach amháin maidir le hábhar atá coiriúil ó thaobh cineáil de. Léiríonn sé seo go bhfuil an chothromaíocht idir saoirse cainte, príobháideachas agus sábháilteacht atá i bhfeidhm difriúil i dtaca le cumarsáid phríobháideach le hais fóraim phoiblí nó seirbhísí meán sóisialta.

De réir an TSMCA athbhreithnithe, beidh seirbhísí ardáin do chomhroinnt físeán mar chatagóir a ainmneoidh an Coimisinéir le haghaidh rialála trí chóid sábháilteachta ar líne. Ceanglófar ar sheirbhísí ainmnithe ar líne cloí le cóid a bhfuil sé mar aidhm leo laghdú a dhéanamh ar scaipeadh agus ar mhéadú catagóirí sainithe áirithe d'ábhar díobhálach, lena n-áirítear ábhar coiriúil, cibearbhulaíocht agus ábhar a spreagann neamhoird itheacháin, féindochar nó féinmharú.

Beidh Coimisiún na Meán in ann smachtbhannaí a fhorchur ar aon seirbhís ainmnithe neamhchomhlíontach ar líne nár chloígh le fógra rabhaidh, lena n-áirítear:

- Smachtbhanna airgeadais suas le €20 milliún nó 10% den láimhdeachas;
- Lallach a chur ar sheirbhís ainmnithe ar líne tabhairt faoi ghníomhartha sonracha áirithe;
- Stop a chur le rochtain ar sheirbhís ainmnithe ar líne in Éirinn.

Mar gheall ar theorainneacha bunreachtúla ar chumhachtaí comhlachtaí rialála in Éirinn, teastaíonn dearbhú on gCúirt chun aon cheann de na smachtbhannaí seo a fhorchur.

Ábhar Breise curtha leis an mBille OSMR

I mí na Nollag 2020, cheadaigh an Rialtas forálacha breise a áireamh i Scéim an Bhille, lena n-áirítear:

- An reachtaíocht a nuashonrú maidir leis an gcaoi a rialaítear seirbhísí craolacháin teilifíse agus seirbhísí fís-ar-éileamh
- Maoiniú Choimisiún na Meán le tobhach tionscail
- Forálacha breise sábháilteachta ar líne, lena n-áirítear ceann maidir le dliteanas coiriúil féideartha don bhainistíocht shinsearach as neamhchomhlíonadh
- Socrú uasteorainn na smachtbhannaí féideartha airgeadais as neamhchomhlíonadh ag €20 milliún nó 10% den láimhdeachas, cibé acu is airde.

I mí na Bealtaine 2021, cheadaigh an Rialtas forálacha breise a chur leis an mBille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne[160], lena n-áirítear:

- Deireadh a chur leis an gceanglas atá ar RTÉ seirbhís teilitéacs a chothabháil;
- Deireadh a chur le teorainneacha in aghaidh na huaire ar am fógraíochta ar stáisiúin raidió tráchtála ach an teorainn fhoriomlán de 15% den am craolacháin laethúil a choinneáil;
- Ceanglais maidir le suntasacht do ÁSP; agus
- Sparánachtaí a chruthú d'iriseoirí i stáisiúin raidió pobail agus áitiúla.

160 Cuireadh go leor de na forálacha san áireamh roimhe seo sa Bhille Craolacháin (Leasú) a foilsíodh in 2019 ach nár achtaíodh

## 8.4 Rialáil reatha na Meán Seirbhíse Poiblí agus an gá atá le hathrú

### 8.4.1 Measúnú Feidhmíochta agus Soláthar Maoinithe Reatha

Ag leibhéal ard, forordaíonn an tAcht Craolacháin 2009 aidhmeanna agus feidhmeanna, nó "príomhchuspóirí" (mar a thagraítear dóibh san Acht) RTÉ agus TG4. Ceanglaíonn an tAcht ar RTÉ agus TG4 araon, Ráiteas Seirbhíse Poiblí, a chur isteach gach cúig bliana ina leagtar amach na prionsabail atá le comhlíonadh agus na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun a sainchúraimí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. Cuirtear an Ráiteas Seirbhíse Poiblí faoi bhráid an Aire, ar féidir leis nó léi, tar éis dul i gcomhairle leis an ÚCÉ, toiliú leis an Ráiteas Seirbhíse Poiblí agus é a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Éilíonn an tAcht freisin go soláthróidh gach craoltóir Seirbhíse Poiblí Ráiteas Straitéise faoin gcaoi a gcomhlíonfar a phríomhchuspóirí agus Ráiteas Bliantúil ar Ghealltanais Feidhmíochta (RBGF) faoi ghníomhaíochtaí beartaithe agus táscairí feidhmíochta gaolmhara. Cuirtear an RBGF faoi bhráid an ÚCÉ agus an Aire le haghaidh comhairliúcháin i dtosach, agus ansin foilsítear é. Ceanglaítear ar RTÉ agus TG4 araon tuairisciú ar bhonn bliantúil ar chomhlíonadh a gcuid RBGF.

Foráiltear le halt 123 den Acht Craolacháin 2009 do mhéid atá comhionann le hiomlán na bhfáltas ó tháillí ceadúnais teilifíse, lúide speansais agus 7% de na glanfháltais don Chiste Craolacháin, le cionroinnt ar RTÉ agus TG4, arna chinneadh ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Agus cinneadh á dhéanamh aige nó aici, caithfidh an tAire aird a thabhairt ar chumas RTÉ agus TG4 a bpríomhchuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. Go praiticiúil, tá TG4 maoinithe ón Státchiste ó 2019, le roinnt ioncam tráchtála.

Faoi alt 124 den Acht, déanann an ÚCÉ athbhreithniú bliantúil ar chomh maith is a chomhlíon gach craoltóir Seirbhíse Poiblí a ghealltanais seirbhíse poiblí agus leordhóthanacht nó eile an mhaoinithe phoiblí chun a chur ar a chumas a phríomhchuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. Ceanglaítear ar an Aire athbhreithniú bliantúil an ÚCÉ a mheas agus freagra ar a mholadh maidir le maoiniú a fhoilsiú.

Gach cúig bliana éilítear ar an ÚCÉ athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht nó eile an mhaoinithe phoiblí chun a chur ar chumas RTÉ agus TG4 a bpríomhchuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. Agus é sin á dhéanamh aige, cuirtear réimse tosca san áireamh, lena n-áirítear: na hacmhainní airgeadais atá ag gach craoltóir Seirbhíse Poiblí cheana féin; leibhéil reatha maoinithe poiblí; leibhéil maoinithe fógraíochta tráchtála; toradh na n-athbhreithnithe bliantúla; an Ráiteas Seirbhíse Poiblí; forbairtí idirnáisiúnta; tuarascálacha an Choiste um Chomhlíonadh; ábhair eile a d'fhéadfadh an tAire a mheas a bheith ábhartha agus iad curtha in iúl don ÚCÉ. Ceanglaítear ar an Rialtas athbhreithniú cúig bliana an ÚCÉ a mheas agus a fhreagairt ar mholadh an ÚCÉ a fhoilsiú.

Rinne an ÚCÉ an chéad Athbhreithniú 5 Bliana ar mhaoiniú craoltóireacht seirbhíse poiblí in 2012-2013, agus chlúdaigh an dara hathbhreithniú in 2018 an tréimhse 2018-2022. Mhol sé maoiniú breise €30 milliún in aghaidh na bliana do RTÉ agus €6 mhilliún do TG4. Luadh ann:

"Molann an tÚdarás, ar a laghad ar bith, gur chóir do RTÉ méadú a fháil ar an maoiniú poiblí bliantúil €30m a fhaigheann sé gach bliain, ach amháin, faoi réir phleananna eile mionsonraithe agus costáilte a bheith curtha isteach agus athbhreithnithe, go bhféadfadh an leibhéal maoinithe seo méadú. Chuimseodh sé seo méadú ar luach measta an ioncaim ó tháillí ceadúnais go €215 milliún in aghaidh na bliana (bunaithe ar luach measta €185 milliún in 2017. I bhfianaise na práinne atá le seasamh maoiniú reatha RTÉ, ba cheart go mbeadh an leibhéal méadaithe maoinithe poiblí a mholtar ar fáil don chraoltóir láithreach (i.e. in 2018 agus as sin amach). Creideann an ÚCÉ go bhfuil bunús maith leis an méadú maoinithe de €30 milliún in aghaidh na bliana, mar, dar leis an Údarás, ní leor an maoiniú atá ar fáil faoi láthair chun inbhuanaitheacht an chraoltóra a chinntiú. Tagann sé leis an bhfíric nár tháinig aon mhéadú ar an táille ceadúnais teilifíse le breis agus deich mbliana. Ina theannta sin, tá laghdú gan fasach ar ioncam tráchtála an chraoltóra ó 2008 agus meastar go mbeidh an timpeallacht tráchtála sna cúig bliana amach romhainn chomh dúshlánach céanna. I gcás nach ndéantar méadú ar an maoiniú poiblí, is mó seans gur cailliúint tuilleadh de lucht féachana agus éisteachta na hÉireann bheadh mar thoradh air. "[161]

Cuireann an t-eispéireas seo béim ar ghnéithe suntasacha de na socruithe agus na nósanna imeachta reachtacha atá ann faoi láthair nach mór, dar leis an gCoimisiún, a athrú má tá an tsamhail mhaoinithe nua atá beartaithe le bheith neamhspleách agus éifeachtach mar is cuí.

Trí alt 144 den Acht Craolacháin 2009, dílsítear cumhacht chun an táille ceadúnais a athrú san Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, a chaithfidh dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is léir nach bhfuil mórán cumhachta ag an ÚCÉ, a bhfuil ról lárnach aige maidir le hathbhreithnithe feidhmíochta bliantúla a dhéanamh agus moltaí bliantúla a dhéanamh maidir le táillí ceadúnais teilifíse a athrú, chun leibhéil mhaoinithe a chinneadh ós rud é nár leanadh aon cheann dá mholtaí le déanaí maidir le méaduithe ar an táille cheadúnais. Ba in 2008 a athraíodh an Táille Ceadúnas Teilifíse go deireanach.

Ó 2018 i leith, chuir an Rialtas roinnt maoinithe breise ar fáil do chraoltóirí na Seirbhíse Poiblí, ach ní ag an leibhéal a mhol an ÚCÉ. Cé gur féidir leis an ÚCÉ moltaí a thionscnamh atá bunaithe ar a eolas a bhaineann go sonrach leis an earnáil, faoi na socruithe reatha, féadfaidh an tAire agus an Rialtas, ar féidir leo cinneadh a dhéanamh dhul i dtreo difriúil gan a thuilleadh plé leis an ÚCÉ, neamhaird a dhéanamh ar aon mholadh ón ÚCÉ.

Baintear an bonn go mór ó chumas an ÚCÉ cuspóirí iomchuí seirbhíse poiblí a chomhaontú le MSP, agus iad a choinneáil cuntasach as na cuspóirí sin a chomhlíonadh, mura bhfuil aon chumhacht aige tionchar a imirt ar leibhéil mhaoinithe bhliantúla. Bíonn tionchar ag an bhfíric nach nglactar le moltaí maoinithe an ÚCÉ, agus nach gcuirtear i bhfeidhm iad ar bhonn ilbhliantúil, ar neamhspleáchas na MSP, ar a gcumas a sainchúraimí a chomhlíonadh, ar a seasmhacht maoinithe agus ar a gcumas pleanáil dá bharr.

Is é tuairim an Choimisiúin go gcaithfear forálacha reachtacha a bhaineann le socrú cuspóirí, athbhreithniú feidhmíochta, measúnú maoinithe agus córais leithdháilte do MSP a athchóiriú. Tá molta ag an gCoimisiún (i gCaibidil 5) gur cheart go dtiocfadh maoiniú poiblí do MSP ó chistí an Státchiste amháin ó 2024 ar aghaidh, seachas ó chóras measctha d'ioncam ó tháillí ceadúnais agus ó chistí an Státchiste. Éileoidh sé seo athruithe ar an ollstruchtúr rialála. Gan táille cheadúnais mar an príomhfhachtóir cinntitheach do leibhéal an mhaoinithe phoiblí, ní mór meicníocht éigin eile a chur i bhfeidhm. Mar a tugadh faoi deara i gCaibidlí 5 agus 6, ní mór raon prionsabal tábhachtach a chomhlíonadh nuair atá leibhéil mhaoinithe á leagan síos agus leithdháiltí á gcinneadh.

161 Athbhreithniú Cúig Bliana an ÚCÉ ar Mhaoiniú Poiblí do Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí agus Tuarascáil agus Moltaí an ÚCÉ don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil 14 Meitheamh 2018

Tá moltaí á ndéanamh ag an gCoimisiún chun feabhas a chur ar neamhspleáchas, seasmhacht, cuntasacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na gcóras maidir le socrú straitéisí, athbhreithniú feidhmíochta agus leithdháileadh maoinithe don MSP. Agus é sin á dhéanamh, tuigeann an Coimisiún go gcaithfidh aon athruithe a mholtar freastal go cothrom ar róil agus ar shainchearta faoi seach na Meán Seirbhíse Poiblí, an ÚCÉ/ Choimisiún na Meán, an Aire agus an Rialtais, agus an Oireachtais.

## 8.4.2 Príomhchuspóirí agus Prionsabail na Meán Seirbhíse Poiblí a athshocrú

Fad a bhí sé de chúram ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar MSP agus bealach chun cinn a leagan amach dó, tugadh breac-chuntas ina théarmaí tagartha ar na príomhspriocanna seirbhíse poiblí do na meáin atá ann cheana, mar atá leagtha amach san Acht Craolacháin 2009, mar a leanas:

- Eolas, oideachas agus siamsaíocht a chur ar fáil do phobal na hÉireann maidir le hábhair a bhaineann le cultúr, féiniúlacht, spórt, teanga agus nithe eile is gné dhílis d'Éirinn agus do mhuintir na hÉireann;
- A chinntiú go bhfuil rochtain ag an bpobal ar iriseoireacht ar ardchaighdeán atá neamhspleách agus neamhchlaonta, a thuairiscíonn ar ábhair a bhfuil tábhacht áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta leo ar bhealach cothrom agus a chuireann leis an dioscúrsa daonlathach;
- An náisiún agus an diaspóra a thabhairt le chéile ag amanna a bhfuil tábhacht mhór náisiúnta leo; agus
- A chinntiú go bhfaigheann tallann chruthaitheach na hÉireann an deis a gcuid saothar a chur i láthair lucht féachana agus éisteachta in Éirinn agus, más féidir, níos faide i gcéin.

Iarradh ar an gCoimisiún moladh a dhéanamh maidir leis an gcaoi ar cheart aidhmeanna seirbhíse poiblí a chur i gcrích in Éirinn sna deich mbliana amach romhainn agus ar an gcaoi a dhéantar maoirseacht agus rialáil air sin. Agus bealach chun tosaigh á leagan amach aige, bhí an Coimisiún den tuairim go bhfuil gá le roinnt athruithe ar chuspóirí agus ar phrionsabail reatha MSP chun dúshláin agus deiseanna na timpeallachta digití a léiriú agus chun bonn a chur faoi na moltaí atá i gCaibidlí 5 agus 6.

Déantar cur síos ar "phríomhchuspóirí" reatha institiúidí MSP na hÉireann in Acht 2009. Maidir le RTÉ, is féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas, chun -

- Seirbhís náisiúnta chraolacháin teilifíse agus fuaime phoiblí a oibriú agus atá saorchraolta agus ar fáil don phobal iomlán ar oileán na hÉireann;
- Seirbhís chraolacháin teilifíse agus fuaime a oibriú atá ar fáil do phobal na hÉireann lasmuigh d'Éirinn;
- Seirbhísí craolacháin poiblí pobail, áitiúla nó réigiúnacha a oibriú atá saorchraolta,
- Suíomh gréasáin agus seirbhísí teilitéacs a chothabháil;
- Ceolfhoirne, cóir agus grúpaí taibhithe cultúrtha eile a chothabháil;
- Cabhrú le comhlachtaí poiblí dá dtarlódh éigeandáil mhór;
- Cartlanna agus leabharlanna a chothabháil;
- Seirbhísí meán closamhairc neamhchraolta agus neamhlíneach a chothabháil;
- Ilphléacs náisiúnta amháin nó níos mó a bhunú, a chothabháil agus a oibriú; agus
- Leas a bhaint as deiseanna tráchtála.

Éilíonn an tAcht freisin ar RTÉ -

- Aird a bheith aige ar leasanna agus ar chúraimí an phobail uile; coinneáil i gcuimhne a riachtanaí atá an chomhthuiscint agus an tsíocháin ar fud oileán na hÉireann uile; a chinntiú go léireoidh na cláir na hairíonna éagsúla dá bhfuil cultúr phobal oileán na hÉireann uile comhdhéanta; agus aird ar leith a bheith aige ar na hairíonna a shainíonn an cultúr sin agus go háirithe ar an nGaeilge;
- Tacú leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart chun tuairimí a nochtadh;
- Aird a bheith aige ar a riachtanaí atá sé an pobal a dhéanamh eolach tuisceanach ar fhiúchas agus ar thraidisiúin tíortha seachas an Stát, go háirithe Ballstáit eile; agus

a chinntiú go ndéanfaidh sceidil na gclár an méid seo a leanas -

- Réimse clár Gaeilge agus Béarla a chur ar fáil a fhreagróidh d'ilchineálacht chultúir oileán na hÉireann uile ar réimse é ina mbeidh cláir lena gcuirtear siamsa, eolas agus oideachas ar fáil, lena gcuirtear tuairisciú ar ghníomhaíochtaí spóirt, reiligiúin agus cultúir ar fáil agus lena bhfreastalaítear ar ionchais an phobail i gcoitinne mar aon le hionchais daoine den phobal a bhfuil spéiseanna speisialta nó spéiseanna mionlaigh acu agus ar cláir iad, i ngach cás, lena léirítear meas ar dhínit an duine;
- Cláir nuachta agus cúrsaí reatha Gaeilge agus Béarla a sholáthar, lena n-áirítear cláir lena soláthraítear tuairisciú ar imeachtaí i dTithe an Oireachtais agus i bParlaimint na hEorpa; agus
- Léiriú cultúrtha comhaimseartha a éascú nó cúnamh a thabhairt don chéanna agus nuáil agus turgnamh i gcraolachán a spreagadh nó a chur chun cinn.

Seo a leanas achoimre ar phríomhchuspóirí reatha TG4, atá leagtha amach in Acht 2009 freisin -

- Seirbhís náisiúnta chraolacháin teilifíse phoiblí a oibriú agus atá saorchraolta agus ar fáil don phobal iomlán ar oileán na hÉireann;
- Seirbhís phoiblí craolacháin teilifíse a oibriú atá ar fáil do phobal na hÉireann lasmuigh d'Éirinn;
- Seirbhísí craolacháin poiblí pobail, áitiúla nó réigiúnacha a oibriú atá saorchraolta,
- Suíomh gréasáin agus seirbhísí teilitéacs a chothabháil;
- Cóir agus grúpaí taibhithe cultúrtha eile a chothabháil;
- Cabhrú le comhlachtaí poiblí dá dtarlódh éigeandáil mhór;
- Cartlanna agus leabharlanna a chothabháil;
- Seirbhísí meán closamhairc neamhchraolta agus neamhlíneach a chothabháil; agus
- Leas a bhaint as deiseanna tráchtála.

Éilítear ar TG4 freisin -

- Aird a bheith aige ar leasanna agus ar chúraimí an phobail uile; coinneáil i gcuimhne a riachtanaí atá an chomhthuiscint agus an tsíocháin ar fud oileán na hÉireann uile; a chinntiú go léireoidh na cláir na hairíonna éagsúla dá bhfuil cultúr phobal oileán na hÉireann uile comhdhéanta; agus aird ar leith a bheith aige ar na hairíonna a shainíonn an cultúr sin agus go háirithe ar na ceantair Ghaeltachta;
- Tacóidh sé leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart chun tuairimí a nochtadh;
- Beidh aird aige ar a riachtanaí atá sé an pobal a dhéanamh eolach tuisceanach ar fhiúchas agus ar thraidisiúin tíortha seachas an Stát, go háirithe Ballstáit eile; agus

a chinntiú go ndéanfaidh sceidil na gclár an méid seo a leanas -

- Réimse cuimsitheach clár a sholáthar, go príomha i nGaeilge, a léiríonn ilchineálacht chultúrtha oileán iomlán na hÉireann agus a chuimsíonn cláir a thugann siamsaíocht, eolas agus oideachas, a chuimsíonn gníomhaíochtaí spóirt, reiligiúnacha agus cultúrtha agus a fhreastalaíonn ar gach aoisghrúpa sa phobal arb í an Ghaeilge a dteanga labhartha nó a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge ar shlí eile;
- Cláir nuachta agus cúrsaí reatha a sholáthar, go príomha i nGaeilge;
- Clúdach a sholáthar ar imeachtaí i dTithe an Oireachtais agus i bParlaimint na hEorpa; agus
- Léiriú cultúrtha comhaimseartha a éascú nó cúnamh a thabhairt don chéanna agus nuáil agus turgnamh i gcraolachán a spreagadh nó a chur chun cinn.

Cé go léiríonn cuid d'fhorálacha Acht 2009 prionsabail mharthanacha, léiríonn cuid eile ré nuair a bhí cainéil chraolta i réim agus nuair a bhí níos lú tábhacht le soláthar agus ardáin dhigiteacha ar líne do MSP ná mar atá sa lá atá inniu ann. I dtírdhreach gréasán-cheangailte na meán inniu, tá an chuma ar roinnt de na riachtanais reachtúla, amhail seirbhís teilitéacs a chothabháil, go mbaineann siad le ré eile (tá sé mar aidhm ag scéim an Bhille OSMR an fhoráil seo a bhaint). Tar éis breithniú a dhéanamh ar fhorálacha reachtúla atá ann cheana, déanann an Coimisiún roinnt moltaí maidir leis an ngá atá ann iad seo a nuashonrú chun teacht le ról agus misean éabhlóideach MSP i dtimpeallacht meán atá ag athrú agus chun neamhspleáchas riachtanach MSP a chosaint (féach an chuid dheireanach den Chaibidil seo).

### 8.4.3 Neamhspleáchas an Rialtóra a Mhéadú maidir le Feidhmíocht a Mheas agus Leibhéil Maoinithe a Shocrú

Déanann an Coimisiún moltaí freisin maidir le neamhspleáchas an ÚCÉ/Choimisiún na Meán mar rialtóir MSP a fheabhsú.

Tá impleachtaí dochracha tromchúiseacha ag na socruithe reatha maidir le rannpháirtíocht an Aire agus an Rialtais i gcinneadh na straitéise, in athbhreithniú feidhmíochta agus i leithdháileadh leibhéil maoinithe do MSP do neamhspleáchas fíor agus braite na meán. Faoi shocruithe den sórt sin, tá ról ceannais ag an Aire agus ag an Rialtas agus cuirtear an ÚCÉ céim siar chuig post tánaisteach agus neamhghníomhach sa

chinnteoireacht faoi mhaoiniú MSP. Ní théitear i gcomhairle leis an ÚCÉ ach amháin maidir leis an Ráiteas Seirbhíse Poiblí agus an Ráiteas Bliantúil ar Ghealltanais Feidhmíochta, ach níl aon ról foirmiúil aige i Ráitis Straitéise craoltóirí na Seirbhíse Poiblí.

Mar is léir i gCaibidil 5, níl an tsamhail reatha oiriúnach don fheidhm chun maoiniú leordhóthanach, seasmhach, intuartha a sholáthar agus/nó cinntí a dhéanamh faoi leibhéil mhaoinithe atá sách neamhspleách ón gcóras polaitiúil agus atá inslithe, go pointe iomchuí, ó athrúcháin fioscacha. Dar leis an gCoimisiún, tá an neamhaird a dhéantar ar an rialtóir neamhspleách míchuí, mí-éifeachtach agus tá sé ina bhagairt fhéideartha dho-ghlactha ar neamhspleáchas MSP. Ina theannta sin, tá an chuma ar na córais reatha nach bhfuil siad oiriúnach don tasc maidir le RTÉ agus TG4 a choinneáil cuntasach i ndáil le hinniúlacht agus éifeachtacht a mbainistíocht airgeadais agus a bhfeidhmíocht ó thaobh a ngealltanais seirbhíse poiblí a chur i gcrích. Ní mór, mar sin, an córas seo a athrú.

Ní mór treisiú a dhéanamh ar ról an ÚCÉ/Choimisiún na Meán maidir le hathbhreithnithe bliantúla agus ilbhliantúla a dhéanamh, ar mhaithe le neamhspleáchas agus éifeachtacht na gcóras reatha a mhéadú. Amach anseo, ní mór neamhspleáchas MSP a chosaint i gceart trí ról ceannais a thabhairt don ÚCÉ/Choimisiún na Meán i ngach gné d'athbhreithniú agus de shocrú straitéise, d'fheidhmíocht a mheas agus de leithdháiltí maoinithe a mheasúnú agus a mholadh maidir le MSP agus soláthar ábhar seirbhíse poiblí.

Ag an am céanna, ní mór cuntasacht dhaonlathach a neartú trí idirghníomhaíochtaí an ÚCÉ/Choimisiún na Meán (agus idirghníomhaíochtaí RTÉ agus TG4) leis an gCoiste um Chuntais Phoiblí agus le Coistí Oireachtais eile, mar a fhoráiltear dó cheana sa reachtaíocht, a fheidhmiú go hoptamach. Caithfidh ról leasaithe agus feabhsaithe don ÚCÉ/Choimisiún na Meán meas a bheith aige ar shainchearta bunreachtúla an Rialtais agus an Oireachtais i gcaiteachas airgid phoiblí agus cuntasacht dhian a éascú do chur i gcrích cost-éifeachtúil aidhmeanna MSP.

### 8.4.4 Éifeachtúlacht, Seasmhacht Airgeadais agus Cuntasacht Éifeachtach a Mhéadú

Trí ról níos lárnaí agus níos réamhghníomhaí a thabhairt don ÚCÉ/Choimisiún na Meán maidir le feidhmíocht agus maoiniú MSP a scrúdú, ar an mbealach a mholtar thuas, cuirfear feabhas ar chuntasacht eagraíochtaí MSP. Éileoidh ról leathnaithe an rialtóra neamhspleách, lena n-áirítear a fhreagrachtaí nua a eascróidh as an mBille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne, feabhsuithe comhréireacha ar acmhainní agus ar chumais.

Le blianta beaga anuas tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán tar éis tacaíocht NewERA a fhostú chun comhairle a thabhairt ar ghnéithe de bhainistíocht airgeadais RTÉ. Chuir NewEra an chomhairle seo ar fáil faoi alt 20 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014, a bhaineann le comhlachtaí neamh-ainmnithe. Trí RTÉ agus TG4 a ainmniú mar chomhlachtaí faoi alt 18 den Acht, beidh siad in ann leas a bhaint as an raon iomlán seirbhísí maoirseachta agus comhairleacha a thairgeann NewERA agus comhlachtaí eile de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. D'fhéadfadh go n-éileodh an t-ainmniúchán leasuithe reachtacha chun stádas corparáideach RTÉ agus róil faoi seach an ÚCÉ/Choimisiún na Meán agus an Aire a chur san áireamh.

Chuir an ÚCÉ in iúl nach gcuireann an córas reatha athbhreithnithe bliantúla agus socraíochtaí maoinithe an tseasmhacht airgeadais nó straitéiseach is fearr ar fáil. Ina athbhreithniú cúig bliana 2018 ar MSP, mhol sé socraíochtaí ilbhliantúla atá dírithe ar an todhchaí chun intuarthacht agus seasmhacht an mhaoinithe phoiblí a sholáthar. Tá molta ag an ÚCÉ go ndéanfaí leasú ar alt 124 d'Acht 2009 chun foráil a dhéanamh do thimthriall

measúnaithe maoinithe trí bliana seachas an próiseas reatha cúig bliana. Áitítear go gceadódh sé seo don MSP "straitéisí mionsonraithe agus costáilte a bheadh níos réadúla agus níos indéanta a leagan amach agus a thabharfadh dóthain maoirseachta don rialtóir dá réir." [161] Chuir RTÉ in iúl gurbh fhearr leo timthriall maoinithe ceithre bliana a chuireann timthriall na mórimeachtaí spóirt idirnáisiúnta san áireamh. Nótáil an Coimisiún an cur chuige i ndlínsí eile ina bhfuil tréimhse socraíochta maoinithe níos faide i bhfeidhm do MSP, mar shampla, sa Ríocht Aontaithe, áit a ndéantar cairt an BBC a athnuachan gach deich mbliana.

Tá molta ag an ÚCÉ freisin go ndéanfaí socrú bliantúil na ngealltanas feidhmíochta ag MSP faoi alt 102 d'Acht 2009 a athailíniú leis an timthriall ilbhliana atá beartaithe le haghaidh athbhreithnithe maoinithe. Bheadh ar MSP tuairisciú go bliantúil i gcónaí ar a bhfeidhmíocht i gcoinne na ngealltanas agus na spriocanna.

Nótáil an Coimisiún na buntáistí ionchasacha a bhaineann le socraíochtaí ilbhliana do MSP ó thaobh neamhspleáchais, seasmhachta, intuarthachta agus pleanála. Neartódh cur i bhfeidhm na bpróiseas maoinithe ilbhliantúil, a cheadaíonn leagan amach straitéisí MSP atá réalaíoch agus costasach, ról an rialtóra maidir le cuntasacht a chinntiú i gcoinne cuspóirí den sórt sin.

## 8.4.5 Cumas Taighde agus Anailíse a Fheabhsú

Aithnítear níos mó anois ná riamh go mbaineann comhlachtaí a bhfuil sé de chúram orthu MSP a rialáil agus a mhaoirsiú leas as cumais shaineolacha a fhorbairt i dtaighde agus in anailís ar mhargaí na meán, ar theicneolaíochtaí agus, go háirithe, ar lucht féachana agus éisteachta. Aithnítear é seo mar fhreagairt riachtanach ar na dúshláin a bhaineann le domhandú agus digitiú, agus mar fhachtóir tábhachtach chun stíl rialachais chomhtháite, inoiriúnaithe a thógáil agus a oireann do thimpeallacht mheán atá ag éirí níos dinimiciúla agus níos casta. D'aithin an Coimisiún an tábhacht a bhaineann le taighde, eolas agus tuiscint fheabhsaithe ó thaobh rialtóra an tionscail de, chun maoirseacht fheabhsaithe agus iomchuí ar chur i bhfeidhm aidhmeanna MSP, i gcomhthéacs na hÉireann, amach anseo a éascú.

Ní féidir an rannpháirtíocht leis an bpobal, a dtuiscint agus a n-ionchais a bheith ag brath go simplí ar mheicníocht amháin amhail Comhairlí Lucht Féachana agus Éisteachta, ná ar ghrúpaí fócais agus suirbhéanna ad-hoc arna gcoimisiúnú ag MSP agus SÁSP. D'ainneoin obair agus rannpháirtíocht éifeachtach le lucht féachana agus éisteachta san am atá caite, anois agus aistriú ag tarlú go timpeallacht dáileacháin il-ardán, ní mór cumhacht a thabhairt don ÚCÉ/Choimisiún na Meán tabhairt faoi thaighde agus coimisiúnú agus comhordú a dhéanamh ar thaighde faoi ionchais agus roghanna athraitheacha lucht féachana agus éisteachta, mar a theastaíonn chun éifeachtúlacht sholáthar MSP agus ÁSP a chinntiú sa todhchaí, agus chun bonn a chur faoi fhorbairt polasaí amach anseo. Teastaíonn tuilleadh taighde córasach agus fad-ama, mar shampla, ar nósanna tomhaltais atá ag teacht chun cinn, athruithe ó ghlúin go glúin, fadhbanna inrochtaineachta do dhiaspóra na hÉireann agus ilchineálacht agus idirchreidmheachas i measc lucht féachana agus éisteachta comhaimseartha na hÉireann.

[161] Aighneacht Fhorlíontach Údarás Craolacháin na hÉireann chuig an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán, lch. 9

## 8.5 Na Forálacha Rialála agus Maoinithe atá ann cheana do ÁSP agus do SÁSP Neamhspleácha agus an Gá atá le hAthrú

Foráiltear leis an reachtaíocht reatha go ndéanfaidh an ÚCÉ

- Seirbhísí raidió agus teilifíse neamhspleácha agus pobail a cheadúnú;
- Cóid agus rialacha craolacháin a dhéanamh;
- Maoiniú a bhronnadh do chláir agus do chartlannú a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann faoi Scéim an Chiste Chraolacháin;
- Faireachán agus forfheidhmiú ar chomhlíonadh na gcód agus na rialacha craolacháin agus/nó a gconarthaí craolacháin ag craoltóirí ceadúnaithe;
- Cinneadh ar ghearáin ón lucht féachana agus éisteachta maidir le hábhar craolta; agus
- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hearnála craolacháin lena n-áirítear trí thaighde agus oiliúint.

Nuair a cheadaíonn an ÚCÉ ceadúnas le haghaidh seirbhís teilifíse nó raidió, caithfidh an páirtí rathúil dul i mbun conartha craolacháin leis an ÚCÉ agus é a shíniú. Cinnfear na téarmaí agus na coinníollacha a ghabhann le conradh craolacháin de réir an chineáil cheadúnais a ndéantar iarratas air, agus a cheadófar. I measc na gcineálacha conarthaí tá conarthaí tráchtála, pobail/pobail comhleasa agus soláthar ábhair don raidió agus don teilifís. Déanann an ÚCÉ monatóireacht ar mar a chomhlíonann conraitheoir téarmaí a chonartha trí roinnt gníomhaíochtaí lena n-áirítear athbhreithnithe feidhmíochta agus éisteacht agus/nó féachaint ar ábhar craolta. Déanann an Coiste um Chomhlíonadh measúnú ar na tuarascálacha a ghineann na gníomhaíochtaí.

Ní mór do chonraitheoir cead a lorg roimh ré ón Údarás le haghaidh aon athruithe ar théarmaí an chonartha agus áirítear sna príomhréimsí conarthacha úinéireacht agus smacht agus sceidil na ngealltanas clár.

Déanann an ÚCÉ athbhreithnithe feidhmíochta go ginearálta gach dara bliain le gach conraitheoir craolacháin chun feidhmíocht an stáisiúin sin a athbhreithniú i sé phríomhréimse oibríochta (lena n-áirítear úinéireacht agus smacht; bainistíocht agus foireann; airgeadas; cláir; agus, teicniúil agus stiúideonna); chun torthaí aon phróisis maidir le comhlíonadh a phlé; agus, chun aon phleananna don todhchaí a phlé. Iarrann an ÚCÉ ar gach conraitheoir tuarascáil feidhmíochta a chomhlánú. D'fhéadfadh go mbeadh cuairt ar an stáisiún ó bhall foirne de chuid an ÚCÉ i gceist leis an athbhreithniú feidhmíochta. Déantar anailís ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil, lena n-áirítear i gcomhthéacs na feidhmíochta roimhe sin agus freisin, feidhmíocht na hearnála trí chéile.

Léiríonn éagsúlachtaí sna córais rialála do MSP agus do chraoltóirí eile difríochtaí in úinéireacht, aidhmeanna, leibhéil maoinithe phoiblí agus riachtanais chun ról seirbhíse poiblí níos leithne a shanntar do MSP a chomhlíonadh. Tá scóip agus leithead rialála difriúil oiriúnach do na meáin tráchtála agus phobail toisc go n-oireann sé d'éagsúlachtaí ina n-aidhmeanna agus a róil sainiúla faoi seach.

## 8.5.1 Tuairimí ar rialáil chraoltóireacht tráchtála raidió agus teilifíse

Ina aighneacht chuig an gCoimisiún, luaigh Independent Broadcasters of Ireland - comhlacht a dhéanann ionadaíocht ar chraoltóirí raidió tráchtála:

> "Tá stáisiúin raidió neamhspleácha an-rialaithe agus teastaíonn cead rialála uathu le haghaidh gach rud ó athruithe sceidil go fostú bainisteoirí sinsearacha. Is minic go dtógann sé míonna a leithéid de cheadanna a fháil ag brath ar chlár oibre an ÚCÉ, na saincheisteanna a mheastar a bheith níos tábhachtaí agus clár oibre na gcruinnithe. Ar an taobh eile den scéal, is féidir le raidió RTÉ cinneadh a dhéanamh ar athrú agus é a chur i bhfeidhm an lá dár gcionn. Chomh maith leis sin, is féidir le RTÉ seirbhísí nua a thabhairt isteach, tionscnaimh éagsúla a chaitheamh i dtraipisí agus breathnú ar theicneolaíochtaí nua gan dul i muinín an rialtóra. Tugann sé seo buntáiste ollmhór dóibh ar oibreoirí neamhspleácha agus caithfear é seo a réiteach."

D'ardaigh an Coimisiún an cheist seo leis an ÚCÉ, a léirigh an tuairim gurb é an riachtanas, i bhformhór na gcásanna, fógra a thabhairt seachas athruithe a cheadú. Is iad róil an Phríomhfheidhmeannaigh, Stiúrthóir na gClár agus an Rialaitheoir Airgeadais amháin a dteastaíonn ceadú uathu faoin gconradh, agus is gnách go gceadaítear iad sin agus go ndéantar é laistigh de 1 go 2 seachtaine tar éis don iarratas a bheith curtha isteach. Déanann an rialtóir grinnscrúdú agus rialú suntasach ar ghníomhaíochtaí RTÉ trí chóras RBGF agus Athbhreithnithe Bliantúla ar Fheidhmíocht agus ar Mhaoiniú Poiblí. Tá aon chinneadh ag RTÉ seirbhísí a thabhairt isteach nó a stopadh faoi réir cheadú an Aire, agus mar atá leagtha amach in alt 103 den Acht Craolacháin, ní mór don ÚCÉ measúnú tionchair earnála a dhéanamh chun cinneadh an Aire a threorú.

Níl sé de rún ag an gCoimisiún athrú sonrach a mholadh ar an gcóras rialála do stáisiúin raidió tráchtála. Mar sin féin, d'fhéadfadh an Grúpa Forfheidhmithe an t-ábhar a athbhreithniú a thuilleadh má mheasann sé go mbeadh sé cuí sin a dhéanamh.

Maidir le craoltóireacht teilifíse tráchtála, luaigh Virgin Media TV ina aighneacht chuig an gCoimisiún:

> "Ní mór aitheantas a thabhairt do ról agus ionchur ceadúnaithe S.70 san iolracht fhoriomlán agus iad a chur chun cinn don todhchaí agus ba cheart fad na gceadúnas S.70 a leathnú ó 5 bliana go 10 mbliana ar mhaithe le leanúnachas a chinntiú agus infheistíocht fhadtéarmach a spreagadh."

Bhreithnigh an Coimisiún fad chonarthaí alt 70 d'oibreoirí craolacháin teilifíse neamhspleácha agus chinn sé, ar mhaithe le leanúnachas agus infheistíocht sheasmhach, fhadtéarmach a éascú, gur cheart téarma na gconarthaí sin a shíneadh go 10 mbliana.

## 8.5.2 Forálacha Maoinithe do ÁSP agus SÁSP agus an Gá le hAthrú

Déanann Acht 2009 (Cuid 10) foráil do Chiste Craolacháin agus ceadaíonn sé don ÚCÉ scéimeanna maoinithe a ullmhú le cur faoi bhráid an Aire lena gceadú. Eascraíonn an t-iliomad Scéimeanna Fuaime agus Físe a ullmhaíodh thar na blianta as an bhforáil seo.

Tugtar breac-chuntas in Alt 154 ar na cineálacha clár is féidir a mhaoiniú faoi scéim mar seo a leanas:

*(a)* *cláir nua craolacháin teilifíse nó fuaime lena n-áirítear scannáin, beochan agus drámaíocht ar chultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann, lena n-áirítear-*

*(i)* *stair (lena n-áirítear stair a bhaineann le ceantair, grúpaí nó gnéithe d'eispéiris, de ghníomhaíocht nó de thionchair faoi leith),*

*(ii)* *foirgnimh stairiúla,*

*(iii)* *an timpeallacht nádúrtha,*

*(iv)* *oidhreacht an dúchais, na tuaithe agus an phobail,*

*(v)* *na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha,*

*(vi)* *an Ghaeilge, agus*

*(vii)* *eispéireas na hÉireann i gcomhthéacsanna na hEorpa agus idirnáisiúnta,*

*(b)* *cláir nua craolacháin teilifíse nó fuaime chun litearthacht dhaoine fásta nó meán a fheabhsú,*

*(c)* *cláir nua craolacháin teilifíse nó fuaime a mhéadaíonn feasacht agus tuiscint an phobail ar cheisteanna domhanda a mbíonn tionchar acu ar an Stát agus ar thíortha eile nach iad an Stát iad,*

*(d)* *cláir faoi mhíreanna (a), (b) agus (c) i nGaeilge,*

*(e)* *forbairt cartlannú ábhar clár i gcás gach nó aon cheann de na cuntais de chláir atá sonraithe i míreanna (a), (b), (c), (d) agus (f), lena n-áirítear forbairtí teicneolaíochta agus córais ar mhaithe le feabhas a chur ar an bhfáil agus ar an rochtain ar ábhar clár cartlannaithe, agus*

*(f)* *pé bearta coimhdeacha is gá chun tacú le scéimeanna a ullmhaítear faoimhíreanna (a), (b), (c) nó (d).*

De ghnáth éilítear go gcraoltar cláir a mhaoinítear faoi scéimeanna ag buaic-amanna ar sheirbhísí saorchraolta. Cuirtear cosc go sonrach le halt 154 (2) (d) maoiniú faoi scéimeanna a dhéanamh ar chláir a léirítear go príomha le haghaidh nuachta nó cúrsaí reatha. Ní mór scéimeanna a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus féadfaidh ceachtar acu iad a chur ar neamhní.

Ar mhaithe le maoiniú ar ábhar na Seirbhíse Poiblí, lena n-áirítear nuacht agus cúrsaí reatha, a leathnú níos faide ná an chraoltóireacht agus a chur ar fáil ar bhonn níos neodraí ó thaobh ardáin amach anseo, mar a mhol an Coimisiún i gCaibidil 6, ní mór Cuid 10 d'Acht 2009 a leasú. Cé gur gá scóip Chuid 10 a leathnú, tugann an cur chuige struchtúrach bunúsach solúbthacht don ÚCÉ/Choimisiún na Meán scéimeanna, ar chóir iad a choinneáil den chuid is mó, a mholadh agus a oiriúnú le himeacht ama. Is féidir feabhas, le roinnt mionathruithe ar an bpróiseas, a chur ar neamhspleáchas an ÚCÉ/Choimisiún na Meán ón Rialtas, agus dá réir neamhspleáchas na meán agus go háirithe iriseoirí a bhféadfadh go mbeadh tacaíocht á fáil acu ó chistí poiblí.

### 8.5.3 Céard iad na hathruithe a theastaíonn a dhéanamh ar an mbonn reachtúil do Mhaoiniú Stáit ar ÁSP agus SÁSP?

Cuireann na moltaí atá leagtha amach i gCaibidil 6 béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le ÁSP agus SÁSP de réir na bprionsabal seo a leanas

- Uilíocht
- Comhionannas, ilchineálacht agus uilechuimsitheacht

- Neamhspleáchas
- Iolracht
- Ardchaighdeán
- Comhoibriú
- Claochlú Digiteach
- Neodracht an ardáin
- Iniomaíocht
- Rannpháirtíocht na hóige

Tá sainmhíniú tugtha ag an gCoimisiún ar Ábhar Seirbhíse Poiblí agus ar Sholáthraithe Ábhar Seirbhíse Poiblí.

**Tábla 8-1** *Sainmhíniú gonta ar "Ábhar Seirbhíse Poiblí"*

Tagraíonn ábhar Seirbhíse Poiblí, i gcomhthéacs na hÉireann, d'ábhar meán (digiteach, clóite nó craolta) a bhfuil na tréithe seirbhíse poiblí aige atá leagtha amach i dtéarmaí tagartha an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán; eadhon, ábhar a:

- Chuireann eolas, oideachas agus siamsaíocht ar fáil do phobal na hÉireann maidir le hábhair a bhaineann le cultúr, féiniúlacht, spórt, teanga agus nithe eile is gné dhílis d'Éirinn agus de mhuintir na hÉireann;
- Chuireann rochtain ar fáil don phobal ar iriseoireacht ar ardchaighdeán atá neamhspleách, a thuairiscíonn ar ábhair a bhfuil tábhacht áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta leo ar bhealach cothrom agus a chuireann leis an dioscúrsa daonlathach;
- Thugann an náisiún, an diaspóra san áireamh, le chéile ag amanna a bhfuil tábhacht mhór náisiúnta leo; agus
- Chinntíonn go bhfaigheann tallann chruthaitheach na hÉireann an deis a gcuid saothar a chur i láthair lucht féachana agus éisteachta in Éirinn agus, más féidir, níos faide i gcéin.

Tá luach poiblí ar leith ag ábhar seirbhíse poiblí; léirítear é de réir caighdeán gairmiúil agus eiticiúil atá sainithe go soiléir; agus is foinse thábhachtach phoiblí é d'fhaisnéis fhírinneach chruinn agus de thuairimí éagsúla.

**Tábla 8-2** *Sainmhíniú gonta ar "Ábhar Seirbhíse Poiblí"*

Tagraíonn Soláthraithe Ábhar Seirbhíse Poiblí d'eagraíochtaí meán nach bhfuil faoi úinéireacht phoiblí, ar fud na n-earnálacha cló, ar líne, teilifíse agus raidió a chuireann ábhar seirbhíse poiblí ar fáil go díreach dá lucht féachana agus éisteachta, nó trí sholáthraithe eile.

Bhreithnigh an Coimisiún na forálacha reachtúla atá in alt 154 den Acht Craolacháin 2009 cheana agus a leagann síos na paraiméadair don Chiste Craolacháin. Ceadaíonn alt 154 do scéimeanna maoinithe tacú le:

(a) cláir nua craolacháin teilifíse nó fuaime lena n-áirítear scannáin, beochan agus drámaíocht ar chultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann, lena n-áirítear-

  (i) stair (lena n-áirítear stair a bhaineann le ceantair, grúpaí nó gnéithe d'eispéiris, de ghníomhaíocht nó de thionchair faoi leith),
  (ii) foirgnimh stairiúla,
  (iii) an timpeallacht nádúrtha,
  (iv) oidhreacht an dúchais, na tuaithe agus an phobail,
  (v) na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha,
  (vi) an Ghaeilge, agus
  (vii) eispéireas na hÉireann i gcomhthéacsanna na hEorpa agus idirnáisiúnta,

(b) cláir nua craolacháin teilifíse nó fuaime chun litearthacht dhaoine fásta nó meán a fheabhsú,
(c) cláir nua craolacháin teilifíse nó fuaime a mhéadaíonn feasacht agus tuiscint an phobail ar cheisteanna domhanda a mbíonn tionchar acu ar an Stát agus ar thíortha eile nach iad an Stát iad,
(d) cláir faoi mhíreanna (a), (b) agus (c) i nGaeilge,
(e) cartlannú ábhar cláir a fhorbairt.

Cuirtear cosc go sonrach le halt 154 maoiniú faoi scéimeanna a dhéanamh ar chláir a léirítear go príomha le haghaidh nuachta nó cúrsaí reatha. Éilíonn sé freisin, a bheag nó a mhór, go mbeadh comhpháirtí craolacháin ag clár ar bith a mhaoinítear faoin alt seo, toisc go gcaithfear gach clár a chraoladh ar bhonn saorchraolta in Éirinn.

Faoi láthair, soláthraítear liosta carnach in alt 155 de chuspóirí do scéimeanna faoi alt 154 -

(a) cláir ar ardchaighdeán a fhorbairt bunaithe ar chultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann,
(b) na cláir seo a fhorbairt i nGaeilge,
(c) infhaighteacht na gclár dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) a mhéadú do lucht féachana agus éisteachta sa Stát,
(d) ionadaíocht a dhéanamh ar ilchineálacht chultúr agus oidhreacht na hÉireann,
(e) oidhreacht bhéil na hÉireann agus gnéithe d'oidhreacht na hÉireann atá ag dul i léig, atá faoi bhagairt, nó nár taifeadadh roimhe seo a thaifeadadh, agus
(f) craolachán áitiúil agus pobail a fhorbairt. [163]

Is gá na coinníollacha seo a nuashonrú. Ní léiríonn cuspóirí na scéimeanna mar atá leagtha amach in alt 155 go leordhóthanach an gá atá le maoiniú a chur ar fáil ar bhonn neodrach ó thaobh ardáin de. Tá cuid de na prionsabail leanúnacha agus na tosaíochtaí maoinithe aibhsithe ábhartha i gcónaí i dtaca le maoiniú poiblí ÁSP agus SÁSP. e.g. Cultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann, lena n-áirítear stair, foirgnimh stairiúla, an timpeallacht nádúrtha, oidhreacht an dúchais, na tuaithe agus an phobail, na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha, an Ghaeilge, eispéireas na hÉireann i gcomhthéacsanna Eorpacha agus idirnáisiúnta,

[163] B'fhéidir go mbeadh sé níos fearr na cuspóirí seo a chur in iúl mar mhalairt seachas carnach.

litearthacht dhaoine fásta agus meán, agus feasacht an phobail agus tuiscint ar shaincheisteanna domhanda. Mar sin féin, d'fhéadfaí a bheith den tuairim go bhfuil an cuntas seo de thosaíochtaí sonraithe ró-chúng agus saintreorach. Neamhréir shuntasach is ea nach bhfuil ábhar nuachta agus cúrsaí reatha san áireamh faoi láthair, cé go bhfuil fianaise fhlúirseach ann ar luach atá ann don tsochaí agus don daonlathas réimse SÁSP a bheith ann a léiríonn nuacht agus cúrsaí reatha ar ardchaighdeán. Cé nach bhfuil spórt curtha as an áireamh go sonrach ó alt 154, níl sé san áireamh go sonrach ach an oiread.

Tá moltaí an Choimisiúin maidir le raon feidhme na scéimeanna maoinithe d'ábhar PS a nuashonrú agus a leathnú leagtha amach thíos.

### 8.5.4 An Leibhéal Maoinithe do ÁSP a mheas

Faoi láthair, foráiltear le halt 156 go n-íocfar coibhéis 7% de ghlanfháltais ó tháillí ceadúnais teilifíse isteach sa Chiste Craolacháin. Má tá an táille cheadúnais le teacht chun deireadh de réir a chéile in 2024, ansin is gá córas nua a bhunú chun an maoiniú atá le soláthar do Chiste na Meán (ag teacht in ionad an Chiste Chraolacháin) a ríomh.

## 8.6 Clúmhilleadh

Thug an Coimisiún faoi deara comhaontú láidir ó pháirtithe leasmhara maidir leis na srianta suntasacha a chuireann an dlí reatha ar chlúmhilleadh in Éirinn ar iriseoireacht. Cuireadh tábhacht na ceiste d'iriseoirí agus d'fhoilsitheoirí ina luí ar an gCoimisiún trí aighneachtaí i scríbhinn agus le linn an Chomhphlé Théamach. Tá tuairimí a lán páirtithe leasmhara cuimsithe go maith san aighneacht ó Chomhairle Preasa na hÉireann:

> "Ní haon áibhéil é a rá go bhfuil gá le leasuithe ar an Acht chun saoirse an phreasa a chosaint agus tá an tsaoirse bhunúsach seo creimthe ag moilleanna maidir le hathchóiriú an Achta. Tá éifeacht chomh díobhálach sin ag leibhéal na gcostas dlíthiúil agus na ndámhachtainí a eascraíonn as caingne clúmhillte ar fhoilsitheoirí go bhfuil práinn chriticiúil ann aghaidh a thabhairt ar an gceist. Le hioncam ag laghdú ó fhoinsí síntiúis agus tráchtála, níl in acmhainn ag an bpreas na costais mhóra a theastaíonn mar thoradh ar chaingne clúmhillte a sheasamh. Ní cheistíonn duine ar bith an ceart atá ag duine dá dhea-cháil, ach soláthraíonn an córas clúmhillte atá ann faoi láthair bealach an-mhí-éifeachtach agus costasach chun dea-cháil an duine a chosaint. Athdhearbhaíonn Comhairle an Phreasa na príomhphointí a rinne sí ina haighneacht ar an athbhreithniú ar an Acht um Chlúmhilleadh 2009, a chreideann sí atá riachtanach chun go leanfaidh preas beoga:
>
> - Go ndéanfaí machnamh ar an gcinneadh maidir le leibhéal na ndámhachtainí a thógáil ó ghiúiréithe agus treoirlínte a chruthú do bhreithiúna agus dámhachtainí á gcinneadh;
> - Go ndéanfaí machnamh ar uasteorainn a fhorchur ar an uasleibhéal dámhachtainí is féidir a thabhairt i gcaingne clúmhillte nó mar mhalairt air sin, "leabhar candaim" a bhunú ina leagfar amach leibhéil iomchuí dámhachtana;
> - Go ndéanfaí machnamh ar chaingne clúmhillte a éisteacht sa Chúirt Chuarda i gcás go bhfuil teorainn ar na damáistí a bhfuil súil acu leo luaite ag na gearánaithe;
> - Go ndéanfaí machnamh ar alt 26 den Acht a leasú chun baill den phobal a spreagadh chun dul i mbun an phróisis láimhseála gearán a thairgeann Ombudsman an Phreasa agus chun gach foilsitheoir a spreagadh chun a n-ainm a chur le Cód Cleachtais Chomhairle an Phreasa."

Tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil géarghá le hathchóiriú a dhéanamh ar an Acht um Chlúmhilleadh, tacaíonn sé go láidir le tuairimí Chomhairle an Phreasa ar an ábhar, agus iarrann sé go gcuirfí deifir leis an athbhreithniú ar an dlí atá á dhéanamh ag an Roinn Dlí agus Cirt, agus go ndéanfaí reachtaíocht leasaitheach a fhorbairt agus a fhoilsiú gan mhoill.

## 8.7 Iolracht na Meán

Cuireann iolracht na meán go mór leis an tsochaí, ag cinntiú go bhfuil rochtain ag an bpobal ar fhoinsí éagsúla faisnéise, ábhar agus tuairimí, lena n-áirítear foinsí nuachta agus cúrsaí reatha. Cuidíonn sé seo lena chinntiú nach mbíonn tionchar míchuí ag aon eagraíocht nó duine aonair ar dhioscúrsa poiblí. Tá roinnt bealaí inar féidir iolracht na meán a chosaint, trí rialáil agus bearta chun trédhearcacht úinéireachta a chur chun cinn.

Faoin Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014, tá ról ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar iolracht a dhéanfadh aon chumasc beartaithe lena mbainfeadh páirtí atá i mbun gnó meán sa Stát. Sonraíonn forálacha Acht 2014 freisin go bhféadfadh ról a bheith ag an ÚCÉ maidir le measúnú a dhéanamh ar chumasc beartaithe, ar iarratas ón Aire.

Is croíchuspóir reachtúil agus straitéiseach de chuid an ÚCÉ/Choimisiún na Meán é a chinntiú go bhfuil Iolracht na Meán ann, de bhun na reachtaíochta náisiúnta agus reachtaíocht na hEorpa.[163] Ceanglaítear leis an Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014 ar an ÚCÉ taighde a dhéanamh agus a fhoilsiú ar ábhair a bhaineann le hiolracht na meán. Cuimsíonn sé sin tuarascáil gach trí bliana a dhéanann measúnú ar an tionchar ar iolracht na meán a bhí ag athruithe sna trí bliana roimhe sin ar úinéireacht agus smacht ghnólachtaí meán sa Stát. Tá dhá thuarascáil den sórt sin foilsithe go dtí seo, agus tá an tríú ceann le bheith críochnaithe níos déanaí in 2021. Rianaíonn na tuarascálacha sin freisin athruithe i dtírdhreach na meán ó thaobh táirgeachta agus tomhaltais de.

Is foinse thábhachtach eolais í Tuarascáil Reuters Digital News (Éire)[164] (a choimisiúnaíonn an ÚCÉ go bliantúil agus a ullmhaíonn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath) ar iolracht na meán, agus rianaíonn sí treochtaí i réimsí amhail tomhaltas nuachta, muinín an phobail, rochtain agus maoiniú.

Leagtar amach sa Pholasaí maidir le hIolracht na Meán, atá bunaithe ar an gcreat sainmhínithe san Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014, na bearta atá á ndéanamh ag an ÚCÉ chun tacú le leibhéal sláintiúil iolrachta sna meáin agus chun é a chothú in Éirinn. Soláthraíonn polasaí an ÚCÉ ar Úinéireacht agus Smacht treoir agus rialacha maidir le tosca a chaithfidh an rialtóir a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ar an iarratasóir is oiriúnaí chun conradh seirbhíse raidió nó teilifíse a bhronnadh air nó iarratais ar athruithe ar úinéireacht agus smacht ar na seirbhísí craolacháin atá ann cheana.

I mí na Samhna 2020, sheol an ÚCÉ suíomh gréasáin nua i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, www.mediaownership.ie, a sholáthraíonn faisnéis faoi úinéireacht agus scairshealbha ghnólachtaí meán na hÉireann mar a shainmhínítear in Acht 2014. Tairgeann an suíomh gréasáin bunachar sonraí tagartha, atá struchtúrtha agus inchuardaithe, de ghnólachtaí meán a fhreastalaíonn ar lucht féachana agus éisteachta na hÉireann ag úsáid na sainmhínithe i bPolasaí an ÚCÉ maidir le hIolracht na Meán. Cuimsíonn soláthraithe meán atá sa bhunachar sonraí stáisiúin raidió, cainéil teilifíse, láithreáin ghréasáin meán agus nuachtáin náisiúnta agus áitiúla. Is féidir le baill an phobail cuardach a dhéanamh ar sholáthraithe, úinéirí agus scairshealbhóirí chun tuiscint níos fearr a fháil ar thírdhreach mheáin na hÉireann.

---

163 B'fhéidir go mbeadh sé níos fearr na cuspóirí seo a chur in iúl mar mhalairt seachas carnach.

164 Airteagal 30.2 den Treoir SMC agus den Acht Craolacháin 2009

165 Tá an tuarascáil is déanaí, a foilsíodh i Meitheamh 2021, ar fáil ag https://www.ÚCÉ.ie/en/big-increase-in-young-people-using-tv-as-main-source-of-news-reuters -digital-news-report-ireland

Cuireann sé seo beart tábhachtach breise ar fáil chun iolracht na meán sa Stát a thagarmharcáil agus tá sé tábhachtach go ndéantar anailís agus measúnú ar threochtaí atá ag teacht chun cinn.

Rianaíonn Tuarascáil Riail Dlí an AE forbairtí maidir le hIolracht na Meán agus táthar ag súil go bhfoilseofar í go bliantúil. Cuireadh measúnú dearfach ar iolracht na meán in Éirinn ar fáil i dTuarascáil 2020.[166]

Is pointe tábhachtach tagartha é Monatóir Iolrachta an Lárionaid um Iolracht agus Saoirse na Meán chun measúnú a dhéanamh ar Iolracht na Meán sa Tuarascáil Riail Dlí agus déanann DCU bainistíocht ar chur i bhfeidhm an mhonatóra in Éirinn le hionchuir ó lucht acadúil eile, an ÚCÉ, Independent Broadcasters of Ireland, News Brands Ireland agus Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí. Ba é tátal Thuarascáil Mhonatóir Iolracht na Meán 2020 go raibh leibhéal íseal riosca i dtrí cinn de na ceithre réimse téamacha. Taifeadadh leibhéal riosca meánach don cheathrú réimse téamach, iolracht an mhargaidh, agus bhain sé sin le hábhair imní maidir le hinmharthanacht airgeadais agus dlús úinéireachta.

Tá forbairtí breise chun tacú le hiolracht na meán á bhforbairt ag leibhéal an AE. Ina measc sin tá an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach de chuid an AE a foilsíodh i mí na Nollag 2020, agus an tAcht Eorpach um Shaoráil Meán atá beartaithe agus a dhíreoidh go sonrach ar MSP.

## 8.8 An Spás Ar Líne a Rialáil

D'éiligh roinnt aighneachtaí a rinneadh chuig an gCoimisiún mar chuid den chomhairliúchán poiblí go gcuirfí feabhas ar rialáil na timpeallachta digití. D'éiligh cuid go dtógfadh cuideachtaí meán sóisialta níos mó freagrachta as mífhaisnéis agus bréagaisnéis ar a n-ardáin. Mhol daoine eile cáin dhigiteach a ghearradh. Bhí an Coimisiún den tuairim, ar mhaithe le leas na sochaí a chur chun cinn agus réimse poiblí digiteach folláin a chaomhnú sa todhchaí, gur cheart do cheapadh polasaí na meán aird níos mó a thabhairt ar rialachas maidir le hardáin na meán sóisialta agus na teicneolaíochta.

I gCaibidil 6, thug an tuarascáil seo aghaidh ar an gceist maidir le hionchur na n-ardán ar líne sa mhaoiniú ÁSP agus nótáladh trasuí na Treorach Cóipchirt atá ar na bacáin agus a bhunóidh ceart foilsitheora preasa, rud a ligfidh d'fhoilsitheoirí preasa agus d'údair saothair luach saothair a ghiniúint trí chead a thabhairt do chomhbhailitheoirí nuachta a saothar a úsáid ar líne. Nótáil Caibidil 6 freisin na tionscnaimh dheonacha atá ag roinnt ardán ar líne chun tacú leis an iriseoireacht.

Mhol an Coimisiún gur cheart don Ghrúpa Forfheidhmithe (atá le bunú de réir mholtaí maidir le cur chun feidhme i gCaibidil 9) iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le comhoibriú le maoinitheoirí príobháideacha agus le hardáin teicneolaíochta, a bhfuil léirithe ag cuid acu cheana go dtacaíonn siad le nuálaíocht agus oiriúnú digiteach in earnáil na meán.

Mhol an Coimisiún freisin i gCaibidil 6 go ndéanfaí athbhreithniú ar éifeacht na Treorach Cóipchirt 12 mhí tar éis a trasuí chun measúnú a dhéanamh ar an ngá le bearta breise chun cuidiú le hearnáil na meán.

166 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1602583272454&uri=CELEX%3A52020SC0306

## Rialachán Ar Líne atá ar na bacáin

Agus muid ag breathnú ar mholtaí rialála atá ar na bacáin, tá sé tábhachtach aird a thabhairt ar nádúr trasnáisiúnta an spáis ar líne, an ról an-suntasach atá ag dlí an AE sa réimse seo, agus na teorainneacha ar rialáil atá ann cheana. Foráiltear leis an Treoir maidir le Tráchtáil Leictreonach 2000 in Airteagail 12-14 do chóras dliteanais theoranta do chineálacha áirithe seirbhísí sochaí faisnéise, agus ní féidir iad a chur faoi dhliteanas i leith chineál aon fhaisnéise a éascaíonn a seirbhísí rochtain uirthi. Leagtar amach sna hairteagail tairseacha éagsúla maidir le cathain a d'fhéadfadh seirbhís sochaí faisnéise a bheith faoi dhliteanas i gcásanna aonair, ag brath ar cibé an seirbhís "seolta amháin" í, seirbhís "taiscthe" nó seirbhís "óstála". Tá an fhoráil seo deartha chun seirbhísí úsáideoir-le-húsáideoir ar líne a cheadú, chomh maith le forbairt leanúnach na timpeallachta ar líne agus tá analóga aici sa timpeallacht rialála idirnáisiúnta i gcoitinne. Cuireann Airteagal 15 den Treoir seo cosc freisin ar bhallstáit ceangal a chur ar sheirbhísí sochaí faisnéise monatóireacht a dhéanamh go ginearálta ar an bhfaisnéis a éascaíonn a seirbhís rochtain uirthi ar chúis ar bith.

Is cuid bhunaidh de rialáil idirlín laistigh den AE na forálacha seo agus déantar iad a mhacasamhlú san Acht um Sheirbhísí Digiteacha atá beartaithe, in éineacht le roinnt comhoiriúnú ar riachtanais nós imeachta áirithe.

## An tAcht um Sheirbhísí Digiteacha agus an tAcht um Margaí Digiteacha

Mar chuid den Straitéis Eorpach Dhigiteach, Shaping Europe's Digital Future, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a mholtaí le haghaidh Acht um Sheirbhísí Digiteacha agus Acht um Margaí Digiteacha ar an 15 Nollaig 2020. Tá sé mar aidhm ag na moltaí seo spás digiteach níos sábháilte a chruthú ina gcosnófar cearta bunúsacha úsáideoirí uile na seirbhísí digiteacha agus cothrom na Féinne a bhunú ar mhaithe le nuálaíocht, fás agus iomaíochas a chothú sa Mhargadh Eorpach Aonair agus go domhanda. Tá na moltaí faoi réir idirbheartaíochta agus comhaontaithe idir Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa.

Féachann togra an Achta um Sheirbhísí Digiteacha (ASD) le soláthar seirbhísí nuálacha digiteacha a chumasú, cur le sábháilteacht ar líne, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar ábhar mídhleathach ar líne agus cearta bunúsacha a chosaint. Cuimsíonn sé díolúine coinníollach ó dhliteanas do sholáthraithe seirbhísí idirmheánacha agus rialacha maidir le hoibleagáidí díchill chuí.

Thabharfadh an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha atá beartaithe sraith oibleagáidí comhoiriúnaithe nua isteach ar fud an AE do sheirbhísí digiteacha, céimithe ar bhonn mhéid agus thionchar na seirbhísí sin, mar shampla:

- Rialacha nós imeachta chun earraí, seirbhísí nó ábhar mídhleathach nuálach ar líne a bhaint anuas;
- Cosaintí d'úsáideoirí a bhfuil a n-ábhar scriosta trí bhotún ag ardáin;
- Oibleagáidí nua d'ardáin ar líne atá an-mhór maidir le gníomh bunaithe ar riosca a thógáil chun mí-úsáid a gcóras a chosc, lena n-áirítear maidir le hábhar mídhleathach a bheith ar fáil agus maidir le roinnt gnéithe den bhréagfhaisnéis;
- Bearta fairsinge trédhearcachta, lena n-áirítear ar fhógraíocht ar líne agus ar na halgartaim a úsáidtear chun ábhar a mholadh d'úsáideoirí;
- Cumhachtaí nua chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a oibríonn ardáin, lena n-áirítear trí rochtain ar phríomhshonraí ardáin a éascú do thaighdeoirí;
- Rialacha nua maidir le hinrianaitheacht úsáideoirí gnó in áiteanna margaidh ar líne, chun cúnamh a thabhairt díoltóirí earraí nó seirbhísí mídhleathacha a aimsiú;
- Meicníocht d'úsáideoirí chun ábhar mídhleathach ar líne a chur in iúl, agus chun go bhféadfaidh ardáin comhoibriú le haonáin "comharthóirí iontaofa" a bhfuil stádas tugtha dóibh ag Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha chun ábhar mídhleathach a chur ar a súile do sheirbhísí idirmheánacha; agus
- Oibleagáidí ar leith d'ardáin ar líne atá an-mhór, lena n-áirítear maoirseacht trí iniúchtaí neamhspleácha ar a mbearta bainistíochta riosca.

Tá rialacha san Acht um Margaí Digiteacha atá beartaithe maidir le hardáin a fheidhmíonn mar "gheatóirí" san earnáil dhigiteach. Is ardáin iad seo a bhfuil tionchar suntasach acu ar an margadh inmheánach, a fheidhmíonn mar gheata tábhachtach d'úsáideoirí gnó chun teacht ar a gcuid custaiméirí (lena n-áirítear gnóthaí a sholáthraíonn ábhar meán dá lucht féachana agus éisteachta), agus a bhaineann leas as, nó a bhféadfadh leas a bhaint as, seasamh daingean agus buan. Tá sé seo in ann an chumhacht a thabhairt dóibh gníomhú mar lucht déanta rialacha príobháideacha agus feidhmiú mar scrogaill idir gnólachtaí agus tomhaltóirí. Tá smacht ag geatóirí ar ar a laghad "príomhsheirbhís ardáin", mar a thugtar air, amháin (amhail innill chuardaigh, seirbhísí líonraithe sóisialta, seirbhísí áirithe teachtaireachtaí, córais oibriúcháin, seirbhísí néalríomhaireachta, seirbhísí idirghabhála ar líne, seirbhísí ardáin do chomhroinnt físeán agus seirbhísí fógraíochta) agus tá raon mór agus buan úsáideoirí acu i mórán tíortha san AE.

Faoin Acht um Margaí Digiteacha atá beartaithe, chaithfeadh geatóirí cloí le sraith rialacha (e.g. maidir le húsáid sonraí) chun leanúint orthu ag oibriú i margaí na hEorpa agus staonadh ó iompar éagórach a dhéanamh. Sa chás nach bhfuil seasamh daingean agus buan ag cuideachta fós, ach gur léir go bhféadfadh sé sin tarlú sula i bhfad, bheadh feidhm ag fo-thacar comhréireach oibleagáidí.

I measc samplaí de "is cóir" tá:

- Ligean do thríú páirtithe idirghníomhú le seirbhísí an gheatóra féin;
- Ligean dá n-úsáideoirí gnó a gcuid tairiscintí a chur chun cinn agus conarthaí a thabhairt i gcrích lena gcustaiméirí lasmuigh d'ardán an gheatóra; agus
- Rochtain a sholáthar dá n-úsáideoirí gnó ar na sonraí a ghineann a gcuid gníomhaíochtaí ar ardán an gheatóra.

I measc samplaí de "ní cóir" tá:

- Ní fhéadfaidh geatóirí cosc a chur a thuilleadh ar úsáideoirí ó aon bhogearra nó aipeanna réamhshuiteáilte a dhíshuiteáil;
- Ní fhéadfaidh geatóirí sonraí a fhaightear óna n-úsáideoirí gnó a úsáid chun dul san iomaíocht leis na húsáideoirí gnó sin; agus
- Ní fhéadfaidh geatóirí a gcuid úsáideoirí a shrianadh ó rochtain a fháil ar sheirbhísí a d'fhéadfadh a bheith faighte acu lasmuigh d'ardán an gheatóra.

### Cód Cleachtais an AE maidir le Bréagaisnéis

I mí Aibreáin 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a Chumarsáid ar "Tackling Online Disinformation: A European Approach" a chuimsigh Cód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis ina leagtar amach na caighdeáin féinrialála nach mór do shínitheoirí a chomhlíonadh ar mhaithe le dul i ngleic le bréagaisnéis ar líne. Tá an Cód mar chuid de shraith níos leithne de thionscnaimh reachtacha agus neamhreachtacha a chuimsítear i "bPlean Gníomhaíochta i gcoinne na Bréagaisnéise" de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, a foilsíodh i mí na Nollag 2018. Thug an Plean Gníomhaíochta seo aghaidh ar raon leathan saincheisteanna a bhaineann le bréagaisnéis, ó chibearshlándáil, go polasaí agus cosaint eachtrach, agus litearthacht sna meáin.

I mí Dheireadh Fómhair 2018, shínigh Facebook, Google, Twitter, Mozilla agus roinnt cumann fógraíochta agus trádála an Cód. Tháinig sínitheoirí eile isteach i mí na Bealtaine 2019 (Microsoft) agus i mí an Mheithimh 2020 (TikTok). Rinne páirtithe éagsúla athbhreithniú roinnt uaireanta ar éifeachtacht an Chóid agus ar chur chuige na sínitheoirí maidir lena ngealltanais i leith an Chóid a chomhlíonadh, agus rinneadh féinmheasúnuithe bliantúla, chomh maith le measúnú cuimsitheach ag an gCoimisiún Eorpach, a foilsíodh i Meán Fómhair 2020. Ina theannta sin, ar an 10 Meitheamh 2020 d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Comhchumarsáid ar "Tackling Covid-19 Disinformation: Getting the Facts Right", agus mar chuid de sin bhunaigh sé clár monatóireachta struchtúrtha chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a rinneadh go sonrach chun dul i ngleic le bréagaisnéis maidir le Covid-19.

### An Cód Cleachtais a Neartú

I mí na Nollag 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a "Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach a chuimsigh moladh chun an Cód a athrú ó chreat oibleagáidí agus cuntasachta féinrialaithe go creat oibleagáidí agus cuntasachta comhrialaithe d'ardáin ar líne, agus an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha ag feidhmiú mar chúlstop reachtaíochta. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún freisin moladh reachtach a fhoilsiú maidir le trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla ar líne le linn 2021.

I mBealtaine 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a threoir ar "Strengthening the Code of Practice on Disinformation" a bhfuil sé mar aidhm shonrach aige an Cód Cleachtais a athrú go cód iompair faoin Acht um Sheirbhísí Digiteacha.  Leagtar amach sa Treoir freisin ionchais maidir leis an gcaoi ar cheart do pháirtithe leasmhara an Cód a neartú chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh agus timpeallacht ar líne níos trédhearcaí agus níos sábháilte a chruthú, ag tarraingt ó cheachtanna a foghlaimíodh trí mheasúnuithe a rinneadh le déanaí lena n-áirítear maidir le bréagaisnéis faoi Covid-19. Leagtar amach ann freisin na bunchlocha do chreat láidir monatóireachta ar chur i bhfeidhm an Chóid. Moltar sa Treoir freisin bealaí chun an Cód a neartú, lena n-áirítear:

- Rannpháirtíocht sa Chód a leathnú agus a chur i bhfeidhm a chur in oiriúint d'aisteoirí éagsúla;
- Feabhas a chur ar ghrinnscrúdú ar shocrúcháin fógraí agus ar dhíshaothrú bréagaisnéise;
- Trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla ar líne a fheabhsú;
- Modhanna a neartú chun ionramháil chomhordaithe ardáin ar líne agus bagairtí ar shláine ardáin a aimsiú agus aghaidh a thabhairt orthu;
- Úsáideoirí ardáin ar líne a chumasú trí litearthacht na meán a fheabhsú, tiomantas do shábháilteacht trí dhearadh agus trédhearcacht na gcóras athmholta, infheictheacht faisnéise iontaofa agus bearta eile;
- An clúdach ar sheiceáil fíricí a mhéadú agus rochtain mhéadaithe ar shonraí a sholáthar do thaighdeoirí; agus,
- Creat monatóireachta níos láidre a chruthú.

Maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm, molann an Coimisiún tascfhórsa buan a chruthú faoi chathaoirleacht an Choimisiúin agus ina mbeadh ionadaithe ó shínitheoirí an Chóid, Faireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha, Grúpa an Rialtóra Eorpaigh um Sheirbhísí Meán Closamhairc agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí.  Molann an Coimisiún Eorpach gur cheart go n-áireofaí i ngníomhaíochtaí an tascfhórsa, i measc rudaí eile:

- Modheolaíocht measúnaithe riosca agus córas mearfhreagartha a bhunú le húsáid i gcásanna speisialta amhail toghcháin nó géarchéimeanna;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeán agus ar éifeachtacht an teimpléid tuairiscithe chomhoiriúnaithe, chomh maith leis na formáidí agus modhanna nochtaithe sonraí chun críocha monatóireachta;
- Barr feabhais a chur ar chaighdeán agus cruinneas na sonraí atá le soláthar do thomhas na dtáscairí;
- Cur le measúnú chaighdeán agus éifeachtacht na dtáscairí leibhéal seirbhíse agus a n-oiriúnú ábhartha;
- Táscairí struchtúracha a fhorbairt, a thástáil agus a athrú agus meicníochtaí a dhearadh chun iad a thomhas ag leibhéal na mballstát; agus,
- Ionchur saineolaithe agus fianaise cothrom le dáta, atá ábhartha do ghealltanais an Chóid, a sholáthar, mar shampla inter alia cineálacha nua iompraíochta bréagaí.

## 8.9 Cáin Dhigiteach

D'éiligh roinnt aighneachtaí chuig an gCoimisiún go ngearrfaí cáin ar sheirbhísí digiteacha, agus thug an Coimisiún breithniú cúramach ar an gceist seo.

Tar éis Tuarascáil Eatramhach Chreat Cuimsitheach an ECFE ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach ar dhigitiú i Márta 2018, mhol an Coimisiún Eorpach go bhforchuirfí Cáin Seirbhísí Digiteacha sealadach ag ráta 3%. Nuair nár éirigh leo comhaontú a bhaint amach, chomhaontaigh airí airgeadais an AE i Márta 2019 díriú ar obair ar phróiseas an ECFE agus réiteach domhanda a chinntiú seachas réitigh aontaobhacha nó réigiúnacha.

Idir an dá linn, tá a gcuid scéimeanna cánach digití féin á gcur i bhfeidhm ag roinnt tíortha:

- Tá Cáin Seirbhísí Digiteacha curtha i bhfeidhm ag rialtas na Ríochta Aontaithe, ina ngearrfar cáin 2% ar ioncam áirithe a ghineann mór-innill chuardaigh, mór-ardáin meán sóisialta agus mór-mhargaí ar líne sa Ríocht Aontaithe.
- Tá Ceanada ar tí tosú ag bailiú cánach nua seirbhísí digiteacha 3% ar ardáin teicneolaíochta amhail Netflix, Amazon Prime agus Spotify ó Eanáir 2022. Deir rialtas Cheanada go bhfanfaidh an cháin i bhfeidhm go dtí go dtiocfaidh mór-náisiúin aníos le cur chuige comhordaithe maidir le cánachas.
- Tá cáin seirbhísí digiteacha siardhátaithe go 1 Eanáir 2019 tugtha isteach ag an bhFrainc. Gearrtar cáin 3% ar ioncam a mheastar a gineadh sa Fhrainc ó ardáin a chuireann ar chumas úsáideoirí idirghníomhú lena chéile agus ar ioncam fógraíochta digití.
- Tá cáin 3% tugtha isteach ag an Iodáil ar ioncam ó fhógraíocht dhigiteach, ardáin dhigiteacha a chuireann ar chumas úsáideoirí idirghníomhú agus ar tharchur sonraí a bhailítear ó úsáideoirí agus a ghintear trí chomhéadan digiteach a úsáid. Tosaíodh á chur i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2020.
- Thug an Spáinn cáin seirbhísí digiteacha isteach in Eanáir 2021. Gearrtar cáin 3% ar ioncam ó úsáideoirí na Spáinne maidir le seirbhísí fógraíochta ar líne, seirbhísí idirghabhála ar líne agus tarchur sonraí ar líne.

- Gearrann an Ostair cáin 5% ar ollioncam ó sheirbhísí fógraíochta digiteacha a chuirtear ar fáil san Ostair.
- Tá an Bhrasaíl, Poblacht na Seice, an Indinéis agus an Tuirc ag féachaint ar cháin a ghearradh ar sheirbhísí digiteacha, nó tá sin á dhéanamh acu cheana féin.

Thug an Coimisiún cuireadh d'oifigigh na Roinne Airgeadais sonraí faoi shaincheisteanna cánach a chur ina láthair. Agus úsáid á baint acu as sonraí ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, thug na hoifigigh chun suntais gurb í an cháin Chorparáide (CC) an tríú ceann cánach ba mhó in 2019, €10.9 billiún as glanfháltais cánach iomlána de €59.3 billiún, agus in 2020 mhéadaigh fáltais CC go €11.8 billiún, arbh ionann é agus 21% de na glanfháltais chánach don bhliain sin. Tá glanfháltais CC na hÉireann an-dlúth, agus ba chuideachtaí ilnáisiúnta faoi úinéireacht eachtrach a ba chúis le 82% de na glanfháltais CC in 2020. B'ionann na 100 íocaíocht CC ba mhó agus thart ar 79% de na glanfháltais iomlán CC in 2020.

Cé go raibh sciar na bhfáltas cánach ó Fhiontair Ilnáisiúnta réasúnta seasmhach le tamall, tharla aisiompú ar an treocht sin in 2020 mar gheall ar Covid-19. D'fhostaigh fiontair ilnáisiúnta eachtrannacha agus Éireannacha thart ar 1 milliún duine (go díreach agus go hindíreach), le ranníocaíocht bhreise leis an Státchiste i gCáin Ioncaim, Muirear Sóisialta Uilíoch, agus ÁSPC de €13.4 billiún in 2019. D'fhostaigh fiontair ilnáisiúnta faoi úinéireacht eachtrach 767,000 duine (go díreach agus go hindíreach), le ranníocaíocht bhreise leis an Státchiste i gCáin Ioncaim, Muirear Sóisialta Uilíoch, agus ÁSPC de €10.5 billiún in 2019.

Chuir oifigigh na Roinne béim ar rannpháirtíocht leanúnach na hÉireann leis an ECFE le blianta beaga anuas maidir le moltaí faoi athchóirithe cánach. D'fhéadfadh laghdú measta €2 billiún in ioncam CC na hÉireann go bliantúil faoi 2025 a bheith mar thoradh ar na bearta cur chun feidhme a eascróidh as bearta um Ídiú Comhbhoinn agus Comhroinnt Brabúis an ECFE. É sin ráite, beidh go leor ag brath ar thoradh chainteanna an ECFE.

Nótáil oifigigh go bhfuil dlús nua curtha ag rialtas na Stát Aontaithe faoi chainteanna ag an G7 agus an G20 i bhfabhar réiteach dhá-philéar agus tacú le híosráta éifeachtach cánach domhanda. Tá an seasamh ag leibhéal an AE casta agus teastaíonn comhaontú d'aon ghuth uaidh. Beidh ar Chreat Cuimsitheach an ECFE (139 dlínse) é seo agus roinnt saincheisteanna eile atá fós gan réiteach a chomhaontú ar mhaithe le cloí leis an gclár ama le haghaidh comhaontaithe i lár 2021, le faomhadh ón G20. Tá seasamh soiléir ag na Stáit Aontaithe go bhfuil comhaontú ag brath ar bhearta aontaobhacha lena n-áirítear Cánacha Seirbhísí Digiteacha agus Tobhaigh Dhigiteacha a stopadh agus a chur ar gcúl. I mí an Mheithimh 2021 leag an G7 amach a mian le réiteach dhá-philéar le cion d'ioncam cánach a ath-leithdháileadh ar dhlínsí margaidh faoi Philéar 1, lena n-áirítear próiseas i dtreo na gcánach digiteach atá ann cheana a chur ar gcúl, agus íosráta éifeachtach cánach domhanda faoi Philéar 2.

Tá an Coimisiún den tuairim, agus scrúdú á dhéanamh ar bhealaí inar féidir le cuideachtaí móra teicneolaíochta cur le hearnáil na meán i gcoitinne, gur cheart don Rialtas breathnú ar cháin dhigiteach a ghearradh mar cheann de na roghanna atá ar fáil. I bhfianaise thábhacht straitéiseach na ceiste seo agus a himpleachtaí do phoist, don Státchiste agus don gheilleagar i gcoitinne, agus nádúr líofa na gcomhráite idirnáisiúnta atá ann faoi láthair, tá an Coimisiún den tuairim nach féidir leis moladh sonrach a dhéanamh seachas sin ag an bpointe seo.

Tá an Coimisiún den tuairim gur cheart don Ghrúpa Forfheidhmithe tús a chur láithreach le deiseanna a iniúchadh agus a fhorbairt d'ollchuideachtaí teicneolaíochta chun cur leis an earnáil meán níos leithne, agus comhráite idirnáisiúnta ar chánachas ag dul ar aghaidh.

Agus é ag iarraidh an caidreamh idir na meáin agus na mórchuideachtaí teicneolaíochta a athchothromú, feiceann an Coimisiún acmhainneacht láidir do chomhráite díreacha idir na meáin agus na mórchuideachtaí teicneolaíochta, i gcomhthéacs Threoir Chóipchirt an AE, chun an t-athchothromú sin a bhaint amach.

I gCaibidil 6 tá molta ag an gCoimisiún gur cheart don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta measúnú a dhéanamh ar thionchar na Treorach Cóipchirt a luaithe is indéanta tar éis an Treoir a thrasuí i ndlí na hÉireann, agus ba cheart é a bheith curtha i gcrích agus foilsithe laistigh de 12 mhí ó thrasuí na Treorach. Tá molta ag an gCoimisiún freisin gur cheart go n-áireofaí sa mheasúnú seo ar thionchar na treorach cóipchirt athbhreithniú ar an margadh fógraíochta digití in Éirinn chun míchothromaíochtaí idir MSP, SÁSP agus ardáin ábhair idirnáisiúnta a mheas.

Má chinneann an measúnú nach raibh athchothromú cothrom agus leordhóthanach mar thoradh ar an bpróiseas, tá an Coimisiún den tuairim gur chóir go mbeadh an Rialtas sásta bogadh go tapa chun bearta breise a dhéanamh chun an éagothroime a cheartú, lena n-áirítear bearta nua cóipchirt nó dlí iomaíochta a thabhairt isteach, de réir mar is gá.

## 8.10 Moltaí

Cuirtear liosta achomair ar fáil sa chuid seo de mholtaí an Choimisiúin, a pléadh sa Chaibidil thuas.

### 8.10.1 Athruithe ar rialáil MSP

#### Moladh 8-1 Príomhchuspóirí agus Prionsabail MSP

Bhreithnigh an Coimisiún príomhchuspóirí reachtúla MSP agus tháinig sé ar an gconclúid gur cheart iad seo a athbhreithniú agus a leasú, faoi 2024, sa chaoi is go mbeidís ábhartha do ról ionchasach MSP sa todhchaí. Go sonrach, molann an Coimisiún:

- De réir mar a oireann d'éilimh na ré il-ardán, ba cheart príomhchuspóirí na MSP a dhéanamh neodrach ó thaobh ardáin de. Ag teacht le téarmaí tagartha an Choimisiúin, agus i bhfianaise thiomantas Chlár an Rialtais todhchaí na meán a mheas ar bhealach il-oiriúnach ardáin, agus an réaltacht go soláthraíonn mórán cuideachtaí meán, idir phoiblí agus phríobháideach, meascán de sheirbhísí craolta, clóite agus ar líne, ba cheart go mbeadh na príomhchuspóirí le haghaidh MSP atá leagtha síos sa reachtaíocht neodrach ó thaobh ardáin de nó a aithint go bhféadfadh go mbeadh ardáin éagsúla i gceist le cur i láthair. Mar a nótáil an ÚCÉ ina aighneacht - "Ba cheart go mbeadh na príomhchuspóirí poiblí neodrach ó thaobh teicneolaíochta agus ardáin chomh fada agus is féidir agus ba cheart go gceadóidís éabhlóid na seirbhísí ag teacht le forbairtí teicneolaíochta agus riachtanais an lucht féachana agus éisteachta."
- Ba cheart RTÉ agus TG4 a ainmniú mar "Meáin Seirbhíse Poiblí", nó ainmniú iomchuí éigin eile. Cé go ndíreoidh príomhról RTÉ agus TG4 ar sheirbhísí craolacháin i gcónaí, ba cheart go n-aithneofaí sa reachtaíocht go bhfuil an tábhacht a bhaineann lena suíomhanna gréasáin, leis an ábhar digiteach a sholáthraíonn siad agus na seirbhísí neamhlíneach fuaime agus closamhairc ag dul i méid. Tugtar aghaidh air seo go pointe áirithe i scéim an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne maidir le seirbhísí ar éileamh. Cé gur dóichí go leanfar le hainmniú RTÉ agus TG4 mar "chraoltóirí" ar mhaithe le teacht le creataí reachtaíochta níos leithne ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, ba cheart a gcuid seirbhísí neamhchraolacháin a chur san áireamh trí iad a ainmniú mar "Meáin Seirbhíse Poiblí" nó ainmniú iomchuí eile. Ní ar mhaithe le foirm amháin atá sé seo, ach lena chinntiú go bhféadfar a gcuid gníomhaíochtaí neamhchraolacháin uile a bheith faoi réir cheannas rialála ag an ÚCÉ/Choimisiún na Meán. Léireodh sé seo freisin a n-áit in éiceachóras na meán trí chéile, taobh leis an earnáil neamhspleách, cibé acu i gcló, ar líne nó i gcraoltóireacht. Ligfeadh sé freisin don rialtóir níos mó comhoibrithe a spreagadh idir MSP agus na meáin tráchtála agus pobail.

- Ba cheart go bhfanfadh forálacha in Acht 2009 a léiríonn prionsabail mharthanacha, lena n-áirítear:
    - A bheith freagrúil do leasanna agus cúraimí an phobail iomláin
    - A bheith aireach ar an ngá atá le tuiscint agus síocháin laistigh d'oileán iomlán na hÉireann
    - A chinntiú go léiríonn na cláir na gnéithe éagsúla atá mar chuid de chultúr mhuintir oileán iomlán na hÉireann,
    - Aird ar leith a thabhairt ar na gnéithe a léiríonn an cultúr sin agus go háirithe an Ghaeilge (agus i gcás TG4 - aird ar leith á tabhairt ar na gnéithe a léiríonn an cultúr sin agus ar na ceantair Ghaeltachta go háirithe);
    - Tacú leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann sé leis an tsaoirse cheart chun tuairimí a nochtadh;
    - Aird ar a riachtanaí atá sé an pobal a dhéanamh eolach agus tuisceanach ar luachanna agus ar thraidisiúin tíortha seachas an Stát, go háirithe Ballstáit eile; agus
- Ba cheart go n-áireofaí le príomhchuspóirí MSP tagairt don ghá go léireodh MSP ilchineálacht mhuintir na hÉireann agus go ndéanfaidh sí ionadaíocht uirthi.
- Ba cheart caomhnú a dhéanamh ar an oibleagáid atá ar MSP nuacht agus faisnéis fhírinneach agus neamhchlaonta a sholáthar, agus ba cheart go gcinnteodh sé neamhspleáchas MSP ó thionchar polaitiúil agus tráchtála.
- Ba cheart féachaint ar an mbealach is fearr chun cosaint neamhspleáchas eagarthóireachta a léiriú sna príomhchuspóirí MSP.
- Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an tagairt san Acht Craolacháin do chothabháil seirbhísí meán closamhairc neamhlíneach neamhchraolta ag RTÉ. Ba cheart féachaint ar cheanglas a chur san áireamh chun an luach agus an tsuntasacht is fearr a lorg d'ábhar athdháilte.
- Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar conas léiriú iomlán a dhéanamh sna príomhchuspóirí ar ról RTÉ mar mhol agus mar chomhoibritheoir in éiceachóras na meán i gcoitinne.
- Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an tagairt sna príomhchuspóirí do RTÉ ag reáchtáil seirbhísí poiblí craolacháin pobail, áitiúla nó réigiúnacha atá saorchraolta, agus a chinntiú go léiríonn sé seo réaltacht na seirbhísí a sholáthraíonn MSP.
- Ba cheart an treoir mhionsonraithe maidir le conas príomhchuspóirí seirbhíse poiblí a sholáthar a tharmligean chuig an rialtóir, ar féidir leis oiriúnú níos minice d'athruithe sa teicneolaíocht agus imthosca eile trí leasuithe a dhéanamh nó a lorg ar Chóid Chleachtais, Ráitis Straitéise, Ráitis Bhliantúla ar Ghealltanais Phoiblí etc.

**Moladh 8-1 Príomhchuspóirí agus Prionsabail MSP**

Molann an Coimisiún go ndéanfaí príomhchuspóirí reachtúla MSP a athbhreithniú agus a leasú, faoi 2024, lena chinntiú go bhfuil siad ábhartha do ról ionchasach MSP sa todhchaí. Go sonrach, molann an Coimisiún

- Ba cheart príomhchuspóirí MSP a dhéanamh neodrach ó thaobh ardáin de;
- Ba cheart RTÉ agus TG4 a ainmniú mar "Meáin Seirbhíse Poiblí", nó ainmniú iomchuí éigin eile, chun a chinntiú go bhféadfaidh a gcuid gníomhaíochtaí neamhchraolta go léir a bheith faoi réir ceannas rialála ag an ÚCÉ/Choimisiún na Meán, agus chun comhoibriú níos mó a cheadú idir MSP agus an earnáil neamhspleách;
- Ba cheart go bhfanfadh roinnt forálacha san Acht Craolacháin 2009 lena n-áirítear iad siúd a léiríonn prionsabail mharthanacha amhail seasamh le luachanna daonlathacha agus caomhnú teanga agus cultúr na hÉireann;
- Ba cheart go n-áireofaí le príomhchuspóirí MSP tagairt don ghá go léireodh MSP ilchineálacht mhuintir na hÉireann agus go ndéanfaidh sí ionadaíocht uirthi.
- Ba cheart caomhnú a dhéanamh ar an oibleagáid atá ar MSP nuacht agus faisnéis fhírinneach agus neamhchlaonta a sholáthar, agus ba cheart go gcinnteodh sé neamhspleáchas MSP ó thionchar polaitiúil agus tráchtála.
- Ba cheart féachaint ar an mbealach is fearr chun cosaint neamhspleáchas eagarthóireachta a léiriú sna príomhchuspóirí MSP;
- Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an tagairt san Acht Craolacháin do chothabháil seirbhísí meán closamhairc neamhlíneach neamhchraolta ag RTÉ.
- Ba cheart féachaint ar cheanglas a chur san áireamh chun an luach agus an tsuntasacht is fearr a lorg d'ábhar athdháilte;
- Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le príomhchuspóirí MSP ról RTÉ mar mhol agus mar chomhoibritheoir in éiceachóras na meán trí chéile a léiriú go hiomlán;
- Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an tagairt sna príomhchuspóirí do RTÉ ag reáchtáil seirbhísí poiblí craolacháin pobail, áitiúla nó réigiúnacha atá saorchraolta, agus a chinntiú go léiríonn sé seo réaltacht na seirbhísí a sholáthraíonn MSP;
- Ba cheart an treoir mhionsonraithe maidir le conas gur cheart príomhchuspóirí seirbhíse poiblí a sholáthar a tharmligean chuig an rialtóir, ar féidir leis oiriúnú níos minice d'athruithe sa teicneolaíocht agus in imthosca eile.

### Moladh 8-2 Neamhspleáchas agus Maoiniú MSP

Molann an Coimisiún:

- Córas de phacáiste maoinithe timthriallach do MSP, a ndéantar measúnú neamhspleách air, gach 3-4 bliana (nó níos faide), a bhunú i reachtaíocht faoi 2024;
- Gur chóir go mbeadh ról níos láidre ag an ÚCÉ/Coimisiún na Meán maidir le leibhéal maoinithe na Meán Seirbhíse Poiblí a chinneadh agus iad a choinneáil cuntasach ar chaiteachas araon.
- Go sonrach, molann an Coimisiún samhail le haghaidh moltaí maoinithe a d'éascódh níos mó trédhearcachta i leibhéil mhaoinithe MSP, agus a thabharfadh cumhacht shuntasach tionscnaimh don ÚCÉ/Choimisiún na Meán. Sa tsamhail bheadh:
- Comhairliúchán le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear MSP agus SÁSP; an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán; an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; an Roinn Airgeadais; an pobal; agus an Coiste Oireachtais ábhartha,
- Breithniú ar thosca amhail:
- Na leibhéil mhaoinithe atá ann cheana;
- Feidhmíocht na Meán Seirbhíse Poiblí maidir lena ngealltanais seirbhíse poiblí agus a maoirseacht airgeadais;
- Staid an gheilleagair agus an airgeadais phoiblí;
- Staid na hearnála meán i gcoitinne.

Ba cheart go gcinnteodh an tsamhail freisin go gcaithfear cúiseanna a bhfuil údar soiléir diúltaithe leo a bheith ag gabháil le diúltú an Rialtais ar mholtaí an rialtóra, agus ba cheart srian a chur ar chumas an Rialtais nó an Oireachtais moltaí malartacha a thionscnamh agus an t-ábhar a chur ar ais chuig an rialtóir le haghaidh tuilleadh moltaí.

Chuimseodh an próiseas seo cur i láthair foirmiúil ón Rialtas sa Dáil de mholadh maoinithe, arna mholadh ag an ÚCÉ/Coimisiún na Meán, gach seans i rún nó i mBille chun leithdháileadh ilbhliantúil airgid phoiblí ar MSP agus ÁSP a údarú ón Lárchiste gach trí nó ceithre bliana, agus ceadú an rúin nó an Bhille sin ag Tithe an Oireachtais.

**Moladh 8-2 Neamhspleáchas agus Maoiniú MSP**

Bunú córas i reachtaíocht faoi 2024 de phacáiste maoinithe poiblí 3 go 4 bliana (nó níos faide), a bheadh á mheasúnú go neamhspleách, do MSP, le ról níos láidre don ÚCÉ/Choimisiún na Meán maidir le leibhéil mhaoinithe MSP agus cuntasacht as caiteachas a chinneadh.

Molann an Coimisiún samhail le haghaidh moltaí maoinithe a:

- Áiríonn comhairliúchán le páirtithe leasmhara ábhartha.
- Áiríonn breithniú ó bhonn ar fhachtóirí amhail na leibhéil reatha mhaoinithe, straitéisí MSP agus staid an gheilleagair, an airgeadais phoiblí, agus earnáil na meán trí chéile.
- Chinntíonn go bhfuil cúiseanna soiléire, a bhfuil údar maith leo, ag dul le diúltú ar bith ón Rialtas do mholtaí an rialtóra. Ba cheart srian a chur le cumas an Rialtais nó an Oireachtais moltaí malartacha a thionscnamh.

Chuimseodh an próiseas seo cur i láthair foirmiúil ón Rialtas sa Dáil de mholadh maoinithe, arna mholadh ag an ÚCÉ/Coimisiún na Meán, gach seans i rún nó i mBille chun leithdháileadh ilbhliantúil airgid phoiblí ar MSP agus ÁSP a údarú ón Lárchiste gach trí nó ceithre bliana, agus ceadú an rúin nó an Bhille sin ag Tithe an Oireachtais.

### Moladh 8-3 Acmhainní a chur ar fáil do Rialáil agus d'Fhorbairt Éifeachtach

Bhí an Coimisiún den tuairim go láidir gur cheart go mbeadh dóthain acmhainní ag Coimisiún na Meán ó 2022 chun a shainchúram atá leathnaithe go mór a chomhlíonadh, lena mbaineann ní amháin rialáil na hearnála craolacháin, ach mar phríomhrialtóir idirnáisiúnta i dtimpeallacht dhinimiciúil dhúshlánach tráth a mbeidh mór-athrú ag tarlú.

Go sonrach, molann an Coimisiún:

- Ba cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do Choimisiún na Meán chun na huaillmhianta suntasacha a chuirtear in iúl sa Tuarascáil seo a chomhlíonadh, earnáil na meán a chur ar bhonn inbhuanaithe sa todhchaí, tacú le forbairt earnáil na meán ar gach ardán, chomh maith leis na róil thábhachtacha atá le sannadh ag an mBille OSMR a chomhlíonadh i dtaca le sábháilteacht ar líne a rialáil i dtaca le hardáin ar fud an Aontais Eorpaigh.
- Chomh maith le leibhéil ghinearálta acmhainní, ba cheart acmhainn inmheánach an ÚCÉ/Choimisiún na Meán a neartú ionas nach mbeidh sé ag brath chomh mór ar chomhairleoirí seachtracha as a chuid oibre anailíse. Ba cheart acmhainn inmheánach an ÚCÉ/Choimisiún na Meán le haghaidh taighde agus meastóireachta a fhorbairt trí Aonad Taighde Straitéiseach le hacmhainní cuí a bhunú, ina mbeadh an saineolas chun taighde agus meastóireacht eacnamaíoch, airgeadais agus shóisialta a dhéanamh atá riachtanach dá thascanna lena n-áirítear: measúnuithe agus leithdháiltí seirbhíse agus maoinithe do MSP; meastóireacht ar an earnáil neamhspleách agus phobail, agus forbairt agus meastóireacht ar scéimeanna faoi Chiste na Meán agus Ciste Ábhar an TSMCA. Ba cheart go n-áireofaí in aschur taighde aonaid den sórt sin anailísí straitéiseacha ardleibhéil ar thimpeallacht na meán a d'fhéadfadh forbairt polasaí ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a threorú sa todhchaí. Ba cheart an tAonad a bhunú in am chun an measúnú agus an leithdháileadh maoinithe do MSP don bhliain airgeadais 2024 a dhéanamh.

- Ba cheart RTÉ agus TG4 a ainmniú mar chomhlachtaí NewERA ó 2022.
- Ba cheart machnamh a dhéanamh ar an Acht Craolacháin a leasú chun ligean don rialtóir athbhreithnithe téama-dhírithe a dhéanamh de réir mar a mheasann sé a bheith riachtanach, e.g. ar chláir do leanaí, ábhar cultúrtha, infheistíocht chaipitil etc.
- Ba cheart don ÚCÉ/Choimisiún na Meán taighde ar ionchais agus roghanna lucht féachana agus éisteachta a choimisiúnú agus a chomhordú chun a chinntiú gur féidir le MSP go háirithe iarracht a dhéanamh freastal ar riachtanais an phobail chomh maith agus is féidir leo, san áit agus sa chaoi gur mhaith leis an bpobal go ndéanfaí freastal orthu.
- Molann an Coimisiún ról níos fearr do Chomhairlí Lucht Féachana agus Éisteachta chun freastal a dhéanamh ar ilchineálacht agus uilechuimsitheacht mhéadaithe agus chun go bhféadfar aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna níos leithne sa réimse poiblí ar bhealach daonlathach agus freagrúil. Ba cheart go léireodh comhairlí lucht féachana agus éisteachta an sainmhíniú ar "an pobal" arna ghlacadh ag an gCoimisiún.

**Moladh 8-3 Acmhainní a chur ar fáil do Rialáil agus d'Fhorbairt Éifeachtach**

Ba cheart acmhainní suntasacha a chur ar fáil do Choimisiún na Meán chun na huaillmhianta a chuirtear in iúl sa Tuarascáil seo a chomhlíonadh, earnáil na meán a chur ar bhonn inbhuanaithe sa todhchaí, tacú le forbairt earnáil na meán ar gach ardán, chomh maith leis na róil shuntasacha atá le sannadh ag an mBille OSMR i dtaca le sábháilteacht ar líne a rialáil i dtaca le hardáin ar fud an Aontais Eorpaigh.

Ba cheart acmhainn inmheánach an ÚCÉ/Choimisiún na Meán le haghaidh taighde agus meastóireachta a fhorbairt trí Aonad Taighde Straitéiseach le hacmhainní cuí a bhunú leis an saineolas inmheánach chun taighde agus meastóireacht eacnamaíoch, airgeadais agus shóisialta a dhéanamh atá riachtanach dá chúraimí. Ba cheart an tAonad a bhunú in am chun an measúnú agus an leithdháileadh maoinithe do MSP don bhliain airgeadais 2024 a dhéanamh.

Ba cheart RTÉ agus TG4 a ainmniú mar chomhlachtaí NewERA ó 2022.

D'fhéadfaí an tAcht Craolacháin a leasú chun ligean don rialtóir athbhreithnithe téama-dhírithe a dhéanamh de réir mar is gá.

Ba cheart don ÚCÉ/Choimisiún na Meán taighde ar ionchais agus roghanna lucht féachana agus éisteachta a choimisiúnú agus a chomhordú lena chinntiú go bhfuil MSP ag freastal go héifeachtach ar riachtanais an phobail.

Ba cheart go mbeadh ról níos fearr ag Comhairlí Lucht Féachana agus Éisteachta a léiríonn an sainmhíniú ar "an pobal" arna ghlacadh ag an gCoimisiún agus a thacaíonn le hilchineálacht, uilechuimsitheacht agus teagmháil níos daonlathaí le saincheisteanna níos leithne sa réimse poiblí.

## 8.10.2 Moltaí maidir le rialáil na hEarnála Neamhspleách agus maidir le Maoiniú ÁSP

### Moladh 8-4 Rialú na hEarnála Neamhspleách

Bhreithnigh an Coimisiún fad na gconarthaí alt 70 d'oibreoirí neamhspleácha teilifíse, agus tháinig sé ar an gconclúid gur chóir go mbeadh fad curtha le téarma na gconarthaí sin go 10 mbliana, ar mhaithe le leanúnachas agus infheistíocht sheasmhach fhadtéarmach a éascú.

**Moladh 8-4 Rialú na hEarnála Neamhspleách**

Ba cheart síneadh a chur le téarma Chonarthaí alt 70 le haghaidh teilifís neamhspleách go 10 mbliana, chun leanúnachas agus infheistíocht sheasmhach fhadtéarmach a éascú.

### Moladh 8-5 Athruithe ar Fhorálacha Rialála do Mhaoiniú ÁSP

Molann an Coimisiún go ndéanfaí Cuid 10 den Acht Craolacháin 2009 a leasú, faoi 2024, chun foráil a dhéanamh do Chiste Meán atá neodrach ó thaobh ardáin de in ionad an Chiste Chraolacháin, chun go bhféadfar tacú le ÁSP agus SÁSP agus chun go bhféadfar raon níos leithne ábhar, lena n-áirítear nuacht agus cúrsaí reatha, agus spórt a mhaoiniú. Go sonrach:

- Ba cheart príomhchuspóirí scéimeanna mar atá leagtha amach in alt 155 den Acht a leathnú freisin chun neodracht ardáin a léiriú, e.g. seachas tagairt a dhéanamh do "chláir" agus do "chraoladh áitiúil agus pobail" ba cheart dóibh tagairt a dhéanamh do "ábhar" agus do "na meáin áitiúla agus pobail" nó téarmaí iomchuí eile.
- Ba cheart, dá bhrí sin, príomhchuspóirí mhaoiniú an Stáit do ÁSP a lua mar -

*Luach na meán neamhspleách tráchtála agus pobail don phobal a aithint, in éineacht le MSP, ó thaobh soláthar a dhéanamh don ilchineálacht, ilghnéitheacht agus nuálaíocht i soláthar ÁSP don phobal agus ó thaobh tacaíocht agus asraoin a sholáthar d'iriseoireacht na hÉireann, don chruthaitheacht spóirt agus chultúrtha, féadfar soláthar a dhéanamh do mhaoiniú poiblí chun tacú le forbairt, léiriú agus tarchur ÁSP ar ardchaighdeán a bhaineann le: an Ghaeilge; cultúr, oidhreacht, spórt agus sochaí na hÉireann; nuacht, cúrsaí reatha agus gnóthaí idirnáisiúnta; stair; eolaíocht; oideachas; litearthacht sna meáin, agus diaspóra na hÉireann.*

- Agus scéimeanna mar sin á bhforbairt, féachfaidh an t-údarás a bhunóidh iad leis an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - Bheith freagrúil ar leasanna agus ar chúraimí an phobail uile; bheith aireach ar a riachtanaí atá an chomhthuiscint agus an tsíocháin ar fud oileán na hÉireann uile; a chinntiú go léireoidh na cláir na gnéithe éagsúla as a bhfuil cultúr phobal oileán na hÉireann uile comhdhéanta; agus aird faoi leith a thabhairt ar na gnéithe a shainíonn an cultúr sin agus go háirithe ar an nGaeilge agus ar na ceantair Ghaeltachta;
  - Tacóidh sé leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart chun tuairimí a nochtadh;

- Beidh aird aige ar a riachtanaí atá sé an pobal a dhéanamh eolach tuisceanach ar fhiúchas agus ar thraidisiúin tíortha seachas an Stát, go háirithe Ballstáit eile,
- A chinntiú go mbíonn suim ag lucht féachana agus éisteachta níos óige sa ÁSP agus go bhfuil an ÁSP ag freastal orthu.

Ba cheart go mbeadh an córas chun leibhéal Chiste na Meán a mheas cosúil leis an gcóras a mholtar thuas maidir le maoiniú MSP agus ba cheart don ÚCÉ/Choimisiún na Meán é a dhéanamh i gcomhthráth leis an measúnú sin. Ba cheart go mbeadh sé mar chuid den phróiseas comhairliúcháin céanna le páirtithe leasmhara ábhartha agus atá an maoiniú MSP. Ba cheart go n-éileodh an próiseas sin breithniú freisin ar thosca amhail na leibhéil reatha mhaoinithe, measúnú ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht scéimeanna maoinithe, chomh maith le pointí tagartha níos leithne amhail staid an gheilleagair i gcoitinne agus staid an airgeadais phoiblí laistigh de sin, agus staid earnáil na meán i gcoitinne.

D'éascódh sé sin ríomh trédhearcach leibhéal maoinithe do Chiste na Meán a rachadh i ngleic le cúraimí na bpáirtithe leasmhara ar fad ach a thabharfadh cumhacht shuntasach tionscnaimh don ÚCÉ. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag an Aire, ag an Rialtas agus ag an Oireachtas an leibhéal maoinithe atá beartaithe a cheadú nó a dhiúltú, ach gan é a leasú.

Tá roinnt moltaí sonracha déanta ag an gCoimisiún i gCaibidil 6 maidir le leithdháileadh maoinithe sa ghearrthéarma. É sin ráite, san fhadtéarma ba cheart gur faoi Choimisiún na Meán den chuid is mó a bheadh dearadh, cur i bhfeidhm agus meastóireacht mhaoiniú ÁSP..

**Moladh 8-5 Athruithe ar Fhorálacha Rialála do Mhaoiniú ÁSP**

Ba cheart Cuid 10 den Acht Craolacháin 2009 a leasú, faoi 2024, chun foráil a dhéanamh do Chiste Meán atá neodrach ó thaobh ardáin de, le teacht in ionad an Chiste Chraolacháin, chun go bhféadfar tacú le ÁSP agus SÁSP agus chun go bhféadfar raon níos leithne ábhar, lena n-áirítear spórt, nuacht agus cúrsaí reatha a mhaoiniú. Áirítear leis seo cuspóirí na scéimeanna a leathnú, mar atá leagtha amach in alt 155 chun neodracht ardáin a léiriú agus príomhchuspóirí mhaoinithe stáit do ÁSP a lua.

Ba cheart go mbeadh an córas chun leibhéal Chiste na Meán a mheas cosúil leis an gcóras a mholtar thuas maidir le maoiniú MSP agus ba cheart don ÚCÉ/Choimisiún na Meán é a dhéanamh i gcomhthráth leis an measúnú sin.

Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag an Aire, ag an Rialtas agus ag an Oireachtas an leibhéal maoinithe atá beartaithe a cheadú nó a dhiúltú, ach gan é a leasú.

San fhadtéarma, ba cheart gur faoi Choimisiún na Meán den chuid is mó a bheadh dearadh, cur i bhfeidhm agus meastóireacht mhaoiniú ÁSP.

## 8.10.3 Moltaí Leathana eile

### Moladh 8-6 Sonraí a bhaineann le suntasacht

Agus breithniú á dhéanamh aige ar shaincheisteanna a bhaineann le suntasacht, tacaíonn an Coimisiún leis na forálacha atá le bheith sa Bhille OSMR ag trasuí Airteagal 7a den TSMCA Athbhreithnithe, trína dtabharfar de chumhacht do Choimisiún na Meán rialacha a dhéanamh a éilíonn suntasacht do ÁSP. Beidh feidhm ag na rialacha maidir le seirbhísí a sholáthraíonn rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc. Molann an Coimisiún go ndéanfadh Coimisiún na Meán rialacha den sórt sin a luaithe is féidir, nuair a bhunófar é.

Bhí an Coimisiún den tuairim freisin gur cheart don Ghrúpa Forfheidhmithe scrúdú a dhéanamh an féidir agus ar cheart sonraí maidir le tomhaltas ÁSP de bhunadh na hÉireann a roinnt ar ardáin idirnáisiúnta SFAÉ le SÁSP na hÉireann.

**Moladh 8-6 Sonraí a bhaineann le suntasacht**

Tacaíonn an Coimisiún leis na forálacha atá le bheith sa Bhille OSMR ag trasuí Airteagal 7a den TSMCA Athbhreithnithe, trína dtabharfar de chumhacht do Choimisiún na Meán rialacha a dhéanamh a éilíonn suntasacht do ÁSP. Beidh feidhm ag na rialacha maidir le seirbhísí a sholáthraíonn rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc. Molann an Coimisiún go ndéanfadh Coimisiún na Meán rialacha den sórt sin a luaithe is féidir, nuair a bhunófar é.

Ba cheart don Ghrúpa Forfheidhmithe féachaint an féidir agus ar cheart sonraí maidir le tomhaltas ÁSP de bhunadh na hÉireann a roinnt ar ardáin idirnáisiúnta SFAÉ le SÁSP na hÉireann.

### Moladh 8-7 Clúmhilleadh

Bhreithnigh an Coimisiún an gá le hathchóiriú práinneach ar an reachtaíocht um chlúmhilleadh, saincheist a leag go leor páirtithe leasmhara béim uirthi. Tacaíonn an Coimisiún go láidir le tuairimí Chomhairle an Phreasa agus iarrann sé go gcuirfí deifir leis an athbhreithniú ar an dlí atá á dhéanamh ag an Roinn Dlí agus Cirt agus reachtaíocht leasaithe a fhorbairt agus a fhoilsiú faoi dheireadh 2021.

**Moladh 8-7 Clúmhilleadh**

Tacaíonn an Coimisiún go láidir le tuairimí Chomhairle an Phreasa ar an reachtaíocht um chlúmhilleadh agus iarrann sé go gcuirfí deifir leis an athbhreithniú ar an dlí atá á dhéanamh ag an Roinn Dlí agus Cirt agus reachtaíocht leasaithe a fhorbairt agus a fhoilsiú faoi dheireadh 2021.

### Moladh 8-8 Bréagaisnéis

Cuireann córais rialála reachtúla agus deonacha atá ann cheana do na meáin thraidisiúnta bonn faoi chaighdeáin cháilíochta agus meicníochtaí cuntasachta araon do shaoránaigh tríd an ÚCÉ agus trí Chomhairle an Phreasa. Tagann na rioscaí is mó do shaoránaigh chun cinn sa spás ar líne nach bhfuil chomh rialáilte, go háirithe maidir le bréagaisnéis. Nótálann an Coimisiún nach bhfuil an bhréagaisnéis ann mar chatagóir d'ábhar díobhálach a chuimsítear san TSMCA agus sa reachtaíocht a thabharfaidh éifeacht dó ag leibhéal náisiúnta, an Bille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne. Is léir go mbeidh gá le forálacha maidir le bréagaisnéis dhíobhálach mar chuid de chód rialála nua an Achta um Sheirbhísí Digiteacha, atá ina ábhar idirbheartaíochta faoi láthair ag an gComhairle Eorpach agus ag Parlaimint na hEorpa. Beidh leasuithe den sórt sin riachtanach má tá Coimisiún nua na Meán chun a chuspóir luaite a chomhlíonadh maidir lena chinntiú go bhfuil socruithe agus córais iomchuí rialála in áit chun aghaidh a thabhairt ar ábhar mídhleathach agus díobhálach fuaime, closamhairc agus ar líne.

É sin ráite, creideann an Coimisiún gur cheart go gcuirfí tús gan mhoill leis an ullmhúchán do chur i bhfeidhm Chóid Iompair an ASD. Ba cheart go mbeadh Éire ina ceannaire sa pholasaí poiblí agus sa nuálaíocht a fheabhsaíonn muinín agus sábháilteacht ar líne agus saoirse cainte á cosaint ag an am céanna. Creideann an Coimisiún nár cheart go mbeadh freagairt éifeachtach ar bhréagaisnéis ag brath go hiomlán ar rialáil, agus gur cheart go mbeadh speictream leathan de shochaí na hÉireann i mbun idirphlé le tionscal digiteach na hÉireann.

Dar leis an gCoimisiún, tá gá le Straitéis Náisiúnta Frith-Bhréagaisnéise chun muinín úsáideoirí ardáin ábhar domhanda na hÉireann a fheabhsú agus a sábháilteacht a chosaint. Mar sin, molann sé an méid seo a leanas:

**Moladh 8-8 Bréagaisnéis**

Molann an Coimisiún Straitéis Náisiúnta Frith-Bhréagaisnéise a fhorbairt chun muinín úsáideoirí ardáin ábhar domhanda na hÉireann a fheabhsú agus a sábháilteacht a chosaint. Ba chóir don Straitéis:

- Comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí náisiúnta chun cur i gcoinne feachtais chomhordaithe eagraithe maidir le hionramháil úsáideoirí idirlín na hÉireann agus trédhearcacht a chinntiú faoi pholasaithe modhnóireachta ábhair a théann i bhfeidhm ar shaoránaigh na hÉireann;
- Forbairt a dhéanamh ar mhonatóireacht éifeachtach fhadtéarmach ar chur i bhfeidhm Chód Cleachtais an AE maidir le Bréagaisnéis agus an Achta um Sheirbhísí Digiteacha in Éirinn;
- A bheith forbartha i gcomhairle leis na Ranna agus na gníomhaireachtaí ábhartha go léir, Mol FEC na hÉireann, páirtithe leasmhara an tionscail, eagraíochtaí nuachta, grúpaí sochaí sibhialta agus taighdeoirí bréagaisnéise agus seiceálaithe fíricí na hÉireann. Ba cheart go gcuimseodh an Straitéis ról do shaoránaigh na hÉireann freisin, a d'fhéadfadh maoirseacht a lorg ar chinntí a théann i bhfeidhm ar úsáideoirí Éireannacha ar ardáin ábhair, nó gearáin a dhéanann siad;
- Samplaí eile de dhea-chleachtas idirnáisiúnta eile a scrúdú;
- Caidrimh a thógáil idir ardáin agus taighdeoirí acadúla a éascaíonn rochtain ar shonraí a chuirfeadh bonn eolais faoi idirghabhálacha níos fearr chun bac a chur ar scaipeadh na bréagaisnéise;
- Bearta a aithint chun tacú le nuálaíocht i seiceáil fíricí agus i dtaighde ar bhréagaisnéis agus tacaíocht a sholáthar don nuálaíocht i réimsí atá ríthábhachtach do chomhlíonadh na timpeallachta rialála nua a chruthaíonn an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh litearthachta meán atá ann cheana féin in Éirinn, lena n-áirítear scrúdú ar an bhféidearthacht go mbeadh cur chuige níos comhcheangailte idir ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha rialtais maidir le tionscnaimh litearthachta meán a fhorbairt. Ba cheart go mbeadh cláir phíolótacha do litearthacht sna meáin chumarsáide a thagann as an athbhreithniú seo incháilithe le haghaidh tacaíochta dírí faoi Chiste na Meán;
- Aitheantas a thabhairt don ról tábhachtach atá ag iriseoireacht saor in aisce, neamhspleách, ar ardchaighdeán i gcur i gcoinne na bréagaisnéise, agus tacú le hiarrachtaí cosaint a dhéanamh ar an soláthar eolais ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta atá ar mhaithe le leas an phobail.

### Moladh 8-9 Bunús reachtúil a sholáthar do shainchúram leathnaithe Choimisiún na Meán

Leagann Cinn 9 agus 10 den Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne cuspóirí agus feidhmeanna Choimisiún na Meán amach. Mar atá sé faoi láthair, léiríonn an Bille den chuid is mó ról Choimisiún na Meán mar chomharba ar an ÚCÉ, ag cur forálacha an Achta Craolacháin 2009 i bhfeidhm don earnáil chraolacháin. Baineann na feidhmeanna breise a chuirtear i leith Choimisiún na Meán sa Bhille go príomha le sábháilteacht ar líne agus le cur i bhfeidhm an TSMCA.

Tá moltaí déanta ag an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán, maidir le rialáil agus forbairt earnáil na meán, a bheartaíonn leasú agus leathnú suntasach ar ról Choimisiún na Meán, lena n-áirítear:

- Ról thar a bheith neartaithe maidir le riachtanais mhaoinithe MSP a mheas go neamhspleách;
- Ról i ndáil le dearadh agus bainistiú scéimeanna tacaíochta faoin gCiste nua Meán, a leathnaíonn, mar Chiste atá neodrach ó thaobh ardáin, sainchúram Choimisiún na Meán níos faide ná an chraoltóireacht;
- Ról chun níos mó comhionannais, ilchineálachta agus uilechuimsitheachta a chinntiú in earnáil na meán;
- Ról feabhsaithe i dtaighde, in anailís polasaí, i maoirseacht agus i gcuntasacht. Cuimseoidh a ról in anailís polasaí bealaí a shainaithint inar féidir eagraíochtaí meán a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun a bheith nuálaíoch agus chun samhlacha nua gnó a fhorbairt. Chomh maith le roghanna polasaí agus reachtacha a aithint chun tacú le nuálaíocht, iolracht agus inbhuanaitheacht na meán a chur chun cinn, beidh ról aige freisin i ndearadh agus i riaradh tacaíochtaí amhail maoiniú nuálaíochta.

Agus na freagrachtaí tábhachtacha breise atá beartaithe do Choimisiún na Meán á gcur san áireamh, ba cheart don Rialtas bunús reachtúil a sholáthar dá shainchúram leathnaithe.

**Moladh 8-9 Bunús reachtúil a sholáthar do shainchúram leathnaithe Choimisiún na Meán**

Agus na freagrachtaí tábhachtacha breise atá beartaithe do Choimisiún na Meán á gcur san áireamh, ba cheart don Rialtas bunús reachtúil a sholáthar dá shainchúram leathnaithe.

Molann an Coimisiún go soláthródh an Rialtas bunús reachtúil do shainchúram leathnaithe Choimisiún na Meán. Ba cheart go ndéanfadh an Grúpa Forfheidhmithe cuspóirí agus feidhmeanna reachtúla Choimisiún na Meán, mar a fhoráiltear faoi láthair i Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne, a athbhreithniú, agus ina dhiaidh sin ba cheart leasuithe reachtacha iomchuí a thabhairt isteach, faoi 2024, chun cur ar chumas Choimisiún na Meán an ról leathnaithe atá beartaithe dó ag an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán a chomhlíonadh. Feiceann sé seo Coimisiún na Meán mar rialtóir neamhspleách a bhfuil feidhm aige freisin chun tacú le forbairt earnáil na meán ar bhonn neodrach ó thaobh ardáin de, lena n-áirítear trí nuálaíocht, claochlú digiteach agus éabhlóid samhlacha gnó na meán a éascú agus tacú leo, agus meáin iolraíoch ar ardchaighdeán a chur chun cinn, a sholáthraíonn seirbhísí do phobal ilchineálach ar bhealach uilechuimsitheach agus inrochtana.

# 9 Moltaí an Choimisiúin a chur i bhfeidhm

Ábhar


**9.1** Réamhrá ........ 254

**9.2** Na Socruithe Forfheidhmiúcháin a Mholtar ........ 254

**9.3** Liosta na Moltaí ........ 257

## 9.1 Réamhrá

Tá moltaí á ndéanamh ag an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán a dtiocfaidh dá dtoradh, trí fheabhas maidir leis an maoiniú poiblí a thabhairt i gcrích agus an nuáil, an comhar agus an éagsúlachta a chur chun cinn, athrú mór ar earnáil na meán cumarsáide in Éirinn go mbítear i riocht réimsí dúshláin na mblianta seo romhainn a shárú.

Tá mórthábhacht le moltaí an Choimisiúin ó thaobh aird ar an ról bunriachtanach atá le comhlachtaí MSP agus le córas tréan neamhspleách meán cumarsáide do shaol na hÉireann, maidir le cúrsaí cathartha, cúrsaí cultúir agus eagar an daonlathais; ó thaobh seasmhacht agus leanúnachas cistíochta a chinntiú do chomhlachtaí MSP; ó thaobh níos mó den chomhar a chothú ar fud éiceachóras na meán cumarsáide; ó thaobh slata tomhais nua maidir le scóip na gcistí poiblí d'fhonn treisiú le ÁSP agus a leathnú gan bheann ar chineál an ardáin go dtí réimsí eile, nuacht agus cúrsaí reatha ina measc; agus ó thaobh nuáil agus ilchineáltacht a spreagadh ar fud na meán cumarsáide in Éirinn.

Éilítear le moltaí an Choimisiúin leasú a dhéanamh ar an reachtaíocht agus athchóiriú a thabhairt ar shocruithe rialúcháin agus luaitear cuid mhór de na comhlachtaí a mbeidh páirt mhór acu sa chlaochlú atá i gceist, ina measc Coimisiún na Meán Cumarsáide, comhlachtaí MSP, soláthraithe ÁSP, ranna Rialtais agus páirtithe leasmhara eile. Ní mór do dhreamanna éagsúla den lucht éisteachta agus féachana agus don phobal i gcoitinne páirt a ghlacadh in athchruthú na meán cumarsáide, faoi mar a thugtar i gceist sna moltaí.

Baineann tréimhse ama gearrthéarmach le roinnt de na moltaí agus tá dearcadh fadtéarmach le tuilleadh acu. Ar Choimisiún na Meán Cumarsáide, atá beartaithe a chur ar bun faoin mBille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne.

Ar na moltaí is mó suntais, tá athrú ó mhaoiniú poiblí bunaithe ar chomhlachtaí MSP go dtí córas bunaithe ar ÁSP, ní a mbeidh gá le leasú reachtaíochta lena aghaidh chomh maith le hatheagar ar fhorais agus meastar go mbeidh suas le dhá bhliain de dhíth chun sin a chur i bhfeidhm. D'fhonn a chinntiú go ndéantar gach a moltar a thabhairt i bhfeidhm, tá á mholadh ag an gCoimisiún próiseas forfheidhmiúcháin agus córas foirmeálta chuige sin a chur ar bun ó mhí Mheán Fómhair 2021 go ceann dhá bhliain.

## 9.2 Na Socruithe Forfheidhmiúcháin a Mholtar

### 9.2.1 An Grúpa Forfheidhmiúcháin

Ba chóir Grúpa Forfheidhmiúcháin, faoi Chathaoirleach neamhspleách, a bheith i gceartlár an phróisis. Oifigigh sinsearacha thar ceann Ranna Rialtais agus ghníomhaireachtaí eile a bhfuil ról sa phróiseas forfheidhmiúcháin leo na comhaltaí eile ar an nGrúpa Forfheidhmiúcháin.

Is é ról a bheadh leis an nGrúpa Forfheidhmiúcháin:

- Plean Gníomhaíochta mionsonraithe a leagan amach maidir le moltaí an Choimisiúin a chur i bhfeidhm in imeacht dhá bhliain
- Comhordú agus maoirseacht a dhéanamh ar an obair forfheidhmiúcháin
- Comhchaidreamh leis na Páirtithe Leasmhara
- Tuairiscíocht a dhéanamh leis an Rialtas, trí Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach agus Coiste Comh-aireachta, maidir leis an obair forfheidhmiúcháin.

Beidh leasú reachtaíochta agus atheagar institiúidí i gceist le moltaí an Choimisiúin chomh maith le caidreamh a chothú le páirtithe leasmhara éagsúla. Sa chás gurbh fhéidir é, agus gur chuí sin, tá tráthchlár faoi leith agus mionghnéithe sonracha leagtha amach ag an gCoimisiún i ndáil le roinnt de na moltaí; is faoin nGrúpa Forfheidhmiúcháin an tráthchlár maidir le fuílleach na moltaí a leagan amach sa Phlean Gníomhaíochta.

Mar shampla, tá molta ag an gCoimisiún athrú ón meascán cistíochta idir maoiniú ón Státchiste agus maoiniú ón gCeadúnas Teilifíse atá i réim faoi láthair go dtí maoiniú bunaithe ar an Státchiste amháin faoin mbliain 2024, ní ar gá an reachtaíocht ina leith a bheith i bhfeidhm faoin mbliain 2023. Ní mór mionsonrú maidir leis an reachtaíocht forfheidhmiúcháin a leagan amach sa Phlean Gníomhaíochta chomh maith le tráthchlár mion maidir leis an athrú go dtí na socruithe nua.

I ndáil leis an Scéim Tuairiscíochta maidir leis an Daonlathas Áitiúil, mar shampla, tá leibhéal cistíochta á chur i gceist ag an gCoimisiún ba chóir a bheith i bhfeidhm ón mbliain 2022 amach chomh maith le roinnt de na prionsabail ina leith sin, a bheith neodrach ó thaobh cineál an ardáin, a bheith ar fáil saor ó tháille ag an bpointe tapaithe agus eile, ach sa chás sin freisin, is faoin nGrúpa Forfheidhmiúcháin mionsonraí breise na scéime a leagan amach i gcomhar leis an Údarás Craolacháin/Coimisiún na Meán.

Mar shampla eile, maidir leis an mbunathrú digiteach, ní mór breis taighde agus comhairliúcháin a dhéanamh sula leagtar amach an scéim go mion. Beidh de chúram ar an nGrúpa Forfheidhmiúcháin an obair thaighde is gá a dhéanamh agus an scéim a leagan amach.

Is é an chéad chúram a bheidh ar an nGrúpa Forfheidhmiúcháin plean gníomhaíochta a leagan amach go mion, lena luaitear tráthchláir shoiléire agus na bearta atá le tabhairt i gcrích. Leagfar béim ina dhiaidh sin ar an obair comhordúcháin agus maoirseachta maidir leis an bplean gníomhaíochta. Beidh tábhacht i ndáil leis an bplean a leagan amach agus a thabhairt i gcrích le caidreamh leis na páirtithe leasmhara. Ó tharla leasú reachtaíochta agus atheagar ar institiúidí i gceist chomh maith le caiteachas den suntas as na cistí poiblí, beidh beartaíocht ar leibhéal an rialtais agus ar leibhéal na parlaiminte i gceist leis an bplean freisin. D'fhonn a chinntiú go dtarlaíonn an comhordú is gá ar an leibhéal sin, moltar go mbeadh tuairiscíocht á dhéanamh ag an nGrúpa Forfheidhmiúcháin leis an Rialtas trí Choiste Comh-aireachta, agus bonn treise faoi sin ag Grúpa na nOifigeach Sinsearach faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh.

### Comhaltaí an Ghrúpa Forfheidhmiúcháin

Ba chóir Cathaoirleach neamhspleách, arna cheapadh ag an Rialtas, ar an nGrúpa Forfheidhmiúcháin. Ba chóir go mbeadh sárthaithí agus saineolas ar chóras na meán cumarsáide ag an té a cheaptar sa Chathaoir agus dea-theist ar chumas ceannaireachta agus nuála an té sin i rith a ré gairme go dtí seo. Ag an gCathaoirleach a bheidh an ról buntábhachtach maidir le leagan amach an phlean gníomhaíochta a bhrú chun cinn agus a chinntiú go ndéanann na hoifigigh ábhartha an plean a chur i gcrích. Beidh an Cathaoirleach freisin ar an bpríomhphearsa caidrimh le lucht an tionscail agus leis na páirtithe leasmhara trí chathaoirleacht a dhéanamh ar Ghrúpa Comhairliúcháin na bPáirtithe Leasmhara.

Ba cheart gur oifigigh sinsearacha i Ranna Rialtais agus i nGníomhaireachtaí comhaltaí eile an Ghrúpa Forfheidhmiúcháin agus ról acu i leagan amach an phlean gníomhaíochta agus ina chur i bhfeidhm ionas go gcinntítear cur chuige uile-Rialtais faoi stiúir an Chathaoirligh.

**Tábla 9-1** *Ranna Rialtais/Gníomhaireachtaí le tabhairt san áireamh leis an nGrúpa Forfheidhmiúcháin*

| Ainm | Réimsí freagrachta a bhaineann le hábhar |
|---|---|
| An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | An beartas maidir leis na meáin chumarsáide mar aon leis an reachtaíocht a bhaineann le hábhar, an tAcht Craolacháin agus an Bille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne san áireamh |
| Roinn an Taoisigh | Coiste Comh-aireachta, Grúpa na nOifigeach Sinsearach |
| An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um Mhargaí Digiteacha, an Treoir maidir le Cóipcheart, dlí na hiomaíochta agus an beartas ina leith |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | Caiteachas poiblí, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an tÚdarás an Údaráis um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh |
| An Roinn Airgeadais | An beartas agus an reachtaíocht maidir le cúrsaí cánachais |
| An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta | Ardoideachas agus breisoideachas, an beartas maidir le printíseacht san áireamh |
| An Roinn Oideachais | Litearthacht na Meán Cumarsáide |
| An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige |
| An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail | Beartas Pobail |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha | Beartas maidir leis an Diaspóra, Ciste Simon Cumbers agus Ciste Meán Cumarsáide Éireannaigh an Domhain |
| An Roinn Dlí agus Cirt | An tAcht um Chlúmhilleadh |
| An tÚdarás Craolacháin/Coimisiún na Meán Cumarsáide | Cúrsaí Rialúcháin |
| An tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh | Comhairle maidir le bainistíocht airgeadais RTÉ |
| Fís Éireann | Gníomhaireacht Forbartha maidir le Scannánaíocht in Éirinn |
| Fiontraíocht Éireann | Forbairt agus forás fhiontair de chuid na hÉireann ar mhargaí an domhain. An bunathrú digiteach agus cúnamh agus comhairle maidir le nuáil ar chórais gnó. |

D'fhéadfadh go gcuirfeadh an Grúpa Forfheidhmiúcháin foghrúpaí ar bun maidir le sruthanna éagsúla oibre de réir mar is gá.

## 9.2.2 Grúpa Comhairliúcháin na bPáirtithe Leasmhara

Ba chóir Cathaoirleach neamhspleách a bheith ar Ghrúpa Comhairliúcháin na bPáirtithe Leasmhara agus ba chóir ionadaithe ón tionscal agus páirtithe leasmhara eile a bheith san áireamh air, ina measc:

**Tábla 9-2** *Comhaltaí beartaithe Ghrúpa Comhairliúcháin na bPáirtithe Leasmhara*

| | |
|---|---|
| RTÉ | Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann |
| TG4 | Gluaiseacht an Lucht Siúil |
| Virgin Media TV | Ionadaí thar ceann Earnáil na nDaoine faoi Mhíchumas |
| Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann | Faireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha - Mol Réigiúnach, Baile Átha Cliath |
| CRAOL - Raidió Pobail na hÉireann | Conradh na Gaeilge |
| Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí | Comhairle an Phreasa |
| Brandaí Nuachta na hÉireann | Spórt Éireann |
| Local Ireland | An Lucht Léinn |
| Technology Ireland | |

D'fhéadfadh Grúpa Comhairliúcháin na bPáirtithe Leasmhara, de réir mar is gá, foghrúpaí a chur ar bun maidir le sruthanna sonracha oibre.

### 9.2.3 Coiste Comh-aireachta

Déantar foráil i Lámhleabhar na Comh-aireachta do Choistí Comh-aireachta arna gcur ar bun ag an Rialtas d'fhonn cuidiú le freagrachtaí an Rialtais a chomhlíonadh. Ón Rialtas a dhíorthaíonn údarás agus pribhléid Choiste den sórt sin.

Oifigeach de chuid Roinn an Taoisigh, arna cheapadh ag Ard-Rúnaí an Rialtais, a fheidhmíonn ina Rúnaí ar gach ceann faoi seach de na Coistí Comh-aireachta.

Bheadh san áireamh lena leagfaí de chúram ar an gCoiste Comh-aireachta athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an bplean gníomhaíochta agus moltaí an Choimisiúin a chur i bhfeidhm agus comhordú a dhéanamh ar leibhéal an Rialtais ar bhearta a thagann faoi scáth an phlean gníomhaíochta sin.

## 9.3 Liosta na Moltaí


| | | |
|---|---|---|
| Moladh 2-1 | Meas ar Ábhar Seirbhíse Poiblí mar ghné chinniúnach den bhonneagar poiblí | 52 |
| Moladh 2-2 | Díriú ar Inmharthanacht na Timpeallachta | 53 |
| Moladh 2-3 | Monatóireacht maidir le CEI, sonraí agus taighde | 53 |
| Moladh 2-4 | Caighdeáin CEI | 54 |
| Moladh 2-5 | Boird Ilchineálachta agus Ceannródaíocht | 54 |
| Moladh 2-6 | Ilchineálacht - Oideachas, Oiliúint agus Fostaíocht | 55 |
| Moladh 2-7 | Áisiúlacht | 55 |
| Moladh 5-1 | Múnla Maoinithe Poiblí Nua do na Meáin Seirbhíse Poiblí | 142 |
| Moladh 5-2 | Socruithe maoinithe eatramhacha don tréimhse 2021-2023 | 143 |
| Moladh 5-3 | Freagracht agus Trédhearcacht a Mhéadú | 144 |
| Moladh 5-4 | Rannpháirtíocht Lucht Féachana | 145 |
| Moladh 5-5 | Maoiniú eatramhach do RTÉ | 145 |
| Moladh 5-6 | Díriú ar Luach ar Airgead agus Éifeachtúlachtaí | 146 |
| Moladh 5-7 | Infheistíocht RTÉ sa nuálaíocht | 147 |
| Moladh 5-8 | Ioncam tráchtála a fhorbairt | 147 |
| Moladh 5-9 | RTÉ chun maoiniú easnaimh a laghdú agus caiteachas a chobhsú | 148 |
| Moladh 5-10 | Comhoibriú leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách | 148 |
| Moladh 6-1 | Ciste Meán a dhéanamh den Chiste Craolacháin | 168 |
| Moladh 6-2 | Scéim um Thuairisciú ar an Daonlathas Áitiúil | 170 |
| Moladh 6-3 | Tacaíochtaí don chlaochlú digiteach a bhunú | 171 |
| Moladh 6-4 | Scéimeanna um Thuairisciú Nuachta a Bhunú | 172 |

| | | |
|---|---|---|
| Moladh 6-5 | Scéimeanna um Thuairisciú ar Chúirteanna a Bhunú | 172 |
| Moladh 6-6 | Scéim um Rochtain ar na Meáin agus Oiliúint a Bhunú | 173 |
| Moladh 6-7 | Scéim um na Meáin Phobail a Bhunú | 173 |
| Moladh 6-8 | Leibhéal Maoinithe do Chiste Meán | 174 |
| Moladh 6-9 | An Treoir maidir le Cóipcheart a chur i bhfeidhm, measúnú a dhéanamh ar a héifeachtacht agus gníomh breise a dhéanamh más gá | 175 |
| Moladh 6-10 | Scrúdú a dhéanamh ar bhearta cánach indíreacha chun tacú le SÁSP | 176 |
| Moladh 6-11 | Fiosrú a dhéanamh ar dheiseanna comhoibrithe maidir le hábhar MSP a athúsáid | 177 |
| Moladh 6-12 | Formhaoirseacht neamhspleách ar gach sruth maoinithe don iriseoireacht | 177 |
| Moladh 6-13 | Geilleagar Uile-Oileáin na Meán | 177 |
| Moladh 7-1 | Ceannas eagarthóireachta a bheith ag TG4 ar a sheirbhísí nuachta | 206 |
| Moladh 7-2 | Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí Gaeilge | 206 |
| Moladh 7-3 | Ba chóir do RTÉ tosaíocht níos fearr a thabhairt don Ghaeilge | 207 |
| Moladh 7-4 | Forálacha i leith na Gaeilge a chur i bhfeidhm i scéimeanna maoinithe | 207 |
| Moladh 7-5 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Cartlannaíochta | 208 |
| Moladh 7-6 | Tobhach agus ciste d'ábhar closamhairc a bhunú | 208 |
| Moladh 7-7 | Straitéis Chlosamhairc chun Éire a bhunú ina príomhfhoinse d'ábhar siamsaíochta don mhargadh idirnáisiúnta ar éileamh | 209 |
| Moladh 7-8 | Infheistíocht i Léiriúchán Neamhspleách a Fheabhsú | 210 |
| Moladh 7-9 | Plean Straitéiseach a Fhorbairt do chraoltóireacht spóirt agus spórt a chur chun cinn | 211 |
| Moladh 7-10 | Straitéis Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta maidir le spórt a thuairisciú agus a chraoladh | 212 |
| Moladh 7-11 | Oideachas agus Oiliúint | 212 |
| Moladh 8-1 | Príomhchuspóirí agus Prionsabail MSP | 241 |
| Moladh 8-2 | Neamhspleáchas agus Maoiniú MSP | 244 |
| Moladh 8-3 | Acmhainní a chur ar fáil do Rialáil agus d'Fhorbairt Éifeachtach | 245 |
| Moladh 8-4 | Rialú na hEarnála Neamhspleách | 247 |
| Moladh 8-5 | Athruithe ar Fhorálacha Rialála do Mhaoiniú ÁSP | 247 |
| Moladh 8-6 | Sonraí a bhaineann le suntasacht | 249 |
| Moladh 8-7 | Clúmhilleadh | 249 |
| Moladh 8-8 | Bréagaisnéis | 250 |
| Moladh 8-9 | Bunús reachtúil a sholáthar do shainchúram leathnaithe Choimisiún na Meán | 251 |

# A

# Aguisín


**Tábla A-1** *Samplaí d'Irisí (Eagráin Chlóite agus Dhigiteacha)*


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Accountancy Ireland | Business Plus | Euro Times | Hotpress | Irish Country Magazine |
| Irish Medical Times | Law Society Gazette | RTÉ Guide | RSVP | Siochain |
| Stubbs Gazette | The Gloss | The Irish Field | The Irish Journalist | Village |
| Woman's Way | Work and Life Magazine | | | |
| Nóta: ina aighneacht chuig an gCoimisiún, d'aithin Magazines Ireland, an foras ionadaíoch d'fhoilsitheoirí irisí in Éirinn, go bhfuil 185 iris in Éirinn. | | | | |

**Tábla A-2** *Samplaí de Nuachtáin Saor in Aisce*


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Athlone Advertiser | Carlow People | Clare County Express | Clare Echo | Clondalkin News |
| Cork Independent | Drogheda Leader | Dublin Gazette | Dublin Voice | Dundalk Leader |
| East Cork Journal | East Cork News and Advertiser | Galway Advertiser | Kildare Post | Kilkenny Today |
| Killarney Advertiser | Killarney Outlook | Lee Valley Outlook | Lucan News | Mayo Advertiser |
| Northside News | Rathcoole and Saggart News | Roscommon People | Sliabh Luachra Outlook | Southside news |
| Tallaght News | Motoring Life | The Letterkenny People | The Wexford Chronicle | Tralee Advertiser |
| Tralee Outlook | Waterford Today | West Cork People | Wicklow Times | Wicklow Voice |

**Léaráid A-1** *Lucht Féachana Teilifíse de réir Margaidh (2019, %)*







**Léaráid A-2** *Meantomhaltas laethúil teilifíse, CSPanna agus craoltóirí tráchtála de réir aoise*





*Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM: Consolidated; Various Audiences; average daily minutes; Jan2020-Dec2020; All Day; Various TV*

**Léaráid A-3** *Tomhaltas teilifíse i measc leanaí, 2015-2020*




*Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM: Consolidated; Various Audiences; all viewing 000's; Jan2015-Dec2020; All Day; Total TV*

**Léaráid A-4** *Aimsiú Lucht Féachana, Aibreán 2021*





**Léaráid A-5** *An 50 clár is fearr ar an Teilifís in Éirinn, 2020*

| Rank | Programme | Channel | Date | r 000s |
|---|---|---|---|---|
| 1 | The Late Late Toy Show | RTÉ One | 27/11/2020 | 1716.8 |
| 2 | Broadcast, Taoiseach Leo Vardakar | RTÉ One | 17/03/2020 | 1599 |
| 3 | RTÉ News: 9 O'Clock | RTÉ One | 17/03/2020 | 1303.5 |
| 4 | RTÉ News: Six One | RTÉ One | 30/12/2020 | 1065.7 |
| 5 | Saturday Game: AISFF - Dublin v Mayo | RTÉ 2 | 19/12/2020 | 876.6 |
| 6 | The Late Late Show | RTÉ One | 27/03/2020 | 875.9 |
| 7 | Guinness Six Nations: Ireland v France | Virgin Media One | 31/10/2020 | 850.3 |
| 8 | RTÉ News Special | RTÉ One | 27/03/2020 | 829.3 |
| 9 | Room to Improve: Dermot's Home | RTÉ One | 05/01/2020 | 776.6 |
| 10 | Sunday Game: AISHF - Limerick v Waterford | RTÉ One | 13/12/2020 | 712.9 |
| 11 | Dancing With the Stars | RTÉ One | 15/03/2020 | 694.5 |
| 12 | Prime Time | RTÉ One | 17/03/2020 | 680.5 |
| 13 | Prime Time: the Leader's Debate | RTÉ One | 04/02/2020 | 669.5 |
| 14 | Reeling in the Years | RTÉ One | 17/03/2020 | 653.6 |
| 15 | Claire Byrne Live | RTÉ One | 19/10/2020 | 649.7 |
| 16 | I'm a Celebrity, Get Me Out of Here! | Virgin Media One | 15/11/2020 | 639.9 |
| 17 | Guinness Six Nations: Ireland v Scotland | Virgin Media One | 01/02/2020 | 635.8 |
| 18 | Guinness Six Nations: England v Ireland | Virgin Media One | 23/02/2020 | 634.4 |
| 19 | DIY SOS | RTÉ One | 25/10/2020 | 630.2 |
| 20 | Mrs Brown's Boys - Mammy's Memories | RTÉ One | 31/12/2020 | 617.6 |
| 21 | Guinness Six Nations: Ireland v Wales | Virgin Media One | 08/02/2020 | 605.2 |
| 22 | Election 2020 | RTÉ One | 09/02/2020 | 598.4 |
| 23 | NYE Countdown Show | RTÉ One | 31/02/2020 | 587.6 |
| 24 | European Qualifier - Ireland v Slovakia | RTÉ 2 | 08/10/2020 | 570.4 |
| 25 | Gerry Ryan - A Legacy | RTÉ One | 20/04/2020 | 568.2 |
| 26 | Home of the Year | RTÉ One | 17/03/2020 | 567.4 |
| 27 | Guinness Six Nations Live Ireland v Italy | Virgin Media One | 24/10/2020 | 540.6 |
| 28 | Crimecall | RTÉ One | 23/03/2020 | 538.6 |
| 29 | Sunday Game: AISHF - Limerick v Galway | RTÉ 2 | 29/11/2020 | 534 |
| 30 | Sunday Game: AISHF - Mayo v Tipperary | RTÉ 2 | 06/02/2020 | 533.2 |
| 31 | Operation Transformation | RTÉ One | 15/01/2020 | 532.1 |
| 32 | The Great House Revival | RTÉ One | 15/03/2020 | 531.7 |
| 33 | Fair City | RTÉ One | 15/03/2020 | 525 |
| 34 | The Tommy Tiernan Show | RTÉ One | 29/02/2020 | 518.2 |

| Rank | Programme | Channel | Date | r 000s |
|---|---|---|---|---|
| 35 | RTÉ Investigates: Inside Ireland's Covid Battle | RTÉ One | 30/06/2020 | 517.5 |
| 36 | Guinness Six Nations: Ireland v Wales | RTÉ 2 | 13/11/2020 | 510.3 |
| 37 | Keys to My Life | RTÉ One | 20/03/2020 | 508.1 |
| 38 | Saturday Game: AISFSF Dublin v Cavan | RTÉ 2 | 05/12/2020 | 505.3 |
| 39 | Burnt By The Sun | RTÉ One | 30/03/2020 | 500.1 |
| 40 | Guinness Series - England v Ireland | RTÉ One | 21/11/2020 | 499.5 |
| 41 | Normal People | RTÉ One | 12/05/2020 | 495.9 |
| 42 | Claire Byrne Live Leaders' Debate | RTÉ One | 27/10/2020 | 495.1 |
| 43 | MayDay - 24 Hours in Ireland's Lockdown | RTÉ One | 07/05/2020 | 483.4 |
| 44 | All Round to Mrs Brown's | RTÉ One | 21/03/2020 | 481.5 |
| 45 | The Boys in Green | RTÉ One | 16/03/2020 | 479 |
| 46 | The Hunger: the Story of the Irish Famine | RTÉ One | 30/11/2020 | 476.2 |
| 47 | The Young Offenders | RTÉ One | 24/07/2020 | 472.5 |
| 48 | RTÉ Does Comic Relief | RTÉ One | 26/06/2020 | 472.2 |
| 49 | The Late Late Toy Show Singalong | RTÉ One | 27/11/2020 | 469.3 |
| 50 | Coronation Street | Virgin Media One | 14/12/2020 | 467.2 |


**Léaráid A-6** *Féachaint Tréimhsí Ama de réir Margaidh (2019, %)*





** VOSDAL - Same day time-shifted viewing (Viewing on Same Day as Live) and Time-shifted viewing up to 7 days after live.*
*Source: EBU based on Glance (Mediametrie) / Relevant partners and Members' data.*
*EBU Media Intelligence Service - Audience Trends: Television 2020*

**Léaráid A-7** *Meastacháin ar úsáid an Virgin Media Player, 2018 - 2021*





*Foinse: Core Research – Digital Video, 2020*

**Léaráid A-8** *Athrú ar lucht éisteachta seachtainiúil de réir aoisghrúpa (2015-2020)*




*Foinse: Joint National Listenership of Radio (JNLR), 2020*

**Léaráid A-9** *Lucht éisteachta raidió, MCSP agus raidió tráchtála*





*Foinse: Joint National Listenership of Radio (JNLR), 2020*

**Tábla A-3** *Rogha de na meáin ar líne in Éirinn*

| | | |
|---|---|---|
| breakingnews.ie | Buzz.ie | |
| Carlowlive.ie | Corkbeo.ie | Courtsnewsireland.ie |
| Donegaldaily.com | Donegallive.ie | DublinLive.ie |
| Echolive.ie | Evoke.ie | Extra.ie |
| Gript.ie | Her.ie | Joe.ie |
| KildareNow.com | Lovindublin.com | OffalyExpress.ie |
| Rollercoaster.ie | Thecurrency.ie | TheJournal.ie |
| the42.ie | TipperaryLive.ie | WaterfordLive.ie |

**Léaráid A-10** *Úsáideoirí measta míosúla láithreán ghréasáin nuachta 2019-2020*




*Foinse: Core Planner tool based on industry estimates, 2021; Target Group Index (TGI) Kantar Media, 2020; Reuters Institute Digital Report*

An Coimisiún um Thodhchaí na Meán
The Future of Media Commission

ISBN 978-1-4468-8061-6

Foilsithe ag an gCoimisiún
um Thodhchaí na Meán